



NUI MAYNOOTH

Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Dialann Phríosúin Sheáin a' Chóta

Imleabhar 1/2

Micheál Ó Catháin

Tráchtas don Chéim Ph. D.

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Roinn na Nua-Ghaeilge

Aibreán 2012

Ollamh na Nua-Ghaeilge: An tOll. Ruairí Ó hUiginn

Stiúrthóir: An Dr. Tadhg Ó Dúshláine

Clár

Dearbhú	i
Nóta Buíochais	ii
Achoimre	iv
Réamhrá	1
I. Aidhm an Tráchtais	1
II. Lámhscríbhinn agus Údar	2
III. Modh Eagarthóireachta	9
Téacs na Dialainne	14

Dearbhú

Dearbhaím gur liom féin an saothar seo agus go bhfuil tagairt cheart chuí déanta agam d'ábhar ar bith a d'úsáid mé as foinsí eile.

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad
Aibreán 2012

Micheál Ó Catháin

Nóta Buíochais

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Rory Campbell, garmhac do Joseph Campbell (Seosamh Mac Cathmhaoil), a thug cead dom staidéar a dhéanamh ar pháipéir a sheanathar. Chomh maith leis sin, táim buíoch ó chroí de Pháid Ó Néill, ar dheis Dé go raibh a anam. I dteannta cead a thabhairt dom dialann a uncail (Seán Óg Ó Caomhánaigh) a iniúchadh chuir sé fáilte fhial, fhlaithiúil romham am ar bith a thug mé cuairt air i nDún Chaoin.

Táim fíorbhuíoch den Dr. Tadhg Ó Dúshláine a bhí mar stiúrthóir feasach, foighneach, lách agam. Is iomaí uair a thug sé comhairle luachmhar agus tacaíocht chineálta dom. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil, freisin, leis an Dr. Brian Ó Catháin agus leis an Dr. Tracey Ní Mhaonaigh, Roinn na Nua-Ghaeilge, Má Nuad. Chuir siad fáilte i gcónaí romham agus roimh mo chuid ceisteanna, agus thug siad neart cabhrach dom.

Ar deireadh thiar, tá mo bhuíochas faoi leith tuillte ag mo sheanathair, Jim, ag m'athair, Johnie, agus ag mo dheirfiúracha, Patricia agus Allie, a bhí tuisceanach agus spreagúil fad agus a bhí mo thráchtas á dhéanamh agam.

Do m'athair agus i ndilchuimhne ar mo mháthair

Achoimre

Tá dhá chuid i gceist leis an tionscadal dochtúireachta seo: eagrán dioplamáideach den dialann a choimeád Séan Óg Ó Caomhánaigh ('Seán a' Chóta'/'An Cota') ó 16 Feabhra – 13 Nollaig 1923; tráchtas ina ndéantar anailís ar ghnéithe suntasacha den lámhscríbhinn sin. An rud atá i gceist le heagrán dioplamáideach ná go bhfuil an athscríbhinn chomh dílis don bhunlámhscríbhinn agus is féidir agus go ndéantar plé ar na deacrachtaí téacsúla ar fad a bhaineann leis an téacs sa réamhrá agus sna fonótaí.

Maidir leis an dara cuid den tionscadal seo, cuirtear dialann Sheáin Óig ina comhthéacs trí thuairisc a thabhairt ar shaol Sheáin Óig sa chéad chaibidil agus trí chuntas a thabhairt ar na daoine, ar na háiteanna agus ar na saothair litríochta a dtráchtar orthu sa dialann sna hinnéacsanna ag deireadh an tráchtais. Mar aon leis sin, meáitear an dialann seo ó thaobh na staire de, ó thaobh na litríochta de agus ó thaobh na teanga de. Meastar a tábhacht stairiúil sa dara caibidil trína cur i gcomparáid leis na saothair is mó atá i gcló ina bpléitear an saol sna hionaid imtheorannaithe ag an am seo. Déantar measúnú ar fhiúntas litríochta na dialainne, ansin, sa tríú caibidil trína cur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le samplaí eile den seánra is mó lena mbaineann sí, 'Dialann an Phríosúnaigh Pholaitiúil'. Ar deireadh thiar, déantar anailís ar an dialann ó thaobh na teangeolaíochta de sa cheathrú caibidil. Chuige sin, mionscrúdaítear an rian a d'fhág na nithe seo ar theanga na dialainne: Gaeilge Chorca Dhuibhne; nósanna litrithe agus gramadaí na linne; an Béarla; téarmaí a bhfuil an chuma orthu gurbh fhéidir gurbh é Seán Óg féin a cheap iad; focail liteartha a bhí dulta i léig.

Réamhrá

I. Aidhm an Tráchtais

Is é an príomhrud a chuir mé romham sa tráchtas seo ná athscríbhinn dhioplamáideach den dialann a choimeád Seán Óg Ó Caomhánaigh ('Seán a' Chóta'/'An Cóta') le linn dó a bheith i bpríosún i rith Chogadh Cathartha na hÉireann a chur ar fáil i gcló. Is éard atá i gceist le hathscríbhinn dhioplamáideach ná go gcloíonn an athscríbhinn leis an lámhscríbhinn bhunaidh oiread agus is féidir agus go bpléitear na deacrachtaí éagsúla téacsúla sa réamhrá agus sna fonótaí. Tá tábhacht ag baint leis seo mar níor foilsíodh an dialann seo ina hiomláine riamh agus tá cuid mhaith den lámhscríbhinn bhunaidh sách leochaileach anois.¹ Tá fíor-dhrochbhail uirthi in áiteanna, freisin.

Chomh maith leis sin, bhí sé mar aidhm agam an dialann a chur ina comhthéacs oiread agus is féidir. Déantar sin trí chuntas a thabhairt ar shaol an dialannaí sa chéad chaibidil agus trí phlé a dhéanamh ar na daoine, ar na háiteanna agus ar na saothair litríochta a luaitear sa dialann sna hinnéacsanna ag deireadh an tráchtais. Ina theannta sin, bhí sé de chuspóir agam an lámhscríbhinn seo a mheá ó thaobh na staire de, ó thaobh na litríochta de agus ó thaobh na teanga de. Cuirtear an dialann seo i gcomparáid leis na saothair is mó ina bpléitear an saol sna hionaid imtheorannaithe agus déantar measúnú ar a fiúntas stairiúil sa dara caibidil. Meastar tábhacht litríochta na dialainne ansin sa tríú caibidil trí anailís a dhéanamh uirthi agus ar roinnt samplaí den seánra is mó lena mbaineann sí, 'Dialann an Phríosúnaigh Pholaitiúil'. Ar deireadh thiar, meáitear an dialann seo ó thaobh na teangeolaíochta de sa cheathrú caibidil. Déantar sin trí mhionstaidéar a dhéanamh ar an tionchar a d'imir na nithe seo ar Sheán Óg agus é i mbun na dialainne: a chanúint dhúchais; gnásanna

¹ Rinne Deirdre Ní Icí athscríbhinn ar an gcéad chóipleabhar (iontrálacha 16 Feabhra – 6 Bealtaine 1923) mar chuid dá tráchtas M.A. 'Cín Lae Sheáin Óig Feabhra-Bealtaine 1923'. Cuireadh an tráchtas sin faoi bhráid Ollscoil na hÉireann, Má Nuad sa bhliain 2001 agus tá sé i dtaisce i Leabharlann Eoin Póil ó shin. Tá thart ar fhiche a cúig faoin gcéad den téacs ar fad sa chéad chóipleabhar (17,504 focal as 69,328 focal). Chomh maith leis sin, tá cóip a rinne Ní Icí ó lámh ar an dara cóipleabhar agus ar na leathanaigh scaoilte anuas go dtí iontráil 23 Meán Fómhair 1923 i seilbh an Dr. Thaidhg Uí Dhúshláine, Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann Má Nuad. Is ionann é seo 23% (15,696 focal) den dialann. Tá na hathscríbhinní seo an-chruinn ach tá de locht orthu nach ndéantar plé ar na fadhbanna a bhaineann leis an téacs iontu agus nach gcuireann siad in iúl cá dtosaíonn agus cá gcríochnaíonn na línte agus na leathanaigh sa lámhscríbhinn bhunaidh. Mar sin féin, ba mhór an chabhair dom a bheith in ann mo chuid tuairimí féin a chur i gcomparáid le tuairimí Dheirdre nuair a bhí mé amhrasach faoi rud ar bith sa chéad leath den dialann.

gramadaí agus litrithe na Gaeilge ag an am; an Béarla; a shamhlaíocht féin; an litríocht.

II. Lámhscríbhinn agus Údar

Cuireadh tús leis an lámhscríbhinn seo ar 16 Feabhra 1923 agus scríobhadh an iontráil dheireanach inti ar 13 Nollaig 1923. Déantar cur síos ar an saol sa champa géibhinn ‘Baile an Stáin a Dó’ (Tintown, Number 2 Camp), a bhí suite ar Churrach Chill Dara, i rith na tréimhse sin inti. Níl aon amhras ach gurbh é Seán Óg Ó Caomhánaigh a scríobh an lámhscríbhinn seo. Ar an gcéad dul síos, chuir mé peannaireacht na dialainne i gcomparáid le peannaireacht an tsaothair mhóir foclóireachta, *Croidhe Cainnte Ciarraighe*, a thiomsaigh Seán Óg idir 1935 agus 1942 agus ba léir gur ó láimh an aon duine amháin a tháinig siad. Chomh maith leis sin, tugann an dialannaí le fios roinnt uaireanta gurb é Seán Óg é. Luann sé san iontráil dar dáta 9 Nollaig 1923, mar shampla, go bhfuil duine de na príosúnaigh tar éis a ainm, “Seán a Chóta”, a ghréasú ar mhála ar a shon:

Ó, seadh dhein buachaill mala balcaisí dhom as bhairlín agus ghréasuig sé m’ainm “Seán a Chóta, Baile an Stáin, 1923” air i snáithín cuibheasach maith leis. (69v-70r)

Dealraíonn sé gur smuigleáil duine de na gardaí darbh ainm Val M. Finn an chuid is mó den dialann a bhí scríofa go dtí an dáta sin as an gcampa ar 31 Deireadh Fómhair 1923 (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x31x23 8r; Campbell, Litir chuig Nancy Campbell 21x10x23 5r). Dar le Seán Óg, chuir sé an chuid sin den lámhscríbhinn go dtí bean darbh ainm ‘Sighle’ nó ‘Sheela’ a raibh aithne aige uirthi agus a raibh cónaí uirthi i gCill Mocheallóg, Co. Luimnigh (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x10x23 24v agus 11x22x23 47r). Bhíodh an bhean sin ag cur litreacha agus beartán chuig Seán Óg le linn dó a bheith sa ghéibheann agus is cosúil go ndearna sé suirí léi ar feadh tamaill am éigin sular cuireadh i bpríosún é (Campbell, Dialann 2 205r; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 8x8x23 17). Níl a fhios againn, conas ar éirigh le Seán Óg an chuid eile den dialann a smuigleáil amach, áfach. B’fhéidir gur smuigleáil an garda céanna amach as Baile an Stáin a Dó ar a shon í nó d’fhéadfadh sé gur thug Seán Óg féin an chuid sin den lámhscríbhinn amach faoi rún

nuair a scaoileadh amach ar 14 Nollaig 1923 é. Chaomhnaigh Seán Óg an dialann go dtí lá a bháis, agus d'fhan sí i seilbh a mhuintire ina dhiaidh sin. Thug nia le Seán Óg, Pádraig Ó Néill, í maille le leabhair agus páipéir eile de chuid Sheáin Óig don Dr. Tadhg Ó Dúshláine, Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad os cionn deich mbliana ó shin. Eisean a mhol dom dul ag obair uirthi agus eisean a chuir ar fáil dom í.

Maidir leis an lámhscríbhinn féin, tá sí i dtrí chuid: dhá chóipleabhar agus 119 leathanach scaoilte. Déantar cur síos anseo thíos ar an gcuma fhisiciúil atá orthu seo:

1. *An Chéad Chóipleabhar*. Tá na hiontrálacha dar dáta 16 Feabhra – 6 Bealtaine 1923 ar fáil sa chéad chóipleabhar. Tá an cóipleabhar sin 20.4 ceintiméadar ar fad agus 16 cheintiméadar ar leithead. Tá ceithre leathanach is tríocha agus 17,504 focal ann. Tá na leathanaigh sin ceangailte le sreangán donn anois ach dealraíonn sé gur ceanglaíodh le haon stápla amháin iad ar dtús. Bhí dath bán ar na leathanaigh seo ó bhunús ach tá dath donn orthu le haois anois. Tá fiche líne bhánghorm atá spásáilte 0.9 ceintiméadar óna chéile orthu uile, nach mór.² Chomh maith leis sin, tá spás atá 2 cheintiméadar ar fad idir an gcéad líne agus barr na leathanach. Tá spás eile atá 1.3 ceintiméadar ar fad idir an líne dheireanach agus bun na leathanach.

Scríobhadh na hiontrálacha le peann luaidhe corcra ó aghaidh an chéad leathanaigh (an iontráil dar dáta 16 Feabhra 1923) go dtí aghaidh an séú leathanach déag (leathbhealach tríd an iontráil dar dáta 22 Feabhra 1923). Scríobhadh le dúch dubh ón bpointe sin ar aghaidh iad. Scríobh Seán Óg ar aghaidh na leathanach amháin ar dtús. Chas sé an cóipleabhar bun os cionn ansin nuair a bhain sé deireadh an chóipleabhair amach agus lean sé de na hiontrálacha a scríobh ar chúl na leathanach. Scríobhadh na hiontrálacha idir na línte ó aghaidh an dara leathanach (leathbhealach tríd an iontráil dar dáta 16 Feabhra 1923) go dtí aghaidh an tríochadú leathanach (deireadh na hiontrála dar dáta 16 Márta 1923). Níor scríobhadh na hiontrálacha idir na línte ina dhiaidh sin agus tá idir naoi líne is fiche agus ocht líne is tríocha de scríbhneoireacht ar na leathanaigh éagsúla as sin amach.

I dtaca leis an riocht ina bhfuil an cóipleabhar, tá sé sách leochaileach. Níl aon chlúdach air a thuilleadh, ach oiread, agus tá fíor-dhrochbhail ar aghaidh an chéad

² Níl líne ar bith ar na leathanaigh seo a leanas: aghaidh an chéad leathanaigh; cúl an séú leathanach; aghaidh an seachtú leathanach; aghaidh an ochtú leathanach is fiche; cúl an ochtú leathanach is fiche; aghaidh an naoú leathanach is fiche.

leathanaigh agus ar an leathanach deireanach.³ Stróiceadh an dá leathanach seo den chóipleabhar am éigin agus tá siad greamaithe de le téip ghreamaitheach anois. Tá an séú leathanach agus an naoú leathanach is fiche greamaithe den chóipleabhar le téip ghreamaitheach anois freisin. Bhí an cóipleabhar seo sé leathanach is tríocha ar fad nuair a thosaigh Seán Óg ag scríobh ann ach tá dhá leathanach imithe ar iarraidh uaidh ó shin, mar atá, an seachtú leathanach bunaidh agus an tríochadú leathanach bunaidh. Tá ábhar ó na hiontrálacha dar dáta 16 Feabhra 1923 agus 2 Bealtaine 1923 ar iarraidh i ngeall ar an seachtú leathanach bunaidh a bheith caillte. Chomh maith leis sin, tá cuid den ábhar a scríobhadh idir 7 Márta agus 16 Márta 1923 ar lár toisc go bhfuil an tríochadú leathanach bunaidh ar iarraidh.

Is ábhar suntais é an t-uimhriú i gcás na leathanach seo a leanas: cúl an chéad leathanaigh; cúl an dara leathanach; cúl an tríú leathanach; cúl an tríochadú leathanach; cúl an aonú leathanach is tríocha; cúl an dara leathanach is tríocha; cúl an tríú leathanach is tríocha; cúl an ceathrú leathanach is tríocha. D'uimhrigh Seán Óg na leathanaigh seo ar thaobh na láimhe clé ar bharr an leathanaigh leis an bpeann céanna a d'úsáid sé chun iontrálacha dialainne na leathanach seo a scríobh. Anuas air sin, uimhríodh na leathanaigh seo le peann atá difriúil leis an gceann a úsáideadh le hiontrálacha na leathanach seo a scríobh.⁴ Tá an chuma ar an scéal gur úsáideadh an peann céanna chun gach uimhir sa dara sraith uimhreacha seo a scríobh agus dealraíonn sé gurbh é Seán Óg féin a scríobh iad. Is cosúil, áfach, nár úsáideadh an peann seo chun aon chuid eile den dialann a scríobh. Is díol suime, freisin, é nach

³ Tá an pheannaireacht atá ar aghaidh an chéad leathanaigh an-tréigthe in áiteanna anois agus tá an leathanach stróichte i roinnt áiteanna. Maidir leis an leathanach deireanach, tá a imeall an-ghioblach.

⁴ Uimhríodh formhór na leathanach seo (.i. cúl an tríochadú leathanach, cúl an aonú leathanach is tríocha, cúl an dara leathanach is tríocha, cúl an tríú leathanach is tríocha agus cúl an ceathrú leathanach is tríocha) sa lár ar bharr an leathanaigh leis an bpeann nár úsáideadh leis na hiontrálacha dialainne a scríobh. Chomh maith leis sin, uimhríodh cúl an chéad leathanaigh leis an bpeann seo i lár an leathanaigh ar an gcúigiú líne bhánghorm ó bharr an leathanaigh .i. ag deireadh na hiontrála dar dáta 4 Bealtaine 1923. Uimhríodh cúl an dara leathanach dhá uair leis an bpeann céanna: sa lár ar bharr an leathanaigh; ar an gciumhais inmheánach ar an naoú líne bhánghorm ó bharr an leathanaigh. Uimhríodh cúl an tríú leathanach leis an bpeann seo ar an gciumhais inmheánach ar an dara líne bhánghorm ó bharr an leathanaigh.

Leanann na huimhreacha a scríobhadh leis an bpeann a úsáideadh chun na hiontrálacha dialainne a scríobh agus na huimhreacha a scríobhadh leis an bpeann eile den uimhriú céanna don chuid is mó, mar shampla, uimhríodh cúl an ceathrú leathanach is tríocha '36' ar an dá ócáid. Is é cúl an chéad leathanaigh an t-aon eisceacht uaidh seo. Uimhríodh an leathanach sin '86' leis an bpeann a úsáideadh chun an leathanach sin a scríobh agus uimhríodh '80' é leis an bpeann eile. Ní féidir a rá go cinnte cad is bun leis an neamhréir seo. É sin ráite, is deacair an '6' in '86' a dhéanamh amach sa bhunlámhscríbhinn mar tá sé tréigthe anois. Is cosúil, freisin, gur scríobhadh go doiléir ar dtús é. D'fhéadfaí ciall chontráilte a bhaint as go han-éasca agus smaoineamh gur '0' atá ann seachas '6'. B'fhéidir go raibh an uimhir sin doiléir nuair a d'uimhrigh Seán Óg an leathanach seo don dara huair agus gurbh in é an fáth gur scríobh Seán Óg '80' seachas '86'.

bhfuil dúch na n-uimhreacha a scríobhadh leis an bpeann seo chomh tréigthe leis an dúch i bhformhór na n-iontrálacha sa bhunlámhscríbhinn. B'fhéidir, mar sin, gur scríobhadh na huimhreacha sin tamall i ndiaidh do Sheán Óg an chuid eile den dialann a scríobh.

Ní féidir a rá go cinnte cén fáth ar uimhrigh Seán Óg na leathanaigh seo faoi dhó (nó faoi thrí i gcás chúl an dara leathanach). I dtaca le cuid de na leathanaigh (mar atá, cúl an chéad leathanaigh, cúl an dara leathanach, cúl an tríú leathanach, cúl an tríú leathanach is tríocha, cúl an ceathrú leathanach is tríocha), tá an uimhir atá ar thaobh na láimhe clé ar bharr an leathanaigh (.i. an uimhir a scríobh Seán Óg leis an bpeann a d'úsáid sé chun iontrálacha dialainne na leathanach seo a scríobh) tréigthe nó doiléir. B'fhéidir go raibh na huimhreacha sin tréigthe nó doiléir le tamall anois agus gurbh in é an fáth gur uimhrigh Seán Óg na leathanaigh thuasluaite arís leis an bpeann eile. Maidir leis na leathanaigh eile (cúl an tríochadú leathanach, cúl an aonú leathanach is tríocha, cúl an dara leathanach is tríocha) ámh, níl aon deacracht ann an uimhir atá ar thaobh na láimhe clé ar bharr na leathanach sin a léamh.

Is fiú a lua ag an bpointe seo, go ndearna Seán Óg an-chuid ceartúchán don dialann. Is iomaí uair sa dialann, mar shampla, gur chuir Seán Óg focal isteach os cionn 'caret' toisc gur fhág sé ar lár é nuair a scríobh sé an abairt ar dtús. Is minic, freisin, gur stríoc sé amach an méid a scríobh sé ó thús agus gur scríobh sé rud éigin eile isteach os a chionn. Is ábhar suntais é nach bhfuarthas ceartúchán ar bith sa dialann a scríobhadh le peann/peann luaidhe atá difriúil leis an bpeann/an bpeann luaidhe a úsáideadh chun an iontráil ina ndearnadh an ceartúchán a scríobh. Tugann sé sin le fios gur dócha go ndéanadh Seán Óg na ceartúcháin seo le linn dó a bheith ag scríobh na hiontrála nó go gairid i ndiaidh dó an iontráil a chríochnú. Ní dócha, mar sin, go ndearna Seán Óg eagarthóireacht ar bith ar a dhialann, thar na huimhreacha thuasluaite (agus roinnt uimhreacha ar na leathanaigh scaoilte – féach anseo thíos) a chur isteach, i ndiaidh dó an dialann a chríochnú.⁵

⁵ Tá fianaise ann gurbh fhéidir go raibh sé ar intinn ag Seán Óg cur leis an ábhar ina dhialann san am a bhí le teacht. Féach, mar shampla, na sleachta seo a leanas a baineadh as na hiontrálacha dialainne a scríobh Seán Óg ar 9 Aibreán 1923 agus ar 15 Aibreán 1923 faoi seach:

Cómhrádh fada ag gasra againn i bpobal 17. tímcheall leapán Stiobhairt – tá sé na luighe indiugh lé dathachaibh – thug Próinsias Ó Dálaigh mionchúntas dúinn ar a imtheachtaibh féin agus Criostora Mhic Cabha Seachtmhain na Cásca (cuir an cúnntas isteach annso) is iomdha gáire dheineamair. (52)

2. *An Dara Cóipleabhar*. Tá na hiontrálacha dar dáta 8 Bealtaine – 8 Lúnasa 1923 ar fáil sa dara cóipleabhar. Tá an cóipleabhar sin 20.3 ceintiméadar ar fad agus 16 cheintiméadar ar leithead. Tá sé leathanach déag agus 6,524 fhocal ann. Tá na leathanaigh ceangailte le haon stápla amháin agus le sreangán buí anois ach dealraíonn sé gur ceanglaíodh leis an stápla amháin iad ar dtús. Bhí dath bán ar na leathanaigh sin ó bhunús ach tá dath donn orthu le haois anois. Tá fiche líne bhánghorm atá spásáilte 0.9 ceintiméadar óna chéile ar gach leathanach. Chomh maith leis sin, tá spás atá 2.2 ceintiméadar ar fad idir an gcéad líne agus barr na leathanach. Tá spás eile atá 1.1 ceintiméadar ar fad idir an líne dheireanach agus bun na leathanach.

Scríobhadh na hiontrálacha ar fad le dúch dubh. Mar a rinne sé sa chéad chóipleabhar scríobh Seán Óg ar aghaidh na leathanach amháin ar dtús. Chas sé an cóipleabhar bun os cionn ansin nuair a bhain sé deireadh an chóipleabhair amach agus lean sé de na hiontrálacha a scríobh ar chúl na leathanach. Níor scríobhadh rud ar bith ar chúl na leathanach tar éis chúl an tríú leathanach déag, ámh. Níor scríobhadh na hiontrálacha idir na línte ach amháin ar feadh tamaillín anseo is ansiúd agus tá idir cúig líne is fiche agus ceithre líne is tríocha de scríbhneoireacht ar na leathanaigh éagsúla.

Maidir leis an riocht ina bhfuil an cóipleabhar, tá sé sách leochaileach anois. Níl aon chlúdach air a thuilleadh, ach oiread, agus tá na chéad cheithre leathanach gan cheangal. Chomh maith leis sin, bhí an cóipleabhar seo seacht leathanach déag, ar a laghad, ar fad nuair a thosaigh Seán Óg ag scríobh ann ach tá leathanach amháin, ar a laghad, imithe ar iarraidh uaidh ó shin, mar atá, an seachtú leathanach déag. Tá cuid den ábhar a scríobhadh idir 2 Lúnasa agus 8 Lúnasa 1923 ar lár de bharr an seachtú

Díreach agus me féin agus Seósaimh ag siubhall agus fúinn seal beag roimh am dúnta do bheith againn linn féin tháinig foghlumthóir Gaedlinge n-ár ndáil ar tóraideacht teurmaide uaim-se. As sin gur tráchtadh ar scríobhnóiribh Gaedlinge. Thug san cao dhom ar [thuairim] do scaoileadh fé rud éigin atá ar maoith agam lé fada agus is dóigh liom dá mbeadh lucht scríchte na Gaedlinge ag éisteacht liom go mbraithfidis rian mo theangan. Dubhart rud éigin mar seo: ____ Tréis an méid sin do chur asam do ghaibh áthas dochoimsighthe me gur thug ceistiúchan an fhoghlumthóra so cao dhom ar ár do dheunamh ar an ndriong roim ráidhte agus iad do dhíbirt do dhruim na talmhan in ionad an doichill do bheith orm é do chur isteach ar, mar tuigeadh dom, cómhradh desicréideach idir me féin agus S. (64)

Ní dócha go raibh sé ar intinn ag Seán Óg filleadh ar na hiontrálacha seo agus an méid a d'fhág sé ar lár a scríobh isteach sa bhunlámhscríbhinn, ámh, mar níor fhág sé spás ar bith ina dhialann chun a leithéid a dhéanamh. Is cosúil, mar sin, go raibh sé ar intinn ag Seán Óg an dialann a athscríobh agus na cuntais sin a chur isteach agus, b'fhéidir, tuilleadh eagarthóireachta a dhéanamh ar a dhialann ag an am sin. Níl fianaise ar bith ann go ndearna sé a leithéid riamh, áfach.

leathanach déag a bheith cailte. Tá dhá pholl i leathanaigh 11-15, chomh maith. Tá an chéad cheann suite i lár na leathanach agus tá sé 0.5 ceintiméadar – 1.5 ceintiméadar ar fad agus 0.2 – 0.5 ceintiméadar ar leithead. Tá an dara ceann suite ar thaobh na láimhe deise ar bharr na leathanach agus tá sé 2 – 4.5 cheintiméadar ar fad agus 0.2 – 0.6 ceintiméadar ar leithead. Ina theannta sin, tá giota páipéir atá 11 cheintiméadar ar fad agus 1 – 3 cheintiméadar ar leithead stróicthe d’imeall an séú leathanach déag ar bharr an leathanaigh sin. Tá an poll céanna atá i lár leathanach 11-15 i lár an séú leathanach déag, chomh maith. Tá sé 2 cheintiméadar ar fad agus suas le 0.7 ceintiméadar ar leithead.

3. *Na Leathanaigh Scaoilte*. Maidir leis na leathanaigh scaoilte, tá na hiontrálacha dar dáta 13 Lúnasa – 13 Nollaig 1923 ar fáil iontu. Tá 119 gceann acu tagtha slán go dtí ár linn féin agus tá 45,300 focal iontu. Tá na leathanaigh seo 17.2 – 17.6 ceintiméadar ar fad agus 11.1 – 11.4 ceintiméadar ar leithead. Dealraíonn sé gur baineadh na leathanaigh seo de chúig leabhar nótaí éagsúla, ar a laghad, mar tá cuma faoi leith ar chúig chonlán acu. Is iad sin: an chéad leathanach – an deichiú leathanach (iontrálacha 13 Lúnasa – 5 Meán Fómhair 1923); an t-aonú leathanach déag – an cúigiú leathanach is tríocha (iontrálacha 6 Meán Fómhair – 18 Deireadh Fómhair 1923); an séú leathanach is tríocha – an dara leathanach is seachtó (iontrálacha 18 Deireadh Fómhair – 7 Samhain 1923); an tríú leathanach is seachtó – an naoú leathanach is seachtó (iontrálacha 9 Samhain – 13 Samhain 1923); an t-ochtódú leathanach – an chéad is naoú leathanach déag (iontrálacha 14 Samhain – 13 Nollaig 1923). Bhí na leathanaigh seo bán ar dtús ach tá siad donn le haois anois. Tá na leathanaigh seo neamhlínithe agus tá idir ceithre líne is fiche agus aon líne is tríocha de scríbhneoireacht ar na leathanaigh éagsúla. Scríobhadh na hiontrálacha ar fad le dúch dubh. Murab ionann agus an dá chóipleabhar, leanann an cuntas ó aghaidh na leathanach seo go dtí a gcúl .i. níor scríobh Seán Óg ar aghaidh na leathanach scaoilte amháin ar dtús.

I dtaca leis an riocht ina bhfuil na leathanaigh seo, tá bail an-mhaith orthu don chuid is mó. Tá trí leathanach ann, áfach, a bhfuil drochbhail orthu in áiteanna. Is iad sin, an t-ochtú leathanach is daichead, an t-aonú leathanach is caoga agus an ceathrú leathanach is nócha. Maidir le haghaidh an chéad chinn (an t-ochtú leathanach scaoilte is daichead) tá sraith pháipéir greamaithe de bharr an leathanaigh sa lár. Chomh maith leis sin, tá smál ar chúl an leathanaigh ar thaobh na láimhe clé ar bharr

an leathanaigh agus tá sraitheanna páipéir stróicthe de ag an bpointe céanna. I dtaca leis an aonú leathanach is caoga, tá aghaidh an leathanaigh lofa ar thaobh na láimhe deise ar bharr an leathanaigh. Maidir leis an gceathrú leathanach is nócha, tá aghaidh an leathanaigh sin lofa ar thaobh na láimhe clé ag bun an leathanaigh agus tá sraitheanna páipéir stróicthe de ag an bpointe céanna, chomh maith.

Tá ocht leathanach scaoilte déag, ar a laghad, ar iarraidh. Is deacair a rá cé mhéad leathanach scaoilte go baileach atá ar lár toisc nach bhfuil uimhriú na leathanach de réir a chéile i neart áiteanna. Ní féidir a rá go cinnte ach amháin go bhfuil an t-ábhar seo a leanas ar lár: cuid den ábhar a scríobhadh idir 8 Lúnasa agus 13 Lúnasa 1923; cuid den ábhar a scríobhadh idir 16 Lúnasa agus 18 nó 19 Lúnasa 1923⁶; cuid den iontráil a scríobhadh ar 17 Meán Fómhair 1923; cuid den ábhar a scríobhadh idir 24 Meán Fómhair agus 28 Meán Fómhair 1923; cuid de na hiontrálacha a scríobhadh ar 28 Meán Fómhair agus ar 29 Meán Fómhair 1923; cuid den iontráil a scríobhadh ar 6 Deireadh Fómhair 1923; cuid den ábhar a scríobhadh idir 15 Deireadh Fómhair agus 17 Deireadh Fómhair 1923; cuid den iontráil a scríobhadh ar 21 Deireadh Fómhair 1923; cuid de na hiontrálacha a scríobhadh ar 22 Deireadh Fómhair agus ar 23 Deireadh Fómhair 1923; cuid den iontráil a scríobhadh ar 24 Deireadh Fómhair 1923; cuid de na hiontrálacha a scríobhadh ar 25 Deireadh Fómhair agus ar 26 Deireadh Fómhair 1923; cuid den ábhar a scríobhadh idir 7 Samhain agus 9 Samhain 1923; cuid den iontráil a scríobhadh ar 13 Samhain 1923; cuid den ábhar a scríobhadh idir 4 Nollaig agus 7 Nollaig 1923; cuid de na hiontrálacha a scríobhadh ar 7 Nollaig agus ar 8 Nollaig 1923.

Is ábhar suntais é an t-uimhriú i gcás na leathanach scaoilte seo a leanas: an séú leathanach scaoilte déag; an seachtú leathanach scaoilte déag; an t-ochtú leathanach scaoilte déag; an naoú leathanach scaoilte déag; an tríú leathanach scaoilte is fiche; an ceathrú leathanach scaoilte is fiche; an tríú leathanach scaoilte is daichead; an ceathrú leathanach scaoilte is daichead. D'uimhrigh Seán Óg na leathanaigh seo ar thaobh na láimhe deise ar bhun an leathanaigh leis na pinn dhubha chéanna a d'úsáid sé chun iontrálacha dialainne na leathanach sin a scríobh. Anuas air sin, uimhríodh na leathanaigh seo le peann luaidhe liath ar thaobh na láimhe clé ar bharr an leathanaigh.⁷

⁶ Ní féidir déanamh amach go cinnte céard é dáta na hiontrála a tosaíodh ar an leathanach atá ar iarriadh.

⁷ Leanann na huimhreacha a scríobhadh leis na pinn éagsúla agus na huimhreacha a scríobhadh leis an bpeann luaidhe den uimhriú céanna, mar shampla, uimhríodh an séú leathanach scaoilte déag '9' ar an dá ócáid.

Tá an chuma ar an scéal gur úsáideadh an peann luaidhe céanna chun gach uimhir sa dara sraith uimhreacha seo a scríobh agus dealraíonn sé gurbh é Seán Óg a scríobh iad. Is cosúil, ámh, nár úsáideadh an peann luaidhe seo chun aon chuid eile den dialann a scríobh. B'fhéidir, mar sin, gur scríobhadh na huimhreacha sin (an dara sraith uimhreacha) tamall i ndiaidh do Sheán Óg an chuid eile den dialann a scríobh.

Ní féidir a rá go cinnte cén fáth ar uimhrigh Seán Óg na leathanaigh seo faoi dhó. Maidir le cuid de na leathanaigh (mar atá, an t-ochtú leathanach scaoilte déag, an tríú leathanach scaoilte is fiche agus an tríú leathanach scaoilte is daichead), tá an uimhir atá ar thaobh na lámhe deise ar bhun an leathanaigh (.i. an uimhir a scríobh Seán Óg leis an bpeann a d'úsáid sé chun iontrálacha dialainne na leathanach seo a scríobh) tréigthe nó ábhairín doiléir. B'fhéidir go raibh na huimhreacha sin tréigthe nó doiléir le tamall anois agus gurbh in é an fáth gur uimhrigh Seán Óg arís leis an bpeann luaidhe iad. I dtaca leis na leathanaigh eile (an séú leathanach scaoilte déag, an seachtú leathanach scaoilte déag, an naoú leathanach scaoilte déag, an ceathrú leathanach scaoilte is fiche, an ceathrú leathanach scaoilte is daichead) áfach, níl aon deacracht ann an uimhir atá ar thaobh na lámhe deise ar bhun na leathanach sin a léamh.

III. Modh Eagarthóireachta

Bíonn fadhbanna agus deacrachtaí téacsúla le sárú ag gach eagarthóir a dhéanann athscríbhinn ar lámhscríbhinn. Is iad seo a leanas na bealaí a ndeachaigh mé i ngleic leis na deacrachtaí éagsúla a bhaineann le bunlámhscríbhinn na dialainne:

1. *An Aibítir Ghaelach*. Scríobhadh tromlach mór na lámhscríbhinne bunaidh sa chló gaelach. Clóscríobhadh an athscríbhinn sa chló rómhánach de réir nós an lae inniu, áfach. Maidir leis na focail Bhéarla atá sa dialann, scríobhadh sa chló rómhánach iad sa lámhscríbhinn bhunaidh. Cuirtear an cló iodálach ar an dá cheann is seachtó acu nach ainmfhocail dhílse iad san athscríbhinn ar mhaithe le soiléireacht. I dtaca le seacht gcinn is daichead de na focail seo, is focail iad a ndearna Seán Óg Gaelú orthu. Cuirtear leaganacha caighdeánacha Béarla na bhfocal seo sna fonótaí. Maidir leis na hainmfhocail dhílse a bhfuil rian an Bhéarla orthu, pléitear an formhór acu, mar atá, na hainmneacha pearsanta, na sloinnte, na logainmneacha agus teidil na leabhar sna hinnéacsanna ag deireadh an tráchtais.

2. *Línte agus Leathanaigh.* Taispeánann dhá thulslais (/) tús leathanaigh agus léiríonn tulslais amháin (/) deireadh líne ach amháin nuair a bhaineann Seán Óg úsáid as tulslais i ndáta, mar shampla, ‘Feabhra Dé Sathairn 17/23’, ‘Márta, Dé Luain 5/23’, ‘Déardaoin Márta 22/23’. Tá neart samplaí d’fhocal a thosaíonn ar líne amháin agus a chríochnaíonn ar an gcéad líne eile sa lámhscríbhinn bhunaidh. Cuirtear an focal ar fad ar an gcéad líne os íseal san athscríbhinn sa chás seo ar mhaithe le soiléireacht. Cuirtear poncaíocht ar bith a leanann na focail seo ar an gcéad líne os íseal freisin. Déantar plé ar an gcás seo sna fonótaí, áfach, nuair a bhaineann fadhb théacsúil leis an bhfocal.

3. *Uimhriú.* Cuirtear uimhir an leathanaigh idir an dá thulslais a léiríonn tús an leathanaigh sin ar an nós seo ‘/15/’ san athscríbhinn, tríd síos. Leantar nósanna uimhrithe Sheáin Óig don chuid is mó san athscríbhinn seo ach níor mhór athrú a dhéanamh ar uimhriú na bunlámhscríbhinne i roinnt cásanna ar mhaithe le soiléireacht. I dtús báire, déantar idirdhealú idir aghaidh agus cúl na leathanach scaoilte san athscríbhinn, rud nár ghá do Sheán Óg a dhéanamh. Déantar sin trí ‘r’ (‘recto’) a chur i ndiaidh na huimhreach ag tús aghaidh an leathanaigh agus trí ‘v’ (‘verso’) a chur i ndiaidh na huimhreach ag tús chúl an leathanaigh. Maidir leis na leathanaigh nár uimhrigh Seán Óg iad trí dhearmad, uimhrítear anseo iad agus déantar plé ar an gcás sna fonótaí.

4. *Dátaí.* Níor dhátaigh Seán Óg cuid de na hiontrálacha i gceart. Cuirtear an dáta ceart ar fáil i bhfonóta agus déantar plé ar an gcás áit ar bith a rinne sé a leithéid. Maidir le leagan amach na ndátaí, chuir Seán Óg líne faoi bhun mhórán acu agus tá cuid acu ar líne faoi leith sa lámhscríbhinn bhunaidh. Cuirtear líne faoi bhun na ndátaí ar fad agus cuirtear ar líne faoi leith os cionn na n-iontrálacha éagsúla iad uile san athscríbhinn ar mhaithe le soiléireacht. Is féidir déanamh amach cá bhfuil na dátaí suite sa bhunlámhscríbhinn trí scrúdú a dhéanamh ar na tulsaiseanna a thaispeánann deirí na línte.

5. *Poncaíocht.* Is minic a tharraingíonn Seán Óg líne nó a chuireann sé 3-8 ponc i ndiaidh a chéile ar an nós seo ‘...’ mar mhalairt ar thús a chur le halt nua nó chun

deireadh iontrála a chur in iúl.⁸ Malartaítear cúig phonc (‘.....’) ar na línte os íseal san athscríbhinn ar mhaithe le soiléireacht agus ar mhaithe le caoithiúlacht.⁹ Seachas sin, áfach, déantar plé air i gcónaí sna fonótaí nuair a chuirtear malairt poncaíochta ar an téacs.

6. *Ailt*. Ní dhéantar athrú ar bith ar leagan amach na n-alt ach amháin i gcúpla cás nár eangaigh Seán Óg céad líne an ailt sa bhunlámhscríbhinn. Eangaítear na línte sin san athscríbhinn agus déantar plé ar an gcás sna fonótaí.

7. *Noda agus Giorrúcháin*.¹⁰ Scríobhtar na noda seo a leanas ina n-iomláine san athscríbhinn tríd síos: f (ar), f (arr), 7 (agus) agus 7^{c} (agus aroile). Maidir leis na giorrúcháin, áfach, ní dhéantar aon athrú orthu i dtéacs na hathscríbhinne. Ina ionad sin, scríobhtar na giorrúcháin nach ainmfhocail dhílse iad ina n-iomláine sna fonótaí (nuair is féidir iad a oibriú amach) agus déantar plé ar na giorrúcháin gur ainmfhocail dhílse iad sna hinnéacsanna.

8. *Ceannlitreacha*. Ceannlitrítear túslitir ainm, sloinne, leasainm agus logainm os íseal san athscríbhinn nuair is gá ar mhaithe le soiléireacht. Ceannlitrítear giorrúcháin na bhfocal sin os íseal nuair is gá freisin. Tá ceithre eisceacht ón rialail seo, mar atá, ‘lém dhuine’ (4363), ‘dom dhuine’ (4423), ‘an t-oileán úr’ (5245) agus ‘an t-íosán’ (5634).¹¹ Rinneadh cinneadh gan na ceithre shampla seo a cheannlitriú os rud é nach mbeadh aon chiall lena leithéid a dhéanamh ó thaobh na gramadaí de. Maidir leis na litreacha ‘b’, ‘d’, ‘f’, ‘l’, níl difríocht ar bith idir cás uachtair agus cás íochtair na

⁸ Úsáideann Seán Óg lúbín cearnógach amháin, ‘l’, freisin, mar mhalairt ar thús a chur le halt nua in amanna sa chéad chóipleabhar agus sa dara cóipleabhar.

⁹ Úsáidtear cúig phonc le haghaidh an ghnó seo mar baineann Seán Óg úsáid as cúig phonc níos minice ná méid ar bith eile chun alt nua nó deireadh iontrála a chur in iúl.

¹⁰ Is éard atá i gceist le ‘giorrúcháin’ ná na foirmeacha giorraithe d’fhocail a úsáideann Seán Óg sa lámhscríbhinn bhunaidh, mar shampla, ‘leit.’ ar ‘leitir’, ‘P.A.’ ar ‘Phóilín Airm’ nó ‘S. Mac C.’ ar ‘Seosamh Mac Cathmahoil’. An rud atá i gceist le noda ná an córas gearrscríbhneoireachta a bhíodh in úsáid chun focail áirithe agus codanna d’fhocail a scríobh i lámhscríbhinní Gaeilge ó tháinig an pheannaireacht go hÉirinn sa chúigiú haois go dtí an naoú céad déag (J. Byrne xi agus xiv). Bhaintí úsáid as an gcóras seo chun spás agus fuinneamh a shábháil (Brown 9). Tháinig cuid de na giorrúcháin seo caol díreach isteach sa Ghaeilge ón Laidin, mar shampla, ‘ 7^{c} ’ ar ‘*et cetera*’ (‘agus aroile’ na Gaeilge). Ina theannta sin, chruthaigh na Gaeil féin cuid mhaith nod, mar shampla, ‘ f ’ ar ‘arr’ (J. Byrne xiv). Úsáidtear dornán de na noda seo go neamhfhoirmiúil i scríbhneoireacht na Gaeilge go fóill, mar atá, ‘.i.’ ar ‘is é sin’, ‘ 7 ’ ar ‘agus’ agus ‘ 7^{c} ’ ar ‘agus aroile’ (Morley).

¹¹ Úsáidtear an córas tagartha seo in áiteanna sa tráchtas seo chun cúnaimh a thabhairt don léitheoir focail faoi leith a aimsiú in athscríbhinn dhialann Sheáin a’ Chóta. Taispeánann an uimhir an líne ar a bhfuil an frása atá faoi chaibidil le fáil san athscríbhinn.

litreacha sin sa lámhscríbhinn bhunaidh. Ceannlitrítear túslitir focal a thosaíonn ar cheann amháin de na litreacha sin san athscríbhinn más é an chéad fhocal in abairt é nó sa chás go gceannlitrítear de ghnáth é, mar shampla, ‘Bille na Sciúrseála’ (2121), ‘An Dáil’ (1499), ‘Feabhra’ (5589), ‘Luan’ (139). Cuireann Seán Óg dhá líne faoi bhun thúslitir focail le léiriú gur ceannlitir í uaireanta. Ceannlitrítear na litreacha seo ar fad san athscríbhinn ach ní chuirtear an dá líne fúthu. Déantar plé ar an gcás seo sna fonótaí i gcónaí.¹²

9. *Botúin*. Déanann Seán Óg ceithre shaghas botún sa lámhscríbhinn bhunaidh. Is iad sin: go n-úsáideann sé focal eile seachas an focal a raibh sé ar intinn aige a úsáid; go mbaineann sé feidhm as an bhfocal céanna dhá uair i ndiaidh a chéile trí thimpiste; go litríonn sé focal go contráilte; go bhfágann sé focal ar lár trí thimpiste. Tugaim mo thuairim sna fonótaí ar an bhfocal a raibh sé ar intinn ag Seán Óg a úsáid nuair a bhaineann sé feidhm as an bhfocal mícheart. Ní chuirtear an dara focal san athscríbhinn nuair a úsáideann Seán Óg an focal céanna dhá uair i ndiaidh a chéile trí thimpiste. Déantar trácht air seo sna fonótaí. Maidir leis na botúin litrithe a dhéanann sé, ní dhéantar aon athrú orthu ach litrítear an focal i gceart sna fonótaí am ar bith gurbh fhéidir nach mbainfí an bhrí cheart as an bhfocal mílitrithe. Úsáidtear leagan fhoclóir Uí Dhuinnín sa chás seo mar úsáideann Seán Óg níos mó ná leagan amháin d’fhocal, in amanna, sa dialann. Tugaim mo thuairim sna fonótaí ar an bhfocal a raibh sé ar intinn ag Seán Óg a úsáid nuair a fhágann sé focal ar lár trí thimpiste.

10. *Ceartúcháin*. Maidir leis na focail agus na habairtí a stríoc Seán Óg amach, déantar trácht orthu uile sna fonótaí agus tugtar ina n-iomláine iad san áit chéanna nuair is féidir iad a dhéanamh amach. Sa chás, mar shampla, gur scríobh Seán Óg an focal ‘tuar’ i lár abairte agus gur stríoc sé amach ina dhiaidh sin é, is mar seo a thagrófaí don cheartúchán seo sna fonótaí: ‘tuar add. ach stríoctha amach’.¹³

Cearthaíonn Seán Óg botún litrithe in amanna tríd an litir cheart a scríobh ar an litir mhícheart. Déantar tagairt do na ceartúcháin seo sna fonótaí, freisin. Sa chás, mar shampla, gur litrigh Seán Óg an focal ‘codlata’ mar ‘codlada’ trí thimpiste agus gur athraigh sé an dara ‘d’ go ‘t’ nuair a thug sé an botún seo faoi ndeara, is mar seo a

¹² Cuireann Seán Óg líne faoi bhun focail aonaraigh/frása sa dialann, in amanna, chun béim a chur air. Cuirtear líne faoi bhun na bhfocal/na bhfrásaí céanna san athscríbhinn freisin.

¹³ Is giorrúchán ar ‘addendum’ é ‘add.’

thagrófaí don cheartúchán seo sna fonótaí: ‘t ceartaithe ó d’. I dtaca leis na nótaí imill agus na nótaí idirlínteacha, cuirtear in iúl sna fonótaí cá dtosaíonn agus cá gcríochnaíonn siad. Tugtar le fios sna fonótaí freisin cá bhfuil na nótaí seo suite sa bhunlámhscríbhinn.

11. *Bearnaí*. Tá bearnaí i gcuntas Sheáin Óig i ngeall ar leathanach is fiche, ar a laghad, a bheith dultha ar iarraidh ón dialann. Cuirtear an frása ‘Leathanach ar iarraidh’ i gcló trom ar líne faoi leith san athscríbhinn áit ar bith a bhfuil leathanach ar lár ón mbunlámhscríbhinn. Chomh maith leis sin, tá neart focal agus cuid mhaith litreacha atá doiléir nó doléite sa lámhscríbhinn bhunaidh. Tá roinnt cúiseanna leis seo, ina measc: an dúch a bheith tréigthe; an dúch a bheith doirte ar an lámhscríbhinn; an lámhscríbhinn a bheith lofa in áiteanna; leathanaigh a bheith stróicthe; drochpheannaireacht. Cuirtear na focail agus na litreacha seo san athscríbhinn nuair is féidir iad a oibriú amach agus déantar plé orthu sna fonótaí. Sa chás go bhféadfaí ciall a bhaint as níos mó ná focal amháin, cuirtear an ceann is dóichí gurb é an focal ceart é sa téacs agus pléitear an cás sna fonótaí. Léiríonn trí thulslais (///) i bhfonóta go bhfuil an focal nó an frása lena mbaineann an fonóta doléite sa bhunlámhscríbhinn. Ina theannta sin, sa chás nach féidir focal/frása atá doléite sa lámhscríbhinn bhunaidh a oibriú amach, cuirtear trí thulslais (///) i gcorp na hathscríbhinne in ionad an fhocail/an fhrása agus déantar plé ar an gcás sna fonótaí.

/1¹/ Campa Bhaile an² Stáin³ # 2./
Curraich⁴ Chille⁵ Dara, Feabhra 16/23/

Dé hAoine/

5 Feabhra 16-23.

Shroicheas an áit seo ar 1.30 a.m.⁶/ i⁷ bhfochair 64⁸ príosúnach⁹ eile ar scuain speisialta¹⁰/ ó Thráighlí fé ghárda láidir. Trí seachtmhaine/ agus¹¹ lá ambáireach¹² ó do¹³ deineadh¹⁴ bráighe díom i dtig/ an Bhrianaig ar an¹⁵ Min Áird¹⁶. Is beag a
10 shaoileas/ an lá san go dtárlóchadh¹⁷ san dom, agus is¹⁸/ lugha ná san a shaoileas go mbein annso¹⁹ indiugh.²⁰/ Cá²¹ mbead²² nó cá chrích orm²³ 3 seachtmhaine²⁴ ó²⁵/ indiugh? Sin rud atá²⁶ fé²⁷ ghlas na rún agus²⁸ is²⁹/ ag Dia³⁰ amháin³¹ atá an eochair./

Do bhí³² tráthnóna³³ fliuch againn³⁴ ag³⁵/ fágaint³⁶ Tráighlí. D'eirig cnapán im³⁷ scórnaig³⁸/ ag deunamh ar stad na scuaine ar amharc/ feuchaint na ndaoine³⁹

¹ ///, b'fhéidir go bhfuil 1 tréigthe nó b'fhéidir go bhfuil an leathanach seo gan uimhriú

² ///, an tréigthe, an leathanach stróicthe trí n agus téip ghreamaitheach air

³ tosach an fhocail doiléir, S tréigthe, an leathanach stróicthe trí t agus téip ghreamaitheach air

⁴ Curra///, filleadh sa leathanach ar ch agus téip ghreamaitheach air

⁵ tosach an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí C agus téip ghreamaitheach air

⁶ ante meridiem

⁷ doiléir, i tréigthe

⁸ eile add. ach stríoctha amach

⁹ lár an fhocail doiléir, un tréigthe

¹⁰ spei/// lialta, cuid den dara s stróicthe den leathanach

¹¹ tosach an fhocail doiléir, a tréigthe

¹² deireadh an fhocail doiléir, áireach tréigthe

¹³ ///, do tréigthe agus an leathanach stróicthe tríd

¹⁴ an leathanach stróicthe tríd an gcéad d

¹⁵ doiléir, an tréigthe

¹⁶ lár an fhocail doiléir, i tréigthe

¹⁷ tosach an fhocail doiléir, ar tréigthe

¹⁸ tosach an fhocail doiléir, i tréigthe

¹⁹ deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí o

²⁰ ind///, iugh tréigthe; tosach an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe idir an gcéad i agus n

²¹ C///, á tréigthe; tosach an fhocail doiléir, C tréigthe

²² tosach an fhocail doiléir, mb tréigthe

²³ doiléir, orm tréigthe

²⁴ seachtmha///ne, an leathanach stróicthe trí i

²⁵ ///, ó stróicthe den leathanach

²⁶ deireadh an fhocail doiléir, an dara a tréigthe

²⁷ tosach an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí f

²⁸ an leathanach stróicthe trí s agus téip ghreamaitheach ar thaobh eile an leathanaigh

²⁹ i///, cuid de s stróicthe den leathanach

³⁰ Di///, an leathanach stróicthe trí a

³¹ ///háin, an leathanach stróicthe trí am

³² doiléir, dúch súite tríd an leathanach ón taobh eile ar b agus ar i

³³ ///r///nó///a, dúch súite tríd an leathanach ón taobh eile ar an gcéad t, ar áth agus ar an dara n

³⁴ tosach an fhocail doiléir, dúch súite tríd an leathanach ón taobh eile ar ag

15 baidheamhla⁴⁰ a bhí bailighthe ann./ Rud a ghaibh tríom go smior bean bhocht go raibh beart fé n-a hoscail aice⁴¹ a lean/ an dhiorma aníos an tsráid ag gol agus/ ag⁴² glaodadh ar a⁴³ mac a rángaid n-ár/ measc-na⁴⁴. Ní⁴⁵ choimeádfadh⁴⁶ fógairt⁴⁷ na /2⁴⁸/ saighdiúirí ná faic eile í gan labhairt lé n-a/ mac agus an beart beag do thabhairt do. “Do throideas/ na *Tans*,” do scread⁴⁹ sí airís agus airís.⁵⁰/ Fé dheóidh do ghaibh⁵¹

20 truagh an t-oifigeach agus do leig⁵²/ sé don mbeirt⁵³ labhairt lé chéile. Do bhain a/ scaramhaint deóir óm shúil./

Ag gabháil aníos⁵⁴ an tsráid dom do chonnac⁵⁵/ beirt nó triúr a⁵⁶ chroich⁵⁷ a lámh liom. D’árduig sé/ mo chroidhe. Nach⁵⁸ beag an⁵⁹ rud a choruígeas mothála⁶⁰/ an duine go minic?/

25 Do bhí an turus anfhuar. Ní raibh aon⁶¹/ tsoillse againn sa caráistidhibh. Do ghaibh furmhór/ na mbuachaillí amhráin. Im shuidhe sa chúine dom/ agus an doircheacht⁶² ann⁶³ ag smúdráil codlata⁶⁴/ ar oscailt mo shúl anois agus airís do⁶⁵

³⁵ *all, dúch súite tríd an leathanach ón taobh eile ar g*

³⁶ *an leathanach stróicthe idir an gcéad a agus g*

³⁷ *deireadh an fhocail doiléir, dúch súite tríd an leathanach ón taobh eile ar m*

³⁸ *tosach an fhocail doiléir, dúch súite tríd an leathanach ón taobh eile ar co*

³⁹ *deireadh an fhocail doiléir, oine tréigthe*

⁴⁰ *os cionn na líne agus caret idir ndaoine agus a*

⁴¹ *ll, aice tréigthe; go raibh...hoscail aice os cionn na líne agus caret idir bhocht agus a*

⁴² *tosach an fhocail doiléir, a tréigthe*

⁴³ *ll, a tréigthe*

⁴⁴ *m//s//ll-na, an leathanach stróicthe trí ea agus c tréigthe; tosach an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí m; lár an fhocail doiléir, s tréigthe*

⁴⁵ *doiléir, téip ghreamaitheach ar Ní*

⁴⁶ *choi//dfadh, mea tréigthe agus an leathanach stróicthe trí m; tosach an fhocail doiléir, téip ghreamaitheach ar choi; deireadh an fhocail doiléir, dfad tréigthe agus an leathanach stróicthe trí f*

⁴⁷ *lár an fhocail doiléir, téip ghreamaitheach ar g*

⁴⁸ *doiléir, 2 tréigthe*

⁴⁹ *tosach an fhocail doiléir, líne tarraingthe trí s*

⁵⁰ *rud éigin add. ach stríoctha amach*

⁵¹ *tosach an fhocail doiléir, líne tarraingthe trí g*

⁵² *deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí g*

⁵³ *deireadh an fhocail doiléir, líne tarraingthe trí t*

⁵⁴ *tosach an fhocail doiléir, n tréigthe agus an leathanach stróicthe tríd*

⁵⁵ *chonn//, an leathanach stróicthe trí ac*

⁵⁶ *doiléir, líne tarraingthe trí a*

⁵⁷ *tosach an fhocail doiléir, poll sa leathanach ar an gcéad c*

⁵⁸ *doiléir, líne tarraingthe trí n agus líne eile tarraingthe trí c*

⁵⁹ *r add. ach stríoctha amach*

⁶⁰ *lár an fhocail doiléir, th tréigthe*

⁶¹ *deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí n*

⁶² *deireadh an fhocail doiléir, smál éigin ar t*

⁶³ *tosach an fhocail doiléir, a tréigthe*

⁶⁴ *deireadh an fhocail doiléir, an dara a tréigthe*

⁶⁵ *cidin add. ach stríoctha amach*

chínn⁶⁶/ barraidhe dearga na dtoitíní i lámhaibh nó i mbeulaibh⁶⁷/ mo chomrádaidhe agus⁶⁸ thaidhbhsigheadar⁶⁹ mar/⁷⁰ réilthíní míltheach oidhche mhodardha.⁷¹/

30 Ní ráinig linn biadh ná deoch d’fhaghail/ ar an slighe cé gur dhein -
d’airigheas - /3/ oifigeach an ghárda a dhícheall dúinn - go rángamair/ an Currach.
Níor bh’iongadh ocras ar ár/ bhfurmhor mar ní rabhamair ach socair chun ithe/ ár
bproinne nuair gairmeadh orainn. Do/ ráinig ballóg tighe ag fear ar gcraiste-ne/ agus
do roinn sé go soronnach orainn í. Do/ bhuail cúpla greim me féin. Tart is mó do/ bhí
35 ag gabháilt díom.⁷²/

Do máirseáladh sinn ó stad na scuaine⁷³/ annso fén lucht tionnlaic ceudna.
Shaoileas ná/ sroichfimis an campa coidhche; dar liom go rabhamair/ ag siubhall
tímcheall i mboighsín agus do bí cnáimhseáil⁷⁴/ ar na saighdiúiríbh féin. Ní fuláir nó/
ní raibh aon choinne ag lucht ceannais an champa/ linn mar ní raibh aon’ne fén ár
40 mbraghaid agus/ fóileadh sinn cúpla uair faid bhí fairtheóirí ag/ braith romhain.⁷⁵
Budh chómhchlos cainnt/⁷⁶ an ghárda agus b’eagal lé n-ár lucht tionnlaic/ go
gcaithfide orainn⁷⁷ agus chuala aon tsaighdiúir/ amháin léim thaoibh ghá rádh⁷⁸.
“Lamhachfaidh siad⁷⁹ /4/⁸⁰ na h-iallacha as ár mbrógaibh. Caithfead sa/ an uile urchar
atá im sheilbh leó,” agus gháir gach/ aonne./

45 Ghluaiseamair agus níor bhfhada gur chualamair:/ “Foil! Cé tá annsan?”
“Cara”, “Cun cinn/ chun t’aitheanta”, agus i gcúpla noimint/ do ghabhamair tríd an
ngeata. Fuadar a’s greithileán/ annsan ar lorg na n-oifigeach. Do foileadh/ sinn os
cómhair dhá gheata deunta d’adhma⁸¹/ as do *bhaighear*⁸². Moilleadh annsan sinn ar
feadh/ i bhfead go bhfuairteas an ghéatóir. ‘n-ár/ seasamh annsúd sa bhfuacht dúinn
50 do thugas/ fé ndeara an *bhfaghar*⁸³ go léir, na staiseacha/ láidre, na botháin – an baile

⁶⁶ do chínn os cionn na líne agus samluigead *add. stríoctha amach faoi*

⁶⁷ lár an fhocail *doiléir*, u *tréigthe*

⁶⁸ *doiléir*, τ *tréigthe*

⁶⁹ *tosach an fhocail doiléir*, an *séimhiú ar t tréigthe*; *lár an fhocail doiléir*, an *séimhiú ar b tréigthe*

⁷⁰ *reultai add. ach stríoctha amach*

⁷¹ *níl lánstad ar bith i ndiaidh mhodardha*

⁷² *níl lánstad ar bith i ndiaidh díom*

⁷³ *deireadh an fhocail doiléir*, an *leathanach stríocthe trí e*

⁷⁴ *an leathanach stríocthe trí m*

⁷⁵ *Do bhí cainnt add. ach stríoctha amach*

⁷⁶ *na add. ach stríoctha amach*

⁷⁷ *rud éigin add. ach stríoctha amach*

⁷⁸ *deireadh an fhocail doiléir*, d *athscríofa*

⁷⁹ *doiléir*, iad *tréigthe*

⁸⁰ *siad add.*

⁸¹ *deireadh an fhocail doiléir*, an *tríú d tréigthe*

⁸² *gaelú ar ‘wire’*

⁸³ *gaelú ar ‘wire’*

a bhí romhainn -/ an gárda annso ‘gus annsud, cuid aca ag/ dul ag deunamh
uanaidheachta ar a tuille/ fén solas aibhle. Ar ár gcúl do bhí beairicí/ bríce iad súd do
thóg Sasana, os ár gcoinne/ botháin adhmaid a thóg Eireannaig d’ár lithéidí ne^{84/85}
agus an talamh má gcuaird^{86/87} Magh Alamhain mara ngleacuigheadh ár sinnsear/
55 na ceudta ceudta blian ó shoin. Dubhras/ liom féin gur bh’ait é toisc an tsaoghail./

Tamall sar ar hoscladh⁸⁸ na geataidhe do/ gaibh an t-áilteóir saighdiúra dá
ghreannchaint/ airís. “Seadh,” ar seisean “do chaith an gheatóir/ an fheochair uaidh.
Iad so atá istig fanaidís istig/ iad so atá amuigh fanaidís amuigh! Ní h-eadh⁸⁹/ ní h-
eadh is amhlaidh atá meirg ar an eochair.^{90,91}/

60 Isteach linn. Cuireadh in ordugh airís sinn⁹¹/ agus d’agall oifigeach sinn
lágach go maith/ “Tá dhá shraith *bhaghair*⁹² annso” ar seisean,⁹³ “an/ cheud ceann an
tsraith mharbh. Tuigeann sibh^{94/95} cad mheádann san, an tarna ceann agus⁹⁶/ annsan
an gárda a chaithfidh aon’ne amhrasach./ Tá biadh go leór lé fagail agaibh. Aonne/
nách maith leis é d’itheadh⁹⁷ caitheadh sé⁹⁸/ uaidh agus faigheadh sé bás leis an ocras;
65 eudach⁹⁹/ agus an té nách maith leis é caitheadh¹⁰⁰ uaidh agus/ faigheadh sé bás leis an
bhfuacht: Anois /6/ gheobhaidh sibh béile the¹⁰¹ agus a chodladh libh.^{102,103}/

Árduigheadh isteach sinn n-ár seasaraibh,/ tugadh breac chuardach orainn,
cuireadh cúpla/ ceist orainn agus fuair gach neach againn trí/ phlainncéid¹⁰⁴, dhá
bhairlin, pláta, muga, scian agus/ forc¹⁰⁵. Thóg fear aca peictiúir de Art Ó

⁸⁴ *deireadh an fhocail doiléir, e tréigthe*

⁸⁵ *Dubhai add. ach stríoctha amach*

⁸⁶ *focal nó cuid d’fhocal ag tosú le g add. ach stríoctha amach*

⁸⁷ *all add. ach stríoctha amach*

⁸⁸ *rud éigin add. ach stríoctha amach*

⁸⁹ *deireadh an fhocail doiléir, an séimhiú ar d tréigthe*

⁹⁰ *níl lánstad ar bith i ndiaidh eochair*

⁹¹ *sin//, cuid den dara n stríocthe den leathanach*

⁹² *gaelú ar ‘wire’*

⁹³ *an leathanach stríocthe tríd an gcamóg*

⁹⁴ *deireadh an fhocail doiléir, an séimhiú ar b tréigthe*

⁹⁵ *g add. ach stríoctha amach*

⁹⁶ *deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stríocthe trí s*

⁹⁷ *caithfid add. ach stríoctha amach*

⁹⁸ *deireadh an fhocail doiléir, an síneadh fada ar e tréigthe*

⁹⁹ *eudac//, b’fhéidir go bhfuil an séimhiú ar c tréigthe nó b’fhéidir go bhfuil an leathanach stríocthe tríd; deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stríocthe trí ac*

¹⁰⁰ *is cosúil gur fágadh ‘sé’ ar lár idir caitheadh agus uaidh*

¹⁰¹ *síneadh fada add. os cionn e ach stríoctha amach*

¹⁰² *níl lánstad ar bith i ndiaidh libh*

¹⁰³ *athraíodh an uaschamóg i ndiaidh libh go comharthaí athfhriotail ar mhaithe le soiléire*

¹⁰⁴ *tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar p tréigthe*

¹⁰⁵ *an leathanach stríocthe trí f agus téip ghreamaitheach ar thaobh eile an leathanaigh*

70 Gríobhthá¹⁰⁶/ bhí agam ach thug uaidh airís é nuair loirg¹⁰⁷/ an¹⁰⁸ *brigidiar*¹⁰⁹ dom
 é.¹¹⁰ Do bhí Gaedling mhaith/ ag beirt aca agus thugas seal beag ag cainnt¹¹¹/ leó.
 Dubhairt duine aca, “Gheobhaidh sibh trí beilí/ maith is ló annso nách bhfuair sibh i
 gCiarraidhe riamh¹¹².¹¹³”/ D’infhiúchas é. “Feuch ar an mbeirt againn,” arsa¹¹⁴/
 mis’,¹¹⁵ “Ceagainn is feárr a cothuigheadh?” Ní/ dubhairt sé drundam. Annsan
 75 d’ólamair¹¹⁶ té,/ chuamar go dtín ár mboth, shocruigheamair ár/ leapacha agus
 dheineamair timcheall a’s 3 huaire/ codlata – rud a theastuig¹¹⁷ uainn go dóighte.

X X X X X X

80 Dúisigheadh sinn ar a 8 a chlog agus dubhartas linn¹¹⁸/ go raibh ár rogha
 againn fanacht sa leabaidh¹¹⁹/

Leathanach ar iarraidh

85 /8/¹²⁰ Mac Breitheamhain – ó Filideilfia. Tá daoine/ muinnteartha beirte againn
 thall./

Ist oidhche do shuidh na buachaillí tímcheall/ na dteinteacha – tá 3 cinn againn
 i lár/ an úrláir – cuid aca ag áilteoireacht,/ cuid aca ag amhrán agus¹²¹ thuilleadh aca
 ag/ sceultóireacht./

90 Sar a ndéagamair a chodladh dubhramair/ an choróin pháirteach agus
 chuamair a/ chodladh. Oidhche fhliuch¹²² fuar do dhein di./¹²³

¹⁰⁶ Gríobhthá//lá, an séimhiú ar b agus an séimhiú ar t tréigthe

¹⁰⁷ cuid de g stróicthe den leathanaich

¹⁰⁸ //n, a tréigthe, an leathanach stróicthe tríd agus téip ghreamaitheach ar thaobh eile an leathanaigh
¹⁰⁹ gaelú ar ‘brigadier’

¹¹⁰ níl lánstad ar bith i ndiaidh é, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Do

¹¹¹ cainnt//, t tréigthe agus an leathanach stróicthe tríd

¹¹² an leathanach stróicthe trí m agus téip ghreamaitheach ar thaobh eile an leathanaigh

¹¹³ doiléir, an lánstad tréigthe

¹¹⁴ deireadh an fhocail doiléir, an dara a tréigthe

¹¹⁵ “Ceaca add. ach stróictha amach

¹¹⁶ tosach an fhocail doiléir, an síneadh fada ar o tréigthe

¹¹⁷ lár an fhocail doiléir, tu tréigthe

¹¹⁸ li//, nn tréigthe; tosach an fhocail doiléir, li tréigthe

¹¹⁹ lár an fhocail doiléir, an dara a tréigthe

¹²⁰ is cosúil gur cuid den iontráil do 2x16x23 í seo

¹²¹ is cosúil gur fágadh ‘a’ ar lár idir agus agus thuilleadh

¹²² lár an fhocail doiléir, u tréigthe

¹²³ líne ornáideach ar an gcéad líne eile

Feabhra Dé Sathairn 17/23/

95 Oidhche anfhuar, anfhliuch airéir,/ is beag duine a chodail an oidhche go hiomlán ag
an/ bhfuacht. Dúisighedh sinn ar a 8 a chlog. Amach/ linn. Chuireamair orainn.
Chóirigheamair ár/ leapacha. Nigheamair sinn féin. D'itheamair./ D'imthigh
furmhór an lae ar nós an lae indé, ach go/ raibh an lucht ceannais go grithileánach ag
socrugh/ i gcómhair 400 príosúnach eile a tháinig isteach um /9/ thráthnóna. Cad is
100 bun ag an Rialtas leis na carcair/ go léir do dhísciugh agus na príosúnaig do chur i
gcampaibh/ mar seo? Tá rud éigin ar maoith aca./

Ar teacht laistig de gheata dos na/ príosúnaig árdúigheadh gáir árd istig
ameasc na/ n-internees agus d'fhreagadar san í. Sheasúigheas/ dá n-amharc ar feadh
scathaimh agus smaoineas/ gur bh'ait é an oiread fear againn do bheith mar^{124/} a¹²⁵
105 rabhamair gan breis chatha do chur. Tréis iad/ do ghabháil¹²⁶ trí sheómra an
cheistiúcháin do/ cuireadh cuid aca n-ár measc na: do líon/ san ár mboth – tá¹²⁷ 100
fear innte anois¹²⁸./ Go ceann i bhfad san oidhche do bhí gártha, gleó/ agus gáirí i
ngach both agus níor fheudas neul/ do chodladh go handheideanach./

110 Feabhra Dé Domhnaig 18/23/

An ghnáthchúram¹²⁹ cheudna indiugh, eirighe,/ cóiriugh leapán, nighe, agus
ceudphroinn¹³⁰ ach go raibh/ sé¹³¹ orm féin agus ar fhear eile seómra/ an cheistiúcháin
do ghlanadh i gcomhair /10/ aifrinn – an cheud aifreann lé 13 seachtmhaine.^{132/}
115 I gceann don seómra socruigheadh bórd, clúduigheadh/ é lé pláincéad – ceann
aca so go/ luighimid ortha – crochadh pláincéad eile ar/ an bhfalla agus¹³³ cros¹³⁴ air./
Lé¹³⁵ linn¹³⁶ an aifrinn do bhí an seómra palcuighthe/ agus chonnac trís na¹³⁷
fuinneógaibh/ mórán lasmuigh. Do chuir an radharc i gcúimhne/ dhom sáipéal Dhún

¹²⁴ an leathanach stróicthe trí r

¹²⁵ rb add. ach stríoctha amach

¹²⁶ trí add. ach stríoctha amach

¹²⁷ deireadh an fhocail doiléir, a tréigthe

¹²⁸ an leathanach stróicthe trí s

¹²⁹ lár an fhocail doiléir, an séimhiú ar c tréigthe

¹³⁰ agus ceudphroinn os cionn na líne agus ach go ra add. stríoctha amach faoi

¹³¹ orms add. ach stríoctha amach

¹³² níl lánstad ar bith i ndiaidh seachtmhaine

¹³³ lár an fhocail doiléir, dúch doirte ar gu

¹³⁴ doiléir, dúch doirte ar r agus ar s

¹³⁵ deireadh an fhocail doiléir, dúch doirte ar an síneadh fada ar e

Chuinn agus na daoine a/ bhíodh lasmuigh ann ag caitheamh púróg agus/ sraithíní
 120 agus ag gáirí gan puinn áird aca/ ar an aifreann – me féin, fairír! go¹³⁸/ rí mhinic n-a
 measc; ach ní mar sin do/ bhí aca so. Is dócha go raibh cuid aca ná/ raibh ag aifreann
 lé fada ar mo nós/ féin. Do chuir teangbháil eile rud i gcuimhne/ dom sceul
 d’innseadh seanDhónal, mo sheanathair;/ lá áirighthe gur dhearmhad an/ cléireach a
 chlog do dhein se arán de dhá/ choinnleóir agus indiugh muga agus forc nó scian /11/
 125 do bhí ag ár gcléireach-na¹³⁹. Ní fheaca riamh sagart/ agus cléireach¹⁴⁰ chómh
 neamhanamamhail/ leó./

An ruathar¹⁴¹ gnáthach tímcheall an bhídh¹⁴²: -/ rith agus ságh agus¹⁴³
 dingeadh agus brúgtam./ Is ait an beó¹⁴⁴ an duine. Sid é annso sinn/ go léir agus
 sinn¹⁴⁵ go¹⁴⁶ léir a bhí¹⁴⁷ ag troid ar son na cúise/ ceudna agus thugas¹⁴⁸ fé¹⁴⁹ ndeara
 130 ronnaidheacht/ i dtaobh an¹⁵⁰ bhídh¹⁵¹. Nách iomdha rud a dheinimíd go/ fonnmhar i
 dtómas¹⁵² a chéile ná deunfaimís eadrainn/ féin ar mbeith dár ngoile i dtréis./

Dubhramair an choróin¹⁵³ pháirteach ist¹⁵⁴/ oidhche tréis a 9 a chlog. Do
 shuidh cuid againn/ tímcheall na dteinteacha ag comhchainnt ar/ feadh i bhfad agus do
 bhí sé andeidheanach sar ar/ thuit codladh ar an nduine deideanach/ againn. Do
 135 dhúisig an fuacht me agus chuala a/ dó nó trí uaire an gárda ag éigheamh ó/ phost go
 post “Post uimh¹⁵⁵ I gach aonnidh/ go maith” ag dul ó phost go post. Do /12/ dhein sé
 fuaim dhiamhair i suaimhneas sa ndeidheanaighe¹⁵⁶/ na hoidhche.¹⁵⁷/

¹³⁶ lár an fhocail doiléir, dúch doirte ar i

¹³⁷ fúí add. ach stríoctha amach

¹³⁸ an leathanach stróicthe trí o

¹³⁹ gcl//each-na, dúch doirte ar éir

¹⁴⁰ cle///, dúch doirte ar an síneadh fada ar an gcéad e agus ar ireach

¹⁴¹ ruath//, dúch doirte ar ar

¹⁴² deireadh an fhocail doiléir, an séimhiú ar d nasctha leis an idirstad ina dhiaidh

¹⁴³ ///, dúch doirte ar 7

¹⁴⁴ ///, dúch doirte ar beó

¹⁴⁵ b’fhéidir; sí///, dúch doirte ar dheireadh an fhocail

¹⁴⁶ ///, dúch doirte ar go

¹⁴⁷ tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar b tréigthe; go léir a bhí os cionn na líne agus caret idir sinn agus ag

¹⁴⁸ //gas, dúch doirte ar thu

¹⁴⁹ tosach an fhocail doiléir, f tréigthe

¹⁵⁰ deireadh an fhocail doiléir, dúch doirte ar n

¹⁵¹ //ídh, dúch doirte ar bh

¹⁵² //ómas, dúch doirte ar dt

¹⁵³ síneadh fada add. os cionn an chéad o ach stríoctha amach

¹⁵⁴ deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí t

¹⁵⁵ uimhir

¹⁵⁶ tosach an fhocail doiléir, an dara d athscríofa

¹⁵⁷ líne ornáideach i ndiaidh an lánstad

Feabhra De Luain 19/23/

140

N-ár suidhe ar an ngátham./ Do nigheamair ár neudach laistig agus o bhí an lá/ go haoibhin do chuireamair ag triomugh leis an ngréin/¹⁵⁸ é. Thugas fé ndeara indiugh luigheadugh mór/ n-ár gcuid bidh agus ní haonne amháin a bhí/ ag cnáimhseáil.

D'fhearas dhá bhuidhin Gaedilge/ tréis ár gcur fé ghlas. Ní breug a rádh fairír/ go¹⁵⁹
145 bhfuil mórán annso a árdai g a/ nguth in amhrán, a bhéic sa scread, agus a dhein/
mórchuid glóir gan gábhtar mar atá ding/ deang lé sceanaibh¹⁶⁰ ar bhonnaibh airgid
ag/ deunamh fáinní. Do chuir sé an oiread san/ feirge orm gur dhiúlтуigheas aon
bhaint speisialta/ do bheith agam leis an gCoróin Páirtig/ níos mó ná í d'fhreagairt.
Oidhche fhuar eile.^{161/}

150

Feabhra De Máirt 20/23 -

Daoine ar creathadh /13^{162/} lé fuacht agus fothdhuine ag fanacht sa leabaidh^{163/} lé
gireán beag eudtrom éigin./

155 Do chaitheas féin agus Mac Breitheamhain mar/ is gnáthach linn gach lá seal
ag trácht ar/ an Oileán Úr, ar cháirdibh páirteach dúinn/ ann, a gcómhgas leis an gcúis
agus ar a/ dhaoibh ar an dtaobh so. Do thug sé cuireadh/ dhom teacht go dtá a bhoth
tréis proinne chun/ braon té d'ól n-a chuibhrean¹⁶⁴ mar dheineas/ inde. Tá áthas orm
gur bhuail sé umam/ caithimid sealanna fada go haoibhin i/ bhfochair a chéile agus is
160 mór an fhuascailt/ é ó bheith ag síoréisteacht leis na siorsceultaibh/ tímcheall annso./

Caithfead mé féin do bearradh, tráthnóna./ Fuair cuid againn órdugh¹⁶⁵ iad/
féin d'ullmhugh chun folcain ach do chuir an^{166/} dochtúir cosc air – ní fuláir leis
feuchadh/ do chur orainn ar dtúis chun gearb¹⁶⁷ agus/ galar¹⁶⁸ croicin do
scrúdugh¹⁶⁹.^{170/}

¹⁵⁸ iad *add. ach stríoctha amach*

¹⁵⁹ raibh *add. ach stríoctha amach*

¹⁶⁰ ar *add. ach stríoctha amach*

¹⁶¹ ní lánstad ar bith i ndiaidh eile

¹⁶² doiléir, an leathanach stríocthe trí 3

¹⁶³ leallaidh, dúch doirte ar b; fanacht sa leabaidh *scríofa i ndúch dubh*

¹⁶⁴ deireadh an fhocail doiléir, n athscríofa

¹⁶⁵ do *add. ach stríoctha amach*

¹⁶⁶ doiléir, an tréigthe

¹⁶⁷ a *add. i ndiaidh b ach stríoctha amach*

¹⁶⁸ tosach an fhocail doiléir, sleamhnú pinn tríd an gcéad a

¹⁶⁹ deireadh an fhocail doiléir, dúch doirte ar g

/14/ Feabhra De Ceudaoin 21/23.

Indiugh mar bhí againn/ indé go dtí lár an lae. Is annsan do tháinig an tulca./ Do
 bhíomair – lucht ar bpobail-ne – n-ár suidhe i¹⁷¹/ gcomhair proinne. Roinneadh dhá
 170 phráta an duine/ orainn, blúirín áráin – prátaidhe ná/ tabharfá dod mhuic agus arán
 tirim túr stáluighthe.¹⁷²/ Do scughas mo phrátaidhe¹⁷³ agus d’fhanas go/ foidneach
 leis an iasc – lá troscaid b’eadh/ é – ach mo leun níor tháinig an t-iasc.¹⁷⁴/ Ochtar
 againn a bhí¹⁷⁵ i dtortaoibh leis an mbiadh/ atá áirighthe agam d’iarramair ár¹⁷⁶ ár
 dtreóraidhe/ fáth gorta an éisc agus d’fhreagair ná raibh/ faic n-ár dtómas.¹⁷⁷ Leis sin
 175 tháinig racht feirge/ orm agus rúideas an pláta agus a raibh¹⁷⁸ fean/ an úrláir agus
 bhuaileas amach. Chuamair/ ochtar againn ar n-ais go dtí ár mboth agus ar ball/
 d’fhilleamair ar an bproinnteach agus chuireamair/ ár sceul in iúil ach b’aistearach é
 ár ngireán.¹⁷⁹/

Um thráthnóna do bhí an oiread san cuthaig/ orm gur chinneas ar gan an
 180 teanga do /15/¹⁸⁰ mhúineadh mar is gnáthach liom. Ach tréis/ tamaill mhaoluigheas.
 Do mhaidh mo spirid ar mo/ mhianach agus um aimsir codlata¹⁸¹ do laguig/ mo
 mhothalta go gnáthstáid ionnus go raibh/ mo ghuth chómh follas le guth aonne eile
 ag/¹⁸² rádh na corónach./

185 Feabhra Déardaoin 22/23

Do chodlas go maith/ airéir. Do bhí an talamh ag glioscarnaig fé/ ghathaidibh na
 gréine mar bhí¹⁸³ sioc trom ar an/ dtalamh. Do dheineas¹⁸⁴ té dom féin agus is é bhí/

¹⁷⁰ *níl lánstad ar bith i ndiaidh scrúdugh*

¹⁷¹ *doiléir, i ceartaithe ó a*

¹⁷² *doiléir, an lánstad treigthe*

¹⁷³ *lár an fhocail doiléir, átaid tréigthe*

¹⁷⁴ *níl lánstad ar bith i ndiaidh t-iasc, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é*

Ochtar

¹⁷⁵ *tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar b tréigthe*

¹⁷⁶ *ar*

¹⁷⁷ *doiléir, an lánstad tréigthe*

¹⁷⁸ *is cosúil gur fágadh ‘air’ ar lár idir raibh agus fean*

¹⁷⁹ *níl lánstad ar bith i ndiaidh ngireán*

¹⁸⁰ *do add.*

¹⁸¹ *lár an fhocail doiléir, an chéad a scríofa go doiléir*

¹⁸² *r a add. ach stríoctha amach*

¹⁸³ *tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar b tréigthe*

¹⁸⁴ *tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar d tréigthe*

go sobhlasta i gcompráid leis an uiscealach a/ cuireadh do dhruim na conntabharach
190 chughainn.^{185/}

Chaitheas cúpla uair an chluig ag/ siubhall tímceall na páirce cois ar chois lém/
charaid¹⁸⁶ Mac Breitheamhain. Do labhramair ar/ an gcúis agus ar na daoinibh árd
agus íseal go raibh/ baint aca leis an dtoirmeasc-so. Do bhí an ghrian/ ag taitheamh
go haoibhin agus bhraitheas níos/ feárr ná mar dheineas ó thánagh annso. Go/
195 deimhin do gháireas go minic. D'aistrig /16/ Mac Breitheamhain go dtí ár mboth na
agus tá se/ n-a shuidhe anois ar an leabaidh is neasa/ dhom ag leigheamh leitreacha do
scríge ceathrar^{187/} a lamhachadh i dTraighlí seal beag roim a/ mbás. Tá cóip des na
leitreachaibh¹⁸⁸ so ag/ P. O hUallacháin./

Do thug Mac Breitheamhain agus mé féin cuaird fén/ bpairc in aoibhneas an
200 tráthnóna. Ní raibh puth gaoithe/ san aor agus do luig datach na bpobal go hiseal ar
an/ áit má gcuaird; chuirfeadh sé i gcuimhne do dhuine/ cathair bheag agus nó go n-
amharcfá id thimcheall/ agus go bhficfeá an bhaighear deilgneach ní tuigfidhe/ i
gceart duit go rabhais i mbraighdeanas. Is mór an/ chabhair go meallann an áit me ar
an slighe seo./

205

Feabhra De hAoine 23/23.

An mallacht¹⁸⁹ féile? An beith/ ar dhuine leithleachas? Sin dhá cheist atá dom
bhuidreamh/ ó mhaidean. Ní féidir liom a mhaoidheamh gur fear fial/ me, agus fós
210 is¹⁹⁰ féidir liom a rádh go fírinneach nár/ dhiúltuigheas aon' nidh riamh a bhí agam ar
aonne –/ toitíní, deoch tá tugtha agam uaim go fonnmhar /17/ ó thosnaigh Cogadh na
Saoirse. Cad é mo bhuidheachas? Indiugh/ agus mé sínte san leabaidh do bhuaile fear
mé dhá/ uair gan puinn spochoireachta – fear ná fuilim/ fé cumaoin oiread agus luach
feóirlinge aige, don/ bhfear so thugas mo triubhas fiú amháin agus caitheas^{191/} féin
215 an¹⁹² triubhas is feárr agam dá mhaitheas san/ agus sin é an díol a gheibhim^{193?} Nách
mallacht féile?/

¹⁸⁵ *níl lánstad ar bith i ndiaidh chughainn*

¹⁸⁶ *tosach an fhocail doiléir, dúch doirte ar c agus ar an gcéad a*

¹⁸⁷ *deireadh an fhocail doiléir, an dara r tréigthe*

¹⁸⁸ *deireadh an fhocail doiléir, an séimhiú ar c agus an séimhiú ar b tréigthe*

¹⁸⁹ *féille add. ach stríoctha amach*

¹⁹⁰ *f add. ach stríoctha amach*

¹⁹¹ *deireadh an fhocail doiléir, s scríofa go doiléir*

¹⁹² *os cionn na líne agus mo add. stríoctha amach faoi*

¹⁹³ *tosach an fhocail doiléir, g ceartaithe ó rud éigin*

Agus leithleachas? Dom chuid féin de tá sé geinte/ ionam mo chion d'aonidh
bheadh ar siubhall do bheith agam/ agus dá bhfaighin breis budh mhian liom é. Ach
nách ait an/ rud é go dtabharfainn go fonnmhar den bhfaghaltas/ a gheobhainn ar an
220 slighe seo? Fírinne an scéil gur/ bhreágh liom a lithéid do roinnt gan pioc d'fagaint/
agam féin. An beith leithleachas?/

Um thráthnóna d'fholcas me féin tréis feuchadh/ dochtúra. Im sheasamh os
cómhair an dochtúra nochta níor/ bheag é mo bhród asam féin ar feicsint suim gach/
aon'ne im chneas geal agus im dheunamh. B'é mé an t-aon/ duine ar ár líon nár
225 órduig an dochtúir do ball/ áirighthe do bhearradh. Do chaitheamair siubhall tím=¹⁹⁴
/18/ 150 slat¹⁹⁵ agus gan orainn ach ár mbróga agus ar gcasóga¹⁹⁶/ móra agus é an
fuar¹⁹⁷. Ar an dtaobh eile den mbóthar do bhí bean/ n-a suidhe i bhfuinneóig. Do
chonnac sí loirgne/ nochta./

Táim marbh ag tinneas cinn indiugh.

230

Feabhra De Sathairn 24/24¹⁹⁸

Tinneas cinn indiugh airís¹⁹⁹/ budh mhaith an rud go raibh an mhaidean breágh bog/
agus ná raibh aon fhuacht san oidhche. Ó! tá mo/ cheann ag scoltadh./

235 Ní dheaghas go pobal an bhidh in aochor indiugh.²⁰⁰/ Tugann B. arán im, té
báine, siuicre go leór/ chugham agus bíonn póta le haghaidh te do deunamh/ ag
Breiteamhan i gcomhnaidhe – níl aon deoch²⁰¹/ eile againn, fairír! ach uisce agus cé
hé go/ bhfuil dúil aige in uisce?/

Ghaibh Mac B. agus me féin tímcheall na/ páirce 5 nó 6 uaire agus níor
240 bhraitheamair/ uair nó dhó chluig²⁰² ag imtheacht thart, lá aoibhin²⁰³/ do b'eadh é.
D'amharcamair Sléibhte Cille Mantáin²⁰⁴/ in achar uainn. Do sheól mo smaointe ó
thuaidh /19/ i dtreó Sleibhte Átha Cliath agus shleamhnuigheadar síos/ 'on chathair go

¹⁹⁴ léigh tímcheall in ionad tím=

¹⁹⁵ tím add. ach stríoctha amach

¹⁹⁶ os cionn na líne agus caret i ndiaidh ar; gcaso add. i ndiaidh an caret ach stríoctha amach

¹⁹⁷ agus é an fuar os cionn na líne agus caret ar an lánstad i ndiaidh móra

¹⁹⁸ léigh '24/23' in ionad 24/24

¹⁹⁹ deireadh an fhocail doiléir, cuid de s stríocthe den leathanach

²⁰⁰ níl lánstad ar bith i ndiaidh indiugh, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é

Tugann

²⁰¹ deoch//, an séimhiú ar c stríocthe den leathanach; deireadh an fhocail doiléir, c tréigthe; an leathanach stríocthe trí o

²⁰² lár an fhocail doiléir, i ceartaithe ó rud éigin

²⁰³ lár an fhocail doiléir, dúch doirte ar an séimhiú ar b

²⁰⁴ deireadh an fhocail doiléir, cuid den dara n stríocthe den leathanach

dtí tig áirighthe, ar mhnaoi áirighthe./ Stadas. D’fheuchas de dhruim mo ghualann ar/
na poblaibh a tógadh lé linn na dTeans²⁰⁵ agus/ mhachtnas, “Is annsan do bhí sé i
245 mbraighdeanas/ lé linn dom teacht ón Oileán Úr, tréis é do phósadh/ léithe²⁰⁶ sé
seachtmhaine roime sin” do thairngeas/ osnadh. Do thug Mac B. fé ndeara é “²⁰⁷Cad
é?”/ d’fhiafruig se, “Faic,” arsa mis’, agus dinneas dranghaire./ Shiubhallamair linn./
Ar a 3 chlog tháinig²⁰⁸ sagart ‘on champa²⁰⁹/ le haghaidh faoisdin. Do
thaithnig a dheallramh liom./ Níor tuigeadh dom me fein ullamh i gceart/ lé dul
250 chuige ach lé cóngamh Dé agus mé/ slán an tseachtmhain²¹⁰ seo chughainn./
Tráthna²¹¹ glórmhar²¹². Tinneas trom/ cinn. Do bearras²¹³ mo cheann go lom
indiugh/ agus²¹⁴ uathbhásach an radharc me.²¹⁵/

Feabhra Dé Domhnaigh²¹⁶ 25/24²¹⁷.

255

Do ceileabhradh aifreann indiugh/ i bpobal a 16. Do bhí an áit palcuigthe. Do rángas
féin /20/²¹⁸ agus Mac Breitheamhain²¹⁹ deidheanach mar do bhíomair ar/ ceudlongadh
nuair glaodh orainn. Do labhair an sagart/ ámhairín linn agus dubhairt gur bh’²²⁰
chúram féin annso/ – anamcharadas na mbráighe, agus go dtabharfadh/ dhá chuaird go
260 laetheamhail ar an gcampa lé/ cainnt do dheunamh lé haonne gur theastuig
cómhairle²²¹/ anama uaidh nó go raibh ao’ nidh ag deunamh toirmisc/ dá inntin. Lá
breágh éigin aca so tá fúm dul/ da agallamh./

Amach in árd an lae do thug Mac B. P. Ó h U./ agus me féin cuaird tímcheall
ár rioghachta agus do/ chuireamair agus do chúitigheamair mórán rud./

²⁰⁵ gaelú ar ‘Tans’

²⁰⁶ folínithe faoi dhó

²⁰⁷ doiléir, na comharthaí athfhriotail scríofa go doiléir

²⁰⁸ an add. ach stríoctha amach

²⁰⁹ deireadh an fhocail doiléir, an dara a scríofa go doiléir

²¹⁰ e add. i ndiaidh n ach stríoctha amach

²¹¹ léigh, b’fhéidir, ‘Tráthnóna’ in ionad Tráthna

²¹² rud éigin add. os cionn g ach stríoctha amach

²¹³ tosach an fhocail doiléir, b ceartaithe ó e

²¹⁴ is cosúil gur fágadh ‘is’ ar lár idir agus agus uathbhásach

²¹⁵ níl lánstad ar bith i ndiaidh me

²¹⁶ lár an fhocail doiléir, an séimhiú ar m smeartha

²¹⁷ léigh ‘25/23’ in ionad 25/24

²¹⁸ féin add.

²¹⁹ tosach an fhocail doiléir, an chéad i ceartaithe ó a

²²⁰ is cosúil gur fágadh ‘a’ ar lár idir bh’²²⁰ agus chúram

²²¹ deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stríocthe trí e

265 Do tionóladh sinn go léir tréis séire agus/ do toghadh oifigidhe i gcómhair an phobail.²²²/

Feabhra De Luain 26/23

270 Oidhche fhiaian fhliuch an oidhche airéir./ Do dhúisig an anatha me go minic. Do dhéin an ghaoth glór/ uaigneach i gcoinnibh an phobail, agus b'ait leat ar léinteacha/ agus ár dtubháilí ag crothadh leis an ghaoith a euluig trí/ shíomtaidhibh an phobail, fén mbúndalaig agus fés na/ dóirsibh in athsholas na dteinteacha agus an aibhle ón dtaobh/ amuigh.²²³ /21/ Tá an ghaoth ag séideadh fós agus an talamh chómh fliuch

275 salach/ san ná deaghaidh amach ach beagán. Tá mo thinneas cinn/ nách mór scaipighthe. Do shásaimh mo cheudphroinn níos feárr/ indiugh me, agus cé gur lugha an phroinn ná aon lá ní/ raibh aon dochma orm. Níor dheineas aon mhoill i²²⁴ bpobal/ an bhidh chómh luath agus fuaireas mo chantam ach filleadh/ ar mo phobal²²⁵ féin lé súil go mbeadh Seósaimh rómham./ Ní raibh ach ráinig sé sara raibh mo phroinn

280 caithte/ agam²²⁶ - dhá bhallóig aráin fén oscail, pota té i láimh/ leis agus dhá gheannc feóla san láimh eile,a folt fada²²⁷ / liath n-a straoil lé gaoith./

Táimíd gan aon tsolas anocht. Ag gach/ teine tá gasradh bailighthe, amhráin agus aithriseóireacht/ ar siubhall. Ag bun mo leapan sa tá beagan againn/ ag diospóireacht deachtadh agus cómhacht na n-easóg²²⁸ i/ dtaobh faoisdine agus aroile.

285 Airéir b' é²²⁹ m'argoint se/ gur b' é baramhail na n-easbog, ceart nó mícheart, dlighe/ na heagailse go dtí go n-aontuigheas nó go ndiultuigheas/ an Róimh é. B' é argóint fir eile go mbaineann sé/ leis an gcaonaidhe agus gur b' é a²³⁰ chognas féin /22/ a stiúir. Indiugh, iomorra, do bhí cainnt ó easbog agus/ ó shagart ar an bpáipéar n-ar foillsigheadh go soiléir/ ná raibh sé de cheart ag sagart ná duine²³¹ aonair a chognas

290 féin²³²/ do leanamhaint. D'áitigheas go rabhamair-ne fé choineal/ bhádha fós agus go

²²² *níl lánstad ar bith i ndiaidh phobail*

²²³ *faoi bhun ón dtaobh; níl lánstad ar bith i ndiaidh amuigh, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Tá*

²²⁴ *os cionn na líne agus san add. stríoctha amach faoi*

²²⁵ *an leathanach stróicthe trí b*

²²⁶ *lánstad add.*

²²⁷ *deireadh an fhocail doiléir, an dara a scríofa go doiléir*

²²⁸ *n-easbog*

²²⁹ *mo add. ach stríoctha amach*

²³⁰ *com add. ach stríoctha amach*

²³¹ *ná duine os cionn na líne agus caret idir sagart agus aonair*

²³² *os cionn na líne agus caret i ndiaidh chognas*

mbeimís, d’aimhdheóin cead faoisdine agus/ aifrinn, go labharann an Róimh

Cuir²³³ deireadh²³⁴ leis/ an áiteamh./

Thairng sceul sceul agus ar ball do bhíomair ag/ innsint teagmhas n-ár
mbeatha. Mac an Bháird,/ fear bog, soilbhir, do chuir sé i dtrithidhibh gáirí sinn/ lé n-
295 a sceultaibh: “Do bhíos,” ar seisean “²³⁵ ag taisdeal/ ar an b*Fall River Line* go Nuadh
Eabhrach.²³⁶/ Turus²³⁷ ist oidhche b’eadh é, agus ar amharc an lucht/ taisdil dom
taidhbhsigheadh dom nár mhisde me beagán láin/ do bheith fúm. Ar²³⁸ an aigne²³⁹ sin
chuadhas go dtí crinlinn/ le hinntin leitir nó dhó fé chí na cómhluchta do scríobh/ go
dtí cáirdibh dom. A’s mé ag cromadh ar scríobh do/ theurnuig bean im dháil agus
300 d’agall me. Do bhí sí gabhtha/ i gculaith bán ó bhonn bathas, bróga stócaidhe as
uile.²⁴⁰/ Cé ná raibh sí tighearnamhail do bhí sé²⁴¹ anchainnteach /23/ thug sí lé
tuigsint dom go raibh coite (*yacht*) aice sa/ deisceart, gur chuir sí suim i ráiseannaibh,
go raibh/ árdghiúl aice i dtaisdeal dúithchí agus fé dheóidh do thug/ cuireadh dhom
gluaiseacht ó dheas. Dréir deallraimh/ bean shaidhbhir dob eadh í. Ní fheadar ar
305 dheineas/ dearmhad? Gan amhras ní raibh iomad dathamhlachta in/ a uallach uirthé²⁴²
ach mar sin féin.²⁴³”

Mac Breitheamhain a rugadh thall agus me féin go bhfuil/ eólas mo dhóthain
agam ar imtheachtaibh na dúthaighe/ thar lear do dheineamair gáire as bheul a chéile./
Do phreab Mac an Bháird ach chun gan gruaim²⁴⁴ do chur/ air dubhramair, “Do
310 chaillis²⁴⁵ seans iongtach,²⁴⁶ feuch/ an saoghal a bheadh ó shoin agat, d’fheudfá
gunnaidhe/ as lón cogaidh do bhreith go hÉirinn id choite” “Dar/ fiadh san,” ar
seisean “²⁴⁷ agus cé hé ná reicfeadh beagán ar/ son a tíre²⁴⁸ mar a raibh sí dathamhail
féin.²⁴⁹”/

²³³ *is cosúil gur fágadh ‘san’ ar lár idir Cuir agus deireadh*

²³⁴ *deireadh an fhocail doiléir, an dara d athscríofa*

²³⁵ *níl comhartha athfhriotail ar bith roimh ag*

²³⁶ *níl lánstad ar bith i ndiaidh Eabhrach, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é*

Turus

²³⁷ *lánstad add.*

²³⁸ *os cionn na líne agus leis add. stríoctha amach faoi*

²³⁹ *os cionn na líne agus inntin add. stríoctha amach faoi*

²⁴⁰ *níl lánstad ar bith i ndiaidh uile, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Cé*

²⁴¹ *léigh ‘sí’ in ionad sé*

²⁴² *ac add. ach stríoctha amach*

²⁴³ *níl lánstad ar bith i ndiaidh féin*

²⁴⁴ *deireadh an fhocail doiléir, m ceartaithe ó rud éigin*

²⁴⁵ *deireadh an fhocail doiléir, i ceartaithe ó e*

²⁴⁶ *comharthaí athfhriotail add. i ndiaidh iongtach ach stríoctha amach*

²⁴⁷ *níl comhartha athfhriotail ar bith roimh agus*

²⁴⁸ *m add. ach stríoctha amach*

²⁴⁹ *níl lánstad ar bith i ndiaidh féin*

Annsan d'inns sé sceul eile mar é dúinn,/ sceul gur bhaineamair sult mór as.
315 Do chaitheamair/ seal subháilceach i dteannta chéile./

Sar²⁵⁰ a ndubhradh an Choróin do bhí páirseach /24/ mine choirce againn.
Chuamar go léir a chodladh go/ suairc d'aimhdheoin na báistighe agus na gaoithe./
Do chaith Mac B. agus me féin seal fada san bhfrassholas ag/ trácht ar nidhthibh
discréideacha a bhain linn féin.^{251/}

320

Feabhra Dé Mairt 27/23.

Oidhche fhiadhain²⁵² fhliuch an oidhche/ airéir, dribhsiúr don oidhche roime sin.
Salach fliuch ó/ mhaidean gan fonn ar aonne dul amach. Níor/ léigheas faic fós
325 indiug agus níor scríobhas. Do b'fhearr/ an phroinn indiugh – thug²⁵³ Seósaimh pláta
mór/ feóla, póire agus teornapaidhe leis, dóthain beirte agus/ i dteannta an chantaim
bhig a fuaireas féin i/ bpobal an bhidh bhí ár leórndóthain againn, d'ól/ P. Ó hU. té n-
ár bhfochair tréis proinne./

An fear a chóimhriogheann sinn tréis ama dúnta agus/ tréis éirighthe ar maidin
330 thug sé pacaod mór toitíní/ dhom. Do chuir san eud ar chuid dom
chómharsanaibh.^{254/}

Táimid gan aon tsolas anocht. Gan solas gan/ ceacht Gaedlinge. Táimid n-ár
suidhe i bhfreassholas²⁵⁵ na/ teineadh gach aonne sa sceul féin aige, do chaitheas féin/
géilleadh do iarratas na gcuideachtan chuid dem/ eachtra ar Áth Cliath do ríomh agus
335 dheineas – S. O²⁵⁶ S./ S. Mac Stiofáin, Stiofán Mac Éanna, Cúnt Meaircibhits /25/
agus mórán eile./

Feabhra De Ceudaoin 28/23

²⁵⁰ ár add. ach stríoctha amach

²⁵¹ Do chaith...linn féin. i lár an leathanaigh roimh an leathanach seo (verso leathanaigh 23/leathanach 57), líne tarraingthe ina thimpeall agus saighead tarraingthe uaidh i dtreo na coda seo den leathanach

²⁵² f add. ach stríoctha amach

²⁵³ rud éigin add. ach stríoctha amach

²⁵⁴ níl lánstad ar bith i ndiaidh chómharsanaibh

²⁵⁵ lár an fhocail doiléir, an chéad s athscríofa

²⁵⁶ lánstad add.

340 Maidean ghlórmhar. Tá an/ ghrian ag taithneamh go haoibhin ar an gCurrach
indiugh.²⁵⁷ /

Lá troscaidh an lá indiugh. An blúirín éisc a/ fuaireamair²⁵⁸ ní chuirfeadh sé
cruach ar spíonóig./

Níor tháinig leitir ná beartán indiugh. Do/ fuair fíorbheagán toitíní agus do
345 thosnuig cuid mhaith/ aca “ag imirt ar shaighdiúríbh”, sé sin ag lorg búndáin/ an toitín
sara mbeadh dhá ghal agat. Foillsigheann san²⁵⁹ gorta an earra inmhianta san – tobac/
do bhí cuid aca ag ól té in ionad tobac./

Ní raibh aon tsoillse againn go dtí/ a 9 a chlog. Gan choine²⁶⁰ leis lasadar agus
tugadh gáir mar/ is cruaidh a bhíodar in easnamh orainn./

350 Gabhadh tímcheall ag tógaint ainmeacha/ i gcómhair Cuirm Ceóil ist oidhche
De Domhnaigh seo/ chughainn./

Bhraitheamair uainn an choinnimh ghnáthach/ anocht – Ó Leathlobhair ag
amhrán, Ó Ríoghbhardáin/ ag rinne, ag amhrán agus ag aithris. Áilteóir ceart seadh
/26/ é agus dá mbeadh in aon tír eile do dheunfadh beatha mhaith ./²⁶¹

355

Márta Deardaoin²⁶² 1/23

Mhaidean bhreágh an mhaidean/ indiug agus do bhí an lá mar sin go hárd an
tráthnóna/ gur iompuig sé cruaidh glas nuair chuaidh an ghaoth/ soir./

360 Indiugh an cheud lá go bhfuair amair ar/ gcoirce feóla i gcómhair proinne./

Do ghaibh P Ó hU. Mac B. Mac an Bh agus me féin/ tímcheall an ghuint agus
do chuireamair an chúis trí chéile.²⁶³ / Táimid ar aon inntin n-a taobh./

Márta, Dé Luain 5/23: -

365

Níor scríobhas ao' nidh lé lá/ nó dhó anois. Táim gan leitir gan beartán ó thánagh
annso./ Tá gannchúise toitíní orm. Ní deurfainn ná gur/ bhféarr do bhein dá n-

²⁵⁷ níl lánstad ar bith i ndiaidh indiugh

²⁵⁸ os cionn na líne agus fuairmeair add. stríoctha amach faoi

²⁵⁹ léigh, b'fhéidir, 'so' in ionad san

²⁶⁰ os cionn na líne agus coin add. stríoctha amach faoi

²⁶¹ líne ornáideach ar an gcéad líne eile

²⁶² Márta Deardaoin os cionn na líne agus Feabhra Déardaoin add. stríoctha amach faoi

²⁶³ níl lánstad ar bith i ndiaidh chéile, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é
Táimid

eughmais mar braithim tinneas/ cinn ndiaidh cinn nó dhó. D’aimhdheóin sin tá an/
dúil cheudna agam ionnta./

370 Lá aoibhin áluinn dob’ eadh an lá indé,/ d’eirig an²⁶⁴ ghrian thaithnig sí i rith
an lae go glórmhar.²⁶⁵ / Lá subháilceach sa champa dob eadh é.²⁶⁶ D’fhear gach /27/
“*compound*” Cuirm Ceóil: do bhí an lá an oireamhnach aca/ so gur méine leó bheith
ag súgradh nó ag siubhall lasmuigh/ nó ná feudfadh slighe d’fhaghail ag an gCuirm
Ceóil/ – mar bhí an áit palcuighthe. Do ghnóthuig ár/ bpobal-na an t-aisteóir²⁶⁷ a
375 bfeárr go bog – Seán/ Ó Ríoghbbhardáin²⁶⁸, – ar rinnce, amhráin aitis, aithris,/ luadhaill
agus aroile. Sid é an cheud tagairt agam do Sheán. /²⁶⁹ Tugann sé coinnimh dhúinn
gach oidhche/ agus cuireann an chuideachta i dtrithíbh gáirí./ Níl aon amhras ná gur
luadhaill beartha é./ Indé gleusadh é i mbalcaisidhibh a bfeárr ná mar/ is gnáthach leis
do bheith air. Chuir sé féin blúirín croimbéil/ ar féin mar Charlie Chaplin, do ghlac sé
380 cána/ hata cruaidh agus d’iompuig²⁷⁰ amach a bhróga ag siubhall/ do. Níl aon amhras
ná gur ghaibh sé an aimsir lé/ subháilceas do lucht a éisteachta./

Um thráthnóna do ghluais dá luing aeir os/ cionn an Churraigh.

Thímchealladar dhá uair é agus/ d’imthigheadar. Dho scuab an bratach ó
fhóirgneamh/ mór thall annso agus do dheallruig sé go maordha /28/ ar mhóinteán an
385 Curraig do bhí treud nó dhó mór/ caorach ag inbhear, fothdhuine ag siubhall, agus ó/
uair go huair do bhreithnigheas gluaisteán go fuadrach./ [Soir agus ó thuaidh Sléibhte
Cille Mantáin. Budh/ bhreágh an radharc iad, scáil scamall mall mar/ plaincéadaibh
ortha ar aitreampaibh. Ar an achar so/ uaim do thaidhbhsig a n-uachtar chómh slínn
as dá/ gcimiligheadh²⁷¹ fathach mór groidhe éigin a bhas díobh/ mar chimleann leanbh
390 do chnapógaihb²⁷² gainmhe ar/ thráig bháin. [Tamaillín²⁷³ beag uaim tá maoilin beag/
agus pairceanna réidhe bhána n-a tímcheall nach mór/ suas go dtí n-a gruadh agus an
caipín garbh. Is cosamhail/ a chuma leis²⁷⁴ an bplaoscáinín beag a chidhfeá/ ar
cheann bráthar. Do bhí fear den ghárda anscáinteach/ anghoirgeach. Do bhagair sé ar

²⁶⁴ *tosach an fhocail doiléir, a scríofa go doiléir*

²⁶⁵ *doiléir, an lánstad nasctha leis an r roimhe*

²⁶⁶ *Do add. ach stríoctha amach*

²⁶⁷ *lár an fhocail doiléir, s ceartaithe ó t*

²⁶⁸ *síneadh fada add. os cionn an chéad a ach stríoctha amach*

²⁶⁹ *Tugadh add. ach stríoctha amach*

²⁷⁰ *os cionn na líne agus do chuir add. stríoctha amach faoi*

²⁷¹ *lár an fhocail doiléir, an dara i ceartaithe ó e*

²⁷² *os cionn na líne agus chnapoga add. stríoctha amach faoi*

²⁷³ *lár an fhocail doiléir, m ceartaithe ó rud éigin*

²⁷⁴ *síneadh fada add. os cionn e ach stríoctha amach*

na príosúnaig go/²⁷⁵ lámhachfadh sé iad. [Tréis múchta na soillse do/ bhítheas ag
395 caitheamh urchar, ag deunamh gleóidh agus/ ag cur ár gcodladh amugha orainn: do
bhí a/ rian air ar maidin indiugh is beag duine a bhí/ n-a beathaidh nuair ghaibh an t-
oifigeach feuchta/ timcheall.^{276/277}

/29/ Márta²⁷⁸ 7²⁷⁹/23 Dé Ceudaoin: -

400

Lá troscaidh ‘seadh an lá indiugh./ Níor chuir san aon mhairg orm, mar is maith liom
iasc agus cé/ go rabhas deidheanach i gcómhair proinne do fuaireas breis/ a’s mo
chion: chuadhas suas go dtí conntabhairt na cisteann²⁸⁰/ agus chuireas mo chás in iúil
da chion go bhfuaireas/ cuid mhaith. [Sé bheir dom beith deidheanach gur thugas
405 cuaird²⁸¹/ ar an bpobal n-a bhfuil Seósaimh Mac Cathmhaoil, an/ file, agus gur
chaitheamair seal fada ag cainnt ar/ daoinibh cómhaitheantais dúinn in Áth Cliath
agus aroile, mar/ tá Seumas Ó Súileabháin (Starkie) an Steofánach agus aroile./ Go
deimhin féin budh shoilbhír an tamall a bhí againn/ i dteannta chéile. Budh chuimhin
leis me agus mise/ eisean. Do bhuaileamair lé chéile blianta ó shoin/ amuigh i dTig
410 Cnoc lasmuigh de Bhláth Cliath. Do bhíodh/ bóthan ag an²⁸² mBárd (mar thugaimís
ar Sh. Ó S)/ ann agus thagadh a bhuachaillí muinnteartha²⁸³ go léir ar/ cuaird ann. Do
bhí bóthán ag Seosaimh²⁸⁴/ sag n-a mhnaoi ann; anois tá feirm²⁸⁵ aca/ i gCill Mantáin.
Do chainntigheamair ar Pharker/ go raibh an tig cruinn aige, ar Art Ó Gríobtha,/
Colm, AE agus na báird go léir. Do thugas cuireadh/ té do Seosaimh n-ár bpobal
415 na.^{286/287}

Leathanach ar iarraidh

²⁷⁵ go add.

²⁷⁶ faoi bhun t-oifigeach; níl lánstad ar bith i ndiaidh timcheall

²⁷⁷ líne ornáideach ar an gcéad líne eile

²⁷⁸ De add. os cionn na líne ach stríoctha amach

²⁷⁹ doiléir, 7 ceartaithe ó 8

²⁸⁰ lár an fhocail doiléir, t ceartaithe ó d

²⁸¹ cuairt//, cuid de d stríocthe den leathanach

²⁸² bfile add. ach stríoctha amach

²⁸³ deireadh an fhocail doiléir, an séimhiú ar d nasccha le d

²⁸⁴ ‘sag add. ach stríoctha amach

²⁸⁵ eóir add. i ndiaidh m ach stríoctha amach

²⁸⁶ níl lánstad ar bith i ndiaidh na

²⁸⁷ líne ornáideach ar an gcéad líne eile

/31/²⁸⁸ anois, feuch cad deir an fear²⁸⁹ san leis an mnaoi – bhí/ sé ag meuráil ar
420 bhreacaibh²⁹⁰ in abhain ait.” Tuigeann/ tú an tagairt./

De hAoine – Márta 16 adh lá

Níor scríobhas aon rud lé seachtmhain./ Cad n-a thaobh? Is iomdha rud budh bhun
425 leis. Ar dtúis do bhí/ an aimsir anfhuar anchruaidh – an Márta ghá theasbáint féin
gan/ dearmad. Annsan do choisc aimhréidhteas an uile nidh é²⁹¹ de chion amhrais/
gur²⁹² euluig bráigheanna agus go rabhtas ár gcómhaireamh agus/ dár
athchómhaireamh i rith na seachtmhaine. Cuireadh iongtais/ orainn tráthnóna²⁹³
seachtmhaine a’s lae indiugh nuair cuireadh/ sinn go léir fé ghlas. Um an dtaca
430 cheudna do ghaibh an/ ráfla tímcheall gur euluig duine éigin. Coimeádadh fé/ ghlas
sinn go meádhon lae an tSathairn gan fiú amháin/ ár gceudphroinn d’fhaghail. Ach do
bhí lucht na bpobal eile/ i bhfad níos²⁹⁴ measa as ná sinne – cuid aca ná fuair faic/ lé
h-itheadh go tráthnóna deidheanach. Annsan, mar/ dubhradar do fuaireadar idir
cheudphroinn agus phroinn/ in aonacht é. Agus in ionad sinn do leigeant go dtí/ Pobal
435 an Ithte cuireadh an séire isteach cughainn. Sin rud/ budh cheart do dheunamh dúinn i
gcómhnaidhe.²⁹⁵/

I rith na seachtmhaine do cuireadh leabharlann/ ar bun. Seósaimh Mac
Cathmaoil, an dochtúir,/ Eudhmann Mach an Artaig agus me féin is bun leis. Níor/
fhreagair cuid des na poballaibh go rómhaith agus²⁹⁶ /32/²⁹⁷ dá chionn san níl againn
440 fós ach fíorbheagán leabhar. Ach/ bíonn gach tosnugh lag./

Tagann beagáinín againn i dteannta chéile/ ar feadh tamaill gach lá agus
cuirimíd mórán rud tré n-a chéile/ leitrídheacht, poilitídheacht agus ceisteanna
coimhdeachta²⁹⁸ –/ uaireannta istig sa phobal n-a bhfuil Seósaimh Ó Cathmaoil,
uaireannta/ amuigh fén bpáirc. Trachtann Seósaimh agus me féin/ ar rudaibh eadrainn

²⁸⁸ níltear in ann a rá céard é dáta na hiontrála seo

²⁸⁹ an leathanach stróicthe trí r

²⁹⁰ an leathanach stróicthe tríd an séimhiú ar an dara b

²⁹¹ os cionn na líne agus caret idir nidh agus de

²⁹² an leathanach stróicthe trí g agus idir u agus r agus téip ghreamaitheach air

²⁹³ os cionn na líne agus maidean add. stríochotha amach faoi

²⁹⁴ os cionn na líne agus ni add. stríochotha amach faoi

²⁹⁵ níl lánstad ar bith i ndiaidh gcómhnaidhe

²⁹⁶ ag///, us stróicthe den leathanach; cuid de g stróicthe den leathanach

²⁹⁷ agus add.

²⁹⁸ lánstad add.

445 féin²⁹⁹ ná tráchtfaimíd lé daoinibh/ eile ar – cúrsaidhe a bhaineas leis an gcroidhe agus le grádh./

Nuair beidh aga agam ar³⁰⁰ triallfad scríobh mar/ is³⁰¹ cuibhe ar na hócáidíbh seo³⁰² agus ar ár gcómhcainte./³⁰³

450 Dé Sathairn Márta 17 adh – 23.

Indiugh Lá Féile Phádraig. Nách diachrach/ an áit é seo do dhuine an lá-so do chaitheamh? Agus nách ait dothuigse/ an cúrsa é seamróg do theacht isteach annso ó dhaoinebh muinnteartha/ – Seamróg dá chur ó bhall go³⁰⁴ ball in Éirinn! Éireannach
455 ag fághail/ seamróige tríd an bpost ‘n-a dhúthaig féin!/
Ní cuimhin liom cá rabhas bliain a’s lá indiugh ach is/ maith is cuimhin liom cá rabhas dhá bhliain a’s lá indiugh./

Bliain a’s lá indiugh do bhí an cnuasach seamróige/ a chuireas chúiche ag Cáitín Crosta ghá chaitheamh. Indiugh an bhfuil/ seamróg aice nó an
460 gcuimhnigheann sí ormsa? Bliain an taca³⁰⁵/ budh mór é a fonn teacht go hÉirinn ar mo thuairisc; budh mhór/ é mo shúil lé n-a teacht. Nách mór an³⁰⁶ t-atharugh thagann i³⁰⁷ mbliain./ Ní fheadar an bhfuil an t-eó³⁰⁸ aice a bhronnas uirthé. Nó an bhfuilim/ imthighthe as a cuimhne ar fad? Is deacair a rádh go bhfuilim agus a/ cheanamhlacht do bhí sí orm. Á, tugaimíd ár smaointe ar rud éigin/ eile. Tá cuimhnte gleoidhte
465 aoibhne agam uirthé ach tagann/ uaigneas ar a bhfuaid..../

/33/ Lá³⁰⁹ cruaidh tirim scuabach fuar ‘seadh é. Tá bratach na poblachta/ lé gaoith ó thúr an champa. Do chaitheas tamall ag faire ar/ Sh. Ó Cathmhaoil ag deunamh liathróidí teine – tá gannchar guail/ orainn – as chré agus dhríodor guail. Do chaitheas seal ag faire/ ar na caoiribh ag inbhear lasmuigh den gcampa. Ainmhidhthe
470 bochta/ balbha nách feadair gur cimí sinn. Agus na cearca cím iad/ ag priocadh ‘sag scríobadh thart thímcheall a’s gan suim aca n-ár/ staid..../

²⁹⁹ *deireadh an fhocail doiléir, sleamhnú pinn trí n*

³⁰⁰ *tosach an fhocail doiléir, dúch doirte ar a*

³⁰¹ *an leathanach stróicthe trí i*

³⁰² *deireadh an fhocail doiléir, dúch doirte ar eo*

³⁰³ *líne ornáideach ar an gcéad líne eile*

³⁰⁴ *os cionn na líne agus in E add. stríoctha amach faoi*

³⁰⁵ *is cosúil gur fágadh ‘so’ ar lár i ndiaidh taca*

³⁰⁶ *tosach an fhocail doiléir, a tréigthe*

³⁰⁷ *doiléir, i ceartaithe ó a*

³⁰⁸ *tosach an fhocail doiléir, t ceartaithe ó e*

³⁰⁹ *níl céad líne an ailt seo eangaithe*

... Is ait é toisc an tsaoghail./³¹⁰

Déardaoin Márta 22/23.

475

Níl faic dá³¹¹ scríobh agam an/ aimsir seo. Ná níl faic dá dheunamh agam ach an oiread. Imthigheann/ an lá uainn gan choinne leis. Rúnata daingeara³¹² an/ lae indé leaghaid mar ceó abhan./

Cúpla tráthnóna ó shoin a's sinn ag siubhal/ tímcheall an guirt do thugas fé
480 ndeara cuid dár ndreamna/ ag feuchaint sall ar champa a 3. Shíneas mo shúil san/ treó
cheudna go rabhadar ag dearcadh agus chonnac gasra/ bheag shaighdiúirí ar a
nglúinibh. Scéidh sé amach 'n-a dhiadh/ san gur lamhadh foraire foraire eile. Budh
thruaighmhéileach/ amharc ar an ngasra i gciúnas an tráthnóna agus cuid/ dár
mbráigheannaibh-ne 'n-a seasamh ar an dtaobh eile/ den *bhaghar*³¹³. Do³¹⁴ chaith
485 duine éigin an carghall³¹⁵ gurbh/ iongadh ná deaghaidh ár ndreamna ar a ghlúinibh go
ndubhairt/ duine éigin nár bh'aon³¹⁶ truagh daoine go raibh piléir chomh/ hullamh aca
n-ár gcomhair-ne agus go sceinid ar a ngunaidhibh³¹⁷/ chómh neamhthuisseach san.
Rádh a fuair gradam ameach/ a lucht éisteachta./

Tá cuma dhorcha tagtha ar an lá –/ báisteach is dócha. Ach dar ndóigh ní mór
490 ná gur cuma/ dhúinn cad é an saghas aimsire a bhíonn againn./

Tá leitreacha agus beartáin coiscthe ar /34/³¹⁸ fad orainn anois. Ní fios cad é
an tuar é nó cad é an/ fuadar atá fé lucht ceannais an tSaorstáit./

Indiugh agus Seósaimh Mac Cathmhaoil Próinsias/ Stiobhárd agus me féin 'n-
ár suidhe i seómra an bíd, an beirt/ aca ag léigheamh a gcuid filidheachta ar a
495 dturas³¹⁹ cé tiocfadh/ isteach ná Frathar, fear a bhuail liom agus mé i/ Luimneach,
agus shuidh go ciúin ag eisteach díreach³²⁰ agus/ an Cathmhaoileach ag aithris an
dáin do cheap sé i Mtjoy/ ag tagairt don mball ionfhormadach san. Ag feitheamh le/

³¹⁰ líne ornáideach ar an gcéad líne eile

³¹¹ scríobh add. ach stríoctha amach

³¹² deireadh an fhocail doiléir, an dara n ceartaithe ó rud éigin

³¹³ gaelú ar 'wire'

³¹⁴ dhein add. ach stríoctha amach

³¹⁵ gur io add. ach stríoctha amach

³¹⁶ lár an fhocail doiléir, a ceartaithe ó é

³¹⁷ síneadh fada add. os cionn u ach stríoctha amach

³¹⁸ ar add.

³¹⁹ ce add. ach stríoctha amach

³²⁰ deireadh an fhocail doiléir, dúch doirte ar c

cúirt saighdiúirí bhí Frathar i dtaobh boscaidhe éisc³²¹ do ghoid. Ní/ raibh an cúrsa ag cur aon chaduaic air. Tréis gabháil amach³²²/ dúinn d’ínnseas do Sheosaimh a’s do
500 Phróinsias i dtaob/ Frathar agus dúbhradar³²³ nár mhisde é do ríomh i ndán./

Tá cruinniugh i dtaobh Gaedlinge lé beith againn/ ar a 3.30. Ní fheadar cad thiochfaid as./³²⁴

Dé Domhnaigh: 3x25x23

505

Lá aoibhin grianmhar – ár mbratach anáirde/ indiugh airís aca – nár bh’uathbhásach an oidhche airéir í lé gleo agus/ lé clampar – urchair, peiliúir, pláincéadaidhe, bróga ag imtheacht/ tríd an aer lé fuinneamh. “Fé chlúdach annsan duit!” “Dom cheann/ é! Seachain tú féin, a sheanbhean³²⁵.” Annsan calán an fhuail ghá³²⁶/ druideam suas
510 agus anuas, gach aon’ne ag coimeád a bholtha/ uaidh féin – gáir: “Fualchalán uimhir I uilechóir!” ag deunamh/ aithris ar an ngárda oidhche. Do³²⁷ gháir gach aon’ne. “An Dóchasach” budh bhun³²⁸ lé furmhor an ghleóidh mar is gnáthach leis..... Tá/ rud éigin ar siubhal – an eireóchaidh leis?.../

Thugas cuaird ar an mBárd n-a phobal./ Bíonn a fhios agam i gcómhnaide
515 chómh luath a’s theidhim go dtin doras/ é³²⁹ bheith nó gan bheith istig mar bíonn a cheann mór maordha/ lé feicsint agus é n-a chromadh os cionn a leabhar ar a leabaidh³³⁰.³³¹ /35/ Do dheineamair cómh rádhd fada. Is³³² aoibhin³³³ liom an³³⁴ bárd ag léigheamh a/ cuid filidheachta mar dhein an lá eile de ghuth láidir dhoimhin dhaingean/ dhordánaig. Is éigin guth mhaith³³⁵ shaidhbhir i gcómhair filidheachta./
520 Do dheineamar cainnt ar lucht³³⁶ ár gcómhathantais atá dulta/ amugha. Tá an bheirt

³²¹ *tosach an fhocail doiléir, an síneadh fada ar e nasctha le f san fhocal feitheamh atá ar an líne roimhe seo*

³²² *an leathanach stróicthe trí ac*

³²³ *gur add. ach stríoctha amach*

³²⁴ *líne ornáideach ar an gcéad líne eile*

³²⁵ *tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar s nasctha le s*

³²⁶ *os cionn na líne agus ag add. stríoctha amach faoi*

³²⁷ *ghair add. ach stríoctha amach*

³²⁸ *rud éigin add. ach stríoctha amch*

³²⁹ *rud éigin add. ach stríoctha amach*

³³⁰ *deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí d*

³³¹ *doiléir, an lánstad tréigthe*

³³² *an leathanach stróicthe trí s*

³³³ *an leathanach stróicthe trí a agus trí b*

³³⁴ *an leathanach stróicthe trí n*

³³⁵ *an leathanach stróicthe trí m*

³³⁶ *an leathanach stróicthe trí t*

againn ar aon íntin mar gheall ortha má/ mhairimid go deó lé bualadh umpa – éradh agus éimeadh./

Taidhbhsigheann Sléibhte Chille Mantáin níos áilne indiugh/ ná aon lá fós.
Nách croidhespriogach iad datha ár dtíre./

525 D'imreas cluiche fithchill lé Dr.³³⁷ Soirtéas indiugh.³³⁸/ Do bhuaidh sé orm.
Do bhí Seán Ua Tuama mar chúlchearbhadh/ aige. Thugas cuaird ar an ndochtúir
chun cómhchainnte i dtaob/ B – i dteannta chluice do bheith againn ach tháinig beirt
nó triúr/ a dhein teasardha orainn, a choisc ár gcainnt./

530 Dé Máirt 3:27:23.

Thug an lucht ceannais turus go moch indiugh/ orainn – 2 a chlog – do
chomhairigheadar sinn – an rud ceudna i ngach/ pobal. Do bhíodar anghnóthach
airéir. S.O C. P.S agus me féin ar cuaird/ ag an ndochtúir indiugh. Níor eirig linn
535 puinn cainnte do dheunamh/ mar tháinig S. Ó C agus T. de B agus aroile isteach.
Chuir san díombáidh orm./

Lá fuar ceathach gaoithe. Cím saighdiúirí ag/ socrugh an *bhaghair*³³⁹ mar ar
leag an ghaoth airéir é.... Tá gadhairín³⁴⁰/ i bpobal a dó pé áit gur b'as é –
Árduighead chun siubhal/ fear a bhí imthighthe san inchinn.... Do cuireadh an
540 leabharlann/ ar siubhall indiugh – S. O C ag scríobh ainmean na mbronntóirí/ mise
ghá ghlaodhach do.... Tá slaghdán ar mo bheirt/ muinnteartha S. Mac Bh. agus
Míceal Mac an Bháird: is oth liom³⁴¹/ san.... Do fuaireas iasacht “Mian a
Croidhe”.... Níl/ Siúir Treasa léigte fós agam./

545 Deardaoin 3x29x23

Do cuireadh an leabharlann fé sheól indiugh./ Tá ceud leabhar moir againn. Bhí S
Mc C.³⁴² Stiobhairt láithreach. Níor tionnscnadh³⁴³/ ár leabharlann lé fleadh ná óráid

³³⁷ *Dochtúir*

³³⁸ *níl lánstad ar bith i ndiaidh indiugh, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é*

Do

³³⁹ *gaelú ar 'wire'*

³⁴⁰ *gadhair///, í tréigthe agus n stróicthe den leathanach*

³⁴¹ *deireadh an fhocail doiléir, m tréigthe*

³⁴² *is cosúil gur fágadh 'agus' ar lár idir S McC. agus Stiobhairt*

³⁴³ *tionnscn///, adh stróicthe den leathanach*

ach go ciúin gnóthamhail. Cuireann sé/ lúthgháir orainn. Cuaird ar na dochtúiribh;
 550 beirt shoilbhir iad san./ Geallamhaint³⁴⁴ thoitíní. Cad thiochfaidh³⁴⁵ as? Agus³⁴⁶ S. Ó
 C - cad³⁴⁷ thiochfaidh³⁴⁸ /80³⁴⁹ / as a chúrsa ?.... Níl mórán feabhasa ar Sh.³⁵⁰ Mac³⁵¹
 B³⁵²³⁵³ /

Dé hAoine Márta 3x24x23³⁵⁴

555

Aoine an Cheusta! Budh cheart do/ chaitheamh lé úrnaighe agus machtnamh in aon
 tír críostamhail, -/ ach annso in “Éirinn na Naomh as na Suadh” connus tá sí?/ Go
hait³⁵⁵. Annso istig tá daoine gan faic d’itheadh fós (2.15 a chlog)/ tá os cionn 1450
 fear fé ghlas! Cé mhéid againn ag machtnamh³⁵⁶/ ar Dhia? Cé mhéid dár lucht
 560 coimeáda ag machtnamh ar/ Dhia? Agus má táid agus sinne cad fáth an stáid seo/ lá
 mar é? ... Caitheadh piléir³⁵⁷ indiugh³⁵⁸; briseadh dóirse.³⁵⁹/ Cad³⁶⁰ thárlóchaidh
 anocht? Dia dár gcuidiugh -³⁶¹ dár gciúnugh./ An oidhche tráth an mheataig³⁶²
 chun³⁶³ a dhrochghníomh. Is³⁶⁴ feileghníomh³⁶⁵/ sinn do bheith annso. An bhfuiltear

³⁴⁴ an leathanach stróicthe trí e

³⁴⁵ thioch//idh, cuid de f agus cuid de a stróicthe den leathanach; an leathanach stróicthe tríd an gcéad i

³⁴⁶ Ag//, us stróicthe den leathanach; tosach an fhocail doiléir, g tréigthe agus cuid de stróicthe den leathanach

³⁴⁷ ca//, d stróicthe den leathanach; tosach an fhocail doiléir, ca tréigthe agus cuid de a stróicthe den leathanach

³⁴⁸ b’fhéidir; //, an focal stróicthe den leathanach; níl rud ar bith scríofa ar an gcéad leathanach eile sa chóipleabhar; d’iompaigh an Cóta an cóipleabhar bun os cionn ag an bpointe seo agus lean sé den iontráil a scríobh ar verso an leathanaigh cúil

³⁴⁹ 36 add. sa lár ar bharr an leathanaigh, é scríofa i bpeannaireacht an Chóta le peann atá difriúil leis an gceann a úsáideadh leis an gcuid eile den leathanach a scríobh, is cosúil gur scríobhadh am éigin i ndiaidh na coda eile den leathanach é

³⁵⁰ S//, an séimhiú ar S stróicthe den leathanach; tosach an fhocail doiléir, cuid de S stróicthe den leathanach

³⁵¹ M//c, a stróicthe den leathanach; tosach an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí M

³⁵² doiléir, cuid de B stróicthe den leathanach

³⁵³ is cosúil nár scríobhadh rud ar bith eile ar an líne seo ach níltear in ann a rá go deimhneach ar scríobhadh nó nár scríobhadh mar tá barr an leathanaigh stróicthe den leathanach ina dhiaidh seo
³⁵⁴ léigh ‘3x30x23’ in ionad 3x24x23

³⁵⁵ folínithe faoi dhó

³⁵⁶ deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe tríd an dara m agus téip ghreamaitheach air

³⁵⁷ síneadh fada add. os cionn an chéad i ach stríoicthe amach

³⁵⁸ an leathanach stróicthe idir u agus g

³⁵⁹ níl lánstad ar bith i ndiaidh dóirse, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é

Cad

³⁶⁰ an leathanach stróicthe trí C agus téip ghreamaitheach ar thaobh eile an leathanaigh

³⁶¹ doiléir, an fleiscín tréigthe agus an leathanach stróicthe tríd

³⁶² deireadh an fhocail doiléir, g tréigthe agus an leathanach stróicthe tríd

³⁶³ tosach an fhocail doiléir, sleamhnú pinn idir c agus an séimhiú ar c

³⁶⁴ an leathanach stróicthe trí Is agus téip ghreamaitheach air

ag cuimhneamh³⁶⁶ orainn³⁶⁷ ag/ baile indiugh? Á gan amhras táthar... An bhfuilir³⁶⁸
 565 ag/ cuimhneamh orm, a Chaitín Chrosta? A Mhuirinn³⁶⁹? A³⁷⁰/ Cheann Dubh? A
 Mháire? Sibh³⁷¹ uile go léir an bhfuilí ag³⁷²/ cuimhneamh ar an³⁷³ té go luadhadh
 sibh a ainm cómh bog bínn/ croidhecorrúightheach san agus sibh in a bhaclainn aige?/
 B'fhéidir. Bfhéidir. Tá mo smaointe se orraibh se - dob/ aoibhin seal i bhfochair
 aon'ne agaibh – is agamsa do/ bhí a fhios; is agam-sa d'fhágabhair croidhe brúigte.
 570 Ach/ go³⁷⁴ bráth ní imtheóhad as bhúr gcuimhne. Cad dubhrais/ id leitir
 dheidheanaig, a Cheann Dubh: “Cuimhneóhad i gcómhnaidhe/ ort³⁷⁵ ar chlos ceóil
 aoibhin, ar fheicsint áite álainn,³⁷⁶/ ar léigheamh teangan binne mar b'iongtach é thú,
 a Sheáin³⁷⁷/³⁷⁸ rómhilis, rófhiadhain i gcómhair conbharsáide³⁷⁹/ an uile lae.³⁸⁰,
 Nárbh iongtach an chainnt ag Ceann³⁸¹ Dubh³⁸²/ í. Ach a Cheann Dubh an bhfuil
 575 aithreachas³⁸³ indiugh³⁸⁴ ort³⁸⁵ /37³⁸⁶/ nár euluighis liom? Dá mbeadh a fhios agat gur
 bh' é³⁸⁷/ seo mo stáid fé dheóidh an mbeithfeá chómh neamhfhéitheamhach³⁸⁸/ ar an
 uain dheidheanaig? Agus, a Chaitín Chrosta mar/ b'féidir gur tusa is mó thug searc

³⁶⁵ fe//leghnío//, an leathanach stróicthe tríd an gcéad i agus téip ghreamaitheach air, mh stróicthe den leathanach; tosach an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí fe agus trí l agus téip ghreamaitheach air; deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí g agus trí nio agus téip ghreamaitheach air

³⁶⁶ cuimhneal//h, an leathanach stróicthe tríd an dara m agus téip ghreamaitheach air

³⁶⁷ tosach an fhocail doiléir, filleadh sa leathanach ar o agus téip ghreamaitheach air

³⁶⁸ an leathanach stróicthe trí r agus téip ghreamaitheach air

³⁶⁹ lár an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe tríd an gcéad i agus téip ghreamaitheach air

³⁷⁰ doiléir, A tréigthe

³⁷¹ rud éigin add. os cionn S ach stríoctha amach

³⁷² an leathanach stróicthe trí g agus téip ghreamaitheach air

³⁷³ os cionn na líne agus caret idir ar agus té

³⁷⁴ bra add. ach stríoctha amach

³⁷⁵ rud éigin add. stríoctha amach

³⁷⁶ ál//, ainm, stróicthe den leathanach; tosach an fhocail, l, doiléir, an leathanach lofa ag an bpointe seo

³⁷⁷ She//n, an leathanach stróicthe trí á agus an leathanach lofa ag an bpointe seo; tosach an fhocail, e, doiléir, an leathanach lofa ag an bpointe seo; deireadh an fhocail, n, doiléir, an leathanach lofa ag an bpointe seo

³⁷⁸ ró-b rób add. ach stríoctha amach

³⁷⁹ conbharsáid//, an leathanach lofa ag an bpointe seo; deireadh an fhocail, d, doiléir, an leathanach lofa ag an bpointe seo

³⁸⁰ níl lánstad ar bith i ndiaidh lae, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é

Nárbh

³⁸¹ Cean//, an leathanach lofa ag an bpointe seo

³⁸² //, an leathanach lofa ag an bpointe seo

³⁸³ lár an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe tríd an dara a

³⁸⁴ Ind//h, iug stróicthe den leathanach

³⁸⁵ //, ort stróicthe den leathanach

³⁸⁶ 37 add. sa lár ar bharr an leathanaigh, é scríofa i bpeannaireacht an Chóta le peann atá difriúil leis an gceann a úsáideadh leis an gcuid eile den leathanach a scríobh, is cosúil gur scríobhadh am éigin i ndiaidh na coda eile den leathanach é

³⁸⁷ doiléir, bh' é tréigthe

³⁸⁸ neamhfhéitheamh//, ach stróicthe den leathanach

dom, níl aon aithreachas³⁸⁹/ ná brón ort me bheith annso – ar shlighe. Agus, a/
Mhuirinn – “Ní dheunfadh aon fhear eile me ach tú, a/ Sheáin Óig,” arsa tusa – táir ag
580 silleadh do shúl/ indiugh go fuidheach: - Agus, a Mhaire – tá/ brón dóighe ort mar –
ach cad é an mhaith. Nách/ ait iad na smaointe atá ag rith im cheann? An³⁹⁰/ é go
mbeid go léir san eaglais indiugh ag guidhe dom?/

(8.30)³⁹¹ Tá buaidhte againn más fíor. Ach go h-áirighthe³⁹² tá biadh/ fachtá
trí huairé againn agus tá sé cloiste agam go mbeidh/ beartáin agus leitreacha ag teacht
585 isteach mar budh ghnáthach ó/ ambáireach amach agus cead reatha againn ón a 7 go
7./ Go n-agó-so go gcaithfeam seasamh ag ár leapachaibh ar/ a 8 a chlog gach
maidean. In a theannta-san tá se sa/ mhargadh go n-agallóchaidh na Státaig ár bfeair-
ne³⁹³ mar/ oifigeachaibh airm. Sin í an chainnt./

590 Dé³⁹⁴ Sathairn Márta 3x31x23 -

Maidean shalach cheódhach./ Im³⁹⁵ dhúiseacht ar 6.30. Im shuidhe ar 7.45. Tá
ciúnas ar an gcampa/ indiugh. An fada leanfaidh sé? Ag feitheamh lé freap ón
ndochtúir. Tá/ cnáimhseán an diaill air i dtaobh lán na pípe thobac.... Tá na beartáin/
595 ag teacht isteach ach dómhsa níl faic, fós ach go háirighthe..../ Chonnac anamchara
an champá³⁹⁶ ag cainnt lé braighe ó chianibh./ Ní fheadar cad thuigeann sé³⁹⁷ dúinn?
An mothuigeann sé/ an t-atharugh atá ar siubhall in Éirinn agus an rian a fhágfas³⁹⁸/
sé ar an gcreideamh, ar fheabhas³⁹⁹ nó ar olcas?.. Táim i/ seómra an dochtúra.
Thugas⁴⁰⁰ milseán chun⁴⁰¹ na beirte dochtúir^{402, 403} /38⁴⁰⁴/ agus do scríobhas nóta ar an

³⁸⁹ *deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí s*

³⁹⁰ *deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí n*

³⁹¹ *níl céad líne an ailt seo eangaithe*

³⁹² *lár an fhocail doiléir, sleamhnú pinn tríd an séimhiú ar g*

³⁹³ *tosach an fhocail doiléir, f ceartaithe ó e*

³⁹⁴ *///é, an leathanach greamaithe den leathanach roimhe ag an bpointe seo*

³⁹⁵ *///m, an leathanach greamaithe den leathanach roimhe ag an bpointe seo*

³⁹⁶ *an leathanach stróicthe trí p*

³⁹⁷ *an leathanach stróicthe trí s*

³⁹⁸ *deireadh an fhocail doiléir, s tréigthe*

³⁹⁹ *fh//abhas, poll sa leathanach ar e agus an leathanach stróicthe tríd; an leathanach stróicthe trí ab*

⁴⁰⁰ *Thug//s, poll sa leathanach ar a agus an leathanach stróicthe tríd*

⁴⁰¹ *lár an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí u*

⁴⁰² *deireadh an fhocail doiléir, r tréigthe*

⁴⁰³ *doiléir, an chamóg tréigthe*

⁴⁰⁴ *38 add. sa lár ar bharr an leathanaigh, é scríofa i bpeannaireacht an Chóta le peann atá difriúil leis an gceann a úsáideadh leis an gcuid eile den leathanach a scríobh, is cosúil gur scríobhadh am éigin i ndiaidh na coda eile den leathanach é*

600 stán don Dr.⁴⁰⁵ Liam - a⁴⁰⁶/ chuirfeas ag gáirí é... Fuair Seósaimh dosaon ubh
indiugh.⁴⁰⁷/ Ambáireach beidh uibhe againn,⁴⁰⁸ Icd.⁴⁰⁹ mar sin./

Domhnach Cásga⁴¹⁰ 4:1:23

605 Lá aoibhin grianmhar tréis na/ báistighe agus an⁴¹¹ phlúdaidh go léir. Gach aon'ne ag
eirghe amach/ fén spéir – ní mór nách geall le hiongtas daoine ag siubhall/ tímcheall
na páirce ag an bhflicheán san salachar. Ní raibh an/ tráthnóna inde roolc⁴¹²; do
thriomuig sé ag deunamh ar an/ ndeireanaighe. Ag siubhall tímcheall do Sh. O C.
agus⁴¹³ dom féin/ do thugamair fé ndeara uainn amuigh ar an ngort tríd/ an slighe idir
610 dhá phobal sluagh mór fear a⁴¹⁴ ndrom linn⁴¹⁵/ n-a dhá rang ar suaimhneas 'sa n-
aghaidh ar champa/ a haon. Dheitineasuigheamar n-a dtreó tráth fuaireamair/ amach
gur ag feitheamh lé hamharc d'fhaghail ar/ shochraid comráidithe b'eadh bhíodar.
Do léim mo chroidhe/ do phreab mo lúthacha – dob áluinn bódhgach an radharc iad
chómh/ ciúin leis an uaign. Ní raibh a fhios ag ár lucht/ coimeáda cad bhí ar siubhall
615 agus do chuadar fé chlúdach⁴¹⁶./ Do chuir sé⁴¹⁷ tréchéile ar an luct ceannais agus níor/
bh'eadh go ceann tamaill gur minigheadh an⁴¹⁸ cúrsa dóibh⁴¹⁹/⁴²⁰ Ár bpobal an
cheud phobal chun aifrinn indiugh/ mar is gnáthach. Malairt sagairt againn. Fear
breágh/ meádhon aosta deaghtuisgeanach liath agus d'eirig mo ghean/ do ar an
gceud amharc go mórmhór ar chur ár marbh/ fé ghuidhe an phobail. I gcaitheamh an
620 aifrinn bhraitheas/ go dtabharfadh sé seanmóin uaidh agus níor chuir sé díombáidh/
orm ná ní raibh aon drochamhras againn cad deurfadh/ sé: tuar maith dob eadh a
dheallramh pearsanta... B'í an/ tseanmóin is feárr agus budh ghiorra dár chuala riamh

⁴⁰⁵ *Dochtúir*

⁴⁰⁶ *chuirfid add. ach stríoctha amach*

⁴⁰⁷ *níl lánstad ar bith i ndiaidh indiugh, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é
Ambáireach*

⁴⁰⁸ *le c add. ach stríoctha amach*

⁴⁰⁹ *le congnamh Dé*

⁴¹⁰ *lár an fhocail doiléir, dúch doirte ar s*

⁴¹¹ *tosach an fhocail doiléir, a tréigthe*

⁴¹² *ró-olc*

⁴¹³ *me add. ach stríoctha amach*

⁴¹⁴ *ndr add. ach stríoctha amach*

⁴¹⁵ *deireadh an fhocail doiléir, cuid den dara n stríocthe den leathanach*

⁴¹⁶ *an leathanach stríocthe tríd an dara c*

⁴¹⁷ *cur add. ach stríoctha amach*

⁴¹⁸ *rud éigin add. ach stríoctha amach*

⁴¹⁹ *deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stríocthe trí bh*

⁴²⁰ *Ár add. ach stríoctha amach*

í./ Ar an gcuma so: “I gcómhaireamh an lae indiug/ d’eirig ár Slánuightheóir ó
 mharbhaibh. Buaidh an teipthe /39⁴²¹/ a tugtar air seo. Do bhí Dia na glóire iar n-a
 625 tharcuisniugh/, a éaradh; a cheusadh, a adhlachadh ag muinntir a/ dhúthaighe féin.
 Bhí Sé san uaig aca, dar leó, agus é fromhtha/ aca don domhan gur breughthóir é, ach
 d’eirigh Sé agus/ d’foillsig Sé don saoghal uile gur bhé an Togha Aon É/
 d’iomchair⁴²² Sé a chros go humhal agus foidneach agus/ bhuaidh: tá bhúr geros
 agaibh se leis ghá iomchar (deallramhuigheann/ sibh go maith buidheachas le Dia),
 630 iomcharuighidh/ í ar son Dé agus ar son bhúr dtíre. Níl baoghal ar aon’ne/ a chreideas
 ná seasuigheann aon rud idir é féin agus Dia/ gach fear do bheith i síoth leis féin agus
 go mbeurfadh san síothchain/ idir Éireannachaibh agus deireadh do chur leis an
 dtroid/ ghráineamhail seo”.....

Ach nách ait na rudaidhe gur thráchtamair/ ar amuigh fén bpáirc n-a dhiadh
 635 san S McC., Eudhmonn⁴²³/ agus me féin – inscné agus oirthearacht na/ n-eaglaisí⁴²⁴,
 na túir chruinne agus aroile, an fáth go léigheann/ an sagart an soisceul ar an dtaobh
 clé, an áird den/ gcrúinne n-a raibh na geinte in allód. As an méid seo tháinig/
 cómh rád h fada go⁴²⁵ tagairt d’árdaibh an domhain go/ ndubhart féin rád h coitcheann
 ag Gaedilgeóiríbh.../ Ar an thaobh⁴²⁶ gréine de Bhaile an Stáin/ do bhí na
 640 buachaillí (cuid mhaith aca)⁴²⁷ n-a suidhe/ sa ndrom leis an ráil iarain atá i dtímcheall/
 pláis big glais. Ar an ráil⁴²⁸ do bhí⁴²⁹ léinteacha⁴³⁰ triubhasáin stocaidhe bailríntí agus
 aroile ag triomuigh.⁴³¹ Ar shúil dár thugas/ ortha dubhart: “Budh dhóigh leat gur
 dream ag feitheamh/ lé sochraid cois claidhe fén dtuath iad”⁴³²..... D’eirig Seosaimh/
 in árd an tráthnóna..... Thugas cúpla cuaird ar/ an ndochtúir agus do bhí greann as
 645 sult againn.... Ghaibh gadhairín⁴³³ leascínn an champa ar éill /40⁴³⁴/ ag scaiste éigin

⁴²¹ 39 add. sa lár ar bharr an leathanaigh, é scríofa i bpeannaireacht an Chóta le peann atá difriúil leis an gceann a úsáideadh leis an gcuid eile den leathanach a scríobh, is cosúil gur scríobhadh am éigin i ndiaidh na coda eile den leathanach é

⁴²² se add. ach stríoctha amach

⁴²³ deireadh an fhocail doiléir, o scríofa go doiléir

⁴²⁴ i add. i ndiaidh í ach stríoctha amach

⁴²⁵ léigh ‘ag’ in ionad go

⁴²⁶ na add. ach stríoctha amach

⁴²⁷ sa nd add. ach stríoctha amach

⁴²⁸ lár an fhocail doiléir, an síneadh fada ar a nasctha le a

⁴²⁹ tosach an fhocail doiléir, dúch doirte ar an séimhiú ar b

⁴³⁰ tosach an fhocail doiléir, dúch doirte ar an síneadh fada ar an gcéad e

⁴³¹ rud éigin add. ach stríoctha amach

⁴³² níl comhartha athfhriotail ar bith i ndiaidh iad

⁴³³ an add. ach stríoctha amach

⁴³⁴ 40 add. sa lár ar bharr an leathanaigh, é scríofa i bpeannaireacht an Chóta le peann atá difriúil leis an gceann a úsáideadh leis an gcuid eile den leathanach a scríobh, is cosúil gur scríobhadh am éigin i ndiaidh na coda eile den leathanach é

comhainm dom⁴³⁵. Ní fheadar an bhfuil sé i gceart in a/ inchinn; mar an⁴³⁶ leigeant air atá sé. Tréis seire do/ bhí sé ag glaodhach ‘sag deimhniugh tar teórainn ar mhnáibh/ éigin do bhí thuas ameach na dtighthe./

650 Luan Cásga 4x2x23:

Lá glórmhar an lá indiugh./ Grian, tiormacht, aoibhneas. An dúthaigh mágcuard chómh fada lé/ Sléibhtibh Chille Mantáin fé dheallramh chómh háluinn agus budh/ mhian lé súil duine d’fheicsint, scáil scamall liosda ar ucht/ na talmhan, a chuirfeadh i
655 gcuimhne do dhuine na/ garradhtha dubha ar chlár fithcille.⁴³⁷ Aoibhneas aoibhneas/ ins gach aon áit – aoibhneas súl, ach áoibhneas/ croidhe ní furaiste rádh go bhfuil sé annso istig./ dá mhéid aoibhnis⁴³⁸ bhíonn lasmuigh is lughaide a/⁴³⁹ bhíonn istig mar is do fhulang amharc amach ar/ an aoibhneas agus an fál *bhaghair*⁴⁴⁰ dár gcosc air./ Sid é ár dtoisc. Cá fada bheith sé mar seo. Is mór/ é m’fhormad leis na⁴⁴¹ caoiribh a
660 chím ag broscadh/ amach ar an leirg. Itheann siad nuair bhíonn ocras/ ortha; ólaid nuair bhíonn tart ortha; luighid nuair/ bhíonn tuirse ortha ach sinne⁴⁴² ní fuláir dúinn/ feitheamh lé teadh ár lucht coimeáda chun na/ nidhthe nádurtha róriachtanach so do dheunamh/ ... Tréis eirighthe d’agallas beirt phóilíní i dtaobh/ beairtín toitíní a thuit isteach san bhfál *bhaghair*⁴⁴³/ idir an dá campa ar mbeith don nGogánach ghá/
665 gcaitheamh treasna chun Dómhnaill Uí⁴⁴⁴ Shúilleabháin⁴⁴⁵/ ní leomhfadh an foraire dhóibh iad do thógaint gan/ cead oifigigh, ach tréis uanaidheachta do dheunamh/ air thóg sé féin iad agus choimeád, nidh nách gádh tagairt/ do D’iarr Seóirse Ó Gríbhthín orm uachtaránacht/ do dheunamh ar an aeridheacht agus ós rud é ná /50⁴⁴⁶/ raibh aon’ne eile lé fágghail d’aontuigheas.... Ardán⁴⁴⁷/ deunta lé leapachaibh,
670 tochtaibh, agus billeógaibh búird./ Labhair S Mac C. agus go hiongtach. Óráid⁴⁴⁸

⁴³⁵ comhainm dom *os cionn na líne agus caret faoi bhun* sraiste

⁴³⁶ *is cosúil gur fágadh ‘ag’ ar lár idir an agus leigeant*

⁴³⁷ *athraíodh an chamóg i ndiaidh fithcille go lánstad mar is cosúil gur tosach abairte nua é Aoibhneas*

⁴³⁸ a bios *add. ach stríoctha amach*

⁴³⁹ m *add. ach stríoctha amach*

⁴⁴⁰ *gaelú ar ‘wire’*

⁴⁴¹ g *add. ach stríoctha amach*

⁴⁴² is *add. ach stríoctha amach*

⁴⁴³ *gaelú ar ‘wire’*

⁴⁴⁴ *tosach an fhocail doiléir, U ceartaithe ó Ó*

⁴⁴⁵ *an leathanach stróicthe trí n*

⁴⁴⁶ *an leathanach stróicthe idir 5 agus 0*

⁴⁴⁷ *deireadh an fhocail doiléir, an síneadh fada ar an dara a agus n tréigthe*

⁴⁴⁸ *tosach an fhocail doiléir, an síneadh fad ar O nasctha le s san fhocal agus atá ar an líne roimhe seo*

bhríogmhar/ mhisneamhail dob eadh í,⁴⁴⁹ neimheaglach, dána. Thaidhbhsig sé/ go maith ar an árdán agus bhí an sluagh leis gan moill,/ do bhí obair againn na haisteóirí do chur lé chéile agus ar feadh/ tamaill do shamhlófaidhe d'aonne ach do dhuine íogair go/ maith go dteipfeadh orainn. Ghairmeas na hainmeacha/ diaidh ar ndiaidh 675 gan toradh....⁴⁵⁰ B'ait san tréis na hóráide/ agus na bpíopaidhe.... Ráinig linn cúpla abhrán agus/ rinne do thabhairt agus annsan an babhta dóirneála/ idir Sheán O Rioghbhardáin agus Phindí – babhta leamh⁴⁵¹ aithris/ ar Mac Taidhg agus Saighcí – Seán smeartha dubh go dtaidhbseóchadh/ sé mar Saighcí. Gáire agus trithí dubha do/ bhaineadar as a raibh láithreach. Ghaibh beirt oifigeach/ des na S.⁴⁵² Iasmuigh.

680 Stadadar ag cainnt leis an bhforaire/ – ag leigeant ortha – san am gceudna ag éisteacht lé/ n-a raibh ar siubhall. “I gcómháireamh an lae indiug”/ arsa Seosaimh, “do hárdúigheadh (d'árduig⁴⁵³ an Piarsach⁴⁵⁴)⁴⁵⁵ ár mbratach 7 mbliana/ ó shoin ar Oifig an Phuist.⁴⁵⁶ Tá Oifig an Phuist n-a fhothrach/; i gcómháireamh an lae indiug d'árduig R. O C. ár/ mbratach ar na 4 Chúirteannaibh. Tá na 4 Cúirteanna/ n-a 685 bhfothraigh – ach níl buaidhte fós orainn.⁴⁵⁷/ Cainnt chruaidh go maith. Do thaithnig S. liom agus é/ ag cainnt⁴⁵⁸. Do bhí groga beag in a ghuth agus a cheannaghtha/ beagáin báidhteach – nidhthe a thaithnig⁴⁵⁹ liom/ d'fhoillsig⁴⁶⁰ sé go raibh sé fé shuathadh bíodhgach, go raibh/ sé dáiríribh, ullamh ar aon rud do dheunamh.⁴⁶¹ Cad mheasfadh⁴⁶² a mhuintir⁴⁶³ de/ an uair⁴⁶⁴ sin da bhfeicidís

⁴⁴⁹ *doiléir, sleamhnú pinn tríd an gcamóg*

⁴⁵⁰ *na add. ach stríoctha amach*

⁴⁵¹ *air add. ach stríoctha amach*

⁴⁵² *Státaigh*

⁴⁵³ *d'árduig, an uaschamóg stríocthe den leathanach; lár an fhocail doiléir, cuid den dara d stríocthe den leathanach; an leathanach stríocthe trí g agus téip ghreamaitheach ar thaobh eile an leathanaigh*

⁴⁵⁴ *deireadh an fhocail doiléir, an séimhiú ar c nasctha le c*

⁴⁵⁵ *d'árduig an Piarsach ar an gciumhais inmheánach agus saighead tarraingthe ón líne seo chuige; níl lúibín ar bith roimh d'árduig ná i ndiaidh Piarsach, cuireadh d'árduig an Piarsach idir lúibíní ar mhaithe le soiléire*

⁴⁵⁶ *///, dúch doirte ar an lánstad*

⁴⁵⁷ *níl lánstad ar bith i ndiaidh orainn, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Cainnt*

⁴⁵⁸ *deireadh an fhocail doiléir, t ceartaithe ó rud éigin*

⁴⁵⁹ *liom add. ach stríoctha amach*

⁴⁶⁰ *an leathanach stríocthe trí d agus trí f agus téip ghreamaitheach ar thaobh eile an leathanaigh*

⁴⁶¹ *níl lánstad ar bith i ndiaidh dheunamh, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Cad*

⁴⁶² *deireadh an fhocail doiléir cuid de f agus cuid de d stríocthe den leathanach; an leathanach stríocthe trí e agus téip ghreamaitheach ar thaobh eile an leathanaigh*

⁴⁶³ *deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stríocthe trí r agus téip ghreamaitheach ar thaobh eile an leathanaigh*

⁴⁶⁴ *an leathanach stríocthe trí a agus téip ghreamaitheach ar thaobh eile an leathanaigh*

690 e⁴⁶⁵γ⁴⁶⁶ Thuas/ ar an gcnocan glas do bhí bean agus saighdiúir leanbh/ ar láimh
aca. Shamhluigheadar⁴⁶⁷ sásta seascair –/ an raibh aon smaoinemh⁴⁶⁸ aca dúinne?
B’ait liom/ a gcuma agus ár stáid⁴⁶⁹ féin⁴⁷⁰ i gcompráid. /51/ Nuair canadh “Rosc
Catha na Sluagh” budh chorruigtheach⁴⁷¹/ an uain. Radharc agam ón árdán ar gach
ceann.⁴⁷²/

695

Dé Máirt 4x3x23 -

Beartáin agus leitreacha/ indiugh. Dhá leitir ó Pheg. Leitir ó Mhaire H. Smut de/
leitir ó Sh. Ó R. Beartán ar bith níor tháinig./ Lá breágh: croidhe trom mar gheall ar
700 leitir Ch.⁴⁷³ Ní Ch/ chun a dreathár. An leigfidh na daoine dhom/ go deo? Is ait mar
thugann an saoghal/ deunamh dómhsa⁴⁷⁴ .⁴⁷⁵/

De Luain 4x9x23.

705 Aimsir Mhárta againn indiugh. Gaoth/ adtuaidh agus fuacht agus feanaid. Níl aon
ghreann indiugh/ orm. Filleadh orm an leitir a scriobhas abhaile ar lorg bróg/ – agus
tá mo bhuinn ar an dtalamh anois beagnách./ Lé maolugh an tráthnóna do chaith an
ghrian ó chúl brúchta/ móire scamall dubh gathaidhe fada fiairsceó anáirde/ i
gcosamhlacht lóchrain cuarduighde, tá duibheacha ann/ Tá Tomás De Búrca n-a
710 bhráighe aca lé roinnt/ laetheanta. Do thug an Cómhairle Campa uile suas ach/
toghadh a bhfurmhór airís. Dhiúltuig an ceann a ionad⁴⁷⁶/ do ghlacadh an t-athuair –
ní raibh sé ar foghnamh lé/ deidheanaighe?⁴⁷⁷ – agus cuireadh Eudmonn⁴⁷⁸/ Ó

⁴⁶⁵ an leathanach stróicthe trí e agus téip ghreamaitheach ar thaobh eile an leathanaigh

⁴⁶⁶ Cad...e ar an gciumhais inmheánach agus saighead tarraingthe ón líne seo chuige; níl comhartha ceiste ar bith i ndiaidh e

⁴⁶⁷ an leathanach stróicthe idir an dara a agus d

⁴⁶⁸ an leathanach stróicthe trí n

⁴⁶⁹ an leathanach stróicthe trí a

⁴⁷⁰ an leathanach stróicthe trí e

⁴⁷¹ corruigtheall, cuid den dara c agus an séimhiú ar an dara c stróicthe den leathanach

⁴⁷² doiléir, an lánstad nasctha leis an n roimhe

⁴⁷³ doiléir, dúch doirte ar C

⁴⁷⁴ folíithe faoi dhó

⁴⁷⁵ níl lánstad ar bith i ndiaidh dómhsa

⁴⁷⁶ tosach an fhocail doiléir, o ceartaithe ó i

⁴⁷⁷ níltear in ann a rá go deimhneach cén fáth a bhfuil comhartha ceiste i ndiaidh deidheanaighe,

b’fhéidir go raibh an Cóta amhrasach nárbh í an fhírinne í agus go raibh ceann an chomhairle campa ar fónamh le déanaí nó b’fhéidir gur scríobh sé an comhartha ceiste trí thimpiste

⁴⁷⁸ Mach add. ach stríoctha amach

hAnrachtaigh⁴⁷⁹ in a ionad... Dóghadh an sáipéal –/ mar is clos dom – i gcampa I.
 Cualthas poilín/ airm ghá rádh so: “Tá lámh Dé ina gcoinibh; ní/ fheudfadh lucht na
 715 teineadh an teine do mhúchadh (agus/ gleus agus fearas maith aca); ní féidir dul míle
 de/ bhóthar anois in aon ghluaistean leó ná go/ mbuailtear a bheul fé,” agus do gháir
 sé. /52/ Cuarduigheadh ár bpobal indiugh; ní bhfuairtheas faic./ Tá ag⁴⁸⁰ eirighe
 go maith lém bhuidhin Gaedlinge; an uile/ lá tagann an⁴⁸¹ lucht feuchta isteach i
 seómra an bhídh mar/ a mbíonn an bhuidhean ar siubhall, eistid ar feadh tamaillín/
 720 agus ní subháiiceach an t-amharc do gheibhim uatha./ Cad é a bhfuadar i dtaobh na
 teangan?... Níl agam ach/ smut de sciain. Lé Seosaimh do b’eadh í ach bhriseas í ag
 cur ime an⁴⁸² lá eile ar arán⁴⁸³ táidhte. An lá/ ceudna san ní raibh muga, plata, scian
 ná forc/ agam, ach ar chuma éigin do dheineas mo ghnóth chómh/ máith a’s dá
 mbeadh lán mála agam. Indiugh/ fuaireas scian ó dhuine des na daltaidhibh ag teacht
 725 amach/⁴⁸⁴ tréis na ceachta. Thug sé fé ndeara an smut/ scine agam – do bhí Seosaimh
 tréis í do chur trí/ fhuinneóig seómra na cócaireachta chugham (itheann/ se ann) –
 agus shín chugham scian shlán a/ fuair sé amuigh ar an mbán. Mhalarthuigheas lé/
 Seosaimh ar an smután. Coimeádfad an smután/ san⁴⁸⁵ i gcuimhne na háite
 seo.....⁴⁸⁶ / D’imreas⁴⁸⁷ dhá chluiche fithchille lé Próinsias Stiobhairt/ indiugh.
 730 Bhuaidh sé fé dhó orm..... Cómhrádh fada ag/ gasra againn i bpobal 17. tímcheall
 leapán/ Stiobhairt – tá sé na luighe indiugh lé dathachaibh –/ thug Próinsias Ó Dálaigh
 mionchúntas dúinn ar a/ imtheachtaibh féin⁴⁸⁸ agus Criostora Mhic Cabha⁴⁸⁹/
 Seachtmhain na Cásca (cuir an cúnntas isteach/ annso) is iomdha gáire dheineamair.
 Tá bróga/ nuadha ar Ph. anois. Theastuigh san ón bhfear bocht/ b’ait leat dreatháir
 735 Cinn Urraidh Uí Dhálaigh. Garraid é /53/ d’fheicsint⁴⁹⁰ agus eudach scolta air agus
 leighcidí bróg!/

⁴⁷⁹ Ó hAnrachtaigh os cionn na líne agus an Acartaig add. stríochta amach faoi

⁴⁸⁰ eirighe add. ach stríochta amach

⁴⁸¹ os cionn na líne agus caret idir tagann agus lucht

⁴⁸² os cionn na líne agus caret idir ime agus lá

⁴⁸³ tad add. ach. stríochta amach

⁴⁸⁴ ón add. ach stríochta amach

⁴⁸⁵ in add. ach stríochta amach

⁴⁸⁶ di add. idir an séú ponc agus an seachtú ponc ach stríochta amach

⁴⁸⁷ clui add. ach stríochta amach

⁴⁸⁸ agu add. ach stríochta amach

⁴⁸⁹ tosach an fhocail doiléir, C ceartaithe ó rud éigin

⁴⁹⁰ deireadh an fhocail doiléir, t ceartaithe ó g

...⁴⁹¹ Mar is gnáthach linn do bhí cainnt fhada inspéiseach ag/ S McC. agus
 agam féin an lá eile. D’ínn sé dhom mar gheall ar/ úncail do bhí n-a shagart tráth.
 Eachtra ait iongtach/ beatha an tsagairt úd. Do líonfadh sí leabhar. In áit éigin/ eile
 740 leis i dtráth cheart.....⁴⁹² B’aisteach liom an/ ceann campa lá da⁴⁹³ ndeaghas isteach –
 an lá/ tréis Thomáis⁴⁹⁴ De Búrca do ghabháil is dóigh liom – n-a/ shuidhe ar chalan ag
 cac agus pláincéad aniar ar a/ ghuailnibh mar bheadh seanbhean agus eisean n-a/
 cheann ar shluagh 1450 fear! Cac mór a’s gal as.... Do bhí/ cuid mhaith deidheanach
 ‘on aifreann Dé Domhnaigh. Ó, go díreach/ an oidhche bhí an sáipéal ar dóigheadh
 745 do thug Seosaimh fé/ ndeara é timcheall a 3.30 a chlog ar maidin agus é/ ag dul go dtí
 calán an fhuail. Dhúisig sé me, d’fheuchas/ tríd an bhfuinneóig agus chonnac brúid
 mhór lasrach/ agus tulcaidhe móra deataig ag gluaiseacht go/ mall trom dá scéimh.
 An uair sin ní raibh a fhios agam/ gur bh’ é an sáipéal é agus taidhbhsigheadh dom
 gurbh iongtach/ cé áidhbhéil an radharc é.... Ag beul ár ndorais tá cnocainín/
 750 smeuróidí. Nuair tháinig an chairt indiug chun a/ dtaranga d’infhiúch na póilíní agus
 dar leó an chré/ do thugadar fé ndeara ann gur as an⁴⁹⁵ dtalamh^{496/497} sa phobal í agus
 mo thuairm láidir go bfuil/ amhras aca ar mhúchán annso. Sí an fhírinne gur/ salachar
 cré í tréis liathróidí teineadh do dheunamh.⁴⁹⁸ Liathróidí teineadh, cad san? a deurfar.
 ‘Seadh beurfad/⁴⁹⁹ cúntas ortha uair éigin eile agus ar/ an uile rud, beus, gnás agus
 755 aroile a bhíonn ar siubhall annso.⁵⁰⁰ /54/ Táim im bhall de Chómhaltas⁵⁰¹ an
 Choinnimh anois, cé nár/ fhreathalas an cruinniugh indiugh.⁵⁰² Tánthas im dhiaidh
 agus/ iarradh orm lucht na dóirneála, an tairng téid, na léimean/ agus na gcleaslúth go
 léir san bpobal so do chlárugh.../ Táim ag léigheamh “Life on the Mississippi”,
 ag Mark/ Twain. Tugaim fé ndeara annso mar is gnáthach leis n-a/ leabharthaibh eile
 760 pé ócáid ar n-a dtagrann d’Éireannach/ nách chun a shuimighthe é. Aigne chlaon!

⁴⁹¹ *níl céad líne an ailt seo eangaithe*

⁴⁹² *B’ aiis add. ach stríoctha amach*

⁴⁹³ *nghe add. ach stríoctha amach*

⁴⁹⁴ *síneadh fada add. os cionn o ach stríoctha amach*

⁴⁹⁵ *sa phobal add. os cionn na líne ach stríoctha amach*

⁴⁹⁶ *caret agus é add. ach stríoctha amach*

⁴⁹⁷ *agus mo thuai add. ach stríoctha amach*

⁴⁹⁸ *níl lánstad ar bith i ndiaidh dheunamh, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Liathróidí*

⁴⁹⁹ *cun add. ach stríoctha amach*

⁵⁰⁰ *b’fhéidir go bfuil an lánstad i ndiaidh annso stríocthe den leathanach nó b’fhéidir nach bfuil lánstad ar bith ann, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Táim*

⁵⁰¹ *tosach an fhocail doiléir, dúch doirte ar an síneadh fada ar o*

⁵⁰² *Tan add. ach stríoctha amach*

Agus ar nós/ gach aon'ne⁵⁰³ leis an airdhean so tá sé anmhothálach,/ ioneasonórtha i
 dtaobh a tíre féin. Is searbh é lé/ haon scríobhnoir nár mhol nó nár chómhintineach
 leis ar an⁵⁰⁴/ Abha⁵⁰⁵ Mhór⁵⁰⁶ agus is⁵⁰⁷ tagartha é ar/ thrácht do ar mhnaoi a chan
 ar⁵⁰⁸ dhroichbheusaibh/ búird maithe na duthaige sin lé n-a línn féin mar/ bhuaileadar
 765 léithe ag taisdeal ar an abhain...../

Im thaobh féin do b'furaiste dhom meudugh ar bheachtaidheacht/ cháinsimh
 na mná úd os mo choidreamh ar Mheiriceanachaibh.⁵⁰⁹/ Ach os rud é go bhfuil olc
 agus maith ar gach treibh agus/ i ngach tír agus, dar mo dhóigh féin, ná baineann
 subháilce/ na fírinne ná⁵¹⁰ na h-iomláine⁵¹¹ ná na banamhlachta⁵¹² lé/ haon tír fé leith,
 770 fagaimís an sceul mar tá sé agus/ mar bheidh sé choidhche go ngeobhaidh thoir aniar
 – gach/ aicme 'ghá shaoilstint gur b'í⁵¹³ a tír an tír is/ feárr agus gur b'í féin an chine a
 dhearsnuigheas ar gach nidh⁵¹⁴,/ dá dtugaimís ár saoghal d'iarraidh breug do shárugh
 agus/ fírinne d'fhíoradh ar an gceist seo ní bheadh troig geuruihthe⁵¹⁵/ againn –
 greamóchaidh agus coimeádfaidh daoine na/ baramhail is sleamhaine agus is aoibhne
 775 lé n-a laochas/ dúthaighe.... Ós ag trácht ar Mark Twain é. Do chonnach a thig in
 Áth an Fhiadha. Is minic do ghaibheas/ tharais. Ar bhealach Fornliam atá sé is dóigh
 liom.⁵¹⁶ Aghaidh na cisdeann ar/ an sráid! Nách ait sin?⁵¹⁷/ Tá sé ag dul i
 ndeideanaidhe. Caithfear/ socrugh i gcómhair na Corónach. Tá an té san caifí/ san
 mhin⁵¹⁸ choirce nách mór caithte aca anois. Ós /55/⁵¹⁹ ag trácht ar bhiadh é. Tá cead
 780 (saghas) agam anois⁵²⁰/ dul isteach i seómra cócaireachta a 6. Fuaireas búirdheacha/
 maithe sobhlasta bidh ann ó⁵²¹/

⁵⁰³ dá airdhean *add. ach stríoctha amach*

⁵⁰⁴ ar an *os cionn na líne agus an add. stríoctha amach faoi*

⁵⁰⁵ dhá líne *faoi bhun an chéad A*

⁵⁰⁶ dhá líne *faoi bhun M*

⁵⁰⁷ breun é de féin ag tag *add. ach stríoctha amach*

⁵⁰⁸ dhroch *add. ach stríoctha amach*

⁵⁰⁹ níl lánstad ar bith i ndiaidh Mheiriceanachaibh, *cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Ach*

⁵¹⁰ na *add. ach stríoctha amach*

⁵¹¹ na h- *os cionn na líne; h add. roimh an gcéad i ach stríoctha amach*

⁵¹² s *add. ach stríoctha amach*

⁵¹³ a dt *add. ach stríoctha amach*

⁵¹⁴ os cionn na líne

⁵¹⁵ os cionn na líne agus geurug *add. stríoctha amach faoi*

⁵¹⁶ An cí *add. ach stríoctha amach*

⁵¹⁷ Ós ag...ait sin? *ar an gciumhais inmheánach agus saighead tarraingthe ón bpointe seo chuige*

⁵¹⁸ tosach an fhocail *doiléir, sleamhnú pinn tríd an séimhiú ar m*

⁵¹⁹ Ós *add.*

⁵²⁰ tosach an fhocail *doiléir, dúch doirte ar n*

⁵²¹ níltear in ann a rá go deimhneach cén fáth nár chríochnaigh an Cóta an abairt seo, *b'fhéidir go raibh an Choróin Mhuire ag tosú agus nár mhór dó an iontráil a chríochnú go tobann*

Dé Máirt 4x10x23.

785

Táim díreach tréis té d'ól. Deir P Ó hU/ gur bhfiú dhom dul suas go Pobal a 4. ag feuchaint ar iascaire/ atá ag deunamh⁵²³ triubhais as phláincéad.... Do bhuidh/ Próinsias Stiobhairt orm indiugh airís i gcluiche fithchille. Tá/ seisean n-a luighe fós lé dathachaibh. Ar an leabaidh in aice leis/ bhí “Litridheacht Ghaedhealach” (Tomás
790 Mac Donnchadha). D'fheuchas/ ann annso agus annsúd. Thugas fé ndeara ann cad dubhairt/ AE⁵²⁴ bliadhanta ó shoin i dtaobh Steaindis Uí Ghrádaigh agus/ chuireas in iúil do Phróinsias é. Do bhíomair ar aon inntin mar/ gheall air – ná raibh ann ach bogchainnt gan puinn fuaimeanta./ Tá S McC. ar an aigne cheudna.... Ní raibh aon'ne/ ag cabhradh liom san leabharlann indiugh ach Longmore, buachaill/ fonnmhar
795 go maith – tá a chroidhe san tionnscaín. An leabharlann/ ná coinbhigheann⁵²⁵ ach 123 leabhar! agus é, gach tóim, leabhar/ agus imleabhar, fá dhídean i⁵²⁶ mbosca maircreál go n-a thrí/ seilp! “Leabharlann,” a screadfaidh sibh agus gáirfidh sibh. Is cuma san/ agus cé gur b'é slighe foluightear ó radharc na ndaoine beul an/ bhosca d'iompódh ar an bhfalla nó mar budh cheart dom a rádh ar/ an ndoras atá in ionad⁵²⁷ falla
800 (eachlanna do b'eadh/ na pobail seo ag saighdiúiríbh Shasana). Bailigheann lucht éilighthe/ na leabhar im thímcheall agus ar chrapadh na súl bíonn na leabhartha/ leagtha útamálta ar an mbórd aca. Níl cead ag aon'ne/ leabhar do thógaint ar iasacht ach ag aon'ne go bhfuil leabhar/⁵²⁸ nó níos mó bronnta aige ar an leabharlann. Do tharcuisnig/ T.D. áirighthe an leabharlann ar⁵²⁹ dtúis ach táim sásta go/ mbaineann
805 ceud éigin fear subháiiceas⁵³⁰ as go dtéigheann /56/ chun a leasa. Is eol dóibh a luighead go maith ach táid chómh/ mórdhálach as agus tá lucht cathrach as a leabharlannaibh móra.⁵³¹ Sid⁵³² í ár gcathair-ne – Baile an Stáin! – is cuibhe an ainm/ sin – agus is féidir linn ár mbeatha do mhílsiugh fíorbegáinín/ éigin d'aimhdheóin

⁵²² níl lánstad ar bith i ndiaidh aonne

⁵²³ tréis add. ach stríoctha amach

⁵²⁴ ann add. ach stríoctha amach

⁵²⁵ os cionn na líne agus coing coing add. stríoctha amach faoi

⁵²⁶ doiléir, i ceartaithe ó a

⁵²⁷ falll add. ach stríoctha amach

⁵²⁸ no add. ach stríoctha amach

⁵²⁹ an leathanach stríocthe trí r

⁵³⁰ is cosúil gur fágadh 'aiste' ar lár idir subháiiceas agus as

⁵³¹ níl lánstad ar bith i ndiaidh móra, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Sid

⁵³² dhá líne faoi bhun S

teorantachta ár staide⁵³³. Amharctar mar/ seo air ar a olcas. Níl aon'ne go bhfuil a
 810 ainm ar an gclár/ – á dá bhfeicfeá an clár, a léightheóir; biodh foidne agat agus/
 inneósfad duit n-a thaobh – ná go bhfeudfaidh breiseamhail/ ar cheud leabhar do
 léigheamh. Connus san? deurfair. Is amhlaidh/ mar tá ná fuil dóchas ná míodhóchas
 ar cathain ná/ connus⁵³⁴ thiofaidh ár bhfuascailt. Níl áirleóg ná muinghin/ againn.
 Tá deireadh againn – ár bhfurmhór ach go⁵³⁵ hairighthe agus/ an chuid is smaointighe
 815 againn ar sin de – ag deunamh “cróidh/ roimis na haircibh” mar fairír is rómhinic tá
 díombáidh curtha/ ar ár ndóchas i dtaobh poilitidheachta agus imtheachta na
 dúthaighe.⁵³⁶ Níl⁵³⁷ aon rud ann ach go bhfuilimid beó agus pé faid gearid/ teud ár
 gcúrsaidhe tá cuid againn d'iarraidh ár dtréise annso/ do mhíniugh chómh maith agus
 tá ar ár gcumas. Dá bhun san/ an leabharlann. Mise anois an leabharlannaidhe. Níl
 820 aon/ leabharlann sa domhan is lugha ná é agus is dócha mo lithéid/ eile de
 leabharlannaidhe ná fuil sa domhan. Tá laochas orm/ n-a thaobh... “Zane Gray” agus
 “Nat Gould” is iomdha a bhíonn ar/ iarraidh ag furmhór na léightheóirí... Ar
 bhfeicsint mo smutáin/ scine de Phadraig Ó hUallacháin dubhairt sé agus/ miongháire
 air: “Níl aon oighre ort ach an⁵³⁸/ seanCróinéach. Fuair sé blúire iarainn agus blúire
 825 leathair/ ar iarraidh agus chuir sé n-a bhosca greithre iad go/ ndubhairt go ndeunfadh
 crúdh dá chapall den iarann/ agus paiste ar chluasóig do.”⁵³⁹ Is iongtach
 spirideamhail/ an duine bocht an Cróinéach. Ní luigheaduigheann a/ bhraighdeanas
 féin agus a bheirt chloinne⁵⁴⁰ a mhisneach.../ Tamaillín roim linn cómhairighthe do
 bhuail beirt Ph.A.⁵⁴¹/ isteach on phobal. Do chuir duine aca a lámh n-a /57/ phóca
 830 agus theilg pacaod mór toitín chugham agus bhuail/ leis síos an pobal ag leigeant air
 gur ag infhiúchadh/ na háite do thangadar isteach ach níor bh'eadh ach chun/ na
 dtoitíní do thabhairt dom:... Thug S McC agus/ mé féin cúpla cúrsa na páirce
 indiugh. Is iomdha/ nídh agus duine do chuireamair trí chéile. “An gcuireann/ tú
 gach nidh go dtráchtaim leat air id chinn lae?"/ d'fhiafruig “Do dheunfadh cúnntas ar
 835 bhean an/ Ch_____ leightheóireacht mhaith.” “Ní chuirim,” arsa mise/ “níor mhian

⁵³³ *síneadh fada add. os cionn a ach stríoctha amach*

⁵³⁴ *a tic add. ach stríoctha amach*

⁵³⁵ *hai add. ach stríoctha amach*

⁵³⁶ *níl lánstad ar bith i ndiaidh dúthaighe, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Níl*

⁵³⁷ *dhá líne faoi bhun N*

⁵³⁸ *sean add. ach stríoctha amach*

⁵³⁹ *níl comhartha athfhriotail ar bith i ndiaidh do*

⁵⁴⁰ *lár an fhocail doiléir, an dara n athscríofa*

⁵⁴¹ *Phóilín Airm*

liom nidhthe chómh discréideach do ríomhadh”/ “Budh chuma liom” ar seisean go gealgháirteach. “Tá go⁵⁴² maith” arsa mis’ go hanamail, “síos leis feasda.⁵⁴³”/ Do gháireamair araon airís./

840 Dé Ceudaoin 4x11x23.

Tá m’úrnuighthe ráidhte agam, mo cheud/ phroinn ithte agam. Tá an ghrian ag lonnradh. Tá boladh cumhra/ gaoithe ann. Tá lucht ár bpobail imthighthe chun bidh, tá fear/ tuaithe ag bailiugh an tsalachair ó bheul an dorais agus é ag/ cainnt lé póilín
845 airm. Tá glór neimbínn aga n-a sluasaid/ tá na caoire mar is gnáthach leo amuigh ar an gCurrach ag/ broscadh an fhéir ameasc túrtóg aitin tá an foraire/ lasmuigh den bhfalla síos suas sall sanall ar a chúram/ sírghnéitheach. Tá an fhaoilín amuigh ar an⁵⁴⁴ ngort cuma/ chlaoidhte uirthe tréis na hoidhche agus deallramh drochaimsire, tá/ an príochán dubh chómh cíocrach dána⁵⁴⁵ agus is féidir ar thóir brúscair/ aráin sag
850 cáithlig de shíor, uaireanta ag tabhairt scuirde/ fé bhlúire éigin ar cheann an phobail mara gcaitheann na/ póilíní airm canntaidhe beaga aráin d’fhonn caoraidheacht/ na n-eun⁵⁴⁶ do tharang ar an áit ionnus go ndúiseóchaidis/ sinn lé n-a screuchaig agus lé clagairt a dteangbhála /58/ ar an stán⁵⁴⁷. Tá amharc⁵⁴⁸ Sliabh Cille Mantáin/ chómh haoibhin a’s bhí riamh. Tá fear agus gadhar aige ag/ teacht fé dhéin na gcaorach. Tá
855 fothrothaidhe ag gluaiseacht/ chun a chuid oibre thall annsúd ar an mbóthar./ Tá an tig óil ar an gclódh ceudna ar an gcúine annsúd/, breacduine isteach samach ann, daoine tarta nó/ b’fhéidir blaisteoirí maidne, tá bean ag cur euduig ag/ triomugh thuas ansúd ag an dtig mór. Tá gach aon nídh/ mar bhíonn gach maidean breágh mar í seo. Agus mé féin/ – nílim ach mo shláinte do bheith agam...../

860 Dhúisigheas⁵⁴⁹ cuibheasach moch indiugh. Leagas mo shúil/ fean an phobail ar gach taobh. Bhí gach aon’ne n-a charn/ codlata – n-a thraisín mar deurfá – ach Tomas Ó F./ Bhí seisean, mo dhuine bocht, go gnóthach, dícheallach ag paisteáil/ a

⁵⁴² Do chaith Mac B. agus me féin seal fada san bhfrassholas ag trácht ar nidhthibh discréideacha a bhain linn féin ar an gcéad dá líne eile, líne tarraingthe ina thimpeall agus saighead tarraingthe uaidh i dtreo an leathanaigh roimh an leathanach seo (leathanach 24)

⁵⁴³ ní lánstad ar bith i ndiaidh feasda, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é

Do

⁵⁴⁴ g add. ach stríochta amach

⁵⁴⁵ os cionn na líne agus caret idir cíocrach agus agus

⁵⁴⁶ lár an fhocail doiléir, an fleiscín nasctha le e

⁵⁴⁷ os cionn na líne agus iarann add. stríochta amach faoi

⁵⁴⁸ sle add. ach stríochta amach

⁵⁴⁹ cu add. ach stríochta amach

thriubhas, é féin ‘san aimsir⁵⁵⁰ ar cómhtharang/ lé chéile – an clog ar siubhall go
beacht díreach ag druideam/ lé h-am eirighthe, Tomás ag deifriugh d’fhonn a
865 thriubhais/ do bheith ullamh glan aige um thráth don gCeann Pobail ar/ eirighe
dhómsa sa cheann eile den bpobal gairm ós árd: “Amach/ aiste!” “Amach aiste gan
mhoill.” Budh gheall lé suanlios/ mór san allóid ár bpobal ar an uain sin...../

Tá sceula tagtha gur deineadh bráighe de Liam Ó Loingsigh.⁵⁵¹/ Is olc san. Is
mór an pháirce é dár gcúis⁵⁵² agus go bhfuil sé gonta/ go daingséarach. Sid é an
870 seanshlige, dar liom..... Tá cúnntas/ tagtha go bhfuil Liam ar shlighe na ffrinne! Gur
maith an/ mhaise dho san. Cad fáth nár inns an páipear i dtaobh a/ bháis ó thúis. Ag
scaoileadh an scéil chúghainn go socair, mar dh’eadh/ is mithid dúinn ár geláirín
bheith deunta againn ar na sceultaib/ seo. Chuireas an bhuidhean ar gcúl go dtí
ambáireach mar/ chómharta measa. Nách áit⁵⁵³ diamhair é toisc an tsaoghail: ghá/
875 scríobh so dhom cloisim éinín ag⁵⁵⁴ cantain chómh girghéiseach a’s/ dá mbudh ná
beadh faic i dtreis. Tá na bráigheanna ag/ imirt peile agus *rounders*. Tá lucht capall
amuigh ar /59/ an gCurrach ag suathadh a gcapall ráis. Tá na cócairí/ ag feadhail sag
ruacán dóibh féin ag gabhail dá gcúram, tá/ an seanPhiarsach fuascaltha ag tiargáil ar
dhul abhaile go/ gealghárteach.⁵⁵⁵/ Tá S McC tréis bheith ag trácht ar
880 bheachadóireacht./ Na nidhthe seo go léir ar siubhall⁵⁵⁶ agus Liam Ó Loingsigh/ ar
lár. Airís deirim: Nách áit é toisc an tsaoghail.

Bfheáir⁵⁵⁷ liom ná rud maith go bhficinn⁵⁵⁸ páipear go mbeadh/ breis
thuairisce agam ar bás Liam./

Is buadhartha an lá ag D. é, nidh nách iongadh. Ach níl/ buaidhte fós orainn -
885 ⁵⁵⁹ ná ní buadhfar.⁵⁶⁰/

Ag siubhall na páirce dom féin agus do Sh McC⁵⁶¹ tháinig Eudhmonn Ó
hAnrachtaigh n-ár gcómhdháil agus d’iarr orm an/ gceileabharfainn an choróin⁵⁶²

⁵⁵⁰ ag *add. ach stríoctha amach*

⁵⁵¹ *níl lánstad ar bith i ndiaidh Loingsigh, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua
é Is*

⁵⁵² *tosach an fhocail doiléir, g scríofa go doiléir*

⁵⁵³ *ait*

⁵⁵⁴ *caín add. ach stríoctha amach*

⁵⁵⁵ *Tá na nidhthe seo go léir ar siubhall im tímcheall add. ach stríoctha amach*

⁵⁵⁶ *ar siubhall add.*

⁵⁵⁷ *Bfheáil, dúch doirte ar rr*

⁵⁵⁸ *lár an fhocail doiléir, an chéad i ceartaithe ó e*

⁵⁵⁹ *ná ní beidh add. ach stríoctha amach*

⁵⁶⁰ *níl lánstad ar bith i ndiaidh buadhfar*

⁵⁶¹ *lar an fhocail doiléir, an chéad c scríofa go doiléir*

⁵⁶² *síneadh fada add. os cionn an chéad o ach stríoctha amach*

pháirteach don gcampa go léir ar a/ 3 a chlog. Do rith ríog tríom agus dubhart lé
miongháire “Budh bhreágh/⁵⁶³ an aoide orm bás d’fhághail ó phléar an fhoraire/ as
890 mé ag iodhbhairt na corónach d’anam Liam⁵⁶⁴ Uí⁵⁶⁵ Loingsigh^{566, 567}”/ D’aontuigheas.
Do bhí sé ar m’aighe agam ó mhaidean an Choróin/ do thoirbhirt anocht go
sonnradhach d’anam Liam. Is beag radharc/ dá bhfeaca riamh a ghoill orm chómh
mór agus chómh doimhin ar/ gabháil isteach⁵⁶⁸ dom san *dtraghaingil*⁵⁶⁹ daonna úd (Δ)
idir/ phobal a 16⁵⁷⁰ (anois an t-ósbuidéal) agus a 17 – na cliatháin/ – agus
895 seanbhathalach⁵⁷¹ tige budh ósbuidéal capall tráth./ D’iarr Eudhmonn ar an sluagh
mór (1450 fear) dul ar/ a nglúinibh⁵⁷² agus dubhairt nár thráth chun óráide/ é,⁵⁷³ gurbh
eól dos gach aon’ne tréithe an fhir/ mhairbh. Shiubhallas go muinghineach go lár an
lanntáin.⁵⁷⁴/ Chaitheas mo shúil tímceall an tsluaig. Saoileadh dom/ go raibh gach
aonne coruighthe. Tá súil agam gur ghuidheas/ go dúthrachtach. Chuireas m’anam
900 agus m’anál im/ ghuidhe. Bhraitheas me féin in athchumaireacht do shaoghal/ éigin
nár thaitightheas riamh roime seo. Do ghaibh mothugh/ aoibhin me a árduig
m’anam⁵⁷⁵ agus leigeas liom féin./⁵⁷⁶ De⁵⁷⁷ ghuth láidir dhaingin do chanas an paidrín
agus scuab/ an freagra me in aon fhuaim bhlasta árdageanta amháin.⁵⁷⁸ /60/ Tá ráfla
ag imtheacht go rugadh ar an dTaoiseach⁵⁷⁹, Dómhnall⁵⁸⁰/ Ó Bruighin agus an
905 Bheanchúin Mercithbhits. Más fíor so/ cad tá i ndán dúinn? An bhfuil an míoádh
tuitighthe/ orainn in aon tulca amháin? Má tá, tá. Á, bás/ an Loingsig⁵⁸¹ agus⁵⁸² ar a
dhruim an mhatolong doileighiste/ seo... Cuireann sé uathbhás orm. An mbuailfidh
mise/ lucht a ngabhála? An dtiocfaidh síothcháin? Cad/ thárlóchaidh? An bhfuilimid

⁵⁶³ an aoide *add. ach stríoctha amach*

⁵⁶⁴ dhá líne faoi bhun L.

⁵⁶⁵ dhá líne faoi bhun U

⁵⁶⁶ dhá líne faoi bhun L

⁵⁶⁷ níl lánstad ar bith i ndiaidh Loingsigh, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é D’aontuigheas

⁵⁶⁸ an leathanach stróicthe trí e

⁵⁶⁹ gaelú ar ‘triangle’

⁵⁷⁰ an leathanach stróicthe trí 6

⁵⁷¹ an leathanach stróicthe trí n

⁵⁷² lánstad *add.*; rud éigin *add. i ndiaidh an lánstad ach stríoctha amach*

⁵⁷³ go raibh *add. ach stríoctha amach*

⁵⁷⁴ níl lánstad ar bith i ndiaidh lanntáin, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Chaitheas

⁵⁷⁵ lánstad *add.*

⁵⁷⁶ Go *add. ach stríoctha amach*

⁵⁷⁷ dhá líne faoi bhun D

⁵⁷⁸ amháil//, n. stróicthe den leathanach

⁵⁷⁹ dhá líne faoi bhun T

⁵⁸⁰ dhá líne faoi bhun D

⁵⁸¹ dhá líne faoi bhun L

⁵⁸² agus *add.*

dá bhárr níos giorra do/ nó níos sia ó shíothcháin? Fantar go bhfeictear. Is/ dothuigse
910 iad slighe Dé chun rud do socrugh...../

Dé hAoine 4x13x23.

Díreach agus sinn ár nighe féin cuireadh/ d’iachaibh orainn dul thar n-ais n-ár
915 bpobalaibh. De phreib bhí gach aon’ne ‘sa thuairm féin aige: “Tá siad ag sárugh an/
aifrinn,” arsa duine aca,⁵⁸³ “Deunfaidh sé lá eile ionnshuidhte/ orainn,” arsa fear eile
agus táim cinnte gur tháinig/ cuimhnte lae an achrainn chun⁵⁸⁴ chuid mhaith againn.
“Ní/ mar sin in ao’chor é,” do ráidh fear eile, “ach piarda mór⁵⁸⁵/ éigin – Risteárd nó a
lithéid – atá sínte tréis na/ hoidhche”.... Níor tháinig as an ndul trí céile go léir ach/
920 gur tógadh buachaill as Phobal 12. Árdúigheadh chun siubhaill/ é..... D’fhreatháil
níos mó an t-aifreann indiugh ná/ Domhaintí. Do Liam Ó Loingsig agus don⁵⁸⁶
seisear a/ dúnmharbhuigheadh i dTuaim dob⁵⁸⁷ eadh é...../

An paidrín a bhí agam chun na corónach do rádh is maith is/ cuimhin liom an
meádhon lae a shín Cáitín Chrosta chugham é/ in eaglais in Nuadh Eabhrach agus gur
925 shíneas-sa mo phaidrín/ féin chúiche. Ní fheadar an smaoineann sí ar an lá úd/ agus ar
an oidhche roim ré, nó an iongadh léithe an bhfuil an/ paidrín agam fós. Im sheasamh
i lár na bhfear lá na Corónach agus/ an paidrín im lámh agam do chuimhnigheas go
dlúth ar Cháitín. Nách/ uirthé bheadh an lúthgháir a fhios a bheith aice gur ar a
paidrín/ a dúbradh an choróin d’anam Liam Uí Loingsigh os cómhair 1500/ fear! Do
930 thabharfadh sí póg dom as.... Ach b’féidir ná fuil/ aon chion aice orm anois. Tá cion
agam-sa uirthé se. /61/ Ar ár dturasóideacht do Stiobhairt agus dhom⁵⁸⁸ féin
tángamair/ treasna ar Sh McC. “Ar chualabhar an ráfla⁵⁸⁹?” d’fhiafruig/ sé. “Cad é an
rafla?” “Go bhfuiltear chun na bhfear gconntabharthach/ go léir do chur go h-Oileáin
Cheainéaraighe!” “Cé/ dubhairt é?” “Garmhac Eóin Mhic Néill, ceann pobail a 13”
935 “An/ raghamair ar a thóraidheacht? agus fios⁵⁹⁰ cruinn/ d’fhágail an fíor é?”
“Téighimis” agus d’imthigheamair/ ar thóraidheacht ráfla. Chuarduigheamair dhá

⁵⁸³ “Tá *add. ach stríoctha amach*

⁵⁸⁴ *cod add. ach stríoctha amach*

⁵⁸⁵ *deireadh an fhocail doiléir, r tréigthe*

⁵⁸⁶ *gcúigear add. ach stríoctha amach*

⁵⁸⁷ *e add. ach stríoctha amach*

⁵⁸⁸ *tosach an fhocail doiléir, dúch doirte ar an séimhiú ar d*

⁵⁸⁹ *deireadh an fhocail doiléir, dúch doirte ar an dara a*

⁵⁹⁰ *cr add. ach stríoctha amach*

sheómra na/ cócaireachta, gach pobal gur shroicheamair an t-ósbuidéal./ Gach aon 'ne
d'agalaimair chualadar é ach ní fheacaidh/ aonne aca ar an bpáipéar⁵⁹¹. Dubhairt an
Ceann Campa/ é, dubhairt go haon 'ne é. “Togha áite,” arsa mis’, “cuirfead/ fios ar
940 mo chailín agus sochróhad fúm ann.⁵⁹² Cuirfimid/ Cumannacht ar bun ann.⁵⁹³” Do
thráchtamair ar an/ gcúrsa sa uile ghné, agus chinneamair go léir gur bh'fhéarr/ aon áit
ná bheith in Éirinn ar na coinghillibh a leanfadh/ lucht ceannais an tSaor Stáit...
Budh ghreann é d'iarraidh/ fuinnse⁵⁹⁴ an ráfla⁵⁹⁵ d'iascadh. Mar gach aon ráfla eile ní
bhfuairiamair/ ann ach “Dubhairt bean liom go ndubhairt bean léithe.”/ “Ar
945 cualais?” arsa mis’ leis an seanChroíníneach/ “Cad é?” “Cad é?” d'fhiafruig de
phreib – creideann sé/ an uile rud. D'innseas do. “Eist liom,” ar seisean “tá/ aithne
agam ar mhnaoi go bhfuil caochshrónaighe innte/ níl aon tabhairt suas uirthé. Do bhí
mac aice in arm/ an tSaor Stáit n-a oifigeach árd agus nuair eirig an obair ró-the/ dho
ghlan sé leis. Ach a mháthair deireadh sí: “Cuirfear ar/ oileán éigin⁵⁹⁶ iad súd⁵⁹⁷ fós.”
950 “⁵⁹⁸Creidim do/ sceul” ars an seanChróíníneach, de guth árd./

... Ar an noimint seo tháinig bráighe isteach annso ar/ thuairisc a leapan. Tá
sé san dtig gloine lé seachtmhain/ mar dubhairt sé féin ó gabhadh é “ghá lascáil thall
'sabhfus/ mar bheadh snaois ar thórramh.⁵⁹⁹”/

955 /62/⁶⁰⁰ Dé Domhnaigh 4x15x23

Lá marbh trom é seo./ Go moch ar maidin tháinig ráfla 'on camtha gur gabhadh/ A.
Stach. Budh gheairidh gur fhíoruig an páipéar an méid/ sin, gur rugadh ar i lár guirt
gan aon arm ar iomchar/ aige. Is tubáisteach an buille é seo. Is tubáisteach/ do
960 fhulaing an dá buille atá fachta againn an tseachtmhain/ seo – bás Liam Uí Loingsig
agus gabháil an Stacaig. Tá/ an lug tuitighthe ar an lag ag mórán annso agus dar/ leo
go bhfuilimid ag druideam le críochnug gné the an/ trota den⁶⁰¹ achrann-so. Is deacair

⁵⁹¹ *is cosúil gur fágadh 'é' ar lár i ndiaidh bpáipéar*

⁵⁹² *doiléir, an lánstad scríofa go doiléir*

⁵⁹³ *níl lánstad ar bith i ndiaidh ann, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Do*

⁵⁹⁴ *os cionn na líne agus caret roimh an*

⁵⁹⁵ *do add. ach stríochta amach*

⁵⁹⁶ *os cionn na líne agus caret idir oileán agus iad*

⁵⁹⁷ *doiléir, u scríofa go doiléir agus d athscríofa; (sinne) (sinne) fós” add. ach stríochta amach*

⁵⁹⁸ *doiléir, dúch doirte ar na comharthaí athfhriotail*

⁵⁹⁹ *níl lánstad ar bith i ndiaidh thórramh*

⁶⁰⁰ *Deardao add. ach stríochta amach*

⁶⁰¹ *lár an fhocail doiléir, e ceartaithe ó o*

tuairm bhunadhasach/ do thabhairt ar aon nidh⁶⁰² san tír seo. Bíonn tuairm agus⁶⁰³/
 (crích)⁶⁰⁴ teangbháil chómh bun os cionn san gur fadó thugas féin suas/ mo bharamhal
 965 d’admháil ach gach lá do chaitheamh ann féin/ mar⁶⁰⁵ is fad⁶⁰⁶ go raibh bun ná
 deallramh lé gníomhachas lucht⁶⁰⁷/ ceannais na dúthaighe⁶⁰⁸ seo. [Indiugh ná inde ní
 bhfuairéas aon/ aitreamh ar mo chuid bídh d’fhaghail i dtig na cócaireachta.
 Girreánadh/ leis an gComhaire⁶⁰⁹ Campa go mbíodh scata ag dul ann/ ag faghail bidh
 agus cuireadh amach órdugh cosc do chur leó. Leigeas⁶¹⁰/ orm leis an gCeann
 970 Camtha gur theastuig uaim/ scríobhnóireachta ceadu d’fhaghail uaidh le dul go Tig na
 C.⁶¹¹/ Shaoil⁶¹² sé go rabhas dáiríribh agus budh ghreannmhar an/ argóint do dhein sé
 i gcoinnibh a lithéid. N-a thaobh san/ agus uile tá súil agam le dul ann lá éigin sara
 fada.⁶¹³ [D’imreas cúpla cluiche fithchille indiugh le Próinsias agus bhíomair/ ar⁶¹⁴
 cómhchaitheamh ar feadh i bhfad ach is fearr d’imreóir i/ bhfad é ná me. Dineann sé
 975 machtnamh doimhin ar gach/ aistriugh. Bíonn a charán i ngabhlóig a mhéire agus a/
 órdóige aige, a shúile greamtha san bhfuirinn. Bíonn/ suim an domhain aige san⁶¹⁵
 chluiche agus imreann/ sé lé módh. Maidir liomsa dho imreóir taománach seadh me/
 ach n-a dhiadh san agus uile teurnuighim tamall maith cé/ gur ar mo chosaint is mó
 chaithim an aimsir./⁶¹⁶
 980 /63/ Fear don óig-dáimh⁶¹⁷ ‘seadh Próinsias⁶¹⁸ agus cuirtear cuid/ dá⁶¹⁹
 shaothar i gclódh san Oileán Úr. Tá sé pósta/ leis agus tá truagh agam do, mar táthar
 tréis bráighe do/ dheunamh dá⁶²⁰ mhnaoi - inghean do Mh G. / Buachaill lághach
 muinnteartha ‘seadh é. Gan aon eirighe/ anáirde. Is⁶²¹ minic me n-a chuideachtain.

⁶⁰² in *add. ach stríoctha amach*

⁶⁰³ *deireadh an fhocail doiléir, s tréigthe*

⁶⁰⁴ *ar an gciumhais inmheánach roimh teangbháil*

⁶⁰⁵ na *add. ach stríoctha amach*

⁶⁰⁶ *rud éigin add. i ndiaidh d ach stríoctha amach*

⁶⁰⁷ a *add. i ndiaidh t ach stríoctha amach*

⁶⁰⁸ *lár an fhocail doiléir, a tréigthe*

⁶⁰⁹ *gComhairle*

⁶¹⁰ *Leig-leas, beas add. roimh eas ach stríoctha amach*

⁶¹¹ *Cócaireachta; doiléir, an lánstad nasctha leis an C roimhe*

⁶¹² *deireadh an fhocail doiléir, l athscríofa*

⁶¹³ *níl lánstad ar bith i ndiaidh fada*

⁶¹⁴ *deireadh an fhocail doiléir, r ceartaithe ó g*

⁶¹⁵ *imirt add. ach stríoctha amach*

⁶¹⁶ *Tráthnóna agus me fe add. ach stríoctha amach*

⁶¹⁷ *óig- os cionn na líne agus caret idir don agus dáimh*

⁶¹⁸ *tosach an fhocail doiléir, ponc add. os cionn P*

⁶¹⁹ *chlo add. ach stríoctha amach*

⁶²⁰ *mhnaoi add. ach stríoctha amach*

⁶²¹ *m add. ach stríoctha amach*

Ní go/ h-annamh thráchtaimíd ar cad a dheunfam⁶²² linn/ féin tréis na háite seo
 985 fhágaint (má fhágaimid é)/ “An raghair-se thar n-ais go dtín Oileán Úr, a Sheáin?”/
 “Ní fheadar. Is dócha go raghad ach nílím deimhnitheach/ go bhfanfad ann, cé ná
 taidhbhsightear connus is/ féidir le haonne meastamhail air féin fanacht/ san dúthaig
 seo fé chuing an dronga a bheadh i gceannas⁶²³/ má eirigheann leis an S.S. Agus cé
 go n-abraim/ an méid⁶²⁴ ní bhein sásta ar bheith as an dtír. Nuair/ bhíos ní rabhas. Do
 990 bheadh rud⁶²⁵ éigin ag sméideadh/ ort teacht, teacht, teacht mar ar nós peictiúra áilne/
 dá fhaid ó Éirinn a bheithfeá is móide a bhreághtheacht/ sa draoidheacht.⁶²⁶”

“Dar fiadh san,” deir S. McC. Táireann P.S. agus/ deir, “Tá a fios agam,” agus
 gluaiseann an triúr/ againn orainn ar ár gcuard tímcheall an ghuir/ nó pé áit n-a
 mbímíd ag siubhal./

995 Iad so gan amhras an bheirt is sárléigte sa chamtha agus/ is aobhin liom a
 gcuideachta. Cnuasuighim morchuid ó n-a/ gcuid cómhraídh agus cuirim aobhneas
 ortha lém sceultaibh siubhail. Tá/ súil agam an caradas atá eirighthe eadruinn go
 mbeidh sé/ buan. Ní lia smeur sa bhfoghmhar ná na⁶²⁷ cricheanna/⁶²⁸ atá cinnighthe
 againn do cur orainn⁶²⁹ féin tréis na háite seo fhágaint ach⁶³⁰/ ar nós smeur an
 1000 fhoghmhair tuitid uainn. Níl aon oigre orainn/ ach triúr leanbh gan taitheghe ar an
 saoghal go mian i rud/ indiugh agus i rud eile ambáireach – beith n-a gceannaibh
 airm/ lá, n-a righthibh la eile n-a gcaptaonaibh luinge an lá /64/ n-a dhiaidh, agus i
 ndeireadh na dála a chríochnuigheas n-a/ neimhnidh. Foillsigheann na taidhreadhtha
 seo nách mór an fairsinge/ in ao’chor idir an bhfear agus an leanbh san duine.⁶³¹/

1005 Ach go cinnte caithfeam rud éigin do dheunamh linn/ féin agus dúinn féin....
 nó an ndreodhfam annso mar/ an smután adhmaid ná feuchtar n-a dhiaidh?.../

.... Díreach agus me féin agus Seósaimh ag siubhall agus fúinn/ seal beag
 roimh am dúnta do bheith againn linn féin/ tháinig foghlumthóir Gaedlinge n-ár ndáil
 ar tóraideacht/ teurmaide uaim-se. As sin gur tráchtadh ar scríobhnóiribh/ Gaedlinge.

⁶²² lé add. ach stríoctha amach

⁶²³ deireadh an fhocail doiléir, s tréigthe

⁶²⁴ is cosúil gur fágadh ‘seo’ ar lár idir méid agus ní

⁶²⁵ ag add. ach stríoctha amach

⁶²⁶ níl lánstad ar bith i ndiaidh draoidheacht

⁶²⁷ nidhthe add. ach stríoctha amach

⁶²⁸ a chuirfeam add. ach stríoctha amach; at add. ar an gciumhais inmheánach roimh a chuirfeam ach stríoctha amach

⁶²⁹ atá...orainn ar an gciumhais inmheánach; orainn add. roimh féin

⁶³⁰ os cionn na líne agus add. stríoctha amach faoi

⁶³¹ b’fhéidir go bhfuil an lánstad i ndiaidh duine stríocthe den leathanach nó b’fhéidir nach bhfuil lánstad ar bith ann

1010 Thug san cao dhom ar⁶³² do/⁶³³ scaoileadh fé rud éigin atá ar maoith agam/ lé fada agus is dóigh liom dá mbeadh lucht scrigthe na/ Gaedlinge ag éisteacht liom go mbraithfidis rian⁶³⁴ mo/ theangan. Dubhart rud éigin mar seo: ____⁶³⁵/ Tréis an méid sin do chur asam do ghaibh áthas dochoimsighthe/ me gur thug ceistiuchan an fhoghlumthóra so cao dhom/ ar ár do dheunamh ar an ndriong roim ráidhte agus iad do

1015 dhíbirt/ do dhruim na talmhan in ionad an doichill do bheith orm/ é do chur isteach ar, mar tuigeadh dom, cómhradh⁶³⁶ desicréideach idir me féin agus S. D'fhágas an bheirt/ aca ag beul Pobail Sheosaimh n-a seasamh agus bhraitheas/ ar an noimint sin tinneas builg ar lucht mo chaoraidheacht./ Is fada go rabhas chómh soilbhir⁶³⁷ im aigne./

1020

Dé Luain 4x17⁶³⁸x23⁶³⁹.

Lá fuar go maith.... Mothuighim uaim cead/ dulta go tig na cócaireachta chun na proinne agus comaraití beaga eile d'fhághail/ ó cuireadh amach órdúgh cosca.

1025 D'fheudfainn dul ann ach ní mian liom a bheith/ ródhána. Chuir sé mórdháil orm⁶⁴⁰ an phríbhléid úd do bheith agam, mar chuireadh sé⁶⁴¹/ meas agam orm féin é do bheith ar mo chumas roinnt leis na buachaillibh/ ist oidhche. [Thugas fé ndeara⁶⁴² móirsheisear éigin⁶⁴³ fear ag siubhall an ghuirt agus/ bróga nuadha ortha. Siad bhí go tóirtéiseach asta féin. Iadsan go tirimchosach/ agus ár mbuinn-ne agus an lathaig sa

1030 fuacht ag gabháil dá chéile.

Bíd na páipeir mall righin dár sroicreamhaint annso./ Sochraid 5 míle ar faid ag Liam Ó Loingsigh. Bláithfhleasc ó Dheibh⁶⁴⁴, /65/ ar n-a raibh scríobhtha “Nuair

⁶³² ualach *add. ach stríoctha amach; is cosúil gur fágadh 'thuairm' nó rud éigin ar nós sin ar lár idir ar agus do*

⁶³³ scaoileadh *add. ach stríoctha amach*

⁶³⁴ deireadh an fhocail doiléir, n athscríofa

⁶³⁵ níltear in ann a rá go deimhneach cén fáth ar tharraing an Cóta an líne i ndiaidh an idirstad, b'fhéidir nach raibh go leor ama aige chun an méid a dúirt sé a scríobh; is cosúil go raibh sé ar intinn ag an gCóta an dialann ar fad a athscríobh i ndiaidh a scaoilte as an gcampa géibhinn agus na sleachta a d'fhág sé ar lár, ar nós an tsleachta seo, a chur san áireamh

⁶³⁶ run *add. ach stríoctha amach*

⁶³⁷ im *add. ach stríoctha amach*

⁶³⁸ os cionn na líne agus 18 *add. stríoctha amach faoi*

⁶³⁹ léigh '4x16x23' in ionad 4x17x23

⁶⁴⁰ deireadh an fhocail doiléir, dúch doirte ar m

⁶⁴¹ deireadh an fhocail doiléir, poll sa leathanach ar e agus an leathanach stríocthe tríd

⁶⁴² síneadh fada *add. os cionn an chéad a ach stríoctha amach*

⁶⁴³ os cionn na líne agus caret idir móirsheisear agus fear

⁶⁴⁴ tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar D nasctha le D

scriobhtar marbhna Eimit,/ scriobhfar do mharbhna-sa leis, a Liam.” Sochraid 5 míle
ar faid/ an lucht poblachta na cómhairidhte go léir? Má b’eadh, cé deurfaidh/ go
1035 bhfuil an poblacht marbh? Nó ar thángadar ann d’fhonn caoraidheachta?/ Is minic do
chonnaic daoine ag dul i sochraid agus go bhfágfaidís/ ar an gceud chao – phúir mhór
leis. Ach táim deimhnightheach gur lean/ chóimhridge go léir Liam go dtín ruilig. Cé
mhéid a bhí ann a éarfadh/ ar bhéile é nó ar ósdaidheacht na hoidhche seachtmhain
roime sin?/ Tá⁶⁴⁵ súil agam ná raibh aonne./

1040

De Máirt 4x18x23⁶⁴⁶.

Droichsceul eile ar an bpáipéar indiugh,/ gabháil an Bhairéadaig⁶⁴⁷, Ghaynor agus⁶⁴⁸.
Dréir deallraimh tá fáine deunta/ ag an namhaid ar⁶⁴⁹ ár dtreoraidhthibh. Cuireann na
1045 drochtheangbhála-so/ ag cainnt sinn annso. Is clos ó fhurmhór na/ bhfear go bhfuil
buaidhte orainn ar pháirc an bhualte./ Agus tá lagaighe ag teacht ar chuid mhaith.
Ach cad fáth lagaighe?/ An páipéar a fuairleadh mar deirtear ag an Stácach ‘ghá/
iarraidh ar D. géilleadh gan choingheall saoiltear annso/ istig go bhfuil sé
prínseabálta toisc an tagairt atá/ deunta do so^{650,651} gur chuir fulang agus troid deich/
1050 mí in iúil nár bh’é triall na dúthaighe aon rud ach Poblacht./ Ca bhfios d’aon’ne nách
bréagscríobh an páipéar so (deachtán)? Cá bhfios/ d’aon’ne an fíor nó breug an leitir
úd a láithrig ar an bpáipéar/ ó Liam Ó⁶⁵² Déasaigh? Cá bhfios d’aon’ne marbh nó beo
é?/

Do chuir S McC. agus me féin trí chéile an troid ó thúis/ go dtí so agus
1055 bhíomair ar aon intinn gur dhein ár ndaoine-ne/ mórán mór dearmhad agus táimíd
deimhnightheach go gcaithfear./ d’fhonn cúrsa na poblachta do⁶⁵³ chur chun cinn,/
mórán scartuighthe do dheunamh agus dul ar shlighe nuadh/ éigin chun prínseabáil na
poblachta do leathnughadh/ agus do bhrostugh. Bíonn Seósaimh (McC) an

⁶⁴⁵ dhá líne faoi bhun T

⁶⁴⁶ léigh ‘4x17x23’ in ionad 4x18x23

⁶⁴⁷ dhá líne faoi bhun B

⁶⁴⁸ is cosúil gur fágadh ‘Andrews’ ar lár i ndiaidh agus mar scríobh Seosamh Mac Cathmhaoil an méid
seo a leanas ina dhialann ar ‘4x17x23’: Talk with Corky Hegarty...Talked re capture of Frank Barret,
Gaynor and Tod (sic) Andrews

⁶⁴⁹ an add. ach stríoctha amach

⁶⁵⁰ deireadh an fhocail doiléir, o athscríofa

⁶⁵¹ ná raibh s add. ach stríoctha amach

⁶⁵² doiléir, O ceartaithe ó rud éigin

⁶⁵³ cuir add. ach stríoctha amach

lagmhuinghineach/ go minic. Uaireannta dúisigheann⁶⁵⁴ sé as-so agus deir⁶⁵⁵ go/
 1060 dairíribh “As so amach bead muinghíneach.” Cuireann sé/ fuinneamh agus brigh n-a
 chuid cainnte agus deimhnigheann/ le cois a phípe. Nách iongtach an neart do
 bheireann rud⁶⁵⁶/ dá ráidhtibh⁶⁵⁷ mar sin⁶⁵⁸ i láimh an fhir chirt: píp, peann, no fiú
 amháin/ sop siúirdín. Gaibheann solas bódhgach a shúil freisin agus /66/ bhraithfeá
 go raibh sé ag iomchar lé n-a rinn teachtaireacht éigin/ ó⁶⁵⁹ bhall éigin in imgcéin. Ar
 1065 nós luinge i lár bóchna a/ chidheas solus i bhfad uaithe, solas do bhaineann cruinneas
 na/ talmhan dínne agus ghuidheann a chaitheamh/ cughainn an⁶⁶⁰ fuinnse agus an
 cuspóir/⁶⁶¹ fé n-a léith.⁶⁶² Uaireannta taidhbhsigheann sé⁶⁶³ dom fé dhuadh/
 d’iarraidh an smaoinimh seo do shíneadh chughainn agus eolás/ aige ar⁶⁶⁴ thromacht
 an nídh. Maidir liom féin de tuigim go soiléir a/ aiste. Is fíoriongtach é nochtadh mar
 1070 seo./

Mar is beus agam thugas cuaird ar Phróinsias Stiobhairt./ Bíonn sé go
 girghéiseach fáilteach i gcomhnaidhe. “An ólfair te, a Sheáin?”/ ar seisean “Anois
 díreach d’ólas é,” arsa mis, “⁶⁶⁵ach ós rud é/ go bhfuil subh⁶⁶⁶ agat tógfad braon.”⁶⁶⁷
 “An íosfair blúire shicín?”/ “An íosfad?” arsa mis’ agus iongtas orm cad as go
 1075 dtiocfadh a/ lithéid. Bhuail sé os mo chómhair go galánta an t-eun mór agus/ cé go
 rábhas i ndán comhthrom do bhaint de ní dheaghas róchruidh/ air. Níor mhaith liom
 airceachán do dheunamh díom féin leis. Go deimhin/ ní craosaire am ar bith me agus
 dá mhéid fonn a bhí orm do choisc/ an beagáinín beus atá agam me ar dul⁶⁶⁸ ní
 hamháin tar cailc ach/ i gcómhuisse dho. Ar thugais fé ndeara riamh scata daoine ag/
 1080 feuchaint go dúlmhar ar dhuine ag itheadh rud ná bíonn aca féin/ agus ná bíonn aon
 dul aca air? Is formudamhail an rud é gan/ aon amhras. Nách mó ná san annso é in
 áit ná fuil dul ar ná súil lé/ seicín? Shamluig cuid dos na diallaibh bochta úd dom mar

⁶⁵⁴ rud éigin add. i ndiaidh an dara n ach stríoctha amach

⁶⁵⁵ as add. ach stríoctha amach

⁶⁵⁶ os cionn na líne agus rud add. stríoctha amach faoi

⁶⁵⁷ dá ráidhtibh ar an gciumhais inmheánach agus caret roimh mar

⁶⁵⁸ do add. ach stríoctha amach

⁶⁵⁹ achar add. ach stríoctha amach

⁶⁶⁰ os cionn na líne agus caret idir cughainn agus fuinnse; an add. i ndiaidh an ach stríoctha amach

⁶⁶¹ n- add. ach stríoctha amach

⁶⁶² agus ghuidheann...n-a léith. ar an gciumhais inmheánach

⁶⁶³ os cionn na líne agus caret idir taidhbhsigheann agus dom

⁶⁶⁴ os cionn na líne agus caret idir aige agus thromacht

⁶⁶⁵ níl comhartha athfhriotail ar bith roimh ach

⁶⁶⁶ tosach an fhocail doiléir, ponc add. os cionn s

⁶⁶⁷ níl comhartha athfhriotail ar bith i ndiaidh braon

⁶⁶⁸ t add. ach stríoctha amach

ainmhidhthe fiadhaine/ i gcás ar tí lingthe teanntuighthe ag náire mar bhíonn na⁶⁶⁹
hainmhidhthe/ teannta ag na barraidhibh iarain. Do mhothuigheas féin go rí-mhaith/
1085 an aiste agus bhraitheas míoshuaimneasach./

Indé chaitheas seal i bhfarradh Thomáis Uí Bhrádaig ó chomarsanacht/ Phuirt
Laoighise. Do bhí aithne mhaith agam ar a athair. Bhíodh seisean/ ag baint le
Connradh na Gaedhilge sa seanlaethibh nuair bhíos ag múineadh/ Gaedlinge ann.
Chuireas tuairisc na ndaoine ann. Tréis cúnntais cuid/ mhaith d'fhághail
1090 d'fhiafruigheas connus mar bhí Máighréad Ní Dhonnchadha, seanleanán,/ “Phós⁶⁷⁰ sí
Mac Uí Cheallaigh⁶⁷¹ mar tá a fhios agat, thug sé é féin ar an ól agus anois/ táid n-a
gcómhnaidhe i seómra cúil. Níl a fhios agam connus mar mhairid in aochor.⁶⁷²”

Smaoinigheas ar feadh tamaillín agus mhachtnuigheas ar an dtráth go
bpósfainn/ í, mar bhíos óg agus anshaonta, dá bposadh sí me. B'é a col liom go
1095 rabhas/ beagán rócheanamhail (⁶⁷³dar léithe) ar an mbuidéal dubh. Phós sí an fear/
eile, gaige cléirig. Budh bheag an uair go raibh cion aca ar mhúinteoir/ Gaedlinge.
“Níor shlighe bheatha é” deirtí. Ní lugha ná tuigeadh/ dómhsa a mhalairt riamh. Fáth
des na fáthannaibh, bféidir, nár /67/ phósas féin riamh. Anois gan dearmad tá áthas
orm nár cheanglas⁶⁷⁴/ i gcuing phósta leis an mnaoi budh dheise ar m'aitheantas an
1100 uair sin⁶⁷⁵ mar ní bheadh⁶⁷⁶/ oiread den saoghal feiscighthe agam agus ní fios cad é an
clampar a/ thairngeóchainn ar mo chéile leapan. Ó do bhí mórchuid ar a líon. Tá sé
ar/ mo chumas dachad bean lé n-a rabhas conbharsáideach do chóireamh/ dachad bean
gur bhfeas dom a n-uile rún – ach bféidir rún/ mo mheallta. Ar mealladh riamh me?
Uair éigin eile freagróchad/ san./

1105

Dé Ceudaoin 4x19x23⁶⁷⁷

Lá dorcha ann féin. Báisteach um/ thráthnóna. Mhúineas indiug airís. Múinim gach
lá an tseachtmhain/ seo chun mo spiride do choimeád ar beathugh. Ní bhfaighim, ná

⁶⁶⁹ *síneadh fada add. os cionn a ach stríoctha amach*

⁶⁷⁰ *tosach an fhocail doiléir, P ceartaithe ó F*

⁶⁷¹ *í add.*

⁶⁷² *níl lánstad ar bith i ndiaidh aochor*

⁶⁷³ *dar add. ach stríoctha amach*

⁶⁷⁴ *deireadh an fhocail doiléir, cuid de s stríocthe den leathanach*

⁶⁷⁵ *an uair sin os cionn na líne agus caret idir aitheantas agus mar*

⁶⁷⁶ *bhead///, an séimhiú ar d stríocthe den leathanach*

⁶⁷⁷ *léigh '4x18x23' in ionad 4x19x23*

1110 ní iaraim,/ faic as mhúineadh. Sin é chuireann cion ceart agam ar an obair.⁶⁷⁸/ Ní mór a fuaires riamh as mhúineadh. Thugas 18 mí uair ag/ múineadh agus sé a bhfuaires as £8! B'fhéidir go ndeurfaidh/ duine éigin nách fiú puinn me. Aontuighim. Ach fós do bhuaidheas⁶⁷⁹/ i gcomórtasaibh an cheud duais go minic ar mhúinteóireacht./ Indiugh gheibhtear 10 p.⁶⁸⁰ sa tseachtmhain⁶⁸¹ as Ghaedling! Go gcothuighidh/ san 1115 dóibh. Ní fheudfadh aon'ne a rádh go rabhas riamh sprionnlaithe/ fém chuid Gaedlinge, an beagán atá agam. Admhuighim, agus/ dubhart i gcómhnaidhe dá mbeadh an tír seo mar budh chóir, dá mbéadh/ sí *normal* (sochuibheasach) ná beadh ionam sa agus im lithéid eile ach leighteóir/ Gaedlinge. In ionad san saoiltear do dhaoibh gur cheart dúinn/ bheith n-ár n-úghdaraibh. Dá bhithin sin tá mórán 1120 eadrainn/ ag scríobh na teangan agus tuigtear dóibh na leighcidí bochta gur⁶⁸²/ ughdair iad! Cothugh dhóibh ar a mbreall! Tugann lucht foghlumtha/ na Gaedlinge cabhair dóibh: “Is deas an leabhair é sin ón ____⁶⁸³. Tá/ dul maith ar an gcainnt. Tá saidhbreas cainnte ann.” Go/ díreach, go díreach; ach don té go bhfuil an Ghaedling aige, an mhéid⁶⁸⁴/ a mhaireas dí ní leabhar foghlumthóra a theastuigheas uaidh. Níl/ 1125 sé ar thóraidheacht focal, cor cainnte, canamhna, ach ar tóraidheacht,/ in aistear, ruda éigin a chuirfidh aoibhneas ar a aigne./ Is⁶⁸⁵ furaiste mo sceul d'fhoillsiugh, chómh furaiste sin nách gádh é./

An cheacht laetheamhail Gaedlinge a bhíonn agam an subhálceas⁶⁸⁶/ is mó agam istig san áit mhíóádhmharaig seo./

1130 /68/ Cuireann⁶⁸⁷ subhálceas na ceachta-so i gcuimhne dom ceachta⁶⁸⁸/ eile – na ceachta thugainn do Cheann⁶⁸⁹ Dubh⁶⁹⁰. Ceann Dubh, Ceann/ Dubh! Cá bhfuil sí anocht? An marbh nó beó í?⁶⁹¹ Mo lagar dubhach/ cráidhte – agus is róchráidhte me go rómhinc – ní fheadar, ní/ feadar, á, ní fheadar. Más beó duit, a Cheann Dubh, an

⁶⁷⁸ *níl lánstad ar bith i ndiaidh obair, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Ní*

⁶⁷⁹ *lár an fhocail doiléir, an séimhiú ar d nasctha le d*

⁶⁸⁰ *10 bpunt*

⁶⁸¹ *lár an fhocail doiléir, an séimhiú ar m nasctha leis an dara t*

⁶⁸² *folínithe faoi dhó*

⁶⁸³ *is cosúil gur tharraing an Cóta an líne i ndiaidh ón toisc go raibh sé ag caint go ginearálta seachas faoi údar ar leith*

⁶⁸⁴ *folínithe faoi dhó*

⁶⁸⁵ *dhá líne faoi bhun I*

⁶⁸⁶ *an leathanach stríocthe trí e*

⁶⁸⁷ *níl céad líne an ailt seo eangaithe; Tá cuid aca n-ár bpobal-na tréis add. os cionn na líne ach stríoctha amach*

⁶⁸⁸ *rud éigin add. ach stríoctha amach*

⁶⁸⁹ *dhá líne faoi bhun C*

⁶⁹⁰ *dhá líne faoi bhun D*

⁶⁹¹ *F add. ach stríoctha amach*

bhfuil do/ smaointe orm anocht? An gcuimhnigheann tú ar na tráthanaibh⁶⁹²/ aoibhne
 1135 pleisiurdha chaitheamair n-ár n-uath as nár⁶⁹³ n-aonar/ fén spéir amuigh san bPáirc
 Láir, na mílte mílte soillse ós na/ sraitheannaibh tighthe in achar uain agus na ceudta
 solas scaipighthe/ ar fuaid na páirce. An machtnuigheann tú ortha so? An/
 gcomhnuigheann do smaointe rúin ar na tráthanaibh a/ chaithis im sheómra i N____
 nuair bhí mo chos goirtighthe? An/ gcuimhnigheann tú ar na leitreachaibh a scrigteá
 1140 chugham?/ Agus – á seadh – agus an léigheann tú na leitreacha a/ scriobhas cugat?
 Na leitreacha chuireadh sceitimíní ar do chroidhe?/ A choruigheadh tú go haigéan
 t’anama, a chuireadh aoibhneas aobhdha/ ort, a mhúscladh tu, a chuireadh an fhuil⁶⁹⁴
 n-a buine chroidhearg n-a/ srothalam tríd fhéitheachaibh, na leitreacha a eitighis orm
 d’fhilleadh⁶⁹⁵ ar/ theacht don mbriseadh eadrainn. An léigheann tú iad? An bhfuilir/
 1145 ghá léigheamh anocht? B’fhéidir, b’fhéidir. Cá bhfios, ca bhfios. Agus an/ cuimhin
 leat ná bíteá sásta mara scrighin ceann gach lá fiú/ amháin an lá bhuailinn umat? An
 cuimhin leat na cheudleitreacha/ mar⁶⁹⁶ a spriogtá mé? Mar a thugtá “do thógar”
 orm? Agus an/ ceann áirighthe úd do thugas duit in amharclann peictiúirí/ Leowe an
 oidhche úd fadó riamh anois a bheir duit feuchaint orm, agus/ tú ghá léigheamh ar
 1150 chúl an tighthe fén solas caoch, go ndubhrais/ “A Sheáin, a Sheáin” chómh bog úd,
 chómh haoibhin úd as gur luig do/ shúile ar a chéile go mall mealltach gur mhealladar
 mo chroidhe⁶⁹⁷ cugat/ agus gur chlaochluigheadar⁶⁹⁸ mo chéadfadh gur ghreamuig
 do lámh/ leabhair mo lámh sa n-a glaic agus gur fháisc í gur chuir freangaidhe/
 aoibhne ag rás tríom go ndubhart, “A Neans cad dheunfad leat/ in ao’chor?” agus go
 1155 ndubhrais, “A Sheáin a bhuidhneach, caithfir me/ d’fhuadach! Á tá grádh agam duit.
 A Dhia, ná ficeann tú e, ná/ braitheann tú é, nách tú an chómhacht atá ag tabhairt
 corruighthe/ dom bhallaibh beatha⁶⁹⁹?” Agus annsan do dhruideamair níos dlúithe⁷⁰⁰/
 lé chéile agus neaduigheamair ar an aiste sin, do leaca shleamhain the/ ag scríobadh
 go righin ceanamhail dom leacain se agus boladh cúmhra /69/ do ghruaige agus
 1160 t’anáile im shróin. Á, an caise a scuabadh me/⁷⁰¹ ó ingin mo luidín go préimh an ruibe

⁶⁹² *deireadh an fhocail doiléir, an séimhiú ar b nasctha le b*

⁶⁹³ *n-ár*

⁶⁹⁴ *rud éigin add. i ndiaidh l ach stríoctha amach*

⁶⁹⁵ *os cionn na líne agus d’fhilleadh add. stríoctha amach faoi*

⁶⁹⁶ *a add. i ndiaidh r ach stríoctha amach*

⁶⁹⁷ *lánstad add.*

⁶⁹⁸ *lár an fhocail doiléir, u ceartaithe ó rud éigin*

⁶⁹⁹ *rud éigin add. os cionn b ach stríoctha amach*

⁷⁰⁰ *tosach an fhocail doiléir, dúch doirte idir d agus l*

⁷⁰¹ *ó ingnibh mo luid add. ach stríoctha amach*

- ab aoirde im/ cheann! Mar dhearmhadaimís⁷⁰² na peictiúirí ar an scáine, an/ saoghal
mór agus beagnách creat a chéile ár spirideanna ag⁷⁰³/ gluaiseacht trí bhallaibh
imigcéine ar snámh i mbóchna thé go⁷⁰⁴/ gcuireadh fáscadh beag ag eiteallaig sinn dár
gcur in iúil dá chéile/ gur dhaoine saoghalta sinn.⁷⁰⁵ Annsan d’fheuchaimís ar a chéile
1165 agus/ chuireadh rínn ár súl i bhfighis an gradh, an searc a bhí ag borradh/ n-ár
mbith.... Á! táim cinnte go gcuimhnighir. Táim cinnte ná/ dearmhadfair choidhche
me níos mó ná dhearmhadfad sa tusa. Cad súd/ a scríobhais id leitir dheidheanaig?
“*A Sheáin, beannacht Dé*⁷⁰⁶ leat/ anois, do bhís rómhilis, rófhianhan i gcómhair an
uile lae!” “*Ná/ déin aon rud do chuirfeadh id choinnibh me. Fág mé i slighe a’s go*⁷⁰⁷
1170 *dtiocfair chugham im smaointibh nuair bhead ag éisteacht*⁷⁰⁸ *ceólchluiche/ nó nuair*
*amharcócad*⁷⁰⁹ *ar aon nidh is taitheamhach leis an súil.”/ A Cheann Dubh, an*
bhfuil fhios agat, go nguidhim ort an/ uile lá ó leagas mo shúil ort ar dtúis, oidche lae
*Nodlag, dá bhliain/ imthighthe, nár dhearmhadas riamh an phaidear so do rádh, go*⁷¹⁰
ritheann sí chugham gan cuimhneamh?..../
1175 “*A Mhaighdin bheannuighthe Muire, cuirim me féin agus Neans féd/ choimirce*
anocht./
A Athair Sioraidhe na bhflaitheas, feuch anuas ó neamh orainn/ agus maith dhúinn ár
bpeacaidhe/
A Íosa Chríost, ar son ar fhoilgis ar chrann na croise, maith/ dúinn agus tabhair ár
1180 *sláinte dhúinn/*
*A Spirid Naoimh! Túirling ‘n-ár gcroidhthibh*⁷¹¹ *agus stiúruig/ sinn ar bhealach ár*
leasa./
A Aingeala chuideachta, cúmhadaighidh sinn ar gach anspirid/ agus droichnidh
bheadh ar tí ár ndíobhála./
1185 *AMEN./*

⁷⁰² an *add. ach stríoctha amach*

⁷⁰³ eiteall= *add. ach stríoctha amach*

⁷⁰⁴ gcuir= *add. ach stríoctha amach*

⁷⁰⁵ d *add. ach stríoctha amach*

⁷⁰⁶ dhá líne faoi bhun D

⁷⁰⁷ g *add. ach stríoctha amach*

⁷⁰⁸ is cosúil gur fágadh ‘le’ ar lár idir éisteacht agus ceólchluiche

⁷⁰⁹ os cionn na líne agus amarocad *add. stríoctha amach faoi*

⁷¹⁰ ri *add. ach stríoctha amach*

⁷¹¹ s *add. ach stríoctha amach*

/70/ Dé Máirt 4x24x23.

San oisbuidéal dom ó Dhomhnach lé/ slaghdán trom. Níor eirigheas fós. Tá barróg
1190 agus scailp throm/ ar m'ucht. Gleó agus clampar annso ó indé. Gabhadh an Ceann/
Campa mar gheall ar rud éigin. Diúlтуigheadh seasamh leis/ na leapachaibh agus
thosnuig san an t-achrann. Tógadh eudach as/ na poblaibh agus pé troscán a bhí
ionnta. Am éigin den oidhche/ thangadar isteach annso ag cómhaireamh. Lá aoibhin
glórmhar/ an lá indiugh agus bhitheas⁷¹² go léir fé ghlas go dtí a 2 a clog.⁷¹³ Annsan
1195 ruaigeadh amach le gunaidibh ar bhfir. Tá an/ drong eile is dócha ag cuardach go
piaclach anois. Is clos/ dom gur baineadh an biadh a bailigheadh isteach indé dár/
ndrong-na agus is cosamhail gur in agaidh diomáiste/ a tógadh maingisíní agus
gréithre na bhfear. Tá gach aon nidh/ cuibheasach ciúin istig annso ach fothghlam ó
L. gan iomad/ glóir do dheunamh ná fuinneóga d'oscailt. Indé/ dubhairt duine éigin
1200 gur lamhadh foraire é féin i/ bPáirc an Ghirrfhiaidh go ndubhairt fear eile: “Tá se ag/
deunamh taithighe ar an bhfear ceart,” agus gháir go/ haonne. Sin mar meastar beatha
duine fé láthair./

Ist oidhche De hAoine d'eulaig 70 fear as thuar a haon/ níl eólas ceart againn
ar an uimhir. Tá sé ráidhte gur/ imthig beirt phóilíní agus triúr foraire n-a bhfochair
1205 agus go/ mbeadh an camtha go léir imthighthe mara mbeadh gur ghaibh seisear/
den⁷¹⁴ lucht euluighthe in áit mhícheart. Bhitheas go fuadrach ar a⁷¹⁵ dtóir/ ó shoin.
Ní fios cá bhfuil E Ó hA. aca - sa dTig⁷¹⁶ Gloine⁷¹⁷ b'fhéidir.⁷¹⁸ 135 P.⁷¹⁹ meas na
diomáiste Aoine an Ceusta agus dar liom toisc/ ná sighthifí dóibh an méid sin as an
ndeascán airgid linn atá ar/ láimh aca gur b'as a eirig an clampar an turus so./

1210 Thugas tamall maith den oidhche airéir im dhúiseacht agus/ chloisinn gach aon
cheathramha uaire chluig an foraire ag éigheam/ go hárd-líonritheach⁷²⁰ cuid aca –
mar seo “Post a haon⁷²¹/ uile ceárt!” “Post II. Uile ceart!” agus mar sin de, agus

⁷¹² *tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar b nactha le b*

⁷¹³ *níl lánstad ar bith i ndiaidh clog, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Annsan*

⁷¹⁴ *lár an fhocail doiléir, e scríofa go doiléir*

⁷¹⁵ *doiléir, a scríofa go doiléir*

⁷¹⁶ *dhá líne faoi bhun T*

⁷¹⁷ *dhá líne faoi bhun G*

⁷¹⁸ *níl lánstad ar bith i ndiaidh b'fhéidir, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é 135*

⁷¹⁹ *135 punt*

⁷²⁰ *fleiscín add. ach stríoctha amach*

⁷²¹ *deireadh an fhocail doiléir, n scríofa go doiléir*

/71/⁷²² an buabhall dá sheinimt agus chéim thómaiste an ghárda/ go minic ag gabháil
tar⁷²³ an ósbuidéil, agus lonnradh/ soillseach an tSolais Cuardaig ag follamhain os
1215 cionn an camtha⁷²⁴/ agus ag glinneamhaint trís⁷²⁵ na fuinneógaibh: – nuair thángadar/
ag cómhaiream – 4 aca – do leigeas orm bheith im chodladh ach d’fhaireas/ a
ngeámaidhe./

Tá D. O B. tógtha lé laetheantaibh, an fear bocht.⁷²⁶ Deirtear⁷²⁷/ gur
marbhuigheadh Aero Ó Liain tímcheall an Tóchair agus go/ raibh sé ar an bpápear
1220 clog i dtig a mhuintire nár ghluais le/ bliantaibh go ndeaghaidh ar siubhall agus gur
bhuail lé linn a/ mharbhtha. Míorbhúilt!!!

Tháinig P. Ó D agus Seosamh Mac/ Bhreathamhain ar mo thuairisc indé. Tá
súil ag S. dréir leitir do/ scríg an Dochtúir Mac Cartáin go dtí duine muinnteartha/
dho go bhfuasclófar é. Tá súil agam go ndeunfar./

1225 Tá biadh trí lae annso againn má leanann⁷²⁸/ an iomshuidhe ach beidh ceal
uisce orainn má heitigtear sinn./ Cloisim mórán gártha lasmuig/

Ar chlos dom go rabhthas ag tógaint gréithre gach/ aon’ne leathas mo chulaidh
ar an bpluid fém chasóig bháistighe/ agus d’fholuigheas é seo fúm agus peictiúir
Chaitín Crosta/ agus Mhuirinn Ní Chealleachain. Tá leitir scriobhtha agam chun Cáit/
1230 Ní Chathail. Tá a croidhe ag bogadh liom airís, is dóigh liom. Da mbein/ se in aice
an té a scaip sceulta n-ár dtaobh chuirfinn ar a/ shúilíbh cúrsaidhe⁷²⁹ beus do. Lá éigin
barrófad Cáit airis/ agus dearmhadfaidh⁷³⁰ se an méid úd. [7 a chlog] Anois tháinig/
sagart isteach chun na holna do chur ar othar. Tá sé ar an dtaobh/ tall⁷³¹ brat dearg n-a
tímceall ag eisteacht/ faoisdine an éiglidhe. Do shléacht⁷³² an póilín airm do ar/
1235 scaramhaint leis – sagart, eigidhe caitliocaidhe, lucht/ coimeáda caitliocaidhe agus
os cionn 1450 Caitliocaidhthe/ aca amuigh san tuar – agus beid bféidir go maidean!
Nách/ ait mar tá an dúthaig imthighthe? Tá asbalóid tugtha/ ag an sagart don bhfear
breoite.⁷³³ Ceathramha uaire⁷³⁴ an /72/⁷³⁵ chluig ó shoin bhí an *brigidiar*⁷³⁶ agus

⁷²² agus add.

⁷²³ mo po add. ach stríoctha amach

⁷²⁴ deireadh an fhocail doiléir, an dara a tréigthe

⁷²⁵ os cionn na líne agus trí add. stríoctha amach faoi

⁷²⁶ athraíodh an chamóg i ndiaidh bocht go lánstad mar is cosúil gur tosach abairte nua é Deirtear

⁷²⁷ dhá líne faoi bhun D

⁷²⁸ an leathanach stríocthe tríd an dara n

⁷²⁹ deireadh and fhocail doiléir, idh smeartha

⁷³⁰ dearmh///df///h, an dara a agus aid smeartha

⁷³¹ do seas bra add. ach stríoctha amach

⁷³² os cionn na líne agus bheannuig add. stríoctha amach faoi

⁷³³ rud éigin add. ach stríoctha amach

poilín airm annso ag/ gabháil le bataibh ar na fallaidhibh adhmaid d’fheuchaint an⁷³⁷/
 1240 bhfaighidís cré tréis múchán nó aon rud ann – gan/ aon scropal ortha i dtaobh luige an
 té atá ag⁷³⁸/ tuaraidh an bháis. Más bás do gur maith an mhaise⁷³⁹ e/ más
 maireachtaint do beidh sceul le hínnsint aige.⁷⁴⁰/

Dé Ceudaoin 5x2x23.

1245

Lá aoibhin samhraidh. Feur glas ag fás go mear,/ bláthanna ag borradh, boladh
 chumhra san aer. Indiugh an cheud lá im shuidhe agam/ tá breis mhór fheabhasa orm
 – go leanaidh dom. Ní h-aon dóighchín bheith in/ ósbuidéal agus in a lithéid seo, mar
 a bhfuil ceal freap agus bidh oireamhnaig./ Seachtmhain ó shoin ó thosnuig an cath
 1250 mór nár mhaolug i gceart go/ dtí indiugh.⁷⁴¹ Connus thráchtfad ar an seachtmhain
 seo? Cá dtosnóhad?/ Cá gcríochnóhad? Chun an scéil do ríomh i gceart agus in
 iomláine/ níor mhór deachtóir maith. Fairír is lag í m’iarracht sa.../

....⁷⁴² Ciodh trácht do chonnach scáth an tsagairt ar an síneáil ghléasmhair./
 Chuir scáth⁷⁴³ a mheur agus⁷⁴⁴ í ag corraige i mbeannachtain⁷⁴⁵/ i gcuimhne dhom an
 1255 scáth a dheinimís⁷⁴⁶ agus sinn beag ag deunamh aithris/ ar cheann coinín: (Dé Máirt
 4x24x23) Óir ná sighinfeadh an ceann tuair/ seic le 135 p.⁷⁴⁷ in aghaidh diomáiste do
 gabhadh é indé agus indiugh tosnuigheadh ar/ na pobalaibh do chuardach gur bh’ é
 crích an chúrsa go bhfuairtheas dhá mhúchán/ ceann in uimh⁷⁴⁸ a haon agus ceann in
 uimh⁷⁴⁹ 18. Síos fén dtuar gan faic lé h-itheadh/ fé fhuacht ghaoith agus bháistig do
 1260 coimeádadh na bráigheanna. Thugas an oidhche go léir/ nách mór im dhúiseacht – ní
 fheudfainn neul codlata⁷⁵⁰ do dheunamh acht ag/ machtnamh ar lucht a haon agus a

⁷³⁴ *deireadh an fhocail doiléir, e smeartha*

⁷³⁵ *an add.*

⁷³⁶ *gaelú ar ‘brigadier’*

⁷³⁷ *tosach an fhocail doiléir, a scríofa go doiléir*

⁷³⁸ *tuar add. ach stríoctha amach*

⁷³⁹ *is cosúil gur fágadh ‘do’ ar lár idir mhaise agus e*

⁷⁴⁰ *doiléir, an lánstad smeartha*

⁷⁴¹ *Connus add. ach stríoctha amach*

⁷⁴² *níl céad líne an ailt seo eangaithe*

⁷⁴³ *os cionn na líne agus caret i ndiaidh Chuir; a mhéire add. i ndiaidh an caret ach stríoctha amach*

⁷⁴⁴ *rud éigin add. ach stríoctha amach*

⁷⁴⁵ *deireadh an fhocail doiléir, an trú n tréigthe agus an leathanach stríocthe tríd; síneadh fada add.*

os cionn i ach stríoctha amach

⁷⁴⁶ *agu add. ach stríoctha amach*

⁷⁴⁷ *135 punt*

⁷⁴⁸ *uimhir*

⁷⁴⁹ *uimhir*

⁷⁵⁰ *deireadh an fhocail doiléir, t ceartaithe ó d*

hochtdeug agus gan aon eolas agam/ ná go rabhadar amuigh fén sín, agus gan aidhbhéis níor chuala⁷⁵¹ riamh aon oidhche/ budh mhó, agus budh thruime báistighe ná í. Am éigin idir sin agus maidean thuit/ mo chodladh orm. Tráthnóna airéir agus
 1265 airéir ní dheaghaidh staon ortha ach/ ag cuardach ‘sag útamáil sa⁷⁵² piardáil ag bualadh sag léasadh fallaidhe ag/ stolladh sag stracadh, gach aon’ne aca agus a ghunna n-a láimh aige ag/ bagairt sag scannrugh – cuid aca ar meisce. (Dé Ceudaoin 4x25x23) Gach/ aonne fé ghlas indiugh aca. Tá ag eirighe ortha. Tugadh ádhbhairín lé n-itheadh dos/ na bráighibh tímcheall lár an lae tréis iad bheith 24 uaire in a
 1270 dtroscadh⁷⁵³. Arduigheadh/ cuid aca amach chun oibre agus ar dhiúltadh do thriúr aca fuaireadar/ bualadh agus búrdáil shalach. Indiugh a tugadh púir aca so agus rian an deunaimh go/ maith air, – dubh, buidhe, breach, bacach, agus bhí sé⁷⁵⁴ d’eudan ar Mhac C. a rádh leis/ “Tagadh feabhas go tapaidh ort tá gnó fós againn díot. Tusa shluid na beartáin/ i seomra⁷⁵⁵ an cheistiúcháin.” Breug san. Dubhairt an buachaill
 1275 lém bheul⁷⁵⁶ go/ raibh sé ceangailte aca i rith na h-aimsire go bhfaigheadh sé breis bhasctha/ mara mbeadh beirt phóilíní a⁷⁵⁷ bhagair go gcaithfidís⁷⁵⁸ díobh an seiceád mar/ a stadfadh an bualadh. Gach aon lá⁷⁵⁹ beirid amach gasra ag deunamh/

Leathanach ar iarraidh

1280

/81/⁷⁶⁰ do ghonadh⁷⁶¹ sa ghualain⁷⁶², fotharaga fé⁷⁶³ ar lorg ceud-cóngaimh⁷⁶⁴. Lá eile gan⁷⁶⁵ bhláth⁷⁶⁶/ gan deallramh. (Dé Luain 4⁷⁶⁷x30x23) Breis fheabhasa orm indiugh. An clódh ceudna/ ortha. Mar an ar olcas dóibh ní har fheabhas go deimhin. Cuardach

⁷⁵¹ *deireadh an fhocail doiléir, an dara a scríofa go doiléir*

⁷⁵² *sag*

⁷⁵³ *tosach an fhocail doiléir, t scríofa go doiléir*

⁷⁵⁴ *d add. ach stríoctha amach*

⁷⁵⁵ *lár an fhocail doiléir, om scríofa go doiléir*

⁷⁵⁶ *tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar b nasctha le r san fhocal beartáin atá ar an líne roimhe seo*

⁷⁵⁷ *fhág add. ach stríoctha amach*

⁷⁵⁸ *deireadh an fhocail doiléir, is scríofa go doiléir*

⁷⁵⁹ *rud éigin add. ach stríoctha amach*

⁷⁶⁰ *níltear in ann a rá go deimhneach céard é dáta na hiontrála seo, b’fhéidir ‘4x29x23’*

⁷⁶¹ *deireadh an fhocail doiléir, an séimhiú ar d tréigthe agus an leathanach stríocthe tríd*

⁷⁶² *an leathanach stríocthe idir u agus an chéad a*

⁷⁶³ *deireadh an fhocail doiléir, an síneadh fada ar e tréigthe, an leathanach stríocthe tríd agus téip ghreamaitheach air*

⁷⁶⁴ *tosach an fhocail doiléir, an chéad c athscríofa*

⁷⁶⁵ *deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stríocthe trí n*

⁷⁶⁶ *b’fhéidir; b///, lár agus deireadh an fhocail stríocthe den leathanach*

⁷⁶⁷ *doiléir, 4 ceartaithe ó 3*

de ló agus/ d'oidhche ar siubhall, dul timcheall go hiomarcach⁷⁶⁸, sotalach. Ó, an
1285 ghráin atá⁷⁶⁹/ agam ortha. Mar gheibhid glóire n-a gcómhacht ós ár gcionn. Táid lán
diobh⁷⁷⁰/ féin. Mórta, mórchúis. Budh dhóigh leat ortha go mbeid in uachtar
choidhche.⁷⁷¹ Tá cíp róp deunta aca des gach aonne nidh, fiú amháin an
leabharlann⁷⁷²/ do dheineadar cill tuathail de, díreach mar shásamh aigne go/
mbrughfadh san spirid na bhfear annso. Táimid fé chois aca is/ soiléir sin. Ach an
1290 mbeimid? Nó an fada bheimid? Gach sceul chloisim/ ó lucht an chamtha is measa é
ná an sceul a tháinig roimis. Díoghaltas/ suarach breun agus díomas gan teóra. An
daoine allta iad? An dóigh⁷⁷³/ leó go bhfuilid tíorachais? Fós, dar leó, go bhfuilid ag
deunamh rud/ éigin creideamhnach.⁷⁷⁴ (Dé Máirt 5x1x23) Suathadh agus dul trí
chéile, gasraidhe/ ghá bhreith amach aca dhá uair is ló ag gearradh an trínse, ag⁷⁷⁵/
1295 cúbláil chúcha⁷⁷⁶ an uile rud gur féidir leó a lámh do leagadh air. A 1. agus a⁷⁷⁷ 18.
glan amach ar fad⁷⁷⁸. Sin é cloisim. Tá an camtha anois fé n-a/ riar ó thalamh agus
d'aithneófá ortha go bhfuil áthas ortha dá bhárr./ (Dé Ceudaoin 5x2x23), Im shuidhe
indiugh. Chonnac an lucht oibre ag/ filleadh. Thug an póilín toitíní chugham mar is
gnáthach leis. Nach glas⁷⁷⁹/ saighilmhear⁷⁸⁰ atá an feur. Is⁷⁸¹ iomdha atharugh
1300 thagann ar an/ dtalamh⁷⁸² i seachtmhain an taca-so de bhliain, agus nách iomdha ar/ an
nduine⁷⁸³ leis. Thall annsúd cím na caoire n-a luighe i bPáirc/ an Ghirrfhiaidh. Nách
sásta an chuma atá ortha... Gan aon choine/ leis tréis té glaodhadh amach ar phobal a
17 agus gan aon eólas aca/ ar cá raibh a dtriall gluaiseadh síos go huimh⁷⁸⁴ 1. iad –
cuid aca^{785/786} nár bhain ó thúis leis an bpobal do scaipeadh iad⁷⁸⁷ i bpobalaibh

⁷⁶⁸ *deireadh an fhocail doiléir, an dara c ceartaithe ó rud éigin*

⁷⁶⁹ *an leathanach stróicthe trí t agus idir an dara a agus an síneadh fada ar an dara a agus téip ghreamaitheach air*

⁷⁷⁰ *díoll, bh stróicthe den leathanach*

⁷⁷¹ *doiléir, téip ghreamaitheach ar an lánstad*

⁷⁷² *leabhar/lann, lár an fhocail doiléir, cuid de r stróicthe den leathanach*

⁷⁷³ *d///, óigh stróicthe den leathanach*

⁷⁷⁴ *níl lánstad ar bith i ndiaidh creideamhnach*

⁷⁷⁵ *doiléir, an leathanach stróicthe trí ag agus téip ghreamaitheach air*

⁷⁷⁶ *lar an fhocail doiléir, u tréigthe*

⁷⁷⁷ *doiléir, filleadh sa leathanach ar a agus téip ghreamaitheach air*

⁷⁷⁸ *rud éigin add. ach stróicthe amach*

⁷⁷⁹ *deireadh an fhocail doiléir, cuid de s stróicthe den leathanach*

⁷⁸⁰ *an leathanach stróicthe trí l agus téip ghreamaitheach air*

⁷⁸¹ *mo add. ach stróicthe amach*

⁷⁸² *an leathanach stróicthe idir an dara a agus m agus téip ghreamaitheach air*

⁷⁸³ *an leathanach stróicthe trí nd agus trí ine agus téip ghreamaitheach ar an gcéad n*

⁷⁸⁴ *huimhir*

⁷⁸⁵ *rud éigin add. ach stróicthe amach*

⁷⁸⁶ *nár add. ach stróicthe amach*

⁷⁸⁷ *in add. ach stróicthe amach*

- 1305 eile.⁷⁸⁸/ Ó, nách fé Mac C. atá an lán, ag suimiugh an uile rud ar a/ chnámhaibh a eide, na cnapaí buidhe, a bhróga, a loirbheirt agus an/ uile rud. Uaireannta ní heól do i gceart an ar an dtalamh a/ bhíonn sé ag siubhall. Á, is mór an lán atá fe. Thug sé súil /82/ orm indiugh ag gabháil tharm⁷⁸⁹ agus sháidh⁷⁹⁰ a bhata⁷⁹¹ fén⁷⁹² stóbh⁷⁹³. Is fé an stóbh⁷⁹⁴ a bhí an múchán in uimh⁷⁹⁵ 1. (Déardaoin 5x3x⁷⁹⁶23)/ Am éigin airéir
- 1310 ghabhadar tríd an ósuideul ag cuardach –/ an lucht cuardaig. An dóigh leat go raibh aon ghéilleadh aca don/ osbuidéal? Nár chas dóibh. Sluasad ag duine aca ghá tharaing/ n-a dhiaidh ar an úrlár do dhúisig me. Tamaillín beag roime/ sin do dhúisig troid idir Leó O Fearn agus Tomás O Cearbhaill/ adhbhar dochtúra me. Go ceann i bhfad shaoileas gur ag taidhreamh/ do bhíos. Is amhluidh a bhí Tomás ar a
- 1315 thímcheallaibh agus loirg/ Seumaisín (Ceud Cóngamh) bündáin toitín air, rud a fuair/ gur dhein an bheirt aca chómhrádh. Níor thaithin sin le L. agus thosnuig/ an gleó gan moill. Chaith L. an fear bocht ceann da ghnáthneulaibh/ do chur de. Tuille oibre ar an ngearra indiugh airís./ Tá cnocáin mhóra mhalaide cré cloch agus gainimhe lasmuigh⁷⁹⁷ de⁷⁹⁸/ a 18.⁷⁹⁹ cruachta ar a chéile. Sid é an stuif go léir a tháinig⁸⁰⁰/ as an
- 1320 múchán⁸⁰¹ agus a⁸⁰² bhí i bhfolach laistiar den síneail⁸⁰³/ i gceann an phobail. Des na bairlínibh a bhí na málaide deunta⁸⁰⁴/ aca. Obair iongtach dob eadh gan aon amhras agus thuilleadar/ eirighe leó ach mo chreach níor eirig. An smailc ceudna ortha indiugh/ airís. Chuireadar iachall ar ghasra mhór na málaide d’iomchur treasna⁸⁰⁵/ an chamtha, dhá mhála idir gach aon bheirt aca. Gheobhadh sé tríot éisteacht⁸⁰⁶/ leó
- 1325 ag éigheamh: “Ar dheis castar!” “Fóiltear” “Arduighidh iad (na/ malaidhe)!”⁸⁰⁷
 “Tapaidh gluaiustear!” agus aroile agus na fir ag géilleadh./ Ar a shaon san thugas fe

⁷⁸⁸ níl lánstad ar bith i ndiaidh eile, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Ó

⁷⁸⁹ lár an fhocail doiléir, a tréigthe

⁷⁹⁰ an leathanach stróicthe idir d agus an séimhiú ar d

⁷⁹¹ tosach an fhocail doiléir, b tréigthe

⁷⁹² an leathanach stróicthe trí f

⁷⁹³ gaelú ar ‘stove’; an leathanach stróicthe trí b

⁷⁹⁴ gaelú ar ‘stove’

⁷⁹⁵ uimhir

⁷⁹⁶ an leathanach stróicthe trí x

⁷⁹⁷ deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí u

⁷⁹⁸ d///, cuid de e stróicthe den leathanach; tosach an fhocail doiléir, d tréigthe

⁷⁹⁹ cuai add. ach stríoctha amach

⁸⁰⁰ tháin///, ig stróicthe den leathanach; tosach an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí thain

⁸⁰¹ agus i b add. ach stríoctha amach

⁸⁰² bhí add. ach stríoctha amach

⁸⁰³ sinea///, il stróicthe den leathanach

⁸⁰⁴ deun///, cuid de t agus a stróicthe den leathanach

⁸⁰⁵ deireadh an fhocail doiléir, an dara a tréigthe agus poll sa leathanach air

⁸⁰⁶ éiste///, acht stróicthe den leathanach

⁸⁰⁷ níl comhartha athfhriotail ar bith i ndiaidh an chomhartha uailbhreasa

- ndeara triúr ag eulugh uatha. Leig roinnt⁸⁰⁸/ aca ortha dul ag ól uisce agus chómh luath agus fuairadar a ndrom leó as go/ bráthach leó, fiú amháin is féidir an bob do bhualadh⁸⁰⁹ ortha – go minic.⁸¹⁰/ Tréis té gluaiseadh ceud éigin fear as phobal a II. go
- 1330 17 mar a mbeid⁸¹¹/ anois is dócha. Tamaillín n-a diadh san gluaiseadh 15 éigin go dtí⁸¹²/ a 18 agus cuireadh iachall ar gach aon bheirt aca dhá leabaidh d'iomchar⁸¹³/ go dtí n-a dtriall. Níor thugas fé ndeara ann ach aonne amháin⁸¹⁴/ as phobal a 1. cé go raibh cuid mhaith againn in uimhir a 2./ Ní fios cad deunfar le n-a 1 sa 18. sa deireadh. Tá⁸¹⁵ ráfla/ ar siubhall go leigfear na beartáin isteach ambáireach ach /83/⁸¹⁶
- 1335 mo thuairm gur ráfla gan deallramh é.... Tá breis/ mhór fheabhasa orm indiugh. Ní fheadar cathain bhead ag fágaint na/ háite seo.... Lá éigin agus mé ag léigheamh san leabaidh ar ghluaiseacht an neamhchómhoibrighthe⁸¹⁷ san India do bhuaile ainm/ Das⁸¹⁸ liom. Cúnntas air go raibh sé i gcarcar ar son a dúithighe.⁸¹⁹/ Is⁸²⁰ beag do shaoileas nuair bhíos ag cainnt leis i mBastún dá/ bhliain ó shoin go mbein annso istig
- 1340 agus ar an aiste seo agus go/ léighfinn ar a charcar, an fear bocht – an bheirt againn/ fé ghlas ag seirbhísig Shasana, na mílte mílte ó chéile... Táim cinnte/ nách mar a chéile ár n-aiste mar leigeadh do dhuine dul chun cainnte/ leis-sean agus ní leigtear d'aon⁸²¹ liom sa⁸²² ná lém lithéid.... / Agus mo thuairm nách in eachlann atá sé mar táim se, ach dar/ ndóigh is ionan eachlann nó grianán faid agus táimid as an/ slighe aca.
- 1345 Táimid san. Níor mheabhraas i gceart cad é an úirísleacht/ n-a bhfuilimid go dtí go bhfuairreas amharc ó chianibh⁸²³ trí/ scoilt sa doras ar dhóirsibh a 11 agus a 18. D'fheuchas ar an gcineál/ duine a bhí lasmuigh de dhoras a 18 agus dubhart liom féin istig annsan/ anois fé ghlas atá S Mac C. Níor mhachtuigheas a thuilleadh ach/ iompódh i leathaoibh.... Thugas fé ndeara Mac C. mar bheadh/ coileach cómhraic

⁸⁰⁸ roinn///, t stróicthe den leathanach

⁸⁰⁹ ar add. ach stríoctha amach

⁸¹⁰ b'fhéidir go bhfuil an lánstad stróicthe den leathanach nó b'fhéidir nach bhfuil lánstad ar bith i ndiaidh minic, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Tréis

⁸¹¹ mbei///, d stróicthe den leathanach

⁸¹² dt///, í stróicthe den leathanach; lár an fhocail doiléir, cuid de t stróicthe den leathanach

⁸¹³ d'iomcha///, cuid de r stróicthe den leathanach

⁸¹⁴ amháin///, cuid de n stróicthe den leathanach

⁸¹⁵ r add. ach stríoctha amach

⁸¹⁶ ach add.

⁸¹⁷ lár an fhocail doiléir, an chéad o ceartaithe ó oi

⁸¹⁸ dhá líne faoi bhun D

⁸¹⁹ níl lánstad ar bith i ndiaidh dúitighe, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é

Is

⁸²⁰ dhá líne faoi bhun I

⁸²¹ lio add. ach stríoctha amach

⁸²² 7 add. ach stríoctha amach

⁸²³ ar cur add. ach stríoctha amach

- 1350 lasmuigh den a 18. ghá suimiugh féin agus ag feuchaint/ isteach san umar adhmaid.
 Ní fheadar an raibh uisce ann?/ Má bhí táim⁸²⁴ cinnte gur b’amhlaidh bhí sé
 d’iarraidh amharc/ d’fhaghail air féin – a scáil san uisce! Thugas púnt don bpóilín/
 chun tobac agus toitíní d’fhaghail do P O C. Do bhí B.B. P. O C. agus/ P. Ó D. ar mo
 thuairisc indiugh.... An póilín mór beathuighthe a bhagair ist oidhche/ De Luain nó
 1355 De Máirt (seachtmhain⁸²⁵ ó shoin⁸²⁶) ar an ndochtúir ná lamhalfadh sé aon/ tsolas san
 ósbuidéal tá sé marbh indiugh! “Sé m’ordúgh-sa,” ar seisean “⁸²⁷gan/ aon tsolas do
 lamháil annso,” “Tá súil agam,” d’fhreagair an dochtúir, “⁸²⁸nuair bheir/ breóite go
 bhfaighir níos mó aire ná mar budh mhian leat féin do thabhairt d’othar.⁸²⁹”/ “Bíonn
an roth ag iompugh i gcómhnaidhe” deir an seanfhocal.⁸³⁰/ (Dé hAoine 5x4x23)
- 1360 Maidean ghlas neamhanamail. Níl aon atharugh ar feabhas/ ar ár dtoisc. Tá Bunaidhe
 go glórach ag tiomáint gach aonne síos fén /84⁸³¹/ dtuar. Beirt⁸³² eile oifigeach in
 aonacht leis, Sasanach duine aca ach⁸³³/ go háirighthe. Mar ghaireann siad. Á! Á!
 Á!... Braithim i bhfad níos/ feárr indiugh. Bhearras me féin agus chuireas leine
 ghlan orm...../
- 1365 Lá n-aon im luighe dhom⁸³⁴ as me ag léigheamh do bhuail cómhraídh liom do
 thárlaidh idir/ Seóirse Ó Mórdha agus Púncán. Seóirse féin mar is gnáthach leis a
 dhein furmhór/ an chómhraídh. Cómhraídh aisteach dob eadh é a thagair do líon rud ó
 chluinn/ guail san Oileán Úr go dtí eudaighe úrláir ón oirthear. Tháinig an Púncán⁸³⁵/
 so chun Seóirse do chlos agus do chualaidh – gan amhras. Chuir eisean i bhfighis air/
 1370 gur mó den saoghal a chonnaic sé faid bhí sé thíos i mbruinn na talmhan/ ó sholas an
 lae ná fhoghlumuig sé as leabharthaibh ná ar scoil ná ameasc/ na ndaoine a choidrig
 sé. Agus dar leat ar Sheóirse gur bh’iongtach ar/ fad an nochtadh san. Mar sin féin,

⁸²⁴ cin add. ach stríoctha amach

⁸²⁵ e) add. i ndiaidh n ach stríoctha amach

⁸²⁶ tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar s nasctha le s

⁸²⁷ níl comhartha athfhriotail ar bith roimh gan

⁸²⁸ níl comhartha athfhriotail ar bith roimh nuair

⁸²⁹ níl lánstad ar bith i ndiaidh d’othar, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é

Bíonn

⁸³⁰ “Dé Satairn 5 add. ach stríoctha amach

⁸³¹ //4, an leathanach greamaithe den leathanach roimhe ag an bpointe seo; deireadh an fhocail doiléir, sraith pháipéir stríocthe den leathanach ag an bpointe seo; 84 add. ar an gciumhais inmheánach, é scríofa i bpeannaireacht an Chóta le peann atá difriúil leis an gceann a úsáideadh leis an gcuid eile den leathanach a scríobh, is cosúil gur scríobhadh am éigin i ndiaidh na coda eile den leathanach é

⁸³² dhá líne faoi bhun B

⁸³³ deireadh an fhocail doiléir, c tréigthe

⁸³⁴ im luighe dhom os cionn na líne agus caret idir n-aon agus as

⁸³⁵ deireadh an fhocail doiléir, an síneadh fada ar a tréigthe agus an leathanach stríocthe tríd an dara

n

dar liom, gur beag tréis na mbeart/ a chidheann duine den saoghal muna mbíonn air⁸³⁶
 an saoghal do throid. Admhuighim/ gur corruightheach an rud bheith mar phaisinséar
 1375 ar luing mhóir i spéirling/ uathbhásaig, ach nách giorra⁸³⁷ d' eólas ceart duine thíos i
 mbolg na/ luinge ceudna ar an uain gceudna ag caitheamh guail nó i⁸³⁸/ gcleiteóigín
 nadhbhóige ná hiomcharóchadh tar tuna meadhachtainte/ ag deunamh slighe bheatha,
 nó ag obair go duaibhseamhail 12 agus 13 uaire/ a chluig i muilean deunta cruadha
 mara mbeadh an teas chómh huathbhásach/ san⁸³⁹ nár mhór buinn speisialta fes na
 1380 brógaibh, agus mar chómhluacht^{840/841} oibre⁸⁴² Meicsiceanaí, daoine dubha, Pólaig,
 Rúiseánaig agus/ an uile shaghas cinéal agus catharaig, nó amuigh fé leathanfhearain
 gan scáth⁸⁴³/ gan scairt fé theas bheirbhte na gréine ag gabháil de chruithneacht agus/
 ag codailt ist oidhche in eachlannaibh ar fheur thochasach gan phluid gan chlúid,/ nó
 ag taisdeal an róid in ionad dulta ar scuain gan pingin id phóca gan fhios/ cad as go
 1385 dtiocfadh do bhéile nó cá luighfeadh do cheann. Dréir Sheoirse Uí/ Mhórdha
 b' iongtach an t-eólas a fuair an Púncán úd ar an saoghal as a/ choidreamh 'sa
 chleachtadh i gcluinn guail. Is truagh ná caitheann ughdair mar⁸⁴⁴/ an Mórdhach seal
 ag cómhrac an tsaoghail d'iarraidh a mbéile do sholáthar/ agus annsan bheadh
 adhbhar go leór aca chun scrighthe. San gcómhradh so/ do dhein sé tagairt d' "Evelyn
 1390 Innes". Amuigh i Siceágó do leigheas an/ sceul san. Deurfainn leis an Mórdhach go
 bhfuil sé ar Chaitliocaidhthibh/ maithe an domhain agus lá éigin go mbféidir go
 ndeunfaidhe naomh de/ as an leabhar san. Creidim go dingbhálta ná fuil aon
 Caitliocaidhe lag/ a léighfeadh é ná go dtiocfadh treise⁸⁴⁵ ar⁸⁴⁶ a chreideamh⁸⁴⁷. Is⁸⁴⁸
 ann⁸⁴⁹ atá⁸⁵⁰ /85⁸⁵¹ /85⁸⁵² an chosaint is cródha ar an gcreideamh dá bhfeaca riamh.

⁸³⁶ *os cionn na líne agus ar add. stríoctha amach faoi*

⁸³⁷ *do add. ach stríoctha amach*

⁸³⁸ *gele add. ach stríoctha amach*

⁸³⁹ *g add. ach stríoctha amach*

⁸⁴⁰ *chómh= os cionn na líne agus caret idir mar agus lucht; coi add. i ndiaidh lucht ach stríoctha amach*

⁸⁴¹ *com add. ach stríoctha amach*

⁸⁴² *meis add. ach stríoctha amach*

⁸⁴³ *an leathanach stríocthe trí t*

⁸⁴⁴ *os cionn na líne agus mar add. stríoctha amach faoi*

⁸⁴⁵ *t//e//se, cuid de r stríocthe den leathanach agus an leathanach stríocthe trí i; an leathanach stríocthe idir r agus an chéad e*

⁸⁴⁶ *an leathanach stríocthe trí r*

⁸⁴⁷ *tosach an fhocail doiléir, an leathanach stríocthe trí c; an leathanach stríocthe idir a agus m*

⁸⁴⁸ *an leathanach stríocthe trí Is*

⁸⁴⁹ *///, ann stríocthe den leathanach*

⁸⁵⁰ *at//, an dara a stríocthe den leathanach*

⁸⁵¹ *deireadh an fhocail doiléir, 5 tréigthe agus an leathanach stríocthe tríd; 85 add. sa lár ar bharr an leathanaigh, é scríofa i bpeannaireacht an Chóta le peann atá difriúil leis an gceann a úsáideadh leis*

1395 Fágaim/ fé aon duine é. Agus dár ndóigh mar a dtráchtann sé ar na mnáibh⁸⁵³/
riaghalta⁸⁵⁴ i “Siúir Treasa” chómh banamhail agus is féidir lé h-aonne/ ní lá fós
é..... Tá mórán buailte leis an bhflíú sa chamtha agus/ tá pobal eile loirgthe ag an
ndochtúir chun na ndrochchás do chur ann./ Is ró bheag an chóraidheacht atá lé
fághail annso in aghaidh breóiteachta/ agus ceal bidh oireamhnaig. Tá dóchas againn
1400 ná deunfaidh aicíd de n-ár⁸⁵⁵/ measc, má dheineann ní maoidhte orainn é. An
drochchóir atá ag/ teacht linn is dócha.... Is beag radharc agam ar an áit lasmuigh an/
aimsir seo ach an méid atá is soiléir go bhfuil borradh fáis ar gach aon’nidh⁸⁵⁶/ thugas
fé ndeara dhá gealbhan tighe ag bailiugh nide. Connac páipéar/ laetheamhail, an
cheud cheann lé fada. Níl aon trácht air i dtaobh síothchána.⁸⁵⁷/ Argóint a’s áiteamh
1405 san tsaghas Dála atá againn, dubhairt teachta/ éigin go raibh rasta chómh flúirseach lé
duilleógaibh foghmhair ghá chur/ amach in ainm Righe Seóirse. Is mór an tír seóig í.
“Cá bhfuil an/ Saor Stát?” d’fhiafruig an teachta so “Cá bhfuil go díreach?”
fiafruighim./ Cé gur cuma linn in ainm an diaill cá bhfuil sé ná cá/ mbeidh sé.... Tá
oiread toitíní fachta agam ó thánagh isteach annso agus⁸⁵⁸/ choimeádfadh ar siubhall
1410 go maith me ach an tnúth an síor-thnúth ag/ gach aonne annso cuireann sé ar an lic
agam gal seascair do bheith/ agam⁸⁵⁹ cur isteach orm.... Tá an samhradh againn anois
agus an fliú/ leis agus glas ar a 6 a chlog tráthnóna. Coighcíos annso agam nách mór,
eaga/ go leór chun machtnaimh ar mo thoisc⁸⁶⁰. Nách diamhair í fead na scuaine ist/
oidhche ar an mbóthar síos nó suas i gcómhchlos, nó éigeamh an fhoraire/ mar
1415 bhéiceann sé “uimh⁸⁶¹ 1. – uile cheart!” nó screuch éin/ oidhche éigin nó feadhail
philéir tríd an aer, taid san go léir san/ tsaoghal saor, mise annso i ngéibhin. Cé mhéid
ag machtnamh orm?⁸⁶²/ Machtnuighim ar gach aon’ne nách mór a bhuail riamh

an gcuid eile den leathanach a scríobh, is cosúil gur scríobhadh am éigin i ndiaidh na coda eile den leathanach é; 85 add. sa lár ar bharr an leathanaigh, é scríofa i bpeannaireacht an Chóta le peann atá difriúil leis an gceann a úsáideadh leis an gcuid eile den leathanach a scríobh, is cosúil gur scríobhadh am éigin i ndiaidh na coda eile den leathanach é

⁸⁵² atá add.

⁸⁵³ deireadh an fhocail doiléir, an séimhiú ar b tréigthe

⁸⁵⁴ rud éigin add. ach stríoctha amach

⁸⁵⁵ lár an fhocail doiléir, an fleiscín nasctha le a

⁸⁵⁶ deireadh an fhocail doiléir, d tréigthe

⁸⁵⁷ níl lánstad ar bith i ndiaidh síothchána, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Argóint

⁸⁵⁸ ag//s, an leathanach stríocthe trí u; deireadh an fhocail doiléir, s tréigthe

⁸⁵⁹ is cosúil gur fágadh ‘gan’ ar lár idir agam agus cur

⁸⁶⁰ poll sa leathanach ar t

⁸⁶¹ uimhir

⁸⁶² doiléir, cuid den chomhartha ceiste stríocthe den leathanach

liom.... Indiugh⁸⁶³/ thugas fé ndeara buachaillí an Spidéil – is furaist aithint iad ar/ a
n-eudach plainín ag faire d'iarraidh oibre do sheachaint. Is glioca/ iad go mór ná mar
1420 is dóigh lé mórchuid annso. An gliocas ceudna agus/ an tseancríonacht
dochuimsighthe lé n-a mbídís ag faire ar thig na/ cócaireacht gach meádhon lae chun
na gcnámh feóla do ghreamugh/ ní fheaca aon drong a chuirfeadh an ball ortha....
Gorta/ tobac agus toitíní⁸⁶⁴. Is clos dom⁸⁶⁵ go bhfuiltear⁸⁶⁶ ag tógaint na /86⁸⁶⁷/⁸⁶⁸
mbeartán⁸⁶⁹ as na⁸⁷⁰ malaidhibh⁸⁷¹ thuas⁸⁷² i bpopal⁸⁷³ na gabhála. Tugann san
1425 dóchas do⁸⁷⁴ chuid mhór go scaipfear iad lá éigin go luath/ anois. Ní fheadar cad
tuigtear⁸⁷⁵ dár muinntir anois mar/ gheall orainn nuair ná faighid⁸⁷⁶ aon leitir?...
Caithfead mo/ leabaidh do chóiriugh anois. Beurfaidh P. Mac Árgail muga bainne/
dhom i nganfhiós mar is gnáthach agus tímcheall 10.30⁸⁷⁷ muga/ té maith agus blúirín
aráin táidhte. Sóraidh dhíbh go léir anocht,/ a cháirde pé áit n-a bhfuilí./⁸⁷⁸

1430

Dé⁸⁷⁹ Domhnuig⁸⁸⁰ 5x⁸⁸¹ 6x23

Lá glas ann féin. Deurfainn nách lá maith/ fáis⁸⁸² é⁸⁸³. An t-aiteann fé n-a bhláth
bhuidhe. Tá uimh⁸⁸⁴ 15. n-a/ ósbuidéal⁸⁸⁵ ó indé. B'uathbhásach an radharc iad ag

⁸⁶³ *deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí g*

⁸⁶⁴ *an leathanach stróicthe tríd an dara i*

⁸⁶⁵ *an leathanach stróicthe trí m*

⁸⁶⁶ *an leathanach stróicthe trí a*

⁸⁶⁷ *deireadh an fhocail doiléir, 6 tréigthe; 80 add. ag deireadh na hiontrála, é scríofa i bpeannaireacht an Chóta le peann atá difriúil leis an gceann a úsáideadh leis an gcuid eile den leathanach a scríobh, is cosúil gur scríobhadh am éigin i ndiaidh na coda eile den leathanach é*

⁸⁶⁸ *focal add., b'fhéidir 'na', stróicthe den leathanach*

⁸⁶⁹ *an leathanach stróicthe idir m agus b agus idir b agus e*

⁸⁷⁰ *tosach an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí n*

⁸⁷¹ *deireadh an fhocail doiléir, an séimhiú ar b nasctha le b*

⁸⁷² *b'fhéidir go bhfuil an séimhiú ar t stróicthe den leathanach nó b'fhéidir nach bhfuil séimhiú ar bith ar t*

⁸⁷³ *an leathanach stróicthe trí b*

⁸⁷⁴ *an leathanach stróicthe trí d*

⁸⁷⁵ *an leathanach stróicthe tríd an dara t*

⁸⁷⁶ *an leathanach stróicthe trí a*

⁸⁷⁷ *doiléir, 3 athscríofa*

⁸⁷⁸ *líne ornáideach ar an gcéad líne eile*

⁸⁷⁹ *III, an leathanach greamaithe den leathanach roimhe ag an bpointe seo*

⁸⁸⁰ *an leathanach stróicthe trí Dom agus téip ghreamaitheach air*

⁸⁸¹ *doiléir, dúch doirte ar x*

⁸⁸² *tosach an fhocail doiléir, sraith pháipéir greamaithe den leathanach ar fa*

⁸⁸³ *an leathanach stróicthe trí e*

⁸⁸⁴ *uimhir*

⁸⁸⁵ *tosach an fhocail doiléir, sraith pháipéir greamaithe den leathanach ar ó; deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí de*

- 1435 cur d'fhiachaibh⁸⁸⁶/ ar na bráigheannaibh an áit do ghlanadh amach, ag⁸⁸⁷/ béicig
 ortha⁸⁸⁸. Tháinig⁸⁸⁹ an leascheann isteach – Maolruanaidh⁸⁹⁰/ is dóigh liom is⁸⁹¹ ainm
 do – agus cléireach. Lé cead an dochtúra⁸⁹²/ do labhras leis. Ghirreánas go raibh mo
 chuid airgid aca⁸⁹³ agus⁸⁹⁴ na beartáin do cuireadh chugham, go rabhas breóite de
 dheascaibh⁸⁹⁵/ drochbhróg⁸⁹⁶ agus an leitir a chuireas ag triall⁸⁹⁷ ar bhrógaibh
 1440 nuadha⁸⁹⁸ gur⁸⁹⁹/ fillleadh⁹⁰⁰ orm í agus go rabhas annso tréis mo shaoghail do
 thabhairt ar/ son na dúithighe – ag obair 12 agus 13 uaire⁹⁰¹ ar reidhtheachaibh/
 Mheirice, i muilleanaibh cruada mara raibh sé chómh té sin/ nár mór bonn speisialta
 fém⁹⁰² bhrógaibh, i ndogaibh long 100/ troig anáirde san aer agus é⁹⁰³ chómh fuar go
 mbiodh⁹⁰⁴ dhá throig leac/ oidhre ar an sáile.... Chonnac den gceud uair an gearradh.
 1445 Tá sé ag/ tuiteam isteach. Ní mór an ionndúireacht atá air. Táim i seómra/ an
 dóchtúra. Tá Liam ghá thabhairt don saoghal mór ar a dhá thaobh as ar⁹⁰⁵/ a bholg –
 na feirmeoirí, na sagairt, Connradh na Gaedlinge, an/ uile rud; tá Seán ag léigheamh
 an pháipéir agus anois agus airís⁹⁰⁶/ ag cur a cheann isteach san gcómhrádh aonair seo
 Liam. “Cynics atá/ ag deunamh dinn go léir” adeir⁹⁰⁷ Liam. Taidhbhsigheann gach
 1450 aonnidh/ go dona i dtuar a 2. breóiteacht⁹⁰⁸, ceal tobac caolchuid bidh agus aroile. Tá/
 súil ag cuid aca lé beartánaibh⁹⁰⁹ ambáireach⁹¹⁰. Tá súil agam/ ná cuirfear⁹¹¹
 díombáidh⁹¹² ortha./

⁸⁸⁶ d'fhiach=/aibh, lár an fhocail doiléir, sraith pháipéir greamaithe den leathanach ar an dara a; an leathanach stróicthe tríd an gcéad a agus téip ghreamaitheach air

⁸⁸⁷ an leathanach stróicthe trí g agus téip ghreamaitheach air

⁸⁸⁸ an leathanach stróicthe tríd an séimhiú ar t agus trí a

⁸⁸⁹ an leathanach stróicthe trí T

⁸⁹⁰ an leathanach stróicthe tríd an trú a agus téip ghreamaitheach air

⁸⁹¹ an leathanach stróicthe trí s

⁸⁹² dochtur///, a stróicthe den leathanach; an leathanach stróicthe trí ch agus téip ghreamaitheach air

⁸⁹³ ac///, an dara a stróicthe den leathanach

⁸⁹⁴ agus stróicthe den leathanach

⁸⁹⁵ an leathanach stróicthe tríd an gcéad a

⁸⁹⁶ ///ochbhróg, dr stróicthe den leathanach

⁸⁹⁷ tosach an fhocail doiléir, ponc add. os cionn t

⁸⁹⁸ an leathanach stróicthe trí u

⁸⁹⁹ gu///, cuid de r stróicthe den leathanach

⁹⁰⁰ ///illeadh, f stróicthe den leathanach

⁹⁰¹ de add. ach stróicthe amach

⁹⁰² deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí m

⁹⁰³ doiléir, an leathanach stróicthe trí e

⁹⁰⁴ lár an fhocail doiléir, i ceartaithe ó e

⁹⁰⁵ deireadh an fhocail doiléir, cuid de r stróicthe den leathanach

⁹⁰⁶ an leathanach stróicthe tríd an síneadh fada ar an dara i

⁹⁰⁷ an leathanach stróicthe trí i agus téip ghreamaitheach ar thaobh eile an leathanaigh

⁹⁰⁸ deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe idir c agus an dara t agus téip ghreamaitheach ar thaobh eile an leathanaigh

⁹⁰⁹ an leathanach stróicthe idir an trú a agus i agus téip ghreamaitheach ar thaobh eile an leathanaigh

⁹¹⁰ an leathanach stróicthe tríd an gcéad a agus téip ghreamaitheach ar thaobh eile an leathanaigh

Deireadh an chéad chóipleabhair

1455

/1/ De⁹¹³ Máirt 5x8x23

Fágtha an t-ósbuidéal⁹¹⁴ indiugh⁹¹⁵ agus in⁹¹⁶ uimhir⁹¹⁷ a 5.⁹¹⁸/ Indé ‘gus⁹¹⁹ indiugh tréis proinne do tiomáineadh⁹²⁰ síos fén dtuar⁹²¹ sinn⁹²²/ chun uimhreach⁹²³ nuadh do
1460 thabhairt dúinn. Budh dhóigh leat gur cruinniugh⁹²⁴/ i gcomhair⁹²⁵ rás an cóimhthionól mór. Tá 15 agus 16 lán de otharaibh ann⁹²⁶/ buailte⁹²⁷ leis an bhfliú. Mileatacht ar fuaid na háite fós. Fuaireas⁹²⁸/ an cheud bheartán indiugh! Ó Sheán Ó Suilleabháin – 200 toitín.⁹²⁹/ Maith an fear. Tá deireadh na mbeartán istig anois nách mór./ “⁹³⁰Do thugas seal ag éisteacht leis an gcócaire mór ag gabháil den eaglais/ mar
1465 gheall ar an gclais n a⁹³¹ bhfuil cúis ár saoirse curtha aca. Is baoghal⁹³²/ liom ná beadh furmhór a chuid cainnte inléigthe. Do chur sé síos/ leis ar Ghult⁹³³ (Híbhé) saighdiúir san⁹³⁴ iarthar⁹³⁵. Connus mar mheall se⁹³⁶/ feirmeoir lá ghá leigeant air gur Saor Státach é féin agus mar fuair/ sé 4 p. 7 d.⁹³⁷ in airgead bán agus 7 p⁹³⁸ trí sheic

⁹¹¹ cu//ear, ir agus cuid de f stróicthe den leathanach; deireadh an fhocail doiléir, cuid de e, cuid de a agus cuid de r stróicthe den leathanach

⁹¹² cuid den chéad i agus cuid de o stróicthe den leathanach

⁹¹³ //e, an leathanach stróicthe trí D

⁹¹⁴ ///-ósbuidéal, an leathanach stróicthe trí t

⁹¹⁵ barr an an leathanaigh stróicthe idir n agus d

⁹¹⁶ deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí n

⁹¹⁷ deireadh an fhocail doiléir, r scríofa go doiléir

⁹¹⁸ doiléir, 5 scríofa go doiléir; níl lánstad ar bith i ndiaidh 5, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Indé

⁹¹⁹ an leathanach stróicthe trí s

⁹²⁰ ti//máineadh, o tréigthe agus an leathanach stróicthe tríd; tosach an fhocail doiléir, an chéad i tréigthe

⁹²¹ deireadh an fhocail doiléir, r tréigthe

⁹²² si///, cuid den chéad n agus an dara n stróicthe den leathanach

⁹²³ tosach an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí u

⁹²⁴ cruinn///, iugh stróicthe den leathanach

⁹²⁵ an leathanach stróicthe trí o

⁹²⁶ an///, an dara n stróicthe den leathanach

⁹²⁷ an leathanach stróicthe idir u agus a

⁹²⁸ an leathanach stróicthe trí e

⁹²⁹ doiléir, an lánstad nasctha leis an síneadh fada ar o san fhocal mór atá ar an gcéad líne eile

⁹³⁰ níltear in ann a rá cén fáth a bhfuil comharthaí athfhriotail roimh Do

⁹³¹ n-a

⁹³² baoghal///, l stróicthe den leathanach

⁹³³ folíithe faoi dhó

⁹³⁴ tosach an fhocail doiléir, s tréigthe

⁹³⁵ tosach an fhocail doiléir, i ceartaithe ó o

⁹³⁶ deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí e; an leathanach stróicthe trí s

⁹³⁷ 4 phunt 7 bpingine; rud éigin add. ach stróicthe amach

uaidh; agus an/ Gult⁹³⁹ ceudna mar chaith sé cloch ar P.A.⁹⁴⁰ ceud lá an achrainn,⁹⁴¹ /
 1470 agus mar cuireadh go tig na gloine é agus as san go dtí Mountjoy⁹⁴². / Nuair bhí sé n-a
 bráighe ar dtúis mar dubhradh⁹⁴³ leis go⁹⁴⁴ lámhachfaidhe⁹⁴⁵ / é ar 6 a.m.⁹⁴⁶ agus mar
 tugadh a dóthain⁹⁴⁷ lé⁹⁴⁸ n-itheadh⁹⁴⁹ dho/ agus⁹⁵⁰ dhá ghloine mhór biotháile in⁹⁵¹
 ionad!”⁹⁵² /

Sceul des na sceultaibh a chuala ó thánagh⁹⁵³ annso. / Gur tháinig saighdiúir
 1475 nó póilín isteach annso tráth éigin tréis⁹⁵⁴ / an achrainn do thosnugh a’s go ndubhairt:
 “An ceann thíos den⁹⁵⁵ / bpobal dos na cócairidhibh agus an ceann thuas dos na
 príosúnachaibh.” / Ná cuirfeadh san na cait ag gáirí?.... Tá an/ solas aibhle lasta – rud
 na feaca san ósbuidéal le seachtmhain/ Thugas féin, S. McC. agus P. S.⁹⁵⁶ O R.
 seal fada ag siubhall/ tímcheall an tuair go dtí go raibh tinneas im chosaibh agus
 1480 lagachar/ orm. D’úirleacas anois - táim lag gan amhras. Tá na focail/ seo ag rínice os
 cómhair mo shúl. Go deimhin⁹⁵⁷ ní réidhtigheann⁹⁵⁸ / tuarachas liom sa. Sé an
 pobal⁹⁵⁹ áit ghlanta an ósbuidéil. Fuaireas/ leitir indé ó Rudmós Brún, Coláiste na
 Tríonóide. Is fiú í do léigheamh/ Ó! an⁹⁶⁰ meubhán atá im cheann⁹⁶¹ Sceul
 greannhar do/ chuala indé ó Liam Soirteas mar gheall ar _____⁹⁶² sa chamtha. /

1485

⁹³⁸ 7 bpunt

⁹³⁹ dhá líne faoi bhun G

⁹⁴⁰ Phóilín Airm

⁹⁴¹ doiléir, an chamóg nasctha leis an n roimpi

⁹⁴² Mo//t=joy, an leathanach stróicthe trí un; an leathanach stróicthe trí Mo agus trí t

⁹⁴³ an leathanach stróicthe tríd an gcéad d agus téip ghreamaitheach ar thaobh eile an leathanaigh

⁹⁴⁴ deireadh an fhocail doiléir, o tréigthe

⁹⁴⁵ lámhach=/faidhe; faid add. roimh faidhe ach stríoctha amach

⁹⁴⁶ ante meridiem

⁹⁴⁷ an leathanach stróicthe trí n agus téip ghreamaitheach ar thaobh eile an leathanaigh

⁹⁴⁸ an leathanach stróicthe trí le agus téip ghreamaitheach ar thaobh eile an leathanaigh

⁹⁴⁹ an leathanach stróicthe trí t agus trí e agus téip ghreamaitheach ar thaobh eile an leathanaigh

⁹⁵⁰ an leathanach stróicthe trí agu

⁹⁵¹ //n, i tréigthe

⁹⁵² níltear in ann a rá cén fáth a bhfuil comharthaí athfhriotal i ndiaidh an chomhartha uailbhreasa

⁹⁵³ deireadh an fhocail doiléir, an séimhiú ar g tréigthe

⁹⁵⁴ tréi//, cuid de s stróicthe den leathanach; lár an fhocail doiléir, an síneadh fada ar e tréigthe

⁹⁵⁵ deireadh an fhocail doiléir, cuid de n stróicthe den leathanach

⁹⁵⁶ is cosúil gur fágadh ‘agus’ ar lár idir S. agus O

⁹⁵⁷ ní agus rud éigin add. ach stríoctha amach

⁹⁵⁸ an leathanach stróicthe tríd an dara n

⁹⁵⁹ is cosúil gur fágadh ‘seo’ ar lár idir pobal agus áit

⁹⁶⁰ meib add. ach stríoctha amach

⁹⁶¹ lár an fhocail doiléir, an scríofa go doiléir

⁹⁶² níltear in ann a rá go deimhneach cén fáth ar tharraing an Cóta an líne idir ar agus sa, b’fhéidir go raibh sé ar intinn aige focal garbh a scríobh agus gur tharraing sé an líne ina ionad ar son béasaíochta nó b’fhéidir go raibh sé ag iarraidh an méid a dúirt Liam Soirteas a cheilt ar chúis amháin nó ar chúis eile

De Ceudaoin 5x9x23.

Maidean aoibhin. An ghrian go glórmhar. Nách/ aoibhin é crut na dúthaighe indiugh
don té go bhfuil radharc⁹⁶³ aige⁹⁶⁴ /2/ air agus cead a chos aige. Ach sinne ar nós na
1490 gcapall a ghaib/ na pobail seo – na h-eachlainn seo is cirte do rádh – caithfeam⁹⁶⁵/
fanacht go scaoiltear amach sinn. A Dhia na bhflaitheas, ní bhfuair capall/ tuincéara
riamh deunamh níos measa ná so./

Dé hAoine 5x11x23

1495

Ceathanna sneachtaidh indiugh agus indé. Tá⁹⁶⁶/ caipíní bána ar Shléibhtibh Cille
Mantáin. Cuireadh ag obair ar/ an dtrínse⁹⁶⁷ indiugh me. Indé do bhí freagra ón
árdcómhairle/ ar Deibh. Ó shoin ní feaca aon rud i dtaobh aiththairs gintí/ Deibh. An
amhlaidh gur iarradh ar Mac Seóin an cheist do chur/ san “Dáil” d’fhonn go
1500 bhfaighfi⁹⁶⁸ cao ar fhreagra do thabhairt/ agus gur b’é is bun leis na deireadh an seo-
sea-sin?⁹⁶⁹ Nó/ an amhlaidh atáid ag spochoireacht ar a chéile - d’fhonn siothchána/
do dheunamh go luath? Cá bhfios? Cá bhfios d’aonne aonnidh/ san tír ait seo?/

An lá fé dheireadh theasbáin an Bíothánach/ dom Mullach Maiste thall annsud
– cnocáin aerach. Theasbáin⁹⁷⁰/ sé dhom leis mar a mbíodh tig ósda Iagó (Igoe) áit/
1505 ghnáthuigheadh saighdiúirí go raibh⁹⁷¹ mac Dh. Uí Connail⁹⁷² mar/ cheann ortha. I
bhfreagra ar cheist do⁹⁷³ chuireas air⁹⁷⁴/ é seo, mar do chonnac ar seanbhlúire páipéir
nuadhachta⁹⁷⁵/ tagairt do. Thainig leitir ó Mhaire Ní Cheallacháin indiugh/ á, seadh
cén mhaith bheith ag cainnt. Bíodh foidne aice,⁹⁷⁶/

⁹⁶³ *tosach an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe tríd an gcéad a*

⁹⁶⁴ *ai//, cuid de g agus cuid de e stróicthe den leathanach*

⁹⁶⁵ *fanacht add. ach stríoctha amach*

⁹⁶⁶ *deireadh an fhocail doiléir, smál éigin ar an síneadh fada ar a*

⁹⁶⁷ *in add. ach stríoctha amach*

⁹⁶⁸ *lár an fhocail doiléir, a scríofa go doiléir*

⁹⁶⁹ *doiléir, an comartha ceiste tréigthe*

⁹⁷⁰ *an leathanach stróicthe trí n*

⁹⁷¹ *an leathanach stróicthe idir r agus a*

⁹⁷² *lár an fhocail doiléir, na scríofa go doiléir*

⁹⁷³ *chuireas add. ach stríoctha amach*

⁹⁷⁴ *deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe trí r*

⁹⁷⁵ *an leathanach stróicthe tríd an tríú a*

⁹⁷⁶ *níltear in ann a rá go deimhneach an raibh sé ar intinn ag an gCóta níos mó a scríobh i ndiaidh na camóige seo ach nach raibh sé in ann ar chúis amháin nó ar chúis eile nó ar scríobh sé an chamóg in ionad lánstad trí thimpiste*

1510 ⁹⁷⁷ Dé Máirt 5x15x23 .

Riamh riamh/ faid agus tá im chuimhne ní fheaca aon aimsir is measa ná í/ don dtacaid seo ‘bhliain. Fuacht, sneachta, báisteach gaoth mhór..../ Indé tháinig cuid mhór bráighe ó Luimneach agus gádhairín aca. Tá an/ gadhairín ceudna ag imtheacht
1515 ar fuaid an chamtha. Is ait leis an/ áit is dócha. “Ní mar a chéile é agus an gadhar a bhí againn san “Joy”/ arsa buachall nuair chonnaic sé é ag lútáil tímcheall na saighdiuirí⁹⁷⁸./ “⁹⁷⁹B’shin⁹⁸⁰ é an gadhar ná raigheadh i ngioracht 30 slat dóibh agus a/ sceamhadh go fiadhain chómh luath agus thagaidís i ngaor do.” Ní raibh/ aon droichsceul ag lucht Luimnighe. Beartáin agus leitreacha go flúirseach./ Níl san lé
1520 maoidheamh⁹⁸¹ annso. Leitir ó Pheig indiugh... Ruaigeadh síos/ fén dtuar sinn tímceall a 3 a chlog. Deineadh cuardach⁹⁸² eile ar na⁹⁸³ /3/ pobalaibh. Do bhí dhá ghuna innil dírighthe orainn ón dá phost iochtar aca⁹⁸⁴/ a dtarang aniar dar fiadh! Tír tíorachais, chríostamhail. Tógadh⁹⁸⁵/ an *stóbh*⁹⁸⁶ deireannach uain indiugh. Tá deireadh lé té no praiseach “*bocsidhe*”⁹⁸⁷/ anois. Theastuig ón gCocnaidhe me do
1525 chur ag obair indiugh ach choisc Bunaidhe/ é. Fear adhmanach an Bunaidhe ceudna..... Níor ró mhaith an lá é ag/ obair ar an ngearradh. Ní bhraithfeá i gceart úirísleacht bheith annso go/ dtí go gcuirfí ag obair annsúd thu. Ní haon bhráigheanna anois sinn/ ach daorsánaig, agus níor bagaradh oiread gunaidhe riamh ar aon⁹⁸⁸/⁹⁸⁹ líon daorsánach a’s tá ghá bhagairt orainne ná chómh minic./ Geibheann siad
1530 aoibhneas as a gcruadhálucht. Ní féidir a sheunadh ná go/ bhfuil braigheanna ar thrócaire a lucht coimeáda agus dá aindeóin/ sin cleachtann siad an uile shaghas chruadhabhas úiríseal orainn,/ bagairt, bualadh, múscailt go rómhoch, stracadh as leapachaibh, béiceach/ agus aroile agus bainid aoibhneas as ár míthreoir; meuduígheann sé a mbinb./ Ins an méid sin is measa iad ná ainmhidhthe fiadhaine.

⁹⁷⁷ Dé Sathairn 5x12x23 *add. ach stríoctha amach*

⁹⁷⁸ saighdiuirí//=í, r *tréigthe agus cuid de stríocthe den leathanach*

⁹⁷⁹ *níl comhartha athfhriotail ar bith roimh B’shin*

⁹⁸⁰ *dhá líne faoi bhun B*

⁹⁸¹ *lár an fhocail doiléir, d athscríofa*

⁹⁸² *lár an fhocail doiléir, r tréigthe*

⁹⁸³ *an leathanach stríocthe trí a*

⁹⁸⁴ *ac//, cuid den dara a stríocthe den leathanach*

⁹⁸⁵ *Tóg//dh, a tréigthe*

⁹⁸⁶ *gaelú ar ‘stove’*

⁹⁸⁷ *gaelú ar ‘boxty’*

⁹⁸⁸ *os cionn na líne agus an add. stríoctha amach faoi*

⁹⁸⁹ *líon add. ach stríoctha amach*

- 1535 Léimeann an⁹⁹⁰/ t-ainmhidhe fiadhain ar dhuine agus deineann gnó ghéarra dhe; ach⁹⁹¹
iad⁹⁹² so⁹⁹³/.... Cuireadh na cúntaisí go⁹⁹⁴ dtí Seán Ó Gormfhlíath agus fiafruigheadh/
de an admhálfadh sé⁹⁹⁵ luach na⁹⁹⁶ díoghbhála deunta ag/ na bráigheannaibh agus go
n-oslófaidhe⁹⁹⁷ an ceaintín airís./ Dhiúltaig sé. Meádhann san ná faigheam ao'nidh as
an⁹⁹⁸ gceaintín./
- 1540 Tá S. McC agus P. S. san ósbuidéal in aice a chéile. Téidhim/ ar a dtuairisc
agus tugaim an páipéar chúcha nuair is féidir liom é./ Do chuireamair óráid an
Lorcánaigh trí chéile indiugh i rith na feadha/ giorra a bhíos ghá bhfiosrugh agus
tagramair don leabhar “Na/ Dreatháracha Caramasóbh” atá ghá léigheamh agam fé
láthair, Seósaimh⁹⁹⁹/ ghá áiteamh gur bh'anchosamhail airdheana an Rúiseanaig lé
1545 airdheanaibh/ an Éireannaig. Níor aontuigheas in ao' chor leis ar iomláine/ an
tsaoidheanna–san go ndubhart ná feaca agus nar chuala/ riamh ar mo chómhluadar
lé¹⁰⁰⁰ lábánachaibh na hÉireann aon rud/ i ngiorracht géim bó do ao' nidh mar an
chainnt oscailte gan folach gan/ banamhlacht a labhrann sean Fyodor Pavlovitch lé n-
a chlannmhac/ i dtaobh¹⁰⁰¹ ban – gan mánlacht gan míneacht..... Gan¹⁰⁰² amhras is
1550 iomdha/ rud¹⁰⁰³ san leabhar i dtaobh na lábanach a chuirfeadh i gcuimhne do dhuine/
lábánaig na hÉireann.../

/4/ Dé Ceudaoin 5x16x23:

- 1555 Tá breis fheabhas ar an lá indiugh, ach is olc an/ aimsir í. Tá ár ngadhairín n-a
bhráighe – árduighthe chun siubhail uain./ Beartán indiugh, ach cén mhaith toitíní
a's tobac d'fhaghail nuair roinntear/ iad gan moill. Sneachtadh fós ar Shleibhtibh
Cille Mantáin. Cainnt agam/ leis an sagairt i dtaobh teachtaireachta chun an Athar Uí
Dhuinnín./

⁹⁹⁰ a///, cuid de n stróicthe den leathanach

⁹⁹¹ an leathanach stróicthe trí c

⁹⁹² lár an fhocail doiléir, a tréigthe agus an leathanach stróicthe tríd; an leathanach stróicthe trí i agus trí d

⁹⁹³ deireadh an fhocail doiléir, cuid de o stróicthe den leathanach; an leathanach stróicthe trí s

⁹⁹⁴ an leathanach stróicthe trí g

⁹⁹⁵ an add. ach stríoctha amach

⁹⁹⁶ síneadh fada add. os cionn a ach stríoctha amach

⁹⁹⁷ síneadh fada add. os cionn an chéad o ach stríoctha amach

⁹⁹⁸ doiléir, an scríofa go doiléir

⁹⁹⁹ an leathanach stróicthe trí aim

¹⁰⁰⁰ bab add. ach stríoctha amach

¹⁰⁰¹ dtao///, dúch doirte ar bh

¹⁰⁰² g///n, dúch doirte ar a

¹⁰⁰³ ///, dúch doirte ar rud

1560

Déardaoin 5x17x23¹⁰⁰⁴.

Thángadar isteach airéir idir 11 agus 12. ag/ bailiugh bairlíní agus ag chómhaireamh.
Do gháir duine éigin. “Cad fáth an/ gaire?” d’fhiafruig duine aca. “Ná buailfeá sa
1565 diall sa putógaibh é,” arsa/ fear eile aca. Lá glas fuar eile. Chaitheas seal fada ag
cuimhneamh ar/ Ch.¹⁰⁰⁵ Ch.¹⁰⁰⁶ Nách hait an rud ná scrigheann sí chugham in ao’
chor nó má/ scrigheann ná faighim a leitir. Chuireas leitir ag triall ar Ch. Ní Ch./
indiugh. Tá sí sin, leis, ar easaontas liom. Níl aonne aca is mo gean/ orm ná
Muireann Ní Cheallacháin. Do bhí blúire pháipéar againn/ ar n-a raibh seamanna as
1570 leitreachaibh na mbráighe ag moladh/ a dtoisc annso! Do láithrig sé ar pháipéar eile
leis, gur thug/ teachtairí ón gCrois Deirg cuaird¹⁰⁰⁷ ar charcaraibh na hÉireann/ agus
ná fuaireadar aon rud¹⁰⁰⁸ bun os cionn leo!/

Dé Sathairn 5x27x23.

1575

Tá crochadh beag ar an aimsir agus is mithid/ do é. Budh dhona an saoghal lé mí agus
breis. An Móránach a chuireadh/ ‘on osbuidéal de dheascaibh sádh beaignite lá an
achrain tá se/ tagaithe thar n-ais. Tugadh deunamh maith san osbuidéal do./ Dubhairt
dr.¹⁰⁰⁹ an ósbuidéil gur mhór an aithis an oide tugadh/ air.¹⁰¹⁰ Cainnt an Dr¹⁰¹¹
1580 Cochaláin, easbog, ar an bpaipéar/ indé. Cainnt ait neamhchríostamhail. “Do bheadh
breis san úir/ a’s níos lugha sa príosúnaibh,” ar seisean go searbh “¹⁰¹²dá mbé/ mian
an Riaghaltais é!”¹⁰¹³ Anois, cad mheádann an duine/ seo? A haon, a do, agus a¹⁰¹⁴
deich tugadh reubadh reilige/ ortha indé. Árdúigheadh chun siubhail 200 toitín ó
fhear agus/ 150 ó fhear eile. Taighdeadh na húrlair, stracadh an pheilt/ lé piocóidibh,
1585 briseadh malaidhe agus boscaidhe. Do chonnach os/ cionn 4 hualaihe¹⁰¹⁵ simint

¹⁰⁰⁴ *doiléir, 3 ceartaithe ó 4*

¹⁰⁰⁵ *dhá líne faoi bhun C*

¹⁰⁰⁶ *dhá líne faoi bhun C*

¹⁰⁰⁷ *poll sa leathanach idir a agus i*

¹⁰⁰⁸ *b add. ach stríoctha amach*

¹⁰⁰⁹ *dochtúir*

¹⁰¹⁰ *le add. ach stríoctha amach*

¹⁰¹¹ *Dochtúir*

¹⁰¹² *níl comhartha athfhríotail ar bith roimh dá*

¹⁰¹³ *níl comhartha athfhríotail ar bith i ndiaidh an chomhartha uailbhreasa*

¹⁰¹⁴ *tr add. ach stríoctha amach*

¹⁰¹⁵ *sei add. ach stríoctha amach*

reubtha in uimh¹⁰¹⁶ 1. Is mór/ an greann agus an subháilceas leis a gheibhimíd as
bheith/ ag seóladh bád beag ar an lóchán thíos sa ghort. Beartán agus¹⁰¹⁷ /5/ leitrín
dheas ó Cháit Ní Ch. arbhu indé. Tá cion aice orm agus/ tá cion ag Muireann Ní
Cheallacháin orm. An bhfuil ag C. C anois/ agus ag Ceann Dubh?/

1590

Dé Máirt 5x29¹⁰¹⁸x23.

Lá aoibhin go maith dob eadh an lá indiugh/ cé go raibh cruadhacht an Mhárta sa
ghaoith. Airéir níor tugadh/ turusanna orainn chómh minic a's tugadh lé fada. Agus
1595 ar/ maidin níor dúisigheadh chómh luath sinn. Níor mhara chéile é agus/ arbhú airéir
agus maidean inde – an oidhche sinn níor/ leigeadh neul orainn aca isteach ‘samach,
agus ar maidin sinn/ n-ár suidhe go moch. N-a theannta san do bhí marcshluagh/
amuigh fén gCurrach agus ar an árdán os cionn tig/ an bhídh a 7. do bhí sluagh ag
cleachtadh aimsighthe, ag/ díriugh a ghunaidhe anois agus¹⁰¹⁹ airís anuas ar tig an
1600 bhídh./ B'aimideach an rud é gan amhras, ach ní hé an t-aon/ rud aimideach amháin a
dheineas¹⁰²⁰ siad é./

Níl Bunaidhe ná an chuid eile chómh dána indiugh. Ta/ C. Ó Broin treis
bheith ag cainnt leis an mBólánach agus é/ cloiste againn go mbeimid ó anocht amach
fé n-ár/ oifigidhibh féin airís. Cá faid? Tá san chómh neimhchinnte as tá/ an bás féin!
1605 Ar an bpáipéar indiugh dhá dheachtán ghabhtha –/ ceann ó Deibh agus ceann ó
Aicín ghá rádh na gunnaidhe d'fholach/ gur cómhual arm do chur uainn treis seacht
mblian ag/ troid lé harm do ghlacadh, ná fuil buaidhte in ao' chor orainn/ agus go
bhfeicfeadh an dúthaig go luath cé¹⁰²¹ leis go bhfuil an/ fhírinne. Cúntas ar óráidibh
Mh Ch. Uí hU. de Blaignead agus/ a thuilleadh aca. Is neamhbhlasta na cainnteanna
1610 iad gan/ amhras. Is follus go bhfuil aithreachas ortha anois i dtaobh/ mórán atá deunta
aca, agus nách feas dóibh connus/ iad féin do ghlanadh. Bhraithfeá ar a gcuid cainnte
dá /6/¹⁰²² bhfaighidís ré aithrighe, nó seal eile i gceannas go ndéunfaidís/ na huirc as
na hairc. Á, athá “Do bheadh an Ghaedling/ ó bhaoghal¹⁰²³,” adeir B¹⁰²⁴. “Bheadh

¹⁰¹⁶ *uimhir*

¹⁰¹⁷ *agu///, s tréigthe agus cuid de stróicthe den leathanach; tosach agus lár an fhocail doiléir, agu tréigthe*

¹⁰¹⁸ *doiléir, 2 ceartaithe ó 3*

¹⁰¹⁹ *an leathanach stróicthe trí g*

¹⁰²⁰ *tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar d nasctha le d; an leathanach stróicthe trí i*

¹⁰²¹ *1 add. ach stróicthe amach*

¹⁰²² *dá add.*

¹⁰²³ *deireadh an fhocail doiléir, 1 athscríofa*

gan amhras ach í d'fhágaint fé/ sin agus fúta so eile¹⁰²⁵ a bhí go glórach n-a taobh ach/
 1615 níor dhein faic. An cheud Dáil a bhí againn is beag sraiste/ aca ná tugadh iarracht ar
 rud éigin do rádh as Gaedling/ agus coimeadtoidhe na miontuairiscí i dteangan na/
 duthaighe ach ó fuaireamair “riaghaltas gan ceangal”/ ní labhartar focal Gaedhlinge
 san saghas Dálá atá againn./ Ní róghlan an cognas poilitidheachta atá aca ag dul/ os
 comhair na ndaoine a’s is léir ortha¹⁰²⁶ é. Agus mo/ ghradhain iad is dona an crot
 1620 ortha é os cómhair an tsaoghail./
 Áirighim nár¹⁰²⁷/

Dé Sathairn 6x2x23.

1625 Lá breágh indiugh¹⁰²⁸ más mithid. Síothcháin (?)¹⁰²⁹ sa/ deireadh idir an ceannas
 camtha as¹⁰³⁰ sinn féin. Dhá lá ó shoin d’admhuigheadar/ ár gceann camtha agus
 anois ar theacht isteach i/ ngach pobal dóibh cuirid tuairisc an¹⁰³¹ chinn pobail. Is mór
 an/ t-atharugh é seo i gcompráid lé seachtmhain ó shoin. Do bhí ráfla/ ar siubhall, ach
 is eagal linn gur ráfla é, go mbeadh an *staff*¹⁰³²/ go léir lé haistriugh. Táid go léir
 1630 annso fós ach nílid chómh ceandáine/ cinnsealach a’s do bhíodar./
 Cuireadh ceist nár freagruigheadh san saghas Dála/ atá againn i dtaobh
 fuascaltha na bpríosúnach, agus mar gheall ar/ an airgead a tógadh uatha. Do bhí C. Ó
 hU. chómh maith lé n-a chlú/ ar an ócáid seo leis. Dubhairt sé gur bh’ait an rud suim
 airgid/ do bheith ar iomchar ag fearaibh dár gcailidheacht. L.¹⁰³³ Mac C. ar an/ aigne
 1635 cheudna agus go bhfaigheadh gach aon’ne go raibh cómhartha/ aige, admháltas nó a
 lithéid, a chuid airgid airís. Ach cé mhéid againn/ a fuair admháltas? Is ait leótha sa
 airgead do bheith ag/ aonne ach aca féin. Níor oibrigheadar riamh chun a

¹⁰²⁴ dhá líne faoi bhun B.

¹⁰²⁵ atá add. ach stríoctha amach

¹⁰²⁶ síneadh fada add. os cionn o ach stríoctha amach

¹⁰²⁷ níltear in ann a rá go deimhneach cén fáth nár chríochnaigh an Cóta an abairt seo, b’fhéidir gur tháinig garda isteach sa seomra agus nár mhór dó deireadh a chur lena chuid scríbhneoireachta agus an dialann a cheilt

¹⁰²⁸ tosach an fhocail doiléir, n tréigthe

¹⁰²⁹ níltear in ann a rá go deimhneach cén fáth a bhfuil comhartha ceiste idir lúibíní i ndiaidh Síothcháin, b’fhéidir go raibh an Cóta amhrasach nár shíocháin i gceart a bhí ann idir an ceannas campa agus na príosúnaigh

¹⁰³⁰ tosach an fhocail doiléir, a tréigthe

¹⁰³¹ an add.

¹⁰³² staff

¹⁰³³ doiléir, L ceartaithe ó S

mbeathuighthe/ ná an dream atá n-a bhfochair agus is ait leó airgead do bheith/ ag aonne ná faigheann ar shlighe éigin ó Shasana é./

1640 Tá an Lorcánach fós ar a dhícheall d'iarraidh /7/ beartha suas¹⁰³⁴ ár¹⁰³⁵ n-airm don Saor Stát./

Riamh roime seo níor dalladh aon dúthaig lé feallghradhthaoíribh/ mar tá an dúthaig seo ghá dhalladh. Fearamlacht, díreacht aighnis, níl aca.¹⁰³⁶/ Paca diall 'seadh iad róullamh ar móide is tromdha a's is naomhtha do/ thabhairt gan adhbhar ar 1645 son “¹⁰³⁷riachtanais”. Nuair sighneadh an¹⁰³⁸/ margadh dubhradar “Muna ndeintear so díreóchaidh Sasana/ an sluagh”. Ní hag¹⁰³⁹ cuimhneamh ar an sluagh bhíodar ach/ ar a¹⁰⁴⁰ muineál lobhtha féin. An rud go raibh an oiread san/ eagla ortha go ndeunfadh Sasana é leis an sluagh dheineadar/ féin é gan ceisneamh ar spochairacht Shasana. Gan amhras/ is truaillighthe an aicme iad os comhair an tsaoghail mhóir./

1650

De Ceudaoin 6x6x23

Lá dorcha marbh,¹⁰⁴¹ neamshoineanda.¹⁰⁴²/ Tá an camtha nuadh gabhtha anocht - bráigheanna tagtha/ ann as charcaraibh éigin. Is deallratch gur glaine a's gur/ 1655 sochraighe an áit atá acá na againne – pobail nuadha¹⁰⁴³/ níos lugha dathuighthe go gleóidhte¹⁰⁴⁴./

Gaibheann B.¹⁰⁴⁵ ag¹⁰⁴⁶ an Ceann Camtha tímcheall/ i dteannta chéile anois ag infhiúchadh an chamtha. Thángadar/ isteach go pobal a 7 indiugh agus mé ag múineadh. Stadadar/ ar feadh tamaill ag éisteacht. Is clos dom go ndubhairt/ B. n-a 1660 dhiadh san gur truagh ná baintear breis búntáiste/ as an gcao atá aca dá fhághail. [Tá S. Mac C./ ag dul i bhfeabhas./

¹⁰³⁴ an *add. ach stríoctha amach*

¹⁰³⁵ ar *add. ach stríoctha amach*

¹⁰³⁶ *doiléir, an lánstad tréigthe*

¹⁰³⁷ *doiléir, na comharthaí athfhriotail scríofa go doiléir*

¹⁰³⁸ *doiléir, an scríofa go doiléir*

¹⁰³⁹ *tosach an fhocail doiléir, h athscríofa*

¹⁰⁴⁰ *doiléir, a ceartaithe ó rud éigin*

¹⁰⁴¹ n *add. ach stríoctha amach*

¹⁰⁴² *doiléir, an lánstad nasctha leis an a roimhe*

¹⁰⁴³ *deireadh an fhocail doiléir, cuid den dara a stríocthe den leathanach; an leathanach stríocthe trí*

ad

¹⁰⁴⁴ *lár an fhocail doiléir, oi ceartaithe ó rud éigin*

¹⁰⁴⁵ *dhá líne faoi bhun B*

¹⁰⁴⁶ *léigh 'agus' in ionad ag*

- 1665 Tá uair an chluig breise ar ár seal fén/ mbán le beagán laetheanta. Tá anfháilte roimis. Do tháinig/ an S. isteach airéir agus é ar a chaoir. Budh dhóigh leat ar/ go ndeunfadh sé brus. “Tá sé in am codlata,” ar seisean/ “Is deas an rud bheith ag feuchaint amach trís na fuinneóghaib/ ach is deise ná san beith amuigh. Sighnighidh an páipéar /8/ agus amach libh.” Árdúigheadh, “Thuis” “Thuis” ar fuaid an/ phobail. Thóg san a
- 1670 chochal. Chuaidh sé agus bhuaile se beirt/ nó triúr. “A phaca¹⁰⁴⁷ tnútha,” ar seise¹⁰⁴⁸, “cá rabhair nuair bhíosa/ ag troid leis na *Teananaibh*¹⁰⁴⁹? Níor dheineabhair lá oibre/ riamh.” Chuaidh fé dhéin an dhonais agus athárdúigheadh/ “Thuis,” “Tuis,” agus d’fill se a ghuna n-a ghlaic aige/ “Connus¹⁰⁵⁰ thaitneóchadh dó nó trí aca so libh¹⁰⁵¹”/ ar seisean ag tagairt do phileáraibh. Dhein sé an clampar/ ceudna sa poballaibh eile.
- 1675 Ó chianibh as mé ag múineadh chuala gur/ cailleadh an Dr.¹⁰⁵² F. in eatrain I. aréir dubhramair an choróin do -/ gur maith an mhaise dho a thriall. B’fhéidir go mbeadh an choróin againn dá anam indiugh/ mar bhí d’anam Liam Uí Loingsigh.¹⁰⁵³/ Díreach sar ar chuala sceula a bháis/ do chonnac tríd an bhfuinneóig fir an chamtha-san go léir n-a seasamh/ ar aire agus d’aithnigheas go raibh rud éigin i dtreis. Scuireas an/
- 1680 cheacht gan mhoill. Chuireas fios indiugh ar leabharthaibh as rudaidhe go dtí/ C. na G.¹⁰⁵⁴ i gcómhair na buidhne.¹⁰⁵⁵ [Indé do chuir S. fios orm ag leigeant air/ go raibh gnóth mór¹⁰⁵⁶ éigin aige dhíom agus go raibh buaidhreamh air./ Bean éigin a thug cuaird ar a mhnaoi go raibh sí t.¹⁰⁵⁷ agus go mbeadh le cloinn/ i Meádhon Foghmair. “Tugann¹⁰⁵⁸ san mo chosa dhómsa” arsa S. “Táim im bhráighe/ ó Iúil anuiridh.” [Lá
- 1685 aobhin an lá indiugh – grian thaitniamhach – breis/ bheag ghaoithe ann. Tá piscíní ag ar gcat i dtig na cócaireachta a 6. Tá/ pláincéadaidhe agus tochta amuigh fén spéir indiugh. *Jeyes fluid* dá chrochadh/ ortha ag na bráigheannaibh chun míol do chosc; cuid aca casta ionnta agus/ iad ghá ngrianadh féin. Mar bheadh an nimh ar an aithne

¹⁰⁴⁷ *síneadh fada add. os cionn an chéad a ach stríoctha amach*

¹⁰⁴⁸ *seisean*

¹⁰⁴⁹ *gaelú ar ‘Tans’; deireadh an fhocail doiléir, an séimhiú ar b nasctha le b*

¹⁰⁵⁰ *thaithnigea add. ach stríoctha amach*

¹⁰⁵¹ *os cionn na líne agus leat add. stríoctha amach faoi*

¹⁰⁵² *Dochtúir*

¹⁰⁵³ *B’fhéidir...Loingsigh. ar an gciumhais inmheánach agus saighead tarraingthe ón gcéad líne eile chuige, cuireadh isteach ag an bpointe seo í mar meastar gurb í seo an áit is oiriúnaí don abairt seo*

¹⁰⁵⁴ *Connradh na Gaedhilge*

¹⁰⁵⁵ *níl lánstad ar bith i ndiaidh buidhne*

¹⁰⁵⁶ *eigin add. ach stríoctha amach*

¹⁰⁵⁷ *torrach*

¹⁰⁵⁸ *tosach an fhocail doiléir, ponc add. os cionn T*

d'iarr an/ ceann camtha orm an choróin do rádh. Tá an ceann camtha, an leascheann
1690 camtha agus an T.A. imthighthe amach go dtín Gobharnaor chun na/ gcúntas do chur i
dtreo. Sheasuígeas ag doras pobail a 18. agus na fir/ ag straoilleadh thart taobh leis
an A. agus bhí sé lán de ghiotamas agus/ de líonruith./

/9/ Dé Ceudaoin 6x13x23:

1695

Arbhú airéir do h-órduigheadh do gach ceann pobail/ ceist an 135 púnt atá na Státaigh
ag éileamh do chur os cómhair na/ bhfear, d'fheuchaint an rabadar féitheamhanta ar a
gcion den airgead/ cúitimh do dhíol d'fhonn as ná tuitfeadh an costas ar fad/ ortha so
go raibh airgead aca amuigh san oifig. Do tharla diospóireacht/ throm n-a thaobh.

1700 D'áitig cuid againn na raibh an t-airgead tógta/ ag na S.¹⁰⁵⁹ nó má bhí ná rabhadar n-a
theideal agus go mbainfide¹⁰⁶⁰/ díobh é i gCúirt Dlighe fós (mair a chapail a's
gheobhair fear) agus/ gur b'amhlaidh do bhíodar d'iarraidh na mbráighe do
*bhlofáil*¹⁰⁶¹ agus nuair/ bheadh sighthinighthe leis an airgead ar an "ndíobháil" go
scaipfidís mar/ "*propaganda*" é ar fuaid na duthaighe, gur bh'adhmháil é gur

1705 dheineamair/ rudaidhe go rabhamair náireach as. Pé sceul é, admuighim/ se, agus ní
féidir lé neach é do sheunadh gur bh'fhuraiste gan an/ diobháil do dheunamh pé
riachtanach a bhí leis agus gur dheacra dhóibh/ go mór bruighean do chur orrain agus
go gcoiscfeadh sé mórchuid/ den achrainn agus dé ghráineacht annso lé
deidheanaighe. Do chlúdóchadh dhá¹⁰⁶²/ scilling an fear an méid atá ghá éileamh. Ní
1710 hé méid an airgid ach/ an prínseabál. Ach fós dá dteasbáineadh furmhór na bhfear
atá ag/ cainnt go hárd anois óighreir i dtosach an achrainn bheimís ar aiste/ níos fearr
anois, agus cuid mór den¹⁰⁶³ truaillidheacht agus/ den¹⁰⁶⁴ aimhriaghaltas atá ar fuaid an
chamtha ní bheadh ann. Ach/ cad go mbeadh súil ag duine ó cheudtaibh fear brúigthe
ar a chéile mar¹⁰⁶⁵/ táimíd ne./

1715 Chuala go raibh rud éigin ar an bpáipéar i dtaobh an Lorcánaig¹⁰⁶⁶/ go raibh
cruinniugh i Libirtí Hall agus gur ruaigeadh cuid de cheannaibh/ na sclábhaidheachta,

¹⁰⁵⁹ *Státaigh*

¹⁰⁶⁰ *deireadh an fhocail doiléir, e scríofa go doiléir*

¹⁰⁶¹ *gaelú ar 'bluff'*

¹⁰⁶² *deireadh an fhocail doiléir, cuid den síneadh fada ar a stróicthe den leathanach*

¹⁰⁶³ *truaillig add. ach stróicthe amach*

¹⁰⁶⁴ *m add. ach stróicthe amach*

¹⁰⁶⁵ *os cionn na líne agus mar add. stróicthe amach faoi*

¹⁰⁶⁶ *deireadh an fhocail doiléir, nai scríofa go doiléir*

gur theastuig an L. uatha. Do chonnac féin ar an/ bpáipéar an lá roime sin leitir ó Bhean Thomáis Uí Cléirigh ghá aithiarraidh/ air ceisteanna éigin d'fhreagairt. Dar liom ná fuil sí sásta/ leis an rud atá ráidhte aige i dtaobh a fir, gur ar a chómhairle/ 1720 agus comhairle Sh. Uí Chonnghaile a chuaidh sé thar lear./

Súil dár thugas airéir¹⁰⁶⁷ do chonnac O Baoláin,/ B, C. O Broin, an S agus póilín ag gabháil thart agus iad ag tabhairt/ taobh na bpobal fé ndeara mar a silleann an braon. Buaileadh im/ aigne go bhfuil súil aca lé feuchadh ó dhaoibh éigin deóranta agus /10/¹⁰⁶⁸ go dteastuigheann uatha an áit do bheith go slachtmhar rómpa 1725 agus ar/ an gcuma san an bhreug do thabhairt dos na sceultaibh atá ar siubhall/ mar gheall ar an ndroichdheunamh atá¹⁰⁶⁹ fachtá againn. Tá a mhún/ deunta fútha aca./

Mar bheadh an nimh ar an aithne tá an obair timcheall na/ bpobal ar siubhall, bróga nuadha dá fhágáil ag cuid mhaith des na braigheannaibh¹⁰⁷⁰.¹⁰⁷¹/

Fuaireamair dhá ubh an fear indiugh chun ceudphroinne/ cá n-a thaobh ní 1730 fheadar? Ní lé cion orrain é, táim deimhnightheach./

De hAoine 6x15x23.

Tá dile indiugh agus bhí ar feadh na hoidhche/ airéir. Nil aon obair ar an dtrinnse. 1735 Dhá ubh le ceudphroinn –/ sa dara lá i gcómhnaidhe – ach an té níor ólas riamh té chómh/ dona, chómh lag leis – annglais cheart. Tá an¹⁰⁷² cantam/ aráin ciorruigthe airís. Indé do chuala mórán ag gireán/ ar ocras. Bhraitheas féin go dian é. Airéir airís, árdúigheadh/ amach sinn idir dhá phobal. Glaodhadh ár n-ainmeacha. Tháinig/ siad isteach tréis cómhairighthe. Thug B. fé ndeara triubhas stracta/ ar fhear, “An 1740 bhfuil aon triubhas eile agat ach é sin?” “Níl,” “An bhfuilir/ deimhnightheach?” “Táim.” “Tair chughamsa ar maidin agus tabharfad/ triubhas duit.” An té budh ghiorra don dtriubhas stollca theasbáin/ triubhas imthighthe eile,¹⁰⁷³ Máirtín Ó Droighneáin – “Sciúird” arsa B. “Imeóchair id croiceann annso. Thíos san múchán in uimhir/ 18 a chaithis-se do thriubhas,” agus chlúduig Máirtín, an fear bocht/ a ghlúine 1745 nochta lé n-a chasóig mhóir. Bhí an S. istig againn –/ é leath ar a chaoir – ghaibh

¹⁰⁶⁷ os cionn na líne agus amach anocht add. stríoctha amach faoi

¹⁰⁶⁸ agus add.

¹⁰⁶⁹ tosach an fhocail doiléir, an chéad a ceartaithe ó rud éigin

¹⁰⁷⁰ deireadh an fhocail doiléir, an séimhiú ar an dara b tréigthe

¹⁰⁷¹ níl lánstad ar bith i ndiaidh braigheannaibh

¹⁰⁷² t-arán add. ach stríoctha amach

¹⁰⁷³ Sciuir add. ach stríoctha amach

Seán Ó Cinnéide thárais, “Seadh, a/ Sheáin,” ar sisean¹⁰⁷⁴ “¹⁰⁷⁵ an bhfuil aon pholl ghá dheunamh annso agat?”/ “Beidh an tseachtmhain seo chughainn” d’fhreagair Seán./

Is mór an chiotai ghe dhúinn gan an páipéar laetheamhail/ do bheith ag teacht isteach. Cloisim go bhfuil cheithre rastaide/ tugtha ar an Lorcánach teacht do láthair
1750 cúirte De Luain i/ dtaobh sealbha fhórsa¹⁰⁷⁶ éigin¹⁰⁷⁷ do thógaint i Hallaibh
Sclabhaidheachta in/ Áth Cliath, gur fhág¹⁰⁷⁸ fir na bpáipéar i ndruing cruinniugh den saghas/ Dála so againn toisc ná raibh córaidheacht cheart aca./

Do bhí ráfla ar siubhall go raibh lucht chamtha a 3 ar stailc/ oibre ach dar liom ná raibh aon bhun leis mar chonnac uaim sall /11/ iad ag stádar tímcheall. Cloisim go
1755 bhfuil Cúnt Plúincéad ann/ Tomás de Búrca, Ó Díosaig, Mícheal Mac Cill Roigh agus tuilleadh daoine/ áitri ghte¹⁰⁷⁹. An bhfuil aon’ne áitri ghte againn san chamtha so?/

Dé Luain 6x18x23

1760 Fuair eas faill bheag ar an bpáipéar indiugh. Tug/ Mac C. óráid uaidh i Luimneach inde. Do bhí peictiúir ar an gcruinniugh ar/ an bpáipéar “Múscail do mhisneach¹⁰⁸⁰, a Bhanba,” ar bhrat aca. Dileagra/ as Gaedling ó fhear¹⁰⁸¹ ná fuil aon Ghaedling aige, cloisim, ar an bpáipéar¹⁰⁸²/ ceudna do bhí forfhógra ó Debh ghá rádh ná feudfadh an togadh so chughainn/ bheith saor¹⁰⁸³ toisc an ainmchláir, nách féidir lé lucht na
1765 Poblachta¹⁰⁸⁴ (dar/ liom go bhfuil drong nuadh poilitidheachta bunuighthe) timthreacht gan¹⁰⁸⁵/ teangbháil do dheunamh go¹⁰⁸⁶ gcuirfidis suas¹⁰⁸⁷ duine éilightheóir¹⁰⁸⁸ i ngach ceanntar¹⁰⁸⁹/ go raibh an focal deidheanach ráidhte aige leis an

¹⁰⁷⁴ *seisean*

¹⁰⁷⁵ *níl comhartha athfhriotail ar bith roimh an*

¹⁰⁷⁶ *tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar f nasctha leis an leathchiorcal atá tarraingthe timpeall ar fhórsa*

¹⁰⁷⁷ *ar an gciumhais inmheánach roimh dtaobh, cuireadh isteach i ndiaidh fórsa é mar tá leathchiorcal tarraingthe timpeall ar fhórsa agus is cosúil gurb é seo an rud atá i gceist leis an leathchiorcal*

¹⁰⁷⁸ *tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar f nasctha leis an leathchiorcal atá tarraingthe timpeall ar fhórsa*

¹⁰⁷⁹ *deireadh an fhocail doiléir, an dara t ceartaithe ó e*

¹⁰⁸⁰ *tosach an fhocail doiléir, m ceartaithe ó d*

¹⁰⁸¹ *tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar f nasctha le f*

¹⁰⁸² *deireadh an fhocail doiléir, r scríofa go doiléir*

¹⁰⁸³ *tuis add. ach stríoctha amach*

¹⁰⁸⁴ *an leathanach stríocthe trí t*

¹⁰⁸⁵ *poll sa leathanach idir g agus a*

¹⁰⁸⁶ *gcuirfi add. ach stríoctha amach*

¹⁰⁸⁷ *os cionn na líne agus caret idir gcuirfidis agus duine*

¹⁰⁸⁸ *os cionn na líne; níltear in ann a rá go deimhneach cén fáth ar scríobh an Cóta éilightheóir os cionn duine, b’fhéidir go raibh sé idir dhá chomhairle faoi cé acu ab fhearr a úsáid*

- Saor Stát agus le Sasana./ Dubhairt Mac C. go dtabharfaidís cogadh¹⁰⁹⁰ do bhagairt cogaidh. Anois cé threórochaidh/ an dúthaig as¹⁰⁹¹ an gclais n-a bhfuil sí?/
- 1770 Táim ar Chómhaltas na Spóirt airís. Glaodhadh amach/ ón mbuidhin Gaedlinge indiugh orm. Do bhí (mar is gnáthach) troid ar¹⁰⁹²/ siubhall aca i dtaobh¹⁰⁹³ sacar agus peil Ghaedhealach. [Do bhí buidhean/ mhaith againn um thráthnóna amuig¹⁰⁹⁴ fén spéir in aice Pobail a 7. in/ athcómaireacht don dteórain agus an foraire./
- 1775 6x22x23¹⁰⁹⁵ Deardaoin.
- Maidean fhliuch. Do bhí laetheanta/ breághtha againn le tamaillín agus theastuigheadar. Beidh cleasa lúth/ ar siubhall De Domhnaig. Seosaimh, Sean Mhac Éochach¹⁰⁹⁶, an píopaire/ agus me féin an comhaltas. Ní greann go dtí sean Mhac
- 1780 Éochach/ n-a dtaobh, na sanais atá tairngte, an fógra atá¹⁰⁹⁷ curtha/ anáirde aige 10/¹⁰⁹⁸ do thabhairt don té a ainmeóchadh roim ré/ an pobal a bhuidhfeadh ar tharang na téide. Ós ag¹⁰⁹⁹ trácht ar Mhac Eochach é, is minic a bhainim cainnt as./
- Bailighimíd, Seosaimh, me féin agus a thuilleadh tímcheall air agus/ cuirimíd cun seimthe é¹¹⁰⁰, “Beul Átha na Sluagh,” deir sé, “an áit is millte/ san domhan. Níl ann
- 1785 ach dríoscar – shliocht tuinnceáraidhe a chuir fútha ann ceudta blian ó shoin ag fillleadh dhóibh¹¹⁰¹ ó aonach Domhnac Broc,¹¹⁰² agus/ táid ag meudugh sag meudugh ó shoin.... Do bhris sé croidhe aon/ cháirdinéal amháin agus na fichididhe cliar deireadh do chur lé Domhnach/ Broc.... Mionán gabhar. Níl aon ainmidhthe eile/ mar iad. Raighid i mullach aon áite. Do bhí dhá¹¹⁰³ cheann¹¹⁰⁴ aca/ ag mo rudaidhibh
- 1790 beaga sa agus chlipeadar an tseanbhean¹¹⁰⁵ /12/ chomh mór san gur¹¹⁰⁶ árduig sí lá iad

¹⁰⁸⁹ c//anantar, poll sa leathanach ar e; an poll céanna ar an gcéad a; deireadh an fhocail doiléir, an dara a scríofa go doiléir

¹⁰⁹⁰ síneadh fada add. os cionn o ach stríoctha amach

¹⁰⁹¹ os cionn na líne agus agus add. stríoctha amach faoi

¹⁰⁹² deireadh an fhocail doiléir, cuid de r stríocthe den leathanach

¹⁰⁹³ sa add. ach stríoctha amach

¹⁰⁹⁴ lár an fhocail doiléir, poll sa leathanach ar u

¹⁰⁹⁵ De D add. ach stríoctha amach

¹⁰⁹⁶ agu add. ach stríoctha amach

¹⁰⁹⁷ cur add. ach stríoctha amach

¹⁰⁹⁸ 10 scillinge

¹⁰⁹⁹ tr add. ach stríoctha amach

¹¹⁰⁰ doiléir, sleamhnú pinn tríd an síneadh fada ar e

¹¹⁰¹ tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar d nasctha le d

¹¹⁰² doiléir, an chamóg nasctha leis an c roimhe

¹¹⁰³ tosach an fhocail doiléir, d ceartaithe ó g

¹¹⁰⁴ deireadh an fhocail doiléir, an dara n scríofa go doiléir

¹¹⁰⁵ deireadh an fhocail doiléir, an tréigthe

go dtín baile mór/ agus dhíol. Nuair bhraith na pagain uatha iad seo leo gan bhróg gan stoca¹¹⁰⁷ gan stad gur/ sroicheadar tig an cheannuightheóra. Do bhriseadar fuinneóg air agus/ b'éigean iad d'aiseagh"... Níl aon rud go dtráchtfaidhe¹¹⁰⁸ air ná/ fuil sceul ag an seanbhuachaill¹¹⁰⁹ ullamh do. "Mo bhuachaillí-se"/ thugann sé ar 1795 bhráigheannaibh an Iarthair go léir./

Ní dóigh liom go bhfuil aon chaonthaidhe annso¹¹¹⁰ is/ truaghanta ná an Nolánach. Nuair sheasuígheann sé ar an¹¹¹¹ árdan san eatrinn, a lámha i bpócaidhibh a thriubhasa agus¹¹¹²/ fheuchann sall ar an dtig tabhairne n-a bhfritheáladh sé¹¹¹³ do/ chuirfeadh sé maoinéachas ar aon'ne. Breithnighim go minic¹¹¹⁴/ é ar an aiste seo. 1800 [Tá bróga, eudach agus aroile tugtha aca¹¹¹⁵ do chuid mhaith/ des na bráigheannaibh. Tá na póilíní airm níos sibhialta. Cad tá ag/ teacht? Fuaireamair folca te an tseachtmhain seo. Do mhothuigheas/ amuigh an Dr¹¹¹⁶ Fearain nuair chuadhas sall. Chonnach/ ádhbhar de bhuachaillibh an Daingin ann. [Tá an fear ceathramha¹¹¹⁷/ imthighthe abhaile. Cúisigheadh é¹¹¹⁸ gur thairng sé biadh dhá lae/ aimsir an 1805 chlampaire do dhíol leo¹¹¹⁹. Deirtear gur dhein sé é,/ fíor nó breug é – ní fheadar agus is chuma liom. Liathann/ a lithéid sin mo cheann.

De Luain 6x25x23.

1810 Lá dorcha glas –/ is ait an aimsir í an taca so bhliain. Níl sceula ná nuaidheacht indiugh./ Tagann tráthanna orm agus, dar liom, ná fuil neach ag cuimhneamh/ orm. Tug Seósaimh agus me féin cuaird tímcheall na h-eatrainne/ tráthnóna agus dheineamair ádhbhar gáirí. Mar is gnáthach linn¹¹²⁰/ thagramair do mhórán rud. Ciorruighimid an aimsir ar an slighe seo./ Chualamair go raibh mórán sceul ar an

¹¹⁰⁶ ad *add. ach stríoctha amach*

¹¹⁰⁷ gan bhróg gan stoca *os cionn na líne agus caret idir leo agus gan*

¹¹⁰⁸ *lár an fhocail doiléir, an dara t ceartaithe ó f*

¹¹⁰⁹ *lár an fhocail doiléir, an séimhiú ar b nasctha le b*

¹¹¹⁰ *an//so, poll sa leathanach ar an dara n; an poll céanna ar s*

¹¹¹¹ *poll sa leathanach ar a*

¹¹¹² *ag//s, poll sa leathanach ar u*

¹¹¹³ *deireadh an fhocail doiléir, poll sa leathanach ar an síneadh fada ar e*

¹¹¹⁴ *//finic, poll sa leathanach ar m*

¹¹¹⁵ *df add. ach stríoctha amach*

¹¹¹⁶ *Dochtúir*

¹¹¹⁷ *ceathra//h//l, an leathanach stríocthe trí m agus cuid de stríocthe den leathanach, an dara a stríocthe den leathanach*

¹¹¹⁸ *ar add. ach stríoctha amach*

¹¹¹⁹ *deireadh an fhocail doiléir, poll sa leathanach ar o*

¹¹²⁰ *deireadh an fhocail doiléir, nn scríofa go doiléir*

- 1815 bpáipéar ach ós rud é ná/ feaca é ní féidir liom faic do rádh, mar atá go raibh Máire
Ní/ Shuibhne agus Cumann na mBan roim Risteárd ag uaig Bhulf Teón agus/ gur
chuireadar bláthfleascanna uirthé ar na¹¹²¹ scríbhinní nár thaithnigh/ lé Risteárd.
Chualamair leis gur dhiultuigh¹¹²² lucht imeartha/ iomanaidheachta dul in
iomaidheacht i Luimneach seachtmhain ó shoin/ toisc gur bh'é an “t-uachtarán” Mac
- 1820 Coscair a bhí chun na liathróide/ do chaitheamh isteach (comhartha maith). Gheall
póilín indiugh dom/ go dtabharfadh sé an páipéar¹¹²³ laetheamhail cugham./
- Do bhí cluichí annso indé againn agus cuireadh suim mhór /13/ ionnta. B'é an
tarang is mó dhein suathadh ar an sluagh./ Bhéiceas go raibh ciach orm. Chailleas
150 toitín lé Liam Breathnach/ an fear gill. B'é rás an phráta a's na spíonóige budh
- 1825 mhó/ greann. Do chuireas geall trom ar Mhac Cárthaigh a bhí tréis col/ do chur leis
an gceud bhabhta d'iarraidh buadhachtainte. Chogras n-a/ chluais agus dubhart leis
gearradh do chur san bpráta. Dhein ach/ chuir sé ródhoimhin é agus scoilt an práta
leis an suathadh¹¹²⁴ reatha/ d'imthigh n-a dhá smut fén eatrainn agus chuir san an
oiread¹¹²⁵/ feirge ar Mac Cárthaigh gur speach sé iad le gubh ceart, “¹¹²⁶Mo¹¹²⁷/ náire
- 1830 thu,” arsa mise le Mac C. Luig sé a shúil orm. Sin a¹¹²⁸/ bhfuairas de fhreagra.
Críochnófar na cluichí De hAoine¹¹²⁹./ D'arduigheadar chun siubhail an teud. Eagla
éigin deallruighim./

De Máirt 6x26x23.

- 1835
- Dhein lá aoibhin den lá indiugh. An páipear¹¹³⁰/ a gealladh dom fuairas é. Níor
dheineas ach é do scannadh. Tá go¹¹³¹/ haon'ne d'iarraidh radharc d'fhághail¹¹³² air.
Thugas fé ndeara/ ná fuil an tSeanaid san Dáil¹¹³³ ag réidhteach go rómhaith lé/ céile.
Tá leitir fhada ann ó Bhanchúnt Mearcathbhaitis i/ bhfreagra ar Ch.¹¹³⁴ Ó hUigín.

¹¹²¹ *is cosúil gur fágadh ‘raibh’ ar lár idir na agus scríbhinní*

¹¹²² *io add. ach stríoctha amach*

¹¹²³ *lae add. ach stríoctha amach*

¹¹²⁴ *suath///dh, poll sa leathanach ar an dara a; an poll céanna ar d*

¹¹²⁵ *oire///d, poll sa leathanach ar a; an poll céanna ar d*

¹¹²⁶ *///, poll sa leathanach ar na comharthaí athfhriotail*

¹¹²⁷ *poll sa leathanach ar M*

¹¹²⁸ *///, poll sa leathnach ar a*

¹¹²⁹ *hAoi///, poll sa leathanach ar ne*

¹¹³⁰ *paipéa///, r stríocthe den leathanach*

¹¹³¹ *deireadh an fhocail doiléir, cuid de o stríocthe den leathanach*

¹¹³² *d'fh//ghail, poll sa leathanach ar an gcéad a*

¹¹³³ *poll sa leathanach ar D*

¹¹³⁴ *doiléir, sleamhnú pinn tríd an séimhiú ar C*

- 1840 Diospóireacht sa Dáil i dtaobh/ an tslighe gur marbhúigheadh treóraidhe poblachtach i Loch Garmain./ Óráid ó Thadhg do thug sé ag dáileadh onór i gColáisde na/ Laimhliagh n-a n-abrann sé go bhfeidhmfidh an Saorstát/ faid as bhéas “feur ag fás a’s uisce ag rith”. Gaoth mhór, a/ bhádóir. Freagra ó n-ar nDeasmhumhan-na ar teachta/ óg – Ó Dubhthaigh¹¹³⁵ mar gheall ar ár gconsalaibh tar lear/ mar briseadh¹¹³⁶
- 1845 consal leó san Eadáil, fear galánta macánta/ a bhí eascáirdeamhail leis an Saorstát, agus a chóimhleacaidhe/ ná raibh macánta ach a bhí i bhfabhar an tSaorstáit¹¹³⁷/ agus mórán trubhthaise eile i dtaobh consal i dtiorthaibh eile,/ i dtaobh pas teorán agus aroile. Cad é meas daoine iasachta orainn?/ Cúntas i dtaobh *parade*¹¹³⁸ airm in Áth Cliath mar a bhficim/ mórchuid ceannuraid. Budh dhóigh leat gur bh’é arm na/
- 1850 Gearmáine é. Caint ó Risteárd ag cruinniugh de C. na nG.¹¹³⁹ /14/ agus an t-airgead go léir a measadh indé do aireachtaibh¹¹⁴⁰/ áirighthe, agus a lia rud eile ná raghaidh go deo tar braghan/ an tighe n-ar ritheadh iad.¹¹⁴¹ [Indiugh d’eirig clampar i dtaobh/ na buidne Gaedlinge. Thugas ainmeacha na ndaltaidhe mar/ bhí socruighthe agam in uimh.¹¹⁴² a 1. don gCeann Pobail agus/ thug seisean iad don gCeann Camtha. Tháinig
- 1855 seisean ar¹¹⁴³ séirse/ agus dubhairt go raibh ainmeacha ann a¹¹⁴⁴ bhí¹¹⁴⁵ ag/ teicheadh ó obair an trínne, ní raibh ach aonne amháin¹¹⁴⁶ –/ bféidir. D’fhonn as gan aon eascáirdeas ná eachrainn¹¹⁴⁷/ do beith eadrúinn¹¹⁴⁸ chuidhas go dtí Seosaimh agus mhínigheas¹¹⁴⁹ do/ connus mar bhí againn. Chuaidh seisean agus shocruig sé an¹¹⁵⁰ cúrsa¹¹⁵¹./ [Táinig beartán indiugh ó Eibhlin, tubháile, toitíní, subh/ cáca, criosuirí
- 1860 póca, páipéar leitreach agus bille deich scillinge/ fuaidhte i bhfolach go neamhghuiseach¹¹⁵² san tubháile – mo/ ghradhain í¹¹⁵³ agus leitir i bhfolach i¹¹⁵⁴

¹¹³⁵ ma *add. ach stríoctha amach*

¹¹³⁶ cons *add. ach stríoctha amach*

¹¹³⁷ comharthaí athfhriotail *add. i ndiaidh tSaorstáit*

¹¹³⁸ lár an fhocail doiléir, an dara a ceartaithe ó d

¹¹³⁹ os cionn na líne agus caret i ndiaidh na; Cumann na nGaedheal

¹¹⁴⁰ os cionn na líne agus nidhtibh *add. stríoctha amach faoi*

¹¹⁴¹ níl lánstad ar bith i ndiaidh iad

¹¹⁴² uimhir

¹¹⁴³ poll sa leathanach ar a

¹¹⁴⁴ //, poll sa leathanach ar a

¹¹⁴⁵ //í, poll sa leathanach ar bh; deireadh an fhocail doiléir, an poll céanna ar i

¹¹⁴⁶ amh//n, poll sa leathanach ar ai

¹¹⁴⁷ eachr//n, poll sa leathanach ar ain

¹¹⁴⁸ lár an fhocail doiléir, u ceartaithe ó rud éigin

¹¹⁴⁹ mhínighe//, poll sa leathanach ar s

¹¹⁵⁰ a//, poll sa leathanach ar n

¹¹⁵¹ poll sa leathanach ar c

¹¹⁵² poll sa leathanach ar g

¹¹⁵³ lánstad *add.*

bpacaod toitíní. Dar liom/ go bhfuil saghas léith aici leis¹¹⁵⁵ an Saor Stát. Tráthnóna/
meala é agus chuirfeadh sé aoibhneas ar aon'ne amharc i gcéin/ ar Shléibhte Chille
Mantáin agus cráidhteacht croidhe sinn/ do¹¹⁵⁶ bheith teanntuighthe agus díolamhnaig
1865 scaoilte. Mo/ chean dom léightheóirí, dom cháirdibh, dom lucht aitheantais!/

7x29¹¹⁵⁷x23.

Is fada ó scriobhas anois. Ní fheadar cad n-a thaobh is/ iomdha atharugh atá taghaithe
1870 ar an áit. Tá lán pobail de/ bhráigheannaibh tagaithe ó Chorcaig - aithne agam ar
chuid aca -/ an pobal atá aca bhí súil againn leis i gcomhair lucht na/ Gaedlinge ach ní
bhfuaireamair é. Cuarduigheadh Pobal a 8/ a¹¹⁵⁸ lá eile ar lorg múcháin. Dubhairt
Saighcí atá ar dithcéille/ nó tá ag leigeant air go bhfuil ná feudfadh sé neul den /15/
oidhche chodailt ag muinntir an phobail ag deunamh múcháin./ Mar sin an cuardach.
1875 Chuirfeadh sé an seansaoghal i gcuimhne/ dhuit – na cróidhte. Tá Bille na
Sciúrseála gabhtha a 2/ huair tríd an Seanaid. Triúr nó ceathrar ban ar an Seanaid/ a
saoileadh a bhí daonnachtacht agus táim cinnte gur¹¹⁵⁹ bhreágh/ leó a n-ainmeacha
bheith ar Chumann Cosc Cruadhál Ainmhidhe¹¹⁶⁰/ mholadar agus d'aontuigheadar
leis an mbile. Fuair¹¹⁶¹ na/ bráigheanna so Chorcaighe gáir mhaoidhte i Malla! An
1880 taca¹¹⁶²/ so anuiridh is beag gheobhaidís agus dá ngeobhaidís ann¹¹⁶³/ anois agus guna
ar gualain gach duine aca an mbeithfidís¹¹⁶⁴/ buidheach díobh? Sin ceist. Tháinig cith
mór báistighe tráthnóna¹¹⁶⁵/ airéir lé linn oidhche./ Is¹¹⁶⁶ beag cith riamh a chonnach/
budh thruime ná é./

1885 2x8x23¹¹⁶⁷.

¹¹⁵⁴ doiléir, poll sa leathanach ar i

¹¹⁵⁵ le///, poll sa leathanach ar is

¹¹⁵⁶ bhr add. ach stríoctha amach

¹¹⁵⁷ doiléir, 9 ceartaithe ó rud éigin

¹¹⁵⁸ léigh 'an' in ionad a

¹¹⁵⁹ ///r, poll sa leathanach ar gu

¹¹⁶⁰ ///mhidhe, poll sa leathanach ar Ain; lár an fhocail doiléir, an poll céanna ar m

¹¹⁶¹ Fu///, poll sa leathanach ar air

¹¹⁶² t///ca, poll sa leathanach ar an gcéad a; tosach agus lár an fhocail doiléir, an poll céanna ar t agus ar c

¹¹⁶³ a///n, poll sa leathanach ar an gcéad n; deireadh an fhocail doiléir, an poll céanna ar an dara n

¹¹⁶⁴ mbeithfi///, poll sa leathanach ar dís

¹¹⁶⁵ ///ráth=/nóna, poll sa leathanach ar an gcéad t; an poll céanna ar r

¹¹⁶⁶ an leathanach stróicthe trí I

¹¹⁶⁷ léigh '8x2x23' in ionad 2x8x23

- Lá fiadhain feanaideacha¹¹⁶⁸. Tá an páipéur¹¹⁶⁹ / - agus bhí indé lán de rudaidhibh¹¹⁷⁰ tabhachtacha. Dréir Cúirte/ an Árdghíúistíse níl aon cheart dlíghtheamhail ag an S.S. sinn/ do choimeád i ngéibhean. Ach ritheadh Bille na Sciúrseála indé/ agus
- 1890 saruigheann¹¹⁷¹ cinneadh na cúirte. Níl aon deallramh go/ scaoilfear amach go luath sinn. Tá ráidhteachas go mbeidh an/ Taoiseach i gCláir De Domhnaigh. Beidh E Nic¹¹⁷² N. ann ach go hairighthe/. Do thug Ó Rónáin breitheamh cainnt gheur go maith/ uaidh mar gheall ar an S.S.¹¹⁷³ ghá rádh gur bh'uathbhasach an/ rud bheith fé rialtas ainscianach mar taimíd. Indiugh do bhí/ babhta doirneála agam féin sag S.
- 1895 agus ag P. O C mar bhí indé./ Shuadhamair go maith sinn - tá ceal freacnairce orain go/ mór – is beag í m'anál sa. Tá na¹¹⁷⁴ dóirse dúnta anois/ agus gheobhaimís leór le teineadh ach cé tá n-ár gcúram?/ Tháinig páipéir ó S. Mac B. Tá sé imthighthe abhaile; go n-eirighidh/ a thurus leis. Tá obair mhaith deunta aige. Tháinig cárta/ ó Shighle ó Ghleann Garbh. Ise annsan De Domhnaigh agus /16¹¹⁷⁵/ mise annso. Chuir
- 1900 sé eud orm. Chuir an peictiúir¹¹⁷⁶ i¹¹⁷⁷ gcuimhne dhom mo thurus féin anuiridh san áit sin i¹¹⁷⁸/ bhfochair¹¹⁷⁹ Ch. Ch. Is cosamhail go bhfuil éileamh ag S orm¹¹⁸⁰/ ach¹¹⁸¹ dar léithe go bhfuilim pósta. [Tá an ghaoth ag séideadh¹¹⁸²/ an tseaneachlainn, ag séideadh n-a siolla idir na¹¹⁸³ bundalaig¹¹⁸⁴/ agus bárr an fhalla, trí scoilteannaibh san fhuinneóig agus¹¹⁸⁵/ phollaibh sa dóirsibh. Tá cuid des na buachaillidhibh¹¹⁸⁶
- 1905 bailighthe¹¹⁸⁷/ tímceall mo leapan ag léigheamh seanpháipéir ón Oileán¹¹⁸⁸ Úr.¹¹⁸⁹ Tá

¹¹⁶⁸ f///anaideacha, poll sa leathanach ar an gcéad e

¹¹⁶⁹ deireadh an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe tríd an síneadh fada ar e

¹¹⁷⁰ rudai///bh, poll sa leathanach ar dhi; an poll céanna ar b

¹¹⁷¹ is cosúil gur fágadh 'sé' ar lár idir saruigheann agus cinneadh

¹¹⁷² deireadh an fhocail doiléir, c scríofa go doiléir

¹¹⁷³ go add. ach stríoctha amach

¹¹⁷⁴ síneadh fada add. os cionn a ach stríoctha amach

¹¹⁷⁵ uimhir an leathanaigh stróicthe den leathanach

¹¹⁷⁶ lár an fhocail doiléir, an leathanach stróicthe tríd an dara i

¹¹⁷⁷ doiléir, cuid de i stróicthe den leathanach

¹¹⁷⁸ ///, i stróicthe den leathanach

¹¹⁷⁹ an leathanach stróicthe trí b

¹¹⁸⁰ ///, orm stróicthe den leathanach

¹¹⁸¹ an leathanach stróicthe trí a

¹¹⁸² s///, éideadh stróicthe den leathanach

¹¹⁸³ ///, na stróicthe den leathanach

¹¹⁸⁴ /// /dalaig, bun= stróicthe den leathanach

¹¹⁸⁵ ///, fhuinneóig agus stróicthe den leathanach

¹¹⁸⁶ buachaillid///, hibh stróicthe den leathanach; deireadh an fhocail doiléir, cuid de d stróicthe den leathanach

¹¹⁸⁷ ///, bailighthe stróicthe den leathanach

¹¹⁸⁸ O///, ileán stróicthe den leathanach; tosach an fhocail doiléir, cuid de O stróicthe den leathanach

¹¹⁸⁹ ///, Úr. stróicthe den leathanach

a bhfurmhór – na diaill bhochta – ag adugh na teineadh¹¹⁹⁰/ i gcomhair té dóibh féin. Aduightear na teinteacha¹¹⁹¹/ ag bun leapan mara gcrochtar¹¹⁹² seanstán do¹¹⁹³ coinbhigheann¹¹⁹⁴/ an uisce. Saoil, cipíní, páipéir ruadha aon rud as¹¹⁹⁵/ aon tsaghas ruda a lasfadh¹¹⁹⁶. Tá fothdhuine ag siubhall¹¹⁹⁷/ síos suas an pobal, beirt nó triúr ag
1910 fighe *macramé*.¹¹⁹⁸/ Níl iomarca tobac ná toitíní¹¹⁹⁹ san bpobal anocht.¹²⁰⁰ [Bhailig gach aonne tímceall¹²⁰¹ mo leapan tráthnóna¹²⁰²/ faid bhí S. McC. ag léigheamh¹²⁰³ an¹²⁰⁴ pháipéir¹²⁰⁵. Léightheoir¹²⁰⁶/ soiléir go maith seadh é. [Nil aon obair trínse ar siubhall/ anois ach tá fógra fachta go gcaithfear fanacht síos féin/¹²⁰⁷ eatrain eadarshuth agus tráthnóna. Níltear/ ag géilleadh go ró fonnmhar¹²⁰⁸ don órdugh so.
1915 Tréis¹²⁰⁹/ tamaillín raighidh sé i léig ar fad is docha. Is mór an/ deifridheacht é idir an t-am a bhuaileadh an maor/ isteach agus deurfadh, “Gach caonthaidhe agaibh se síos féin/ eatrain anois”, an guna n-a lámh aige agus/ deurfadh, “Mise an ceann camtha agus sid í¹²¹⁰ an chómhairle/ camtha.¹²¹¹” [Ó scríobhas mí ó shoin tá ceann camtha S.S.¹²¹² nuadh/ againn de mhuintir Bhroin. Is aisteach an rud an/ beirt cheann
1920 camtha S.S.¹²¹³ agus P.¹²¹⁴ d’fheicsint ag siubhall/

¹¹⁹⁰ //, na teineadh *stróicthe den leathanach*

¹¹⁹¹ teinte//, cha *stróicthe den leathanach*; *deireadh an fhocail doiléir, cuid den chéad a stróicthe den leathanach*; *an leathanach stróicthe tríd an dara e*

¹¹⁹² *poll sa leathanach ar oc*

¹¹⁹³ *poll sa leathanach ar do*

¹¹⁹⁴ *b’fhéidir; coi//, deireadh an fhocail stróicthe den leathanach*

¹¹⁹⁵ *cuid de s stróicthe den leathanach*

¹¹⁹⁶ *an leathanach stróicthe trí ad*

¹¹⁹⁷ *s//, iubhall stróicthe den leathanach*

¹¹⁹⁸ *má//, cramé. stróicthe den leathanach*

¹¹⁹⁹ *t//tíní, poll sa leathanach ar oi*

¹²⁰⁰ *níl lánstad ar bith i ndiaidh anocht*

¹²⁰¹ *tímc//ll, poll sa leathanach ar ea; an poll céanna ar an gcéad l*

¹²⁰² *trathnó//, na stróicthe den leathanach; deireadh an fhocail doiléir, cuid de o stróicthe den leathanach*

¹²⁰³ *léighea//, poll sa leathanach ar mh*

¹²⁰⁴ *an leathanach stróicthe trí a*

¹²⁰⁵ *poll sa leathanach ar an gcéad p*

¹²⁰⁶ *Léighthe//, oir stróicthe den leathanach*

¹²⁰⁷ *eatir add. ach stróictha amach*

¹²⁰⁸ *an leathanach stróicthe trí r*

¹²⁰⁹ *taí add. ach stróictha amach*

¹²¹⁰ *doiléir, i ceartaithe ó e*

¹²¹¹ *níl lánstad ar bith i ndiaidh camtha*

¹²¹² *os cionn na líne agus caret idir camtha agus nuadh; Saor Státach*

¹²¹³ *Saor Státach*

¹²¹⁴ *Poblachtach*

Leathanach ar iarraidh¹²¹⁵

/17/¹²¹⁶ ar fhuinneóg an ghrianáin is grianda sa domhan!/ Cad chuige na bein? Nách
1925 ó Shighle iad? Cailín maith seadh¹²¹⁷/ Sighle. Bféidir go ndineann sí suirghe¹²¹⁸ ach
má dheineann/ féin ná cuimhnigheann sí orm i gcómhnaidhe? [Thainig/ Saighcí
isteach indé “Tá aithreachas¹²¹⁹ orm,” ar seisean/ “¹²²⁰gur gheallas go dtiocfainn ag
foghluim Ghaedlinge, an lá eile. Is amhlaidh mar tá go bhfuil an iomad eolais/
agam.¹²²¹” An lá eile chuirfeadh sé i gcuimhne dhuit/ duine éigin go leighfeá air san
1930 seanrecht nuair bhí/ sé n-a shuidhe ag an ngeata¹²²² ar a leabaidh mar/ bheadh sé ag
fitheamh le déirc ó dhuine éigin a gheóbhadh/ thar brághaid. Chrom¹²²³ sé sa deireadh
ar an bpraisig/ d’itheadh le spionóg as an árus stáin in a/ mbeirbhightear í.
Chuirfeadh¹²²⁴ sé¹²²⁵ maithneachas¹²²⁶ ar¹²²⁷/ aon’ne beith ag feuchaint air¹²²⁸.¹²²⁹
[Thagair Seosaimh¹²³⁰/ do rud éigin a léig ag ughdar éigin Franncach¹²³¹/ mar gheall
1935 ar dhuine fé¹²³² ghlas ‘ghá áiteamh go¹²³³/ mbíonn níos mó feasa ag duine i
ngabhann¹²³⁴ ná¹²³⁵/ mar is dóigh lé daoinibh go¹²³⁶ bhfuil a saoirse¹²³⁷ aca¹²³⁸ agus¹²³⁹

duine/ainmneacha na ndaoine a thug na litreacha dó le cur chun siúil; ar aon bhealach is cosúil go
raibh sé ag iarraidh céannacht duine/daoine áirithe a cheilt

¹⁴⁵⁶ is cosúil gur tharraing an Cóta an líne i ndiaidh le in ionad ainm an duine a thug an dá litir amach
as an gcampa géibhinn ar a shon; is cosúil go raibh sé ag iarraidh céannacht an duine a cheilt

¹⁴⁵⁷ níl lánstad ar bith i ndiaidh na líne, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é
Tháinig

Dáigeá,/ go raibh súil aige go dtabharfadh na daoine a/ nguth don ndream ceart agus
 nách do lithéid/ Sheáin a Ch. Mo ghairm é. Cuireann gach aon/ easonóir dá shaghas
 so fé n-a chumaoin me aige./ Cá bhfuil carthanacht na cléire? Ca bhfuil an/ daonacht
 2415 budh cheart do chléireach do bheith aige?¹⁴⁵⁸/ Cá bhfuil an chríostaidheacht? Sid é
 an saghas/ meathtachta is truailleithe agus neimhfhearamhla /6v/ ionnsaidhe do
 dheunamh ar fhear i ngabhann -/ ar fhear go bhfuil a lámh sa theanga fé ghlas!/ Ach
 níl furmhór na cléire ach mar bhíodar/ riamh – ar thaobh Shasana. Ná fuilid ag
 síoradh,/ ¹⁴⁵⁹ ag tnúth lé clampar? Is maith/ an rud dóibh muinntir na dúthaighe seo
 2420 do/ bheith chómh dílis don gcreideamh.

9x9x23/

Indé bhí cúnntas ar an bpáipéar mar gheall ar/ an saghas toscaireachta so atá dulta tar/
 2425 lear chun Éireann do chur i gConnradh na/ Náisiún. Do bhíodar i ¹⁴⁶⁰ mBoibigheó
 mar/ a raibh ceileabhradh beirbhighise Naoimh Coluim/ Bánais ar siubhall. Dréir an
 páipéir do/ bhí an pobal Eadálach go scleondarach n-a/ dtaobh agus comharaidhthe
 anáirde aca/ “Faid Saoghail chun na hÉireann!” Ach ar/ mhachtuig na toscairí seo
 nách ag ionadugh/ na hÉireann do bhíodar in ao’ chor ach an/ tSaorstáit! Bhí ceann
 2430 des na comharaidhthibh/ as Gaedling: “A Naoimh C. guidh/ orainn”. Rud díreach mar
 scríobhfadh/ Eóin Mac Néill. Ní mór dóibh guidhe an/ Naoimh anois, dar liom....
 Indiugh do bhí/ P. Ó Dalaigh agus me féin ag nighe an chláir/ roim dátha do chur air.
 Bhí triúr póilíní/ ag feuchaint orainn. Tháinig Captaen/ Mac C. agus sceinn na póilíní
 tríd an/ taobhdoras. Thug sé fé ndeara go maith /7r/ iad. Luig sé lé cómh rád h linn,
 2435 cómh rád n-a rabhas/ rannpháirteach. Thagramair do mhórán daoine/ in Áth Cliath
 lucht cómhaitheantais dúinn. Ní/ raibh sé róchumaoineach do bhean an Phaoraig:
 “Lá/ éigin,” ar seisean “¹⁴⁶¹ tréis an chlampaire do thosnugh/ ghaibh sí anuas Sráid an
 Pheárneálaig/ d’ionnsuig mná éigin í. Ghoill san ar an mnaoi/ bhoicht agus nuair bhí
 sí ag trácht air dubhairt/ sí: Cad tá ag imtheacht ar Éirinn in aochor?¹⁴⁶²,”/ Dubhairt sé
 2440 gur bh’ é a thuairim go bhfuasclófaidhe/ furmhór na mbráigheanna sara fada/ “Is minic
 sin aca a Mhic a’ Choch” mar deir/ an seanrádh. Ní dheallramhuigheann sé féin

¹⁴⁵⁸ *doiléir, an comhartha ceiste scríofa go doiléir*

¹⁴⁵⁹ *ag, a add. ach stríoctha amach*

¹⁴⁶⁰ *mBoibíó add. ach stríoctha amach*

¹⁴⁶¹ *níl comhartha athfhriotail ar bith roimh tréis*

¹⁴⁶² *doiléir, an comhartha ceiste scríofa go doiléir*

róshásta/ lé n-a chuid oibre agus dubhairt go/ ngoilleann an clampar a bhí annso go
 mór/ ar an mBaolánach. Tá sé ródheidheanach anois/ aige.... Bhuail H agus E.
 isteach agus glais na/ gcúl ndoras na¹⁴⁶³ ghlaic aige “Sid iad glais/ neimhe,” ar
 2445 seisean. “Beid againn an tseachtmhain/ seo chughainn,”¹⁴⁶⁴ arsa mis’ – bhí/ cuid
 mhaith des na bráigheannaibh ag/ éisteacht linn – “agus caithfir an/ geimhreadh istig
 agus sinne lasmuigh,”/ saghas spochoireachta bréige é so eadrainn/ araon. Gheall sé
 go ndeunfadh.../ Táim ag léigheamh “Historical Miniatures”. Is/ maith an leabhar é.
 Budh bhreágh liom cuid /7v/ den gcainnt atá ann do chur síos. Éistidh leis/¹⁴⁶⁵ seo:
 2450 “Buail leat a Shiongáin, tá mo chos rómhór/ dod luighead!” Nách searphasach an
 carghall/ é sin?... Airéir agus arbhú airéir/ bhí mo smaointe ar Neans.
 Samhluigheadh í/ chómh gearid sin dom; samhluigheadh go léir sin/ go¹⁴⁶⁶ rugas orm
 féin ag monabhar¹⁴⁶⁷ chainnte/ léithe agus go bhfeaca mar taidhbhsigheadh dom/ a
 beóla ag corraighe ag cainnt liom agus/ doimhneas rinn a súl orm agus an fathgháire/
 2455 úd a ghoid m’anam as mo chroidhe.¹⁴⁶⁸/ – A Neans, beannacht Dé agat anocht,¹⁴⁶⁹/

9x10x23:-

Lá chómh¹⁴⁷⁰ aoibhin foghmhair as chonnac¹⁴⁷¹ lé fada./ Fuascladh triúr indiugh. Ní
 2460 mór¹⁴⁷² an méid é sin ar/ an aiste sin imtheochaidh tamall maith sara bhficfear/ an
 chuid¹⁴⁷³ dheireannach againn amuigh. Beidh/ fiacal an órduighthe gabhainn caithte
 go máith.../ Airéir do bhí ríoradh amhrán againn – ruacáin/ amhráin dhúthamhla,
 amhráin ghrínn agus aroile ach/ d’fhóbair (sé sin is maith an rud nách iad an
 seandrong/ a bhí i gceannas) go mbeadh deireadh neamhshubháilceach/ lé n-ar gcuirm
 2465 ceóil. Rangaid 3/ póilíní ag éisteacht lasmuigh den bhfuinneóig sa/ chúine thoir
 thuaidh. D’iarr Punjab ar Phindí amhrán/ do ghabháil. Dhiúltaig seisean ar dtúis.

¹⁴⁶³ n-a

¹⁴⁶⁴ ai add. ach stríoctha amach

¹⁴⁶⁵ l add. ach stríoctha amach

¹⁴⁶⁶ os cionn na líne agus gur add. stríoctha amach faoi

¹⁴⁶⁷ síneadh fada add. os cionn an dara a ach stríoctha amach

¹⁴⁶⁸ athraíodh an chamóg i ndiaidh chroidhe go lánstad mar is cosúil gur tosach abairte nua é A

¹⁴⁶⁹ níltear in ann a rá go deimhneach an raibh sé ar intinn ag an gCóta níos mó a scríobh i ndiaidh na camóige seo ach nach raibh sé in ann ar chúis amháin nó ar chúis eile nó ar scríobh sé an chamóg in ionad lánstad trí thimpiste

¹⁴⁷⁰ os cionn na líne agus caret idir lá agus aoibhin

¹⁴⁷¹ chonna//, dúch doirte ar an dara c

¹⁴⁷² lár an fhocail doiléir, dúch doirte o

¹⁴⁷³ lár an fhocail doiléir, u scríofa go doiléir

Leis/ sin ghlaoidh Punjab “Soth Chumainn na nGaedheál”/ air lé¹⁴⁷⁴ gleáchas. Shaoil na póilíní gur/ chúcha féin bhitheas. Thángadar isteach. “Cé tá /8r/ tú ag amhrán?” d’fhiafruig duine aca. Níor fhreagair/ aonne é. “Ní haon tsoth Chumainn na/

2470 nGaedheal mise,” arsa’n póilín ramhar (fear macánta/ dar liom), “níor thugas mo ghuth dhóibh,” b’ait/ an admháilt í sin uaidh. Is furaist aithint go/ bhfuil a bhfeilebhearta ag goilleamhaint ortha./ Tá an S.S. dréir pháipéir an lae indiugh dulta i/ gConradh na Náisún. Gur¹⁴⁷⁵ maith an mhaise sin/ don gConradh! Molaim dá chéile iad om chroidhe.¹⁴⁷⁶/ Dob aoibhin an radharc an tír mágcuaird tráthnóna ach/

2475 nár ghránda an eugsamhlacht na cnocáin buidhedhearga/ beairicí seo ar mo chúl. Gach uair dá bhfeuchaim ortha on/ eatrainn agus ar na heachlannaibh so sladann sé/ mo chroidhe. Budh dhóigh leat gur ciorcul mór éigin na/ heachlainn agus do shúil leis na capallaibh maide, lé/ gíofógaibh agus aroile. Do bhí buirlíntí leathta ar an/ dhá ráil iarrain laistíos de phobal a 8 agus pobal a 14/ (tímceall fascoille bige, tráth) agus iad

2480 ag croicheadh san/ ngaoith mar seólta go mbeadh a siotaidhe scaoilte,/ an glór ceudna anairte ag teacht uatha..... An File/ agus me féin ag siubhall tímcheall, cainnt ar a liacht/ rud againn, litiridheacht, feallsamhnacht, poilitidheacht/ mná - mná go mórmhór. Is eagal liom ná/ fuil ár bhfriotal róbhanamhail lé deidheanaighe/ – go bhfuil cainnt Bhaile an Stáin ag faghail/ greama orainn. Cainnt chómhachtac

2485 bríoghmhar/ ‘seadh í cé ná goirteóchad cluas an léightheóra/ léithe. Á! bog, breágh annsan! Is furaiste don te /8v/ lasmuigh a bhreith do thabhairt. Ach dá machtnóchaidís/ ar bheata chonnluighthe na háite seo ghéillfidís dom¹⁴⁷⁷/ gur deacair de bhráigheannaibh do bheith gnásamhail. Deirtear/ rudaidhe uaireannta in áit mar seo, na smaioineófaidhe/ ar a rádh lasmuigh. Ach chun na fírinne do rádh/ fir mhaithe

2490 dheaghlabharta ‘seadh na bráigheanna. Ní hé/ seo an cheud uair agam ameasc sluagh fear – do/ chonnach iad agus d’oibrigheas n-a dteannta, ó gach/ duthaig agus de gach dath agus creideamh agus gan aon/ léith bheirim an chraobh de bhráigheannaibh Baile an Stain II/ Níor tháinig beartán ná leitir indiugh chugham.../ Chuir an File n-a chinn lae an tagairt do dheineas do/ shuidheamh

2495 Shléibhte Cille Mantáin tráthnóna indé/ nuair dubhart gur dheallramhach a gcoraide lé/ sliastaibh as guailibh mná! Níl aon rud adeirim/ ná go dtugann sé fé ndeara agus go leagann i/ scribhinn.... Mar gheall air féin anois – ná bacaimís/ Ach fan

¹⁴⁷⁴ gleas *add. ach stríoctha amach*

¹⁴⁷⁵ *lár an fhocail doiléir, u ceartaithe ó rud éigin*

¹⁴⁷⁶ *lánstad add.*

¹⁴⁷⁷ *deireadh an fhocail doiléir, m scríofa go doiléir*

sheasaimh thíos san eatrainn/ tráthnóna agus d’fheuch ar an sléibhtibh go/ ndubhairt:
 “¹⁴⁷⁸Ní fheadar cad tá¹⁴⁷⁹ ag/ mo mhnáibh se anois ghá dheunamh?” – Ta Bean/ Uí
 2500 hAinbheire tagaithe anall ar cuaird go Gleann/ Craoibhe – col dá mhnaoi ise - agus is
 mor/ an..... Á, scaoilimís tharainn é mar sceul. Agus/ tá éileamh aige ar Mháire Ní
 Chuagáin – súil le leidir/ eile aige uaithe (ise i Lonndain) – “Nár bh’ait an/ rud é,” ar
 seisean “¹⁴⁸⁰dá bhfágainn mo bhean agus¹⁴⁸¹/ mo mhuirear agus dul i bhfochair
 Mháire fén saoghal/ mar beirt ghiofóg!”¹⁴⁸² “D’fhillfeá airís” arsa mise/ “¹⁴⁸³agus
 2505 bheithfeá ancháireiseach ar connus chaith/ do bhean a saoghal faid bhís uaithe.”
 “Budh cuma /9r¹⁴⁸⁴/ liom mar gheall ar aon rud nuair dheunfainn/ rud mar sin. Ná
 deunfainn caonaidhe suaithinseach/ ameach giofóg, feusóg mór fada dhubh/ orm,
 bairéad ioldathach, stráiceudach tímcheall mo/ choim!” Dheineas miongháire.
 D’fheuch sé orm/ agus ghair sé liom agus thairng sé anáirde a/ bhríste air agus dhein a
 2510 ghnáthchasachtach “Á,”/ ar seisean go searbh “f____¹⁴⁸⁵ an saoghal,” “Feisightear”/
 arsa mise ghá fhreagairt as ghá thacaidheacht./ Shuideamair ar feadh tamaill ar an
 gclaidhe gainmhe/ atá caithte aníos as an dtrínse. Rugas ar dhorn/ de. “Nách
 cosamhail í,” arsa mis’, “lé gainimh Trágha/ Mhara?” “Seadh” ar seisean, “gainimh
 Eiscir Riada”/ agus bhiomair n-ar suidhe ar an gcnáimhín a/ dheighil Leath Chuinn
 2515 agus Leath Mhogha na hÉireann/ ar nig uisce na mara, tráth, na mionchlocha so a/ bhí
 ghá mheusáil agam? Cad é an sceul a ríomhfaidís/ dá mbeadh cainnt aca? Cad e an/
 sceul a ríomhfaidís na ceudta bliain uainn/ fós ar an mbrúiteamhlacht a fhulaing na fir
 a/ chaith aníos iad ós na S.S.¹⁴⁸⁶? Is ait é toisc an tsaoghail./ Is minic ráidhte agam
 é.... Annso in aice/ liom ta S. Ó L. agus S. Mac C. ag trácht ar an/ gcrúinniugh a
 2520 fearadh tráthnóna i dtaobh Chumainn/ na gCleaslúth. Tá, dréir gach aon deallraimh
 an¹⁴⁸⁷/ chumann san fé cheangal an Rialtais agus cad é/ an rud is ceart do dheunamh
 leis anois an cheist¹⁴⁸⁸.¹⁴⁸⁹/ Labhair T. Ó Brádaigh agus P. Ó C. ar an gcrúinniugh/

¹⁴⁷⁸ níl comhartha athfhriotail ar bith roimh Ní

¹⁴⁷⁹ a ag mo add. os cionn na líne ach stríoctha amach agus mo mhnáib sa add. stríoctha amach faoi

¹⁴⁸⁰ níl comhartha athfhriotail ar bith roimh dá

¹⁴⁸¹ deireadh an fhocail doiléir, s scríofa go doiléir

¹⁴⁸² níl comhartha athfhriotail ar bith i ndiaidh an chomhartha uailbhreasa

¹⁴⁸³ níl comhartha athfhriotail ar bith roimh agus

¹⁴⁸⁴ 9 add. ar thaobh na láimhe clé ar bharr an leathanaigh, é scríofa i bpeannaireacht an Chóta le peann luaidhe, is é is dóichí gur scríobhadh am éigin i ndiaidh na coda eile den leathanach é

¹⁴⁸⁵ is cosúil go ndúirt an File ‘fuck’ ach gur scríobh an Cóta f____ ina ionad ar son béasaíochta

¹⁴⁸⁶ Saor Státaigh

¹⁴⁸⁷ an add.

¹⁴⁸⁸ deireadh an fhocail doiléir, t scríofa go doiléir

¹⁴⁸⁹ níl lánstad ar bith i ndiaidh cheist, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Labhair

“Ní cainteóir maith an Cathallach.” arsa S. Ó L.¹⁴⁹⁰/ “Níl aon taitheige aige,” arsa S. McC. “An maith /9v/ ar aon rud é?” fiafruigheann lucht an chamtha./ As san don
2525 mbeirt aca ag trácht ar inscné agus/¹⁴⁹¹ uchtach agus connus smaointe do chur in eagar/ labhartha... Oidhche chiúin. Ní dóigh liom go mbeidh/ aon ríorádh anocht againn.... Mo smaointe ort/ a Neans. Mo shlán beó chúghat!

9x11x23.

2530

Lá maith/ an lá indiugh. Folca te indiugh. Bhuaile Ó hAirt liom./ Dubhairt sé gur mhaith lé Ó Luain beagán cainte do/ dheunamh liom, indiugh nó ambáireach. Tháinig leitir ó/ Sh. O S. go dtí S. indiugh – bó dhubh. Thug sí tál/ maith uaithe. Teas is fearr do bhuaibh breóite/ chun baine do thabhairt uatha. Tógadh Liam dréir/
2535 deallraimh agus buaileadh é dréir ráfla. Bascadh/ ortha. Sin é deirim se leó. Ná bac san, mhuisse,/ tiocfaidh an lá fós agus annsan _____¹⁴⁹²./ Ní mór an chainnt do dheineas féin agus an/ File lé chéile indiugh – ní raibh aga againn/ fuair sé leitir ó Bhean Uí Ainmhire agus/ chuir sí áthas agus giréis air. Dhein sé/ babhta beag dóirneála ach chaill sé a anál as/ stad sé. Tháinig toitíní ó Abhain an Scáil./ Bheárr
2540 an bearbóir O Reachtín mo cheann/ agus faid bhí sé ghá dheunamh do thrachtamair/ ar lucht cómhaitheantais in Áth Cliath –/ na hAilearmars agus aroile. Táim ag fitheamh le/ B agus E anois chun dhá leitir do shineadh chuige/ tríd an bhfuinneóig... Tá fearg im chroidhe/ anocht i dtaobh mo dhritheár, “Is maol í guala/ gan dreathair.” Ach fós, ach fós.../

2545

/10r¹⁴⁹³/ 9x12x23.

Lá dorcha gan grian. Ar maidin indiugh/ do bhí ráfla ar fuaid an chamtha gur/ euluig Debh. Seunadh ar an bpáipéar an ráfla ach admhuigheadh/ gur euluig bráighe éigin as
2550 an Joy. Im/ shuidhe san bhfualán dom chuala na bráigheanna ins/ na cluaiseádaibh budh ghiorra dhom ag cur an/ ráfla trí chéile. Ar a measc bhí an seanChróiníneach/ “Brisfidh sé a gcroidhe,” ar seisean. “Dar fiadh,” ar/ seisean “brisfidh sé croidhe na

¹⁴⁹⁰ Ni add. ach stríoctha amach

¹⁴⁹¹ no add. ach stríoctha amach

¹⁴⁹² is cosúil go gcuireann an líne i ndiaidh annsan in iúl don léitheoir go n-imreoidh an Cóta díoltas ar na Saorstátaigh lá éigin as an méid a tharla dá dheartháir Liam

¹⁴⁹³ 10 add. ar thaobh na láimhe clé ar bharr an leathanaigh, é scríofa i bpeannaireacht an Chóta le peann luaidhe, is é is dóichí gur scríobhadh am éigin i ndiaidh na coda eile den leathanach é

sagart,¹⁴⁹⁴ éistidh liom/¹⁴⁹⁵ adeirim libh. Deir an páipéar go raibh/ gleógháil mhór
 mhileata ar fuaid Átha Cliath./ Á, sin scanradh ag na sagartaibh. Bhíodh sé aca/
 2555 aimsir¹⁴⁹⁶ bhuartha na talmhan chun na/ ndaoine do scannrugh ach (agus gháir sé)/ ní
 scannruigheann san aonne anois. Tá na/ daoine róghlic dóibh anois,” gháir gach
 aon’ne. Is iongtach/ an seanbhuachaill é an Cróinéach.... Tá/ ráfla eile ag gabháil
 tímcheall leis gur múchadh¹⁴⁹⁷/ bráigheanna ag eulódh¹⁴⁹⁸ tríd an múchan i/ gCamtha
 an Bhaile Nuaidh. Más fíor é nách gránda/ an bás é. Cuirm ceóil eile againn anocht,
 2560 giréis/ ar gach aon’ne. Ach ní¹⁴⁹⁹ dóigh liom go leanfar de/ tréis na solas do
 mhúchadh. Báisteach throm lasmuigh./ Trí leitreacha don Ubh. Bhí an diall bocht ar
 bogmheisce.¹⁵⁰⁰/ Táim ag léigheamh leabhair le Anatole France. Aistriugh/ ‘seadh é.
 Chuireas an fáine go dtí Cáit. Tháinig/ beartán agus leitir uaithe. Deir sí go raigheadh
 sí¹⁵⁰¹/ tar lear in aonfheacht liom¹⁵⁰². Mí ó shoin d’iarras¹⁵⁰³/ san uirthé agus anois
 2565 nuair aontuigheann sí/ níl aon ghealadhram orm. Is aisteach é an duine /10v/ me. Á
 dá mbí Neans Ní Theácháin adeurfadh san./ Ach cad é an mhaith bheith ag
 cuimhneamh¹⁵⁰⁴ uirthé se?/ Agus fós ‘seadh. Á, is fiu cuimhneamh uirthé. Ritheann/
 ríoga aoibhnis tríom gach uair a mhachtnuighim/ uirthé.

2570 9x13x23.

Lá¹⁵⁰⁵ beulfhliuch dorcha duairc./ Cím ar an bpáipéar go bhfuil obair ag an/ Seabhadh
 íoc a’s iarraga do bhaint de mhuintir/ Chonntae Liathdroma. Nách iongtach an rud é
 má/ tá na daoine mar áitigtear leis an Saor Stát ná/ híocann siad a bhfiacha leis an
 2575 Stát. Nuair theastuig/ airgead ón bpoblacht fuair sí é go fonnmarh!/ Nách é seo an
 freagra is fearr ar lucht/ tacaidheachta an tSaor Stáit? Tá an t-ubh ar a/ chaoir indiugh.
 Maisle chuige ní haon drochdhuine é/ dá bhfanadh sé díreach - ar a chosaibh.

¹⁴⁹⁴ comharthaí athfhriotail add. i ndiaidh sagart ach stríoctha amach

¹⁴⁹⁵ adeiri add. ach stríoctha amach

¹⁴⁹⁶ bu add. ach stríoctha amach

¹⁴⁹⁷ deireadh an fhocail doiléir, an séimhiú ar d nasctha le d

¹⁴⁹⁸ deireadh an fhocail doiléir, d athscríofa

¹⁴⁹⁹ l add. i ndiaidh í ach stríoctha amach

¹⁵⁰⁰ níl lánstad ar bith i ndiaidh bogmheisce, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Táim

¹⁵⁰¹ deireadh an fhocail doiléir, í tréigthe

¹⁵⁰² deireadh an fhocail doiléir, om scríofa go doiléir

¹⁵⁰³ d’iarrall, cuid de s stríocthe den leathanach; an leathanach stríocthe trí d agus trí ia

¹⁵⁰⁴ a add. ach stríoctha amach

¹⁵⁰⁵ fli add. ach stríoctha amach

2580

Lá breágh an lá indiugh. Tháinig beirt oifigeach/ dheóranta isteach in aonfhacht leis an gCeann/ Camtha Saor Stáit. Cróiníneach duine aca dréir/ Liam Bhreathnaig, - fear a tháinig anall¹⁵⁰⁶/ tamall roimis an sos in aonfhacht le duine/ muinnteartha dhom a bhí, an Duinníneach ó/ Siceágo. Sin mar bhíonn. An Duinníneach san/ Saor Stát

2585 anois airighim. Maidean bhreágh chumhra/ dob eadh an mhaidean indiugh.

D'fheuchas sall treasna/ an mhachaire. Do bhí tréad mór caorach ann/ fear agus madra n-a bhfeidhl. Go luath tréis/ proinne thugas fé ndeara gasradh phóilíní bailighthe/ lasmuigh¹⁵⁰⁷ den ngeata agus mar bheadh an nimh/ ar an aithne buaileadh im aigne gur cuardach a bhí/ fútha agus dob eadh. Ruaigeadh síos fén eatrinn

2590 /11r¹⁵⁰⁸/ sinn agus tháinig an tseanaimsir chun mo chuimhte¹⁵⁰⁹/ nuair ruaigtí isteach

'samach sinn mar scata/ caorach. An tslughe mhursanta d'órduig an Corparal/ síos sinn chuir sé buile feirge orm. Le cróidhtibh/ agus lé piocóidíbh agus lé hórdóibh¹⁵¹⁰ do/ chnagadar¹⁵¹¹ úrláir agus fallaidhe ar lorg múchán./ In aice le cúine a 18. bhí cuid des na bráigheannaibh/ n-a suidhe nó n-a seasamh agus d'fhógair an/ C. ortha

2595 gluaiseacht, é ag stádar sall 'sanall/ mar coilleach báin a ghuna ghá chasadh n-a láimh/ aige. Nuair ná gluaisfeadh na bráigheanna pras/ go leór dá réir sin do leag sé an gunna ar/ a chuislín, d'aimsig agus scaoil piléar.../ Ambáireach tá L Mac C. ag filleadh ón Éilbhéis mar/ ar mhoidig sé féin agus a chómhthoscairí gur/ fhágadar síothcháin, dul chun cinn, agus daingineacht/ n-a ndiaidh sa bhaile. Dá mbeadh lucht

2600 a éisteachta/ annso tráthnóna bheadh malairt¹⁵¹² scéil aca.../ Treis té do bhuail an File agus me féin fén/ dtuar airís. Tháinig Tomás Mac Cathmhaoil/ n-ár

gcuideachtain. Chuireamair mórán rud/ trí chéile, "an dearbhugh dílseachta," "na toscairí"/ "ár bhfuascailt" agus aroile. Faid bhíomair thíos fén/ eatrinn d'éigean chuireas me féin in iúil/ i dtaobh na dúithighe. Dhearbhugheas, móidigheas/ agus

2605 táim deimhnitheach ná raibh mo bhréithre/ romhánla go minic.... Nár bhreágh beith¹⁵¹³ /11v/ i Nuadh Eabhrach anocht mar a bhfuil Seán O Díomsaigh/ agus Fíorpó¹⁵⁰⁶ tamall *add. ach stríoctha amach*¹⁵⁰⁷ an leathanach *stróicthe trí sm*¹⁵⁰⁸ 11 *add. ar thaobh na láimhe clé ar bharr an leathanaigh, é scríofa i bpeannaireacht an Chóta le peann luaidhe, is é is dóichí gur scríobhadh am éigin i ndiaidh na coda eile den leathanach é*¹⁵⁰⁹ chuimhnte¹⁵¹⁰ cna *add. ach stríoctha amach*¹⁵¹¹ tosach an fhocail *doiléir, an séimhiú ar c nasctha le c*¹⁵¹² tosach an fhocail *doiléir, smál éigin ar al*¹⁵¹³ i N.E. *add. ach stríoctha amach*

ag dóirneáil? Agus fós dá mbein/ ann ní bheadh m'aighe sásta: bheadh m'inntin/ ar na diallaibh bochta go bhfuilim n-a measc./ Tráthnóna deidheanach sar ar seóladh n-ár/ dtréad abhaile sinn thugas fé ndeara crann/ teadhbhuidhe mar bheadh liamóit

2610 báidhteach agus/ budh dheas an radharc é thall annsúd ameasc/ na gcrann eile, chómh heugsamhail leó. Síos/ suas san gliathan thiar den eatrann do bhíomair ag/ siubhall in aice leis an gcnocán créidh agus gainmhe/ tá pláincéad breágh de *chlóbhar*¹⁵¹⁴ agus d'fheur ghlasghorm/ ann. Ní fada bheidh anois, feodhfaidh sé,/ ach ná feodhfam féin? Ná feódhfaidh an gheug/ a chaith an píléar tráthnóna? Ná feodhfaidh/ cuimhne

2615 den¹⁵¹⁵ bhréigfáilte seo a gheobhaidh Liam/ ambaireach? Ná feódhfaidh gach ao' nidh? Agus cad/ fáth an trangalam so ar fad? An bhfuil an/ chiall imthighthe ós na daoinibh? Creideamh ná/ daonnacht le aca.

9x17x23.

2620

Lá uathbhásach –/ báisteach, báisteach, síorbháisteach: gaoth, gaoth/ gaoth fheanaideach. I rith na hoidhche, ar feadh na/ maidne níor tháinig sos ná sánas ar an lá¹⁵¹⁶ go hard/ an tráthnóna. B' é cruth na haindeise an lá/ – salachar, fuacht, dubhluachar – eachlainn/ fhuara¹⁵¹⁷ an t-uisce ag teacht anuas trí mhúchánaibh/ na

2625 *stóbh*¹⁵¹⁸, isteach fés na dóirsibh, trís/

Dhá leathanach ar iarraidh

/14r¹⁵¹⁹/1520 fan go dtí lá éigin go sloigeann ceann des na/ laochaibh seo go ndeintí

2630 déithe díobh sibh go léir/ mar an corriasc san bhfáithsceul a shloigeas/ na fruig. Á! is annsan do bheadh sé go/ deimhin agus dáiríre n-a dhia! Mar is/ eól i gcomhnaidhe na déithe dréir a ngoile,“/ agus airís deurfadh se: - “Bainimís an méid/ is féidir linn as an aimsir láithreach/ mar tuaraim ó chómharthaidhibh eugsamhla/ go bhfuil ár n-aimsir feasda meáidhte!”/

¹⁵¹⁴ *gaelú ar 'clover'*

¹⁵¹⁵ *lár an fhocail doiléir, e ceartaithe ó rud éigin*

¹⁵¹⁶ *lánstad add.*

¹⁵¹⁷ *deireadh an fhocail doiléir, an dara a scríofa go doiléir*

¹⁵¹⁸ *gaelú ar 'stove'*

¹⁵¹⁹ *14 add. ar thaobh na láimhe clé ar bharr an leathanaigh, é scríofa i bpeannaireacht an Chóta le peann luaidhe, is é is dóichí gur scríobhadh am éigin i ndiaidh na coda eile den leathanach é*

¹⁵²⁰ *is cosúil gur cuid den iontráil do 9x17x23 í seo*

2635 Pé saghas clóis nó eatrainne a bhí ann/ ar chúl an charcair ní raibh ach ráil
iarrain/ ag deighilt roinnt na bhfear nó roinnt na/ mban agus lé linn oidhche thagaidís
buailte/ leis an ráil ag pógadh ‘sag teannadh¹⁵²¹ a/ chéile!.. Do bhí cruiteachán, -
déitheach –/ ann agus seo mar deireadh sé leis an/ sagart bocht, “Á! Há! Há!” do
screachadh/ an diall go neamhcheólmhar “agus do mhúinis/ mar sin, a seanbhuachail,
2640 go bhfaigheann Dia/ aoibhneas a chreatúirí d’fheicsint ag^{1522/1523} seirgiugh i
gcroidhebhrugh agus na¹⁵²⁴/ haiscidhe is ionmhuine aige a sheunadh. A chladhaire/ a
fhinnig, a lúbaire, suidh ar tháirngníbh agus/ ith sliogáin ubh¹⁵²⁵ i rith na
Siorraidheachta!”/

Dob thruaghanta an coslar é idir Boctoux/ bocht agus bean mhaith dá
2645 sheanaitheantas/ ag cainnt lé chéile ist oidhche trid an ráil /14v/ agus an phóg the do
thugadar dá chéile!.../

.... 9x18x23.

2650 Tháinig leitir ó Máire Husae/ indiugh. Leitir cheólmhar. An bhfuil sise leis i ngradh/
liom. “Is mó an ríog a chuireann do chuid scríobhnóireachta/ ar chluíd na leitreach
orm ná/ scríobh aonne chuir leitir riamh cughaim,” agus/ airís “Má théidim go hÉirinn
ar an mbliain seo/ chúghainn caitheadh mo Sheán do lorg!” Cuireann/ a leitir áthas
orm.../ Cé chréidfeadh le breághacht/ na maidne indiugh gur b’í seo an tir¹⁵²⁶
2655 ceudna/ n-a rabhas ar maidin indé.... Cunntas ar/ chruinnighthibh an Domhnaig ar
son na mbráighe/ ins na páipéaraibh indiugh. Ní raibh a gcothrom¹⁵²⁷/ ball láithreach
ag cruinniugh Bhárdais Átha/ Cliath chun cruinnighthe do chur ar siubhall./ An
amhlaidh bhí faitchíos ortha fanacht ag baile/ toisc go raibh rún ar an gclár i dtaobh
na/ mbráighe.... Leitir¹⁵²⁸ ó bhean Debh mar gheall ar an/ dTaoiseach ghá rádh nách
2660 féidir léithe leitir/ d’fhaghail uaidh!!! Tá an toghanna áiteamhla/ curtha ar gcúl!
Agus tathar chun an t-ionadugh/ do luigheadugh más feidir, i slighe as ná beidh/
aonne gan an áirighthe sin measta aige ionthógtha ortha! Nár bh’í an Rúise agus an/

¹⁵²¹ *tosach an fhocail doiléir, an chéad a scríofa go doiléir*

¹⁵²² *seirgiugh add. ach stríoctha amach*

¹⁵²³ *seirig add. ach stríoctha amach*

¹⁵²⁴ *haise add. ach stríoctha amach*

¹⁵²⁵ *tosach an fhocail doiléir, u scríofa go doiléir*

¹⁵²⁶ *os cionn na líne agus teine add. stríoctha amach faoi*

¹⁵²⁷ *deireadh an fhocail doiléir, m scríofa go doiléir*

¹⁵²⁸ *síneadh fada add. os cionn e ach stríoctha amach*

Sár a tarhuisnighí i gcómhnaírd leis na haindlighthibh/ seo agus an t-ainrialtas!!! /15r/
 Cad tá lé tuiteam amach in aochor? Indiugh/ tháinig siúineir ag obair ar ár
 2665 bhfalladhibh/ agus chrom sé ar gach 4adh clár do stracadh/ amach as an bhfalla!! Is
 maith sin, mar tá/ ceal gaoithe orainn!! An ar leithsceul go/ mbeadh cré nó gainimh as
 mhúchanaibh laistiar/ díobh é? Nó an amhlaidh atá fonn amach sa/ amach ortha sinn
 do bhásugh le fuacht? Tir/ na Naomh as na Suad. Á! Tír na/ nDiall as na gCladhairí
 adeirim!!.... Tháinig/ ballóg aráin ó Neil Ní Caomhánaigh indiugh. Níl/ sceul ná
 2670 duain ó E. ná ó Sh. Cad na thaobh?/ Tá cuid dem¹⁵²⁹ chómhbhráigheannaibh¹⁵³⁰
 ag/ siubhall síos¹⁵³¹ an t-úrlár d'iarraidh teasa do/ choimeád ionnta féin. Is maith an
 tuar/ stracadh na gelár chun iad do choimeád¹⁵³² te./ Tá na teinteacha beaga
 múchta agus na/ droill dhubha mheirgeacha agus na seanstáin/ chúbtha dhubha
 mheirgeacha curtha i leathaoibh/ go dtí oidhche ambáireach! A Shaoirse! Nách/
 2675 trom an luach a híochtar asat? An bhfuil/ ceannfé ná dochma orainn? Níl! Níl!
 Níl!!¹⁵³³

/1r¹⁵³⁴/ 9x21x23:

2680 “Oidhche mhaith agat a Shliabh Blanc; tá ceann/ geal ort ar mo nós féin agus táir id
 sheasamh/ mar sheasuighim-se, do chosa in uisce agat! Anois/ téidhim agus luighim!
 Ambáireach deunfad taisdeal/ go Páireas mar a bhfaighead bás.¹⁵³⁵” Sid é mar/
 dubhairt Voltaire leis féin tréis léighe dho -/ an cuireadh fuair sé chun fillte as
 deóraidheacht. Sin/ mar deir Strindberg i Hiostorical. Dréir na bpáipéar/ níl fonn mór
 2685 ar an “rialtas” bheith báidheamhail/ leis na bráigheannaibh, ná aon deallramh go
 sochróchaidh/ an dúthaig go luath. Níl aon chómhartha soifheicse/ ná go bhfuilid
 chómh mursanta agus bhíodar¹⁵³⁶/ riamh. Tá na hairí ceudna i gceannas airís./ Tá an
 chainnt fhiadhain neimhcheannsa cheudna¹⁵³⁷/ ar siubhall, an tagairt tharcuisneach
 ceudna/ ghá dheunamh dúinn. Is oth leo aiste na dúthaighe/ ar a mbeul, ach ar an am

¹⁵²⁹ coim add. ach stríoctha amach

¹⁵³⁰ deireadh an fhocail doiléir, an séimhiú ar an dara b nasctha leis an dara b

¹⁵³¹ is cosúil gur fágadh ‘suas’ ar lár idir síos agus an

¹⁵³² tosach an fhocail doiléir, dúch doirte ar an séimhiú ar c

¹⁵³³ níl rud ar bith scríofa ar an gcúigiú deireanach de recto an leathanaigh seo ná ar an verso

¹⁵³⁴ tá an leathanach seo gan uimhriú

¹⁵³⁵ níl lánstad ar bith i ndiaidh bás, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Sid

¹⁵³⁶ tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar b nasctha le b

¹⁵³⁷ tosach an fhocail doiléir, e scríofa go doiléir

2690 gceudna nílid ar tí/ faic do dheunamh bheurfadh siothcháin cheart chun/ na tíre... Tá
M. Ó¹⁵³⁸ S. árdughthe on J.

9x22x23/

2695 - Tá P. Mac D. árdughthe chun siubhail indiugh./ Lá salach fliuch eile. Níor riaradh
aon bheartáin/ cé gur tugadh isteach iad. Dubhairt an scrúduightheóir/ gur leath lae
aige féin¹⁵³⁹ agus ná/ díolfaidhe é as iad do scrúdugh; ar an/ adhbhar san fágadh gan
bheartáin sinn, ach/ cad é an dochar aca san é! Dhein se cíoht/ mór tráthnóna agus
tháinig dha bhogha leaca/ ar an aer. Thaidhbhsigheadar go hiongtach. Do/ bhí triúr
2700 nó ceathrar againn agus ár ndrom/ le binn pobal a 13¹⁵⁴⁰ ghá suimiugh. “Sin é an /1v/
cómhartha a deineadh do Neóbhá san áirc. Ní fheadar/ an bhfuil aon tuar ann
dúinne?” “B’fhéidir,” ar/ sa mise “¹⁵⁴¹gur b’ é eare na bhflaitheas é. Nár/ bh’aoibhin
gabháil tríd go flaitheas.” Tamall/ n-a dhiadh san an File, Tomás Mac Cathmhaoil/
cara dho agus mé féin ag siubhall ó dheas sa/ ndeas ar an dtóchar atá tógta de chre as/
2705 chlochaibh an trínse sall fé dhéin¹⁵⁴² pobail 17 agus 18/ thar osbuidéal na gcapall ag
trácht ar/ faoisdin, mhaitheamhnachas, dhearbhuigh agus aroile. Ag/ deunamh
tacaideachta dom áiteamh dubhart: Ní/ thuigeann an fothdhuine faic i dtaobh
dearbhta/ ach go dtugann sé Dia mar fhíne gur b’í an/ fhírinne a bhíos aige má deir
sé breug go/ mbriseann sé an dearbhugh san, go dtugann/ duine nuair leabharuigheann
2710 sé Dia mar/ urradhas go ndeurfaidh sé an fhírinne díreach/ mar thugann duine urraidhe
nuair/ théidheann sé ar bhanaidhibh na siothchána/ agus díreach mar chailleann sé a
urradhas/ má bhriseann sé an tsíothcháin ar an slighe/ gceudna go gcailleann sé Dia
nuair/ dtugann sé éitheach!... Agus gur mheathtach/ an rud do dhuine bheith ag rith
chun/ Dé chun faoisdinne nuair thagann rud/ oban treasna air (ag tagairt do dhaoibh/
2715 a chonnacamair ag teacht amach as an¹⁵⁴³/ sáipéal do bhíos) mar go gcaithfeam bheith
/2r¹⁵⁴⁴/ díreach oscailte lé Dia i gcomhnaidhe agus ná/ raibh ionainn, olc nó maith, ach
oireamhaint/ i láimh na Cinneamhna!”... Bhuail seanSheán/ Mac Eochach isteach
‘on phobal chugham timcheall/ tráth té agus pé slighe tháinig an sagart/ anuas

¹⁵³⁸ *lánstad add.*

¹⁵³⁹ *is cosúil gur fágadh ‘é’ ar lár idir féin agus agus*

¹⁵⁴⁰ *doiléir, 3 scríofa go doiléir*

¹⁵⁴¹ *níl comhartha athfhríotail ar bith roimh gur*

¹⁵⁴² *tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar d nasctha le g san fhocal tógta atá ar an líne roimhe seo*

¹⁵⁴³ *deireadh an fhocail doiléir, n scríofa go doiléir*

¹⁵⁴⁴ *tá an leathanach seo gan uimhriú*

dubhairt sé: “Dé Domhnaig dhearmhaid/ an sagart spíonóg an fhíona. Chuir sé duine/
 2720 des na bráigheannaibh ag triall uirthé. Fuair/ seisean ach dubhairt leis an sagart ná/
 fuair, agus anois,” arsa Seán agus gáire/ air “¹⁵⁴⁵tá sí liocuighthe aige chun éó
 Teamhrach/ do dheunamh di agus bhí sé ghá fhiafraighe/ dhiomsa cad é an léirscáil a
 chuirfeadh sé/ uirthé! Cad tá ag imtheacht ar an ndúthaig/ in aochor?” Dréir an
 pháipéir indiugh tá/ sé ar inntin ag an rialtas an ceathrar/ agus dachad poblachtaidhthe
 2725 do dhióshuidheachanugh!/ Dréir deallraimh tá sé ag goilleamhaint/ ortha an oiread
 ball bheith ann agus ná raibh/ fonn ortha bheith chómhpháirteach in imtheachta/ na
 Dála. Má dheinid seo cad dheunfaid ansan?/ An bhfuilid chun toghaidh eile bheith
 ann/ nó an bhfuilid chun iad so budh ghiorra dóibh/ i méid guth do chur n-a n-ionad?
 Tá/ fuadar éigin¹⁵⁴⁶ futha chun¹⁵⁴⁷ iad/ féin do neartugh i gcómhair na dtoghanna
 2730 áiteamhla/ más féidir leo.

9x23x23.

Maidean/ bhreágh bhog san spéir ach salach fliuch fén gcois. Tá an/ t-aifreann ar
 2735 siubhall - níl na bráigheanna go/ léir ag fritheáilt an aifrinn indiugh. Tá mórchuid/ aca
 ag luighe n-a leapachaibh ag deunamh neul nó /2v/ ag súgradh dhóibh féin ar fuaid na
 bpobal – agus/ ní róchumaoinéach na carghaill atá ghá chaitheamh/ leis an gcléir:¹⁵⁴⁸
 An ceart dom fanacht ón aifreann?/ Tagann an t-athr.¹⁵⁴⁹ Ó L. isteach go tig¹⁵⁵⁰
 m’athar ag béicig/ ag lorg guth dho _____¹⁵⁵¹!¹⁵⁵² Nách _____¹⁵⁵³ eisean? Nách
 2740 _____¹⁵⁵⁴/ aon duine a cheaduigheas a mholas nó aontuigheas/ peaca do dheunamh?
 Nách ceart iad do sheunadh agus/ ar an slighe sin iad do thabhart ar a n-

¹⁵⁴⁵ níl comhartha athfhriotail ar bith roimh tá

¹⁵⁴⁶ fuath add. ach stríoctha amach

¹⁵⁴⁷ os cionn na líne agus caret idir futha agus iad

¹⁵⁴⁸ comharthaí athfhriotail add. i ndiaidh an idirstad

¹⁵⁴⁹ t-athair

¹⁵⁵⁰ tosach an fhocail doiléir, t ceartaithe ó d

¹⁵⁵¹ níltear in ann a rá go deimhneach cén fáth ar tharraing an Cóta an líne i ndiaidh dho, b’fhéidir nach raibh ainm an iarrthóra a raibh an tAthair Ó L ag lorg vótaí dó ar eolas aige nó b’fhéidir go raibh sé ag iarraidh ainm an iarrthóra a cheilt ar chúis amháin nó ar chúis eile

¹⁵⁵² doiléir, an comhartha uaillbhreasa athscríofa

¹⁵⁵³ níltear in ann a rá go deimhneach cén fáth ar tharraing an Cóta an líne idir Nách agus eisean, b’fhéidir go raibh sé ar intinn aige focal garbh a scríobh agus gur tharraing sé an líne ina ionad ar son béasaíochta

¹⁵⁵⁴ níltear in ann a rá go deimhneach cén fáth ar tharraing an Cóta an líne idir Nách agus aon, b’fhéidir go raibh sé ar intinn aige focal garbh a scríobh agus gur tharraing sé an líne ina ionad ar son béasaíochta

aithrianachaibh¹⁵⁵⁵?¹⁵⁵⁶/ Cad fáth fléige poilitidheachta do dheunamh de altóir/ Dé?
 Nách féidir linn, agus dhúinn, i gcás mar é seo/ ár n-anam do shaoradh gan bac leo?
 “Anam/ féin ar ghualainn gach aon’ne beireadh leis nó fágadh.¹⁵⁵⁷”/ Seanfhocal
 2745 ‘seadh é sin.¹⁵⁵⁸ Áitighid ná fuil aon ch.¹⁵⁵⁹ againn. Mara bhfuil cad fáth ná múintear
 dúinn é?/ Cuir i gcás go bhfuiltear ciontach i ngach rud adeirtear/ an é an ceart a
 fhiafraighe an gcreidtear sa/ nidhthibh atá curtha ‘n-ár leith? Shaoileas gur bh’¹⁵⁶⁰/
 slighe Dia: “Imthig agus¹⁵⁶¹ peacuig airís,”... A Dhia/ mhóir na bhflaitheas indiugh
 Tusa gur b’eól duit toisc/ an tsaoghail ait ‘n-a mairimíd stiúruig an tír/ shuaidhte¹⁵⁶²
 2750 seo ar bhealach a leasa. Beir dhúinn go léir/ grásta chun deireadh do chur leis an
 achrann gránda/ so atá ag cur alluis náire ar gach críosaide/ Éireannaig gur b’oth
 leis stáid mío-ádhmharach na/ dúthaighe seo. Staon¹⁵⁶³ na cómhachta aingciallda atá/
 ag treórug na ndaoine chun báine. Cuir carthanacht/ in ionad gráine, creidsin in ionad
 fimineachta./ Sid í guidhe Éireannaig chúghat ná deaghaidh chun/ aifrinn indiugh óir
 2755 ná feudfadh sé le cognas glan/ bheith rannpháirteach.¹⁵⁶⁴/
 /3r¹⁵⁶⁵/ Lá¹⁵⁶⁶ fiadhain feannaideach é seo, ceathanna troma/ fuara, baisteach
 n-a¹⁵⁶⁷ clabhatachaibh móra/ troma agus n-a sleamhancachaibh stractha. Dob/ aindeis
 an deallramh a bhí ar ár n-eatrinn indiugh/ fuar, salach míseascair agus ar tráth dúnta
 ar leagan/ mo shúl ó dheas dhom b’olc drochtuair an clodh a bhí/ ar na dúlaibh,
 2760 agus¹⁵⁶⁸ ní fheudfainn gan smaoinemh/ ná gur bh’aindeis míoádhmharach an saoghal
 a bhí rómhain./ Mo thuairm gur leór d’aonne sé mí gabhain den/ saghas atá
 fachta againne d’aon¹⁵⁶⁹ tsaghas cora mara/ an ceann déisteanach ar fad í. An
 meabhruigtear/ d’aon’ne cad í beatha bráighe? Táim cinnte ná/ meabhruigtear. Dá

¹⁵⁵⁵ *lár an fhocail doiléir, c scríofa go doiléir*

¹⁵⁵⁶ *doiléir, an comhartha ceiste athscríofa*

¹⁵⁵⁷ *níl lánstad ar bith i ndiaidh fágadh, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Seanfhocal*

¹⁵⁵⁸ *Áitighid add. ach stríoctha amach*

¹⁵⁵⁹ *b’fhéidir ‘chreideamh’*

¹⁵⁶⁰ *lár an fhocail doiléir, an séimhiú ar b nasctha leis an uaschamóg*

¹⁵⁶¹ *is cosúil gur fágadh ‘ná’ ar lár idir agus agus peacuig*

¹⁵⁶² *tosach an fhocail doiléir, sleamhnú pinn tríd an séimhiú ar s*

¹⁵⁶³ *Sta folínithe*

¹⁵⁶⁴ *doiléir, an lánstad nasctha leis an c roimhe*

¹⁵⁶⁵ *3 add. ar thaobh na láimhe clé ar bharr an leathanaigh, é scríofa i bpeannaireacht an Chóta le peann luaidhe, is é is dóichí gur scríobhadh am éigin i ndiaidh na coda eile den leathanach é*

¹⁵⁶⁶ *níl céad líne an ailt seo eangaithe*

¹⁵⁶⁷ *clabhtabh add. ach stríoctha amach*

¹⁵⁶⁸ *n add. ach stríoctha amach*

¹⁵⁶⁹ *os cionn na líne agus don ts add. stríoctha amach faoi*

ndeintí bogfaidhe agus reidhteófaidhe/ mórán anacaire dóibh? Nách leór a shaoirse/
2765 do bhaint de dhuine gan bac lé géirleanamhaint?/

Ní maith an tuar é seo i gcomhair an gheimhridh./ Táimíd seachtmhain fós ó
Mheádhón Foghmair¹⁵⁷⁰ agus/ tá plúdadh go haltaibh orainn. Táimíd fé ghlas ar/ a 7 a
chlog! Cathain a chidhfeam radharc ar spéir/ na hoidhche airís? Níl againn ach
caochsholas aibhle/ agus cím uaim fothduine sa dhrom le staic aige/ fé bhun solais -
2770 níl ach 4 cinn aca ar fad ann -/ d'iarraidh leigheamh agus iad so atá sa leapachaibh/ -
na scaistí - tá leasshoillse aca deunta as/ stánaibh beaga go gcuirtear¹⁵⁷¹ soill leachta
ionnta/ agus saghas buacais agus iad tairngeálta don/ bhfalla. Os mo choine sall tá an
t-aosanach/ O Searcuigh fosuighthe i gcoinnibh an fhalla go/ doimhin miangaiseach in
úirsceul a mhothal mór/ dearg ghruaige ag silleadh de dhruim a eudain./ Annso agus
2775 annsúd tá na teinteacha beaga lasta¹⁵⁷² /3v/ i gcomhair té na hoidhche. Síos suas an t-
úrlár/ cruaidh tá cliathfhear ag siubhall. Chun¹⁵⁷³/ freachta? Ní headh ach chun iad
féin do choimeád/ te.... Anois díreach cím fear¹⁵⁷⁴ i bhfeidhil teine bige/ ag teannadh
blúiridheacha páipéir cipíní beaga/ agus aroile le n-a cothugh agus é n-a shuidhe ar a
thóin i/ dteannta staise! Tá gasradh bheag eile ag imirt/ cártaidhe, agus a thuilleadh
2780 ag cómhradh ós iseal/ nó ag argóint ós árd. Lá claidhteach dob eadh.¹⁵⁷⁵/ Connus
bheidh an lá ambáireach?

9x25x23¹⁵⁷⁶

2785 Ceud/ chúntas na maidne, indiugh, gur bhfuascladh Dónal Ó Braon/ tréis bheith ar
stailc ocrais agus tarta lé hocht nó nao/ laetheantaibh. Deirtear go bhfuil a chroidhe
anlag de deascaibh/ buille bhaitín a fuair sé. Is dócha gur b'amhlaidh a/ bhí eagla
ortha go bhfaigheadh sé bás idir lámhaibh aca./

In ionad mórchuid bráighe d'fhuascailt indiugh/ is amhlaidh a tugadh 50
2790 isteach chughainn. Lá duibheacach¹⁵⁷⁷/ 'seadh é cé go raibh an mhaidean anbhreágh.

¹⁵⁷⁰ léigh 'Dheireadh Foghmhair' in ionad Mheádhon Foghmair

¹⁵⁷¹ so add. ach stríoctha amach

¹⁵⁷² deireadh an fhocail doiléir, an dara a tréigthe

¹⁵⁷³ iad féin do add. ach stríoctha amach

¹⁵⁷⁴ ag add. ach stríoctha amach

¹⁵⁷⁵ níl lánstad ar bith i ndiaidh eadh, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é

Connus

¹⁵⁷⁶ léigh '9x24x23' in ionad 9x25x23 mar scríobh Seosamh Mac Cathmhaoil an méid seo a leanas ina dhialann ar '9x24x23': 'Dan Breen released...Prisoners in from Dundalk...S.K along. Argument with T. Campbell re priests.'

Tá¹⁵⁷⁸/ cuid des na nuadhráinighteóiribh againne annso –/ duine ar a measc ná fuil dréir scéil rómhaith n-a/ cheann. D’fhiafruig sé nuair tháinig sé isteach cá/ n-adhlacthar daoine annso? An dtugtar a/ gcosa anáirde? An mbíonn drom an tsagairt/ leis an bpobal nuair bhíonn sé ag tabhairt seanmóna/ uaidh? An ndeintear gleusa ceóil 2795 annso?/ – agus a lán cruaidhcheisteann¹⁵⁷⁹ fattuimeach/ eile. D’eirig argóint idir Thomás Mac Cathmhaoil/ agus me féin indiugh. D’áitigheas go bhfuil an eaglais/ poilitidheach; áitighim fós é. D’áitigheas gur chóir/ dul chómh dian san ar an gcléir toisc ná deinid puinn/ eadardheulaidheacht idir chléir agus eaglas iad do/ chur n-a dtost i dtaobh poilitidheachta; gach aon/

2800

Leathanach ar iarraidh

/5r¹⁵⁸⁰/ 9x29x23¹⁵⁸¹: -

2805 Lá chómh haoibhin agus tháinig lé fada. Is/ mór an faoiseamh é ar an aimsir atá againn lé/ tamall anois. Tá tinneas trom cinn orm indiugh¹⁵⁸².¹⁵⁸³/ Bhuail an File agus me féin amach ó chianibh féin/ eatrainn agus budh chosamhail lé la earraig é, cuma/ thaithneamhach ar scéimh na talmhan, ar shuidheamh na/ sléibhte, ar dhuilleabhar na gcrann, agus boladh/ beag eudtrom gaoithe. Bhí dhá bheartán aguisíní/¹⁵⁸⁴ páipéar 2810 Aimeirceánach againn. Shuidheamar/ ar an gcarn gainmhne agus cloch thall ar Chnocán/ Sighle in aice Pobail 18 agus d’fheuchamair ar/ na peictiúiríbh¹⁵⁸⁵ peictiúirí ban an chuid is/ mó dhíobh agus léigheamair cúnntaisí ag tagairt¹⁵⁸⁶/ do searmhanaibh agus do chúrsaidhibh scanail/ ameach maithe lucht airgid agus lucht na fléige./ I

¹⁵⁷⁷ *tosach an fhocail doiléir, u ceartaithe ó a*

¹⁵⁷⁸ *cuid add. ach stríoctha amach*

¹⁵⁷⁹ *fais add. ach stríoctha amach*

¹⁵⁸⁰ *5 add. ar thaobh na láimhe clé ar bharr an leathanaigh, é scríofa i bpeannaireacht an Chóta le peann luaidhe, is é is dóichí gur scríobhadh am éigin i ndiaidh na coda eile den leathanach é*

¹⁵⁸¹ *léigh ‘9x28x23’ in ionad 9x29x23 mar scríobh Seosamh Mac Cathmhaoil an méid seo a leanas ina dhialann ar ‘9x28x23’: ‘Beautiful day...Out to Sheela’s Hill with S.K...Read article in American paper (one of S.K.’s bunch from Joe Judge) on Spanish women. Immobility and dignity of faces...Don’t flinch under a man’s gaze. Like women of Kerry in train – faces framed in shawls.’*

¹⁵⁸² *cinn orm indiugh os cionn na líne agus cinn orm add. stríoctha amach faoi*

¹⁵⁸³ *níl lánstad ar bith i ndiaidh indiugh, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é*

Bhuail

¹⁵⁸⁴ *agai add. ach stríoctha amach*

¹⁵⁸⁵ *agus add. ach stríoctha amach*

¹⁵⁸⁶ *deireadh an fhocail doiléir, an dara t ceartaithe ó d*

- gceann aca bhí cúnntas¹⁵⁸⁷ ar ailneacht ban Spáineach/ agus ar an slighe
- 2815 neimhspeiseach a iomcharuigheas¹⁵⁸⁸/ mná na dúithighe sin iad féin fé infhiúch sul
 “Cuireann/ san i gcuimhne dhom,” arsa’n File “mná tuatha/ Chonntae Chiarraige
 núair bhíos thíos ann blianta ó/ shoin. Dá mbeithfeá ag feuchaint chómh cruinn agus/
 b’fhéidir ortha ar feadh gach ’n fhaid ní chuirfidís aon/ nath ionat agus bheidís
 chómh¹⁵⁸⁹ neamhbhraitteach ar/ do scrúdugh amhail as ná beithfeá in aochor ann.¹⁵⁹⁰,”/
- 2820 Faid agus bhíos ag éisteacht leis an méid seo/ d’fheuchas uaim ar na sléibhtibh,
 chrapas mo shúil/ chugham ar an machaire im aice, agus shíneas/ mo radharc airís i
 scuabadh thar ghortaibh/ glasa agus chrannaibh duilleabhra agus /5v/ tar
 maolchnocaibh sidhe, chuala méithleach caorach/ ón machaire agus cnag cairte
 tromualaig/ in achar uaim agus cainnt gáirseamhail na/ bhforairí le chéile lasmuigh
- 2825 den *bhaghar*¹⁵⁹¹ –/ mná áilne na Spáine mná tuatha Chiarraige/ guth láidir fhorasta
 an léighteóra chainnt gharbh/ na bhforairí, cnag na cairte, méithleach na/ gcaorach –
 do shonnuigheadar go léir im¹⁵⁹²/ chluais as mé ghá mheabhruhgh dhom féin cá/
 rabhas.... Leitir ó Sheumas indiugh, ghá rádh nár/ scríg Muiris agus go bhfuil Peig ag
 dul go dtí Meirice/ ar an mbliain seo chughainn. Tá cuid mhór bráigheann/ ag
- 2830 feitheamh ag an ngeata le brógaibh – tháinig/ ualach mor díobh¹⁵⁹³ isteach indé...
 Dhearmhadas m’fháine/ i dtig an ionnladhtha indé. Sciob duine éigin leis/ é agus ní
 bhfuairéas ó shoin! An é seo an/ saghas Éireannaig ar a shon go bhfuilim annso?/ An
 é seo an saghas Éireann – Eire Luchta Gadaidheachta/ Cáblála gur thánagh 3000 míle
 chun troda ar a/ son? An í seo an Éire gur thionnlacas me féin/ dí 2¹⁵⁹⁴ bhliain agus
- 2835 fiche ó shoin?.. Tá mórán ráflaidhe/ ar an bpáipéar indiugh i dtaobh Teachtaidhthe/
 Dála agus bráigheanna tábhachtacha bheith bailighthe/ i dteannta chéile go hÁth
 Cliath i gcómhair cómhála/. Tá bráigheanna tabhachtacha (más/¹⁵⁹⁵ tabhacht
 eadarnáil nó a lithéid do bheartugh)/ tógta ann gan amhras ach an i gcómhair/
 cómhdhála é?/

2840

¹⁵⁸⁷ *séimhiú add. os cionn c ach stríoctha amach*

¹⁵⁸⁸ *deireadh an fhocail doiléir, s scríofa go doiléir*

¹⁵⁸⁹ *neimh add. ach stríoctha amach*

¹⁵⁹⁰ *níl lánstad ar bith i ndiaidh ann, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é*

Faid

¹⁵⁹¹ *gaelú ar ‘wire’*

¹⁵⁹² *deireadh an fhocail doiléir, m athscríofa*

¹⁵⁹³ *os cionn na líne agus caret idir ualach agus mor, cuireadh díobh idir mor agus isteach mar meastar gurb í seo an áit is oiriúnaí dó*

¹⁵⁹⁴ *2 add. i ndiaidh 2*

¹⁵⁹⁵ *tabhachta add. ach stríoctha amach*

Leathanach ar iarraidh

- /7r/¹⁵⁹⁶ uaireanta¹⁵⁹⁷ Chuadhamair suas go dtín/ gcnámh gainmhe agus
shuidheamair ann agus/ chuireamair trí chéile imtheachta na seachtmhaine.¹⁵⁹⁸/ Ceal
2845 leitreach ó dhaoineibh áirighthe is mó ghoill orainn/, agus budh¹⁵⁹⁹ dar linn le
míoghnaoi bheith/ orainn. Chuireamair mórán rud trí chéile mar/ atá drúis, marbhugh
féinig, báine/
“Ní hé ár gcaighdeán-na caighdeán na ndaoine./ Dá mb’é ní cuirfidhe aon nath ins na
trí/ rudaibh seo”/
2850 “Nár cheart gur bh’¹⁶⁰⁰ cúram¹⁶⁰¹ dhuine féin deireadh/ do chur lé n-a shaoghal – cad
é sin/ ag aon’ne eile sin?”/
“Ach fós feuch mar tromuigtear¹⁶⁰² líon tige/ ar a mbíonn duine ghnidheas an
gníomh san,/ nó duine chaitheas seal i ngealtlann, nó/ duine ghnidheas drúis”/
“Deirtear linn go dtéidheann anam an té/ mharbhugheas é féin go h-Ifreann.”/
2855 “Cad fáth go raigheadh? Nách é a anam féin/ é? An bhfuil domharbhacht ann?”¹⁶⁰³/
“Má tá, an féidir a mheabhugh go bhfuil sí ro-mhothlach?”/
“n-ár mbunócaibh duinn do bhí motháilt againn/ ach ní chuimhnighimid air. Nách
féidir go rabhamair/ i saoghal nó i mbeatha éigin eile sarar/ saoghaluigheadh sinn?
Agus nách féidir gur mar/ sin bheidh againn tréis bháis?”.../
2860 “Tá col agam leis an bhfocal drúis”/
“¹⁶⁰⁴Agus agamsa leis an bhfocal *bastard*¹⁶⁰⁵,”
/7v/ “Níl an focal i nGaedling! Ní féidir¹⁶⁰⁶ lé h-aon/ ghein fuil triúir do bheith innte,
ar an adhbhar/ san cad fáth an focal. Tuigim leanbh gréine/ nó leanbh tabhartha agus
ní chuirid fuil mheascha/ in iúil dúinn. “Geinte ó túismightheóirí ná/ bíonn pósta”
2865 dar fiadh! Dar ndóigh níor cheart/ go n-ísleóchadh san gein?... Agus n-a dhiadh/ san

¹⁵⁹⁶ *is cosúil gur cuid den iontráil do ‘9x29x23’ í seo mar scríobh Seosamh Mac Cathmhaoil an méid seo a leanas ina dhialann ar ‘9x29x23’:* ‘After dinner beautiful soft afternoon. Talk with S.K. on bank of sand from trench opposite opposite Hut 13...Attitude of people towards suicide and adultery. The herd principle and law of averages.’

¹⁵⁹⁷ *an leathanach stróicthe tríd an dara n*

¹⁵⁹⁸ *níl lánstad ar bith i ndiaidh seachtmhaine, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Ceal*

¹⁵⁹⁹ *is cosúil gur fágadh ‘bhun’ ar lár idir budh agus dar*

¹⁶⁰⁰ *tosach an fhocail doiléir, smál éigin ar an séimhiú ar b*

¹⁶⁰¹ *is cosúil gur fágadh ‘an’ ar lár idir cúram agus dhuine*

¹⁶⁰² *mo add. ach stríoctha amach*

¹⁶⁰³ *doiléir, na comharthaí athfhriotail scríofa go doiléir*

¹⁶⁰⁴ *níl comhartha athfhriotail ar bith roimh Agus*

¹⁶⁰⁵ *bastard*

¹⁶⁰⁶ *an leathanach stróicthe trí r*

agus uile mar deirimíd. Tógtar ceann/ do dhaoineibh a ghnidheas na nidhthe seo.

Comarthuighítear/ a muinntir ach ní comhthromach é”/

.... “Cad é do mheas ar an gcion so go dtugtar/ an searc is aoirde air¹⁶⁰⁷. Searc so na/ hínntine?”/

2870 “Á! fastaoim! Ní féidir gradh ceart gan/ grádh¹⁶⁰⁸ corpardha. Na daoine seo a/¹⁶⁰⁹ mhaoideas ar an ngradh san a deirir/ is minicidhe gur daoine iad ná fuil se ionnta/ corpardha grádh do thabhairt. An grádh is/ aoirde is é an gradh a ghrádhhas an inntin/ agus an corp, a leigheas iad i dteine/ paisiúin. Tuigim cad is cion ann do inntín/ árd ach ní thuigim connus is féidir an/ grádh ceudna do thabhairt cuir i gcás/ do mhnaoi
2875 shaoitheamhail gan áilneacht agus/ is féidir do thabhairt do mhnaoi shaoitheamhail/ áluinn”/

“Ar dhóigh le daoineibh gur dhrúiseóirí an/ bheirt againn?”/

“B’féidir, ach nílid i gcothrom breitheamhnais”/

/8r/ Fuinne¹⁶¹⁰ gréine iongtach againn tráthnóna/ anocht. Sléibhte dubhgorma,

2880 scamail liathghorma/ agus bun spéire deargórdha... Thugas fé ndeara/ indiugh duilleabhar na gcrann donn ruadh -/ ag feódh! An feódh! Sin mar bheidh againn go/ luath. Ach an aithbheódhfam airís? An bhfanfaidh/ an síol in ait éigin¹⁶¹¹ mar fhanann síol an/ duilleabhair?... Arbhu airéir rugadar ar/ scata as a leapachaibh tamall tréis múchta/ solas. Bhí an maor ann, “Bíodh deireadh leis/ seo,” ar seisean,
2885 “nó geobhaidh sibh an tig.” “Agus/ tusa an cheud duine,” arsa Ó C. “Má cuirtear/ mise ann,” arsa mise, “brisfead os bhur gcionn/ é.” Gháireadar go léir....

10x1x23/

2890 Lá aoibhin eile seo ar nós an lae indé. Táim ag/ léigheamh Hamlet le cúpla la – ag deunamh staidéir/ air. Dréir gach aon deallraimh is ar sceul/ Gaedhealach atá sé aduighthe. Ainm Ghaedhealach í seo/ ón ainm Amhlaoibh. Á! nách beag í an tsuim a/ chuirimíd in ár leitiridheacht. Níor thosnuig Éire/ fós. Lá éigin nuair thosnóchaidh agus nuair/ eireóchaidh scríobhnóirí a bhainfeas brigh cheart/ as ár dteangain nách aca
2895 bheidh an fhairsinge/ chun iad féin do chur in iúil agus nách iad/ bheurfas teanga

¹⁶⁰⁷ comhartha ceiste add. ach stríoctha amach

¹⁶⁰⁸ corpor add. ach stríoctha amach

¹⁶⁰⁹ mhaid add. ach stríoctha amach

¹⁶¹⁰ níl céad líne an ailt seo eangaithe

¹⁶¹¹ comhartha ceiste add. ach stríoctha amach

cheolmhar fhorasta don/ ndomhan! Ag léigheamh “Amhlaoibh” dom thárla/ ar an bhfocal “*crants*”. Sin ceann des na/ focalaibh do chuireas go dtín Atair Ó Duinnín/ bliadhanta ó shoin - ná raibh san bfocloir.¹⁶¹² /8v/ Tá sé coitceann againn i nGaedling. B’ait/ liom an uair sin é ach anois cím gur b’í an/ bhrígh cheudna atá ag Shakespeare
 2900 leis atá/ againne! Agus ní focal coitcheann i mBeurla/ anois é.... D’innseas don bhFile indiugh mar/ gheall air. Agus as san dúinn gur thráchtamair/ ar an gcómhacht a bhí ag an mbeuloideas/ Gaedéalach ar shaothar Shakespeare, mar atá/ san gcluiche seo Amhlaoibh féin comhairle/¹⁶¹³ do Laertes chómh dlúth agus dheallramhuigheann/ Comhairle na bárd Seolóige dá mhac. Do mhúscail san ár ndúil i Seanracht na/
 2905 hÉireann, budh gheall le dig soólta é agus/ shúgaig sé an lá dhúinn. Dhearmhadamair an/ tuar agus na nidhthe neimhcheansa a/ thimcheallas sinn.... Thángamair/ - in ár stádar ar Sh. Ó Reachtnín agus/ ar Ph. O L. san áit sin¹⁶¹⁴ den dtuar atá idir/ thig an ionnladhtha agus tuar a dó.¹⁶¹⁵ D’agallamair iad. Pé slighe tháinig na/ póliní anuas d’athris Seumas dúinn connus/ mar eirig saghas caradais idir é féin agus/ an C. tréis
 2910 nochtá an mhúcáin i bpobal 18./ Coslas greannmhar¹⁶¹⁶ dob eadh é. D’fhaireas/ an bratach - bratach an tS.S. le gaoith in achar/ uaim ar an dtuar thall thar na beairicí/ fiche éigin bráighe n-a suidhe ar calánaibh /9r/ fuail go raibh a dtón anáirde le hais pobail/ an ionnladhtha. An rud amháin dom aigne dob eadh/ an bratach so (tráth ár mbrat na gan ceist) agus/ an C....

2915

10x3x23.

Anfhuar anocht./ Tá na bráigheanna ag máirseáil síos suas an/ pobal d’iarraidh iad féin do chongbháil te, tá/ siolla gaoithe ar fuaid an phobail a gheobhadh/ trí chlár
 2920 daraighe. Trí phollaibh agus scoilteachaibh/ tá an fhuarghaoth ag siollaireacht, agus/ faobhar uirthe. Connus bheidh againn um Nodlaig/ agus an caochsholas! Tá coineal agam ach mhúchas/ í mar tá mo shúil le Ó F do teacht on fh.¹⁶¹⁷ chun _____¹⁶¹⁸. Fairír,

¹⁶¹² *doiléir, an lánstad tréigthe*

¹⁶¹³ *Polionus add. ach stríoctha amach; is cosúil gur fágadh ‘Polonius’ ar lár roimh do*

¹⁶¹⁴ *lár an fhocail doiléir, i scríofa go doiléir*

¹⁶¹⁵ *doiléir, sleamhnú pinn tríd an lánstad*

¹⁶¹⁶ *greannmha///, an dara r tréigthe; deireadh an fhocail doiléir, an séimhiú ar m tréigthe*

¹⁶¹⁷ *fhuinneóig*

¹⁶¹⁸ *is cosúil gur tharraing an Cóta an líne i ndiaidh chun in ionad ‘leitreacha do thógáint’ nó rud éigin ar a nós sin; is cosúil go raibh sé ag iarraidh an rud a bhí á dhéanamh aige agus ag Ó F. a cheilt*

ganfhiosaidheacht – tá mo chroidhe/ briste aca. Agus ní hiad mo _____¹⁶¹⁹ féin iad agus/ mar sin féin táim chómh cáiréiseach n-a dtaobh/ as¹⁶²⁰ dá mb'iad.... Chuaidh
 2925 scolbh im órdóig indiugh/ agus tá fáisceán uirthé.... Beartán ó Sighle/ indiugh, ach ní raibh póg na cogar comharthuighth¹⁶²¹/ ar aon bhosca¹⁶²² aca. Beartán ó E. indiugh, bonn/ agus paidrín. Maith an cailín ise, fiú amháin/ agus me ag lorg clúdaig ameasc páipéir/ leitreach do chur sí chugham mí ó soin nó os/ cionn fuaireas píosa dhá scilling i gclúdach a/ euluig ar an scrúduightheóir! Beartán ó Cháit/ indé leis agus leitrín n-ar
 2930 thug sí cómhairle/ dhom. Níl sí deimhnightheach díom. Ní hiongadh/ san mar nílím féin deimhnightheach díom féin./

10x4x23 -

2935 Lá breágh eile, clódh an gheimhridh ag/ teacht air. Dhúisigheas tamall éigin roim lá indiugh/ agus sid iad na glórtha chuala – coileach ag /9v/ glaodhach, rud nár chuala léim chuimhne – corrlúin/ ag deunamh a nglóir uaignig for an gcamtha/ agus scuain in achar ag gluaiseacht go duaibhseamhail,/ cuid dem chómhbhráigheannaibh ag sranntarnaig/, agus béic an fhoraire “Post a I/ go ceart!” “Post a II go ceart!!” agus/
 2940 mar sin dóibh i nguth árd, gharg tímcheall an/ tuair. Cad iad na smaointe mhúscail na/ glórtha so ionam in uaigneas na hághmaidne?¹⁶²³ Ghaibh mo shaoghal ar fad go n-a subháilcibh/ agus a dhubailcibh fé leith m’íntine –/ gach dóchas agus eadóchas, gach díombáidh, gach/ seirbhtheán, gach milseacht in aimsir anghairid./ An raibh brón orm? An raibh aithreachas/ orm? An raibh míodhóchas agam as/ an saoghal romham.
 2945 Pé brón a bhí orm is/ beag aithreachas a bhí orm - níl aon rud/ atá deunta agam – ach fíorbheagán ná/ deunfainn¹⁶²⁴ airís – ach is iomdha brón/ a thuargain me mar is iomdha seóid mhaith/ a chailleas léim linn.

10x5x23.

2950

¹⁶¹⁹ *is cosúil gur tharraing an Cóta an líne i ndiaidh mo in ionad ‘leitreacha’; is cosúil go raibh sé ag iarraidh an rud a bhí á dhéanamh aige agus ag Ó F. a cheilt*

¹⁶²⁰ *an leathanach stróicthe trí a*

¹⁶²¹ *comharthuighthe; deireadh an fhocail doiléir, sleamhnú pinn tríd an dara t*

¹⁶²² *lár an fhocail doiléir, s athscríofa*

¹⁶²³ *athraíodh an lánstad i ndiaidh hághmaidne go comhartha ceiste ar mhaithe le soiléire*

¹⁶²⁴ *air add. ach stríoctha amach*

Lá salach fuar./ D'fholcas me féin agus ní bhraithim chómh maith n-a/ dhiaidh a's
budh mhaith liom. Beartán ó Chait indiugh/ agus ó n-a dribhshír. Tá strán ar Ch. De
bheatha/ sa, a theine! (Tá teinteacha againn anocht). Dé/ bheata-sa ar shlighe, deirim.
Tá fáilte rómat /10r¹⁶²⁵/ mar ta fuacht an gheimhridh ann, agus rud is measa/ ná san
2955 taisireacht agus pludadh. Ach, a theine bhig, dá mhéid é m'fháilte rómhat, ní maith an
tuar tu, mar/ is cruinn an cómharta thu go mbeimid annso/ i gcomhair an gheimhridh
- nách eadh? Agus rud/ eile, a theine bhig, dá theódhacht agus dá sheascaireacht/
ataoi níl sé ionnat¹⁶²⁶ i dteannta/ do thrí chompánach eile an pobal fada aragail/ seo do
théidheamh agus n-a theannta san, leis,/ ní bhfaighir do chomhtrom ded chuid féin –
2960 gual./ Ach airís dé bheatha! Dé bheatha; agus má mhairim/ leis an áit seo d'fhágaint
is minic a chuimhneóhad/ ort. Is truagh liom ná tuigir mo ghuidhe/ dhuit.... Is
furaist aithint ar na bráigheannaibh/ bochta go bhfuilir istig againn. Braithid thu. Tá/
breis ghiréise ortha agus deunfair maith nuair ná/ beidh an siolla ró-íogair ar fad – táid
ag amhrán/.... Glaodhadh amach sin tréis cómhairighthe/ agus glaodhadh ár n-
2965 uimhreacha. Mar fhreagramair/ ghluaiseamair isteach 'on phobal. Trí leit.¹⁶²⁷/ liom
féin do O F. anocht. Sean stán ar bhonn na fuinneoige/ an cómharta. Chuir sé ag
glorghail isteach ar an úrlár/ é.... Bhí cruinniugh in Áth Cliath airéir agus deineadh/
cainnt mór ar na bráigheannaibh ach is eagal liom/ ná tiocfaidh ao'nidh as. Indé bhí
peictiúirí ar/ an bpáipéar do theasbáin Árdeasbuig Gallda/ agus Gaedhealach Átha
2970 Cliath ag teacht amach/ as an árdeaglais agus an leasárdeaglais¹⁶²⁸/ agus as an¹⁶²⁹
leasárdeaglais¹⁶³⁰ peictiúirí /10v/ L. agus a thuille dá chuallacht tréis aifrinn/ annsan
agus seirbhís san dteampall eile/ ag impidhe Dé ar son¹⁶³¹ Riaghaltais na
dúithighe.¹⁶³²/ Nách mór an cacamas é agus gan oiread/ agus “¹⁶³³Ár n-Athair” gha
thabhairt cun Dé san/ O.¹⁶³⁴ ná san D.¹⁶³⁵ Tá an tír lán d'fhimneacht ó cheann/ ceann.
2975 Á, ár gcreideamh! Nách é tá ghá mhasladh/ agus ghá tharcuisniúgh. A Dhia, an fada
bheidh/ mo thír ar an gcuma so? Cathain beidh sí fé/ aon Rialtas dúthchais amháin

¹⁶²⁵ 1///, 0 stróicthe den leathanach

¹⁶²⁶ an pobal add. ach stríoctha amach

¹⁶²⁷ leitir

¹⁶²⁸ leasárdeaglai///, cuid de s stróicthe den leathanach

¹⁶²⁹ an leathanach stróicthe trí a

¹⁶³⁰ an leathanach stróicthe tríd an gcéad l

¹⁶³¹ r add. ach stríoctha amach

¹⁶³² níl lánstad ar bith i ndiaidh dúithighe, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Nách

¹⁶³³ níl comhartha athfhríotail ar bith roimh Ár

¹⁶³⁴ Oireachtas

¹⁶³⁵ Dáil

agus guidhe iomláin/ iomadhamhail na ndaoine uile ag eirighe go duthrachtach/
 Chughat as ár dteampallaibh -/ nuair raghaidh gach líon tige in Éirinn, cuma cad/ é a
 shlighe chun Tu¹⁶³⁶ mholta, ar a nglúinibh agus/ bheurfaidh a gcroidhe sa n-anam duit
 2980 in úrnaighe/ ghlan árdaianta? Cathain? Á,/ cathain?

10x6x23.

Nuair dhúisigheas leis an/ ndoircheacht indiugh bhí báisteach throm ann – is/ beag
 2985 maidean ná bíonn. Chroith an mhaidean san/ lá¹⁶³⁷ suas, ámhthach. Ghaibh ráfla
 tímcheall go moch go/ bhfuasclófaidhe fiche duine indiugh. Fuascaladh/ ceathrar¹⁶³⁸
 no mar sin ar maidin agus seisear tráthnóna/ – o chamthaidhibh eile leis is clos dom.
 Tháinig/ leitir ó Shíobhán chun S. indiugh agus is gránda/ salach an baine bhí innte.
 M’amhras fíoruighthe./ Leitir ón bhfear bacach ghá rádh¹⁶³⁹ gur¹⁶⁴⁰/ ráfláladh ar fuaid
 2990 an d___n¹⁶⁴¹ gur¹⁶⁴²/ fuascladh me. Tá dhá bhothán curtha

Leathanach ar iarraidh

/12r/¹⁶⁴³ An náire é bheith lé radh agam gur phógas na ceudta/ ban, og, anóg, agus
 2995 meadhon aois, ¹⁶⁴⁴ olc agus/ maith, agus ar a líon go léir ná raibh aon’ne/ aca budh
 mhílse póg, budh mhire súil, budh sheólta/ deallramh na thu? Má seadh sé mo náire
 féin/ é. Níor leómhas riamh agus ní leómhfad anois/ d’aon’ne rialaidheacht do
 leagadh dhom. Á, a/ Neans, nár bh’aoibhin na tráthanna chaitheamair/ i bhfarradh a
 chéile? Nár shearcamhail iad ár/ n-imtheachta, nár aibidh iad ár n-easaontaosa/ agus
 3000 nár dhíochra grádhmhar ár gceannsugh! An/ aithaitriseóhad na¹⁶⁴⁵ bréithre
 déidheanacha/ a scriobhais chugham? “Bhís rófhiadhain, rómhilis i/ gcómhair
 earraidheachta an uile lae!” “Ná scríg/ go bráth airís chugham, ná tabhair iarracht ar
 me/ d’fheicsint má ghradhair me – má dheinir –/ cuimhneóhad ort agus ar na

¹⁶³⁶ *deireadh an fhocail doiléir, u scríofa go doiléir*

¹⁶³⁷ *tosach an fhocail doiléir, 1 tréigthe*

¹⁶³⁸ *os cionn na líne agus seisear add. stríoctha amach faoi*

¹⁶³⁹ *go add.*

¹⁶⁴⁰ *ra add. ach stríoctha amach*

¹⁶⁴¹ *b’fhéidir ‘domhain’ nó b’fhéidir ‘Daingin’*

¹⁶⁴² *f add. ach stríoctha amach*

¹⁶⁴³ *is cosúil gur cuid den iontráil do 10x6x23 í seo*

¹⁶⁴⁴ *agus add. ach stríoctha amach*

¹⁶⁴⁵ *focail add. ach stríoctha amach*

tráthannaibh sona/ chaitheamair i bhfochair a chéile nuair chloisfead/ ceól aoibhin,
 3005 nuair chidhfead radharc taitheamhach –/ ar son an ghrádha a thugamair ghá chéile na
 tair/ im ghoire”.... Cad do beir díot, a Neans, agus/ san do scríobh? Nách iad san na
 bréithre a/ ghoin agus a aoibhnig me gach re seal? Nách/ iad san na bréithre ceudna
 ghoineas go smior/ me anocht! Nách iad san na bréithre deidheanacha¹⁶⁴⁶/ bhéas im
 chuimhntibh le linn mo bháis.../ As mo smaointibh ort, mhúscail na buachaillí me/
 3010 ach cuimhneóhad anocht airís ort.... Sean Ó/ Lorgáin ag deunamh aithrise ar an
 gceann /12v/ curcuil i searcus, tubháile mar eachlas/ aige agus é ag baint fuama as
 agus an/ cómhradh so ar siubhall aige, “Beiridh an capall/ dubh. Ó th¹⁶⁴⁷! Annsan,”
 tuille ghlóir as an/ eachlasc (an tubháile) Seán ag casadh tímcheall/ go mall ag
 leanamhaint gluaiseachta an/ chapail inntine, fothbhéic aige ghá chur agus/ riamh ní
 3015 fheaca aon¹⁶⁴⁸ cheann curcuil b’fhorasta/ ná é. Foth cnag ghá bhaint as thón sean
 tstáin/ níor mhór an fhasaoim inntine budh ghádh/ chun a mheas go rabhais ar¹⁶⁴⁹
 shearcus./ Tréis na hiarrachta san shuaidh clagairt/ bualta bas an seanphobal do Sheán
 díreach/ mar chloisfeá in aon tsearcus! Annsan/ Seán ag aithris siubhall ar an dteud
 bhaghair¹⁶⁵⁰/ budh dhearbhta an aithris, na geuga ag luascadh/ mar lapaidhe ag
 3020 bualadh an aoir chun a/ shiúnda do chongbháil, agus barraidhe na mbróg/ ghá chur go
 haiclidhe mar dheadh ar an srainng/ – clagairt eile bas.... Rínice fe dheóidh.¹⁶⁵¹/
 Gan amhras táimíd fé ghlas; ach an bhfuil/ spirid na bhfear so fé ghlas?¹⁶⁵² Ná raibh!

9x7x23¹⁶⁵³.

3025

Lá dorcha ach bog ann féin. Is clos dom/ gur thagair an sagart indiugh dos na
 bráigheannaibh/ i dtaobh na Corónach Muire, ghá rádh gur cheart/ dóibh teacht lé
 chéile uair sa ló i ngach pobal/ agus í do rádh. Dá mbeadh anamleas na /13r¹⁶⁵⁴/
 mbráigheann ar maoidh aige do bheadh a fhios aige/ ná fuil aon phobal ná go n-
 3030 abarthar í ann./ Amuigh as thoitínibh anocht. Bhí na ceudta agam díobh/ i rith na

¹⁶⁴⁶ *deireadh an fhocail doiléir, sleamhnú pinn tríd an séimhiú ar c*

¹⁶⁴⁷ *b’fhéidir giorrúchán de ‘thuaidh’*

¹⁶⁴⁸ *os cionn na líne agus an add. stríoctha amach faoi*

¹⁶⁴⁹ *folíithe faoi dhó*

¹⁶⁵⁰ *gaelú ar ‘wire’*

¹⁶⁵¹ *níl lánstad ar bith i ndiaidh dheóidh, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é*

Gan

¹⁶⁵² *athraíodh an lánstad i ndiaidh ghlas go comhartha ceiste ar mhaithe le soiléire*

¹⁶⁵³ *léigh ‘10x7x23’ in ionad 9x7x23*

¹⁶⁵⁴ *doiléir, 13 tréigthe*

seachtmhaine. An le laimhthighiseacht nó le/ hamadantaidheacht ná fuil ceann anois agam?/ Tá an rinnce a's na hamhráin ar siubhall anocht/ airís, an gleó san rangás ceudna is gnáthach/ linn. Scríobhas go dtín Athair Ó Duinnín indiugh./ Bhí ceo agus salachar báistighe tráthnóna ann, agus/ an bhfuil aon áit sa domhan is 3035 aindeisighe ná an/ áit seo nuair bhíonn fliuchán ann?¹⁶⁵⁵ Tagann/ chuma dhubhach ar an áit – marbh, míochuibheasach/ níor mhise leat bheith na ceudta mílte uaidh. Díreach/ sar ar bailigheadh isteach sinn tráthnóna/ lasadh an solas aibhle atá tímcheall an chamtha agus budh neamhghnáthach an dath thug sé ar ghlaise/ an fhéir idir an dtrínse agus fál *bhaghair*¹⁶⁵⁶.... Bhí/ cuma chómh marbh leis an uaignis ar an ndúthaig/ 3040 ar fad uaim tráthnóna gan boladh ann den/ ghaoith do chroithfeadh bárr “¹⁶⁵⁷crainn na bláth”/ agus dath dubhghorm ar na sléibhtibh as ar na/ maolárdaibh idir me agus iad.

10x8x23./

3045 Maidean aoibhin dob eadh í. Ó mhoch na maidne bhí sceitimíní/ ar na bráigheannaibh mar ghaibh ráfla/ tímcheall go bhfuasclofaidhe cuid mhaith indiugh. Go/ luath fíoradh an¹⁶⁵⁸ ráfla¹⁶⁵⁹ – fuascladh chúig duine/ dheug ar fhichid. Dhein san suathadh ar an gcamtha/ bhí gach aonne ‘sa shúil anáirde agus ar an am/ gceudna amhras aige ná fuasclófar¹⁶⁶⁰ é¹⁶⁶¹..../ 3050 /13v/ A¹⁶⁶² bháistig, a shíorbháistig seo go bhfuil clagairt/ agat ar cheann stáin m’árais, sead leat; a ghaoith fuair a ghluaiseas trí phollaibh as scoilteachaibh/ na bhfallaidhe séid ort; a shiolla fhaobhair/ a ghearras go smúsaig as a chuireas barr liobar/ doithéidhte orm, ná staon pioc, a thaisreacht/¹⁶⁶³ dhuibheaca eugamahail an úrláir sníg/ tríom; a chaoch sholais, goirtig mo shúile agus/ déin níos íogaire¹⁶⁶⁴ iad, a 3055 uaignis choimthig/ tromuig agus doirchig an croidhe go^{1665/1666} tromacht na luadha agus dath/ an ghuail! A ghréin ná feicim tú ambliana/ airís más mian leat! A fhir

¹⁶⁵⁵ *athraíodh an lánstad i ndiaidh ann go comhartha ceiste ar mhaithe le soiléire*

¹⁶⁵⁶ *gaelú ar ‘wire’*

¹⁶⁵⁷ *doiléir, na comharthaí athfhriotail scríofa go doiléir*

¹⁶⁵⁸ *f add. ach stríoctha amach*

¹⁶⁵⁹ *síneadh fada add. os cionn an dara a ach stríoctha amach*

¹⁶⁶⁰ *deireadh an fhocail doiléir, an dara f tréigthe*

¹⁶⁶¹ *doiléir, é tréigthe*

¹⁶⁶² *níl céad líne an ailt seo eangaithe*

¹⁶⁶³ *du add. ach stríoctha amach*

¹⁶⁶⁴ *íogaire*

¹⁶⁶⁵ *dath add. ach stríoctha amach*

¹⁶⁶⁶ *an ghuail add. ach stríoctha amach*

fhuascaltha, gaibh/ tharm gach maidean gan m'uumhir agat!/ A bhiadh, téidhir chun
 anatais ar fad ar fad!/ A Cháirde a bhí, tréigidh mé! Masluighidh me¹⁶⁶⁷/ nó
 dearmhadaidh me! A Chomhbhraigheanna,/ fágaidh me an uile lá nbúr nduine as/
 3060 nbhur nduine no nbhur ngasraidhibh¹⁶⁶⁸! A/ scéimh na talmhan teidhir i liathacht sa
 bhfoirbeacht/ – Tagadh gach donas ach ag an méid/ bheas im fhochair annso fada no
 geairid/ ná tréigeadh spirid na Saoirse sib se!/ Ná teipeadh¹⁶⁶⁹ an gaire geal orraibh/
 agus bhur¹⁶⁷⁰ soimheanma nádúrdha agus /14r/¹⁶⁷¹ fuilingeóchad go háthastamhail an
 chuid/ eile dem shaoghal annso ar son ár¹⁶⁷²/ gcómhchúise.... Tá an Nádúr ag
 3065 athrugh/ a fallaingé. Tá an glas-uaine san bhath/ san duilleabhar imthighthe nó ag
 imtheacht.¹⁶⁷³/ Ta cuma mná meádhaon aoise ag teacht uirthé/ agus sara fada beidh
 drioch na seanchaillighe/¹⁶⁷⁴ uirthé strannach, neamhthorthamhail.../ Ach
 aithbheódhfaidh sí airís. Ach cé dho? An/ mbead sa ar líon a cómhluadair a dhearcas/
 ar a cealltar geal? Cá bhfios? Cá bhfios?/ Ach lá éigin as a cealltar geal, luisne an
 3070 earraig/ n-a gnúis, agus tóircheas trom a bruinne/ ghá thabhairt aice san bhfoghmhar
 treis a samhraidh/ dearcfaidh cine shaor shona ar an dtír/¹⁶⁷⁵ is áluinn cé dorcha
 duibheaca anocht/ ag scamall easaontais as clampair – an/ lá san bíodh a bhuidheachas
 ar na slóightibh beaga/ so teanntuighthe in eachlannaibh.... Scaoil¹⁶⁷⁶/ chughainn an
 ceól san – port nó ríl nó fonn.¹⁶⁷⁷/ Amach libh annsan agus rinncidh greas, canaidh/
 3075 amhrán, déinidh gáirí agus áilteóireacht/ - ach ná bíodh mar nách dual dibh duairceas/
 ná ceannfé orraibh. Tá gradh mo chroidhe/ agam díbh. Is mórtas liom bheith¹⁶⁷⁸
 nbhur/ measc. I dteannta chéile sin, olc nó maith/ – olc agus maith!¹⁶⁷⁹

/1r/ 10x14x23.

3080

¹⁶⁶⁷ *deireadh an fhocail doiléir, e tréigthe*

¹⁶⁶⁸ *deireadh an fhocail doiléir, an séimhiú ar d nasctha le d*

¹⁶⁶⁹ *an leathanach stróicthe trí p*

¹⁶⁷⁰ *an leathanach stróicthe trí u*

¹⁶⁷¹ *agus add.*

¹⁶⁷² *gcúise add. ach stríoctha amach*

¹⁶⁷³ *doiléir, an lánstad nasctha leis an t roimhe*

¹⁶⁷⁴ *aí add. ach stríoctha amach*

¹⁶⁷⁵ *rud éigin add. ach stríoctha amach*

¹⁶⁷⁶ *lár an fhocail doiléir, a scríofa go doiléir*

¹⁶⁷⁷ *níl lánstad ar bith i ndiaidh fonn, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é*

Amach

¹⁶⁷⁸ *nb add. ach stríoctha amach*

¹⁶⁷⁹ *níl rud ar bith scríofa ar verso an leathanaigh seo*

An Domhnach. Lá breagh, aoibhin ag¹⁶⁸⁰ ghrian ag/ lonnradh, a gné cómh aluinn leis an lasadh deidheanach is/ soifheisce¹⁶⁸¹ i ndeallramh fine mhná n-a meádhon aois/ agus a cos ar thairsing a feódha. Clodh crón ruadh/ ag teacht ar dhuilleabhar na gcrann, furmhór ná¹⁶⁸² mbráigheann fén eatrinn mar a bhfuil cluiche/ peile ar

3085 siubhall. Tá ciúnas neamhghnáth san bpobal-so/, focal nó dhó goirgeach ó Phungab, nó ding/ deang ag duine éigin ag bualadh fáine, nó ó dhuine/ ag cur na dtairngí deidheanacha i mbosca¹⁶⁸³ dá/ dheuntús féin... Indiugh¹⁶⁸⁴ cuireadh as na leapachaibh/ an dream leisceamhail. Do bhí póilíní ag faireadh/ ag beul pobal an

3090 fhanfadh i ganfios sa leabaidh. Dheallramhuig sé/ mar thuar clampair eile. Is féidir clamhsán do/ dheunamh ar an dá thaobh agus ní mór é mo/ mheas saighdiúra ar aonne nách féidir leis bheith/¹⁶⁸⁵ n-a shuidhe ‘gen-a cheann leapan ar a 8 ar/ maidin.... Níor scriobhas aon rud anois le laetheantaibh/ mar laetheanta imnidheacha dob eadh iad. Fuair S. I.¹⁶⁸⁶ ó Phabduibhe agus dubhairt sí go bhfuasclófaidhe “an/ Laoch” agus D.

3095 agus go ndeunfaidhe bráighe airís dó/ san mar gheall ar bhás Ch. Más fíor so ní fheadar an chun/ fíné a fuasclófaidhe an sraiste nó an amhlaidh atá/ aon rud n-a chomhair féin? Ca bhfios d’aonne anois?/ Nuair ínns S. é seo dhom tráthnóna Dé C.¹⁶⁸⁷ nó Déardaoin shiubhallamair/ lasmuigh annso ar an dtaobh thuaidh faid bhíomair/ ag cur an cúrsa trí chéile agus ag cur ‘sag cúiteamh/ cad budh cheart do Dh.

3100 do dheunamh. Nách beag dob eól don/ bhforaire fiche rann nó níos lugha uainn, é annsúd /1v/ ar a dhualgas cad bhí ar siubhall againn, agus gleó/ agus coimheascar ag scata faoilean beag, an scol ceudna atá ar an oirear ag baile, ag tabhairt fogha fén/ mbiadh a chaitheas P. Ó Leathlobhair chúca go laetheamhail./ Bhí an mioscarnach agus an cluiche ceudna aca/ bhíos tímcheall rátha éisc as na beatha a loirgeas an t-

3105 iasc./ Chuir sé i gcuimhne dhom an baile go soiléir agus na/ tamallacha aoibhne chaithinn ag iascach dorugha ameasc/ na nadhbhóg. An samhladha thug coslas so na bhfaoilean/ agus a nglór ‘om íntin chuaidh sé go hait fén sceul/ a bhí ar siubhall againn.... De hAoine annsan deineadh/ fogha ar na poblaibh ar lorg bróg agus tugadh

¹⁶⁸⁰ léigh ‘an’ in ionad ag

¹⁶⁸¹ rud éigin add. ach stríoctha amach

¹⁶⁸² na

¹⁶⁸³ g add. ach stríoctha amach

¹⁶⁸⁴ lár an fhocail doiléir, d athscríofa

¹⁶⁸⁵ na add. ach stríoctha amach

¹⁶⁸⁶ leitir

¹⁶⁸⁷ Céadaoin

iarracht/ ar gan fhágaint ag aon'ne ach aon fheidhre¹⁶⁸⁸ amháin,¹⁶⁸⁹ / árduigheadh chun
3110 siubhall feidhre liomsa. Chuireas n-a/ choinnibh ach budh bheag an mhaith dhom san.
Níor oir dom/ dul chun cinn leó mar b'eagal liom _____¹⁶⁹⁰. Níor fuascladh/ ach beirt
indé. Tá An Lánmara léigte agam/ thaithnig sé liom. (Tá¹⁶⁹¹ an ding deang an
síordingdeang so/ thíos im chluais¹⁶⁹² agus fothscread faoilin¹⁶⁹³). Tá abairt/ san
leabhar so mar a dtráchtann an t-ughdar ar/ shléibhte an oileáin san mBochna Chiúin a
3115 chuir i gcuimhne/ dhom an leathbheann úd: “Budh thaithneamh aoibhin/ suidheamh
na sléibhte agus aroile”/ Roim aimsir proinne bhí/ laghar des na buachaillíbh
bailighthe tímcheall nó¹⁶⁹⁴ héagtheine/ seo agus¹⁶⁹⁵ iad so bhí in arm Shasana ag/
innsint sceul. Pungab go bhfuil a ceann ó árd a/ chúil thiar bearrtha lé altán agus a
chuirfeadh¹⁶⁹⁶ i/¹⁶⁹⁷ gcuimhne dhuit teornap bán staithte tréis mórán/ báistighe an fear
3120 is feárr aca chun sceul. Seo mar/ ráidh sé i dtaobh uaire san bhFrainnc le linn
Cogaidh/ an Domhain: “Bhíomair, dar _____¹⁶⁹⁸,” ar seisean “ag siubhall/ oidhche agus
lá gan sos. Fear in aice liom sa go raibh/ an fhuil ag teacht amach trí phollaibh a
bhróg /2r/ dubhairt sceula do shíneadh chun an chinn a bhí ar dhruim/ chapail¹⁶⁹⁹ ar
úrthosach an tsluaig go raibh gireán aige/ deineadh san agus láithrig an ceann ar a
3125 chapall./ “Cad tá ort, a fhir mhaith” d'fhiafruig sé den saighdiúir/ níor fhreagair san a
cheist agus ceist do chur air¹⁷⁰⁰/ sin. Ag feuchaint ar an marcach se¹⁷⁰¹ dubhart sé,
“An/ bhfuil do chosa tinn?” “M'anam 'on diall,” arsa Pungab/ trí scarta mór gáire
“¹⁷⁰²go bfuair an diall bocht san/ 28 lá san seómra gárda.¹⁷⁰³ Á! bheithfeá ag
cainnt.¹⁷⁰⁴ Saoghal lobhtha seadh é, a mhic óigh” Tá leitir tagtha chun/ an Fhile ó

¹⁶⁸⁸ *tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar f nasctha le s san fhocal agus atá ar an líne roimhe seo*
¹⁶⁸⁹ *do add. ach stríoctha amach*

¹⁶⁹⁰ *níltear in ann a rá go deimhneach cén fáth ar tharraing an Cóta an líne i ndiaidh liom, b'fhéidir gur tharraing sé an líne in ionad 'cad a dheunfaidís' nó rud éigin ar nós sin ar chúis amháin nó ar chúis eile*

¹⁶⁹¹ *tosach an fhocail doiléir, T ceartaithe ó D*

¹⁶⁹² *lúibín add. ach stríoctha amach*

¹⁶⁹³ *deireadh an fhocail doiléir, n scríofa go doiléir*

¹⁶⁹⁴ *léigh 'na' in ionad nó*

¹⁶⁹⁵ *na add. ach stríoctha amach*

¹⁶⁹⁶ *in add. ach stríoctha amach*

¹⁶⁹⁷ *i add.*

¹⁶⁹⁸ *níltear in ann a rá go deimhneach cén fáth ar tharraing an Cóta an líne i ndiaidh dar, b'fhéidir go raibh sé ar intinn aige 'fiadh' a scríobh agus gur tharraing sé an líne ina ionad ar son béasaíochta*

¹⁶⁹⁹ *lár an fhocail doiléir, a scríofa go doiléir*

¹⁷⁰⁰ *os cionn na líne agus ar add. stríoctha amach faoi*

¹⁷⁰¹ *b'fhéidir 'seo' nó b'fhéidir 'sé'*

¹⁷⁰² *níl comhartha athfhríotail ar bith roimh go*

¹⁷⁰³ *doiléir, an lánstad scríofa go doiléir*

¹⁷⁰⁴ *níl lánstad ar bith i ndiaidh cainnt, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Saoghal*

3130 Mh Ni Ch agus chuir san breis misnig air, leitir/ eile ó Bean Uí A. agus dréir
deallraimh is dian léithe mar/ thagair sé a ghrádh dhi. Claracha clúdaig ghá stracadh/
de phobal a trí deug indé.... Tráthnóna ciúin, gan/ ach fothph.¹⁷⁰⁵ lé feicsint ar fuaid
an chamtha. Fogha eile/ ambáireach chloisim. Bróga airís, an eadh? Cúpla/ lá ó
shoin bhí an Bunanach ó Phortlaoighise, dritheár don/ té go rabhas ar lóistín aige tráth
3135 agus a dhún an/ doras orm¹⁷⁰⁶ oidhche, annso – anchúlhbhánta, fear/ daingin
(*contractor* ‘seadh é). Fuairtheas corp leathdhreoidhte/ i sléibhtibh Átha Cliath.
Deunta amach gur b’é/ de Lemas an fear bocht é. Is gránda, feilebheartach an
gníomh/ a deineadh air. Is deacair na stocaidhe bána do ghlanadh/ anois.... Tá
“géirleanamhaint” lé deunamh ar/ Chaitleacaidhthibh san Tuaisceart agus tá a chainnt
3140 ag teacht do¹⁷⁰⁷ ag an gCairdinéal/ Ó Laogóg – saghas cainnte! Agus déir an
Creagach/ ná stríocfaidh sé troig talmhan den dTuaisceart ach os chionn/ a chuirp!
Mo chuisle é! Agus nách lugha ná spriocfaidh sé/ aon’ne ar an¹⁷⁰⁸ gComhairle
Teóran! Mo chuisle fé dhó é!!/ Anois tá an tír seo ar a toil féin ag Sasana. Táimíd ar/
aiste dheas ag an “Sighineadh seo lé dochma”.¹⁷⁰⁹ Ar son na tíre/ dheineadar é
3145 dubhradar. Ná feudfadh aonne¹⁷¹⁰ againn /2v/ an rud ceudna dheunamh nuair
fiafruigheadh dínn/ cá raibh ár nguna. Ach cad é an meas a bheadh orainn?/ – Meas
madra. Is amhlaidh mar atá an sceula go/¹⁷¹¹ raibh na teachtairí a cuireadh sall i
bhfiadnaise agus/ fé chómhacht Sheoisre amhail as dá mbudh cuig uibe cearc/ a
bheadh ar ghreideal aige gá mberbiugh! Dá n eagla¹⁷¹²/ féin a dheineadar é agus ní ar
3150 mhaiteadh leis an ndúthaig/ é – meathtaig, agus budh chara duine aca dhom.../ Níos
deireanaighe: Cois teineadh dhúinn ag trácht ar/ imtheachtaibh na háite seo nuair bhí
clampar ann/ agus aonachois clampair eile tagairt do M. gur bh’olc/ an gheug é dá
mbeadh achrann eile ann. Sceula C. Seán/ agus connus mar thug sé iarracht ar
theicheadh on maor/ aimsir an achrainn.

3155

10x15x23.

¹⁷⁰⁵ *‘fothphóilín’*

¹⁷⁰⁶ *tr add. ach stríoctha amach*

¹⁷⁰⁷ *a chainnt ag teacht do os cionn na líne agus caret idir tá agus ag*

¹⁷⁰⁸ *os cionn na líne agus caret idir ar agus gComhairle*

¹⁷⁰⁹ *níl lánstad ar bith i ndiaidh dochma, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é*

Ar

¹⁷¹⁰ *an leathanach stríocthe trí a*

¹⁷¹¹ *rais add. ach stríoctha amach*

¹⁷¹² *n-eagla*

Toisc an fhógra/ fuaireamair airéir go gcaithfidhe seasamh ag ar/ leapachaibh ar a
8¹⁷¹³ a chlog ar maidín indiugh agus/ gur ghlaoidh an póilín orainn go moch mar is
3160 gnathach/ liom ó thánagh annso (níor fanas san leabaidh ach/ dhá mhaidin fós nuair
bhíos gan bheith ar foghnamh) d’eirigheas/ roim am. Maidean chruaidh bhioranta
aoibhin dob/ eadh í, an ghrian ag lonnradh. Chuadhas go dtín bhfuinneóig/ agus
chonnac¹⁷¹⁴ go raibh sioc trom, sioc liath/ ar an dtalamh. Budh ghleóidhte
neamhchoitceann/ an deallramh a thug sé ar ucht na talmhan –/ dob é ceudbhrúcht
3165 atharuirghthe na bliana e –/ bhí sé n-a chluíd ar na raingcléisibh tighthe/ beairicí mar
folach olna agus d’athruig sí/ a gclodh gránda ar fheabhas go mór.¹⁷¹⁵ Bhí sé/ ar an
bhfeur leis agus mar nead mhor dubháin/ alla agus¹⁷¹⁶ cúpla faoileán agus priochán
/3r/ mochóiridhte maithe ar lorg a gcoda ag siubhall/ air budh cosamhail iad lé¹⁷¹⁷
cuileannaibh/ cuibhrighthe. Budh choslas é a chuir/ soimheanma orm agus¹⁷¹⁸
3170 chuirfinn/ rud maith i gcumha¹⁷¹⁹ gabhála amach an/ uair¹⁷²⁰ sin sios ar árdán na
heatrainne agus/ amharc im thímceall mar bhíos deimhnightheach gur/ bh’aoibhin an
radharc an ceanntar mágcuaire/ ar an uain sin fé lonnradh bhog na hógghréine/ ach ní
fúm a bhí – chaitheas fanacht gur hoscladh/ an¹⁷²¹ pobal. Ó thánagh on chamtha ní
fheaca/ na braigheanna n-a suidhe lé chéile – fiú/ amháin in aimsir an chlampaire –
3175 agus¹⁷²² mar/ bhíodar indiugh¹⁷²³ ar a shon gach aon nidh do/ bhí rianán
tuarsmaoinimh agam ó thúis/ ná deunfadh an lá lá ionchuidimhnte ar fuaid/ an
chamtha¹⁷²⁴ agus sin¹⁷²⁵ mar bhí – níor/ fuascladh mórchuid – triúr!.... Go luath/ tréis
proinne thairng fear ait – Mac Com/ Mara ó Chonntae an Chláir é - a leabaidh/ n-a
dhiaidh an dorais tiar amach agus aníos/ an tsráid agus isteach i bpobal a seacht/ chuir
3180 fé sa chúine, dhá bhórd ar a gceann ag/ ceann agus cliathán a leapan ghá scáthadh,¹⁷²⁶
leathnocht/ sé é féin agus chuaidh innte./ Chruinnig/ sluagh mór air. Tá sé ann ó
shoin is dócha. Bhí sé/ ann aimsire séire ach go háirighthe agus is/ mó lucht

¹⁷¹³ *doiléir, 8 scríofa go doiléir*

¹⁷¹⁴ *séimhiú add. os cionn an dara c ach stríoctha amach*

¹⁷¹⁵ *lánstad add.*

¹⁷¹⁶ *an leathanach stríocthe trí s*

¹⁷¹⁷ *cuileannaib add. ach stríoctha amach*

¹⁷¹⁸ *thabharfaí add. ach stríoctha amach*

¹⁷¹⁹ *gabháil add. ach stríoctha amach*

¹⁷²⁰ *tosach an fhocail doiléir, u scríofa go doiléir*

¹⁷²¹ *stábla add. ach stríoctha amach*

¹⁷²² *- agus os cionn na líne agus agus add. stríoctha amach faoi*

¹⁷²³ *fleiscín add. ach stríoctha amach*

¹⁷²⁴ *rud éigin add. ach stríoctha amach*

¹⁷²⁵ *mar add. ach stríoctha amach*

¹⁷²⁶ *doiléir, an chamóg ceartaithe ó lánstad*

fiafruighthe a bhí ag teacht ná dá /3v/ mbeadh sé san otharlann lé heugcruas,/ agus¹⁷²⁷
 lé maoinneachas a tháinig a bhfurmhór ach lé/ corp caoraidheachta! Cuid aca ghá
 3185 radh go raibh/ sé ait agus cuid aca ghá radh go raibh sé ag bleithmhagadh/ leis. Sin
 mar bhíonn; fear leat agus beirt/ id choinnibh. Faid bhíos ag múineadh chonnac an/
 leas ceann chamtha agus oifigeach eile ag teacht/ amach uaidh – brothaire dob eadh é
 seo (an LC.¹⁷²⁸) agus/ oibre long an L.C¹⁷²⁹ Tráthnóna agus an File/ agus me féin
 ag siubhall sios suas na sráide/ tháinig ógánach, saghas áilteóra go mbíonn a/ shúile ar
 3190 oscailt i gcomhnaidhe aige agus a/¹⁷³⁰ ghlaca leis! chughainn, cnapán feóla gan/
 beirbhiugh aige. “Cad dob áil leat di sin?” “Lé cur/ i dtinneal marbhaoigte¹⁷³¹ atá
 deunta againn i bpobal a 10./ chun franncach do ghabháil.” Chuamair isteach ag/
 feuchaint ar an ngleus. Tá sé deunta ar/ blúirín de chlár, leathad do bhaise, lé cúpla/
 blúire *bhaghair*¹⁷³² agus preabán as leabaidh. Ag/ gabháil amach an doras dúinn
 3195 dubhairt an File/ “Sid é anois an cheud caitheamh aimsire eile bheidh/ aca – ag
 deunamh tinneall i gcomhair/ franncach” - bhuaileamair suas ar an árdan/ idir phobal
 a seacht agus an fál. Lasmuigh/ den bhfál bhí beirt¹⁷³³ ógfhoraire ag/ an mbosca.
 Dheineadar comhartha lé n-a¹⁷³⁴/

3200 **Leathanach ar iarraidh**¹⁷³⁵

/1r¹⁷³⁶/ 10x17x23.

Lá dubh dorcha meall don dtacaidh¹⁷³⁷ seo/ bhliain. Bhí éachtaint ar an bpáipéar
 3205 indiugh go raibh/ amhras nó dóchas ag an lucht urraidh go mbeadh s.o.¹⁷³⁸ amac¹⁷³⁹/

¹⁷²⁷ *is cosúil gur fágadh ‘ní’ ar lár idir agus agus lé*

¹⁷²⁸ *Leas Ceann*

¹⁷²⁹ *Leas Cinn*

¹⁷³⁰ *a add.*

¹⁷³¹ *os cionn na líne agus caret idir dtinneall agus atá*

¹⁷³² *gaelú ar ‘wire’*

¹⁷³³ *ógán add. ach stríoctha amach*

¹⁷³⁴ *mea add. ach stríoctha amach*

¹⁷³⁵ *níltear in ann a rá go deimhneach cé mhéad leathanach atá ar iarraidh toisc nach bhfuil na leathanaigh uimhrithe de réir a chéile ag an bpointe seo sa dialann*

¹⁷³⁶ *1 ar verso an leathanaigh*

¹⁷³⁷ *deireadh an fhocail doiléir, an séimhiú ar an dara d nasctha leis an dara d*

¹⁷³⁸ *stailc ocrais*

¹⁷³⁹ *deireadh an fhocail doiléir, an dara a scríofa go doiléir*

- go luath. Táid mar sin san ____¹⁷⁴⁰. Indiugh bhí an lucht/ ceannais annso go gritileánach agus buaileadh/ im aigne go raibh rud éigin i dtreis. Ó shoin chuala/ dá luatha tosnófaidhe gur bhfeárr de sin é! Chuala¹⁷⁴¹/ príochán dubh éigin ghá rádh tráthnóna ná dócha¹⁷⁴² raigheadh/ níos mó ná chúig ceud nó mar sin uirthé annso.
- 3210 Chonnac/ coiste agus triúr ban agus fear i mbréid duibh ag/ teacht go dtín ngeata. Budh gheall lé aingealaibh báis/ iad. Chuir an File agus me féin an cúrsa trí chéile¹⁷⁴³/ – chriathruigheamair go maith é. Ní thaithnigeann/ sé linn ach ar chás dualgais agus prínseabáil bíodh/ sé mar sin. Tháinig beartán ó Sh. agus ó E. indiugh –/ cailíní maithe iad san.... Bíonn na poilíní anois/¹⁷⁴⁴ maidean agus tráthnóna ag deunamh/
- 3215 foraire ar dhóirsibh thighthe an bhídh chun gan¹⁷⁴⁵ leigeant/ dos na bráigheannaibh aon bhiadh do thabhairt/ amach. Dhá bhín¹⁷⁴⁶ ón bhín¹⁷⁴⁷. D’ aithneófaidhe ar na/ bráigheannaibh go bhfuil rud éigin lé tárlachtaint/ agus ná haithneóchadh aonne ar an scríobh an/ suathadh atá ar m’ aigne (suathadh gan eagla/ ámhthach). Táim ag léigheamh Sceul Cúculainn/ ag S. Ó G. Is breágh an léigheoireacht é gan/ amhras.
- 3220 Sid é deireadh an leabhair: “D’ éag Cúchulainn caomh áluinn dochlaoidhte.¹⁷⁴⁸”/ An mar sin a bheas agam sa? Cá bhfios?/

/1v/ 10x18x23 -

- 3225 Tá sé a 8 a chlog ist oidhche. Tá an stailc/ oibre¹⁷⁴⁹ fógartha. D’ aithnigheas lé seachtmhain go raibh rud/ éigin ag teacht. Tá sé tagtha anois – dá rírib! Is/ eól dúinn go bhfuil trí camthaidhe ar stailc ó n-a/ sé a chlog ar maidin ambáireach. Budh shoifheicse ar na/ fearaibh ó mhaidean go raibh fuadar éigin fúinn ar gach/ taobh. Budh chosamhail ciúnas na huaine leis an/ gciúnas agus mhairbheacht a thagas roim
- 3230 cioth mór/ trom, nuair bhíonn sé ag sugh chuige. Léigheadh an t-órdugh/ dhúinn

¹⁷⁴⁰ *is cosúil gur tharraing an Cóta an líne i ndiaidh san in ionad ‘Joy’ mar is i Mountjoy a thosaigh an stailc ocrais ar 13 Deireadh Fómhair; is cosúil go raibh sé ag iarraidh pleananna na bpríosúnach a cheilt*

¹⁷⁴¹ *tosach an fhocail doiléir, sleamhnú pinn tríd an séimhiú ar c*

¹⁷⁴² *is cosúil gur fágadh ‘go’ ar lár idir dócha agus raigheadh*

¹⁷⁴³ *tósach an fhocail doiléir, an séimhiú ar c nasctha leis an síneadh fada ar i san fhocal trí*

¹⁷⁴⁴ *maidin add. ach stríoctha amach*

¹⁷⁴⁵ *deireadh an fhocail doiléir, n scríofa go doiléir*

¹⁷⁴⁶ *b’fhéidir giorrúchán de ‘bhliúirín’*

¹⁷⁴⁷ *nó b’fhéidir ‘bh m’; is cosúil gur giorrúchán é seo ach níltear in ann a rá céard is giorrúchán de é*

¹⁷⁴⁸ *níl lánstad ar bith i ndiaidh dochlaoidhte, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é An*

¹⁷⁴⁹ *léigh ‘ocrais’ in ionad oibre*

anocht. Glacadh leis lé gáir mhaoidhte.../ Tá gach aon'ne ag itheadh¹⁷⁵⁰ a dhóthana
 i/ gcomhair an choimheascair. Ní fheaca riamh na fir/ chómh scleóndarach; táid ag
 amhrán sag áilteoireacht.¹⁷⁵¹/ Tháinig dosaon éigin maircréal indiugh chugham ó/
 Eumonn Ó Connchabhair. Nuair bhí Dónal Ó Súilleabháin/ ghá nighe d'fheuch sé
 3235 orm agus meangagaire air:/ "Is iomdha ceann aca bhain t'úncail Seumas Sheosaimh/
 amach riamh." Gháir Seán Ó Cinnéide, Dónal agus mé féin.¹⁷⁵² Tá an t-iasc ithte
 anois againn.¹⁷⁵³ Sé deir/ Criostóir Ó Foghludha gur chosamhail é leis an/ "Seire
 Dheidheanach" an t-iasc as an dá bhulóg./ Mhaoidh mo ghean gáire orm. Nách
 easbuil sinne/ leis?... Táim ag léigheamh "Breicneach" agus bhíos/ díreach ag an áit
 3240 go mbailigheann éanlaithe/ an bhogaig tímceall ar Bhean Uí Dhuinninn toisc/ ná
 rabhadar taitheach uirthé – an lá chuaidh/ "Breicneach" isteach on bhaile go dtin
 "Aingeal"/ lé n-a hata. Cuireann "Breicneach" Freckles¹⁷⁵⁴ i/ gcuimhne dhom Padraig
 Ó Leathlobhair agus é ag/ beathugh na bhfaoilean agus na n-eun eile.¹⁷⁵⁵ /2r/ Cad
 budh cheart dom a rádh anois? Faic? Cad/ d'fheudfainn a radh? Cuid mhaith im
 3245 thaobh féin./ An bhfuil faitchíos orm? Níl ach oiread agus bhí an lá/ tógadh me. Má
 sé toil Dé, se toil De é! Dá/ mbeadh a fhios ag mo cháirdibh anocht connus¹⁷⁵⁶ mar/ tá
 agam ná beadh dolbhach¹⁷⁵⁷ ortha? Bheadh gan amhras/ agus nách mar sin atá ag
 gach bráighe eile? Táim/ cinnte gur b'eadh. Scaras féin agus Seósaimh/ lé chéile
 chómh gealgháirteach agus dheineamair gach/ aon tráthnóna eile.... Mo cheud slán
 3250 chun gach/ aonne anocht, chun Sighle, Eibhlin, Cáit, Máire,/ agus Máire eile, Neans.
 A Neans go mórmhór./ Ní toisc ná hainmigheann¹⁷⁵⁸ mo mhuintir féin/ i dtúis go
 ndearmhadaim iad – m'athair/ agus mo mháthair, Peig, Seumas, Muiris, Liam/ agus a
 bhean agus a gclann,¹⁷⁵⁹ Dónal, Seán/ Peig beag (go bhfuil fáine deunta agam di),/
 Seumaisín (Haib an leasainm a bhí agam air)/ anocht tá mo chroidhe lán de
 3255 dheagthoil dos gach/ aonne¹⁷⁶⁰ idir charaid agus freasabhraidhe.¹⁷⁶¹/ A¹⁷⁶² Cheann

¹⁷⁵⁰ a dhóthain *add. ach stríoctha amach*

¹⁷⁵¹ *doiléir, an lánstad nasctha leis an t roimhe*

¹⁷⁵² *doiléir, sleamhnú pinn tríd an lánstad*

¹⁷⁵³ *níl lánstad ar bith i ndiaidh againn, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é*

Sé

¹⁷⁵⁴ *níltear in ann a rá go deimhneach cén fáth ar scríobh an Cóta ainm an charachtair as Gaeilge agus as Béarla, b'fhéidir go raibh sé ag déanamh soiléirithe ar cén carachtar a bhí i gceist nó b'fhéidir gur scríobh sé Freckles trí thimpiste*

¹⁷⁵⁵ *níl lánstad ar bith i ndiaidh eile, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é* Cad

¹⁷⁵⁶ *lár an fhocail doiléir, nu scríofa go doiléir*

¹⁷⁵⁷ *lár an fhocail doiléir, l ceartaithé ó b*

¹⁷⁵⁸ *léigh 'hainmighim' in ionad hainmigheann*

¹⁷⁵⁹ *D add. ach stríoctha amach*

¹⁷⁶⁰ *idir add. ach stríoctha amach*

Dubh (Neans/ Ní Theáchain) táir go beó im chroidhe, im/ smaointibh, im bheatha. Cá bhfuilir anocht?/ Dá mbeadh fhios agat Seán Óg, do Sheán féin bheith/ san gcás so anocht,¹⁷⁶³ cad deurfá? Tá a fhios/ agam cad deirteá nuair bhí T. Mac S. ar/ stailc ocrais. Is dócha na buailfimid le chéile /2v/ go deó airís ach tá súil agam go
 3260 mbuailfimid/ lé chéile i saoghal éigin eile. (Á, a Chait, a Chaitín/ Chrosta d'fhóibair dom tu dhearmhad agus/ ní fheudfainn choidhche. Tá do phaidrín agam/ – briste gan leigheas air (chailleas an paidrín/ a chuir E chugham go geairid ó shoin agus is/ oth liom é). Airís mo shlán chun gach aon'ne./

3265 10x19x23.

Lá cruaidh fuar, cuma mharbh mar beadh/ lá saoire ar gach aon rud. Táim cheithre huaire deug/ im thoscadh anois – ar a trí chlog ar maidin indiugh/ d'itheas an ghreim deireannach, airéir sar a ndeaghamair/ 'on leabaidh chinneamair ar fanacht anchiúin fé
 3270 smacht/ agus óighréir mar is cuibhe¹⁷⁶⁴ de shaighdiúiribh in aghaidh/ gach broide agus tuargana. Saghas tuairme againn/ ná beadh suaimhneas againn mar tá. Chun a gcirt/ féin do thabhairt dóibh tá lucht ceannais an tSS./ gan aonchrúisteach orainn agus tá gach aonnidh deunta/ mar is gnáth ach nár ith na bráigheanna.../ Go deidheanach airéir rúnuigheamair ar eirighe go moch/ agus an cheudphroinn dheireannach do
 3275 bheith againn,/ ach níor mhochóirghe é ach ragairne mar bhí cuid aca/ n-a suidhe ar leathuair tréis a dó,¹⁷⁶⁵ n-a léinteacaibh/ agus a sean stáin meirgeacha aca ag/ deunamh té dhóibh féin. Bhraith na poilíní iad,/ agus chómh luath agus chuireadar chun an dorais/ d'oscailt phreab na hághchócairí chun a leapan/ ach chómh luath agus airig na póilíní¹⁷⁶⁶ cad/ bhí ar siubhall thugadar cead dóibh agus n-a/ theannta san
 3280 thugadar calán mór té isteach/ chúcha as thig na cócaireachta. /3r/ As san go dtí 4.30 té, cócó, arán agus aroile ar siubhall./ D'eirig gach aonne go moch agus bhí gach fear/ n-a sheasamh ag a leabaidh ar a 8. Tamaillín roim/ aimsir cómhairimh táinig beirt nó triúr oifigeach isteach/ agus ainmeacha triúir aca a bhí le fuascailt/ ach níor tugadh aon tor ortha agus b'éigean/ dóibh imtheacht. Tréis aimsir infhiúchta

¹⁷⁶¹ *doiléir, an lánstad nasctha leis an e roimhe*

¹⁷⁶² Neans, A Cheann Dubh *add. ach stríoctha amach; A add. i ndiaidh Dubh*

¹⁷⁶³ *doiléir, sleamhnú pinn tríd an gcamóg*

¹⁷⁶⁴ *lár an fhocail doiléir, b ceartaithe ó d*

¹⁷⁶⁵ *doiléir, sleamhnú pinn tríd an gcamóg*

¹⁷⁶⁶ *go add. ach stríoctha amach*

Tá fuacht gaoth agus báisteach/ ann anocht. Sid é an dara lá curtha isteach agam/ gan
3315 na trí béilidhibh. Braithim “lán de cheól” mar/ deirtear ag baile. Tá breis bráighe
anocht/ againn – deichneabhar nó aonne deug, – cuid/ aca so tugadh on J. airéir. Tá a
bhfurmhór¹⁷⁷³ /4r/ ar stailc ó Dhomhnach agus ní misdide iad,/ sé sin táid fé
dheallramh mhaith. Bhuail triúr nó/ ceathrar liom ar a measc go raibh aithne ceana/
agam ortha, O Muirgheasaigh ó aice Brugh Ríogh,/ is minic a bhuaileamair lé chéile
3320 ag Droichead/ na Gearrúise anuiridh, Seán O Conaill dligheadóir,/ an Dubhánach ó
aice an Daingin agus Seumas/ Ó Laoi a bhí n-a bhainisteóir ar an Bhalldorf Astoiria i
Nuadh Eabhrach. Bhíodar go léir/ caithte i ngabhal a chéile i bpobal 18, san eaglas/
tréis na hoidhche agus a¹⁷⁷⁴ dtabhartha ón J./¹⁷⁷⁵ mar a rabhadar ar stailc ó
Dhomhnach, in/ a dtrainsíníbh, cuid mhaith aca i lár an úrláir.¹⁷⁷⁶/ Budh ghreanmhar
3325 cé tromdha an radharc iad/ (ar feadh na hoidhche bhí ár gcluasa bodhar/ ag
leapachaibh iarainn ghá tharang isteach/ samach i bpollaibh dóibh) agus i mbeul an
dorais/ bhí ballóga breághtha bána agus ballóga breaca/ ruisíní a chuirfeadh
smeacarnach ar ósaibh dhuine/ ocrraig feuchaint ortha. Bshid iad na ballóga a bhí/ ins
na beartánaibh dúinne. Caitheadh isteach/ chun na mbraigheann airéir iad feuchaint
3330 an/ íosfaidís iad. D’ith cuid aca ná raibh ar stailc/ – an uair sin ach atá anois – beagán
ach/ chaith na bráigheanna amach i mbeul an/ dorais iad agus n-a dhiadh san
caitheadh /4v/ amach on trínse iad. Ghaibh sé tríom biadh Dé/ d’fheicsint ar an aoide
sin agus d’fhiafruigheas/ diom féin go minic nárbh ait an toisc a thug/ ar an gcuma so
sinn? Níor ródheas an/ clodh a bhí tugtha ar tig Dé ach an oiread/ “Anáirde ar an
3335 altóir do chuireas mo hata”/ arsa bráighe. Budh dheallramhtaighe an áit/ lé osbuideal
nó otharlann éigin tréis catha/ na lé¹⁷⁷⁷ tig créidhe agus úrnaighe./ Is uathbhásach na
sceulta atá aca so tháinig/ ón J. ar an ndeunamh a fuaireadar ann./ Fágadh dhá lá agus
oidhche amuig i gclós/ an charcair iad ar an sille bhaoghal bháidhte/ agus gluaisteáin
airm ar a bhforaire/ sa soillse ag deallradh ortha! Chuir Seán/ Mac Giolla Riogha
3340 dreatháir Mhicil in/ aithne dhom buachaill a gonadh le piléar/ i bhfuinneóg an
charcair sin toisc é bheith/ ag feuchaint amach ar shocraid L¹⁷⁷⁸./

¹⁷⁷³ *deireadh an fhocail doiléir, an séimhiú ar m nasctha leis an síneadh fada ar o*

¹⁷⁷⁴ *dt add. ach stríoctha amach*

¹⁷⁷⁵ *m add. ach stríoctha amach*

¹⁷⁷⁶ *níl lánstad ar bith i ndiaidh úrláir, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é
Budh*

¹⁷⁷⁷ *fasca add. ach stríoctha amach*

¹⁷⁷⁸ *dhá líne faoi bhun L*

- Ar maidin nuair dhúisigheas bhí dhá pháipéar/ ar an úrlár in aice liom a
caitheadh isteach/ chugham tríd an bhfuinneóig am éigin den/ oidhche. Cad budh
bhun lé mórán leitreach/ do chur isteach chughainn le linn na hoidhche/ anocht?
- 3345 Cuma na Saoire ar an lá indiugh/ ar fad. Cuma mhaith churanta ar na fearaibh. /5r/ Sé
a bhfuil de thoradh na talmhan ag dul i mbolg na/ bhfear boguisce a's gráine salainn
air! Dar/ m'fhallaing ach gur scubhárdach an lón é. Tá/ lucht ár gcoimeádta anchiúin
- fós ach go/ háirighthe. Níor deineadh aon infhiuchadh orrain/ indiugh.... Is
iomadamhail iad mo smaointe.¹⁷⁷⁹ Táid ag rás lé chéile go fothraghach ach is fíor/
3350 gur beag a deir an duine i bhfiadnais broide¹⁷⁸⁰/ focal beag neamhghuiseach, nó
carghall éigin/ ag tagairt do nidh éigin ná baineann lé n-a/ staid.... Is duairc, dubh an
clodh a bhí ar/ Thighthibh na Cócaireachta agus an Bhídh indiugh/ b'iad san na baill
budh thabhachtaighe agus is/ mo shúig caoraidheacht na bhfear ó thangamair/ annso
go dtí indé! Fós, anois agus airís/ cuireann greamanna beaga (no móra)/ éigin i ngoile
3355 dhuine an inchinn ag obair/ agus cúbán nó muga nó scian no pláta no/ aon cheann aca
so a bhíos tímcheall bidh sméideann/ orainn ghá chur i bhfighis orainn go n-
ithimís¹⁷⁸¹/ tráth dár saoghal. Agus ní luatha an machtnamh/ san ná motháilt go bhfuil
stailc ocrais/ ann¹⁷⁸² agus cuirtear duine ar a aithreanachaibh¹⁷⁸³/ go grod./¹⁷⁸⁴
- 3360 /5v/ 10x22x23¹⁷⁸⁵.

- An Domhnach¹⁷⁸⁶. Tháinig an sagart indiugh agus/ chuaidh cuid mhaith i
gcailidheacht chun aifrinn. Níor/ thuit aon tromshuan airéir orm mar bhíos ag/
fitheamh le _____¹⁷⁸⁷ bhíos idir im chodladh agus im dhúiseacht/ nuair _____¹⁷⁸⁸
- 3365 tímcheall a cúig ar maidin indiugh dob eadh/ é. Ceathanna troma báistighe i

¹⁷⁷⁹ doiléir, an lánstad nasctha leis an e roimhe

¹⁷⁸⁰ deireadh an fhocail doiléir, e scríofa go doiléir

¹⁷⁸¹ folíniú faoi dhó

¹⁷⁸² lár an fhocail doiléir, an chéad n athscríofa

¹⁷⁸³ lár an fhocail doiléir, e scríofa go doiléir

¹⁷⁸⁴ líne ornáideach ar an gcéad líne eile

¹⁷⁸⁵ léigh '10x21x23' in ionad 10x22x23 mar ba Dhomhnach é '10x21x23'

¹⁷⁸⁶ an leathanach stróicthe trí D

¹⁷⁸⁷ is cosúil gur tharraing an Cóta an líne idir le agus bhíos in ionad ainm an duine a thug na
litreacha amach as an gcampa géibhinn ar a shon; is cosúil go raibh sé ag iarraidh céannacht an
duine a cheilt

¹⁷⁸⁸ is cosúil gur tharraing an Cóta an líne idir nuair agus tímcheall in ionad 'a tháinig sé chun na
leitreacha do thógaint' nó rud éigin ar nós sin; is cosúil go raibh sé ag iarraidh an rud a bhí á
dhéanamh acu a cheilt

gcaitheamh na hoidhche.¹⁷⁸⁹/ Chuala glaodh coilig agus chuir sé i gcuimhne dom/
 laetheanta atá imthighthe. Bhíos im dhúiseacht go/ moch ar maidin agus ag tarang
 toitín nuair/ ghaibh L. tharm. D’fhiafruig sé dhíom connus bhíos/ d’fhreagras go
 rabhas ag fághail bháis leis an/ ocras¹⁷⁹⁰, ach ní rabhas ná nílim fós, is fearr a
 3370 bhraithim/ anocht ná bhraitheas airéir. Ní fheadar connus mar/ bheidh agam ist
 oidhche ambáireach.... Bhíos im/ shuide go luath agus an teine aduighthe agam./
 Chuir an teas breis anama ins na bráigheannaibh/ ní mór a bhí n-a suidhe i gcomhair
 cómhairighthe./ Bearnas me féin agus ghlanas me féin agus chuireas na/ balcaisí is
 fearr agam orm. Thugas cuaird timcheall/ ag meisniugh aonne go bhfeaca chuma/
 3375 dhubhach air nó ceannfé. Bhuail oifigeach liom/ “Dia dhuit a Sheáin,” ar seisean
 “Dia dhuit,” arsa¹⁷⁹¹/ mise, “Tá súil agam go dtaitheóchaidh do/ cheudphroinn leat.”
 Gháir sé. Dheineamair/ cómhradh. “Is uathbhásach an freagarthas/ d’aon bheirt nó
 triúr an rud so do thógaint/

3380 **Leathanach ar iarraidh**

/7r/¹⁷⁹² agus gur fhreagair ár gceann camtha-na go/ raibh ár dtaobh na chómh daingean
 ceudna! Sin/ é anois, mar tá an cúrsa.... Bhuail Ó¹⁷⁹³ M. liom/ “An bhfuil ocras ort?”
 “Tá, d’íofainn trí/ nó ceathair de phúntaibh stéige anois, ach ní/ raibh mo shláinte
 3385 chómh¹⁷⁹⁴ le fada.¹⁷⁹⁵ Cad chuige/ an t-arán san fheoil?” d’fhiafruigheas/ “Chun na
 “trúpanna” do bheathugh” ar seisean,¹⁷⁹⁶/ “I gcoinnibh a dtola, an ead?”
 d’fhiafruigheas/ “O, ní headh in aochor,” ar seisean agus gháir sé./ Pé sceul, a
 léightheóir, chuirfeadh an t-arán/ san fheoil úd agus iad d’fhághail i sliغه
 oireamhnach/ uisce le fiaclaibh aon’ne as gan é/ bheith rófhada ar troscadh ach an
 3390 oiread./

¹⁷⁸⁹ *níl lánstad ar bith i ndiaidh hoidhche, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Chuala*

¹⁷⁹⁰ *deireadh an fhocail doiléir, dúch doirte ar s*

¹⁷⁹¹ *deireadh an fhocail doiléir, an dara a scríofa go doiléir*

¹⁷⁹² *is cosúil gur cuid den iontráil do ‘10x21x23’ í seo mar scríobh Seosamh Mac Cathmhaoil an méid seo a leanas ina dhialann ar ‘10x21x23: ‘News in that Brown a Belfastman is taking food – went over with mug and plate to P.A’s...S.K. in...Captain Murphy’s story: - “The troops must eat in the morning.” “Does it mean that we will be forced to eat?” “Oh no, there’ll be nothing of that.”*

¹⁷⁹³ *doiléir, O athscríofa*

¹⁷⁹⁴ *is cosúil gur fágadh ‘maith’ ar lár idir chómh agus le*

¹⁷⁹⁵ *comharthaí athfhriotail add. i ndiaidh fada ach stríoctha amach*

¹⁷⁹⁶ *“I add. ach stríoctha amach*

Lé deireanaighe an tráthnóna cuireadh/ braigheanna Chamtha a trí amach fén
 eatrinn/ agus chonnacamair uain sall thar Camtha a/ do gasra mhór póilín búird as
 rudaidhe/ ghá iomchar aca amach as na pobalaibh/ tá sé ráidhte gur b’amhlaidh a
 fágadh biadh/ i gcómhair na mbráigheann istig. Bhí áthas/ orainn nuair chonnacamair
 3395 dá scaoileadh/ isteach iad ón oidhche, ón bhfuacht, as ón/ mbáistig.... Níl ach
 fothdhuine tímceall na/ dteinteacha anocht – tá a bhfurmhor san /7v/ leabaidh. Bhein
 féin leis innte mar tá greamanna/ ocrais orm mara¹⁷⁹⁷ mbeadh me/ bheith ag fitheamh
 lé fear na fuinneóige!/
 Ní haon rud nuadh ná iasachta ag Éireannacaibh/ stailc ocrais. Cúntas a bhí

3400 san bpáipéar/ airéir nó indiugh ar an “Seanchas Mór”/ do léigheas go bhfanadh fear
 cairde¹⁷⁹⁸ lasmuig de/ thig fir fiach n-a shuidhe gan faic d’itheadh go/ ndíoltaidhe agus
 ná beadh súil ag an éimightheóir/ lé truagh ó Dhia ná dhuine. Is eagal/ liom gur
 iomdha duine de lucht na cáirde/ a gheobhadh bás um an aimsir seo dá gcuireadh/
 roimis an ghluais sin.¹⁷⁹⁹ Idir/ a lithéidí agus ár¹⁸⁰⁰ lithéidí-ne bheadh sé/ ceaca is
 3405 túisce gheobhadh bás!!!!....¹⁸⁰¹/ Á d’fhóibair dom a dearmhad thug bráighe suas/
 indiugh, an cuanaire! Bhuail sé amach/ agus fuair biadh ach níor tugadh thar n-ais.¹⁸⁰²
 Chonnac fear eile leis ag dul go dtín ngeata/ agus labhairt leis an gC. Rith seisean
 suas go/ dtín ngeata eile. Béiceadh ar an mbleácach/ agus chuir de ón ngeata agus
 deabhadh air. Chonnac/ leis beirt n-a dhiadh san ag piardáil isteach/ trí dhoras thighe
 3410 na cócaireachta mar a/ bhfuil an t-arán – ocrais dóighte go¹⁸⁰³ raibh ortha! /8r/ Dhá
 oidhche i ndiaidh a chéile anois do stad m’uaireadóir/ ar seacht nóimintí tréis a haon
 a.m.¹⁸⁰⁴/ An aon drochthuar é sin? Agus airéir bhí T./ Ó Duinneachaigh ó Chorcaig
 ag taidhreamh orm/ go rabhas an¹⁸⁰⁵ áit éigin mar *museum* mara/ raibh dealbh Thaidhg
 de Barra, é siúd a lamhachadh/ i mBaile Ch. agus go¹⁸⁰⁶ rabhas-sa/ ag¹⁸⁰⁷ deimhniugh
 3415 rud éigin i dtaobh an/ dealbha agus gur labhair an dealbh agus go/ ndubhairt go
 bhfaighimís go léir bás an turus/ so.

¹⁷⁹⁷ mbea *add. ach stríoctha amach*

¹⁷⁹⁸ fear cairde *os cionn na líne agus fear fiach add. stríoctha amach faoi; creid add. idir fear agus cairde ach stríoctha amach*

¹⁷⁹⁹ Idir iad so *add. ach stríoctha amach*

¹⁸⁰⁰ leiti *add. ach stríoctha amach*

¹⁸⁰¹ Á dob *add. ach stríoctha amach*

¹⁸⁰² *níl lánstad ar bith i ndiaidh n-ais, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Chonnac*

¹⁸⁰³ *tosach an fhocail doiléir, g ceartaithe ó rud éigin*

¹⁸⁰⁴ *ante meridiem*

¹⁸⁰⁵ *léigh ‘in’ in ionad an*

¹⁸⁰⁶ rabhas agus *add. ach stríoctha amach*

¹⁸⁰⁷ deimhniighi *add. ach stríoctha amach*

10x22x23.

- 3420 Chodlas go maith airéir d’aimhdheóin gach/ aonnidh. Bhí pianta orm i dtosach na hoidhche ach d’imthigheadar/ i ndiaidh a chéile. Dhúisigheas moch mar is gnáthach/ liom. D’eirigheas amach,¹⁸⁰⁸ chóirigheas an teine - d’eitig/ bráighe me ar chúpla cnapán guail, duine gur minic/ a thugas gal do – sin mar bhíonn. Tamall tréis tráth/ cómháirighthe agus gasra againn n-ár seasamh/ amuigh ag tig na cócaireachta rith
- 3425 bráighe ag gol/ amach as phobal a ceathair as gan air ach a léine/ thug sé an oidhche go holc lé n-a chroidhe chuala./ Caitheadh é d’iomchar thar n-ais go¹⁸⁰⁹ dtí n-a/ phobal. Tá mórán ar an bpáipéar indiugh mar/ gheall ar an dtoghadh in Áth Cliath Teas, mar gheall/ ar na cruinnighthibh a bhí gach taobh indé, mar/ gheall ar úrnaighthibh agus cruinnighthibh ar fuaid/ na dúthaighe ar son na mbráigheann /8v/
- 3430 óráideacha searbha,¹⁸¹⁰ fiadaine ón uachtarán/ agus ón mBlaghdach indé, ghá áiteamh gur mar/ mhagadh táimíd. An mar sin taidhbsightear do/ daoinibh go bhfuil a mbolg lán aca? “Ní mhothuigheann/ an sáthach an trátach ocrach” ach mothochaidh/ an S.S. é seo má leanaid do.... D’eulug/ Seán Mac Giolla Brighde as bhascarlach¹⁸¹¹ lá nó/ dhó ó shoin, é féin agus beirt eile agus iad ghá/ thabhairt ón J. go dtí áit ghabhainn
- 3435 éigin eile./ Chonnac ar an bpáipéar gur ceileabhradh an Choróin/ Mhuire lé cead an Athar Uí Shéaghdha i gCill Macallóg/ indé. Is dócha go raibh S. agus E. n-a bhun lé n-a/ gcabhair. Mo bheannacht ortha.... Is beag des na/ bráigheannaibh n-a suidhe indiugh. Ar dhul go tig/ an ionnladhtha dhom indiugh ní raibh ann ach aon’ne/ amháin eile. Tá an eatrann tréigthe – níl/ siubhall duine, cluiche peile, gáir ná cleas
- 3440 ann/ anois. Is minic a deireadh Pádraig Ó Cathasaigh go/ raibh sé sa tarngaireacht gur ar Churach Chille/ Dara cuirfidhe an cath deidheanach. An é seo/ é? B’fhéidir. Is iomdha leacht agus dearbhadh san/ gceanntar so a fhoillsigheas gur b’iomadamhail/ teagmhas áidbhéil cheana féin ann – Naomh/ Brighde sa bhrat, Mullach Maiste, Baile Bhódáin/ mar a bhfuil uaig Bhólf Teón, na beairrici¹⁸¹²/ seo ar mo chúl a bhí ag
- 3445 Sasana tráth –/ cómhartaide nárbh iongadh dá dtárlóchadh creach/

¹⁸⁰⁸ g *add. ach stríoctha amach*

¹⁸⁰⁹ dtin *add. ach stríoctha amach*

¹⁸¹⁰ fiadna *add. ach stríoctha amach*

¹⁸¹¹ an *add. ach stríoctha amach*

¹⁸¹² síneadh fada *add. os cionn an dara i ach stríoctha amach*

Leathanach ar iarraidh

/10r/¹⁸¹³ an mhaidean tirim beidís ann agus cosamhlacht/ badhba ar fuaid catha fuilte
3450 ortha! Agus/ níor thaithneamhach an rud san. Cad mhactnuigheas;/ an cheud rud go
raibh Dia ann/ agus go mbeurfadh Sé saor me tríd an/ mbroid gháibhthig seo; agus go
díreach ar a/ shálaibh sin rith chugham smaointe connus/ cad é toisc an tsaoghail, ce
cruthnuig é agus/ an uile rud a fhásas, a mhaireas, a tá/ ar a únámh as ar a dhruim as
n-a chreatlach/? – an freagra: Dia. Agus annsan cad as/ do Dhia mór searmhar féin?
3455 An freagra/ rúndiamhair, agus d’fhágas mar sin, agus/ luighfead le Dia im inntin agus
tá dóchas/ agam go seasóchad lá éigin n-a láthair go/ humhal ach go neimheaglach
roim a ghlóire, a/ thrócaire sa bhreitheamhantas.... Táim im/ shuidhe annso anois os
chómhair droichtheine/ níl ach aonne amháin eile n-a shuidhe agus me/ mo
cheudphroinn indiugh bolgam uisce!!! Is maith an tuar é chun maireachtainte.¹⁸¹⁴
3460 Anois léighfead beagan. Táim ag ól toitíní gan/ sos. (Ist oidhche) Bailighthe
tímcheall na teine,/ mar a bhfuil beagán teasa againn. Indiugh/ dhearmhadas a rádh
go bhfuairas calán mór/ guail ó Ph.A.¹⁸¹⁵ – lé truagh, is docha. D’oir sé/ go dóigte.
Bhraitheas na geuga lag ar maidin /10v/ ach mar sin féin d’fhanas ar mo chosaibh
agus dhein/ an t-aer maith dhom. An t-órdug fuaireamair/ dhá lá ó shoin gan ár n-
3465 ainm ná ár n-uimhir/ d’fhreagairt. Seunadh é sin tráthnona! Chuaidh/ cúigear no
seisear amach ag itheadh, cócaire/ tráth dob eadh duine aca go mbíodh meas mór/ aige
air féin. D’fhreagair a thuille aca a/ n-ainmeacha agus scaoileadh abhaile iad/ san.¹⁸¹⁶
Is mé an cheud duine indiugh a/ fuair an cheud sceula – deireadh ghá cur/ lé¹⁸¹⁷ hAire
Lorgtha Córa, agus an t-arm/ ghá luigheadugh, bás Philib Mhac Coscair, agus/ go
3470 raibh gach aonne ar toilceulacan!/ Scaipeas an sceula chómh tapaidh agus d’fheudas/
agus i ngach áit dár ghaibheas labhras go somheanmach/ leis gach aon’ne. Níor
tháinig aon/ leitreacha isteach indiugh; tháinig beagán beartán/ ach ní raibh aon
cheann domhsa.... Tá mórchuid/ fear sa leapachaibh. Annso agus annsúd/ chidhfeá
duine nó dhó n-a shuidhe ar leabaidh/¹⁸¹⁸ éiglidhe ag labhairt briathar misneamhla./

¹⁸¹³ *is cosúil gur cuid den iontráil do ‘10x23x23’ í seo mar scríobh Seosamh Mac Cathmhaoil an méid seo a leanas ina dhialann ar ‘10x23x23’: ‘S.K. came to me in washhouse with news...Phil Cosgrave dead...Order countermanded. New order from H.Q. “Men to answer names and numbers...”*

¹⁸¹⁴ *doiléir, an lánstad nasctha leis an e roimhe*

¹⁸¹⁵ *Phóilín Airm*

¹⁸¹⁶ *Taim add. ach stríoctha amach*

¹⁸¹⁷ *co add. ach stríoctha amach*

¹⁸¹⁸ *eiglid add. ach stríoctha amach*

3475 Tá dóchas againn go mbeidh an stailc i leathaoibh/ fé dheireadh na seachtmhaine.
Mara/ mbeidh; agus ar a bheith féin beidh an cúrsa/ go dona. Cé thabharfaidh aire dos
na¹⁸¹⁹/ fearaibh a bhéas rolag chun bídh scubhádaig/

Leathanach ar iarraidh

3480

/12r¹⁸²⁰/¹⁸²¹ shaoluigheadar mac chómh bríoghmhar agus/ bhraithim anocht, a bhuidhe
lé Dia. Táim/ thar bárr ar fad anocht, d'fhág¹⁸²²/ triúr ar bpobal indiugh agus chuadar
abhaile/ agus d'fhág triúr scaistí tráthnóna/ é ag itheadh! D'fhág tímceall le 30
dhuine/ fichead ar fad an chamtha¹⁸²³ ar a bhfuascailt/ agus tímcheall dháreug¹⁸²⁴ chun

3485 ithte./

Tugadh beirt, is clos dom as an ósbuidéal/ chun siubhail san
“mbascarlaig.¹⁸²⁵” Is ins an/ osbuidéal (a bí) a bhíodar san. Níor leigheas/ puinn
indiugh. Thugas tamall ag cainnt/ le Seumas Ó Laoi go raibh aithne agam/ air san
Oileán Úr agus é¹⁸²⁶ bhainisteóir/ mar dubhart cheana. Dá mbeadh sé san/ Bhaldorf

3490 Astoiria anocht ní bheadh a ghoile/ ar chaolchuid mar tá i mBaile an Stáin./

Thugas féin san File leis tamall i dteannta/ chéile ag tabhairt misnig dá chéile,
agus/ mhóidigheamair faid agus bheadh aon lúth/ n-ár gcosaibh go bhfanfaimís ag
únámh/ tímceall. Fuair P. S. beartán ó n-a/ mhnaoi a tháinig ar a thuairisc inde.¹⁸²⁷/
Dréir deallraimh tá an dúthaig ag /12v/ éigheamh ar son ár bhfuascaltha. Trí/

3495 leitreacha indiugh, ceann ó Sh agus dhá cheann/ ó E. ag tabhairt cómhairle dhom.

Cailíní/ maithe. Tá mo ghuide agus mo bheannacht/ aca.... Is dócha go mbuailtear
duine de¹⁸²⁸/ phreab leis an ocras - Ní hag maoidheamh/ atáim ach táim lán de cheól

¹⁸¹⁹ f *add. ach stríoctha amach*

¹⁸²⁰ 12 *add. ar thaobh na láimhe clé ar bharr an leathanaigh, é scríofa i bpeannaireacht an Chóta le peann luaidhe, is é is dóichí gur scríobhadh am éigin i ndiaidh na coda eile den leathanach é*
¹⁸²¹ *is cosúil gur cuid den iontráil do '10x24x23' í seo mar scríobh Seosamh Mac Cathmhaoil an méid seo a leanas ina dhialann ar '10x24x23: 'Walked with S.K. in brisk wind. Fresher and stronger.*

“We’ll keep game to the last,” said S.K. with bravado (and spirit too)...over to Fr. Stuart in Hut 1. Fr. in bed. His wife was down yesterday. Doherty brought in a message, with hot water bag and parcel of lemons.”

¹⁸²² triúr *add. ach stríoctha amach*

¹⁸²³ os cionn na líne agus pobal *add. stríoctha amach faoi*

¹⁸²⁴ cun *add. ach stríoctha amach*

¹⁸²⁵ doiléir, an lánstad nasctha leis an g roimhe

¹⁸²⁶ is cosúil gur fágadh ‘n-a’ ar lár idir é agus bhainisteóir

¹⁸²⁷ doiléir, an lánstad nasctha leis an e roimhe

¹⁸²⁸ deireadh an fhocail doiléir, e scríofa go doiléir

fós ach go/ háirighthe. Ní dócha go bhfuil deireadh an/ choimheascair uain anois –
 bás nó/ Saoirse. Mar dubhairt Pádraig Mac/ Énrí gaibhim¹⁸²⁹ Saoirse nó bás./
 3500 Nách seascair atá daoine eile ag itheadh/ anocht? Nách¹⁸³⁰ iomdha béile
 mhaith shógail/ d'itheas ist oidhche it fhochair a Cheann Dubh,/ a Cháitín Crosta, a
 Mháire Ní Ch____ a/ Cháit Ní Ch____, a Mháire H____./
 A¹⁸³¹ Cheann Dubh, cá bhfuilir anocht? Trí bliana/ an dtacaid seo bhímís ag
 argóint le chéile/ mar gheall ar Thoirdealbhac Mac Suibhne/ nuair bhí sé ar¹⁸³² “fhuath
 3505 bidh,” is/ beag a shaoilis an uair sin go rabhas sa/ chómh hamadantamhail sin agus
 leanfain/ an bóthar cheudna. Is dubhach aca sa /13r¹⁸³³/ bhaile anocht mar táim¹⁸³⁴
 cinnte go bhfuil a eólas anois aca. Dar leó, is dócha,/ go bhfuilim i bhfad níos measa
 ná mar/ táim. Meabhruighim¹⁸³⁵ m’athair gan/ focal as nó neachtreaca go
 fíochmhar¹⁸³⁶ - ciúnas sa tig agus leath an pharóiste/ bailighthe isteach ann. Anois níl
 3510 aon’ne/ ag cainnt ach ar an¹⁸³⁷ mball deurfaidh/ duine éigin rud éigin mar gheall orm/
 “go raibh croidhe fial agam,” nó, “Is mór/ an truagh é,” nó, “An cuimhin libh cad/
 dubhairt sé lá na feise nuair ionntuigheadh/ an capall sa cóiste agus/ na daoine ag
 imtheacht ag foirthint/ ar an gcapall – “Geobhfar capall”/ agus annsan deurfaidh Pídí
 – sin é an/ fear a deurfaidh é “Ní mharbhóchadh a/ ndicheall é”¹⁸³⁸ agus gáirfidh gach
 3515 aonne¹⁸³⁹/ – Tá an ceart aca:¹⁸⁴⁰ A Shaoirse,¹⁸⁴¹ adeirim¹⁸⁴² is tú mo chómhhdalta¹⁸⁴³,
is tú mo chéile beatha.¹⁸⁴⁴/

10x25x23:

¹⁸²⁹ bás *add. ach stríoctha amach*

¹⁸³⁰ m *add. ach stríoctha amach*

¹⁸³¹ níl céad líne an ailt seo eangaithe

¹⁸³² fhuath *add. ach stríoctha amach*

¹⁸³³ 13 *add. ar thaobh na láimhe clé ar bharr an leathanaigh, é scríofa i bpeannaireacht an Chóta le peann luaidhe, is é is dóichí gur scríobhadh am éigin i ndiaidh na coda eile den leathanach é*

¹⁸³⁴ cin *add. ach stríoctha amach*

¹⁸³⁵ mo *add. ach stríoctha amach*

¹⁸³⁶ lánstad *add.*

¹⁸³⁷ mba *add. ach stríoctha amach*

¹⁸³⁸ níl comhartha athfhriotail ar bith i ndiaidh é

¹⁸³⁹ comharthaí athfhriotail *add. i ndiaidh aonne*

¹⁸⁴⁰ comharthaí athfhriotail *add. roimh A*

¹⁸⁴¹ comharthaí athfhriotail *add. i ndiaidh Shaoirse*

¹⁸⁴² comharthaí athfhriotail *add. roimh is ach stríoctha amach*

¹⁸⁴³ comharthaí athfhriotail *add. i ndiaidh chómhhdalta ach stríoctha amach*

¹⁸⁴⁴ níl lánstad ar bith i ndiaidh beatha

- 3520 Dhúisigheas tímcheall a cúig: aon/ chodladh níor thuit orm as san amach. Chuala/ fothghlór oidhche ach rothan san bhí an mhaidean/ anmharbh. Ní raibh aonne eile n-a shuide /13v/ indiugh ach me féin agus bleácach a ghéill a's tá tógtha amach ó shoin. Bheannuig Ó Murchadha/ dhom a's é ag gabháil thar mo leabaidh ag/ comháireamh. Gháir sé agus dubhairt "Is tú an/ t-aon duine id shuidhe". Chuireas uisce ag/
- 3525 téidheamh a's nigheas me féin go maith. Tá/ cúigear nó seisear imthighthe amach indiugh. Thug/ an bascarlach ádhbhar turus airéir agus/ fuaim aice on chamtha ag árdach chun/ siubhall daoine a thuit i gceann a gcéadfadha/. Tá an mhaidean indiugh cuibheasach/ stuacach. Braithim go maith buidheachas lé/ Dia. Taidhbhrigheadh Dún Chuinn airéir dom/ agus go rabhas ag dearcadh treasna/ na mara ar an mBlascaod
- 3530 Mhór, taidhbhsigheadh/ dom go raibh gach garrdha agus goirtín/ chómh glas le glas¹⁸⁴⁵. Tá aifreann thall/ indiugh i bpobal a 18 agus faoidine¹⁸⁴⁶ ghá éisteacht./ Tá rún deunta agam - an mbead/ daingean ann? - fanacht go dtéidhim/ amach chun mo shíothchána do dheunamh lé/ Dia.... Caithréim agus Bás Cú Chulainn/ ag S. Ó Grádaígh, an leabhar a bhí ghá léigheamh/ agam agus níor bh'é an Táin... Tá se/ 9.30
- 3535 a chlog anois. Tá ceudphroinn mhaith caithte/ nó is géarr go mbeidh ag mo cháirdibh ach iad so /14r/ atá san Oileán Úr. Go dtéidhidh sé chun a/ maitheasa go léir. Is iomdha san ceudlonga/ maith caithte agam agus caolcheudlongadh/ leis.... Tá obair, ná taithnigheann leó ag/ na pólinibh airm ag breith leapacha na/ sraistí a ghéill amach. Is fada roime sin/ gur dheineadar aon rud¹⁸⁴⁷ duaibhseamhail.¹⁸⁴⁸/ Chonnac
- 3540 ceathrar saighdiúirí ag iomchar/ mála móir (ceann de mhalaidhibh an phuist)/ lán dár gcuid bidh as Phobal an Cheistiucháin¹⁸⁴⁹/ as¹⁸⁵⁰ an Scrúduighthe amach tráthnóna/ inde. Masmas go gcuiridh sé ortha. Nách/ ait an toisc í, – sinne bhí ar ghannchuid/ ar fuath bidh anois agus an t-ádhbhar a cuireadh/ isteach ón dtaobh amuigh chughainn ghá/ árdach chun bóthair! Is áit¹⁸⁵¹ an chuma atá/ tagtha ar mo thír dúthchais.
- 3545 Cloisim go/ raibh an ceann camtha¹⁸⁵² istig tímcheall/ a 3 a chlog ar maidin, ach ní fheaca é. Chuirfinn/ rud maith i gcumha an pháipéir/ d'fhághail anois.... Tá an

¹⁸⁴⁵ léigh, b'fhéidir, 'geamhar' in ionad glas

¹⁸⁴⁶ faoisdine

¹⁸⁴⁷ com add. ach stríoctha amach

¹⁸⁴⁸ níl lánstad ar bith i ndiaidh duaibhseamhail, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Chonnac

¹⁸⁴⁹ deireadh an fhocail doiléir, an síneadh fada ar a nasctha leis an lúbín i ndiaidh phuist atá ar an líne roimhe seo

¹⁸⁵⁰ na n add. ach stríoctha amach

¹⁸⁵¹ ait

¹⁸⁵² isti add. ach stríoctha amach

oidhche¹⁸⁵³ agus braithim/ go maith. Is dócha gur b'amhlaidh a thuitfead¹⁸⁵⁴ i¹⁸⁵⁵/
gceann mo chos gan choine leis. Tháinig leitir/ ó Sh agus ó E agus ó Sheumas – an
triúr aca/ ag guidhe dhom. Suas go dtí tuiteam na/ hoidhche bhí os cionn fiche duine
3550 dréir an /14v/ cheann camtha imthighthe ar a n-aimhleas. Tá/ cuma páirce an chatha
ag teacht ar an/ gcamtha – an bascarlach ag gluaiseacht go/ mear ag iomchar fear sall
go dtí Camtha a haon.¹⁸⁵⁶ Bhí an dochtúir annso agus sluagh idir oifigeach/ agus
phóilín airm n-a fhochair. Táinig fearg/¹⁸⁵⁷ ar an M lé S. Mac C. Táid gnóthach/ go
maith anois – is mithid dóibh sin. Níor/ tháinig an seanfhear liath isteach in aochor/
3555 indé ná indiugh – fear iomchair salachair an/ fhualáin – is iomdha áis agus maitheas a/
dhein sé. Fuaireas an páipéar indiugh: ní/ bhfuair aon'ne eile é. Tháinig os cionn 40/
cóip den dTarbh Breac¹⁸⁵⁸ isteach chugham indiugh/ ó Phadraig Ó Dalaigh (ar an
airgead. Is beag a/ dhein aonne dhúinn ach gur thug san clár/ dubh dúinn¹⁸⁵⁹ – níor
dhein Connradh na/ Gaedlinge faic cé gur mór an gleó bhíos/ aca tímcheall na
3560 teangan) ach tá sé ródheidheanach/ anois mar tá an t-acadamh mar thugaimís/ air
iadhta. Bhí cómhradh fada agam/ leis¹⁸⁶⁰ an Leas¹⁸⁶¹ Riaghalthóir agus leagas an/
dlighe¹⁸⁶² go maith os a chómhair i dtaobh na/ broide seo. Thug sé cuireadh proinne
dhom/ ach dhiúltuigheas. Dubhart go daingean/ leis go mbeadh obair aca¹⁸⁶³ ag
iomchar/

3565

Leathanach ar iarraidh

/16r/¹⁸⁶⁴ chóimhteangbháil gur ann d'oscail an/ leabhar fém mhéir! Agus admhuighim
as me/ ghá léigheamh go raibh mo smaointe óráide/ ar an ngarsún mar saoilleadh dom
3570 a bheith/ éiglidhe a dhóthain: N-a dhiadh san bhíos ag/ tabhairt aoide béil do. Ós rud

¹⁸⁵³ *is cosúil gur fágadh 'ann' ar lár idir oidhche agus agus*

¹⁸⁵⁴ *an leathanach stróicthe trí d*

¹⁸⁵⁵ *an leathanach stróicthe trí i*

¹⁸⁵⁶ *doiléir, an lánstad nasctha leis an n roimhe*

¹⁸⁵⁷ *ar Mhúil add. ach stríoctha amach*

¹⁸⁵⁸ *deireadh an fhocail doiléir, ponc add. os cionn c*

¹⁸⁵⁹ *rud éigin add. ach stríoctha amach*

¹⁸⁶⁰ *an leathanach stróicthe trí s*

¹⁸⁶¹ *an leathanach stróicthe trí Le*

¹⁸⁶² *an leathanach stróicthe trí d*

¹⁸⁶³ *rud éigin add. ach stríoctha amach*

¹⁸⁶⁴ *is cosúil gur cuid den iontráil do '10x26x23' í seo mar scríobh Seosamh Mac Cathmhaoil an méid seo a leanas ina dhialann ar '10x26x23': 'S.K. along as I work. Bad news. Depressed, pale, wind short. Government statement in framed square, heavy letters. No releases of prisoners on hunger-strike. Usual releases – all – stopped...Coal fatigues going out in spite of yesterday's order to the contrary. F.S.Q.M. says special fatigues – the rotters – will be on tomorrow.'*

é ná raibh an/ sagart ag gluaiseacht d'órduigheamair/ an Choróin do cheileabhradh.
 Níor bh'aon/ dochar an scaiste do chlos na h-urnaighe/ sin i dteangain a dhúthaighe,
 ar bh'eadh/ anois? D'imreas cúpla cluiche cártaidhe/ lé bráigh ó tháinig¹⁸⁶⁵ ón J.
 Fuaireas lán/ stáin bhig de shalann indé ach tá sé imthighthe/¹⁸⁶⁶ tugtha dos gach
 3575 aonne, do dhaoibh/ leis ná feudfadh le leisce no lé ceal eólais/ dul n-a treo iad féin.
 Sin mar dheineas/ riamh lém chuid. Airéir timceall na¹⁸⁶⁷ dteinteacha/ bhí gasraidhe
 beaga agus a mugaidhe/ uisce ghá théidheamh aca sa ngráine salainn/ n-a láimh lé cur
 air.¹⁸⁶⁸ Sid í an deoch choitceann/ ar fuaid an chamtha. An lá fe dheire bhí/ cuid
 againn ag cur imtheachta Ardfheise/ Sinn Féin trí chéile gur chuireadar deistin/ orm.
 3580 Arsa mise, "Ólaidh¹⁸⁶⁹ an deoch/¹⁸⁷⁰ náisiúnta anois – uisce /16v/ bog théidhte as
 salann air – má gheibheann/ sibh an salann!". D'éistigheadar.¹⁸⁷¹ Cuirid/ buile orm –
 ó dá mairinn lé cao d'fhághail¹⁸⁷²/ ar mo ghuth d'árduch chun a ínnsint cad é/ mo
 mheas ar na laochaibh agus na treoraidhthibh/ is bun lé sinn do bheith annso agus/
 d'fhág an chuma dhubhach doidheisighthe ar/ Éirinn atá uirthé (¹⁸⁷³ mairfead lé
 3585 cabhair/ De) – ag cainnt ar chruinnighthibh,/ toghannaibh, óráideachaibh, feabhas an
 té seo/ agus an té úd. Nuair deirinn ná deunfadh/ an Lorcánach faic nuair
 shroichfeadh/ sé an dúthaig seo ní mór ná go mbailightí/ orm! Anois atá fhios aca cé
 hiad lucht/ ár gcómhábaidhe. Caithimís uain é mar/ sceul mar tá sé ró-dhubhach
 róbhrhistecroidheach/ d'aonne a thuigeas faic in ao' chor. Táimíd/ ar aiste uathbhásaig
 3590 – sin é mo bharamhal-sa./ Ná tuigeadh aonne go bhfuil dolbhach/ orm sa ar mo shon
 féin;¹⁸⁷⁴ níl pioc!/ Ach tá dolbhach orm agus tá brón anama/ agus croidhe orm i
 dtaobh mo dhúthaighe.../ Cad bheurfaidh an lá indiugh chughainn? Níl /17r/ a fhios
 ag¹⁸⁷⁵ aon'ne..... Tá an oidhche ann/ go doimhin, agus an bháisteach, budh dhóigh
 leat ná/ fágfadh go deó sinn, fillte orainn airís.../ Seadh¹⁸⁷⁶, níor thug an lá puinn
 3595 aoibhneasa cughainn¹⁸⁷⁷. Me an cheud duine fuair páipéar indiugh –/ an t-aon
 pháipéar – agus ní rómhaith ar fad/ an sceula bhí air; go bhfuil deireadh curtha lé/

¹⁸⁶⁵ *is cosúil gur fágadh 'sé' ar lár idir tháinig agus ón*

¹⁸⁶⁶ *tugh add. ach stríoctha amach*

¹⁸⁶⁷ *nd add. ach stríoctha amach*

¹⁸⁶⁸ *comharthaí athfhriotáil add. roimh Sid ach stríoctha amach*

¹⁸⁶⁹ *an d add. ach stríoctha amach*

¹⁸⁷⁰ *náisiúnta add. ach stríoctha amach*

¹⁸⁷¹ *doiléir, an lánstad nasctha leis an r roimhe*

¹⁸⁷² *tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar f nasctha le f*

¹⁸⁷³ *ach add. ach stríoctha amach*

¹⁸⁷⁴ *níl r add. ach stríoctha amach*

¹⁸⁷⁵ *aonne add. ach stríoctha amach*

¹⁸⁷⁶ *tosach an fhocail doiléir, S ceartaithe ó rud éigin*

¹⁸⁷⁷ *tosach an fhocail doiléir, u scríofa go doiléir*

fuascailt ó indiugh amach nár fuascladh/ neach de chionn bheith ar fuath ocrais¹⁸⁷⁸ ná
 fuasclófaidhe/ aon'ne feasda. Cainnt dhaingean/ go maith dar liom. Fós, dréir na mná
 uaisle/ Meadhb Ghunna Mac Giolla Brighde do fuascladh^{1879/1880} seacht nduine
 3600 fichead indé, agus d'imthig/ beirt as an gcamtha so. Dréir an pháipéir/ – agus budh
 ghann gearrfhoclach iargcúlta/ an cúntas¹⁸⁸¹ thug sé orainn – tá cuid/ mhaith des na
 bráigheannaibh ins na gabhannaibh/ eugsamhla lagbhrigheach agus go bhfuairadar/
 droichdheunamh in áiteannaibh ó thosnuig/ an fuath bidh. Is deacair a rádh cad/ budh
 bhun lé fóggra dian so an Rialtais. B'fhéidir/ ar nós gach Rialtais eile gur b'é a slighe
 3605 é/ chun eagla do chur amach agus go stríocfaidís/ go luath nó go ndeunfaidís rud /17v/
 éigin a chuirfeadh deireadh leis an aindeise/ míoádhmharaig seo. Cad thíocfaidh as
 an/ dtoscaireacht a thug turus ar Árdeasbog/ Átha Cliath airéir i dtaobh na mbráighe?/
 Níl fonn ar Lucht na Sclabhaidheachta dada/ do dheunamh. B'shin é mo thuairm i
 gcómhnaidhe./ Priocfaidhe an dá shúil asam annso/ sealad ó shoin nuair deirinn ná
 3610 deunfadh/ an Lorcánach aon cheó ar ár son. Bhíodh árdchainnt/ aige san Oileán Úr i
 dtaobh dreama/ fé ghéirleanamhaint,¹⁸⁸² agus is searbh/ míceudfach a bhí daoine nuair
 cuireadh fe/ ghlas é. Beannuighim uaim i bhfad uaim/ thu! Cad ná deunfadh sé ar
 fhilleadh dho/ as “dheóraidheacht” mar deirtí n-a thaobh?/ Anois tá fhios againn ná
 raibh ann ach/ fastaoim aca so a thuill go mbeidís amuigh/ i gcómhair an Toghaidh
 3615 Coitchinn nó go díreach/ n-a dhiaidh, nó tréis so súd agus sud as so./ Bhreugnuig
 Mícheal Mac Giolla Ríogh ráidhteachas/ L. Mhic C. i dtaobh bidh san J agus an
 Stacaig/ gan dul ar fuath bidh go dtí¹⁸⁸³ 8 huaire/ agus dachad tréis na coda eile....
 /18r/ B'iad so na nidhthe¹⁸⁸⁴ budh¹⁸⁸⁵ thábhachtaighe¹⁸⁸⁶ i sceula an lae indiugh. Ta
 fonn¹⁸⁸⁷ ar¹⁸⁸⁸ an Rialtas iasachta/ eile airgid d'fhághail¹⁸⁸⁹ san aithbliain/ agus an
 3620 iasacht a cruinnigheadh san/ Oileán Úr agus ag baile i rith ár gcogadh/ le Sasana

¹⁸⁷⁸ léigh 'bidh' in ionad ocrais

¹⁸⁷⁹ fuas///ladh, dúch doirte ar c

¹⁸⁸⁰ 27 duine add. ach stríoctha amach

¹⁸⁸¹ do add. ach stríoctha amach

¹⁸⁸² i bhfad add. ach stríoctha amach

¹⁸⁸³ 8 add. ach stríoctha amach

¹⁸⁸⁴ n///dhth///, i stríocthe den leathanach agus sraith pháipéir greamaithe den leathanach ar e

¹⁸⁸⁵ b///, udh stríocthe den leathanach

¹⁸⁸⁶ //bhachtaighe, sraith pháipéir greamaithe den leathanach ar thá; deireadh an fhocail doiléir, barr an leathanaigh stríocthe tríd an séimhiú ar c agus tríd an dara t agus é greamaithe de verso an leathanaigh seo

¹⁸⁸⁷ b'fhéidir; ///, sraith pháipéir greamaithe den leathanach ag an bpointe seo

¹⁸⁸⁸ b'fhéidir; ///, sraith pháipéir greamaithe den leathanach ag an bpointe seo

¹⁸⁸⁹ d'fh///, sraith pháipéir greamaithe den leathanach ar ághail; tosach an fhocail doiléir, sraith pháipéir greamaithe den leathanach ar f; focal nó cuid d'fhocal ag críochnú le ns add. i ndiaidh d'fhághail ach stríoctha amach, sraith pháipéir greamaithe den leathanach ar thosach an fhocail

d'fhuascailt d'fhonn, is dócha,/ gné mhaith do chur ar aiste an tS.S. agus/ breis measa do chur ar a “dhaingneacht”/ ag na daoineibh!¹⁸⁹⁰ - Tá¹⁸⁹¹ tuilleadh/ fuaththóirí fágtha sinn fairír! A Dhia/ mhóir, cad é an saghas daoine sinn. Ní/ haon leithséal a radh, ach cad is fiú beagán,/ fiú amháin cúpla ceud as cheithre/ ceud deug?” Is fiú.

- 3625 Beurfaidh sé misneach/ dár bhfreasabharaidhthibh agus más/ buadh féin atá i ndán dúinn cuirfidh se/ lá an fhuascaltha ar gcúl. Tá aithne/ agam ar chuid aca so. Is iad bud árdghlóraighe/ chun dultha ar fuath bidh. Scata scaistí!/ Scata meathtach! Cad ná raibh deunta/ aca i rith na troda leis¹⁸⁹² Buidecrónaig^{1893, 1894}/ Budh dhóigh leat ar a bhfurmhór go raibh/ roilig¹⁸⁹⁵ fé leith aca dá marbhaibh!¹⁸⁹⁶ “Á, a bhuachaill,” arsa
 3630 duine aca oidhche /18v/ ///¹⁸⁹⁷ i¹⁸⁹⁸ mí¹⁸⁹⁹ mhairbh¹⁹⁰⁰ na¹⁹⁰¹ hoidhche leis/ ///¹⁹⁰² leigeant¹⁹⁰³ dom neul do/ chodladh¹⁹⁰⁴ ///¹⁹⁰⁵ thiomáineas¹⁹⁰⁶ sa gluaisteán/ a¹⁹⁰⁷ mhic¹⁹⁰⁸ ///¹⁹⁰⁹ ”, agus go leór baothchainnte/ eile¹⁹¹⁰. Tá¹⁹¹¹ an ghráin mhairbh agam ar an/ bhfear gceudna. Ní fheaca riamh é ach/ n-a shumadóir codlata ná heireóchadh/ ar maidin; ná cuirfeadh an lámh/ ar scuaib; ná raigheadh go tig¹⁹¹² an bhidh ag/ triall
 3635 ar a chuid le n-itheadh, mar is/ eólach duit, tugtaidhe¹⁹¹³ isteach chun an laoiach/ é!!
 Ní fheaca riamh beárrtha ná glan é./ Cuirtear a ainm síos annso i dtromdhubh/

¹⁸⁹⁰ Tá *add. ach stríoctha amach*

¹⁸⁹¹ brei *add. ach stríoctha amach*

¹⁸⁹² B *add. ach stríoctha amach; is cosúil gur fágadh ‘na’ ar lár idir leis agus Buidecrónaig*

¹⁸⁹³ dhá líne faoi bhun B

¹⁸⁹⁴ doiléir, sleamhnú pinn tríd an gcomhartha ceiste

¹⁸⁹⁵ dá lei *add. ach stríoctha amach*

¹⁸⁹⁶ doiléir, sleamhnú pinn tríd an gcomhartha uaillbhreasa

¹⁸⁹⁷ smál éigin ag an bpointe seo agus barr an leathanaigh stríocthe agus é greamaithe den leathanach i ndiaidh an smáil

¹⁸⁹⁸ barr an leathanaigh stríocthe trí i agus é greamaithe den leathanach

¹⁸⁹⁹ m///, sraith pháipéir greamaithe den leathanach ar í

¹⁹⁰⁰ ///airbh, sraith pháipéir greamaithe den leathanach ar mh; deireadh an fhocail doiléir, sraith pháipéir greamaithe den leathanach ar bh

¹⁹⁰¹ tosach an fhocail doiléir, sraith pháipéir greamaithe den leathanach ar n

¹⁹⁰² smál éigin ag an bpointe seo, barr an leathanaigh greamaithe den leathanach i ndiaidh an smáil agus sraith pháipéir greamaithe den leathanach ina dhiaidh sin

¹⁹⁰³ doiléir, smál éigin ar leigeant

¹⁹⁰⁴ ///hod///a///, sraith pháipéir greamaithe den leathanach ar c, l stríocthe den leathanach agus barr an leathanaigh greamaithe den leathanach ar dh; an chuid eile den fhocal doiléir, smál éigin ar hod agus ar a

¹⁹⁰⁵ sraith pháipéir stríocthe den leathanach ag an bpointe seo agus poll sa leathanach ina dhiaidh sin

¹⁹⁰⁶ ///iomáineas, th stríocthe den leathanach

¹⁹⁰⁷ b’fhéidir; ///, sraith pháipéir greamaithe den leathanach ag an bpointe seo

¹⁹⁰⁸ b’fhéidir; ///hic, sraith pháipéir greamaithe den leathanach ar thosach an fhocail

¹⁹⁰⁹ barr an leathanaigh greamaithe den leathanach ag an bpointe seo agus sraith pháipéir stríocthe den leathanach ina dhiaidh sin

¹⁹¹⁰ ///le, sraith páipéir greamaithe den leathanach ar ei

¹⁹¹¹ ///, Ta stríocthe den leathanach

¹⁹¹² tosach an fhocail doiléir, t ceartaithe ó d

¹⁹¹³ g ceartaithe ó i

- leitreachaibh – Padraig Ó Maoldhomhnaig/, ó Rath Luirc.... Ní dheaghaidh neach/ ag triall ar ghual ar an am spriochtha –/ Chuir an fear ceathramhan sceula anuas/ teacht ar a thriall anocht agus go gcuirfidhe/ fír-réir ag fritheáilt ar na pobalaibh/ ambáireach.
- 3640 Is maith do scaramair/ leis¹⁹¹⁴ bheith gan teine anocht, agus/ deirim leat gur sheascair an oidhche/ againn – fiadhain fliuch – gan teine!/ Órdugh bacach¹⁹¹⁵ ait eile ón gcamtha so againne.¹⁹¹⁶ /19r/ Fuaireas dhá bheartán indiug – timcheall/ sé fichid toitín – ó Sh. E. agus ó Cháit. Caitheadh/ páipéar na maidine trid an bhf____¹⁹¹⁷ tréis/ aimsir cómhairighthe. Mórán ag girreán/ anocht. Tá pobal a ceathair nách mór/ glan
- 3645 amach ar fad anois. Ní maith an/ tuar san. Do leigheas i Hamlet indiugh/ “A bheith nó gan a bheith – sin í an cheist.¹⁹¹⁸”/ Sid é as Gaedling agat é./
 “A bheith, nó gan a bheith, - sin í an cheist;/
 Ceaca¹⁹¹⁹ is uaisle don meanmain a fhulang/
 Urchair agus saoiheada míoáid diallta/
- 3650 Nó arm do ghlacadh in aghaidh¹⁹²⁰ bóchna clampar/
 Agus lé n-a bhfreasabhradh deireadh do chur/ leó – bás, – codladh, -/
 Faic eile; agus trí chodladh a rádh críochnuightear/
 Duigchroidhe agus míle creithniagh aicionta/
 Is¹⁹²¹ dual don gcreat – is críoch é/¹⁹²²
- 3655 Is mian dioghraiseach – bás – codladh –/
 Codladh! Taidhreamh inbféidir! Á, sin í an adhb;/
 Mar i gcodladh san an bháis ní fios cá taidhreamh¹⁹²³/
 Ar theilgean¹⁹²⁴ na falainge¹⁹²⁵/ so mharbhta so/
 /19v/ Bheurfadh cosc orainn: sin é an tor/
- 3660 A ghuidheas broid fadh shaoghalach;/
 Mar cé fhuilngeóchadh lasc agus scoirn aimsire/

¹⁹¹⁴ tein *add. ach stríoctha amach*

¹⁹¹⁵ deireadh an fhocail doiléir, sleamhnú pinn tríd an séimhiú ar c

¹⁹¹⁶ níl lánstad ar bith i ndiaidh againne, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Fuaireas

¹⁹¹⁷ bhfuinneóig

¹⁹¹⁸ doiléir, an lánstad nasctha leis an t roimhe

¹⁹¹⁹ tosach an fhocail doiléir, an chéad C ceartaithe ó rud éigin

¹⁹²⁰ boch *add. ach stríoctha amach*

¹⁹²¹ os cionn na líne agus gur *add. stríoctha amach faoi*

¹⁹²² gur dianmhian – bás, - codladh, - *add. ar an gcéad líne eile ach stríoctha amach; Codladh add. ar an gcéad líne eile ina dhiaidh sin ach stríoctha amach, níl rud ar bith scríofa i ndiaidh Codladh*

¹⁹²³ cá taidhreamh os cionn na líne agus cad t *add. stríoctha amach faoi*

¹⁹²⁴ an *add. ach stríoctha amach*

¹⁹²⁵ so mhartha *add. ach stríoctha amach*

- Eugceart an chlaoidhteóra, tarcuisne an tsutalaig/
 Ríoga an ghráda gan gear, moill na dlighe/
 Sual¹⁹²⁶ ceannais, agus an diúltadh/
 3665 A ghaibheas fiughantas foidneach ón neimhfhiugantach¹⁹²⁷/
 Tráth go mbféidir leis féin a thómas do deunamh/
 Lé duig ghéir? Cé luighfeadh¹⁹²⁸ fén ualach so/
 Ag gnúsghal sag allus fé shaoghal thuirseamhail/
 Ach ar eagla roim rud éigin¹⁹²⁹ tréis bháis/
 3670 An tír gan nochtadh, o n-a teórainn/
 Ná filleann aon¹⁹³⁰ taisdealaidhe, deineann/ stalcadh don dtoil./
 Agus is móide sinn iad gach¹⁹³¹ olc d'fhulang/
 Ná sceineadh uatha ar¹⁹³² a mhalairt/ nách eól duinn?/
 Imne deineann an cognas meattaig dinn/ uile;/
 3675 Agus imne¹⁹³³ malartuigheann dath dual/ ár ruin/
 Ar mhíthítheacht¹⁹³⁴ clóidh an mhachtnaimh./
 Agus tionnscail tromdha agus tábhachta/
 Ar an adhbhar san casaid a sruth i leathtaoibh/
 Agus tréigid ainm gnímh. Bog anois!/
 3680 A Oifilia Niamhdha! Brúch, it úrnaighe.¹⁹³⁵
 /20r/ Cuimhnighearr¹⁹³⁶ m' uile pheaca."¹⁹³⁷/
 Connus tá san, a léightheoir? Níl am agam/ ar fhilleadh air. Ní léighfead airís é fiú/
 amháin chun a cheartuighthe, ar nós Amhlaoibh,/ ná fuil¹⁹³⁸ ag triall ar mo bhás?/
 Nách¹⁹³⁹ iomdha rud a bheadh bailighthe brúigte/ isteach im bheatha agam dá
 3685 ndeininn dícheall/ ach an tsiléige, cladhaire na beatha, do/ mheall sí me agus anois
 táim féin san/ bás ar chómhshnáth (sin focal breágh) lé/ chéile, agus mo chreat córach,

¹⁹²⁶ oifi *add. ach stríoctha amach*

¹⁹²⁷ *lár an fhocail doiléir, u scríofa go doiléir*

¹⁹²⁸ fés na *add. ach stríoctha amach*

¹⁹²⁹ b *add. ach stríoctha amach*

¹⁹³⁰ tea *add. ach stríoctha amach*

¹⁹³¹ os cionn na líne agus na *add. stríoctha amach faoi*

¹⁹³² a gceile *add. ach stríoctha amach*

¹⁹³³ atha *add. ach stríoctha amach*

¹⁹³⁴ *tosach an fhocail doiléir, sleamhnú pinn tríd an síneadh fada ar an gcéad i agus sleamhnú pinn eile tríd an séimhiú ar an gcéad t*

¹⁹³⁵ *doiléir, an lánstad nasctha leis an e roimhe*

¹⁹³⁶ *tosach an fhocail doiléir, C athscríofa*

¹⁹³⁷ *níl comhartha athfhríotail ar bith i ndiaidh pheaca*

¹⁹³⁸ *léigh 'fuilim' in ionad fuil*

¹⁹³⁹ *níl céad líne an ailt seo eangaithe*

agus mfholt/ dubh agus smior¹⁹⁴⁰ mo chnámh sid é an claochlódh/ bheas ortha dréir an fhile.../ “Níl rud in aochor ar bith san tsaoghal so -”^{1941/1942} (Ní cuimhin liom an chuid eile: tá sé ag/ mo dhreathair, nó mar a bhfuil tá sé ag/ Seumas beag. Is maith a

3690 bhí sé ag Pádraig/ Ó Cathasaigh atá ar shlighe na fírinne)/

Cóireóhad mo leabaidh anois i gcomair/ na hoidhche. Gur maith an maise dúinn/ go léir luighe innte agus go dtugaidh an/ lá ambáireach sceula éigin maith chughainn.^{1943/1944}

3695 /1r/ 10x27x23.

Lá fuar, fliuch, feanaideach. Caithfead¹⁹⁴⁵ / an lá ar bholg follamh, indiugh¹⁹⁴⁶ an¹⁹⁴⁷ nadhadh¹⁹⁴⁸ lá¹⁹⁴⁹ / gan pioc de bhiadh na talmhan do¹⁹⁵⁰ ghabháil¹⁹⁵¹ thar¹⁹⁵² mo¹⁹⁵³/ bheólaibh, agus braithim chómh maith anois¹⁹⁵⁴ agus¹⁹⁵⁵/ braitheas furmhór na

3700 haimsire ó thánagh¹⁹⁵⁶ annso¹⁹⁵⁷./ Tá os cionn 120 dulta ar¹⁹⁵⁸ gcúl orainn/ cheana. Tá leapacha curtha isteach doibh i bpobal/ 7 agus ghá chur isteach i bpobal a 6; b’shid/ iad na pobail bidh. Agus tá fothsheuntóir/ ag imtheacht amach¹⁹⁵⁹ i ndiadh a chéile, agus/ dar ndóigh lé linn na hoidhche beidh breis -/ táid ag fanacht ar nós an ghuardáil ná/ tagann amach sa ló ar eagla roim an/ bhfaoilin – leis an ndoircheacht.

3705 Nuair eirigheas/ ar maidin bhí laigeacht orm, ach chuadhas i/ bhfeabhas i ndiaidh a chéile¹⁹⁶⁰.... Is egal liom i/ dtaobh na stailce seo. An tráthnóna: Táid/ ag gluaiseacht

¹⁹⁴⁰ síneadh fada add. os cionn o ach stríoctha amach

¹⁹⁴¹ níl comhartha athfhriotail ar bith i ndiaidh an fhleiscín

¹⁹⁴² níl rud ar bith scríofa ar an gcéad líne eile; b’fhéidir go raibh sé ar intinn ag an gCóta deireadh an tseanfhocail a scríobh ag an bpointe seo dá rithfeadh sé leis am éigin

¹⁹⁴³ doiléir, an lánstad nasctha leis an n roimhe

¹⁹⁴⁴ líne ornáideach ar an gcéad líne eile; níl rud ar bith scríofa ar verso an leathanaigh seo

¹⁹⁴⁵ b’fhéidir; //, an leathanach lofa ag an bpointe seo

¹⁹⁴⁶ ind///gh; iu stríocthe den leathanach

¹⁹⁴⁷ tosach an fhocail doiléir, a tréigthe

¹⁹⁴⁸ b’fhéidir; nadh///, an leathanach lofa ag an bpointe seo; tosach an fhocail doiléir, an chéad a tréigthe

¹⁹⁴⁹ b’fhéidir; //, an leathanach lofa ag an bpointe seo

¹⁹⁵⁰ tosach an fhocail doiléir, d tréigthe

¹⁹⁵¹ b’fhéidir; gh///, an leathanach lofa ag an bpointe seo

¹⁹⁵² b’fhéidir; //, an leathanach lofa ag an bpointe seo

¹⁹⁵³ b’fhéidir; //, an leathanach lofa ag an bpointe seo

¹⁹⁵⁴ //ois; sraith pháipéir greamaithe den leathanach ar an

¹⁹⁵⁵ b’fhéidir; //, an leathanach lofa ag an bpointe seo

¹⁹⁵⁶ thánag///; an leathanach lofa ag an bpointe seo

¹⁹⁵⁷ /// /so, an leathanach lofa ag an bpointe seo

¹⁹⁵⁸ tosach an fhocail doiléir, a tréigthe

¹⁹⁵⁹ i ndi add. ach stríoctha amach

¹⁹⁶⁰ tosach an fhocail doiléir, dúch doirte ar c

i ndiaidh a chéile; anocht táim/ dearbhtha go mbeidh ruathar ceart ann. An/ oidhche:
 B'fhíor dom, tá ár bpobal ghá ghlanadh/ amach, ach amháin go dtugaim fé ndeara/
 fothscaiste ag siléigeadh – íosfaid seo gan/ amhras. Amach liom go pobal 9 in¹⁹⁶¹
 3710 aice/ an tseandúine Sean Mac Ceochach, fear bocht/ iongtach. Is ait liom¹⁹⁶² bheith
 annso. Is /lv/ geall le aistriugh ó bhaile go baile é. Ar/ a gcuid cainnte tá fonn ortha
 so go léir/ fanacht cródha, ach is eól dom nádúir/ an¹⁹⁶³ duine agus is fearr ná san is
 eól/ dom an mianach fear atá annso –/ Connus is féidir muinghin do chur i gcamtha/
 ná feudfainn buidhean Ghaedhilge do/ mhúineadh fé shuaimhneas¹⁹⁶⁴? An
 3715 ndream¹⁹⁶⁵/ a dheineadh oiread gleóidh i¹⁹⁶⁶ bpobal/ an bhídh lé n-a gcuid áras ithte
 sag/ screuchaig, sag caitheamh urchar as chuala/ riamh i ndug long do dheunamh
 Phort/ Nuadh Arc mar a raibh 25000 fear/ ag obair? An áit nár chuala oiread/ agus
 baramhal ciallmhar ó fhiche duine/ ó thánagh ann? An áit go bhfuil trí/ dreamanna ar
 a luighead ag faire/ ar a chéile feuchaint ceaca bheadh i/ gceannas? An áit nár
 3720 bhfhéidir leat/ leabhar do léigheamh ach mar beithfidhe/ ag magadh fút? An áit nár
 deineadh/ pioc – agus a mhilleán so bíodh ortha/ so a bhí i gceannas lasmuigh agus go
 /2r/ bhfuil meas mór aca ortha féin – chun na/ bhfear do threórugh? An áit gur
 goideadh/ beartáin? An áit ná fuil meas madra/ ar aonne go bhfuil fonn ar faic do/
 dheunamh a fheabhasóchadh aiste na bhfear?/ An áit na fiafruigtear dada des na/
 3725 fearaibh ar aon rud ach iad do thiomáint/ mar tiomainfidhe scata bó?/

10x28x23:

B'fhíor dom an méid a bhí i¹⁹⁶⁷ rith/ im aigne. Tá buaidhte orainn! Cloisim/ gur
 3730 tháinig oifigí na gcath lé chéile agus/ gur chinneadar ar dheireadh do chur/ leis an
 stailc! Chuir so an Chomhairle/ Camtha i mbighis. B'éigean dóibh a gcúl/ do
 thabhairt dá rún! A Dhia mhóir na/ bhflaitheas, cad tá tagtha orainn in ao'/ chor?
 Braithim chómh laidir indiugh agus bhraitheas/ riamh agus caitheadh géilleadh
 d'órdugh/ nó mara ndeinim cad dheunfad? Ní/ raibh aon fhonn orm dul ar fuath bidh

¹⁹⁶¹ aice *add. ach stríoctha amach*

¹⁹⁶² bei *add. ach stríoctha amach*

¹⁹⁶³ doiléir, an tréigthe

¹⁹⁶⁴ is cosúil gur fágadh 'ann' ar lár i ndiaidh shuaimhneas

¹⁹⁶⁵ dream

¹⁹⁶⁶ seómr *add. ach stríoctha amach*

¹⁹⁶⁷ léigh 'ag' in ionad i

- 3735 mar/ bhí sé ceangailte, mar tá ráidhte im¹⁹⁶⁸/ chinn lae agam dhá¹⁹⁶⁹ mhí ó shoin, ná/
dlúthócaidís fada a ndóthain lé chéile. Ach/ nuair fuaireas an t-órdug ní raibh /2v/
aonne b'umhla ná me chun óighréire do/ ghabháil, agus anocht táim deimhnitheach/
– gan maoidheamh – ná fuil aon fhear/ sa chamtha is fearr¹⁹⁷⁰ d'fhulaing é./ Níor
fhanas san leabaidh chun mo nirt/ do choigilt mar dheineadar go léir nách/ mór.
- 3740 D'eirigheas gach maidean agus/ ghlanas agus nigheas me féin, d'ólas/ mo chuid uisce
- mo chuid bidh – dheineas/ áis agus cumaoin dos gach aon'ne. Thugas/ uisce chúca,
thugas toitíní (mo chuid féin¹⁹⁷¹/ dóibh) thugas nuadhacht chúcha ná feudfadh/ aonne
eile san chamtha d'fhaghail; thugas/ leabhartha doibh; dheargas a d'toitíní dóibh/ lasas
teinteacha dóibh; solathruigheas/ gual agus salann doibh – agus iad¹⁹⁷² san n-a
- 3745 dtrainsíníbh n-a leapachaib/ ag cothugh a¹⁹⁷³ nirt sa sláinte. A Dhia,/ táim buidheach
díot, mar gheall ar an/ méid a bhronnais orm.... Táim ar/ ais im phobal féin airís –
bhéic póilín/ ag an ndoras orm chun té do thabhairt/ dom.... Bhéic oifigeach n-a
dhiadh san/ m'ainm - shaoileas gur rud éigin¹⁹⁷⁴ /3r/ bhí i¹⁹⁷⁵ dtreis: toitíní do bhí aige
dhom./ Ballóg áráin a thugas liom as thig na/ cócaireacht, sciobadh í: strac mo
- 3750 spodalach/ aca uirthe, cuid aca atá ag itheadh/ ó mhaidean; thógadar mo chuid ime
gan mo/ chead; thugas sughlac liamóite dhóibh -/ táimíd ag fitheamh le tutar anois,
nó/ uibhe, nó baine, nó pé rud a thaghas. Sid/ é an buile is bascaighe buaileadh fós/
orainn! Is critheagal liom go n-eireóchaidh¹⁹⁷⁶/ an salachar buidhe atá n-a luighe ar/
thóinpuill an chamtha so le fada ar/ bárr agus ná beidh againn feasda/ ach achran
- 3755 agus ceannairc¹⁹⁷⁷ agus/ dul trí chéile agus aiteas agus aindeise./ Tá súil agam ná
bláthóchaidh m'amhras,/ ach¹⁹⁷⁸ ach ach! Tá leabhar críochnuighthe/ agam
“Amuigh ar feadh na hoidhce”/ Francach do scríg é. Leabhar maith -/ tá an fhírinne
ann. Dá scríghtí a/ lithéid san dúthaig seo¹⁹⁷⁹ deunfaide/ ionnarbadh ar an ughdar i
dteannta/ an choinealbháthadh do léigheamh air. /3v/ Ambáireach lé cóngamh Dé
- 3760 agus me im/ bheathaidh leanfad dem sceul féin do/ scriobh sa chríochnugh. Ní dóigh

¹⁹⁶⁸ os cionn na líne agus im add. stríoctha amach faoi

¹⁹⁶⁹ b add. ach stríoctha amach

¹⁹⁷⁰ do add. ach stríoctha amach

¹⁹⁷¹ tosach an fhocail doiléir, ponc add. os cionn f

¹⁹⁷² s add. ach stríoctha amach

¹⁹⁷³ nirt add. ach stríoctha amach

¹⁹⁷⁴ eil add. ach stríoctha amach

¹⁹⁷⁵ doiléir, i ceartaithe ó a

¹⁹⁷⁶ tosach an fhocail doiléir, an fleiscín nasctha leis an gcéad e

¹⁹⁷⁷ os cionn na líne agus ceannai add. stríoctha amach faoi

¹⁹⁷⁸ a add. ach stríoctha amach

¹⁹⁷⁹ deun add. ach stríoctha amach

liom gur/ fiú – cé gur fiú na buidheanta é –/ tuilleadh dem shaothar do thabhairt don/
áit seo.... I bpobal 12¹⁹⁸⁰ scaoileas/ mórchuid dem aigne chúcha mar gheall/ ar mo
mheas ortha istig samuigh/ ó úirísleacht bheith claoidhte¹⁹⁸¹/ dhe chionn na n-
órduighthe seo gan/ faidtheaghlacht. Is iomdha tionóisc uathbhásach/¹⁹⁸²

3765 doidheisighthe doleighiste/ tagtha dár dtír n-a dtaobh! Caithimís/ uainn é. Glacfad
“an leighcide” do/ scrig Dostoieffskí agus cuirimís/ ar spréidh na smaointe
croidhechlaidte/ a eirigheas n-ár n-ucht do mhachtnamh/ na hútamála so!

10x29x23.

3770

Lá fliuch/ fuar. Nách annamh a bhíonn sé ar¹⁹⁸³ chumas a/ scríobh gur lá breagh tirim
é. Chodlas cuibheasach/ maith airéir. Ó chuadhamair ar fuath bídh/ ní
taidhbhsightear dom go raibh 10 lá ann/ budh gheall lé tromluighe é. Budh gheall lé
/4r/¹⁹⁸⁴ scáta lábánach tímcheall¹⁹⁸⁵ dríodair/ sathach dighe lá deireannach rás nó

3775 maidean/ oidhche bainoise, nó scata scoltartach ocrach/ cíochrach ar obhothar na
mbláth (*bowrey*)/ na bráigheanna airéir leis an gcontráth/ ag brugh sag útamáil ar a
chéile tímcheall/ thighthe na cócaireachta, an mhionbháisteach/ ag tuiteam go bog
ortha –/ cuma ar an áit, a bhraithstint san aer/ go raibh rud éigin suaithinseach tuithe/
amach agus go rabhamair aghaidh ar aghaidh/ lé gné eile san¹⁹⁸⁶ aiste ait seo atá/

3780 orainn. Biadh! Biadh! Biadh! B’shin é a/ thuargain gach aonne. Is clos dom gur/
phrioc cuid aca an brúscar a bhí ar/ úrláraibh na bpobal bidh lé seachtmhain./ Táim
deimhnightheach d’aon nidh amháin/ ná rabhadar leath chómh olc agus shaoileadar/
nó leigeadar ortha, mar chonnac/ mórchuid aca ag itheadh bidh go raibh/ eagla agam
go ngoilfeadh orm! Uisce/ liamóite, braon baine as uisce te as/ ubh buailte as slisneóg

3785 nó dho de/ arán táidhte as braon té ná raibh¹⁹⁸⁷ /4v/ rómhaith¹⁹⁸⁸ – b’shin é mo cheud
briseadh ar mo/ cheulacan. Níor dhein sé aon atharugh orm/ d’fhág sé díreach me mar
fhágadh tréis mo/ phroinne bheith agam aon lá den tseachtmhain/ in aimsir riaghalta.

¹⁹⁸⁰ tug *add. ach stríoctha amach*

¹⁹⁸¹ de deas *add. ach stríoctha amach*

¹⁹⁸² dois *add. ach stríoctha amach*

¹⁹⁸³ is cosúil gur fágadh ‘mo’ ar lár idir ar agus chumas

¹⁹⁸⁴ lé *add.*

¹⁹⁸⁵ tosach an fhocail doiléir, t ceartaithe ó rud éigin

¹⁹⁸⁶ ionad *add. ach stríoctha amach*

¹⁹⁸⁷ ro- *add.*

¹⁹⁸⁸ ró folínithe agus os cionn na líne

Trí huibhe/ té agus beagán aráin¹⁹⁸⁹ indiugh i dtig na/ cócaireacht mo cheudlongadh;
 ádhbhar tútair/ tímcheall a 12 agus bliure beag aráin. Tá/ ocras orm anois. Braithim
 3790 mar bhraithim de/ ghnáth agus, buidheachas lé Dia, agus bhí mo/ mhuinghin i
 gcomhnaidhe as, dréir mar bhraithim/ anois táim deimhnightheach ná deunfaidh/ an
 tréanastroscadh so aon bhascadh dhom./ Ar mhaith leat baramhal caonaidhe do
 bheith/ agat ar tréanastroscadh 10 lá? Sid é/ agat. Indé, aon am indé dheunfainn/
 speal oibre chómh maith agus dheineas/ aon lá riamh. Ghaibheas tímcheall ameach/
 3795 na bpobal chómh beodha agus dheineas aon/ lá ó thánagh isteach. Níor bhraitheas
 pioc dá/ olcas mo leapan do tharang liom sall/ go pobal a 9 tráthnóna deireanach Dé/
 Sathairn. Ní ghoilleann sé dada orm! /5r/ An bhfuil gach aonne nó aonne eile mar
 seo?/ Níl – nílid. Cad n-a thaobh? Mar bhí ocras/¹⁹⁹⁰ sutha caránach ar a mhórmhór/
 leathlá sar ar throscuigheadar in aochor lé/ súil an ocrais sa leanas de chlampar é.
 3800 Chuireadar/ deargdheistin orm ó thúis. “Ó beidh/ a bhfurmhór ar lár ambáireach,”
 “Ní/ deurfainn sin ach go cinnte arbhú ambáireach”/ “Ní fheudfar dochtúirí as
 banaltraidhe/ d’fhágghail do n-a mbeidh ar lár,” “Uisce te/ as salann an t-aon rud chun
 tú do/ choimeád id sheasamh - ach níl an salann/ againn anois agus geobham bás dá
 cheal.¹⁹⁹¹”/ Sid iad agus a lia carghall cosamhail eile/ a bhuaileadh an chluas agat i
 3805 ngach áit/ do gheobhfá. B’indearbhtha ná buadhfadh/ daoine mar iad so... Dubhairt
 liom/ féin i dtosach: “Fanfad ar mo bhonnaibh/ faid bheidh luth im bhallaibh, agus
 nuair/ stríocfad – mar ní leigfead don bhfeóil/ uachtaránacht do dheunamh ar an
 inchinn/ – ní bheidh mo shruthmheabhair agam/ agus sin mar is feárr. D’fhionnas/
 gur bh’iongtach an smaoinemh é seo,/ agus theanntuig sé liom. Níl i gceal /5v/ bidh
 3810 ach taithighe do dheunamh de agus/ creidim gur maith an rud don gcolain/ é...
 Bhuaile Mac Searthúin an leas-riaghaltóir¹⁹⁹²/ Státach liom. Dubhairt/ sé go raibh
 Tomás Mac Gearailt ag cur/ mo thuairisce agus go dtiocfadh isteach/ ar mo thuairisc,
 ambáireach nó¹⁹⁹³/ amonathar. Ní fheaca Ó F. in aochor/ indiugh... Is callóideach an
 oidhche atá/ againn, na¹⁹⁹⁴ seuntóirí as na scaistí/ a thréig sinn i dtosach táid fillte/
 3815 orainn ó chamtha a 1. agus bailigheadh/ a bhfurmhór isteach annso. Salachar/
 fliuchán, thólamtró agus dul trí chéile/ – is cosamhail lé gras catha é! Cé/

¹⁹⁸⁹ síneadh fada add. os cionn an chéad a ach stríoctha amach

¹⁹⁹⁰ stu add. ach stríoctha amach

¹⁹⁹¹ níl lánstad ar bith i ndiaidh cheal, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Sid

¹⁹⁹² leas-riaghaltóir; uach= add. i ndiaidh leas; tar add. roimh riaghaltóir ach stríoctha amach

¹⁹⁹³ a add. ach stríoctha amach

¹⁹⁹⁴ síneadh fada add. os cionn a ach stríoctha amach

mhúsclochadh iad so anois? Is eagal liom/ ná músclóchadh inntin Neapoilean/ iad -
 táid chómh dreóil sin chómh fada/ lé riar. Ní féidir liom ar shlighe/ éigin claidhe lé
 léigheamh¹⁹⁹⁵ indiugh/ – léighim na focail ach an chiall ná an/ dul ní fhanann im
 3820 chuimhne. An/ mar gheall ar an mbiadh é? Nó /6r¹⁹⁹⁶/ an mar gheall ar an bhfothraga
 neamhchoitcheann/ so é? Indé bhí mo¹⁹⁹⁷ chneas, mo/ radharc, mfholt níos¹⁹⁹⁸
 solasmhaire ná/ indiugh agus gan amhras m'inchinn./ Do léigheas an giota iontsuime
 seo san/ “LeathAmadán” indiugh ag trácht do ar a/ dheóraidheacht san Eilbhéis:
 “D’fhairinn/ ioghar na spéire as na talmhan agus/ budh mhian liom dul go dtí é agus
 3825 eochair/ na rún do lorg dom mhachtnamh go/ bhfaighinn beatha nuadh ann mar a
 mbeadh/ an saoghal níos greanta agus níos saidhbhire/ – agus annsan buaileadh im/
 aigne go mbfhéidir go mbeadh an/ saoghal greanta go maith, fiú amháin/ i gcarcar.”
 Ar an sceul Gaedhealach/ “An t-Amadán Mór” atá an eachtra/ mhaith so aduighthe....
 Tréis tamaill chuireas/ tharum an “LeathAmadán” agus thosnuigheas/ ar
 3830 “Namhadaibh Ban”, fuaireas/ é ar nós an chinn eile ar iasacht ó Próinsias/ Stiobhairt,
 agus cé gur chuireas suime/ tar meón san da sceul fós ní feudfainn/ iad do léigheamh
 lé haon tsaghas sásaimh /6v/ chonnaic an tsúil iad ach níor ghlac an/ inchinn aon rud
 asta mar tá^{1999/2000} rudaidhe/ éigin eile ar maoith agam. Is ait leis/ gur thanagh treasna
 ar abairt i/ “Namhadaibh Ban” do thrácht ar ughdar/ an “LeathAmadán” n-a
 3835 chómharain. Gan/ aon amhras tá meas gan teórain ar/ ughdar an “Leathamadán” an
 fear bocht/ is²⁰⁰¹ iomdha lá cruaidh dubhach, diallta do/ chaith se in ionnarbadh i
 Siberia! An/ raibh a thoisc aon rian níos measa ná ar/ dtoisc ne? Ní mór dá dheifir....
 Tá ár²⁰⁰² bpobal lán des na scaistíbh/ seo a thréig sin²⁰⁰³ curtha thar²⁰⁰⁴ n-ais./ Agus
 tá aon’ne amháin aonair ag deunamh/ fáine! Anois cad is dóigh leat? Is/ míthreórach
 3840 tubaisteach an tréad sinn/ anocht. A scaistí, go bhfuil fir i bpobal/ 15 ag troid ar bhur
 son, fasanaidh!/

¹⁹⁹⁵ in *add. ach stríoctha amach*

¹⁹⁹⁶ *doiléir, 6 ceartaithe ó 7*

¹⁹⁹⁷ ce *add. ach stríoctha amach*

¹⁹⁹⁸ s *add. ach stríoctha amach*

¹⁹⁹⁹ m’*inntin add. ach stríoctha amach*

²⁰⁰⁰ reamhghabhtha ag a liacht rud eile *add. ach stríoctha amach*

²⁰⁰¹ rud éigin *add. ach stríoctha amach*

²⁰⁰² bpobail *add. ach stríoctha amach*

²⁰⁰³ rud éigin *add. ach stríoctha amach*

²⁰⁰⁴ n-ais. *add. ach stríoctha amach*

Léigheas an sreangsceul²⁰⁰⁵ do chuir/ R. Ó Maolchatha indiugh go dtí Bárdas
 Chorcaighe/ i bhfreagra ar shreangsceul uatha/ san i dtaobh na mbráighe. A bhrigh:
 Tugaidh/ aire do bhur gcúram féin agus na /7r/ bacaidh Aire na Cosanta! Há! Há! Is/
 3845 euchtach an saoghal in Éirinn é. Cúntas/ gan phreab ar chruinnighibh ag Lucht na/
 Sclábhaidheachta in Áth Cliath – a n-airm/ do thréigean ar feadh lae²⁰⁰⁶ ar son na/
 mbráighe! Agus gan san méid atá ar an/ inntin sin féin ach lucht leanamhna an
 Lorcánaig!/ Ach an bhfuilid sinn go léir ar an/ inntin cheudna? An bhfuil aon 3000/
 duine san dúthaig seo ar aon inntin/ ar aon rud ar feadh aon lae amháin?/²⁰⁰⁷ Feicim
 3850 iad má táid!

9x30x23²⁰⁰⁸/

Báisteach airéir: grian indiugh. Breis shuaimneasa/ sa chamtha. Beilí deidheanach.
 3855 Fir n-a scolthartachaibh/ ag²⁰⁰⁹ feitheamh leis. Budh dhóigh leat/ ortha nár itheadar a
 ndóthain riamh! Trí/ leabhartha ó Mh. H. indiugh; leitir indé. Ráfla go/ bhfuil
 Camtha 1 ag grogaidheacht. Is olc san, ach cá/ hiongadh é a's an tslighe d'imthig an
 áit seo./ Cainnt éigin ar an bpáipéar indiug ón hUigíneach/ mar gheall ar lucht an
 troscadhtréanais./ Ní fheaca an páipéar in aochor indiugh agus/ an lá ná faighim é, me
 3860 féin, bheadh sé chómh maith/ agam a²⁰¹⁰ shúil do chur díom, mar is beag/ duine go
 mbíonn fonn air é do thasbáint dom.²⁰¹¹/ Ná bac san “Tiocfaidh an Nodlaig airís.”
 Beagán/ beartán indiugh. Cainnt lé O Baoláin mar/ gheall ar mo bheartán ón Oileán
 Úr/ go bhfuil cíós ag dul air. Gheall sé go /7v/ ndeunfadh sé a dhícheall dom.
 Cuireadh thar n-ais²⁰¹²/ chughainn leitreacha na seachtmhaine seo caithte./ Thug an P.
 3865 R. 1 ph²⁰¹³ chugham indiugh do Sh./

Bhí breis ag siubhall tímcheall na heatrainne/ tráthnóna. Bhuaileas féin san
 File tímceall/ turus nó dhó. Cáipíní ceóidh ar na sléibhtibh./ Thugas fé ndeara beirt
 nó triúr/ leanbh ag dul treasna an mhachaire ag/ teacht ó scoil ag pocléimrig doibh
 féin./ Seo mar tá Dónal, Seán, agus Peig beag/ ag léimrig dóibh féin sa bhaile! Seo

²⁰⁰⁵ t *add. roimh an gcéad s ach stríoctha amach*

²⁰⁰⁶ rud *éigin add. ach stríoctha amach*

²⁰⁰⁷ Feicim *add. ach stríoctha amach*

²⁰⁰⁸ léigh ‘10x30x23’ in ionad 9x30x23

²⁰⁰⁹ fei *add. ach stríoctha amach*

²⁰¹⁰ cúr *add. ach stríoctha amach*

²⁰¹¹ doiléir, an lánstad nasctha leis an m roimhe

²⁰¹² tosach an fhocail doiléir, an fleiscín nasctha le a

²⁰¹³ b'fhéidir ‘1 phacáiste’ nó b'fhéidir ‘1 phunt’

3870 mar bhíossa/ féin tráth! An bhfuil an Chinneamhain/ chun aoide chómh dona lém
aoide se do/ thabhairt ar na naoidheanáibh úd a/ chonnac tráthnóna? Cá bhfios?
Bhí an/ oidhche chiardhubh ann nuair fuaireamair an/ te, chómh deidheanach san, gur
bh'éigean é do/ thabhairt isteach 'on phobal. Fuascladh cuid/ mhaith indiugh.²⁰¹⁴

3875 /8r/ 10x31x23.

Lá maith dob eadh é gan gaoth, báisteach/ ná fuacht. Lá marbh ciúin, fionncheodh/ ar
na sléibhtibh. Breis anama sa chamtha/ indiugh. Fuascaladh beagán.
Turasadoireacht/ ar an ndream atá fós ar stailce, chun/ maitheasa do dheunamh dóibh –
3880 toitíní, páipéur/ agus aroile. Lá maith oibre. Tá mo chl.²⁰¹⁵ imthighthe; go/ n-
eirighidh a bhóthair leis! Faithíos orm n-a/ thaobh. Cuid mhaith ar an bpáipéar ó/
champlachtaibh ag lorg ár saoirse. Bónar/ Ládha marbh. Anocht oidhche Shamhna -/
níl cleasa na caitheamh aimsire ná aon/ ghnás ná nós ár sinnsear ghá chleachtadh/
againn. Oidhche dhuaire annso í ag aonne/ go bhfuil aon speach ann. Cé hé na
3885 goilfeadh/ na bráigheanna ocracha laga air thall/ annsud i 15 sa 16? Ach táid go
gealghárteach/ misneach maith ortha! Tá^{2016/2017} gnáithfhuaimneanna an chamta ag/
filleadh²⁰¹⁸ airís. Ag gabháil thar dhóirsibh/ oscailte indiugh cloisfeá dingdeang ag/
deunamh fáiní nó rud éigin eile, agus ní/ mór ná go raibh²⁰¹⁹ seanchlagairt²⁰²⁰/ na n-
áras ar siubhall /8v/ i bpobalaibh an bhidh indiugh cé go bhfuil ceannfé/ agus náire
3890 ortha sa a ghéill. Cuid aca, ámhthach/ níl alus ná náire ionnta mar atá gur/ fiafruig
duine aca dhíom an ndíolfainn/ luach scillinge thoitíní leis! An scaiste!/ Nár
bheiridh sé beó beathadhach ar brabúch/ do ghabháil orm ar an gcuma so. Bhí
corruighe/ neamhchoitcheann thall i gcamthaib I sa/ 3 leis²⁰²¹ iarnóin. Nílímíd
deimhnightheach/ ar ghéilleadar nó nár ghéilleadar. Tá cuma/ dhubh chlaoidhte ortha
3895 so is bun lé tóntuiteam/ na stailce. B'fhuraiste a thabhairt fé ndeara/ indiugh. Thugas
tamall maith san²⁰²² ósbuidéal/ tráthnóna ag cainnt le Mac Searthúin agus/ Mac

²⁰¹⁴ níl rud ar bith scríofa ar an gceathrú dheireanach den leathanach seo

²⁰¹⁵ chinn lae

²⁰¹⁶ fuaimneana add. ach stríoctha amach

²⁰¹⁷ gnáth add. ach stríoctha amach

²⁰¹⁸ air add. ach stríoctha amach

²⁰¹⁹ an tseanchlagairt add. ach stríoctha amach

²⁰²⁰ sean=/chlagairt; chlagair add. roimh chlagairt ach stríoctha amach

²⁰²¹ tr add. ach stríoctha amach

²⁰²² acada add. ach stríoctha amach

Consaidín²⁰²³ ar mhórán cúrsa²⁰²⁴ as/ ócáid. Bhíodar ag cur²⁰²⁵ tuairisce/ orm i dtaobh
 an Oileáin Úir. Tá deallramh/ maith ortha so go léir d’aimhdheóin a n-aindeise./
 Fuaireas sé fichid toitín ó E tráthnóna/ “ag scríobh cun S” air. Is dóigh liom go
 3900 dtuigim./ Tá clódh an fhoghmair i gceart tagtha ar/ dhuilleabhar na gcrann.
 Ambaireach 3adh/ beirbhghis Chaoimhghin de Barra. Tá Earnán/ Ó Máille
 anlagbhrigheach an fear bocht./
 Mar is gnáthach leis an bhFile agus liom féin /9r/²⁰²⁶ thugamair²⁰²⁷ tamall
 maith i bhfochair/ a chéile ag cainnt sag aoibhneas – más/ féidir aoibhneas do bhaint
 3905 as an áit seo –/ dúinn féin. Ag trácht dúinn ar an bhfinne/²⁰²⁸ chuir sé i bhfighis orm
 go raibh Séasar/ meádhon aosta nuair thuit sé i ngradh lé/ Cligheopátra agus gan ise
 ach 25 bliadna²⁰²⁹/ agus ráidh sé mórán dul eile. “Braithim anois”/ ar seisean, “níos
 feárr ná bhraitheas riamh/ agus tá mórán daoine ann gur i bhfeabhas/ bhíd ag dul ar
 nós an chrainn daraighe leis/ an aois – in inchinn”.... Tá sé comharthuighthe/ agam ó
 3910 thosach²⁰³⁰ an fhuatha (bíd) annso gur/ imthig na²⁰³¹ faoilin agus na príocháin/ uainn
 ar fad nách mór. Braithim ar P./ Ó Leathlobhair ag tabhairt bidh dóibh lasmuigh/ de
 Phobal 7 gach iarnóin agus an cluiche bhíodh/ aca tímcheall air.... Tá *sálts*²⁰³² anois
 ó/ scraistíbh go raibh fonn mór ithte ortha./ Breimneach treis chaca ortha! Cuid aca
 go/ gcruadhaidh n-a mbolg! Sin í mo ghuidhe se/ dhóibh... Dhearmhadas a rádh an
 3915 cheud nidh i/ gcruth bidh – braon baine – an cheud tráthnóna/ gur thuit sé as mo láimh
 gan aon/ chúis ar domhan. “Thar mo cheann é,” arsa mise /9v/ mar deir na
 seandaoine a chreideas lé/ piseógaibh go mbíonn a lithéid ag tásdbháil/ ó dhuine éigin
 ar an saoghal eile! Chuir/ an teagmhas san groga ionam. Stadas/ agus d’fhiafruigheas
 díom féin cad dheunfainn/ – “²⁰³³An íosfad?” D’fhreagair mo/ chognas. “²⁰³⁴Fuairis
 3920 órdugh gan itheadh, chóimhlíonais é. Fuairis órdugh itheadh, cóimhlíon é/ ní cuirtear
 faic id chead sa”. Leanas ar/ m’aghaidh.... Tá eagarthóir Independent/ an Domhnaig
 (tráth) annso. Níl go maith n-a/ cheann an fear bocht. Dar leis go bhfuiltear/ ar a thí.

²⁰²³ ag *add. ach stríoctha amach*

²⁰²⁴ //úrsa, dúch doirte ar c

²⁰²⁵ tuairs *add. ach stríoctha amach*

²⁰²⁶ féin *add.*

²⁰²⁷ ta *add. ach stríoctha amach*

²⁰²⁸ dubhairt *add. ach stríoctha amach*

²⁰²⁹ m *add. roimh b ach stríoctha amach*

²⁰³⁰ an *add. ach stríoctha amach*

²⁰³¹ faoil *add. ach stríoctha amach*

²⁰³² gaelú ar ‘salts’

²⁰³³ athraíodh an uaschamóg roimh An go comharthaí athfhriotal ar mhaithe le soiléire

²⁰³⁴ níl comhartha athfhriotal ar bith roimh Fuairis

Bainim féin cómhthrom maith dhe./ Deineann sé rud orm. Ní raibh air ach leighcídí/
bróg an lá eile.²⁰³⁵ Chomhairligheas do dul/ amach go dtín bhfear ceathramhan.

3925 Chuaidh agus/ fuair feighre. Bhí sé go cáireiseach asta/ agus thug tímcheall nó dhó an
eatrainn/ agus córdaidhe bána aige ionnta mar/ iallachaibh. Comhachta éigin atá istig
ann/ adeir sé go bhfuil daoine d'iarraidh aise/ do bhaint asta. Chaith sé a chantam
aráin/ indiugh san aghaidh ar Mhuiris Ó Conaire agus as san²⁰³⁶ d'eirig argóint as/
áiteamh gan chéill! Mar sin féin níl se /10r/ gan²⁰³⁷ leus éigin, “Sin é an fear” adeir/
3930 sé, “an duine uasal,” dom dheimhniugh féin –/ tugaim ceannúireacht do dtaobh bidh
as/ gail nuair bhíonn cumas agam air./ Do bhí an oidhche go doimhin ann nuair/
cuireadh fé ghlas sinn. Budh thaithneamh²⁰³⁸/ taidhbhseamh na solas aibhle trid an
meirge/ ceóidh..... Mairbheacht! Mairbheacht! Ó,/ neimhdeimhningtheacht,
neimhchionntacht na háite/ seo bhriseann mo chroidhe, ní fios cá huair/ cá cúis, cá
3935 fáth, cá atharugh, cá faic! Nár/ bhreághtha bheith daortha, cóir no eugcóir, agus/ do
threimhse do bheith romhat amach ar nós/ an bhóthair a bheithfeá shiubhall led²⁰³⁹
dhá shúil/ oscailte!

11x1x23.

3940

Lá Samhna. Aifreann/ indiugh. Lá maith cruaidh fáiscthe. Beartán as/ leitir ó
Shighle. Chonnac sluagh ag dul ag itheadh i/ gcamtha I iarnóin, chuma dhubhach ar
Christóir/ as ar an Rianach. Ráfla go raibh an chomhairle/ camtha ag tabhairt suas!
An bhfeabhasóchaidh san/ ár n-ionad? Tá, dar liom, áthas ar dhream/ áirighthe i
3945 dtaobh treascartha an lucht ceannais/ nách ait sin ar am go bhfuil ár leórdhóthain/ de
bhua dhairt agus aindeise²⁰⁴⁰ orainn cheana? /10v/ Níor fuascladh ach beagán indiugh.
Thugas cúpla/ cuaird ar 15 agus 16. Toitíní, nuadhacht agus/ teachtaireachtaidhe
agam dóibh. Tá P. Ó Dálaigh/ lag go maith ach níl groga as. Tá cuma sheirgthe/
fhann ag teacht ortha go léir, agus cá hiongadh./ Is mór an deifridheacht idir fhear
3950 breoite agus/ fear tréanais as troscaidh. Snaoighe ait/ neamhnádurdha ‘seadh é. Mo
thuairm²⁰⁴¹ go mbíonn/ an fheóil ag dreódh ar a gcnamhaibh agus an/ fuil ag

²⁰³⁵ *rud éigin add. ach stríoctha amach*

²⁰³⁶ *d'eigi add. ach stríoctha amach*

²⁰³⁷ *le add. ach stríoctha amach*

²⁰³⁸ *taidh= add. ach stríoctha amach*

²⁰³⁹ *s add. ach stríoctha amach*

²⁰⁴⁰ *an leathanach stríocthe idir an chéad i agus n*

²⁰⁴¹ *deireadh an fhocail doiléir, sleamhnú pinn trí ir*

teachtugh. Ní róthaitheamhach an radharc/ duine ocrais, fairír! Is uathbhásach an aiste/ ar Éireannach é.... Chuala sceul greannhar/ ó Phádraig de Lonndra mar gheall ar Cheann/ Pobail 4. Chuaidh seisean lá éigin tréis ceudphroinne/ go pobal 15 ar
 3955 stailc ocrais! Bhí/ fonn air fanacht ann. Dubhradh leis dul thar/ n-ais, a²⁰⁴² shéire chaitheamh agus filleadh lé n-a/ leabaidh!!! Thá!! Há!! Thá!! Seadh, níl a/ thuille lé cur annso anocht tréis an méid sin/ ach gur thóg an Loingseach (an t-eagarthóir/ a bhí) scian ar cáirde ó Sheán Mac Cuiltéir,/ agus nár²⁰⁴³ chuir thar n-ais í, ghá radh/ gur fhág sé ar an leabaidh²⁰⁴⁴ aige í agus /l l r/ ná feudfadh bheith freagrach innte as san/
 3960 amach! B’ait an scian í leis agus gluaiseacht!/ Tá na scairstí go léir a caitheadh/ orainn an oidhche eile imthighthe chun a bpobal/ féin. Níl aon bhrón orm n-a ndiaidh!/
 11x2x23

3965

Maidean chruaidh sheaca, a atharuig/ go eadarshuth breágh agus go lá marbh, ciúin/ agus a mhalartuig go tráthnóna bog beulfliuch./ Báisteach airéir airís, mionchlagairt aice,/ clagairt as glórghal ag franncachaibh idir peilt/ agus stán cinn an phobail, roim eirghe lae./ Le heirghe lae coimheascar ages na heunlaithibh/ lasmuigh
 3970 – táid fillte ar an gcamtha airís.²⁰⁴⁵/ Cinn lae an Fhile imthighthe indiugh! Leitir ó Sh/ agus ó E.: beartán agus leitrín ó Cháit./ Deachtán ó oifigeachaibh (airm!) an chamtha/ i dtaobh na stailce ag cur an mhilleáin/ ar an gcomhairle camtha, agus iarratas/ dos na fearaibh bheith dlúth lé chéile! A lithéidí/ d’órduightheibh. Órduighthe! Órduighthe!/ Millid me! Agus gan faic ghá dheunamh/ Tháinig
 3975 neul anocht ar an Loingseach/ bhí sé n-a shuidhe im aice ar mo leabaid/ cois na teine, “An bhfuil peann agat?”/ ar seisean de phreib, “Tá ach ní liom /l l v/ féin é.” “An bhfuil peann luadha agat?”/ Shíneas chuige smut a bhí im phóca agam./ Thairng chuige billeóg pháipeir agus/ scríg go tapaidh mear uirthé i bhfoclaibh²⁰⁴⁶/ deaghchúmtha. D’fhill go gleóidhte í agus/ sheól í. Chuir n-a phóca. I gceann
 3980 tamailín/ tháinig ríog eile ann. Thairng amach í. Shín/ chúgham í. “Léig é²⁰⁴⁷ sin,” ar seisean agus/ ádhbhar mórtais n-a ghuth, “Léig ós árd é!”/ Léigheas é ach ní ós árd.

²⁰⁴² *síneadh fada add. os cionn a ach stríoctha amach*

²⁰⁴³ *chuir add. ach stríoctha amach*

²⁰⁴⁴ *an leathanach stríocthe trí e*

²⁰⁴⁵ *doiléir, sleamhnú pinn tríd an lánstad*

²⁰⁴⁶ *deireadh an fhocail doiléir, an séimhiú ar an dara b tréigthe*

²⁰⁴⁷ *doiléir, e ceartaithe ó i*

Leitrín chun Riaghalthóra/ an chamtha dob eadh í ghá rádh/ leis gur léig an
scríobhnóir i bpáipéar/ an tráthnóna²⁰⁴⁸ gur bhféidir leis finéacht/ thábhachtach do
thabhairt i gcúis Mhic Uí/ Dhomhnaig atá daortha chun báis mar/ gheall ar mharbhugh
3985 an Gheartaig, fear/ lorgtha cora.... Thug sé an leitrín seo do de/ Bhál tréis sinn do
bheith chómhairighthe.²⁰⁴⁹/ Thugas iarracht ar a staonadh. Labhras/ leis an gceann
pobail ghá rádh má b'é/ Ó Murchadha a chómhaireóchadh²⁰⁵⁰ sinn/ a chur ar a
shúilibh do gan aon tsuim /12r/ do chur ann. Ach dar ndóigh ghlac de Bhál go/
fonnmhar an leitrín agus d'árduig leis/ í.... Tá prátaidhe amha ghá rostadh ar/
3990 phlátaidhibh ar na *stóbhaibh*²⁰⁵¹ – prátaidhe/ bradacha as an²⁰⁵² iomar amuigh! Budh/
dhóigh leat ar chuid aca nár itheadar faic/ lé leathbhliain. Is beag cuimhne aca ar/
gcóimleacaidhthibh atá ar fuath bidh! Dheineas/ lá maith indiugh. Tá Seumas ag
scríobh/ go dtí duine éigin ar mo shon. B'fhéarr liom/ ná deunfadh ach seadadh sé
leis.... D'iarr/ Seóire de Bhailís orm leidir bhradach do _____²⁰⁵³/ gheallas. Á, anois
3995 atá a fhios aca cé hé/ cara an lae chruaidh. Is beag shaoil cuid aca/ go gcaithfidís a
dtriall do bheith²⁰⁵⁴ orm. Ná/ bac san - budh dheacair domhsa iad súd/ (cuid aca)
d'ionnsaighe ar a lithéid de ócáid./ Go maithtear dom ach tugann se aoibhneas²⁰⁵⁵/
dom na daoine leithleacha so do/ bheith i gcúl mo dhuirn agam – a n-éaradh/ nó a
maitheas ar mo thoil - agus²⁰⁵⁶/ iad d'úirísluigh ar an gcuma so. Tá Dia/ go maith i
4000 gcómhnaidhe. Níor thréig Sé fós/ riamh me. Móruighim É.

11x3x23.

Oidhche/ fhliuch eile airéir. Nách uathbhásach an ball/ báistighe é seo. Maidean
4005 tirim chruaidh /12v/ fhuar; bolglae stuacach; tráthnóna daibhceach/.... Dul tré chéile
an domhain ameasc/ cinn urraidh²⁰⁵⁷ an chamtha i dtaobh Comhairle/ nuadh.
Suidheachán roim nóin; suidheachán tréis./ Tháinig Criostóir Ó Broin trid an dteine

²⁰⁴⁸ gur *add. ach stríoctha amach*

²⁰⁴⁹ *níl lánstad ar bith i ndiaidh chómhairighthe, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Thugas*

²⁰⁵⁰ sinn *add. ach stríoctha amach*

²⁰⁵¹ *gaelú ar 'stoves'*

²⁰⁵² *io add. ach stríoctha amach*

²⁰⁵³ *is cosúil gur tharraing an Cóta an líne i ndiaidh do in ionad 'chur le' agus ainm an duine a thug na litreacha amach as an gcampa géibhinn ar a shon nó rud éigin ar nós sin; is cosúil go raibh sé ag iarraidh céannacht an duine agus an rud a bhí á dhéanamh acu a cheilt*

²⁰⁵⁴ *or add. ach stríoctha amach*

²⁰⁵⁵ *aoibh=neas; neas add. roimh neas ach stríoctha amach*

²⁰⁵⁶ *iad d'úir add. ach stríoctha amach*

²⁰⁵⁷ *tosach an fhocail doiléir, an chéad r scríofa do doiléir*

n-a/ cheann camtha airís! Cad n-a thaobh tréis/ a raibh de mhíceudfadha air lé
 seachtmain?/ Mo thuairm ná raibh sé de mhisneach aca/ ceann camtha eile do
 4010 cheapadh, mar gur b' é/ a mbaramhal ná beadh an te a cheapfaidís/ chómh
 báidheamhail ag an Riaghalthóir; agus/ ar shlighe éigin dá mhéid an mhilleán atá/ aca
 air agus an dochma roim Chríostóir/ seo chéim nár mhaith leo do thaisdeal.../
 Airighim go bhfuil leas ceann camtha aca.²⁰⁵⁸ / Adj²⁰⁵⁹ nuadh agus fear nuadh
 ceathramhan./ Agus Comhairle Comhairle! Há! Há. Pé/ imtheacht teacht a gnidheas
 4015 rialtais sa chamtha/ so is é an dá mhar a chéile don sluagh é, ach/ go mbeadh an cúrsa
 níos measa againn dar/ liom dá mbeadh Críostóir in easnamh orainn./ Chómh fada
 léim chuid se dhe ní bheadh aon/ chion ag aon taobh aca orm, ach n-a dhiadh/ san is
 olc deunfaidhe gan me agus is cuma /13r/ faid agus gheóbhad mo²⁰⁶⁰ leitreacha/ as mo
 bheartáin gan cosc a's mo chuid de/ pé rud a bhíos ar siubhall. Is minic a chuireas/
 4020 me féin in iúil ná feudfaidís tig/ caca do riar! Agus is fíor san. Rud nár/ thárla roime
 seo sa chamtha tráthnóna Sathairn/ scrúduigheadh beartáin lé linn oidhche agus/
 scrúdófar ambáireach (Dé Domhnaig) iad/ freisin! Cad tá ag bogadh a gcroidhe?.../
 Cheithre beartáin páipéar ón Oileán Úr/ inde. Leitir ó Mháire Husae indiug -/ gar-
 inghean do Mhnaoi Uí Drisceóil, T.D./ seadh í! Agus idir dhá líne bhí leitir eile/ fé
 4025 fhód. Taithnighim lé Máire. Dar fiadh!/ Dubhairt²⁰⁶¹ sí gur chosamhail le Danté/
 agus Beatrice sinn, nár chuir seisean/ a ghrádh in iúil di go dtí go raibh sé ar/ neamh
 agus annsan gur bhíodhg a ghrádh/ é an Dibhine Comedy do scríobh. Sin mar/ tá
 againne leis. - Gheall sí go raibh peann/ ar an mbóthar chugham. - go raibh páipéir/ an
 Oileáin Úir ag cur tuatha san stailc/ ocrais. I gceann des²⁰⁶² na páipéaraibh seo /13v/ a
 4030 tháinig chugham bhí cúntas cruinn ar lucht/²⁰⁶³ martha an Travessa a cailleadh/ i
 mBóchna na hIndia: mí nách mór ar/ dhruim na fiadhainfharraige ghá thuargaint/ i
 dhá mbád beuloscailte, ar bhlúire/ bhriosca agus oiread uisce agus raigheadh/ ar
 chluíd²⁰⁶⁴ stáin toitíní gach lá! Agus/ shroicheadar talamh as iad 2000 míle ón/²⁰⁶⁵
 dtalamh budh ghiorra dóibh nuair thréigeadar/ a long. Cad é an cheud rud a iarradar/
 4035 ar dhul i dtalamh? – Deoch uisce agus/ sagart! Agus scaistí annso a ghéill tréis/ 10 lá

²⁰⁵⁸ *doiléir, an lánstad nasctha leis an a roimhe*

²⁰⁵⁹ *Adjutant*

²⁰⁶⁰ *leitreas add. ach stríoctha amach*

²⁰⁶¹ *sí add. ach stríoctha amach*

²⁰⁶² *an leathanach stríocthe trí s*

²⁰⁶³ *marb add. ach stríoctha amach*

²⁰⁶⁴ *bos add. ach stríoctha amach*

²⁰⁶⁵ *oi add. ach stríoctha amach*

troscaidh, a ndóthain uisce aca, suaimhneas/ agus gan aon troid leis na dúlaibh!/ ...
 Ní róchumaoinéach an chainnt a thug/ an Gearaltach uaidh i dtaobh na nIndiach ar/²⁰⁶⁶
 gComhdáil Ímpireachta so atá ar siubhall i/ Lúndain. Chuir sé in iúil nár/²⁰⁶⁷
 chóimhleacaidhthe Indiathaig agus sinne -/ Éireannaig! Agus ná/²⁰⁶⁸ béidís mar sin/ go
 4040 dtí go mbeadh rialtas aca fé Impireacht/ Shasana, a admhóchaidís! Saghas éigin/
 gan/²⁰⁶⁹ dearmad mar tá againne! /14r/ - Is beag atá lé dhá/²⁰⁷⁰ lá ar an bpáipéar mar/
 gheall orainn.... Táthar chun dlighe do rith chun/ riara no cosca nó rud éigin do
 dheunamh ar/ chruinnightheibh poiblidhe. Sin saoirse agat i/ Saor Stát!.... Beartán
 eile de/²⁰⁷¹ chinn lae/ an Fhile imthighthe indiugh. Slán leis! Ádhbhairín/ airgid ag Ó
 4045 F. ó Charaid don nGíofóig.../ Na páipéir a tháinig chugham thugas dóibh seo ar/
 troscadh iad, salann sláinte agus comraitidhe/ eile a fuairas dóibh.... An bhfuil aon
 rud eile/ anois? Má tá dearmhadaim é! Oscladh an/ doras dhá uair agus ní
 thaithnuigheann a ghiascán/ liom, mar nách fios cathain thúirlingeóchaidís/ ar dhuine
 agus bíonn an oiread san ar/ lámhaibh agam agus chómh minic sin, cé gur/ mór an t-
 4050 ualach atá tógtha dem chroidhe/ indiugh. Ach ar nós an bháis – ní fios cá tráth,/ ná cá
 huair?²⁰⁷²

11x4x23.

4055 An/ Domhnach. Maidean chomh haoibhin agus/ chonnac lé fada. Atharug glaise
 tímcheall/ lár/²⁰⁷³ an lae. An Loingseach olc ar maidin./ Theastuig uaidh bualadh
 amach roim tráth/ cómháirighthe ghá rádh go fuadrach mórghlórach/ ná
 coingbheóchadh aon chómhacht é féin ón /14v/ aifreann. Budh dhíomhaoin bheith ag
 diospóireacht/ leis; budh dhíomhaoine ná san bheith d'iarraidh/ é do chur ar a leas.
 4060 Aimsir bidh leis loirg/ sé cannta méith feóla in ionad an ruda/ fuair sé agus sara raibh
 aga ag an bhfear/ réir/²⁰⁷⁴ é do mhalartugh dho do theilg sé/ thar n-ais san méis é,
 shnap cannta go/ raibh dhá bhlúire cnámha ann agus strac/ ó chéile iad mar dheunfadh
 madra alla/ ocrais! Agus ós rud é ná fuil scian ná/ gabhlán aige stiall sé trí n-a

²⁰⁶⁶ *is cosúil gur fágadh 'an' ar lár roimh gComhdáil*

²⁰⁶⁷ *chóimhleacaidhthe add. ach stríoctha amach*

²⁰⁶⁸ *bead add. ach stríoctha amach*

²⁰⁶⁹ *camóg add.*

²⁰⁷⁰ *tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar d nasctha le d*

²⁰⁷¹ *c.1 add. ach stríoctha amach*

²⁰⁷² *11x4x23 add. ach stríoctha amach*

²⁰⁷³ *deireadh an fhocail doiléir, r tréigthe*

²⁰⁷⁴ *rud éigin add. ach stríoctha amach*

phroinn mar/ dheineadh athair Áideam sarar chuimhnig sé/ ar oireamhaintíbh ithte!
 4065 Fém fhabhraidhibh/ d'fhaireas é. Budh gheairid idir olc as/ áilt aige. Dom agallam do
 ráidh sé: “Connus/ tá ag eirghe leat? Go maith, go maith”/ ghá fhreagairt féin “Tá san
 ceart, tá/ san ceart,” agus ar luighe na súl bhí sé/ go fíochmhar ag ionnsaighe
 buachalla fíormhacánta/ im aice, “Baineann tusa, leis,/ leis an mbuidhin chantain²⁰⁷⁵!
 (Sid iad an/ dream, dar leis bhíos ag fonmhód²⁰⁷⁶ fé) Ag/ baile ag do mham budh
 4070 chóra duit bheith as/ giobal tímcheall do thóna dod choimeád/ glan as ní ameasc
 fear!”.... Cuid mhór /15r/ den gceart aige ach nár leis an bhfear/ cionntach bhí sé ag
 cainnt in aochor. “Focal/ amadáin nó dealg lathaighe,” deirtear/ agus is ró-fhíor é....
 Tréis proinne sciúird/ sé tríd an bpobal, súil as leamhghaire gach/ aonne air.
 Chuirfinn cuid mhaith an uair/ sin i gcumha é d'ionnsaighe Mhuiris Uí/ Chonaire go
 4075 raibh lón triúir aige agus/ cuma²⁰⁷⁷ shuthach air ar nós aon chránach/ ach b'é toil na
 ndéithe²⁰⁷⁸ nár dhein. Sid é/ an Muiris ceudna dubhairt liom an oidhche/ eile ná
 feudfainn deachtugh do féin cathain/ nó connus dheunfadh sé an te agus mé/ tréis an
 té do sholáthar don scolthartach/ agus gan faic do rádh ach gur dhóigh liom/ go
 ndeunfadh aon iarracht amháin té sinn/ agus nár chuibhe an nidh bheith dár bpalcadh/
 4080 féin lé biadh agus ar gcomráidithe/ ar troscadh. Ach budh mara chéile dhuit bheith/
 ag foillsiugh míneachta i bhfarradh muice!/ Bhímís i gcuibhreann go dtí san ach
 thréigear/ an cuibhreann san agus cé gur minic/ mo rún réabtha agam d'fhonn
 suaimhnis/ agus caoineacht do bheith eadrainn annso /15v/ táim chómh daingean leis
 an gcarraig dhuibh/ é seo do chomhall!.... Ach iomthúsa an/ Loingsig: d'aithnigheas
 4085 go raibh drochfuadar/ fé agus ó tá seanaithe agam anois ar/ éiglidhe na colna agus
 ciallmhar nó le báine/ gur b'é nádúir an chuirp an biadh do/ shíorlorg, dubhart leis
 muga uisce te²⁰⁷⁹/ d'fhághail agus go dtabharfainn té agus/ siúicre dho. Chuir so
 gealadhram air agus/ léimfeadh sé tig!.... Tá suaimhneas anois/ air agus é n-a shuidhe
 cois na teine/ ar a chraodó dho féin sa ghal tobac aige/ ar a sheascaireacht....
 4090 Chonnac gur/ nocht lucht toighte san domhan toir áras/ gloine i gcruth uibh agus go
 bhfuil íce/ ann go dtuigtear gur b'í do choimeád/ ógchruth ar²⁰⁸⁰ Chlítheoipeátra!....
 Is clos/ dom anois gur chuir mo chara Liam Breathnach/ nach dhá laige dhe in uimhir
 15. Airéir bhí/ fear de mhuintir Chéilleachair olc ann freisin./ Agus dhiúltuig an

²⁰⁷⁵ *tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar c nasctha le c*

²⁰⁷⁶ *deireadh an fhocail doiléir, dúch doirte ar d*

²⁰⁷⁷ *os cionn na líne agus cuma add. stríoctha amach faoi*

²⁰⁷⁸ *lár an fhocail doiléir, it scríofa go doiléir*

²⁰⁷⁹ *síneadh fada add. os cionn e ach stríoctha amach*

²⁰⁸⁰ *Cleod add. ach stríoctha amach*

sagart corp críost/ d'fhear i 16! Cá bhfuil ár driall²⁰⁸¹ chor ar bith?/ Níor labhair an
4095 dochtúir indiugh liom. Is mór/ agam go deimhin, dá mbeadh a fhios aige/ cad é mo
mheas-sa air, chuirfeadh sé /16r/ iongadh air lé n-a luighead!...²⁰⁸²/ Thárla teagmhas
áit²⁰⁸³, grinn tráthnóna – bhíos/ im shuidhe ar mo leabaidh agus cé bhuailfeadh/
isteach ach Seumas Ó Foghlada an leas cheann/ camtha a bhí. Dhein sé orm corp ar
aghaidh,/ “Cogar,” ar seisean, “ar bh’féidir leat leabhartha²⁰⁸⁴/ do thabhairt ar iasacht
4100 dos na fearaibh atá/ ar troscadhtréanais?” Thuigeas go maith/ ce dho iad (níor dhóibh
go léir a hiarradh iad)/ “Is féidir gan amhras,” arsa mis gan a/ leigeant orm ná go
rabhas chómh dall ar/ mheabhruh cad bhí ar siubhall le circ i ndoircheadas/ na
hoidhche. “Agus fáilte,” do ráidheas/ fós. D’osclas mo bhosca agus chaitheas amach/
na leabhartha ceann ar cheann díreach agus/ dá mbudh ná beadh ionnta ach an oiread
4105 san/ “trubhthaise” (an focal a scríg na scrúduightheóirí/ ar an mbeartán go raibh cuid/
des na leabharthaibh ceanain ceudna so ar/ mbeith do Sheumas i réim agus puinn/ tor
aige ormsa). Fuaireas ionam féin/ bheith árdaianta. “Anois díreach bhíos ag/ dul
sall go huimhir a 15,” arsa mis’, “ar/ thuairisc Liam Breathnach,” agus b’fhíor dom
/16v/ san. Thóg sé na leabhartha agus bhuaileamair/ sall cois ar chois, agus budh
4110 dhóigh leat air gur/ leis féin na leabhartha!... Shuidheas ar²⁰⁸⁵ chnaiste leapan Liam
Bhreachnach agus idir/ chainnt lé Liam i dtaobh a shláinte agus/ mo chluas agus mo
leathshúil ag faire ar/ cad bhí ar siubhall dhá leabaidh uaim táim/ cinnte go
dtabharfadh duine geurchúiseach/ fé ndeara fathgháire searbhsásta²⁰⁸⁶ ag/ siosma
tímcheall mo bheól. B’shiúd é Seósaimh/ Ó Gribhthín go raibh, agus go bhfuil is/
4115 dócha, an ghráin mhairbh aige orm, ag/ feuchaint trís na leabharthaibh agus ghá/
fhiafraighe den “Saoiste” (Pádraig Ó Cathaill/ T.D) ar léig sé seo nó siúd a’s é ag cur/
na leabhar tharais! Sid iad an bheirt a/ bhíodh ag magadh féim iarracht ar leabharlann/
do chur ar bun annso ar dtúis! Sid/ iad an bheirt atá go hárd dar leó i/ ngnothaidhibh
na dúthaighe seo agus ná feaca/ oiread agus dub m’iongan aca ghá dheunamh/²⁰⁸⁷ dos
4120 na fearaibh ó thánagh annso. Á!/ nách orm a bhí an tsástacht aigne nuair/ bhíodar²⁰⁸⁸
agam ar an gcuma so! Agus an /17r/ bheirt seo d’ionntóchaidís orm ar nós an athar/

²⁰⁸¹ *driall; is cosúil gur fágadh ‘ar’ ar lár idir driall agus chor*

²⁰⁸² *Thárla add. ach stríoctha amach*

²⁰⁸³ *ait*

²⁰⁸⁴ *deireadh an fhocail doiléir, an tríú a scríofa go doiléir*

²⁰⁸⁵ *leab add. ach stríoctha amach*

²⁰⁸⁶ *tosach an fhocail doiléir, e scríofa go doiléir*

²⁰⁸⁷ *dos add. ach stríoctha amach*

²⁰⁸⁸ *tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar b nasctha leis an síneadh fada ar i*

nimhe ambáireach dá bhfaighidís an chao. Agus/ deunfaid má gheibhid an chao. Níl
 aon droichbheart/ ná go bhfilleann agus ní raibh se de/ fhearamhlacht ionnta iad
 d'éimeadh!!!/ A léightheóir ar léighis riamh an sceul do/ scríg Mópasang²⁰⁸⁹ ar an
 4125 mnaoi mhigheanmnaighe/ a theic ameach tuille Franncach/ fir agus mná, ó bhaile
 áirighthe ó ghabháil/ na nGearmánac i gcogadh 1871? Níor thaithnig/ sí leó bheith n-
 a bhfochair ag taisdeal gur/ tháinig ocras ortha agus nár²⁰⁹⁰ bhfhéidir/ leó blúire
 d'fhághail lé n-itheadh. Ar an ndáil/ sin dóibh gur shásuig sí a gcarbait cíocracha./
 Ach ar shroichstint bailtín dóibh, thugadar a/²⁰⁹¹ ndrom léithe - ní bheadh aon
 4130 choidreamh/ aca leis an mnaoi a thug biadh dhóibh!/ Ná raibh! Ach nuair fhionnadar
 ná leigfeadh/ an ceann airm Gearmánach as an mbaile seo/ iad go dtí áit éigin budh
 shabhálta²⁰⁹²/ go bpeacóchadh sí leis sin dheineadar a/ coidreamh agus a cómhluadar
 go mín/ tais, tláth, agus idir osnadh agus dheór/ di nuair ghéill sí ar ímpidhe na
 bhfimneach/²⁰⁹³ úd do iarratas an oifigig /17v/ agus dá chionn san gur scaoileadh
 4135 chun/ bóthair iad in am thráth d'ionntuigheadar/ a ndrom airís uirthé, fiú amháin ar
 imeall/ an bhaile! Seo mar tá ag fimneachaibh/ riamh agus a bhéas go deo. Is maith/
 is cuimhin liom an Cathalach ag magadh/ fén leabharlann, nuair bhíomair i bhfochair/
 a chéile in uimhir I. mar d'fhiafruigheadh/ sé an mbíodh an uimhir seo nó an uimhir/
 úd de “Bufló²⁰⁹⁴ Bill” in ár leabharlann!/ Mo thruagh mo thír²⁰⁹⁵ faid agus bhíos a/
 4140 shamhail seo ghá hionadugh! Mo thruagh fé/ dhó thu, a Éire m'amaraic. Ní hé lé/
 háthas a luadhaim an méid seo ach chun/ a fhoillsighthe a fhuraiste dhom mo chos/ do
 luighe ar chorrán gach spreallaire/ aca so agus a mbrugh! B'éigean dóibh go/²⁰⁹⁶ léir
 nár thaithnigheas leó a dtriall/ do bheith orm ar ócáid éigin mar seo nó/ mar siúd....
 Faid táim ghá scríobh so/ tá Muiris Ó Conaire ag athullmhughadh/ fuighealach a
 4145 phroinne mar shéire – ag/ deunamh airceacháin do féin. Ní raibh/ allus ná náire air
 cantam trír fear/ do bheith aige²⁰⁹⁷ /18r/ d'fheóil agus de phrátaidhibh do thabhairt/
 leis isteach aimsir proinne.... Níor chruthnuig/ Dia fós riamh beul ná go raibh
 soláthar/ deunta aige dho chun ruda do chur ann./ Ná bac san níor ith na cait an
 bhliain fós./ - Níl ocras ná tart orm – má táim ar/ chaolchuid féin – a bhuidhe le

²⁰⁸⁹ *lár an fhocail doiléir, p ceartaithe ó f*

²⁰⁹⁰ *bf add. ach stríoctha amach*

²⁰⁹¹ *ndrom add. ach stríoctha amach*

²⁰⁹² *gur add. ach stríoctha amach*

²⁰⁹³ *t co add. ach stríoctha amach*

²⁰⁹⁴ *tosach an fhocail doiléir, u ceartaithe ó o*

²⁰⁹⁵ *faid add. ach stríoctha amach*

²⁰⁹⁶ *léir add. ach stríoctha amach*

²⁰⁹⁷ *do bheith aige faoi bhun cantam; lánstad add. i ndiaidh aige*

4150 Dia.../ Árdúigheadh an Loingseach bocht chun siubhaill/ uaim tráthnóna. Tá súil
agam go n-eireochaidh/ a thurus leis.... B'fhollas nár theastuig/ sé ó aon duine.... Ní
bheadh aon chol/ agam roimis. Ní fios cathain bhuailfeadh/ a cheasnaighe an chuid is
feárr againn in/ inchinn....

4155 11x5x23.

Maidean an aoibhin ar/ fad - cruaidh tirim siocamhail, glioscarnach fé/ thaitheamh na
gréine ar gach fás. Datach ag/ eirghe go mall rínn as mhúchánaibh i ngar sa/ gcéin.
Fothfaoilean ag seóladh go maordha/ os chionn an mhachaire lasmuig, caoire ag/
4160 inbhear ameasc na dtor aitinn, capaill/ ghá thabhairt amach chun a suaidhte; glór/ binn
ceapúird ar inneóin thall ameasc na/ mbeairricí; screuchach choimtheach uaigneach
/18v/ géudhanna fiadhaine anáirde sa spéir/ idir me as na sléibhtibh – bshid iad
fuaimeanna/ agus glórtha na glanmhaidne ar/ oscailt dhoras na n-eachlann indiugh.
A/ Dhia, nár bh'aoibhin an mhaidean í amuigh!/ Cé méid maidean eile bhead annso?
4165 Cé/ mhéid maidean eile a bhéad²⁰⁹⁸ gan mo chluas/ do ghlacadh geóin na leanbh ag
dul ar/ scaoil, gan “hó isteach” nó “hath amach”/ “horais²⁰⁹⁹” nó “tioc” le ainmhidhe
nó lé/ eun? Go bhfeicfead bean coschórach ag/ siubhall an bhóthair? Go gcloisead
glór/ éigin seachas giascán diallta an mhórdhorais/ seo, cnagadh agus scríobadh na/
bpóilíní ar chliathanaibh an phobail, nó/ an glaodh coitcheann “Treóraidhe Pobail”/ ar
4170 theacht isteach dóibh; ding deang lé/ cois²¹⁰⁰ scine ar bhonn airgid ag/ deunamh fáine
dhe, nó an tsíorchainnt/ “Ní feadar an dtiocfaidh aon leitreacha/ indiugh, nó beartáin?
An bhfeacais/ an páipear? Ar chualais aon rafla²¹⁰¹? /19r/ Iad so agus a liacht glór as
geóin –/ na rudaidhe ceudna ó Luan go Satharn –/ Tá cuma shnoighte, chaithte,
chroithte ag teacht/ ar lucht an troscadhtréanais. Níor mhaith/ leat dearcadh ar chuid
4175 aca. Is ait an tslighe/ é. Is áit²¹⁰² an dáil ar an áit é, ar lucht/ aon airm, cuid againn ar
fuath bidh agus/ cuid againn ná beathóchaidh muilleán meilte/ sinn ar an láthair le
craos deamhan!/ Indiugh agus mé ag siubhall leis an bhFile chuir/ an dochtúir
cainnt orainn. “An bhfuil aon/ ráfla²¹⁰³ indiugh ag an gCaomhánach?”/ d’fhiafruig sé
agus leamhgháire air. Lasas/ lé cuthag. Stracfainn taobh tige as a/ chéile (Bshid

²⁰⁹⁸ *tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar b nasctha leis an síneadh fada ar e*

²⁰⁹⁹ *tosach an fhocail doiléir, h ceartaithe ó t*

²¹⁰⁰ *scéine add. ach stríoctha amach*

²¹⁰¹ *síneadh fada add. os cionn an dara a ach stríoctha amach*

²¹⁰² *ait*

²¹⁰³ *in add. ach stríoctha amach*

4180 é²¹⁰⁴ an fear ná beannóchadh indé/ dom – duine de lucht ceannairce an/ chamtha so).
 Thugas aghaidh²¹⁰⁵ air. Chuimhnigheas/ ar rún do thugas do agus tug sé²¹⁰⁶/ gan
 moill do bhollsaire an chamtha –/ G. Á., agus leis an méid seirbhthin d’fheudfainn/ do
 thiomsugh dubhart: “Geóbhair se/ sceulta ód cháirdibh nuadha (iad so go/²¹⁰⁷
 ngeárrfadh sé a scórnach mí ó shoin) /19v/ (ní rabhadar san riamh ach ag lorg
 4185 nuadhachta)/ “Mara b’eadh, a dhochtúir, níor dhearscnais/ lé glóire tú féin ná do
 chairde.²¹⁰⁸” Dá gcuirfeá/ duirc ann ní thiocfadh braon fola as./ Geibheann sé tharm
 ó shoin sa cheann fé aige/ ar nós an phúca.... Sé²¹⁰⁹ fáth go gcuirim/ ar pháipéar na
 nidhthe seo chun a fhoillsiugh/ airdheana an duine, a adhmanachta agus a/
 neamhdhaingneacht. Tá mórchuid foghlumtha/ agam ó thánagh annso. Táid²¹¹⁰
 4190 feicsighthe/ agam anois ó gach áird thuaidh theas thoir/ thiar²¹¹¹ agus tá an mearbhall
 aigne scaipthe!/ Tá na fir mhóra go léir gabhtha fé léith mo/ shúl agus go deimhin ní
 bheurfadh fear/ maith a bhrógadh lé glanadh²¹¹². Tá an cúigeadh/ comhairle anois
 agus mar aguisín léithe/ comhairle comhairlig i gceannas an chamtha/ agus mar a
 chéile ‘seadh iad²¹¹³/ neimhfheidhm.... Níl oiread agus páipéar laetheamhail/ aca i
 4195 gcomhair 1400 fear!.../ Léigheas giota maith san “LeathAmadán” indé/ aighneas fir
 eitine mar gheall ar labhairt/ na fírinne. Aistreóchad é nuair beidh /20r/ flúirse páipéir
 agam. Ambáireach/ lé cóngamh Dé aithgheobhad obair m’úirscéil/ agus scríobhfad
 gearreachtra ar gach/ mnaoi des na mnáibh a bhuail liom im/ bheatha – sé sin
 tosnóchad é. Léigheamh/ agus scríobh an uile lá anois.... Mothuighim/ uaim an
 4200 Loingseach anocht... Níl aonne/ chun grinn ná eile do dheunamh. Se bhfuil/ ag
 briseadh a gcroidhe – a mbolg!.../ Ó Críocháin a tógadh amach an lá eile ar/
 bharrghal báis go otharlann an Churraig/ tá sé thar n-ais indiugh. Gealladh do a/
 fhuascailt ach itheadh. D’ith. Annsan ní/ leigfidís uatha é! Chuaidh sé ar tréanas/
 airís agus airéir thug sé iarracht ar/ eulugh i gculaith fir réir! Sin mar chloisim./
 4205 Fuascladh dáreug éigin indiugh Níl aon tsúil/ lé fuascailt agam go fóil.

²¹⁰⁴ *os cionn na líne agus caret idir Bshid agus an*

²¹⁰⁵ *air add. ach stríoctha amach*

²¹⁰⁶ *deireadh an fhocail doiléir, an síneadh fada ar e smeartha*

²¹⁰⁷ *nge add. ach stríoctha amach*

²¹⁰⁸ *níl lánstad ar bith i ndiaidh chairde, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é*

Dá

²¹⁰⁹ *is cosúil gur fágadh ‘an’ ar lár idir Sé agus fáth*

²¹¹⁰ *f add. ach stríoctha amach*

²¹¹¹ *tosach an fhocail doiléir, t ceartaithe ó s*

²¹¹² *is cosúil gur fágadh ‘chúcha’ ar lár i ndiaidh glanadh*

²¹¹³ *neimhfheidhm add.*

11x6x23. -/

Maidean bhreágh chruaidh seaca leacoidhreach fholláin./ Braithim ar fheabhas....

- 4210 Léigtar i bpáipéar a/²¹¹⁴ fuaireas ón Oileán Úr argóint idir Shlabhach/ agus dochtúir de mhuintir Mháille (Tá súil/ agam ná fuil aon ghaol aige lé Pádraig) mar /20v/ ar an bpór is deallrataighe bheith i gceannas/ an domhain san ngaraimsir. Sé áiteamh/ Steinmeits gur b'í an chine Shlabhach -/ Rúiseánach, Pólach agus Seirbeach bhéas in uachtar./ agus ghá shuidheamh san gur b'í²¹¹⁵ “eidhin/ dlúithbhaileacht na Slabhach
- 4215 a²¹¹⁶ bheurfaidh/ dóibh bheith mar chineál cinnsil an domhain.²¹¹⁷”/ In a ghaidh seo tráchtann Ó Máille gur/ b'é an Ceilteach bhéas ar bárr agus deir ná/ fuil rian an tíorchais chirt lé fágghail in/ aon áit ar fuaid na h-Iúróipe ach ins na/ háiteannaibh n-ar ghaibh an Ceilteach, go raibh/ an teanga Cheilteach roim Laidean nó Gréigis,/ leitridheacht, ealadha, ceól, dathadoireacht,/ dealbhacht ná fuilid lé fágghail in aon
- 4220 bhall/ eile ach san áit gur ghaibh²¹¹⁸ Cine Ceilteach!/ gur riachtanach dáil chorpardha i dtíorchas/ dréir an fhir ealadhan so:²¹¹⁹ meaththeas/ timceall 60%; taistireacht tímceall/ 75; fonn taomnach ná bíonn róthe, ná rófhuar/ ach malartach i gcomhnaidhe. Ní feadar/ an bhfuil aon bhun leis? Ach is iontsuime/ an cúrsa é./

4225 /18r/ 11x7x23 -

Lá aoibhin dob eadh é seo – cruaidh/ tirim, sláinteamhail. Connus ríomhfainn

aoibhneas/ na maidne seo indiugh? Níor bhféidir é./ Níl scríobhnóir a dheunfadh é; níl gaisteóir/ a dhathóchadh é; chaithfeadh²¹²⁰ duine an talamh,/ an spéir²¹²¹

- 4230 d'fheicsint, do bhraith/ chun aobhdhacht na trátha do mheabhugh agus/ do mheas n-a cheart. Ní chuimhin liom/ aon mhaidhean is mó chuaidh im chroidhe/ ná í, fiú amháin an mhaidean mheala/ im stad san scuain ar an ndroichead/ os cionn uiscí Niagara ag dul ós²¹²²/ na Stáit go Canada ar 6.30²¹²³ a chlog,/ ná an mhaidean lé heirighe lae agus

²¹¹⁴ fu *add. ach stríoctha amach*

²¹¹⁵ ai *add. ach stríoctha amach*

²¹¹⁶ dheun *add. ach stríoctha amach*

²¹¹⁷ níl lánstad ar bith i ndiaidh domhain, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é In

²¹¹⁸ is cosúil gur fágadh ‘an’ ar lár idir ghaibh agus Cine

²¹¹⁹ teas tim *add. ach stríoctha amach*

²¹²⁰ deireadh an fhocail doiléir, an séimhiú ar d nasctha le d

²¹²¹ , an tráth *add. ach stríoctha amach*

²¹²² Mheir *add. ach stríoctha amach*

me/ ag siubhall tímcheall Cinn Sléibhe agus/ ceud luisne na gréine ag²¹²⁴/ drílseadh de
4235 dhruim Cinn Mhangartain/ siar²¹²⁵ ar fad ar an liathcarraig/ is aoirde in Inis Mhic
Fhileáin, ceud/ spíce ghlac an gae glé seo. An dtabharfad/ iarracht air? Deunfad.
Chómh luath/ agus oscladh an doras amach liom chun me/ féin d'ionnladh. Amuigh
dhom do bhriochuig/ an uain me. Chuadhas ar chúl phobail an /18v/ ionnladhtha.
D'eirig mo chroidhe orm. Spréidh/ mo cheudlán súl gach diachar atá tagtha/ dhom ó
4240 ránga annso. Cad dhearcas? Ó/ bháir²¹²⁶ mo choise ar gach aon taobh díom/²¹²⁷
brúcht eudtrom seaca²¹²⁸ chómh heudtrom le *gasamar*²¹²⁹ chómh fada/ agus rithfeadh
mo radharc ar thraithnín/ ar dhuilleóig ar²¹³⁰ adhmaid, ar *bhaghar*²¹³¹/ ar²¹³² ceann²¹³³
fóirgnimh, ar/ bhuaic, ag drithlinig n-a²¹³⁴ súilíníbh/ chómh glioscarnach lé
sligiríníbh²¹³⁵/ for sheodaibh mná áilne; aoibhneas na/ gréine, mairbheacht aoir, ceó
4245 bogolnach/ n-a luighe ar na sléibhtibh i gcéin i gcom/ sa gconair, i ngabhal sa ngleann,
agus/ árdán ag bagairt a fhíoraíde os a chionn/ mar bheadh míol mór, nó arrachtach
uathbhásach/ aigéin i gcorplár na bóchna; datach/ ag eirighe go mall as²¹³⁶
mhúchánaibh;/ scáth múchán na mbeairricí n-a/ leirg dhuibh²¹³⁷; fothphríochán n-a
chois/ ar *bhaghar*²¹³⁸ nó ar staic ghá phriocadh/ féin lé sámhán. (Indiug níor
4250 dheineadar/ glór ná cluiche ar thóraidheacht bidh/ amhail as dá mbudh biadh
aoibhneas na/ maidne dóibh); scata mór plibín mídhg /19r/ go n-a nglór uaigneach, sa
geleití nglasuaithe/ ag taithneamh fén ngréin iontaig,/ sa mbuilg gealbhána sa n-
íochtar sciatháin;/ capaill ráis ag filleadh ó n-a suathadh/ maidne go n-a marchachaibh
as gur dhóig/ leat go mbrisfidís an bhrúichtín bhánghlioscarnach/ fé n-a gcois as dá
4255 mbudh/ leachoidhir thanaidhe í! Stadas do mhacthnamh/ an radhairc seo agus

²¹²³ ar *add. ach stríoctha amach*

²¹²⁴ drílseadh *add. ach stríoctha amach*

²¹²⁵ go léir *add. ach stríoctha amach*

²¹²⁶ os cionn na líne agus bháir *add. stríoctha amach faoi*

²¹²⁷ meirge se *add. ach stríoctha amach*

²¹²⁸ chómh héudtrom le gas *add. os cionn na líne ach stríoctha amach agus caret add. idir seaca agus chómh fada*

²¹²⁹ *gaelú ar 'gossamer'; chómh heudtrom le gasamar ar an gciumais inmheánach agus saighead tarraingthe ón líne seo chuig an gciumhais inmheánach*

²¹³⁰ amadm *add. ach stríoctha amach*

²¹³¹ *gaelú ar 'wire'*

²¹³² chean *add. ach stríoctha amach*

²¹³³ foirgnim *add. ach stríoctha amach*

²¹³⁴ shúilibh *add. ach stríoctha amach*

²¹³⁵ ar s *add. ach stríoctha amach*

²¹³⁶ mhuc *add. ach stríoctha amach*

²¹³⁷ , dhuibh *add.*

²¹³⁸ *gaelú ar 'wire'*

chuir²¹³⁹ mo/ chroidhe ceist orm: “Ná fuil Dia ag faire/ leis ar ár lithéidíbh? Na
nidhthe seo a/ thagas ó Dhia amháin nách iad cóimhsheilbheách/ iad – bíodh sé n-a
bhráighe nó n-a/ sheighléir? Cad fáth sinn do bheith in achran/ nidhthe go bhfuil
saghas éigin smachta/ againn ortha,²¹⁴⁰ agus gur b’éigean dúinn/ stad ar áird
4260 áirighthe?” Agus d’fhreagair/ guth éigin: b’fhéidir gur féidir linn rialtais/ do
threascairt nó do bhunugh,/ seilbhchoimeád fear do chiorrugh nó d’fhadugh/ ach níl sé
ar chumas aonne²¹⁴¹ brúcht/ seaca do chosc nó do chur, taithneamh/ na gréine do
riagalugh, aoibhneas na/ maidne do lat nó do mheudugh, gaoth /19v/ d’árdach nó do
chiúnugh – tá na dúil ag deunamh a ngótha féin gan/ bhuidheachas dúinn bíodh
4265 síothcháin nó achran/ eadrainne”.... Tháinig mórán/ beartán isteach indiugh.... Bhí
deachtáin/ ghabhtha ón gcamtha so ar an bpáipéar/ indiugh – an File an cheud duine
thug/ éachtaint dom air. “²¹⁴²Tá innidheamh orm/ chun iad d’fheicsint d’fheuchaint
an/ bhfuil _____²¹⁴³?”²¹⁴⁴ agus dfeuch sé agus gháir/ sé. “Ná bíodh eagla ort,”
dfhreagras/ “más rud atá i gceist é fan go mbeam/ deimhnitheach de – níl aon
4270 fhaitchíos/ orm agus más aindeise féin é níl/ ann, d’aimhdheóin an dochair a
dheunfadh a/ gcailleamhaint, ach rud tar ár riocht”/ “Nár bh’iongtach an bheart é dá
mbeadh/ na cosa againn?” “Nílimíd as an gcoill/ fós ach tá muinghin agam as –/
Dhia”²¹⁴⁵ (fém fhiac্লাibh adubhart e seo²¹⁴⁶ – cad fáth?).²¹⁴⁷ / Do²¹⁴⁸ bhí ráfla ar
siubhall go raibh an fear/ ceathramhan aistrighthe agus gan moill/ bhí daoine ag cur
4275 cailleamhaint na ndeachtán/ n-a leith! Ach tráthnóna chonach chómh/ beo fothragach
é ag gabháil anuas ón ngeata/

Leathanach ar iarraidh²¹⁴⁹

²¹³⁹ *tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar c nasctha le c*

²¹⁴⁰ *comhartha ceiste add. ach stríoctha amach*

²¹⁴¹ *camóg add. ach stríoctha amach*

²¹⁴² *níl comhartha athfhriotail ar bith roimh Tá*

²¹⁴³ *is cosúil gur tharraing an Cóta an líne i ndiaidh bhfuil toisc gur stad Seosamh Mac Cathmhaoil de chaint i lár na habairte; is cosúil go raibh inní air go raibh a gcóna lae nó litreacha a scríobh siad i measc na ndeachtán gabhtha mar scríobh sé an méid seo a leanas ina dhialann ar ‘11x7x23’: ‘Rocky in a whisper: - “Saw the paper. Something in it about failure of hunger-strike in Tintown 2.” Went out and told S.K. Wind-up. Supposing packet of MSS. was captured?...Or letters intercepted? S.K. cautious – but “have no fear. I feel they’re gone through all right. Socko did his part.”*

²¹⁴⁴ *níl comhartha athfhriotail ar bith i ndiaidh an chomhartha ceiste*

²¹⁴⁵ *níl comhartha athfhriotail ar bith i ndiaidh Dhia*

²¹⁴⁶ *e seo os cionn na líne agus caret idir adubhart agus an fleiscín*

²¹⁴⁷ *níl lánstad ar bith i ndiaidh an lúibín, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Do*

²¹⁴⁸ *dhá líne faoi bhun D*

²¹⁴⁹ *níltear in ann a rá go deimhneach cé mhéad leathanach atá ar iarraidh toisc nach bhfuil na leathanaigh uimhrithe de réir a chéile ag an bpointe seo sa dialann*

4280 /24r/²¹⁵⁰ criosúir ar théudaibh, agus casóg ar/ stoiceachaibh! Nách maith an tuar
 sláinte/ i gcomhair an gheimhridh iad so mar áiteannaibh/ cómhnaidhthe?... Ní
 bhfuairéas/ mo bheartán ón Oileán Úr atá in oifig/ an phuist liom os cionn mí! Nách
 me/ atá ghá chlipeadh, ghá cheusadh²¹⁵¹ aca! Agus/ gan me fe chumaoin oiread agus
 aon/ toitín amháin ag an bpoblacht ná ag/ an Saorstát!.... Chuir sé áthas orm a/ chlos
 4285 go bhfuair bean an Fhile ceann/²¹⁵² des na beartánaibh ach go háirighthe/ a chuireas
 amach do²¹⁵³ agus in a leitir dhein/ sí tagairt dom féin ghá fhiafraighe/ cad é an saghas
 duine me. Agus cad é/ an saghas duine me? Cé aige go/ bhfuil a fhios? Beartán
 leitreach ag/ dul amach anocht. Go n-eirighidh leo, ach/ an n-eireóchaidh i
 gcómhnaidhe?/ Stadfad annso agus léighfead “An/ LeathAmadán” ar feadh tamaill./
 4290

11x10x23 -

Lá maith an lá indiugh – fuair/ bean an Fhile an dara beartán. Sin rud maith /24v/
 deunta agam ach go háirighthe agus tá/ bród orm n-a thaobh. Dá bhfaighin cúntas/ ó
 4295 Shighle anois ar mo chuid féin nách orm/ bheadh an lúthgháir. Tá imnidheamh orm./
 Tháinig leitir ó Sheosaimh Mac Bhreitheamhan/ indiugh fillte i mbeartán páipéar
 agus/ is iongadh liom mar²¹⁵⁴ a bhfuair an/ scrúduightheóir boladh aon ruda. Ó, nách/
 iongtach ná tuigtear dóibh²¹⁵⁵ amuigh/ go bhfuil scrúduightheóir annso. Tháinig/
 tímcheall 210 bráighe ó Dún Dealgan/ indiugh. Cad tá fén “rialtas” do deunamh/ agus
 4300 bheith ag glanadh na gcarcar. Is/ clos dom leis go bhfuil²¹⁵⁶ coirphig/ ortha so,
 daoine dhéin éigean ban agus/ rudaidhe²¹⁵⁷ uathbhásacha eile! Go deimhin/ féin is
 inmhianta an cómhluadar iad.../ Ar leathuair treis a cúig nó mar sin indiugh/
 bhraitheas cnag bheag ar an bhfuinneóig./ Bhíos im bheathaidh de phreib – is
 eudtrom/ chodlaim – agus ní mór nár bhuail/ ballóg aráin sa bheul orm. Mo Dhuine
 4305 /25r/ a bhí ann. Ar an uain gceudna bhí an foraire/ ag béiceadh “Uile cheart!”

²¹⁵⁰ *is cosúil gur cuid den iontráil do ‘11x9x23’ í seo mar scríobh Seosamh Mac Cathmhaoil an méid seo a leanas ina dhialann ar ‘11x9x23’: ‘S.K. didn’t appear until just before dinner. He had been washing. Told him of the safe arrival of first packet of MSS...Delighted that packet had arrived.’*

²¹⁵¹ *tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar c nasctha le c*

²¹⁵² *ach add. ach stríoctha amach*

²¹⁵³ *léigh ‘d’ in ionad do*

²¹⁵⁴ *ar add. ach stríoctha amach*

²¹⁵⁵ *amu add. ach stríoctha amach*

²¹⁵⁶ *coir add. ach stríoctha amach*

²¹⁵⁷ *uab add. ach stríoctha amach*

madraide/ ag sceumhghal in áit éigin, coileach ag/ glaodhach agus buabhall ghá
 shéideadh -/ is iomdha lá agus oidhche²¹⁵⁸ ann ó shéid/ an fhiann an cheud²¹⁵⁹
 bhuabhall agus an bhuabhall/ deireanach ar mhacaire seo Allmhain Mhóir/ b' é sin an
 cheud smaoinemh do rith chugham/ as mé ag cómhraídh lém mhuscalthóir –
 4310 b'aisteach/ an bheirt sinn bráighe agus coimeádaidhe/ - eisean go n-a chasóig mhóir ó
 fhuacht/ na hoidhche, mise im léine, eisean agus a/ chluas dom aire se agus a shúil²¹⁶⁰
 d'aire/ a uachtaráin. “Cad fáth nár thangais airéir/ i dtosach oidhche?” “Bhí eagla
 orm,” “An bhfuil/ eagla anois ort” “Níl pioc.” “Seo, tá²¹⁶¹ t'ainm as do sheoladh i
 dhá/ gceann aca san chun airgid do chur cughat;/ bí aireach.” “Ó, níl baoghal orm, an
 4315 bhfeacais/ an páipéar mar gheall ar na deachtánaibh/ a gaibheadh – scata amadan!”
 agus/ gháir sé. Dheineas féin leis meanga/ gáire ach ní óm chroidhe é mar nílim /25v/
 as an gcoill fós! “Tair ist oidhche ambáireach.”/ “Tiocfad,²¹⁶² slán agat anois”/
 “Beannacht Dé leat! Tabhair aire dhuit/ féin,” agus dhúnas an fhuinneóg go/
 haiclidhe, siolladh gaoithe dom leusadh./ Luigheas féin eudach ach níor thuit tuille/
 4320 codlata orm.... I stoca bhí an beartán/ ar crochadh fé léinteachaibh ar an dtéid/ os
 chionn mo leapan!.... Thugas cúig/ nó sé chuardaibh an chamtha tráthnóna/ i
 bhfochair Phádraig de Lonndra agus eisean/ ag cur síos dom ar an méid uair/ atá²¹⁶³
 caithte i ngéibhin aige. Do chuir/ sé ag gáirí me cé nár bh'aon chúis/ gháirí é ach ní
 fheudfadh duine gan/ gáire fé n-a shonaoidighe ghlacann sé/ gach mío-ádh atá
 4325 eirighthe dho. Is beag duine/ annso go bhfuil oiread fuilngthe aige, agus/ is²¹⁶⁴ lugha
 ná san a thuigeas aindeise/ ar ndála fé láthair.... Leitir ó P. O hUallacháin/ indiugh ag
 trácht ar bhochtánacht/ na ndaoine tímcheall an Daingin, an /26r/ eachtra cheudna ón
 Snadhm dréir/ buachalla chuala ag cainnt le Seumas/ Ó Laoi agus me ar a thuairisc.
 Sa/ deireadh tá mo bheartán – ach an bhfuil?/ – ón Oileán Úr ag teacht isteach Dé/
 4330 Luain más ffor Criostóir Ó Broin.../ Chuala ó phríochán dubh éigin gur scríg/²¹⁶⁵
 Seósaimh Ó Gríbhthín, – eisean a/ bhí i bhfarradh Énrí Ó Beoláin nuair/
 marbhúigheadh é – go dtí Camtha a 3. ghá/ rádh leó go n-eigneóchadh sé féin (an
 laoc!)/ troscadhtréanais ar an gcamtha so/ mara ndeunfadh Criostóir tosnugh./ Thug

²¹⁵⁸ ann *add. ach stríoctha amach*

²¹⁵⁹ os cionn na líne agus caret idir an agus bhuabhall

²¹⁶⁰ do *add. ach stríoctha amach*

²¹⁶¹ t'ainm as *add. ach stríoctha amach*

²¹⁶² comharthaí athfhriotail *add. i ndiaidh Tiocfad ach stríoctha amach*

²¹⁶³ sé *add. ach stríoctha amach*

²¹⁶⁴ lu *add. ach stríoctha amach*

²¹⁶⁵ Seóirse O G *add. ach stríoctha amach*

an fear ceudna so suas dhá lá ó/ shoin! Caithfead céir do chur ar chúpla/ leitir.
4335 Oidhche shuairc go raibh agat, a/ léightheóir!

11x11x23.

An Domhnach –/ bhraithfeá gur b'é. Taidhbhsigheann sé fada/ i gcómhnaidhe gan
4340 súil le leitreachaibh ná le/ beartánaibh, agus beag shúil lé páipéar./ Ní bhíonn aon
tsúil ach an oiread lé aon'ne/ d'fhuascailt, agus pé beag mór an dóchas bhíos /26v/ ag
aonne fé leith lé bheith ag dul abhaile dá/ aimhdheóin sin agus uile anois agus airís/
tagann an glao dhach ar fhothdhuine gan choine/ agus is mór an “fhuascailt” fuascailt
do./ Ar leathuair tréis a cúig indiugh tháinig/ Mo Dhuine orm. Nách iongtach an
4345 rud an t-imnidheamh!/ Bíonn sé n-a bheathaidh in áit éigin/ fiú amháin i rith codlata
an duine. Bhraithfinn/ an chnag is lugha de bhárr luidín dhuine/ ar an bhfuinneóig....
Bhí Pádraig de Lonndra/ ghá rádh liom gur árdúig duine aca so a tháinig/ ó Dhún
Dealgan inde²¹⁶⁶ ceann de chalánaibh/ an fhuail leis ó bheul Pobail a 4 suas go dtí/ tig
na cócaireachta, gur chuir taoscán²¹⁶⁷/ mór cnámh ann, gur shaoil gach aonne gur/ lé
4350 cur 'on teine iad, ach nior bh'eadh. Agus/ iad aige bhuail chuige iad idir a dhá chois/
agus thionnscaim ghá n-itheadh!! Sceul eile/ a chloisim anois díreach cois teine annso/
(tréis dúnta) agus mé ag scríobh –/ gur²¹⁶⁸ árdúig duine éigin leis drom bhosca/ na
faoisdine chun boscáin taisdil do dheunamh/ do féin i gcómhair dulta abhaile! /27r/
Indiugh chuala ó phríochán dubh éigin go/ raibh clampar cosamhail leis sin atá/ annso
4355 againne thall i gCamtha a 3. Is/ caithiseach an gnó atá deunta againn,/ agus is cúis
gháirdeachais do “cheannaibh”/ ár n-airm é! Chuala ó phríochán dubh eile/ go raibh
duine áirighthe a iarr orm leitir do/ chur amach do agus gur chuireas indé ag/ faire ar
fhear an chaca indiugh chun gnótha/ dá lithéid do dheunamh don gCeann Camtha/ –
agus an fear ceudna²¹⁶⁹ so bhí a ainm go/ hárd san ndeachtán a léigheadh i ngach/
4360 pobal ag míléanugh na Comhairle Camtha/ mar gheall ar theip an troscadhtréanais./
Níl ionnta ach gasradh²¹⁷⁰ tuinnceirí,/ ag itheadh a chéile indiugh, ag pógadh/
chéile²¹⁷¹ ambáireach, i mullach cinn a/ chéile arbhu ambáireach!.... Ní bhfuairreas/
aon cao cainnte indiugh lém dhuine. Níor fhág/ sé an geata uachtarach i rith an lae.

²¹⁶⁶ calán *add. ach stríoctha amach*

²¹⁶⁷ mór *add. ach stríoctha amach*

²¹⁶⁸ ad *add. ach stríoctha amach*

²¹⁶⁹ tosach an fhocail doiléir, ponc *add. os cionn c*

²¹⁷⁰ séimhiú *add. os cionn g ach stríoctha amach*

²¹⁷¹ am *add. ach stríoctha amach*

Fear/²¹⁷² cliste seadh é. Budh dhóigh leat air ‘san/ fuadar oibre bhios fé gur fear
4365 rídhílis é,/ agus ná cuirfeadh é féin i dtreis conntabhairte/ ar aon rud.... Tá “An/
LeathAmadán” críochnuighthe agam. Sceul /27v/ gan aon “rún” ‘seadh é, ach is
iongtach na/ daoine a ríomhtar ann – an flaith/ Múiscin (an Leath Amadán féin)
deaghcroidheach/ soaigeanta gan urchóid, ar mhaithe leis gach/ aonne, gach aonne ag
breith buntáiste/ ar a dheighmhéin, a mhaitheas sa mhaoín²¹⁷³ -/ gan cor n-a chainnt,
4370 gan lúbh n-a chroidhe,/ an sean cheann urraidh Ibhealgain, an fear/²¹⁷⁴ éithig is mó a
cruthnuigheadh²¹⁷⁵. Innsean sé/ sceul ar Neapóilean agus eisean i Moscó/ tráth ná
raibh an ceann urraidh saoluighthe/ in aochor, go raibh sé n-a ghiolla aige, go/
gcuireadh an t-impire cruaidhbhearta fé/ n-a thuairm agus go nguidheadh díreach/ mar
chuireadh an giolla é féin in iúil./ Innsean sé breuga chómh soiléir chómh gléasta/ san
4375 gur dhóigh leat gur bh’í an fhirinne/ ghlan a bhíos ar siubhall aige, agus/
Hiopolaghait, an²¹⁷⁶ buachaill éitne chómh/ geurchúiseach san neimheaglach i dtaobh
ao’/ nidh a bhíos ar a inntin do scaoileadh/ amach n-a rithseamadh gan aire do
thabhairt/ do thoradh a bhriathar, d’iarraidh mar/ deir sé féin an fhírinne d’innsint i/
gcómhnaidhe, agus gur bh’²¹⁷⁷ smaoinemh /28r/ a shaoghail rud éigin do dheunamh
4380 ach/ go raibh sé ag faghail bháis den eitine gan/ faic do shaothrug. Is ait, uathbhásach
an/ iarracht a fhaoisdin os chómhair na/ cuideachtan go léir agus é ghá thachtadh/ ag
casachtaig agus Nastaisia, an bhean/ ait sin a bhí²¹⁷⁸ i ngrádh leis an bhflaith, a/ theic
uaidh dhá uair agus í ar bhruach/ a phósta agus chuaidh go dtí Rogoisin/ a mhairbh í
sa deireadh lé priocaire/ scine! Agus an coslas idir ise agus/ Aglagha²¹⁷⁹ i láthair an
4385 fhilatha agus Rogoisin/ mar a n-ionnsuigheann Aglagha í agus/ chuireann in iúil di gur
striapach í nó/ rud is measa, an²¹⁸⁰ beirt fhear ag/ éisteacht sag feuchaint ortha
cráidhte/ brúigte gan gíog asta. San agus an/ coslas mar a mbíonn Rogóisin agus/ an
flaith ag faire an mhairbh n-a/ n-aonar an dá choslas is cruinne, is/ suaidhte léigheas
riamh – mar a dtagrann/ Rogoisin don marbh go mbeadh/ boladh breun uaithe sara
4390 fada -/ an bhean ró aluinn seo i mbeatha - /28v/ agus dá²¹⁸¹ n-oscaltai na/ fuinneóga

²¹⁷² cliste *add. ach stríoctha amach*

²¹⁷³ lánstad *add.*

²¹⁷⁴ f *add. ach stríoctha amach*

²¹⁷⁵ séimhiú *add. os cionn c ach stríoctha amach*

²¹⁷⁶ f *add. ach stríoctha amach*

²¹⁷⁷ an *add. ach stríoctha amach*

²¹⁷⁸ i *add. ach stríoctha amach*

²¹⁷⁹ dhá líne faoi bhun an chéad A

²¹⁸⁰ bhear *add. ach stríoctha amach*

²¹⁸¹ n-oscaltaidhe *add. ach stríoctha amach*

go marbhóchadh an breuntas/ na bláthanna agus na glasfháiseanna/ bhí i
 gcrúscaidhibh ag cailín a mháthar –/ a mháthair leis na ciantaibh gan aithne/ aice ar
 aonne ná suim i²¹⁸² rud ar bith!/ Agus an ciúnas marbhthach a bhí i seómra/ an chuirp
 gur chualaidh an bheirt fhear/ cuil ag geonghal treasna an tseómra/ agus ag dul ar
 4395 adhairt an mhairbh!/

11x13x23.

Lá fliuch ceódhach – salachar, guta,/ pluda, aindeise go haltaibh! Aonne gheobhadh/
 4400 isteach fén dtuar fear so chidhfeadh sé/ pludadh agus fliuchán, agus uisce i
 saighleánaibh tachta ag éirighe anairde go/ beul na ndóirse,²¹⁸³ gheobhadh se boladh/
 fuarthais anacaire na háite, chidfeadh/ sé lé n-a leathshúil gan puinn piardála/ do
 dheunamh an clodh truailighthe atá/ orainn annso.²¹⁸⁴ Lá²¹⁸⁵ des na/ laetheantaibh é
 seo atá in inmhe duine/ do chur glan as a chéill! Cá bhfuil gath/²¹⁸⁶ dóchais roim
 4405 aonne atá i ngéibhin?/

Leathanach ar iarraidh

/30r/²¹⁸⁷ an cheud rud gur luig súil gheur Mhaitiais/ air – bean mórtónach
 4410 nochtuighthe/ ag túirleang dréimire! Bhain an radharc/²¹⁸⁸ neamhchoitcheann so
 cnead as Mhaitias./ “Fan” d’órduig sé don mnaoi, “go muchadh/ an solas,” lé
 geanmanaidheacht. In/ ionad buidheachais do bheith aice ar Mhaitias/ is amhlaidh
 d’iompuig sí ar mar dheunfadh/ madra buile. Ar nós gach fir eile/ teasardhan riamh ní
 dheaghaidh Maitias/ as. Budh chuma léithe siúd an iad/ na seanchonnstablaidhe nó
 4415 póilíní na/ poblachta a thiocfadh um oidhche ag²¹⁸⁹/ deunamh²¹⁹⁰ buadhartha dá
 mbuadhairt/ cuirfidhe rud nó dhó in iúil do. “Cad/ dubhairt sí?” d’fhiafruig duine
 éigin/ de Mhaitias, “Go ndeunfainn *níogró*²¹⁹¹/ maith dá mbeadh tara curtha fúm!”/

²¹⁸² r *add. ach stríoctha amach*

²¹⁸³ boladh *add. ach stríoctha amach*

²¹⁸⁴ Ceann *add. ach stríoctha amach*

²¹⁸⁵ des *add. ach stríoctha amach*

²¹⁸⁶ dos *add. ach stríoctha amach*

²¹⁸⁷ *is cosúil gur cuid den iontráil do 11x13x23 í seo*

²¹⁸⁸ neim *add. ach stríoctha amach*

²¹⁸⁹ os cionn na líne agus agu *add. stríoctha amach faoi*

²¹⁹⁰ lár an fhocail *doiléir, na ceartaithe ó rud éigin*

²¹⁹¹ *gaelú ar ‘negro’*

arsa Maitias, mo dhuine bocht saonta./ Fuaireas breascannradh go luath²¹⁹²/ airéir.
 As me ag socrugh ruda éigin/ tímcheall chinn mo leapan, an pláta/ a bhí curtha agam
 4420 ar sheilp bhig ar/ chómhaoirde lé bonn na fuinneóige /30v/ baineadh fuaim as mo
 cheann leis. B'ait/ liom é ar an bprap mar ní raibh súil/ agam lé faic um an dtaca san/
 d'fheuchas amach agus chonnac duine/ ag rith ar a chromadh cois an phobail/ agus ar
 an nóimint ceudna triúr/ ag treasna an tuair! D'fhóbaire dom/ dhuine, má se, ós dócha
 gur b'é, bhí ann./ (Níos deidheanaighe) Ní hé mo duine bhí ann in/ aochor²¹⁹³. Bhíos
 4425 ag cainnt leis indiugh. Thug sé/ páipéar agus stampaidhe chugham. Tháinig/ nao
 gcinn de leabharthaibh chugham ón Oileán/ Úr – leabhartha maithe. Táinig beartán
 chugham/ ó Pheig. Chuir sé áthas orm a scríobh d'fheicsint/ – is fada roime sin go
 bhfeaca é. Ó/ mhaidean táim d'iarraidh scríobh doifheicse/ do dheunamh - tá sé
 deunta sa deireadh/ agam de shughlach rise: eireóchaidh an meascadh/ so fé bhíotáille
 4430 agus deóirín bheag²¹⁹⁴/ aghaideighin²¹⁹⁵ Níor imthig an t-imnidheamh/ fós díom
 dtaobh sceula ó Shighle.... Dearmhadas/ sceul beag eile indiugh do ríomh mar/
 gheall ar Mhaitias Ó Fionnmhacáin. Dréir /31r/ mar chloisim ó Phádraig de Lonndra/
 bhíodh²¹⁹⁶ “bonnaire” in aonfheacht le Maitias/ ar a thaisdealaibh i rith an achrainn./
 Bhíodh guna aige seo ná raibh puinn maitheasa/ ann ach d'fhóbaire do a theasbáint/ do
 4435 Mhaitias go raibh níos mó maitheasa/ ann ná mar samhluigheadh do. Lá n-aon/
 rángaidh an bheirt aca i mbailtín mar/ a raibh ólachán. Chuaidh an braon fés/ na
 féitheachaibh ag giolla Mhaitiais. “Lamhachfad tu,” ar seisean le Maitias/ “Ná déin,”
 arsa Maitias; ²¹⁹⁷“Bféidir gur/ b'é an diall atá id phriocadh.” Dhíríg an giolla an guna
 ar Mhaitias: ghaibh/ an t-urchar trí bhais a chaipín agus/ bhain an mhullach as! Arsa
 4440 Maitias/ n-a dhiadh san, “Thug an pileár úd tamall/ tímcheall mo chinn!” Agus tráth/
 eile in aimsir na²¹⁹⁸ “ndubhcrónach”/ chuireadh na buachaillí fútha i dtig/ Mhaitiais
 ach ní bhfuair seisean aon/ ghuna uatha. Arsa Maitias le duine /31v/ éigin, “Nách
 ionann dom ceann aca/ súd (guna) do bheith agam no breith ar/ dhuine aca so (na
 hÓglaig) agam” – / an ceart ar fad a bhí aige. -/ Glaodhadh an rolla tréis²¹⁹⁹/
 4445 cómháirimh. Útamáil an domhain a bhí/ tímcheall air. Glaodhadh ainmeacha/ fear

²¹⁹² aireir *add. ach stríoctha amach*

²¹⁹³ *tosach an fhocail doiléir, a scríofa go doiléir*

²¹⁹⁴ aighdein *add. ach stríoctha amach*

²¹⁹⁵ *gaelú ar 'iodine'*

²¹⁹⁶ bun *add. ach stríoctha amach*

²¹⁹⁷ *níl comhartha athfhríotail ar bith roimh Bféidir*

²¹⁹⁸ n *add. ach stríoctha amach*

²¹⁹⁹ cómháiream *add. ach stríoctha amach*

atá fuascaltha! Dheineas ádhbhar/ nigheacháin indiubh – stocaidhe! Tá cuma/ ceart na n-eachlann ar na pobalaibh/ anocht.²²⁰⁰ Níl ar ceal/ ach na capaill! Giollaidhe go leór táid/ ann. Mo through sinn is aindeis an/ log gheimhridh atá againn.^{2201/2202}

4450 /32r/ 11x14x23 -

Lá cruaidh fuinneamhail fuar.²²⁰³/ Tháinig beartán Mháire Ní Cheallacháin sa/ deireadh - 400 tóitín. Cailín maith ise. Go/ deimhin is mithid dóibh teacht.... Tugadh an/ Loingseach go hósuidéal an Churraig indé./ Bhí cainnt ar pháipéar an
4455 lae indé ó Easbog/ Ó Cocaláin Chorcaighe in aghaidh lucht/ an troscadhtréanais agus ghá rádh gur/ chosamhail a gcáirde ag guidhe go puiblidhe/ lé “hArm an tSlánuighthe”! Cainnt cheanamhail/ ó easbog eagailse gan dabht ar/ domhan. Níl aon chuimse leis an gcliar-so/ – geugán den gcrann ceudna ‘seadh é féin agus/ an Breitheamh, a chómhainm i Nuadh Eabhrach -/ ar pháipéar an lae indiugh cím gur
4460 eitig/ Risteárd Ó Maolchatha tairsgint cabhartha²²⁰⁴ ó²²⁰⁵/ banaltra éigin dos na bráigheannaibh a/ bheadh ghá fhuascailt; agus san Joy²²⁰⁶ níor/ lamháladh líneudach²²⁰⁷ glan isteach chúcha so/ atá ar troscadhtréanais toisc na sighinfedh/ gach bráighe a ainm lé n-a fhaghaltas/ féin! Cá bhfuil Éire ag seóladh in aochor?/ Cím gur scuireadh pearlaimint Shasana/ agus go mbeidh Togha Coitcheann ann go /32v/
4465 luath.... Tá an Eóraip leis an shuaidhte/ fé láthair. Ní bheadh aon iongadh orm dá/ dtugadh Ríoghraidheacht na Gearmáine/ iarracht ar fhilleadh. Cá bhfios d’aon’ne/ ná gur bean ón nGearmán bheadh mar/ chéile lá éigin ag Flaith na Breathnaise!/ Tháinig leitir óm dhribhsír indiugh – an/ cheud cheann lé fada. Chuir a scriobh áthas/ orm. Deir sí liom teacht abhaile, ach ní/ ó n-a croidhe é. Budh bheag é a meas orm/ dá
4470 gcuirinn m’ainm le haon scribhinn/ a chiorróchadh²²⁰⁸ nó a choisceadh m’imtheachta/ tola. Tá faitchíos mo dhóthain orm nár/ shroich mo chl.²²⁰⁹ S. Ach connus gheóbhad a chúntas/ mar seo nó mar siúd?... Nách/ clamparach na daoine

²²⁰⁰ Chun iad do bheith *add. ach stríoctha amach*

²²⁰¹ 11x14x23 *add.*

²²⁰² *níl rud ar bith scríofa ar an trian deireanach den leathanach seo*

²²⁰³ *doiléir, an lánstad nasctha leis an r roimhe*

²²⁰⁴ *os cionn na líne agus caret idir tairsgint agus ó*

²²⁰⁵ banal *add. ach stríoctha amach*

²²⁰⁶ lánstad *add.*

²²⁰⁷ *tosach an fhocail doiléir, 1 ceartaithe ó e*

²²⁰⁸ *deireadh an fhocail doiléir, d athscríofa*

²²⁰⁹ *chinn lae*

sinn. Fiú amháin/ ní réidhtighid lucht an troscadhtréanais/ le chéile! Ní
 taitheamhach le cuid aca me/ bheith mór le daoibh áirighthe ann ar/ eagla go
 4475 ndeunfainn maitheas dóibh –/ bféidir go bhfuil drochrud éigin ag priocadh/ cuid aca.
 Ní fheudfadh neach aca a rádh ná/ fuilim féitheamhanta ar chumaoin do/ dheunamh
 do. Ach nách é an té a bhíos /33r/ umhal ullamh ar mhaitheas do dheunamh a/ dhíolas
 as i gcómhnaidhe! Ná bac san, lá/ éigin, cuimhneóchaidh cuid aca air má dheinid/
 meargó dómhsa nó neachtreaca bead²²¹⁰/ gan puinn brighe.

4480

11x15x23.

Lá fiadhain/ fuar feanaideach, tréis oidhche²²¹¹ fhiadaine/ fuaire feanaidighe (nách
 minic me ag/ cur síos ar an aimsir mar seo). Im shuidhe dhom/ anois ar chalan ‘n-a
 4485 bhfuil laghar ghuail, mar/ chlúid air sin fém iarthar cliathán trichlár –/ taobh bosca té
 – ar mo ghlúin adhairt fén/ leabharán so, os choine na teine agus gan/ m’aighe ar
 suaimhneas.²²¹² Cad fáth? Mar níor/ tháinig sceul ná duain ó shoin ó²²¹³ Sh. i/ dtaobh
 mo²²¹⁴ chl.²²¹⁵ Cuireann sé fáitchíos/ orm, ní h-ar mo shon féin cé gur mhór liom/ an
 dochar a gabháil nó a chailleamhaint ach/ i dtaobh Sh. Tá súil agam nár chuireas/ ise
 4490 in aimléis. Má chuireas ní mhaithfead/ dom féin go deo é. Tá coighcíos anois ann/ ó
 scaoileadh chun siubhall é agus budh chóir/ go mbeadh sceula éigin n-a thaobh. Ach/
 cad is féidir liom do dheunamh? Dá/ scrighinn bféidir gur b’amhlaidh dheunfainn
 /33v/ olcas níos measa. “Is breágh í an fhoidne”/ ach is deacair do dhuine foidne do
 bheith/ aige ar a lithéid seo de dháil, agus tá/ ríog éigin ghá chur in iúil dom ná fuil/
 4495 gach aon nidh mar budh chóir. Ní heagla/ atá orm ach an saghas san faitchíosa a/
 tagas a chuireann orainn a rádh gan aon/ chúis ná adhbhar soifheicse - “Mar bheadh/
 an nimh ar an aithne,” agus is ait é go/ bhfuil san ag gabháil díom ón gceud lá./ An
 amhlaidh atá scamall éigin os mo chionn/ ná feicfear focal Gaedlinge choidhche liom
 i/ gclódh? Dar²²¹⁶ liom nár mhór an dochar san/ ach²²¹⁷ an oiread. Sé rud is déine atá
 4500 ag fáscadh/ mo chroidhe anocht – go mbeadh sé le/ caitheamh sa tsúil orm gur

²²¹⁰ *lár an fhocail doiléir, a scríofa go doiléir*

²²¹¹ *oid add. ach stríoctha amach*

²²¹² *níl lánstad ar bith i ndiaidh suaimhneas, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte
 nua é Cad*

²²¹³ *Sh. i d add. ach stríoctha amach*

²²¹⁴ *chinn add. ach stríoctha amach*

²²¹⁵ *chinn lae*

²²¹⁶ *li add. ach stríoctha amach*

²²¹⁷ *tosach an fhocail doiléir, a scríofa go doiléir*

sáruigheadh me/ ach dé beatha pé rud atá i ndán dúinn. Ach/ dá mbeireadh an diall féin an saoghal leis/ tá c.l.²²¹⁸ an Fhile amuigh agam! Agus sin/ féin buaidh a caithfear – ní om mholadh/ féin é seo – do chur chun mo chreideamhna,/ lá éigin.

Nílím róipiseógach ar fad ach/ dhein Seumas tagairt indiugh don gcúrsa/ gceudna ghá

4505 rádh gur mhór an truag²²¹⁹ /34r/²²²⁰ ná raibh faic leis an gClóca fé/ sholas. Ar bhraith seisean leis “an nimh ar/ an aithne”?.... Fuaireas leitir indiugh ó/ Pheig Bairéad, cailín grádha agam tráth, tá/ sí pósta anois ach má léighim i gceart, ní/ dóigh liom dréir sleamhnuighthe²²²¹ focail/ big go bhfuil sí fé shonas. “Uaireannta”/ deir sí, “tá sé (an pósadh) maith go leor.²²²²”/ Tá fonn uirthe teacht abhaile go hÉirinn/ agus

4510 siopa beag leithe féin do bheith aice./ Sín í agus a chóimhleacaidhe eile de chainnt/ a bhíodh ar siubhall aice nuair bhí sí féin agus/ mise ag suirghe lé chéile! Tá sí pósta/ anois os chionn bliana agus tá sí ag obair/ fós! Da mbeadh sí mar mhnaoi agam sa/ an mbeadh sí ag obair?²²²³ Ní aontóchainn/ leis agus ós rud é go raibh sí ceandáine/ faid as bhí aithne agam sa uirthe d’eireóchadh/ clampar tighe eadrainn is dócha.

4515 Seachas san/ mar ar sheachain sí cuid dá bóithribh ní/ róshochma chaithfimís ár saoghal le chéile./ Is maith is cuimhin liom an cheud oidhche/ do chonnac í ar chruinniugh de “Chathrachaibh /34v/ Poblachta na hÉireann”. Díreach tráth ráinig/ Debh san Oileán Úr. Cinneadh ar an gcruinniugh/ áirighthe seo dileagra do thabhairt/ don dTaoiseach agus gan amhras é do/ bheith as Gaedling. Spriocadh orm féin/

4520 “dleacht gan chríochnugh” a bhí os chómhair an/ chruinnighthe do chur as Gaedlinge agus tugadh/ coighcíos dom chun a dheunta. Nuair/ a luadhadh m’ainm d’iompuig gach súil sa/ tseómra i dtreó an “laoich” nó an “scaiste”/ nó an “chaonaidhe” nó pé²²²⁴/ ainmiúchas is mian leat do dheunamh/ (dréir do baramhla) ar an nduine seo/ (mise). Síneadh chugham an dleachtán./ Leagas mo súil air. Leagas ar mhullach/ mo

4525 hata tuighe agus chuireas i saghas/ Gaedlinge (is dócha e) faid agus bheithfeá/ ag rádh do phaidreach – mara mbeidís/ róileadránach. Síneadh suas go dtín/ Cathaoirleach é agus d’iarr seisean orm/ teacht aníos go dtín “rostrom”²²²⁵ agus é/ do léigheamh don gcuideachtain, bhuaileas/ suas go neimhspéiseach trí cíoith bualadh/ bas. Léigheas é

²²¹⁸ *cinn lae*

²²¹⁹ *na add.*

²²²⁰ *nár add. ach stríoctha amach*

²²²¹ *big add. ach stríoctha amach*

²²²² *níl lánstad ar bith i ndiaidh leor, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Tá*

²²²³ *Aon add. ach stríoctha amach*

²²²⁴ *ainmhe add. ach stríoctha amach*

²²²⁵ *rostrum*

(thuig a bhfurmhór) agus tréis /35r/ mo cheana do bheith deunta agam, dubhart/ gur
4530 bh' é mo thuairm gur chóir é do chur/ os chómhair dhuine éigin ní bhforasta ar/ an
dteangain ná me féin²²²⁶ sara/ dtugtí don²²²⁷ bhfollisightheóir/ é. Do chuir mo
chúl bhántacht iongtas ortha!/ Agus trí cioth trom (tulca) bualadh bas/ do ghaibheas
thar n-ais go dtím shuidheachán./ Bhí Peig láithreach agus ar ghabháil tháirse/ do
theangbhaidh ár n-amharc! Á! nách í/ thaidhbhsig go patallach, cruinnighthe,
4535 baileach.²²²⁸/ Um an dtaca san budh gheall le beach me/ ameasc ban, ó phógadh béil
go pógadh béil ag/ sughrach meala gach ós a teangbhuigheadh liom/ agus ar nós na
beiche ná deineann leadrán/ ar an mbláth nuair bhíos an mhil/ aice sughraicthe do
bhíos in aigne²²²⁹/ agus i ngíomh chómh fuaidreach²²³⁰/ Cíodh trácht
socruigheadh an oidhche sin ar/ rinne d'fhearadh ist oidhche De Domhnaig a/ bhí
4540 chughainn. Agus ar dhul abhaile dom/ chóimhscríobhnóir d'fhiafruig sí dá
dribhshéarachaibh/ ar dhóigh leó go mbein ar an/²²³¹ gcéilidhe, agus dubhradar san
gur/ dhócha.²²³² /35v/ Pé sceul é tháinig an Domhnach, thánagh²²³³ sa/ agus tháinig
Peig! Níor bhfada ann dom/ gur tháinig sí chun cainnte liom agus/ gur chuir a
dhribhshéaracha in aithne dhom²²³⁴,/ agus budh leasc léithe dul rófhada uaim./ An
4545 oidhche cheudna san bhí fear grinn im/ fhochair féin, Seumas Mac Giolla an/ Átha a
ólfadh an mháig dá mbeadh sí n-a/ biotáille agus dá aimhdheóin sin a fhanfadh/ ar a
chosaibh – go ceann i bhfad./ Seadh cheileabhras féin agus dréir deallraimh/ bhraith
sí as an gcuideachtain me. Chuaidh/ sí fé dhéin mo charad (mo bheannacht/ ort, a
Sheumais pé áit n-a bhfuilir anocht)/ agus d'fhiafruig de cá rabhas féin. Budh/
4550 ghnáthach le Seumus bheith seanbhlasta/ goirgfoclach. D'fheuch sé uirthé agus thug/
freagra: “An fada as so an tábhairne/ is giorra dúinn? – Is annsan do/ gheobhair an
laoch!” Ní mór gur gádh/ a rádh gur²²³⁵ thaithnig an t-ionad leithe/ ná mo dhúil se.
B'shid é slighe Sheumais/ ar ghreann do dheunamh. Ar láitriugh/ dhom d'ionnsuig sí
me agus i nguth bhinn /36r/ dhaingean mheallta do ráidh; “Táir tréis/ bheith ag ól,”
4555 agus an fheuchaint do thug/ sí orm do chorruig sí me. Dhein sí stalcahd/ díom bíodh

²²²⁶ *rud éigin add. ach stríoctha amach*

²²²⁷ *foillsighteoir add. ach stríoctha amach*

²²²⁸ *athraíodh an chamóg i ndiaidh baileach go lánstad mar is cosúil gur tosach abairte nua é Um*

²²²⁹ *sa ngíomh add. ach stríoctha amach*

²²³⁰ *S add. ach stríoctha amach*

²²³¹ *rinn add. ach stríoctha amach*

²²³² *faoi bhun san gur*

²²³³ *síneadh fada add. os cionn an dara a ach stríoctha amach*

²²³⁴ *is cosúil gur fágadh 'í' ar lár i ndiaidh dhom*

²²³⁵ *léigh 'nár' in ionad gur*

an ceart nó a mhalairt aice./ “Cá bhfios duit?” arsa mise “Tair síos/ sa halla, tá gnóth
 agam díot.” Tháinig./ Ní raibh ach caochsholas geas san halla/ cam smúiteamhail.
 Sheasuígheamair/ os choinne a chéile. Níor labhair aon’ne/ againn giog. Shamhluig
 sí²²³⁶ róinmhianta/ chun a fágtha n-a seasamh annsúd/ ag dearcadh orm go geur, a
 4560 hanál/ ag teacht go duaibhseamhail! Theilgeas/ (mar fear gnímh riamh dob eadh me)
 mo/ gheuga tímcheall a seanchruit agus d’fháisceas/ agus d’fhuinneas lém chreat í.
 Do/ shíor mo bheul a beul i bpóig fhiadhain/ ruaigeach agus ar nós an splainnc do bhí/
 mo bheóla lé n-a caoinchluis agus mo/ bhriathar ar fothragadh na²²³⁷ croidhe,
 “Pógfad”/ d’fhreagair sí go bristeosnach “mo ghrádh, táir/ chómh láidir sin! Chómh
 4565 hiongtach san!” agus/ phógamair a chéile go dil airís. /36v/ Ar thárlaidh n-a dhiadh
 san; ár gcoinní; ár/ n-imtheachta; ár ngníomhartha – obair/ lae eile é sin. Fanadh sé fé
 ghlas na rún/ ach gur dóthanach a rádh gur scaramair go/ searbh dá chéile, gur
 thárluigheamair airís/ ach nár theangbhuig faic dár ndúl; gur/ scaramair airís
 neimhmíobhuidheach dá chéile/ – agus anois scrigheann sí chugham!/ Tiocfaidh sí go
 4570 hÉirinn; beidh siopa aice/ ann; budh mhaith léithe bualadh umam/ agus me do scríobh
 chúiche! Tréigfidh saoghal/ aobhdha Nuadh Eabhraig! An bhfuil sí cortha/ dhe? Tá
 súil agam go bhful sí chómh hinmhianta/ agus bhí sí riamh – agus go/ mbuailim léithe
 airís! Há! Há! Is furaiste/ bheith lán de mhaoithneachas dom san/ dáil atá orm
 anois!.... Dhearmhadas/ sceul eile a chuala i dtaobh Maitiais Mhic/ Fhionnmacháin
 4575 do ríomh: Nuair bhí sé i/ Luimneach bítí ag imirt air. Goidtí/ eudaighe folraig uaidh
 agus stocaidhe/ agus criosúirí agus an uile rud solámtha/ eile a thagadh treasna ar
 mhac/ an iomraisc. Lá áirighthe goideadh léine /37r/ mhaith thaithigeach²²³⁸ ó
 Mhaitias – go/ raibh a ainm sa shloinneadh cómharthuighthe/ uirthi i leitreachaibh
 móra léardha. D’fhan/ Maitias a chao gan focal gireáin do dheunamh./ Fear na foidne
 4580 an fear. Lá agus é/ san bhfualán do bhí fear éigin ag cac ann/ agus ar an²²³⁹ méid den
 léine a bhí lé feicsint/ shoillsig ainm Mhaitiais i leitreachaibh/ gléine! Dhruid Maitias
 leis;/ “An tusa Maitias Ó Fionnmhacáin²²⁴⁰?”/ d’fhiafruig Maitias go sochma, “Ní
 me”/ ars an fear eile, “Tuige?” “Mar cím/ léine Mhaitiais ort,” arsa Maitias,/ “Anois
 caith díot í chómh tapaidh agus/ tá id gheugaibh!” Nocht Maitias ar/ an láthair é gan
 4585 leigeant do a ghnóth/ nádúrdha do chríochnugh!..../

²²³⁶ ro-in add. ach stríoctha amach

²²³⁷ n-a

²²³⁸ rud éigin add. os cionn g ach stríoctha amach

²²³⁹ ar an os cionn na líne agus don add. stríoctha amach faoi

²²⁴⁰ ac add. idir an dara n agus m ach stríoctha amach

11x16x23.

Lá fuar cruaidh eile. Mar dubhairt/ an file “Tá an spéirling ag scuabadh anuas/ ar
4590 mhágh Chille Dara”. Cuma an gheimhridh i gceart/ anocht air. Beartán ó Eibhlín.
Faic ó Shighle./ Imnidheamh mo dhóthain orm n-a taobh. Tá/ súil lé Dia agam nách
aonnidh atá eirighthe/ dem thoisc se. Ach sin mar bhíonn go minic,/ má tá ní
chuirfead a aithreachas go deo/ dhíom²²⁴¹. Mo mhionchuirdeanna ar lucht an /37v/
troscadhtréanais. Tá na fir bhochta ag/ dul i seirgeacht an uile lá – cuid aca/ ar tréanas
4595 bidh anois le 34 lá! Nách uathbhásach/ an rud é. Tá cuma mairb beo ag/ teacht ortha!
Níl aon rud is maoithneachasaighe/ ná an duine d’fheicsint ag snaoighe go/ mall a’s
gan aon fhórtint n-a radharc./ Rud neamhdhaona ‘seadh é.²²⁴² Gheobhfá/ boladh
anois ar dul isteach go dtí a 15. An/ ndreoirgeann feóil an duine ar a chnámhaibh/ ar
an gcuma so?²²⁴³ Ní fuláir nó deineann/ nuair théidheann an fhuil i bhfuair sa
4600 dtanaidheacht./ Fuascladh tímceall dachad bráige/ indiugh. Fuair²²⁴⁴ an File leitir ó
n-a/ mhnaoi. Taidhbhsigheann sé ná fuil na/ cómharsain rócheannsa léithe. “Is maol í
guala/ gan dreatháir” is maoile ná san guala/ mná gan a céile. Deineann sí tagairt/
domhsa sa leitir – fear neamhshaonta searbhánta!/ Há! Há! “Agus” deir sí “ní
fheadar/ an dtaitheochadh sé liom?” Feuch anois is/ minic a buaileadh an cheist
4605 cheudna im/ aigne féin. Deir an File ná taitheochainn/ ach dar liom féin²²⁴⁵ (ní
abraim faic) go dtaitheochainn./ Scríobhnóireacht ná léigheamh²²⁴⁶ /38r/ níl deunta
agam le laethantaibh táim/ trí chéile chómh mór san.... Go haonne ag baint/ na teine
dá chéile anocht! Ní hiongadh san tá na/ heudaighe ins na frathachaibh agus ar na
staiceachaibh/ ar croitheadh san ngaoith amhlaidh as/ dá mbeidís amuigh ar chliathán
4610 an phobail!/ Is maith an tuar é ar an 16adh lá de Shamhain/ i gcómhair an gheimhridh
- fé ghlas ar 5.30 go dtí/ a 8 ar maidin, drochghual, agus chun árduighthe/ ar ár
gcruidhtan do baineadh amach clár/ annso agus annsúd as an síneáil! Ní/ raibh²²⁴⁷
úrghaoth ár ndóthain againn gan/ san do dheunamh, agus an leathsceul má tá/ a lithéid
uatha chun ná beadh an oiread cao/ ar ghrean as chre d’fholach dá mbeadh múchán/ ar

²²⁴¹ *an leathanach stróicthe trí m*

²²⁴² *Gheóbhadd add. ach stróicthe amach*

²²⁴³ *athraíodh an lánstad i ndiaidh so go comhartha ceiste ar mhaithe le soiléire*

²²⁴⁴ *rud éigin add. ach stróicthe amach*

²²⁴⁵ *os cionn na líne agus caret idir liom agus an lúibín*

²²⁴⁶ *an leathanach stróicthe trí g*

²²⁴⁷ *ur add. ach stróicthe amach*

- 4615 siubhall! Rud i mbun mhairce ar a/ chéile chun daoine do chur chun an donais. Is/ aindeis²²⁴⁸ salach an log anois an áit seo;/ áit níos measa budh dheacair a mheabhruigh.²²⁴⁹/ Ach cad maith bheith ghá lochtugh? Chun a dhul/ n-a luighe ar aigne dhuine díreach mar tá sé/ níor mhór do teacht agus maireachtaint/ ann. Cuireann amharc ar an eatrainn/ dolbhach orm. Cuireann tighthe an bhidh/ deistin orm.
- 4620 Cuireann na fír brón /38v/ orm; ní h-ar fad i dtaobh na dála ata orainn/ ach a rádh go bhfeudfadh ár ndúthaig/ do bheith ar a lithéid de chuma. An gádhan/ fulang so, an aindeise seo, an cruadhtan/ so d'fhonn buadha ár gcúise fé dheóidh?/ Más saoirse gan bac gan cosc atá i ndán/ dÉirinn tá sé tuillte aice.... Duine/ ag portaireacht²²⁵⁰ gem chluais, duine ag/ dingdeang ar fháine, duine i bhfeidhil caláin/ uisce i gcómhair té;
- 4625 duine ag gairí – an/ ó n-a chroidhe é; duine ag tabhairt gal/ dá léine; duine ag tabhairt gal dá thocht/ gur dhoirt fear eile muga té air! Ach pé/ gnóth atá againn uile níl neach againn/ ná go mbraitheann an fuacht diaill seo -/ fuacht tais. Níor thaitheamhach ná/ muinnteartha an²²⁵¹ spéir os ar gcionn/ tráthnóna. Ar a fheabhas níl an áit seo/²²⁵² oireamhnach d'aon nidh ach d'ainmhidhthibh/ agus go deimhin scéirdeamhail,
- 4630 aragail/ a dhóthain dóibh sin féin. Connus²²⁵³/ thaidhbhsighimid d'oifigibh an tS.S.? Mar/ ainmhidhthe? Ní bheadh amhras agam air /39r/ Sibiara na hÉireann an ball so! Tugaim/ fé ndeara crot “*institution*” ag teacht ar/ na fearaibh. Mar bheadh ar lucht tighe bocht nó/ gealtlainn, nó leaslainn.... D'eitigheas garsún/ tráthnóna agus tá sé d'aithreachas/ orm. Mo dháil aigne budh bhun leis. Is annamh/ eitighim aonne ar
- 4635 bhúndán ach táim clipighthe/ ag daoinibh lé n-a “T”rom búndán”/ “An bhfuil toitín lé tabhairt uait agat?” - / Dar ndóigh ní monchra tobac me! Ach n-a/ dhiadh san tá aithreachas trom orm gur/ éimeas an garsún bocht so mar bféidir/ gur beag atá i mbun aon ruda do chur/ chuige. Má chím ambáireach é cúiteóhad/ leis é. Ní maith liom mo chúl do thabhairt/ d'aosánach agus is minic bhead féin gur/ mhaith liom m'iarratas
- 4640 do fhreagairt/ le ceannsacht. Eirighim as. Tá brón ar/ mo chroidhe anocht. Tá na mílte rud ag/ rás n-a sruth scuabach trím smaointibh./ Baineann leitir Pheig Bairéad agus leitir/ Mháire Husae agus na nidhthe subháiiceacha/ do mhúscalaid²²⁵⁴ budh liom

²²⁴⁸ sla *add. ach stríoctha amach*

²²⁴⁹ níl lánstad ar bith i ndiaidh mheabhruigh, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Ach

²²⁵⁰ ag *add. ach stríoctha amach*

²²⁵¹ sp *add. ach stríoctha amach*

²²⁵² níos *add. ach stríoctha amach*

²²⁵³ thaidhbhsigi *add. ach stríoctha amach*

²²⁵⁴ dá *add. ach stríoctha amach*

da bhfanainn /39v/ tar lear mo shocmacht aigne dá bonnaibh,/ ach an rud is bun lém
coraidheacht aigne/ nár fríth sceula ó Shighle; ach is cuma liom/ mar ar bun me lé
4645 clampar di se.../ Seadh tabharfad me féin ar “Namhadaibh/ Ban” do léigheamh ar
feadh tamaill.../ ²²⁵⁵

/40r/ 11x17x23.

4650 Lá gránda eile; geamhlá ceart./ Fuacht ar gach aonne. Fuascladh mórán indiug./
Fuairtheas breis ghuail dos na teinteachaibh. Ar/ maidin cuireadh amach sceula go
mbeadh feuchadh/ ag an Riaghaltóir i gcómhair eudaig do riar ar/ na bráigheannaibh,
ach níor tháinig sé chun cinn,/ leitir ²²⁵⁶ ghabhtha eile ó n-ár gceann camtha/ ar an
bpáipéar ó lucht an tSaorstáit. Ní/ raibh sí rochumaoinéach orainn! Connus is/ féidir
4655 lé fear a cheann do choimeád anáirde/ tréis an méid sin do bheith ó n-a namhaid ar/ an
bpáipéar? Bíonn an diall d’eudan ar/ dhaoibh áirighthe - gan allus ná náire. ²²⁵⁷ Á/
ní hiongadh Éire do bheith ar an aiste go bhfuil/ sí. Toghann chúig ceud deug fear
ceann a/ ghnidheas rudaidhe mar seo! Nách é an dálda/ ceudna againn é ar gach
bealach? Ach cad tá/ agam ghá rádh ní féidir leo oiread agus an/ páipéar laetheamhail
4660 d’fhaghail. Nár choir/ go mbeadh suim airgid ag fear dá lithéid –/ má táimíd chómh
tábhachtach don nduthaig/ agus deir ár dtaobh féin – ar láimh agus/ go mbeadh sé in
inmhe gach cor agus dáil/ do shárugh gan dul ar lár mar seo. Nách/ taitheamhach an
léightheóireacht leitir an/ lae indiugh! Cad tá le rádh ag an dtaobh /40v/ eile ach ²²⁵⁸
ná fuilimíd ag réidhteach lé chéile agus a/ dheimhniugh aca go forasta!.... Tá triúr
4665 eile/ eirghthe as an dtroscahdtréanais. Agus ní/ romhuinghineach an diospóireacht a
deineadh/ san Dáil indé ortha. An raibh aon dream riamh/ chómh cruadhálach leis an
Aireacht?.... Cuireadh/ mórchuid ponnc iontsuime in iúil san Dáil/ indé, mar atá go
gcosnuigheann treorugh/ na dúithighe seo (an Saorstát) ²²⁵⁹ 400 p. ²²⁶⁰ breis agus
chosnuigheann/ treórugh na Stát Aontuighthe! Agus níl pobal/ an tSaorstáit ach
4670 fíorbheagáinín breiseamhail/ ar leath phobail Nuad Eabhraig! Cad
chosnóchadh ^{2261/2262} riaradh na duthaige ar fad dá/ mbeadh sé dá riar ar nós aon tire

²²⁵⁵ níl rud ar bith scríofa ar na trí cheathrú eile den leathanach seo

²²⁵⁶ eile add. ach stríoctha amach

²²⁵⁷ doiléir, an lánstad nasctha leis an e roimhe

²²⁵⁸ os cionn na líne agus caret idir eile agus ná

²²⁵⁹ (an Saorstát) os cionn na líne agus caret idir seo agus 400

²²⁶⁰ 400 punt

²²⁶¹ chos=/nóchadh; nós add. roimh nóchadh ach stríoctha amach

eile?/ Dall smaoineamh na suime me! Tuarasdail!/ Tuarasdail! Tuarasdail! Níl
oiread/ agus monchra a bheurfadh²²⁶³ obair do cheud/ duine curtha ar bun fós. Agus
tá trí/ Rialtais againn! Ní chuirfeadh sé aon iongadh/ orm dá mbeadh an ceathramha
4675 ceann againn/ lá breágh éigin.... Léigheas airéir ar pháipéar/ a tháinig²²⁶⁴ chugham ón
Oileán Úr cinn lae/ na mná *Eascamó*²²⁶⁵ a bhí ar an^{2266/2267} dtoisc go hOileán Raingil
san/ tuaisceart. Ag machtnamh dom ar a/ cruadhtan sa duabhais n-a h-aonar le
/41r/²²⁶⁸ fear marbh i lár leac oidhre na mílte mílte/ ó chabhair chuir a neart iongadh
orm. Ach níor/ thráig a dóchas i nDia ná go dtiocfadh cabhair/ uirthé lá éigin. An
4680 mbeadh fear san ionad/ ceudna chómh cródha? Is baoghalach ná beadh!/ Ó ló go ló
bhí Mac Cniocht ag faghail bháis os/ cómhair a súl; ó ló go ló bhí a súil anáirde/ lé
fóirthint. Ach níor thug tuiteam oidhche/ chúiche ach díombáidh. Músclóchadh sé
truagh/ agus suimiugh in aon chroidhe léigheamh ar/ a dílse don éiglidhe agus a
dícéallacht/ neamhchradhscallach ag briseadh adhmaid chun/ teine, a turuis go dtís
4685 na hinnealaibh/ lé súil go mbeadh sionach nó ainmhidhe éigin/ soithte²²⁶⁹ ionnta tar
oidhche, a hiarrachta/ d'iarraidh eólais d'fhághail ar chonnus/ lamhach agus a bród ar
bhualadh an chocraidh!/ Ná níor imthig a dóchas nuair fuair/ a comrádaidhe bás, ach
ní fheudfadh sí é/ d'adhlcadh agus chuaidh sí chun comhnaidhthe/ as san amach i
seantán eile. Nár uaigneach/ an cúrsa aice é, conntabhairt as guais/ n-a tímcheall de ló
4690 agus d'oidhche. Oidhche amháin/ tháinig beithir agus d'ith an róinfheoil d'fhág/ sí
lasmuig dá seantán! Molann²²⁷⁰ sí Dia go/ duthrachtach nár ith í féin! Dhein sí
bróga²²⁷¹ /41v/ agus nadhbhóg agus maidí dhi féin. Agus mar²²⁷²/ budh mhór é a
dóchas agus budh dhoimhin é a/ creideamh sa muinghin nior chlis Dia uirthé./ An
ceudna go raibh againn.... Cim²²⁷³/ géarrleitir ar an bpáipéar ó Chairdinéal/ Ó
4695 Laoghóg i bhfreagra ar shreangsceul ó Bhean/ Uí Rathghaille ghá radh gur mhian leis
féin/ go bhfuasclófaidhe an uile bhráighe agus go/²²⁷⁴ léighfidhe tuairisc uaidh um/ an

²²⁶² an *add. ach stríoctha amach*

²²⁶³ focal nó cuid d'fhocal ag tosú le o *add. ach stríoctha amach*

²²⁶⁴ deireadh an fhocail doiléir, an dara i scríofa go doiléir

²²⁶⁵ gaelú ar 'Eskimo'

²²⁶⁶ dtosc *add. ach stríoctha amach*

²²⁶⁷ dtosca *add. ach stríoctha amach*

²²⁶⁸ lé *add.*

²²⁶⁹ an *add. ach stríoctha amach*

²²⁷⁰ síneadh fada *add. os cionn o ach stríoctha amach*

²²⁷¹ an leathanach stríocthe idir g agus a

²²⁷² os cionn na líne agus m *add. stríoctha amach faoi*

²²⁷³ leitir *add. ach stríoctha amach*

²²⁷⁴ mbeadh leitir *add. ach stríoctha amach*

chúrsa in eaglaisibh a fhairche²²⁷⁵/ ambáireach. Is fada liom go bhfeicim an²²⁷⁶/
tuairisc sin. An ag tagairt dúinne bheith/ sé nó dos na bráigheannaibh atá i ngabhann/
ós na sé²²⁷⁷ conntaethibh? Níor thárlaidh/ aon rud iongtach dem eólas indiugh gur fiú/
4700 a bhreacadh – chonnaic Padraig Ó Leathlobhair/ ag scaipeadh blúiridheacha aráin fé
bhrághaid/ na n eun²²⁷⁸ indiugh dá fhuaire bhí an lá. Is/ mór an cion atá²²⁷⁹ aige ortha.
Cuireann/ sé²²⁸⁰ i gcuimhne dhom duine/ i sceul²²⁸¹ ag Deostóiviscí.... Níl teine ná/
go bhfuil cliathfhear tímcheall uirthé ag brugh/ agus ag teanntugh a chéile. Fé
fhuacht²²⁸² nó ocras/ tugaim fé ndeara leithleachas an chaonaidhe do/ shior. Is ait í
4705 nádúir an duine – “me²²⁸³ /42r/ féin ar dtúis,” deir an cholán. Ó, seadh/ d’fhóbaír
dom a dhearmhad: léigheadh tráchtas/ ag tagairt do theipeadh an troscadhtréanais/
anocht ó Mháire Ní Shuibhne. Ní mór mo/ shuim ann. “An lá tréis an aonaig” i
gcómhnaidhe./ Cad fáth ná cuirtear a lithéid seo de/ rud chughainn sara mbíonn rud
éigin ait/ tuitthe amach. An bhfuil aon’ne san/ ngluaiseacht-so againne a chidhfeas
4710 roime/ choidhche? Molann sí dhúinn Gaedling d’fhoghluim/ mara an féidir linn aon
rud eile/ do dheunamh. Is truagh - d’fhonn beagán/ eólais d’fhághail – nár chaith sí
seal annso/ bheadh a fhios aice cad é an meas atá ag/ ár lucht ceannais féin ar
theangain ár/ ndúthaighe! An bhfeudfadh Máire Ní/ Shuibhne a mhiniugh cad fáth
nár chuir/ Connradh na Gaedhilge oiread agus luach/ réil de leabhar Gaedilge
4715 chughainn annso?/ An raibh ceisneamh ar Phróinsias Ó Fathaigh/ – agus Teachtaire
Dála linne eisean -/ scríobh chugham sa nuair dubhart leis an/ cheist do chur os
chómhair an Choiste Gnótha?/ Ar bh’ait leis scríobh go dtí bráighe?/

/42v/ 11x18x23.

4720

Ar eirghe lae chuireas mo cheann/ on bhfuinneóig. Bhí leac oidhir ar an dtalamh²²⁸⁴/
teudhbhuidheacht san oirthear mar a raibh/ an ghrian ag cur uaithe. Uaim sall idir/ me

²²⁷⁵ am *add. ach stríoctha amach*

²²⁷⁶ síneadh *fada add. os cionn a ach stríoctha amach*

²²⁷⁷ deireadh *an fhocail doiléir, an síneadh fada ar e nasctha le s san fhocal dos atá ar an líne roimhe*

seo

²²⁷⁸ n-eun

²²⁷⁹ ag *add. ach stríoctha amach*

²²⁸⁰ i *gcuim add. ach stríoctha amach*

²²⁸¹ t *add. i ndiaidh l ach stríoctha amach*

²²⁸² tosach *an fhocail doiléir, u scríofa go doiléir*

²²⁸³ folínithe *faoi dhó*

²²⁸⁴ deireadh *an fhocail doiléir, m tréigthe*

agus Páirc an Ghirrfiaidh do chonnac/ saighdiúir agus calán in a láimh/ aige, bhí²²⁸⁵
 cróg ar²²⁸⁶ *bhaghar*²²⁸⁷ an/ tsolais, gleó i dtig na cócaireacht,/ póilín ag siubhall
 4725 treasna na heatrainne/ lasmuigh de phobal a 13 agus/ gal pípe aige.... Eitigheadh ar
 bhraon/ uisce te i dtig na cócaireachta me,/ dailtín éigin.... Is beag chuaidh go dtín/
 aifreann indiugh agus bhí san d'aithreachas/ ar chuid aca mar bhí an fear
 ceathramhan/ lasmuigh de dhoras ag feitheamh/ sag faire ar lucht droicheadaig.
 Cleas/ nuadh cliste é seo chun sinn do tharang/ ar an aifreann! D'imthig an tráth/ go
 4730 mbítí dár gcur ann lé²²⁸⁸ beul guna/ – Éireannaig dá chur chun aifrinn Dé/ lé beul
 guna! Is greannmar an /43r/²²⁸⁹ saoghal in Éirinn iathghlas – oileán/ na Naomh as na
 Suadh – é.... Tháinig/ beirt bhan isteach indiugh, máthair as inghean/ ar thuairisc
 dhuine de lucht an troscadhtréanais./ Thairngeadar caoraidheacht/ na bhfear ortha....
 Tá sneachta sa spéir/ indiugh, tulcaidhe móra. Tá sé n-a gheimhreadh/ chorónta. Tá
 4735 rianán slaghdáin orm./ Táthar ag deunamh fáinidhe agus mataidhe/ agus málaidhe
 direach as dá mbudh aon lá/ eile den tseachtmhain bheadh ann. Ní fheadar/ cad é an
 saghas lae sa bhaile é? Mar is gnáthach/ leo bhailig daoine isteach roim aifreann/ táim
 deimhnightheach agus chuireadar/ mo thuairisc. Tráthnóna anois leis táid/ bailighthe
 isteach. An bhfuil duairceas ar/ m'athair²²⁹⁰? An bhfuil mo mháthair smaointeach?/
 4740 An bhfeicfid go bráthach airís im/ bheathaidh me? Bfhéidir – níl air ach sin./

11x19x23.

Maidean chruaidh seaca. Nuair scaoileadh/ amach sinn bhí leac oidhir agus sioc trom
 4745 ar/ an dtalamh. D'eirig an ghrian go leasc mall/ trí bhrúcht throm scamail de dhruim
 Sléibhte/ Cille Mantáin. Go luath tosnuigheadh ar /43v/ dhaoinibh²²⁹¹ d'fhuascailt,
 bféidir idir 80/ agus 100. Agus lé linn na hoidhche bhíodar/ thuas ag an oifig fós gan
 imtheacht! Níl/ amhras ná²²⁹² gur b'iongtach an dream/ iad thuas annsúd chun cúraim
 do dheunamh/ dá mbeadh ortha 5,000 fear do dhíol uair sa/ tseachtmhain agus a

²²⁸⁵ *cratog add. ach stríoctha amach*

²²⁸⁶ *an add. ach stríoctha amach*

²²⁸⁷ *gaelú ar 'wire'*

²²⁸⁸ *os cionn na líne agus ar add. stríoctha amach faoi*

²²⁸⁹ *an add.*

²²⁹⁰ *síneadh fada add. os cionn an chéad a ach stríoctha amach*

²²⁹¹ *do add. ach stríoctha amach*

²²⁹² *r add. ach stríoctha amach*

4750 dtráthanna oibre/ do choimeád in eagar connus bheadh aca?²²⁹³/ Chuala ón
gCinnéideach indiugh súil bheith/ agam lém fhuascailt aon lá. Chaitheas an/ lá ar nós
aon lae eile. Ní bhfuairesas/ aon bheartán indiugh. Cad tá ar Shighle/ ná cuireann²²⁹⁴
tuairisc éigin chugham?/ Tá innidheamh orm n-a thaobh./

4755 11x20x23.

Maidean chruaidh sheaca ghrianmhar./ A bhfurmhór so a fuascladh indé filleadh ‘on/
chamtha am éigin airéir iad agus cuireadh/ chun bidh as codlata iad i bpobal a 6./
Indiugh agus daoine ag dul chun a gceudphroinne/ bhí cheithre chaláin móra lán de/
4760 chac as d’fhual tréis na hoidhche i mbeul/ an dorais ann. Budh thaitheamhach an/
radharc i láthair bidh é! Dá mbeadh ar/ lucht ceannais an tS.S na mílte mílte/ fear do
chur trí n-a lámhaibh cathain bheidís/ críochnuighthe leó? Níl aon deallramh fos go
/44r/²²⁹⁵ bhfuil aonne ag dul abhaile indiugh. Bhain/ útamáil an lae indé iomad oibre
asta/ is baoghalach. (Tréis na Corónach). Tá sé/ anfhuar agus táimíd bailighthe
4765 tímcheall/ na teine d’iarraidh sinn féin do chongbháil/ té. Sioc anocht airís. Sioc
gach²²⁹⁶ oidhche;/ táthugh is ló agus pasáil mar dheineann/ eadáil ar thalamh. Níor
fuascladh aon’ne/ indiugh tréis na²²⁹⁷ ráflaidhe a bhí ar siubhall/ go bhfuasclófaidhe
cuid mhaith. Do fearadh/ ráiseanna ar an gCurrach indiugh agus níl/ amhras ná gur
dheineadar san na hoifigí/ do tharang ón áit agus ar an adhbhar san/ ná raibh cabhair a
4770 ndóthain aca chun daoine/ d’fhuascailt. Agus nách é sin an ceart?/ Nách²²⁹⁸
tábhachtaighe go/ mórmhór ráiseanna ná sinne! Tá sé/ cloiste againn go bhfuair duine
de lucht/ an troscadhtréanais bás i nDroichead/ Nuadh.... Indiugh thugas tamall i
bpobal/ a 4 cois na teine – gasra againn –/ ag cainnt. Do bhí Mícheál Ó
Súilleabháin²²⁹⁹/ ag trácht ar a shiubhalltaibh, a/²³⁰⁰ imtheachta in arm Mheirce agus/
4775 na daoine bhuail²³⁰¹ uime. Pé tagairt/ a dhein sé do shagartaibh níor bheag /44v/ san!
léim sé. Bhí sé ghá bhearradh féin agus/ go hoban d’iompuig anall ar ghasra/ na teine

²²⁹³ níl comhartha ceiste ar bith i ndiaidh aca, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Chuala

²²⁹⁴ is cosúil gur fágadh ‘sí’ ar lár idir cuireann agus tuairisc

²²⁹⁵ go add.

²²⁹⁶ lá; t add. ach stríoctha amach

²²⁹⁷ r add. ach stríoctha amach

²²⁹⁸ tabhachtacaighe add. ach stríoctha amach

²²⁹⁹ Súilleabh=/áin; ain add. roimh áin ach stríoctha amach

²³⁰⁰ n- add. ach stríoctha amach

²³⁰¹ uime add. ach stríoctha amach

ón scáthán cimil chliathán an/ altáin dá mhéir agus chaith an galbhúnach/ san clúmh
 beártha ar an dtalamh, chuir/ cor n-a phus, d'eirig na féitheacha go bolgach/ n-a
 mhuinéal agus dubhairt de ghuth/ gharg – “Lém linn se bhídís²³⁰² (na sagairt)/
 4780 sásta²³⁰³ lé scilling nó dhó ó fheirmeóir; anois/ púint, púint, a bhuachaill a bhíos uatha/
 agus ghaibheas siad,” go searbh neamhomósach/ adubhairt sé na bréithre seo./ Ní mór
 an umhlaidheacht san áit seo don/ gcléir²³⁰⁴ ach iad féin is bun leis mar ní/ fir
 drochshaoghail iad so.... Do bhí fuinneadh/ maith gréine ann tráthnóna; gubh san
 spéir;/ an ré nách mór lán, brachta móra scamall/ dath glasolnach san deisceart, ó tá
 4785 mo/ chroidhe briste ag an áit, níor tháinig beartán/ ná leitir indiugh chugham. Cad tá
 ar Shighle in/ aochor? Cuma ghoirgeach tagtha ar an aimsir./ Is baoghalach gur
 b'aindeis an áit é seo i gcómhair/ an gheimhridh má bhímíd annso. Tá líonruith/ éigin
 orm lé deidheanaighe; ní fheudaim scríobh/ ná léigheamh ó thosnuig an
 troscadhtréanais.²³⁰⁵/

4790

/45r/ 11x21x23 -

Lá tais fuar! An scríobhfad/ faic choidhche airís i dtaobh na haimsire ach an saghas/
 so. Meirge trom ceóidh ann ó eirigheas indiugh,/ agus ar theacht isteach dúinn do bhí
 4795 sé dorcha a/ dhóthain do dhuine eulugh tríd an *bhaghar*²³⁰⁶ da/ mbeadh géarrthóir
 aige. Casachtach orm ar/ feadh²³⁰⁷ dheireadh na hoidhche. Taidhbhreamhtha/ ar an
 mbaile agus ar an saoghal lasmuigh./ An bhfuilim ag druideam lém fhuascalt?/
 Fuascladh leathcheud éigin duine/ indiugh, agus b'fhéidir gur cómharta²³⁰⁸ maith/ go
 gcaithfidh na cócairí go léir bheith i bhfeidhil oibre/ ar maidin ambáireach ar a 7 a
 4800 chlog./ Seadh, tá duine aca so bhí ar troscadhtréanais/ tréis bháis²³⁰⁹. Ní thabharfaidh
 an “rialtas” a/ chorp dá mhuinntir! Tá an Bhanchúnt/ Marcaibhits n-a bráighe airís
 agus deir/ an páipéar go raibh sí ar tí dul ar troscadhtréanais/ lom díreach! Chonnac ar
 an/ bpáipéar leis gur theastuig ceustúnach ón/ Saor Stát agus ná raibh siriam in Éirinn/
 ná raibh iarratais fachta aige i gcómhair/ an ionaid.... Tá Seosaimh Mac Consaindín/

²³⁰² *lár an fhocail doiléir, d scríofa go doiléir*

²³⁰³ *síneadh fada add. os cionn an dara a ach stríochta amach*

²³⁰⁴ *tosach an fhocail doiléir, c scríofa go doiléir*

²³⁰⁵ *níl lánstad ar bith i ndiaidh troscadhtréanais*

²³⁰⁶ *gaelú ar 'wire'*

²³⁰⁷ *na hoid add. ach stríochta amach*

²³⁰⁸ *tosach an fhocail doiléir, ponc add. os cionn c*

²³⁰⁹ *is cosúil gur fágadh 'd'fhághail' ar lár i ndiaidh bháis*

4805 eirighthe as an dtroscadhtréanais agus/ tugadh go hosbuidéal an Churraig é./
 D'imreas cluiche fithchille lé Réamann /45v/ Ó Cinnéide tráthnóna.... Beartán na
 leitir/ ní bhfuairesas indiugh.... Bliain an dtacaid/ seo budh challóideach an
 tseachtmhain againn í/ tréis an Daingin d'fhágaint.... Chuala/ indé gur gearradh 40 lá
 carcair ar mo/ dhuine bocht Padraig Ó Bríain ar an Mín Áird/ dtaobh gan díol as
 4810 mhadra! Ní dheunfainn/ amhras den Rialtas; agus ní lugha/ ná dheunfainn amhras de
 Phádraig.../ Fuascladh Próinsias Stiobhard, gan choinne./ Buachaill léigheanta
 laghach – uasal! Nách ar/ a mhnaoi bhéas an t-áthas é do dhul abhaile./

11x22x23 -

4815

Lá dorcha fuar seaca ceóidh! Nách é/ an seansceul agam é i dtaobh na haimsire!
 Marbh/ tais fhuar sioc dubh ceangailte sa talamh, sioc liath/ ar na ruibidheachaibh féir
 agus ar an *bhaghar*²³¹⁰ fiú/ amháin ar na deilgnibh ag cur crota²³¹¹ ait/ ar uachtar na
 talmhan. Níor tháinig puinn/ as eirghe na gcócairí moch indiugh – ní dheaghaidh/ an
 4820 fiche slán amach as an gcamtha so. Tá/ ráfla ar siubhall go bhfuil os cionn 300
 fuascailt/ shuas san oifig ach nách é a mian na fir do/ scaoileadh amach n-a²³¹²
 ndrongaibh móra/ faid agus bhíos cuid aca ar stailc ocrais, toisc/ go mbféidir go
 samhlófaidhe dos na daoinibh/ lasmuigh gur de thaobh aonne bheith ar²³¹³ /46r/
 troscadhtréanais do scaoilfidhe²³¹⁴ amach daoine/ eile! Leathsceul maith; sé sin lé
 4825 rádh, “Eirigheadh/ an dream atá ar tréanas fós as agus/ scaoilfear amach iad so ná
 fuil!” Glic go/ maith san, ach ní creidtear iad. Táthar taithightheach/ go maith²³¹⁵
 anois ar a²³¹⁶/ ndeaibreachaibh. Chuadhas in anghiorracht indiugh/ do bhreith orm.
 Rángas in uimhir a 18 ag cainnt/ lé Ó F. agus lé Ó C. agus²³¹⁷ iad san ag cur glais/ ar
 an ndoras chun cosca do chur leis na bráigheannaibh/ a théidheas isteach ann (sáipéal
 4830 Dé!)/ ag goid adhmaid. Bhí piocóid ag an gCeallach agus dhá ghlas ag Mac Uí Fh.
 Sa chomhchainnt/ dúinn²³¹⁸ d'fhógair O C. “Sid iad B ag²³¹⁹ B ag teacht!/ Amach leat

²³¹⁰ *gaelú ar 'wire'*

²³¹¹ *áite add. ach stríoctha amach*

²³¹² *d add. ach stríoctha amach*

²³¹³ *troscadh add.*

²³¹⁴ *deireadh an fhocail doiléir, poll sa leathanach ar an dara i*

²³¹⁵ *anoi add. ach stríoctha amach*

²³¹⁶ *ndeáibr add. ach stríoctha amach*

²³¹⁷ *deireadh an fhocail doiléir, s tréigthe*

²³¹⁸ *an leathanach stríocthe trí u*

²³¹⁹ *léigh 'agus' in ionad ag*

sa doras eile!²³²⁰ Seo liom faid an/ phobail go dtí an taobhdoras os choinne an/ altóra
 ach bhí an glas orm! Bhíos díreach ar tí/ tearmainn do ghlacadh i mbosca na
 faoidine²³²¹/ nuair oscail Ó F. an doras ón dtaobh amuigh/ dhom! Is annamh riamh do
 4835 theip an fear bocht/ orm. Ag trácht ar eulugh leo bhíos nuair/ thárluig so. Dá mbeirtí
 orm bheadh amhras/ ag an mbeirt oifigeach²³²² orm²³²³ nidh nách²³²⁴ iongadh/ ní
 fheudfadh an foraire²³²⁵ gan²³²⁶ me²³²⁷ d'fheicsint.²³²⁸/ Chómh luath agus ///²³²⁹ ///²³³⁰
 díom²³³¹/ bhuaileas go réidh²³³² ///²³³³ ///²³³⁴ síos²³³⁵ /46v/ fén dtuar gan²³³⁶ oiread agus
 caochshúil do/ thabhairt im dhiaidh.... Níor thárlaidh faic as/ an gcoitchiantach
 4840 indiugh gur fiú tagairt/ do. Thug an File agus me féin²³³⁷ sealad/ ag siubhall síos²³³⁸
 suas idir na pobalaibh ag/ cainnt ar an uile rud a tháinig chun ár/ gcuimhnte, – mná, ár
 bhfuascailt, an/ margadh so a mhill ár nduthaig agus a lia/ rud eile. Do bhí an talamh
 fuar nimhneach.²³³⁹/ Tháinig beartán ó Chait indiugh agus sruthpheann/ ó Mháire san
 Oileán Úr. Sceul ná/ duain ní bhfuairéas ón gCill fós! Cad/ tá ortha in aochor? Tá
 4845 súil le leitir ó Mháire²³⁴⁰/ agam leis; is lé n-a peann atáim ghá/ scríobh so. Ní fheaca
 aon pháipéar indiugh,/ ach chuala go raibh sé air gur deineadh feuchadh/ crannair ar
 chorp Dhonnadh de Barra cé/ nár thugadar uatha an corp dá mhuintir!!/ Agus go
 ndubhradar ná tabharfaidís corp/ aon fhir a gheóbhadh bás de dhruim
 troscadhtréanais./ Mo cheól iad! Nách iad atá go críostamhail./ Sé bliana an chuid is
 4850 mó thugaim don “Rialtas”/ agus annsan má treóruightear i gceart/ sinn beidh

²³²⁰ *níl comhartha athfhríotail ar bith i ndiaidh an chomhartha uailbhreasa*

²³²¹ *faoisdíne*

²³²² *oifigeal//h, c stróicthe den leathanach*

²³²³ *deireadh an fhocail doiléir, cuid de m stróicthe den leathanach*

²³²⁴ *nál//h, c stróicthe den leathanach; deireadh an fhocail doiléir, smál éigin ar an séimhiú ar c*

²³²⁵ *lár an fhocail doiléir, cuid de a stróicthe den leathanach*

²³²⁶ *g//n, a stróicthe den leathanach*

²³²⁷ *doiléir, cuid de m agus cuid de e stróicthe den leathanach*

²³²⁸ *d'fheicsi///, an leathanach lofa ag an bpointe seo.; tosach an fhocail doiléir, cuid de d stróicthe den leathanach*

²³²⁹ *///r///, sraith pháipéir stróicthe den leathanach roimh r, sraith pháipéir stróicthe den leathanach i ndiaidh r agus sraith pháipéir greamaithe den leathanach ina dhiaidh sin*

²³³⁰ *///s, sraith pháipéir stróicthe den leathanach roimh s*

²³³¹ *b'fhéidir; dío///, an leathanach lofa ag an bpointe seo*

²³³² *b'fhéidir; r///, sraith pháipéir stróicthe den leathanach i ndiaidh r*

²³³³ *neamh///, sraith pháipéir greamaithe den leathanach i ndiaidh neamh agus sraith pháipéir stróicthe den leathanach ina dhiaidh sin*

²³³⁴ *///ail, sraith pháipéir stróicthe den leathanach roimh ail*

²³³⁵ *sio///, an leathanach lofa ag an bpointe seo*

²³³⁶ *poll sa leathanach idir g agus a*

²³³⁷ *adhbh add. ach stríoctha amach*

²³³⁸ *id add. ach stríoctha amach*

²³³⁹ *doiléir, sleamhnú pinn tríd an lánstad*

²³⁴⁰ *an leathanach stróicthe trí M agus trí aire*

mhalairt²³⁴¹ scéil le hínnsint tréis/ bliana coimheascair²³⁴²! Poblacht *Sóibhiat*²³⁴³
 annsan! /47r/ An mbeadh sé de mhisneach ag²³⁴⁴ an gcléir agus/ san fógartha againn
 sinn do cháineadh as do/ mhaslugh? Ní dóigh liom go mbeadh. Mar seo/ nó mar siúd
 tá atharugh mór éigin romhainn/ agus má mhairim leis ní mór iad na ruibí/²³⁴⁵ liatha
 4855 breise bhéas im fholt... Ó, go díreach/ as go dearbhtha tréis m'eulighthe indiugh/
 (beurfar orm fós is eaglach) thug póilín pacaod/ toitíní dhom ón gC. agus ghaibh Ó F
 trid an/ bpobal agus thug pacaod eile dhom agus fáthghaire/ ar a phus – an cladhair!
 A Dhia/ mhuisse an duine bocht. Stadfad anois agus/²³⁴⁶ léighfead tuille de
 “Namhadaibh Ban”/ (Ibánez a scríg). Tá an leabhar so²³⁴⁷/ iontuatha go mór san áit
 4860 go bhfuilim ann/ anois. Scrighfead cúpla leidir ar maidin. Bhí/ saghas faitchíosa orm
 ná raibh mo phost ag/ deunamh i gceart lé deidheanaidhe ach tugann/ beartán Cháit
 (freagra ar leidir liom) dóchas/ dom. Ó, dá bhfaighinn freagra ar mo chinn lae/ ón
 gCill! Ach is baoghalach, is baoghalach,/ seadh, mar sin – nár imthighidh uainn ach
 é!/ Cé gur mór²³⁴⁸ a raibh bailighthe isteach/ ann – i bhfad níos mó agus níos fearr/ ná
 4865 mar scrigheas lé deidheanaidhe.²³⁴⁹/

/47v/ 11x23x23 -

Tá breis fheabhas ar an lá indiugh/ ach ní ar a fheabhas ar fad. Tá nimh agus adhbhar/
 4870 ceoidh agus cuid mhaith taisireachta ann; salachar/ agus guta fén gcois.
 Tromchasachtach tirim airéir/ ach níor thaise do dhaoibh nách mé é: do bhí
 potharghal/ throm ar fuaid an phobail roim eirghe lae agus/ ní hiongadh san mar ní
 sláinteamhail an ball/ é seo fé láthair. Chómh fada le siubhall timcheall/ do i rith an
 lae is rodheacair é ag buige/ na talmhan. Chómh luath agus chuireas mo cheann/
 4875 amach indiugh chuala go raibh Tomás Ó Deirg/ agus Mac Robain tréis bheith annso –
 tagtha/ ón Joy – ag lucht an troscadhtréanais i/ bpobal 15 ghá iarraidh ortha eirighe as.
 B’fhíor é/ agus d’eirigheadar. Táid go léir anois ach/ beirt nó triúr a tugadh go dtí
 osbuidéal/ an Churraig in uimhir 16 ata n-a otharlann/ airís. - Sé d’fhionnas gur

²³⁴¹ *an leathanach stróicthe idir m agus an chéad a*

²³⁴² *an leathanach stróicthe trí m*

²³⁴³ *gaelú ar ‘Soviet’*

²³⁴⁴ *os cionn na líne agus caret idir misneach agus an*

²³⁴⁵ *br add. ach stríoctha amach*

²³⁴⁶ *léighfead add. ach stríoctha amach*

²³⁴⁷ *inspéisighthe add. ach stríoctha amach*

²³⁴⁸ *an add. ach stríoctha amach*

²³⁴⁹ *níl lánstad ar bith i ndiaidh deidheanaidhe*

cuireadh cosc/ leis an dtréanas gan choingheall, go bhfuil/ saghas éigin éachtainte aca
4880 go bhfuasclófar/ na treóraidhte i gcómhair na Nodlag. Tá/ súil agam ná fuil an bob
buailte orainn/ airís. Leitir ghabhtha eile sa pháipéar indiugh/ – a bhí ag teacht ó
Chamtha a 3 go dtín/ gcamtha so chun Seumais Uí Foghladha,²³⁵⁰ /48r/ leascheann²³⁵¹
chamtha a bhí. An ceann camtha thall annsúd/ a scríg í agus dá réir níor thaise dhóibh
ann/ maidir lé clampar do. Dréir Freeman an lae/ indiugh níl fonn rómhór ar Ó
4885 hUiginn sinn do/ scaoileadh amach ar aon tslighe ach a shlighe féin/ go n-abrann ná
lamhalfaidh dá rialtas ná/ dhá arm sa dúthaig seo! Don “Saor Stát” atá/ a thagairt is
léir mar is eól do go bhfuil arm/ eile (gan bac linne) arm Shasana sa dúthaig/ nó an
bhfuil dearmhad deunta aige go bhfuil/ “an Tuaisceart” ann in aochor? Ar mhaith/
leis go ndearmhadfaimís an Tuaisceart amach/ sa²³⁵² amach? Táim deimhnitheach
4890 nách cneasta/ na smaointe a mhúscclann a chur i gcuimhne/ dho. Is ag dul i
ngreanmhaireacht atá an tír./ Níor fuascladh an oiread san indiugh agus bhíodar/ go
léir ag stádar thuas tímcheall na hoifige./ Cúis mhaidhte dóibh a dtapamhlacht chun
gnótha/ do riar.... Tháinig seacht gcinn de leabharthaibh/ ó Mhaire Husae indiugh -
Cailín maith. Do chonnac/ ar an bpáipéar gur cuireadh Cúirt Saighdiúra/ ar
4895 shaighdiúir mar gheall ar leitir a bhí ar/ a phearsain ghá thabhairt amach as an Joy,/ do
bhráighe.... Ceann des na leabharthaibh a/ fuaireas indiugh – Dán Ómair Chadham
/48v/ léigheas cuid de tímcheall na teine dos na fearaibh./ Thaithnig an cheathramha
san leo mar/ gheall ar an leabhar rann, an corn fíona,/ an bhallóg aráin, agus an leanán
fé ghéig coille/ Agus me ag léigheamh “Namhada Ban” indiugh/ thánagh treasna
4900 ar charghall ón mbainfhlaithe/ mar²³⁵³ a bhfuil sí ag diúltugh do ghean an fhatha/ agus
í d’iarraidh a chúram do chur di agus/ chuir a bréithre²³⁵⁴ i gcuimhne dhom bréithre/
Cinn Duibh nuair scríg sí chugham trí bliana/ an dtacaid seo ghá rádh liom gan teacht
n-a/ goire airís! Na bréithre ceudna dob iad/ focal ar fhocal. Mhúscaladar an
mhotháilt ceudna²³⁵⁵/ ionam a dheineadar an lá fuaireas an leitir/ úd agus mé amuigh i
4905 Siceágó. Táim dearbhtha/ nár ghoin briathra so an leabhair aon léightheóir/ eile²³⁵⁶
chómh híogair agus ghoineadar mise/ agus nár bhraith aonne aca dáil an fhatha/

²³⁵⁰ leas *add.*

²³⁵¹ leas= *folínithe agus os cionn na líne*

²³⁵² *an leathanach stróicthe trí sa*

²³⁵³ *a add. i ndiaidh r ach stróicthe amach*

²³⁵⁴ *tosach an fhocail doiléir, ponc add. os cionn b*

²³⁵⁵ *an leathanach stróicthe trí na*

²³⁵⁶ *c add. ach stróicthe amach*

chómh cruaidh. Bréithre a luadhtar ar an gcuma/ so go dearbhtha²³⁵⁷ idir beirt i
 gcoimheascar/ grádha tugann²³⁵⁸ ughdar éigin teanga dhóibh/ i²³⁵⁹ leabhar. Is
 cosamhail go bhfuil an leabhar/ leighte ag Ceann Dubh má²³⁶⁰ mhaireann sí/ agus táim
 4910 chómh deimhnitheach as táim go/ bhfuil²³⁶¹ ghá scríobh so gur stad ag na
 bréithribh/ siúd agus gur mhachtuig sí orm agus /49r/ go mbféidir gur shil deóir ó n-a
 súil./

11x24x23 -

4915

Mórán seaca airéir, an talamh chómh geal/ aige a's dá mbudh brúcht sneachtaidh²³⁶²
 bheadh air. D'eirig an/ ghrian go taitheamhach agus shoillsig sí go taitheamhach/
 tríd an gceódh trom a bhí ann. Chuir scataidhe/ beaga druideann ag screucaig dóibh
 féin annso/ agus annsúd laetheanta m'óige i gcuimhne/ dhom nuair bhímís ar
 4920 thóraidheacht eun²³⁶³ san/ tsioc. Lasmuigh den *bhaghar*²³⁶⁴ bhí leathdosaon éigin/
 faoilean ar an árdán ar chúl an fhóraire/ a ngob ar an áird seo. Mhachtuigheas ná/
 beadh a gcuid bídh ullamh dóibh indiugh mar budh/ ghnáth leó²³⁶⁵ ós rud é go bhfuil
 Pádraig/ Ó Leathlabhair imthighthe abhaile. Do bhí an t-uisce/ leis reóidhte i
 bpíopaidhib agus b'éigean dom/ mias de d'fhághail i dtig na cócaireachta cé gur/ leasc
 4925 liom dul isteach ann mar is doichilleach an/ dream iad.... Bhí mórán ráfla ar siubhall
 mar is/ gnáthach i moch na maidne,²³⁶⁶ go ndeunfaidhe fuascailt/ choitcheann ar na
 bráigheannaibh agus aroile./ Ach bfada as san aon rud a bhí ar an bpáipéar./ Bhí leitir
 ar ón nDochtúir Diadha Ó Domhnaill/ Coghantóir an Cháirdinéil, i bhfreagra ar/
 thurus do thug *Sir* Tomás Mac Árgaoill agus/ Ó Cearbhaill, Dún Dealgan air, ar son
 4930 na/ mbráigheann.²³⁶⁷ San leitir seo iarrann sé ar /49v/ threóraidhthibh na bhfear a bhí
 ar throscadh-/ tréanais a athchuinghe ar na fearaibh eirighe/ as agus ar an am gceudna
 iarrann sé/ ar an "Rialtas" na bráigheanna ná fuil cúisighthe/ lé h-aon choir
 d'fhuascailt gan moill./ An bhfuil seo-seá-sin ar siubhall? Dheallramhófá/ go bhfuil.

²³⁵⁷ tug *add. ach stríoctha amach*

²³⁵⁸ file *add. ach stríoctha amach*

²³⁵⁹ i *add.*

²³⁶⁰ os cionn na líne agus agus *add. stríoctha amach faoi*

²³⁶¹ léigh 'bhfuilim' in ionad bhfuil

²³⁶² tosach an fhocail doiléir, ponc *add. os cionn s*

²³⁶³ t *add. ach stríoctha amach*

²³⁶⁴ gaelú ar 'wire'

²³⁶⁵ ag Pád *add. ach stríoctha amach*

²³⁶⁶ camóg *add.*

²³⁶⁷ athraíodh an chamóg i ndiaidh mbráigheann go lánstad mar is cosúil gur tosach abairte nua é San

Chuala go ndubhairt Tomás Ó Deirg/ agus é annso go ndubhairt Risteárd Ó
 4935 Maolchatha/ lé deidheanaidhe seanrudaidhe do dhearmhad/ agus gur theastuig uaidh
 cómhhdháil do bheth aige/ lé lucht na Poblachta ach gur diúltuigheadh do./ Tá súil
 agam má tá aon chogar mogar ar/ siubhall ná deunfar anatas de mar deineadh/ go
 rómhinic cheana. Ní bheadh aon iongadh orm/ dá gcloisimís mórchuid fé dheireadh
 na/ seachtmhaine seo chughainn.... Fuascladh/ Criostóir Ó Broin²³⁶⁸/ an ceann
 4940 camtha deireannach a bhí orainn –/ tráthnóna deireannach. Dréir chainnte gach/
 aonne níl mórán uaignis n-a dhiaidh. Is é bhí/ fé réim annso tamall. Sin mar bhíonn.
 Síos seal/ suas seal. Fuaireas beartán indiugh ó Bhuailtín/ na nGealbhan – Máire de
 hÓrdha mo cholcheathrair/ do scríg an seóladh deurfainn./ Peaca í féin nó mo
 dhribhshiúr do chuir chugham/ é táim buidheach dí. Ambáireach ceileabharfar /50r/
 4945 an t-aifreann d'anamaibh na beirta²³⁶⁹ a fuair/ bás de dheascaibh an troscadhtréanais. -
 / Adhlacadh²³⁷⁰ Donnchadh de Barra indé sarar ráinig/ a mhuintir an Droichead²³⁷¹.
 Níor tugadh suas/ fós corp Aindriais Uí Shúilleabháin dá mhuintir./ Bhí an fear
 bocht chómh caithte, croitthe,/ seirgthe sin nár aithnig a dhreatháir é in/ ósbuidéal
 Naomh Bricíne! Do cuireadh sreanngseul/ go dtí lucht ceannais an osbuidéil ar/
 4950 chómhairle “Mháighistir na Rolla” gan an corp/ d’adhlacadh go dtí go gcriathruigí an
 cúrsa/ sa²³⁷² cúirtibh. Nách diamhair, doscaipthe/ an scamall atá tagtha ar an ndúthaig
 a’s/ go bhfuil rudaidhe mar seo ag tárlachtaint innte./ Ní²³⁷³ cuimhin liom cad é an
 ainm atá ar an/ sagairt árd ruadh a thagas annso – Státach/ ceart ‘seadh é ar chor ar
 bith – seadh bhí sé/ ag gabháil aníos Sráid an Phludaidh indiugh/ agus é ar séirse nuair
 4955 scread bráighe:/ “Dúntar an geata air sin!” agus gháir/ gach aonne.

11x25x23 -

Á! budh bhreágh an/ mhaidean í seo. Cuireadh n-ár suidhe sinn ceathramha/ uaire an
 4960 chluig roim an ngáthhráth i gcómhair/ so mar gheall ar dhuine éigin – más fíor/ sceul
 – a ghireán nár glaodhadh luath a dhóthain/ air chun aifrinn seachtmhain a’s la
 indiugh./ Chuirfinn geall – más fíor é – gur fear é /50v/ ná feudfadh an diall féin do

²³⁶⁸ tráthnóna deidheanach an *add. ach stríoctha amach*

²³⁶⁹ *beirte*

²³⁷⁰ *séimhiú add. os cionn c ach stríoctha amach*

²³⁷¹ *deireadh an fhocail doiléir, ponc add. os cionn an dara d*

²³⁷² *s add. ach stríoctha amach*

²³⁷³ *an leathanach stríocthe trí N*

chur as an leabaidh/ i rith na seachtmhaine! Ní deirim gur eirigheamair/ go²³⁷⁴ léir,
 nár²³⁷⁵ ngnéidimid! Do bheadh buaidh/ ag an té fheudfadh sinn go léir do chur n-ár/
 4965 suidhe. Tá sámháin annso – agus is mar gheall/ ar a sámhán atáid annso – ná bogfad/
 faic iad; táid chómh doghluaiste leis an/ gcarraigléith. Ach dá mhéid an fuadar a bhí
 fé/ lucht ceannais an dá thaoibh sé mo thuairm/ go raibh níos lugha ag an aifreann
 indiugh ná/ mar bhí lé fada. Ní cúis mhaoidhte so agam/ gaibheann sé tríom an
 tslighe atá ár/ gcreideamh ghá tharang sa lathaig – agus/ an t-aifreann! Ní théidhim
 4970 ann. Ní bhfaighim/ ionam féin bheith chómh breugchráibhtheach as go/ raighinn ann
 mar chím daoine eile ag dul./

Ar eirghe amach dom chuir an talamh mágcuard²³⁷⁶/ aoibhneas ar mo
 chroidhe. Do spréidh radharc/ na dúithighe an ceódh dem chroidhe. Dhearmhadas/ as
 me ag amharc im thímcheall cruadhtas agus²³⁷⁷/ aindeise a bheith annso. Os cionn
 4975 Sléibhte Chille/ Mantáin do bhí brúchta móra tirim cheóidh i/ gcruith na n-árd do
 chlúduigheadar; chidhfeá/ crotlíon na sliabh ionnta; agus ar a gcúl/ an ghrian ag
 eirighe go lasmhar ag órugh/ na lomraidhe troma ceóidh. Nár bh'áluinn/ an radharc
 iad? Nách isteach ionnta bhí an /51r/²³⁷⁸ diamhar dothuigse? Nách iad a chuirfeadh/
 ag machtnamh duine? Agus os choine/ na gréine san árd thiar an ghealach lán ag/
 4980 liathadh sag tréigean n-a solas roim ghealas/ agus neart an lae. Riamh roime seo
 ní²³⁷⁹/ fheaca an²³⁸⁰ dá²³⁸¹ shúil seo neimhe chómh cruinn os choine²³⁸²/ a chéile. Do
 chuireadar áthas ar mo chroidhe; do/ lasadar neamh agus talamh im thimcheall
 agus²³⁸³/ chuireadar an sioc ag glioscarnaig! B'aoibhin/ an mhaidean í. Tráthnóna do
 ghluaiseas féin/ agus an File sall sanall lasmuigh de Phobal/ 13. Thuas ar an árdán tá
 4985 tig mór dubh/ is cosamhail lé tig púcaidhe é. Riamh fós/ ní fheaca comhartha beatha
 tímcheall air; ní/ feaca duine ag dul isteach ná amach ann,/ ná gal as a mhúcánaibh, ná
 a dhóirse ar/ leathadh. Tá sé thuas annsúd chómh diamhar/ lé taobh faille mhara!
 Stadamair dá/ amharc ar feadh tamaill. “Maidean agus/ me nochttha i bpobal an

²³⁷⁴ d *add. ach stríoctha amach*

²³⁷⁵ n-ár

²³⁷⁶ an leathanach stríocthe trí d

²³⁷⁷ an leathanach stríocthe trí us

²³⁷⁸ an *add.*

²³⁷⁹ = *add.*

²³⁸⁰ os cionn na líne agus caret idir fheaca agus dá

²³⁸¹ síneadh fada *add. os cionn d ach stríoctha amach*

²³⁸² os cionn na líne agus coine *add. stríoctha amach faoi*

²³⁸³ an leathanach stríocthe trí s

ionnladhtha dem/ fholcadh féin,” ars an File, “shaoileas gach aon²³⁸⁴/ nóimint go
 4990 bhfeicfeadh inghean an Choirnéil²³⁸⁵/ me trí fhuinneóig éigin ann ach mo thuairm²³⁸⁶/
 fairír ná raibh a lithéid ann!” “Mo náire²³⁸⁷/ thu” arsa mis’ “Ó tusa ag cainnt!²³⁸⁸”
 /51v/ ar seisean le scarta gáire.... Tá ráfla/ ar siubhall go mbeidh míle sa
 tseachtmhain/ ag fágaint an Churraig, ag tosnugh/ ambáireach! Go bhfreagraidh Dia
 an ráfla/ san mar ní róchneasta an ball é seo feasda/ d’aon’ne lé fuacht agus aindeise!
 4995 An/ bhfuil a lithéid sa domhan uile? Áit²³⁸⁹ intseasaimh/ ‘seadh é sa tsamhradh agus
 mar sin/ ach sa bhfuacht lé droichtheinteachaibh agus/ nách féidir siubhall ag an
 salachar chun duine/ dá choimeád féin te. Ní haon dóichín é, creid/ me. Cím dréir an
 pháipéir go dtabharfaidh/ an Saorstát coirp Aindriasa Uí Shuilleabháin/ dá mhuintir.
 Dar fiadh, is maith san/ uatha!!! Tá beagán leitreach agam agus/ bfeárr liom go
 5000 mbeadh a gcúram curtha díom/ agam. Anois stadfad agus tabharfad iarracht/ ar “An
 fear do thugais dom” do/ léigheamh go críoch. Ní haon droichsceul é./ Tásdbháil
 cheart gacha leabhair an fonn nó míofhonn²³⁹⁰/ a fhágas sé ar dhuine chun a ghlactha
 an/ athuair²³⁹¹ chun a léigte. Ní leabhar doimhin é/ ach tá sé de bheith air ná fuil
 iomad focal/²³⁹² ann – díreach an oiread agus innseas/ an²³⁹³ eachtra gan
 5005 craobhachaibh na crans./

/52r/ 11x26x23 -

Lá gránda, cé nár dhein sé aon/ tsioc airéir. Tinneas trom cinn orm ar feadh/ an lae;
 5010 an mar gheall ar gan aon phroinn d’itheadh/ indé é? Ní mór a fuascladh indiugh –/
 dháreug b’fhéidir. Tá Seán Mac Cuitléir imthighthe./ Táid seo bhí ar troscadhtréanais
 go dtín lá/ eile ag dul i bhfeabhas go maith, leitir ná beartán/ níor tháinig indiugh.
 Chailleas mo chuid te/ de dheascaibh faillighe ar chluiche fithchille idir/ Réamann Ó
 Cinnéide agus me féin./ Díreach agus mé ag deunamh te dhom féin tháinig/ teachtairí
 5015 ón gComhairle Camtha ag triall/ orm chun na mbuidhean nGaedhilge d’athghabháil./

²³⁸⁴ an leathanach stróicthe idir a agus o

²³⁸⁵ an leathanach stróicthe trí r

²³⁸⁶ an leathanach stróicthe idir r agus m

²³⁸⁷ an leathanach stróicthe trí r

²³⁸⁸ an leathanach stróicthe tríd an gcomhartha uailbhreasa

²³⁸⁹ io add. ach stróicthe amach

²³⁹⁰ an leathanach stróicthe trí f

²³⁹¹ an leathanach stróicthe trí t

²³⁹² fo add. ach stróicthe amach

²³⁹³ an leathanach stróicthe trí a

I bpobal 15 a chuirfid fútha – teinteacha agus/ uile lé fágáil ó lucht ceannais an Stáit. Táim/ chómh dall sis féidir do bheith toisc gan an páipéar/ laetheamhail d’fheicsint. Bhí ráfla ar siubhall/ go ndubhairt Ó Maolchatha go gcoimeádfaidhe/ 4000 againn thar Nodlaig! Mo chuise é./ Amuigh atá an buachaill.

5020

11x27x23.

Lá dorcha,/ tá sé ag tuar fearthaine. Ar bhualadh amach/ ar maidin dom d’fheuchas fé dhéin na sliabh mar/ a raibh ceódh trom n-a luighe; ar na maoilíníbh/ atá idir me agus
5025 iad bhí dath chómh gorm lé/ mailín an ghuirm. Stadas dá n-amharc ar/ feadh tamaill do bhíodar chómh taitheamhach san./ Nách iongtach²³⁹⁴ na dathanna do chuireann/ talamh scéimh na hÉireann di. Is iomdha /52v/²³⁹⁵ áluinn do chonnac san Oileán Úr, i Sasana,/ agus an t-aon amharc do fuaires ar an/ bhFrainc ach ní²³⁹⁶ fheaca fós aon rud cosamhail/ leis an eugsamhlacht clóidh a ghaibheas/ Éire uimpe le hatharugh na
5030 haimsire. Tá/ pobal 15 glan amach i gcómhair na mbuidhean./ Tá fonn agus míofhonn orm. Go bhfóiridh Dia/ ar aon’ne ná fuil i ndáiríribh. Scriosfad an/ plaosc²³⁹⁷ de! Leitir ná beartán níor tháinig isteach/ fós. Dréir pháipéir an lae indé táthar/ anmhuinghineach as an iasacht airgid seo i gcomhair/ an tSaorstáit. Ach an méid²³⁹⁸ atá aca/ ghá lorg is fada buidhe é ón dtómas a theastuigheas/ uatha. Níor
5035 mhór dóibh deich míle chun/ lorgtha an méid a oireas.... Tá siad ag braith/ ar sin, dar liom, go bhfoillseóchadh an dúthaig a/ fonn mar bheadh do thíorthaibh eile ar bheith freagarthach/ in aon iasacht.... Do bhí mórán cainnte/ ó Bhean Uí Dhrisceóil mar gheall ar cad budh cheart/ agus cad nár cheart do dheunamh – cao do thabhairt/ don Saorstát agus lá éigin go sroicfimis Poblacht/ tríd agus mar a dtugtí agus dá gcuirtí
5040 fearg ar/ Shasana go bhfillfeadh sí annso go scriosfadh/ sí an dúthaig ón bhfarraige lé n-a loingeas,/ go ndoighfeadh sí tighthe, go gcosróchadh sí/ na daoine, go gcreáchfadh sí – ó cad/ ná deunfadh sí dá gcuirtí buadhairt ar/ an Saorstát! Seadh, anois, budh mhaith liom /53r/ a fhiafraighe – an bhfuil Sasana imthighthe?/ Mar mara bhfuil ní féidir léithe filleadh! Mara/ bhfuil daille ar fad tagtha orm, mara bhfuilim/
5045 imthighthe ar seachrán incheann taidhbhsightear/ dom ná fuil Sasana fágtha an

²³⁹⁴ an *add. ach stríoctha amach*

²³⁹⁵ *is cosúil gur fágadh ‘radharc’ ar lár roimh áluinn*

²³⁹⁶ fheaca *add. ach stríoctha amach*

²³⁹⁷ *deireadh an fhocail doiléir, s ceartaithe ó c*

²³⁹⁸ atáid *add. ach stríoctha amach*

dúthaig seo/ fós. Agus chómh fada lé²³⁹⁹ bagairt creiche/ as marbhtha as léirscriosta. Tá níos mó/ marbhtha, creiche agus léirscriosta deunta againn/ ar a chéile in aon bhliain amháin ná dhéin ná/ bhféidir le Sasana do dheunamh orainn./ Cainnt róleanbaidhe ‘seadh a rádh linn go ndeunfadh/ Sasana so súd! An leithsceul é chun/ 5050 maitheamhnachais do lorg as a bhfuil deunta/ orainn ag ár muinntir féin? Tá/ Sasana ar a cúilín teamhrach anois ag faire/ ar “Éireannaigh an Ríogha”, ag deunamh an ruda/ nár bhféidir léithe féin do dheunamh. Ní beag²⁴⁰⁰/ d’urradhas air súil do leagadh ar na daoineibh/ atá ag glacadh go sochma leis an iasacht airgid/ seo – lucht an airgid is iad²⁴⁰¹, an lucht/ atá leis na ciantaibh ag coimeád Éireann/ i gcúil a doirn do Shasana. 5055 Ar an láthair ní/ éisteóchaidh aon’ne lé ceasnaidhe na hÉireann/ mar Éireannaigh féin atá ghá milleadh./

Ach beidh ré gearra ag an saghas so gnótha.²⁴⁰²/ Sé a dhán teip. Annsan “tagadh” Sasana airís/ más mian léithe. Ach cad chuige? Chun slighe /53v/ nuadh éigin géirleanamhna do cheapadh? Ach/ cad é an tslighe ná fuil ceaptha aice agus ná/ 5060 fuil teipthe uirthé? Tá sí i ndeireadh a/ cuid cleas. Níor dhein sí a botún riamh go/ dtí so. Iarracht dána diabalta dob eadh/ í agus is gearrid chuaidh sí d’eirghe léithe./ Fuair sí cabhair – cabhair na ndaoine n-ar²⁴⁰³/ cuireadh muinghin agus dóchas, tráth, bhreab sí,/ dhall sí, chuir sí spearbaill ar dhaoineibh ach/ ní raibh ón ndúthaig ach aimsir.... Cois na/ teine: Trí leapacha agus iad lán. Me féin/ im shuidhe ar 5065 seanbhosca stáin (cómhra) in a bhfuil/ laghar leabhar as gréithre. Oidhche chiúin mharbh/ gan breis fhuachta. Nách uathbhásach an rud gan/ amharc d’fhághail ar spéir na hoidhche ón 16adh/ lá d’Fheabhra so imthighthe? Nách diallta an/ rud bheith fé ghlas d’éigean 14 huaire a chluig/ agus annsan de thoil dhuine i rith an lae/ ag olcas na haimsire ag siubhall síos suas/ na mbathalach so glorghal as geóin id chluais?²⁴⁰⁴/ 5070 Níl aon mhaidean le fada ná go ndúisighim/ tímcheall a 5 – uaireanta d’fhonn rud/ éigin do dheunamh agus as san amach ní/ thuiteann neul orm. Go minic bíonn an/ uain chómh marbh ciúin sin go gcuirfeadh sí/ aidhbhéil ort, go mbraithfeá ciúnas agus/ folamhas na trátha mar bhraithfeá do /54r/²⁴⁰⁵ chuisle ag bualadh. Anois agus

²³⁹⁹ cr add. ach stríoctha amach

²⁴⁰⁰ d add. ach stríoctha amach

²⁴⁰¹ iad add.

²⁴⁰² níl lánstad ar bith i ndiaidh gnótha, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é

Sé

²⁴⁰³ lár an fhocail doiléir, an fleiscín nasctha le a

²⁴⁰⁴ doiléir, an comhartha ceiste scríofa go doiléir

²⁴⁰⁵ do add.

airís/ brisfidhe an ciúnas so ag glór éigin a chuirfeadh/ i gcuimhne dhuit anairt gá
5075 stoladh. B'fhéidir/ gur bh'é²⁴⁰⁶ guth an fhoraire ag béiceadh go/ lánláidir goirgeach
d'fhonn as go gcloisfeadh/ an foraire is neasa dho é - "Post 1./ Uile cheart!" agus
mara bhfreagróchadh/ Post 2. screuchfadh "Múscail annsan, a/ Phuist 2!!!" An méid
seo dhó trí no ceathair/ d'uairibh agus annsan béicid amach diaidh/ ar ndiaidh "Post
2²⁴⁰⁷ uile cheart!" "Post 3/ uile cheart!" "Post 4 uile cheart!" in/²⁴⁰⁸ eugsamhlacht
5080 gutha dréir ghaoi nó míghnaoi/ an fhoraire ar an uain, nó stáid na/ haimsire. Is
cómhchlos iad tímcheall an tuair/ – ó n-a haon go dtí n-a seacht ag dul in/ ísleacht lé
faid an achair agus annsan/ ag dul i neart sanaoirde ar theacht i/ bhfoigseacht airís
tímcheall an chamtha,/ bíonn fáilte agam²⁴⁰⁹ roim an bhfuaim seo/ cé gur²⁴¹⁰ rómhaith
is feas dom gur²⁴¹¹/ b'iad mo lucht coimeáda iad! Ach²⁴¹² bheith/ gan iad b'ait liom a
5085 mhachtnamh ná raibh idir/ me agus mo shaoirse ach dhá shraith de *baghar*²⁴¹³/
meirgeach. Im luighe ar an gcuma so is/ minic do cheileabhairim mo phaidrín²⁴¹⁴ idir
/54v/ chodladh agus dhúiseacht gan diandíograis bféidir/ ach n-a dhiadh san ní bheadh
m'aigne sásta/ gan gabháil tríd an ngíomh so. Nách ait é/ an duine? Agus nách
dothuigse dho féin go/ minic? Ó, dá bhfeudadh duine rún agus/ diamhair an tsaoghail
5090 seo do léigheamh an/ riarfadh sé a bheatha dréir an eolais a chruinneóchadh/ sé? Nó
an bhfuil saoghal i bhfad níos fearr/ sinn do bheith dall timchealltha in eólas²⁴¹⁵/ 's in
inntin? An Chómhacht a cheap 'sa stiúras/ an uile²⁴¹⁶ nidh ní fuláir²⁴¹⁷ is Aige is/
fearr fios na nidhthe seo? Mar sin féin/ buadhcrann agus tuargann siad inchinn/ agus
inntin an duine. Ná hinnis dom gur/ ceal creidimh nó lagchreideamh iad so do/
5095 chriathfairt as do scagadh²⁴¹⁸ – ní chreidim/ sin. Nách díchreidheamhaighe go mór
iad/ do ruagairt gan moill as an inntin lé²⁴¹⁹/ heagla rómpa? Más túis dóibh ón ndiall/
nách cródha iad d'ionnsaighe agus an lá/ d'fhághail ortha tréis iarrachta a dtuigseana/

²⁴⁰⁶ *deireadh an fhocail doiléir, e ceartaithe ó i*

²⁴⁰⁷ *uaschamóg add. i ndiaidh 2*

²⁴⁰⁸ *eus add. ach stríoctha amach*

²⁴⁰⁹ *le add. ach stríoctha amach*

²⁴¹⁰ *os cionn na líne agus gur go add. stríoctha amach faoi*

²⁴¹¹ *bí add. ach stríoctha amach*

²⁴¹² *tosach an fhocail doiléir, sleamhnú pinn trí a*

²⁴¹³ *gaelú ar 'wire'*

²⁴¹⁴ *tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar p nasctha le p*

²⁴¹⁵ *sin add. ach stríoctha amach*

²⁴¹⁶ *nide add. ach stríoctha amach*

²⁴¹⁷ *tá add. ach stríoctha amach*

²⁴¹⁸ *lánstad add.*

²⁴¹⁹ *an leathanach stríocthe tríd an síneadh fada ar e*

ná an dá láimhín do bhualadh lé chéile agus/ athchuir chun neimhe gan moill²⁴²⁰ ghá
 iarraidh/ iad do spréidheadh? Nách féarr duine tréis/ gabháil trí chonntabhairt go
 5100 buacach ná/ gan an chonntabhairt do ghabháil trí eagla di? /55r/ Sin mar chaithim
 moch na maidne i ndubhuaigneas/ na hoidhche ag tuargaint le cómhachtaibh a bhíos
 dom/ ionnsaighe go hiomadhamhail tiugh. Dar liom/ nách misde me an tásdbháil seo.
 Gaibheann mo/ bheatha ar fad fé léith súl m'intinne. Deinim/ agus aithdheinim í ar na
 cumaidhibh is méine/ léim chroidhe ach d'aimhdheóin slachtmhaire mo/ mhachtnaimh
 5105 ní bhein sásta mara mbein/ ameach na bhfear so amuigh nó istig..../ Lá éigin leis
 táim deimhnightheach go mbead/ níos diadha ná táim. An bhfuil an ceart/ agam gan
 eagla do bheith orm roim Dhia?/ An bhfuil an dóchas agam as a thrócaire/ n-a
 mhachtnamh go mbeidh Se comhthromach/ liom, ná beurfaidh Sé gearra orm? Go/
 soillsightear an doirheadas atá im thímcheall/ ach cad fáth go bfuilim chómh
 5110 muinghineach gur/ fimnig furmhor mór na cléire? Nách féidir/ liom me féin do
 thabhairt ar aon cheileabhradh/ creidimh leo ná bheith rannpháirteach leo n-a/
 slioghthibh? “An diall airís” deurfaidh an/ leightheóir, “Ní hé in aochor,” adeirim
 “diúltuighim/ do agus dá²⁴²¹ dheáibreachaibh²⁴²²/ mar bíds balbh i dtaobh na
 dúthaighe agus bead/ leo: Ach faid agus abraid gur cladhaire, sladaidhe/ foghlaidhe
 5115 me agus go bhfuil an choinealbháthadh /55v/ orm go gcreidim go raibh an ceart
 ag^{2423/2424} árdchléir n-a ndeachtadh leanfad an bealach so./ Anocht admhuighim ná
 fuil drochaigne agam/ d'aon'ne ná urchóid, ná²⁴²⁵ drochinntin/ ach caithfidh mo
 shlighe fein do bheith agam i leith mo/ smaointe ar cad is ceart nó mícheart dom/
 dhúthaig gan baint lé creideamh..../
 5120 Budh dhubh duairc an clodh bhí ar an dtig/ dubh ar an gcnocán lé linn na
 hoidhche gan/ oiread a frighde den mbeatha le feicsint n-a/ thímceall....²⁴²⁶ Léighfead
 beagán/ de²⁴²⁷ “Fé Dhá Bhratach” sara gcóirighim mo/ leabaidh....

11x29x23 -

5125

²⁴²⁰ cu *add. ach stríoctha amach*

²⁴²¹ dheibr *add. ach stríoctha amach*

²⁴²² comharthaí athfhriotáil *add. i ndiaidh dheáibreachaibh ach stríoctha amach*

²⁴²³ na *add. ach stríoctha amach*

²⁴²⁴ is cosúil gur fágadh ‘an’ ar lár roimh árdchléir

²⁴²⁵ drochaoide *add. ach stríoctha amach*

²⁴²⁶ Léighfead *add. ach stríoctha amach*

²⁴²⁷ tosach an fhocail doiléir, d tréigthe

- Bhí nimh an/ gheimhridh ann ach ní raibh an lá chómh dona leis²⁴²⁸/ na laetheantaibh seo caithte againn.... Níor/ fuascladh ach fíorbheagán indiugh.... Agus me san/ bhfualán agus mar is gnáthach lé duine ag²⁴²⁹/ suidhe leis féin thairngeas chugham blúire/ seanpáipéir agus cad chidhfinn ar cúntas/ mar gheall ar gharsún 15 mblian ó
- 5130 Chorcaig/ a fhág an baile san Meitheamh (ní cuimhin/ liom anois an anuiridh nó ambliadna) agus/ go raibh súil a²⁴³⁰ mharthaine curtha ag n-a/ mhuintir díobh. Fuairtheas tásc air idir/ Loch Riabhach agus Gaillimh. Dréir deallraimh /56r/ bhí sé i gcath “Sliabh na nDamh”. Tamall mór/ ó shoin fuair a mhuintir beartán agus a/ chuid eudaig ann a’s rian fola ortha agus bhí/ sé ráidhte gur seideadh san aer é le pleuscán!/
5135 Feuch anois gur iomdha sceul iontuatha/ a ghaibheas thar dhuine nuair ná feiceann sé/ an páipéar.... Cím ná fuil ag eirghe leis an/ iasacht chómh maith agus maoidheadh ar dtúis./ Mar táid anois ghá rádh gur cheart do/ lucht airgid bhig roinnt do ghlacadh²⁴³¹/ san iasacht.... Is clos dom indiugh ná lamhálfadh/ Easbog Corcaighe corp an Bharraig/ in eaglais!!! Fuascladh Seán Ó Ceócháin/²⁴³² an fear bocht indé
5140 agus chuir sé áthas/ orm. Budh mhinic greas grinn ag an bhFile,/ é féin agus me féin i bhfarradh a chéile. Nár/²⁴³³ bhí go mórtaiseach as a mhac! Do bhí/ buidhean agam i bpobal a 15 agus do bhí an/ áit go seascair. Ag cur na heochrach tar/ n-ais bhuaile O B. liom agus bhí cómhradh agam/ leis. “Is minic,” ar seisean “deirimíd le chéile/ gur mór an truagh tú do bheith annso!”/ Tháinig leitir indé ó Sheosaimh Ó
5145 Breitheamhnaig/ agus trí beartán páipéar indiugh.²⁴³⁴ In a leitir/ bhí leitir do chuir Peig Bairéad cuige n-a /56v/ n-abrann sí gur b’oth léithe me do bheith i/ ngabhann. Peig bhocht! Is iomdha seal aoibhnis/ do chaitheas n-a fochair.... Tháinig leitir ó/ Mháire Husae leis. Is léir go bhfuil cion aice orm,/ agus tá cion agam uirthé! Ach connus, connus/ is féidir liom cion do bheith agam ortha go/ léir níl duine aca ná fuil
5150 go hionmhianta/ ach, mo lagar! Connus is féidir liom seisear,/ seachtar, ochtar aca do bheith agam? Á, tá sé/ ag dul i ndeidheanaidhe agsu tréis dul do/ chodladh triallfaidh mo smaointe ortha go/ léir. Mo chion ortha go léir. Taithnigheann sé/ leotha go léir ach dá mbeadh a fhios aca an/ mbeadh eud aca lé chéile? Cad mo leigheas/ ortha? Guidhim oidhche shuairc dóibh uile./

²⁴²⁸ síneadh fada add. os cionn e ach stríoctha amach

²⁴²⁹ an leathanach stríocthe trí g

²⁴³⁰ rud éigin add. ach stríoctha amach

²⁴³¹ ann add. ach stríoctha amach

²⁴³² indé, add.

²⁴³³ is cosúil gur fágadh ‘bh’ é ar lár roimh bhí

²⁴³⁴ doiléir, sleamhnú pinn tríd an lánstad

5155

.... 11x30x23.

Tá sé ag fearthain/ anocht – clagairt aice ar cheann an phobail –/ pobal fuar, argaill.
Leitir ó Shighle indiugh más mithid!/ Tá breis shuaimhnis ar mo chroidhe ó fuaireas/
5160 í. Do bhí sceitimíní orm go raibh rud éigin ar míthreóir./ Anois tá sciatháin orm.
Thóg Ó B dhá leitir/ uaim. Fear maith é, dar liom, agus táim buidheach/ de.... Cois
na teine annso airéir treis stad/ de scríobh bhí sceulta as eachtraidhthe ar siubhall/
agus chuir Seán Ó Lonargáin ag gáirí sinn/ mar is gnáthach leis. “Fuaireas leitir óm
/57r/ dhribhshír,” ar seisean, “ghá rádh gur chuir sí dhá²⁴³⁵ aifreann/ ghá
5165 cheileabhradh dhom lé hínntin m’fhuascaltha./ Anois cad é an fáth nár chuir luach an
airgid a/ thug sí don sagart de thoitíníbh chughamsa. Ná/ fuil aifreann annso in aisce
agam gach Domhnach/ agus ní théidhim chuige! Cad fáth go gcaithfeadh mo/²⁴³⁶
dhribhshiúr airgead orm ar an gcuma²⁴³⁷/ so?/ Tógann na sagairt airgead chuige seo/
agus annsan bíd dár mallugh! Is é sceón/ Dé de sceul.” Ambáireach caithfeadh ált do
5170 scríobh/ d’iris atá ghá bhunugh sa chamtha, agus tá/ fonn orm mo sceul d’athghabháil
agus a chríochnugh/ chómh luath agus is féidir.... Le dhá oidhche/ anois níor eirig
liom faic do dheunamh.... Tá/ sé ar an bpáipéar indiugh go ndubhairt Máire/ Ní
Shuibhne²⁴³⁸ ar Árd Chómhairle Sinn Féin gur/ de chionn réidhtig lé Liam Mac
Coscair agus Seósaimh/ Mac Craith d’éirig lucht an troscadhtréanais as an/ stailc....
5175 Tá sé air, freisin go ndubhairt Eóin/ Mac Néill go rabhthas ag fuascailt na
mbráigheann/ agus dá luatha bheidís fuascaltha gur bhfeárr de/ an dúthaig é. Ach
deineann sé éisceacht –/ bráigheanna áirighthe! Ce hiad féin?

12x1x23/

5180

Lá marbh fuar salach nimhneach! Nách diallta an/ cúrsa gur b’annamh bhíos an
aimsir fé dhom/ labhairt ar mhalairt de chuma uirthé. Níor/ fuascladh ach aonne
amháin indiug – 99 gearra /57v/ ar cheud mar deir Criostóir Ó Foghladha gem
chluais./ Tá ráfla ar siubhall – tá súil agam nách fíor é –/ go bhfuasclófar cuid mhaith

²⁴³⁵ *tosach an fhocail doiléir, d athscríofa*

²⁴³⁶ *dris add. ach stríoctha amach*

²⁴³⁷ *= add.*

²⁴³⁸ *le add. ach stríoctha amach*

5185 (tá súil agam gur fíor/ an méid sin) an tseachtmhain seo chughainn agus go²⁴³⁹/
 ndeunfar an ceudna le Páirc an Fhaidh agus/ annsan go gcuirfear an fuighleach i
 dteannta/ chéile i bPáirc an Fhaidh go fios nách cathain./ Ní bíodhg mheanmach an
 nuadhacht é sin. Mo thuairm/ féin nách fios d’aonne – ná fiú amháin dóibh féin/ fós –
 cad dheunfaidh siad linn.... Thug Seósaimh/ na Gaoithe Seumas Ó Reachtnín, Ó
 5190 Ceallaig agus fear/ eile suas go dtín oifig d’iarraidh iad do chur i dtig/ na gloine mar
 gheall ar bheith ag cainnt tar/ bhaghar²⁴⁴⁰ lé daoinibh i gcamtha I. Scaoileadh saor/
 iad, amhthach, is nimhneach an t-ógánach an Seosaimh/ ceudna so agus is
 árdchaipíneach maigeamhail/ agus is róbhagarthach²⁴⁴¹. Tá sé ar sciobaig d’iarraidh/
 duine éigin do sheóladh go tig na gloine..../ Airéir caitheadh trí piléir go tapaidh
 5195 diaidh ar/ ndiaidh, agus chuala indiugh gur beirt fhoraire do/ chaith a chéile! Ach is
 deacair liom san do chreideamhaint/ Tháinig beartáinín ó Shighle indiugh/ “50
 pog” ar thóin bosca toitíní agus “gradh” ar/ cheann bhosca eile aca.... Tá mairbheacht
 san/ aimsir; tá mairbheacht ar na daoinibh, tá cuma/ dhuaire dhubhach tagtha ar an
 saoghal ar fad/ duinn! Cá fada? Ca fada, a Dhia?/

5200 /58r/ D’fhóbair²⁴⁴² dom a dhearmhad – an clár dubh do/ chuir Pádraig Ó
 Dálaig chugham thóg dream^{2443/2444} ó phobal a 4 as thig an bhidh é agus rínncedar/
 gach oidhche air! Agus is ins an bpobal/ ceudna so atá an leas cheann chamtha?
 Níor/ airigheas riamh gur chun rinne clár dubh go dtí/ so. Níl aon teóra leó ach an
 fharraige.

5205

12x2x23/

Lá aindeis eile. Ní mór coraighe bhí tímcheall an chamtha/ indiugh. Ní ródheas an áit
 é in aimsir fhliuch thais/ – pludach a’s guta. Thug sé an oidhche airéir ar fad/ ag cur.

5210 Sin rud atá cómhharthuighthe agam gur/ d’oidhche is gnáthaighe leis duartan do
 dheunamh./

Ní fheadar cad bheurfaidh an tseachtmhain seo chughainn?/ An mbeidh ár
 bhfurmhór annso seachtmhain ó indiugh?/ Níor mhór dóibh luathugh anois má tá
 fonn ortha sinn/ do leigeant amach i gcómhar na Nodlag. Is dubhach/ brónach an

²⁴³⁹ *doiléir, go scríofa go doiléir*

²⁴⁴⁰ *gaelú ar ‘wire’*

²⁴⁴¹ *is cosúil gur fágadh ‘é’ ar lár i ndiaidh róbhagarthach*

²⁴⁴² *níl céad líne an ailt seo eangaithe*

²⁴⁴³ *éigin add. ach stríoctha amach*

²⁴⁴⁴ *as tig add. ach stríoctha amach*

- 5215 croidhe bhéas ag daoineibh ambáireach mara/ bhfuascaltar puinn.^{2445/2446} Ní hiongadh fonn an duine chun/ bheith saor – ceart aige é²⁴⁴⁷, nách cóir de bhaint/ de gan cúis nó adhbhar maith. Anois má tá/ cúis nó adhbhar chughainn nár chóir sinn do chúisiugh/ agus má faightear ciontach sinn sinn do chur/ i gcarcar. Gan a admháilt go bhfuil a cheart/ ag an “Rialtas” so do dheunamh nár ghalánta/ dóibh é i bhfiadnaise an
- 5220 tsaoghail na sinn/ do choimeád ar an gcuma so. Ní²⁴⁴⁸ /58v/ gabhannaidhte²⁴⁴⁹ sinn! Ní bráigeanna sinn! Ní coirphtig sinn!²⁴⁵⁰ Ní daorsánaig sinn! Cad é an saghas sinn?/ Níl aon chogadh ar siubhall agus dá bhrígh sin ní/ gabhannaidhte (cearta) ná bráigheanna cogaidh/ sinn, más coirphtig sinn na treulfaidhe sinn?/ Agus ná²⁴⁵¹ cuibheasaighe san agus daorsanaig/ do dheunamh dínn? Annsan beadh a/ fhios
- 5225 againn cad é ár ndán, an fada nó/ gearid bheimís fe ghlas ach mar tá is amhlaidh/ táimid ar fionnraighe agus deirim leat gur/ caithteach an rud é ar lúthachaibh agus mhothálaibh/ aon duine. Ach is amhlaidh mar tá san/ tír seo lé tamall anois gur beag púir againn/ beatha fir, agus gur lugha ná san againn a/ sheal laistiar de fhál na saoirse. Éighimid/ agus screadaimíd go hárd i dtaobh saoirse²⁴⁵².²⁴⁵³/ Cé mhéid
- 5230 againn, ámhthach, a thuigeas cad is/ saoirse ann agus na cirt a dháileas sí ar/ gach caonaidhe bíodh a staid árd nó íseal. Tá/ mórchuid chaighdeán mícheart againn. Tá ár/ n-amharc dallta ag bréigléith.... Thar²⁴⁵⁴/ chómhrádh béil is beag suim ag an nduthaig ghá/ chur ionain agus dá bhfaighimís uile bás/ laistig den *bhaghar*²⁴⁵⁵ deilgneach budh gheárr ár/ gcuimhne agus is eagal liom ná bainfeadh/ ár sliocht aon
- 5235 chothug spiride as ár bhfulang. /59r/ Tá cuma dhubhach ag teacht ar gach aonne nách/ mór. Dóchas indiugh eudóchas ambáireach. Gach/ maidean – ach maidean Dé Domhnaig amháin – bíonn/ súil gach aon’ne anáirde lé dul abhaile nó aon’ne/ ná bíonn a shúil bíonn suim aige i ndaoineibh eile/ d’fheicsint ag imtheacht, cuireann sé misneach/ ar daoine bheith ag imtheacht ghá chreideamhaint/ dá leantí air go
- 5240 dtiocfadh a uain féin lá/ éigin.... Tá feabhas bheag indiugh orm.../ Deunfad beagán

²⁴⁴⁵ Is ait é mian an duine *add. ach stríoctha amach*

²⁴⁴⁶ ní maith le *add. ach stríoctha amach*

²⁴⁴⁷ rud éigin *add. ach stríoctha amach*

²⁴⁴⁸ gabhann= *add.*

²⁴⁴⁹ gabhann *folínithe agus os cionn na líne*

²⁴⁵⁰ *níl comhartha uailbhreasa ar bith i ndiaidh sinn, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Ní*

²⁴⁵¹ cor *add. ach stríoctha amach*

²⁴⁵² c *add. ach stríoctha amach*

²⁴⁵³ *níl lánstad ar bith i ndiaidh saoirse, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é*

Cé

²⁴⁵⁴ comhrad *add. ach stríoctha amach*

²⁴⁵⁵ *gaelú ar ‘wire’*

léightheóireachta anois.../ Sa diall lém namhadaibh; mo bheannacht ar mo/
 cháirdibh.... (9 a chlog) Fuaireas “Fé Dhá Bhratach”/ chun a léighthe ach chuireas
 tharam é agus ghaibheas/ trí pháipéaraibh peictiúirí grinn agus trí/ “aguisíníbh”
 Domhnaig (páipéir). Do chuir “Happy/ Hooligan,” “Barney Google,” “Bringing Up
 5245 Father”²⁴⁵⁶/ “Boob McNutt,” agus aroile ag gáirí me agus thugadar an/ t-oileán úr
 chun mo chuimhnte agus maideanacha/ áirighthe Domhnaig sa tír sin nuair léighinn/
 féin agus _____²⁴⁵⁷ san leabaidh iad! Baineann a/ chuimhne osna asam. Léigheas
 sceul neamhchoitcheann/ i gceann des na h-aguisíníbh mar gheall ar chailín/ de
 mhuintir Shiúrtáin a ghaibh leanbh tréis/ Chogaidh an Domhain lé saighdiúir ón
 5250 Oileán/ Úr. Thréig seisean í, d’fhill dá thír féin agus/ phós. Fuair a bhean amach mar
 gheall ar a /59v/ chonbharsáid leis an gcailín i Sasana as leitir/ do thuit as a phóca lá
 (is conntabharthach an/ aicme mná nuair thugann duine é féin ar/ bhreis as aon’ne
 amháin). Tháinig an Siúrtanach/ mná go dtín Oileán Úr ach ní leigfeadh/ oifigí an
 imirce í féin sa mac (trí mblian)/ i dtalamh ach budh mhaith an mhaise sin do/ mhnaoi
 5255 an tsaighdiúra tháinig sé²⁴⁵⁸ go Nuadh/ Eabhrach agus chuaidh i ngioll ar an mnaoi/
 seo do mheall a fear, cheannuig eudach don/ leanbh agus thug cuireadh chun a tige
 féin.²⁴⁵⁹ Ní fada ghaibh an bheirt bhan le chéile. Scar/ an saighdiúir sa bhean lé
 chéile ach dá bharr san/ níor tháinig posadh an tSasanaig mná²⁴⁶⁰/ leis. B’éigean di
 dul ag obair. I gcaitheamh/ na haimsire tháinig éileamh aice ar Shasana/ agus
 5260 thionnscaim filleadh.²⁴⁶¹ Fear áirighthe/ a bhuail léithe ar an luing ag dul go/ dtín
 Oileán Úr chonnaic sé tagairt di/ ar na páipéaraibh agus ar an bprap scríg/ sí²⁴⁶²
 chúiche gur theastuig uaidh í do phósadh./ Dhiúltaigh sí agus chuir chuige cúntas na/
 bpáipéar ar a cúrsa. Níor scannruig/ san²⁴⁶³, scríg sé chúiche airís agus b’ é críoch/ an
 scéil gur ceangladh i bpósadh iad.²⁴⁶⁴ /60r/ Léigheas an méid sin dos na buachaillíbh
 5265 a’s/ iad bailighthe tímcheall na teine, “Ghadhar teine”/ arsa Criostóir²⁴⁶⁵ Ó Foghladha.
 “Ó,” arsa Seán O Lonargáin/ saighdiúir bhí san bhFrainnc, “bhí an domhan/ lán dá
 lithéid siúd de mhnáibh,” dhein sé smiota/ gáire, chuir maig ar a hata agus chuir a

²⁴⁵⁶ ᵱ *add. ach stríoctha amach*

²⁴⁵⁷ *is cosúil gur tharraing an Cóta an líne idir agus agus san in ionad ainm na mná a bhíodh sa leaba leis; is cosúil go raibh sé ag iarraidh céannacht na mná a cheilt ar son béasaíochta*

²⁴⁵⁸ *léigh ‘sí’ in ionad sé*

²⁴⁵⁹ *níl lánstad ar bith i ndiaidh féin, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Ní*

²⁴⁶⁰ *l add. ach stríoctha amach*

²⁴⁶¹ *Chonn add. ach stríoctha amach*

²⁴⁶² *léigh ‘sé’ in ionad sí*

²⁴⁶³ *is cosúil gur fágadh ‘eisean’ ar lár i ndiaidh san*

²⁴⁶⁴ *athraíodh an chamóg i ndiaidh iad go lánstad mar is cosúil gur tosach abairte nua é Léigheas*

²⁴⁶⁵ *lár an fhocail doiléir, an síneadh fada ar an dara o nasctha le t*

chos²⁴⁶⁶/ ar a²⁴⁶⁷ leathghlúin. Buachaill beag dárb ainm/ Drum atá ag casadh lé fáine
do dheunamh léim/ chuimhne bhí sé n-a shuidhe in aice liom agus/ ding deang aige le
5270 cois sceine ar scilling dhein/ sé miongháire a bhainfeadh gáire as chloich!/ Nóimint
n-a dhiadh san d’fhiafruig Seán/ Ó Maolmhuire, “An bhfuilid imthighthe amach ag/
scrúdugh fós?” Ní le n-a thoil ná chun gáirí/ do bhaint a dubhairt sé é seo agus bhí
níos mó ná/ rith focail ann. Foillsigheann sé go soiléir/ dáil íntine na mbráigheann –
na nidhthe/ a bhorras trí n-a n-aighe i rith an lae./²⁴⁶⁸ Mhiongáir Drum airís thug súil
5275 orm agus/ dubhairt, “Ní fada uatha anois” (ag dul as/ a gcéill) agus gháir gach aonne
mar is/ annamh labhrann Drum.... Táid ag ínsint/ sceul anois. Na nidhthe
dheineadar lé/ gleáchas – piobar fé earball madra, stán/ ar earball asail, agus aroile ach
buadhann an /60v/ rud a dhein Dónal Ó Súilleabháin Baile an/ Fhianthaig ar a gcuala
riamh – earbail/ dhá bheithidhig do cheangal dá chéile!!! Gan/ mhoill chuadar lé
5280 báine agus strac ceann/ aca an t-earball glan as an gceann/ eile!!! Anois cé iarrfadh
ciall ar Dhónal?/

12x3x23:

5285 Lá eile go duairc. Níor fheudas aon/ “gnóth” do dheunamh lé tímcheall agus trí lá./
Bhí an póilín mór ghá rádh liom go raibh sé “briste”/ go ndeacha sé²⁴⁶⁹ go Baile an
Bhrúnaig cúpla/ oidhche ó shoin agus gur bhuail gasra den/ seanarm (A.Ph.É)²⁴⁷⁰ leis
agus gur chaitheadar a/ raibh aca; go rabhadar gan aon treóir mar/ go rabhthas ar tí a
ndíoshlógadh go luath, agus/ go raibh fonn ortha cipineach do dheunamh!/ Amuigh
5290 san mbóthán do bhíos ag cainnt²⁴⁷¹ leis –/ leigeas orm gur ag triall ar eochair do bhíos/
ag dul ach is dearbhtha gur d’iarraidh focail bhig do/ chur i gcluais mo charad do
bhíos - thug sé/ pacaod toitíní dhom. Fuascladh os cionn 20/ duine indiugh. Níor
tháinig aon leitreacha isteach/ indiugh. Tháinig beartáin ach ní bhfuair ceann./
Táimid bailighthe tímcheall na teine. Tá an/ Lonargánach ag amhrán agus an
5295 Lorcánach/ as “Muirtís” (Seumas Ó Raghallaigh) sa nguth/ aca ann. Caithfead cúntas
fé leith do scríobh /61r/ ar “Mhuirtís” agus ar chuid mhór eile. Tá cnagarnach/ ag
pláta feóla (fuighleach proinne) ag garsún/ ón dTuaisceart ‘ghá ullmhugh. Tá Dónal

²⁴⁶⁶ os cionn na líne agus leathchos add. stríoctha amach faoi

²⁴⁶⁷ glúin add. ach stríoctha amach

²⁴⁶⁸ G add. ach stríoctha amach

²⁴⁶⁹ B add. ach stríoctha amach

²⁴⁷⁰ b’fhéidir ‘Arm Phoblacht na hÉireann’ i. ‘Irish Republican Army’

²⁴⁷¹ leóth add. ach stríoctha amach

Ó Súilleabháin/ ag deunamh carbhait. Tá Peadar Ó Fearghaill ag/ léigheamh leabhair
 liom, “An Rolla Fada”, tá Criostóir/ Ó Foghladha ag spocharacht ar Phádraig
 5300 Teaghlár/ agus ag leigeant foithbhéice nuair léimeas an/ gheir den bpláta, ta duine
 éigin ar mo chúl a’s/ dingdeang aige ar fháine, tá Cathal Mac Donchadh/ ag
 bárrchimilt éó. Thíos i gceann an phobail/ tá Seán Ó²⁴⁷² Rioghbhardáin as Mac Uí
 Éaluighthe/ seansaighdiúir atá ar leathshúil ag áilteóireacht lé/ chéile sag racaireacht,
 ag aithris tiománaidhe/ bó nó caorach sa mhadra ag dul lé n-a thréad/ ar aonach agus
 5305 táid ghá dheunamh chómh fíor/ san go mbeireann sé dho dhuine feuchaint/ tharais ghá
 suimiugh. Sid é mar chaithid seal/ den oidhche. Tréis soillse do mhúchadh deinid
 aithris/ leó féin nó idir bheirt aca ar bhráighe/ as phóilín ag báirseóireacht ar a chéile i
 dtaobh/ na soillse. Annsan ar maidin de amhastarach/ madra as de ghlaodhach coilig
 agus dúisighid/ an codlatánach is dlúithe toirchim. Ta/ breis fheabhása anocht orm
 5310 ach nílim air foghnamh/ fós. Deunfad beagán léigteóireacht anois./²⁴⁷³

/61v/ 12x4x23:

Lá gránda eile. Níor thárlaidh faic/ neamhchoitcheann indiugh ach oiread lé haon lá
 5315 eile/ lé deidheanaighe. Fuascladh beagáinín. Bhíos ag cainnt/ le Captaen B. Dubhairt
 sé liom gur díoslógadh tímcheall/ 60 oifigeach indé agus nár thaithnig se leó/ go
 mórmhór duine aca – Mac Dónail – gur bhagair/ sé go ndeunfadh sé “so” “súd”. Cá
 bhfios d’aon’ne/ ná deunfadh leis? An raghaidh aon tsuaimhneas/ choidhche ar an
 ndúthaig seo? Beidh tamall fada/ ann. Ní fheaca aon pháipéar ach dubhairt súd liom/
 5320 go raibh sé air go raibh oifigeach Státach éigin/ ghá chúisiugh lé slaid! Sé a thuairm
 ná beidh/ puinn againn annso oidhche Nodlag, fairír!/ níl ann ach tuairm. Theasbáin
 an File leitir/ bhradach ó n-a mhnaoi²⁴⁷⁴. Bhí tagairt innte don/ Stiobhartach agus an
 tslighe chuaidh sé amach/ agus dó féin agus dom féin gur sinn cainnt/ gach aon’ne
 amuigh an tslighe choimeádamair/ ag siubhall tímcheall faid bhí an troscadhtréanais/
 5325 ar siubhall.... Tá beartán leitreach/ agam agus ní feas dom connus chuirfead a/
 gcúram díom.... Níor fheudas aon bhuidhean do/ bheith agam indiugh mar taim gan
 bheith ar/ fóghnamh.... Leitir ná beartán níor tháinig/ indiugh. Tá súil agam le

²⁴⁷² *doiléir, an síneadh fada ar O nasctha leis an an síneadh fada ar a san fhocal Seán*

²⁴⁷³ *d’iompaigh an Cóta an leathanach bun os cionn ag an bpointe seo agus lean sé den dialann a scríobh ó bhun an verso*

²⁴⁷⁴ *is cosúil gur fágadh ‘dom’ ar lár i ndiaidh mhnaoi*

toitíníbh speisialta.²⁴⁷⁵/ Ar mhaith leat a fhios a bheith agat cad é an/ saghas iad nó
cad ann gur cinn speisialta/ iad? Budh mhaith? Seadh, dá n-innsin sin/

5330

Dhá leathanach ar iarraidh

/64r/ 12x7x23 -

5335 Ar feadh na hoidhche airéir do bhí fuaim/ ag clagarnaig báistighe ar cheann an
phobail agus uail/ ag gaoith mhóir. Lé breacadh an lae mara raibh luascadh/ ag
eudaighibh ar na teudaibh ón siolla a sheól tríd ár/ raingléis tighne ne ní lá²⁴⁷⁶ fós é....

Níor tháinig Mo Dhuine/ airéir ná arbhú airéir. Ní feadar cad tá air.../ Aonne ná
cuirfeadh clódh an bhaile²⁴⁷⁷ seo indiugh dochmha/ air fear neamhchradsalach

5340 ‘seadh é.... Fuaireas/ calán guail indiugh leis mar fuaireas indé.../ Tamailín beag
ag cainnt lé fiadhaire feádha/ Dhún Sainde indé. “An raibh aithne agat?”

d’fhiafruigheas/ de, “ar Ledvedge?” Gheal sé gan moill,/ “Bhí go maith,” arsa mise
agus chuimhnigheas ar an/ oidhche fuaireas aithne air i dtábhairne D/ i Sráid an
Loingis,²⁴⁷⁸ an file seo fuair bás san/ bhFrainnc ar son “naisiún beag”!

5345 Mhachtnuigheas/ ar ball ar na daoineibh go raibh aithne agam ortha/ an uair sin – lucht
litiridheachta, agus níor fheudas/ gan olc do theacht orm n-a dtaobh, mar atá duine/
aca an Stiofánach gur thagair Próinsias Stiobhairt/ do in a leidir chun Sheosaimh cúpla
lá ó shoin ghá/ rádh ná raibh claon! Cad fáth go mbeadh? fiafruighim./ Cuirid seo
breuntas orm – ná cuirfidís ar aon’ne?! – nuair chloisfeá n-a dtaobh: “Níl súd²⁴⁷⁹

5350 claon”/ “Níl seisean neamhbhaidheamhail” “Níl drochaigne ag/ an nduine úd.²⁴⁸⁰” Cé
hiad féin? Cad í ar gcoir?! An bhfuil aon tarhuisne níos géire chaithfidís/ linn? Dar
fiadh, is diallta an t-eudan atá/ ortha! Ach cad é an chainnt atá orm nách /64v/ mar sin
i gcómhnaidhe ag lucht ceannsail na tíre/ seo é? (Ist oidhche)²⁴⁸¹ Níl an oidhche

5355 chómh fuar ach is uathbhásach/ a bhfuil de phludadh ar fuaid na hatrainne./ Indiugh
bhíos féin agus an File ag siubhall/ síos suas i bpobal a 7. (Chuamair isteach ann/ ón

²⁴⁷⁵ *níl lánstad ar bith i ndiaidh speisialta, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Ar*

²⁴⁷⁶ *deireadh an fhocail doiléir, a ceartaithe ó e*

²⁴⁷⁷ *tosach an fhocail doiléir, a scríofa go doiléir*

²⁴⁷⁸ *n-a add. ach stríoctha amach*

²⁴⁷⁹ *lár an fhocail doiléir, u ceartaithe ó rud éigin*

²⁴⁸⁰ *athraíodh an chamóg i ndiaidh úd go lánstad mar is cosúil gur tosach abairte nua é Cé*

²⁴⁸¹ *folínithe faoi dhó*

mbáistig) tréis cúpla rud beagan deiscreídeach/ do léigheamh dá chéile agus cé
 bhuailfeadh/ linn ach fiadhaire feádha Tighearna Dhún Sainge/ (bhí sé²⁴⁸² ag
 feitheamh²⁴⁸³/ leis an bproinn speisialta²⁴⁸⁴ arán/ im²⁴⁸⁵ té agus ubh – a dáiltear tamall/
 roimis an bproinn choitcheann. Chromamair ar/ chómhrádh gan moill.²⁴⁸⁶ Chuir an
 5360 File an thuath/ ann, agus chuir sé ceist nó dhó air i dtaobh/ an Tighearna. “Sé²⁴⁸⁷ fear
 is greannhaire sa domhan/ é,” ars an fiadhaire feádha, “Cóstalaím se go maith/ leis.
 Tá staidéar deunta agam ar a bheasaibh/ agus táim chómh deunta san anois ar a/
 shlighthibh go dtaithnighim leis. Cuir i gcás dá/ mbeadh sé ag léimeadh díge a’s go
 mbrisfeadh an/ iall n-a bhróig d’ionntuigeadh sé chugham/ agus d’fhiafróchadh an
 5365 mbeadh iall agam./ Gan dearmad do bheadh mar ní raighin amach gan/ mo phócaidhe
 bheith ag bolgadh lé mionrudaibh mar sin/ chuirfinn mo lámh im phóca agus
 thairngeóchain/ chuige iall a dheunfadh bróg tuinncéaraidhe lé/ neart! Agus dá
 stracfadh²⁴⁸⁸ tón a seanthriubhais²⁴⁸⁹/ thabharfadh aghaidh orm agus deurfadh “An/

5370 Dhá leathanach ar iarraidh

/67r/²⁴⁹⁰ dom do rádh,” agus gháir sé, “Go raibh míle maith/ agat, a Phádraig,” arsa
 mise, “tagann agus/ imthigheann réanna cómhairlí (ag tagairt/ do féin agus dá ré i
 gceannas an chamtha bhíos/ mar thoirbheireas an choróin um an dtaca san/ freisin)
 5375 ach fanann an chléir n-ár measc/ i gcómhnaidhe.” Mo thuairm nár thaithnig san/
 leis.... Bhí leitir uathbhásach ón hUigíneach ar/ an bpáipéar indiugh ghá rádh go
 raibh furmhór/ na mbráigheann poilitidheachta²⁴⁹¹ fuascaltha/ fén dtráith seo agus
 furmhór so a bhí i²⁴⁹²/ ngabhann fé lathair gur lucht dúnmharbhtha/ dóighteáin,

²⁴⁸² ar *add. ach stríoctha amach*

²⁴⁸³ leis an bproinn *add. os cionn na líne ach stríoctha amach agus léi proinn speisialta add. stríoctha amach faoi; caret add. idir proinn agus speisialta ach stríoctha amach;*

²⁴⁸⁴ a dáiltear *add. ach stríoctha amach*

²⁴⁸⁵ ag *add. ach stríoctha amach*

²⁴⁸⁶ Bhí *add. ach stríoctha amach*

²⁴⁸⁷ is *cosúil gur fágadh ‘an’ ar lár idir Sé agus fear*

²⁴⁸⁸ tón *add. ach stríoctha amach*

²⁴⁸⁹ *deireadh an fhocail doiléir, an dara s tréigthe*

²⁴⁹⁰ *is cosúil gur cuid den iontráil do ‘12x8x23’ í seo mar scríobh Seosamh Mac Cathmhaoil an méid seo a leanas ina dhialann ar ‘12x8x23’: ‘T. Campbell gives me paper (borrowed from Michael Kearney). Bad news. Murder (reprisal?) in Scartaglen, Co. Kerry for Sergt. Woods, Civic Guard. Tom Brosnan – a lad of 16 (fact not mentioned in paper) taken out and riddled (7 bullet wounds) on roadside...S.K. along – beaming. “I was glad to see you at parade. Coming along, you looked as if you never missed Mass. P.J. said: - “Good morning your reverence.” “Regimes come and regimes go, but the clergy are always with us. I was glad to see P.J. as an ordinary buck-private etc. etc.”*

²⁴⁹¹ fu *add. ach stríoctha amach*

²⁴⁹² *doiléir, i ceartaithe ó a*

fuadaig, foghlaidheachta, gadaidheachta/ iad! Mo cheól é.... Dréir an pháipéir ní
 5380 ródhaingean/ atá ag an nGearaltach mar Aire/ Ócáidí Iasachta²⁴⁹³ ná ag an Loingseach
 mar Aire/ Iascaireachta.... Bhí sé ar an bpáipéar/ indiugh gur marbhuigheadh
 buachaill óg de/ mhuintir Bhrosnacháin i²⁴⁹⁴ Scartachaibh an Ghloine/ mharbhadh
 salach a fuair²⁴⁹⁵ an garsún bocht²⁴⁹⁶/ – seacht bpiléir do cuireadh ann! Lá nó dhó
 roime/ sin do marbhuigheadh Seárgaint O Cuill, Gárda/ Síothchána san áit cheudna, –
 5385 ²⁴⁹⁷ bhí cóimhleitir²⁴⁹⁸ ar an/ bpáipéar ó Amhlaoibh Ó Murchadha agus ó/ Seán de
 Ríse ag diúltugh dos na corthaibh seo/ agus ghá rádh go diongmhálda dá mbeadh
 eolas/ cruinn ag na daoineibh ar an bhfrinne go /67v/ gcuirfeadh sé iongtas ortha.
 Tuigimid sin go maith./ Ní mór a fuascladh indiugh.

5390 12x9x23 -

Maidean/ bhreágh ghrianmhar indiugh. Ní raibh n-a suidhe ach/ an ceann pobail ar
 theacht do Oifigeach Ó Murchadha/ ‘ghár²⁴⁹⁹ gcómhaireamh! Bhí liathróid bheag
 sheaca/ ar an dtalamh tréis na hoidhche. D’fhreasgaibh²⁵⁰⁰ an ghrian/ an spéir oirthir
 5395 indiugh go glórmhar ag caitheamh/ a solais sa lagtheasa ar na cnocánaibh troma/
 doimhne ceóidh olnaig a bhí n-a mbrúcht throm/ ar²⁵⁰¹ Shleibhtibh Cille Mantáin. Is
 minic a chómharthuighim/ an saghas so radharc ar maidin. Tá sé ar/ an radharc is
 áilne dá bhfeaca riamh – an mothal/ mor trom ceóidh seo a fhoillsigheas crotlón
 ná²⁵⁰² n-árd/²⁵⁰³ a chlúduigheann sé.... Tamall tréis/ ceudphroinne bhuaile Seumas Ó
 5400 Tuama (fiadhaire/ feádha Tighearna Dúna Sonnaig liom). Thugamair/ tímcheall na
 heatrainne, eisean ag cur/ síos dom ar a bhaint leis na “hAimhrialtachaibh”/
 thángamair treasna ar an bhFile agus chrom/ Ó Tuama ag trácht ar a thighearna – ní
 bhfaigheadh/ sé cortha choidhche dhe – “An diall me,” ar seisean/ “ná fuil a lithéid

²⁴⁹³ *rud éigin add. ach stríoctha amach*

²⁴⁹⁴ *S add. ach stríoctha amach*

²⁴⁹⁵ *an g add. ach stríoctha amach*

²⁴⁹⁶ *tosach an fhocail doiléir, cuid de b stríocthe den leathanach*

²⁴⁹⁷ *cóimh= add. os cionn na líne ach stríoctha amach agus bhí leitir add. stríoctha amach faoi; caret add. idir bhí agus leitir ach stríoctha amach;*

²⁴⁹⁸ *bhí cóimhleitir os cionn na líne*

²⁴⁹⁹ *gcóire add. ach stríoctha amach*

²⁵⁰⁰ *rud éigin add. os cionn g ach stríoctha amach*

²⁵⁰¹ *Sle add. ach stríoctha amach*

²⁵⁰² *na*

²⁵⁰³ *a chluid add. ach stríoctha amach*

eile d'fhear sa domhan. Buailleann²⁵⁰⁴/ sé amach ag lámhach choiníní agus
5405 seanchulaith/ eudaig air go mbíonn cliathacha uirthé"/ "An é sin an t-eudach bhíonn
air ag dul go/ Lúndain?" d'fhiafruigheas, "Ní hé," ar seisean/ "in ao'chor cé nár
mhisde é da mbé mar an/ t-eudach maith a bhíos²⁵⁰⁵ air ar ócáid mar/ sin ní
róthhathneamhach do luigheann sé air²⁵⁰⁶/ fear ait aisteach. Fuaireas²⁵⁰⁷
suthmhadra²⁵⁰⁸ chun /68r/ mianach maith coileán d'fhághail aiste. Bhí sé/ den míoádh
5410 ar an madra so go raibh an t-earball/²⁵⁰⁹ di. 'Cuir abhaile í,' ars an tighearna ²⁵¹⁰ní/
thaithnigheann madra gan earball liom. Sé nádúir/ an mhadra²⁵¹¹ earball do bheith air
agus budh/ cheart leigeant don earball fás; cuir abhaile an/ madra san!' 'Nách é nádúir
an fhir feusóg d'fhás/ air?²⁵¹², arsa mise leis, "Cad fáth mar sin ná leigir/ dod chuid
feusóige fás?" 'Do léigfinn leis,' ars an/ tighearna ²⁵¹³dá leigfeadh an bhaintighearna
5415 dhom é.²⁵¹⁴/²⁵¹⁵ Gháir an File, an fiadhaire agus me féin féin/ méid seo....
'Uaireannta,' do ráidh an fiadhaire/ fós 'bheimís ullamh ar maidin áirighthe chun dul
ag/ lamhach, bheadh na gadhair as na gunaidhe san/ gluaisteán réidh agus an tighearna
ag feitheamh/ go míofhoidneach leis an bpost. Thiocfadh seisean/ as mála mór
leitreach as beartán aige. I gcionn²⁵¹⁶/ nóiminte bheadh, 'Tair annso,' as 'Téidhir
5420 annsúd'/ aige leis an ngiolla a's é go gnóthach ag²⁵¹⁷/ dearcadh ar gheárrthánaibh as
pháipéaraibh ag/ tagairt dá scríobhnóireacht. An lá san ní bheadh/ lamhach ná
fiadhach aige! Tá mo chroidhe millte/ aige leis an scríobhnóireacht cheudna.... Níl
aon/ chluiche leis a léirigheadh in Áth Cliath ná go dtugadh/ se tuicéadaidhe dómhsa
chun dulta chun a fheuchta./ Oidhche amháin bhíos ag feuchaint ar cheann/ aca mé
5425 féin agus²⁵¹⁸ cara dhom. D'eirigheas /68v/ tuirseach de. An diall pioc de a thuigeas,
'Teunam'/ arsa mise lém charaid ²⁵¹⁹agus bíodh deoch againn.' 'Ná/ taithnigheann sé

²⁵⁰⁴ *tosach an fhocail doiléir, ponc add. os cionn B*

²⁵⁰⁵ *air add. ach stríoctha amach*

²⁵⁰⁶ *comharthaí athfhriotail add. i ndiaidh air ach stríoctha amach*

²⁵⁰⁷ *os cionn na líne agus Fuair add. stríoctha amach faoi*

²⁵⁰⁸ *lár an fhocail doiléir, an séimhiú ar t nasctha le s san fhocal Fuaireas*

²⁵⁰⁹ *di add. ach stríoctha amach; is cosúil gur fágadh 'gearrtha' ar lár roimh di*

²⁵¹⁰ *doiléir, an uaschamóg ceartaithe ó chomharthaí athfhriotail*

²⁵¹¹ *síneadh fada add. os cionn an dara a ach stríoctha amach*

²⁵¹² *níl comhartha ceiste ar bith i ndiaidh air*

²⁵¹³ *níl comhartha athfhriotail ar bith roimh dá*

²⁵¹⁴ *níl lánstad ar bith i ndiaidh é, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Gháir*

²⁵¹⁵ *Gh add. ach stríoctha amach*

²⁵¹⁶ *síneadh fada add. os cionn i ach stríoctha amach*

²⁵¹⁷ *dearc= add. ach stríoctha amach*

²⁵¹⁸ *agus add.*

²⁵¹⁹ *níl uaschamóg ar bith roimh agus*

leat?’ arsa bodach saidhbhir a/ bhí²⁵²⁰ n-a shuidhe in aice liom. ‘Taitheamhaint!²⁵²¹/
 Dá mbeadh aithne agatsa ar an bhfear a scríg/ é²⁵²² sin mar tá agam sa bheithfeá
 tuirseach leis dá/ chluichidhibh’, ‘An bhfuil aithne mar sin agat air?’²⁵²³/ arsa an
 5430 bodach go suimeamhail. ‘An bhfuil?’/ arsa mise agus bhuaileas amach chun dighe
 d’ól./

Ag trácht dúinn ar na tóighteáin dubhairt/ an fiadhaire, “Theastuig ós na
 bodachaibh béic a bhaint/ asta.... Ach dár ndóigh tá fásáin ag eirghe suas/ n-a n-
 ionad chómh holc nó níos measa ná iad,/ ná fuil aithne agam ortha agus táid²⁵²⁴ ag/
 5435 deunamh dréir oifigeach airm Shasana ag fiadhach/ leis an gconairt agus aroile. An
 dóigh leat ná go raibh a/ fhios ag Tighearna Muigheó cad bhí aige ghá dheunamh/
 nuair luig sé le lucht an tSaorstáit? Tá/ seisean sa chóimhleacaidhte neadughthe n-a
 sean-ionadaibh”....

Ag cur síos don dTuamach ar a thighearna/ chuirfeadh sé i gcuimhne dhom
 5440 Sancó Ponsa as/ Don Ciochóité²⁵²⁵ – an bonnaire (giolla) ag/²⁵²⁶ cómhairleach a
 thriath – sceul chómh/ haosta leis an gceódh a chonnach ar Shléibhtibh/ Cille Mantáin
 ar maidin indiugh seadh é. Nách/ iongtach an cion a eirigheas ag giollaidhibh dá²⁵²⁷
 /69r/ máighistiríbh agus a chomhmhaith ceudna aca san/ dóibhsin Tá Teadhlar ag
 obair ó mhaidean/ go dian ar an mála *macramé* atá aige ghá/ dheunamh dom. Ní mór
 5445 ná go bhfuil sé críochnuighthe/ aige.... Anois díreach fuaireas an páipéar/ ón bhFear
 Ceathramhan (Státach). Ar maidin/ thug sé bosca follamh dom lé briseadh as chun/
 na teine²⁵²⁸ d’adhain leis. Nuair bhíos ag/ cainnt leis d’fhiafruigheas de, “An
 bhfaigheann/ tú aon sceula ó Christóir (O Broin)?”²⁵²⁹ “Ní bhfaighim”/ ar seisean,
 “Theip sé go gránda²⁵³⁰ oraibh.”/ Gháireas. D’fheuch sé go cruinn orm “Imthig”/ ar
 5450 seisean “a’s árduig leat do bhosca.” D’imthigheas/ agus a fhios agam go raibh a fhios
 aige/ go raibh²⁵³¹ a fhios agam oiread agus bhí a/ fhios aige. Há! Há!.... Tá dhá
 phúnt agam chun/ mionairgid do dheunamh díobh.... Toitíní ag dul/ i ngainne....

²⁵²⁰ na *add. ach stríoctha amach*

²⁵²¹ *comharthaí athfhriotail add. i ndiaidh an chomhartha uailbhreasa*

²⁵²² *doiléir, e tréigthe*

²⁵²³ *athraíodh na comharthaí athfhriotail i ndiaidh an chomhartha ceiste go huaschamóg ar mhaithe le soiléire*

²⁵²⁴ *d add. ach stríoctha amach*

²⁵²⁵ *lánstad add.*

²⁵²⁶ *coimh cai add. ach stríoctha amach*

²⁵²⁷ *deireadh an fhocail doiléir, an síneadh fada ar a tréigthe*

²⁵²⁸ *d’adugh add. ach stíoctha amach*

²⁵²⁹ *níl comhartha athfhriotail ar bith i ndiaidh an chomhartha ceiste*

²⁵³⁰ *orraí add. ach stríoctha amach*

²⁵³¹ *agam add. ach stríoctha amach*

Mar is gnáthach ist oidhche táim im/ shuidhe cois na teine ar mo bhosca stáin as
 m’adhairt/ fém thár. Tá na buachaillí eile leis n-a suidhe tímcheall./ Thug an
 5455 Moirtíseach iarracht ar ruacán do/ chanadh ach stad sé chómh luath agus bhraith sé
 an/ chuid eile ag éisteacht leis, cé nách lé n-a fheabhas/ d’amhránaidhe é, agus ní
 chuirfeadh Éire uile a/ shéise ar siubhall ó shoin.... Anso ar mo ghualainn/ dheis tá
 Criostóir Ó Foghladha, an barra fada iarrain /69v/ a ghnidheas gnóth bior teine²⁵³² i
 láimh leis, an lámh/ eile fé n-a leathcheann agus é ag machtnamh.²⁵³³/ Tugann sé na
 5460 tráthanna mar seo. Mhúscail sé/ anois díreach chun a ráidhte leis an Moirtíseach/ gan
 peictiúir mná atá i bpáipéar ó Mhearaice/ do thugas do do phógadh, “Níl aon oighre
 uirthé”/ deir Criostóir²⁵³⁴, “ach cailín a bhí ag obair san/ uachtarlann againn²⁵³⁵ i Ráth
 Luirc, gur cheangail/ a cuid eudaig i gcrios an²⁵³⁶ inealraig agus/ gur stracthadh
 nochtadh é, ach gur mó atá/ uirthé seo (bean an pheictiúra)” agus annsan/ leigeann sé
 5465 gáire ait²⁵³⁷. Anois tá sé ag canadh/ curfá amhráin le Seán Ó Lonargáin agus tréis/
 gach críochnuighthe deineann sé trí nó ceathair/ de ghnúsaibh gearra tapamhla in
 aithris ar/ adharc gluaisteáin agus deineann comhfhuaim/ leis an mbior fada ar an
 dtalamh. Agus anois/ tá gleódh an domhain aige tímcheall seanstáin/ meirgig atá ar
 an *stóbh*²⁵³⁸ i gcomhair té, an/ “18 pounder” a ghairmeann sé air seo toisc a/ fhaid sa
 5470 dheunamh. Tá an Teadhlarach ag/ portaireacht, thíos in aice na teine eile tá/ Pádraig
 Ua Buachla agus beirt eile ag obair/ leis an “*lathe*” atá deunta aca chun fuirinn/
 fithchille do dheunamh. Thall ‘sabhfus tá dingdeang/ ag fothdhuine ag gabháil
 d’fhaine. –²⁵³⁹ Ó, seadh/ dhein buachaill mala balcaisí dhom as bhairlín /70r/ agus
 ghréasuig sé m’ainm “Seán a Chóta,/ Baile an Stáin, 1923” air i snáithín²⁵⁴⁰
 5475 cuibheasach/ maith leis. Tá beulshranng fé ná fuil róshlachtmhar/ ach is²⁵⁴¹ mála
 maith earránach é.../ Anso dhom, mar sin, ar mo bhosca mo dhrom le ceann/ des na
 staiceachaibh atá i dteannta an chinnstáin/ cad iad na rudaidhe thugaim fé ndeara?
 Cad iad na/ rudaidhe mhachtnuighim? Is iomdha san rud – pobal fada/ leathan go
 bhfuil an tsíneáil stractha amach ar/ gach ceathramha clár ag ár lucht coimeádta ar

²⁵³² n-a *add. ach stríoctha amach*

²⁵³³ *níl lánstad ar bith i ndiaidh machtnamh, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Tugann*

²⁵³⁴ *rud éigin add. os cionn C ach stríoctha amach*

²⁵³⁵ *tosach an fhocail doiléir, sleamhnú pinn tríd an gcéad a*

²⁵³⁶ *inil add. ach stríoctha amach*

²⁵³⁷ *is cosúil gur fágadh ‘as’ ar lár i ndiaidh ait*

²⁵³⁸ *gaelú ar ‘stove’*

²⁵³⁹ *Sea add. ach stríoctha amach*

²⁵⁴⁰ *lánstad add.*

²⁵⁴¹ *mála add. ach stríoctha amach*

5480 eagla/ go mbeimís ag folugh grin as mhúchánaibh! laistiar/ di idir í agus an stán
 amuigh. Is cosamhail iad so le/ méisciridhibh móra gránda i gcliathán luinge,/ agus
 puill a dhein²⁵⁴² na fir féin chun rudaidhe do/ cur isteach ionnta – is asta so thagann an
 siolla/ fuar feanaideach istoidhche – seilpeacha ar n-a/ bhfuil²⁵⁴³ áraistí stáin
 crusaidhe, arán, ím/ as rudaidhe mar sin, bairéad (caipín nó hata)/ annso nó annsúd,
 5485 malaidhe eudaig ar crochadh/ agus smúit tagtha ortha, casóg nó balcais éigin/ eile
 eudaig, máilín nó spárán *macramé* n-a/ dheuntús; i lár an phobail cheithre
*stóbhanna*²⁵⁴⁴ agus/ gasraidhe glóracha n-a dtímceall ar stólaibh nó/ ar leapachaibh, sé
 liathróidí solais; cúig cinn/ deug de straipeachaibh tímceall deich dtroighthe ós²⁵⁴⁵/ na
 fallaidhibh i dtaca an cinn; eatarta so /70v/ trí leapacha – slighe dhá capaill nuair
 5490 bhíodar so/ in²⁵⁴⁶ áis eachlann, agus deich dtroighthe nó/ mar sin tá séirsín ó staic go
 staic de chórdá/ nó de *bhaghar*²⁵⁴⁷ i gcomhair eudaig ó cheann ceann/ an phobail; os
 mo chionn nuair thógaim mo radharc/ cím fothlata straca ó thaca na peilte chun/ teine
 d’adugh ar maidin; im aice tá seanchalán/ mór ar a thóin go bhfuil ádhbhairín
 drochghuail²⁵⁴⁸; ag bun staipe tamaillin uaim tá calán an/ fhuail d’aon’ne go
 5495 mbeurfaidh gearra i rith na/ hoidhche air; tá a liacht rud eile leis – Cad/
 mhachtnuighim? – / Na mílte mílte rud mar/ atá – Ritheann mo smaointe go fuadrach
 ó/ Dheacóite Thuaidh go Dún Chuinn os chionn/ gach baill as duine dob aithnid
 dom.²⁵⁴⁹ Samhluighim/ áiteanna as daoine mar chonnach iad/ agus deinim
 machtnamh cad é a gclódh sa/ stáid anocht; connus mar tá an ghrian ag taitheamh/ ar
 5500 chuid aca anois nó an ghealach nó na/ réilthíní nó an bhfuil doircheadas agus fuacht/
 ortha, agus na daoine cá mhéid díobh atá ag/ machtnamh orm agus má táid cad é a
 machtnamh/ gnaoidheamhail nó míoghnaoidheamhail?/ Á, cuireann sé tuirse
 chuirp²⁵⁵⁰ as innte/ orm: eirighimís as.²⁵⁵¹ Thóg ár gceannphobail/ ár n-ainmeacha
 anocht; cad²⁵⁵² chuige?/ Don gceannphort adubhairt sé.²⁵⁵³

²⁵⁴² *poll sa leathanach ar e*

²⁵⁴³ *plat add. ach stríoctha amach*

²⁵⁴⁴ *gaelú ar ‘stoves’*

²⁵⁴⁵ *doiléir, os ceartaithe ó on*

²⁵⁴⁶ *earr add. ach stríoctha amach*

²⁵⁴⁷ *gaelú ar ‘wire’*

²⁵⁴⁸ *is cosúil gur fágadh ‘ann’ ar lár i ndiaidh drochghuail*

²⁵⁴⁹ *athraíodh an chamóg i ndiaidh dom go lánstad mar is cosúil gur tosach abairte nua é*

Samhluighim

²⁵⁵⁰ *tosach an fhocail doiléir, an séimhiú ar c nasctha le c*

²⁵⁵¹ *líne ornáideach ar an gcéad líne eile, is cosúil gurbh é seo deireadh na hiontrála ar dtús agus gur rith an chéad phíosa eile leis an gCóta i ndiaidh dó an iontráil a chríochnú don chéad uair*

²⁵⁵² *cuige add. ach stríoctha amach*

²⁵⁵³ *líne ornáideach ar an gcéad líne eile*

5505

/71r/ 12x11x23: -

Lá bog gan fhuacht an lá indiugh./ Lá gan puinn teangbhála. Ní dheaghaidh thar dáreug/ amach as an gcamtha. Leitir ná beartán ní bhfuairesas;/ indé fuairesas ballóg
5510 ruisíní ó dhuine éigin/ ná feadar. Focal ní raibh ar²⁵⁵⁴ an bpáipéar indiugh mar/ gheall orainn. Do bhí cúntas air, ámhach, go bhfuairtheas/ i dtochailt cuirp²⁵⁵⁵ an cheathrair oifigeach feasa/ lé Sasana a cheileabhair ó Mhagh Chromdha os chionn/ fiche mí ó shoin! Dar ndóigh ní haon fhághail é seo./ Nár bhféidir dul lé fada agus a dtógaint gan puinn lorga do dheunamh ortha? An bhfuil/ bun sonnradhach lé n-a dtógaint
5515 anois? Ní chuirfeadh/ sé iongtas orm. Is inmheasta go ndeurfaidhe/ gur daoine de chlódh na “n-aimhrialtach” do ghnídh/ an “choir”²⁵⁵⁶ seo agus gur bh’iad san budh fhuinnse don/ achrann so atá ar siubhall eadrainn. Cím go dtabharfar/ na cuirp do arm Shasana agus gan amhras/ gheobhaid onóir shaighdiúra²⁵⁵⁷ ó gach taobh.... Chonnac ar/ an bpáipéar indé²⁵⁵⁸ gur bronnadh an duais/ don²⁵⁵⁹ “ógdáimh” ar Phróinsias
5520 Stiobhart./ Bhí leitir ar an bpáipéar (an tIndependent) indiugh/ ó n-a dtuairsceóir i dTráighlí ag tabhairt freagartha/ ar leitir Amhlaoibh Uí Mhurchadha agus/ Seán Ríseach a²⁵⁶⁰ fhiafruig an fáth ná/ raibh aon chúntas ar an bpáipéar úd mar/ gheall ar ghonadh an Odhránaig ó Scartachaibh /71v/ an Ghloine an lá tréis marbhtha Mhaoir Uí Choillte/ san áit cheudna, agus budh bhacach an leithsceul é!/ Do bhí sceul
5525 greanmhar ar an bpáipéar mar gheall/ ar ghiústís ó Shasana a gabhadh in osdlann in Áth/ Cliath dtaobh a fhiafraighe de bheirt phóilíní cá/ raibh a mbarántas nuair thángadar isteach/ ar lorg fir éigin. Nuair ghearraidh an Coileánach/ (giúistís) P3²⁵⁶¹ éirice ar a chóimhleacaidhe ó/ Shasana d’éig an Sasanach go hiongtaiseach
“²⁵⁶²P3²⁵⁶³!”²⁵⁶⁴/ “Seadh,” arsa fear a chéirde ón Saorstát “²⁵⁶⁵agus/ budh cheart²⁵⁶⁶

²⁵⁵⁴ *os cionn na líne agus caret idir raibh agus an*

²⁵⁵⁵ *os cionn na líne agus corp add. stríoctha amach faoi*

²⁵⁵⁶ *folínithe faoi dhó*

²⁵⁵⁷ *deireadh an fhocail doiléir, r athscríofa*

²⁵⁵⁸ *go add. ach stríoctha amach*

²⁵⁵⁹ *oigd add. ach stríoctha amach*

²⁵⁶⁰ *dubhairt add. ach stríoctha amach*

²⁵⁶¹ *3 phunt; P add. ach stríoctha amach*

²⁵⁶² *níl comhartha athfhríotail ar bith roimh P*

²⁵⁶³ *3 phunt*

²⁵⁶⁴ *níl comhartha athfhríotail ar bith i ndiaidh an chomhartha uailbhreasa*

²⁵⁶⁵ *níl comhartha athfhríotail ar bith roimh agus*

²⁵⁶⁶ *duit add. ach stríoctha amach*

5530 duit bheith anbhuidheach gur/²⁵⁶⁷ scarais chómh saor leis!’²⁵⁶⁸ Ciodh trácht bhí/ leitir
ar an bpáipéar ag baint leis an gcúrsa./ Dar ndóigh nách iomdha duine atá imthighthe/
gan fios fátha a thuaisce in Éirinn ar an/ gcuma gceudna ag daoineibh ag teacht ar a/
dtriall a’s a rádh, “Gluais.”/

Coighchíos ó indiugh lá Nodlag. Is andheallramhtach/ go mbeimid anno, sas
5535 dócha nách róshubháilceach/ an Nodlaig bheidh againn. Ach dar ndóigh beimid/
chómh meidhreach as fheudfaimíd./

Do bhí Seán Ó Rioghbhardáin (Charley Chaplin) anno/ anois ag ár dteine–ne,
ag fitheamh le scrogaire/²⁵⁶⁹ d’fhliuchadh agus chrom sé mar is minic aige/ ag ínsint
sceul. Seo mar thrácht se/ ar dhuine éigin i dTráighlí dárb²⁵⁷⁰ /72r/ Connchabhar²⁵⁷¹ Ó
5540 hAiniféin. “Bhuail Connchabhar isteach lá n-aon/ go siopa i dTráighlí agus loirg únsa
tobac/ ar an siopadóir. Ghearraidh seisean an smut/ den rolla agus bhuail ar an
gconntabhairt é./ Díreach um aimsir go mbeadh sé in am ag/ Connchabhar díol as an
dtobac dubhairt, ‘Dar/ fiadh b’fhéidir go bhfeudfainn gal do sholáthar/ ar shlighe éigin
tabhair dom piúnt leanna duibh/ in a ionad: tá anthart orm.’²⁵⁷² Thóg an siopadóir/ an
5545 tobac thar n-ais agus líon amach an deoch,/ níor²⁵⁷³ thúisce an deoch lán ná scríob
Connchabhar/ a leithisinn agus dubhairt, ‘Mo dhearmhad, anois/ is cuimhin liom ná
fuil cáithne aráin ag an/ mnaoi sa bhaile; tabhair builín dá ionad/ dom.’ Thug bean an
tsiopadóira builín do,/ bhuail seisean fén a oscail é agus amach/ an doras leis. Bhéic
an siopadóir n-a dhiaidh/ ‘Díol as an arán me’ ar seisean ‘Nár thugas/ leann dubh in a
5550 ionad duit?’, arsa Connchabhar/ ‘Ach níor íocais as an leann dubh.’ ‘Seadh, ach nár/
thugas tobac duit air?’ ‘Ar dhíolas²⁵⁷⁴ as an/ dtobac?’²⁵⁷⁵ ‘Ar thógas²⁵⁷⁶ an tobac?’
agus bhuail/ sé an doras amach agus an t-arán aige!’/ “Tráth eile,” arsa²⁵⁷⁷ Seán “do
dhíol Connchabhar /72v/ capall do bhí aige. Lá ar n-a bháireach De Domhnaig/
bhuail sé isteach go dtí siopadóir ólacháin plúir/ agus aroile. ‘Ar mhisde leat?’²⁵⁷⁸
5555 d’fhiafruig Connchabhar/ ‘leathmhála plúir do thabhairt?’ ‘Ní misde in ao’/ chor’,

²⁵⁶⁷ thang add. ach stríoctha amach

²⁵⁶⁸ níl comhartha athfhriotail ar bith i ndiaidh an chomhartha uailbhreasa

²⁵⁶⁹ f add. ach stríoctha amach

²⁵⁷⁰ Connchabhar add.; is cosúil gur fágadh ‘ainm’ ar lár i ndiaidh dárb

²⁵⁷¹ folínithe agus os cionn na líne

²⁵⁷² níl uaschamóg ar bith i ndiaidh orm

²⁵⁷³ an leathanach stríocthe trí n

²⁵⁷⁴ léigh ‘dhíolais’ in ionad dhíolas

²⁵⁷⁵ doiléir, an uaschamóg ceartaithe ó chomharthaí athfhriotail

²⁵⁷⁶ léigh ‘thógais’ in ionad thógas

²⁵⁷⁷ an leathanach stríocthe tríd an dara a

²⁵⁷⁸ doiléir, an uaschamóg ceartaithe ó chomharthaí athfhriotail

d'fhreagair an siopadóir. Thug. Shín/ Connchabhar bille fiche punt! chun an
 tsiopadóira/ 'Imthig as san', ars an siopadóir, 'Cá bhfaighinn/ se mionairgead ar
 P20²⁵⁷⁹ an t-am so d'oidhche/ agus an oidhche atá ann agus uile?' ²⁵⁸⁰Tá/ go maith',
 arsa Connchabhar, ²⁵⁸¹Díolfad ambáireach/ nuair bhead ag dul²⁵⁸² obair', tháinig an
 5560 mhaidean/ agus tháinig Connchabhar thar tig ach níor²⁵⁸³/ tháinig an t-íoc. 'Gan
 teip,'²⁵⁸⁴ ar seisean 'aimsir/ proinne', tháinig aimsir proinne an lá san agus/ ceud lá
 nách é gan an t-airgead do theacht. Sa/ deireadh tháinig fíoch ar an siopadóir,
 'Cogar'/ ar seisean le Connchabhar, 'a ghadaidhe, cad mar/ gheall ar fhiacha mo
 leathmhála plúir?' 'Deunfaidh san'/ arsa Connchabhar, 'Geobhair é', d'imthig
 5565 Connchabhar/ gan stad go dtí dligheadóir ag²⁵⁸⁵ sheirbheáil sé an/ siopadóir le
 gadaidhe do thabhairt air. B'é crích/ an scéil é gur shocruig an siopadóir leis ar/ 50
 P.²⁵⁸⁶!" - Bhí Seán Ó Ríoghbardáin ag trácht leis/ ar tháilliúir dárb ainm Ó Luinigh.
 'Chuidh Ó Luinigh'/ arsa Seán ²⁵⁸⁷lá ar lorg eun glas. Chuir sé an cás/ n-a²⁵⁸⁸ raibh
 eun aca so ar²⁵⁸⁹ chladhe, agus an t-aol/ as gach ao' nidh i bhfearas. An²⁵⁹⁰ diall de
 5570 sheabhac/ bod gaoithe nár scuab anuas²⁵⁹¹ ag²⁵⁹² shnap an /73r/ t-eun glas san gcás
 ach má dhein cheangail sciathán/ leis san aol agus thairng sé leis an cáisín/ leat mhíle
 flapflap ag a sciathánaibh san táilliúir/ ar a thóraidheacht. Rug an táilliúir air sa/
 deireadh; rug leis abhaile é, 'Anois,' ars an táilliúir/ leis an mbod gaoithe 'cuirfeadsa
 in iúil/ duit go mbeidh tamall fada ann sara lairtir/ mo sheilg se airis'²⁵⁹³, agus do bhí.
 5575 Chuir sé snáthad/ an teine ag goradh agus sháidh treasna/ trí shúilibh an éin bhoicht í;
 annsan phrioc/ sé an clúmh as na cleití dhe n-a bheathaidh!!"/ Sceulta mar seo bhíonn
 ag Seán i gcómhnaidhe./

Fuascladh an Briosa (Mac Cárthaigh) indiugh/ agus lean sluagh mór é ghá
 thionnlacan go dtín/ ngeata ag árdach gártha do. Ghluais seisean/ amach ar a gceann
 5580 chómh tóirtéiseach a's dá mbudh/ ceann urraidh é agus ar an nóimint is beag/

²⁵⁷⁹ 20 punt

²⁵⁸⁰ athraíodh na comharthaí athfhriotail roimh Tá go huaschamóg ar mhaithe le soiléire

²⁵⁸¹ doiléir, an uaschamóg nasctha leis an gcéad D san fhocal Díolfad

²⁵⁸² is cosúil gur fágadh 'ag' ar lár idir dul agus obair

²⁵⁸³ folínithe faoi thrí

²⁵⁸⁴ doiléir, an uaschamóg ceartaithe ó chomharthaí athfhriotail

²⁵⁸⁵ léigh 'agus' in ionad ag

²⁵⁸⁶ 50 punt

²⁵⁸⁷ níl uaschamóg ar bith roimh lá

²⁵⁸⁸ lár an fhocail doiléir, an fleiscín nasctha le a

²⁵⁸⁹ claoi add. ach stríoctha amach

²⁵⁹⁰ an leathanach stríocthe trí A

²⁵⁹¹ an leathanach stríocthe tríd an dara a

²⁵⁹² léigh 'agus' in ionad ag

²⁵⁹³ an uaschamóg doiléir, dúch doirte uirthi

taoiseach go raibh oiread laochais aca ortha féin/ riamh agus bhí ag an mBriosca.
Budh mhór an/ greann é lá na gcluichí thíos annso ar an/ bpáirc.

12x12x23 -

5585

Lá dorcha gan²⁵⁹⁴ fuacht./ Fuascladh os cionn fiche éigin duine indiugh. Cím/ dréir
an pháipéir go bhfuil an “Rialtas” chun bille/ eile do chur os chómhair na Dála n-a thrí
roinnt/ chun chómhachta gabhtha agus coimeáda do thabhairt/ dóibh féin tréis tosaig
Feabhra!²⁵⁹⁵ Neartugh /73v/ lé n-a gcuislinn! Anois an bhfuil fonn ár/ smachtuighthe
5590 ortha? Mo cheann ar ceap go/ bhfuil. Ca bhfuil anois an tuairm go mbeimís/ go léir
ag baile²⁵⁹⁶ um Nodlaig?... Airéir/ ceangaladh stán os chionn²⁵⁹⁷ leapan Chríostóra/
Uí Fhoghlada lán d’uisce lé cóirdín a thairngeadh go/ dtín dtaobh eile de²⁵⁹⁸ phobal.
Chomh luath agus múchadh/ na soillse agus cuadhthas on²⁵⁹⁹ leabaidh thairng/
gleáchasaidhe éigin ar an gcóirdín agus thuit an/ t-uisce ar fad san aghaidh ar
5595 Chríostóir agus/ d’imthig an stán fén úrlár agus glóir aige, chaith/ Chríostóir eirghe
agus a leabaidh do chóiriugh airís/ agus ní rómhín ná rómhánla an chainnt a chuir/ sé
as. Níl sí ionchlóidh annso ach go háirighthe. Ghaibh/ miongháirí²⁶⁰⁰ ár roinnt ne den
bpobal. Ach ní h-annsan/ a bhí an seogh gur tháinig an Corparal dár/ gcómhaireamh.
Ar ghabháil thar leabaidh²⁶⁰¹ Chríostóra/ do cheangail an cóirdín dá loirgbheirt agus
5600 thairng/ leis síos fén úrlár é agus glórghal aige gur tháinig/ sé go dtí deire an chóirdín.
Stad sé annsan agus/ chas tímcheall ach in ionad é féin do scaoileadh as/ is amhlaidh
do chuaidh sé in achrann breis ann./ Gháir gach aonne agus súil aige go bpleuscadh/
ar Sheósaim in úrlabhra bhorb si mbagairt/ scannradhthach ach níor dhein cé gur chuir
an/²⁶⁰² teangbháil bun os cionn ar a chómhhaireamh/ é. Sid é anois an tarna hoidhche
5605 aige ag dul/ in achrann²⁶⁰³ séirsín san áit cheudna /74r/ ach ón maidin a thug an File
aoide béil do/ níl sé chómh glórach, tóstalach agus bhí sé./

²⁵⁹⁴ *folínithe faoi dhó*

²⁵⁹⁵ *Near add. ach stríoctha amach*

²⁵⁹⁶ *um add. ach stríoctha amach*

²⁵⁹⁷ *leab add. ach stríoctha amach*

²⁵⁹⁸ *den*

²⁵⁹⁹ *le add. ach stríoctha amach*

²⁶⁰⁰ *deireadh an fhocail doiléir, an tríú i ceartaithe ó e*

²⁶⁰¹ *Ch add. ach stríoctha amach*

²⁶⁰² *tea add. ach stríoctha amach*

²⁶⁰³ *séis add. ach stríoctha amach*

Bhí sé ar an bpáipéar gur fuascladh Eumon/ Mac Innreachtaigh as an Joy agus go raibh seachmall aithne air. An fear bocht cuireann sé brón orm. Bhí/ sé n-a cheann camtha so²⁶⁰⁴ ar feadh tamaill ach budh/ gheairid é a ré. An uair sin tugadh go
 5610 tig na/ gloine é agus as san go dtín Joy. An ósbairt/ a fuair sé²⁶⁰⁵ i dtig na gloine ghoill sé/ gan amhras ar a shláinte. Is lé n-a linn i gceannas/ a nochtadh an dá mhúchán agus a thosnuig ré/ an imeagla. Fuaireas beartán indiugh ó Eumon/ Ó Connchabhair. Tá súil abhaile aige liom i/ gcómhair na Nodlag. “Súil gan dóchas”, is baoghal liom./ Tá an “Leitir Chroidhearg” ghá léigheamh agam..../

5615

12x13x23:

Lá bog grianmhar é seo. D’fhág tímcheall 40/ duine sinn indiugh. Im sheasamh amuigh ag ceann/ pobail an ionnladhtha dhom ag feuchaint ortha/ thuas ag siubhall
 5620 thart tímcheall lasmuigh den oifig/ dheineas iongadh dhe²⁶⁰⁶ connus mar bhraitheadar.²⁶⁰⁷ Is líonruitheach an rud do dhuine glaodhach go hoban/ air gan choine aige leis sa fhuascailt, connus/ mar thaidhbhsigheann an tuar so dho ar mbeith lasmuigh/ d’fhál do?... Bhí bruighean annso indiugh/ againn. Ní eireóchadh dream “Síos ár Sráid ne”/ (sin amhrán do chanann cuid d’fhearaihbh ár bpobail ne)/ don
 5625 gceannpobail. Ar ghabháil tímcheall dósan/ an tríomhadh nó an ceathramhadh uair strac/ sé an t-eudach de dhuine aca²⁶⁰⁸. D’eirig seisean /74v/ agus bhuail an ceannpobail. Bhuail an ceannphobail/ é, d’at agus ghearraidh a shrón! Cosnuigheadh/ ar a chéile iad. Dubhairt a dteanga/ labhartha airéir ná tógfaidís órdugh ón/ gceannpobail ná ón gceann camtha ná ó/ aon duine eile. Chainnt gharg! –
 5630 Ní raibh an/ pobal róshuaimhneasach airéir ach an oiread/ do bhí cíoith urchar ar siubhall agus glór/ aca ghá bhaint as na falladhaibh. Chaith duine/ éigin bróg luinge (leasainm do thugas-sa ar/ fheighre eudtrom bróg anairte d’fhág Seán/ Mac Cuiltéir n-a dhiaidh agus a bhronnas/ ar²⁶⁰⁹ Christóir Ó Foghladha) le Criostóir Ó Foghladha/ “Dar fiadh” ars an t-iospán (leasainm atá/ ar Ó Gháibhtheacháin) “seo leathbhróg

²⁶⁰⁴ léigh ‘annso’ in ionad so

²⁶⁰⁵ san Joy add. ach stríoctha amach

²⁶⁰⁶ cad add. ach stríoctha amach

²⁶⁰⁷ doiléir, an lánstad nasctha leis an r roimhe

²⁶⁰⁸ an leathanach stríocthe tríd an gcéad a

²⁶⁰⁹ os cionn na líne agus ar add. stríoctha amach faoi

5635 luinge lé/ Criostóir.²⁶¹⁰ Gháir gach aonne. Tháinig olc ar/ Chriostóir agus thug sé
iarracht ar labhairt ach/ budh dheacair do mar ó nádúir ta tutbheulaidheacht/ ann agus
budh sheacht measa fé/ fhearg é, agus hinscríbhte na focail a eulaig/ ó n-a ósaibh.
Nuair chiúinig ar Chriostoir do/ thosnuigh Teadhlar (mo rúnaire se mar tugtar/ air).
Thairng sé leapacha sa lucht codlata/ amach ar an úrlár, leus sé le crios, ghluais sé/
5640 fean an phobail n-a léine agus siúirdín/ mór ramhar de²⁶¹¹ pháipéar ruadh ar lasadh n-a
/75r/ láimh. Chuirfeadh sé i gcuimhne duit fear/ fiadhain²⁶¹² tóiteáin a léireófaidhe ar
an/ scáine, Ó Toráin n-a dhiaidh agus sluasad aige./ Budh uathbhásach an
chipreadghal a bhí ar siubhall²⁶¹³. / Ach níor thaise do phobal a 4 é. Os chionn²⁶¹⁴/ na
geónach a dheineamair ne chloisfeá stain/ ag cnagarnaghal ar an úrlár. Dhein Maitiú/
5645 (a gceannpobail)²⁶¹⁵ óráid síothchána do thabhairt/ dóibh ach is amhlaidh
d'árduigheadar gáir/ mhagaidh fé.... Ós ag trácht ar phobal a 4 é./ Ceann des na
maideanachaibh seaca²⁶¹⁶ nuair/ tháinig Ó hAirt isteach ag cómhairesamh ar/ maidin ní
raibh aon'ne n-a shuidhe ach Maitiú./ “Cad tá ortha?” d'fhiafruig Ó hAirt, “Ara, na/
diaill bhochta,” d'fhreagair Maitiú “fuacht, táid/ reóidhte. B'fhéidir dá mbeadh na
5650 teinteacha aduighthe/ go dtathóchaidís! Ach dá n-eirighidís/ anois táim
deimhnightheach go mbrisfidís²⁶¹⁷/ táid chómh stanncatha sin!”/
Tamaillín roim aimsir dúnta do chuadhas/ sall on ósbuidéal²⁶¹⁸ le beartáinín.
Ar m'fhilleadh/ ghaibheas trí phobal a 12. Bhíos²⁶¹⁹ annsan cois/ teine ag fitheamh
leis an bhFile sag cómhrádh leis/ na bráigheannaibh ag trácht ar an reacht nuad/ so atá
5655 fonn ortha do dheunamh chun meuduighthe/ agus faduighthe Acht na²⁶²⁰ Sabhála.
²⁶²¹Is uathbhásach an²⁶²² /75v/ acht í” arsa mise, “agus dá réir is beag súil agam/ lé
dul abhaile i gcómhair na Nodlag so.” Ní mór go/ raibh na focail as mo bheul i gceart
nuair/ ghlaoidh garsún beag orm go raibh oifigeach/ ag an ndoras ar mo thuairsc.
Chuadhas fé/ n-a dhéin dhá shaoileachtaint gur bh'é an/ páipéar laetheamhail do bhí

²⁶¹⁰ *níl lánstad ar bith i ndiaidh Criostóir, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é Gháir*

²⁶¹¹ *an leathanach stróicthe trí de*

²⁶¹² *toitin add. ach stríoctha amach*

²⁶¹³ *an leathanach stróicthe trí II*

²⁶¹⁴ *rud éigin add. ach stríoctha amach*

²⁶¹⁵ *is cosúil gur fágadh ‘iarracht’ ar lár idir an lúbín agus óráid*

²⁶¹⁶ *tha add. ach stríoctha amach*

²⁶¹⁷ *mar add. ach stríoctha amach*

²⁶¹⁸ *chu add. ach stríoctha amach*

²⁶¹⁹ *anns add. ach stríoctha amach*

²⁶²⁰ *an leathanach stróicthe trí a*

²⁶²¹ *níl comhartha athfhriotail ar bith roimh Is*

²⁶²² *deireadh an fhocail doiléir, n tréigthe*

5660 aige chugham./ Ghlaoidh sé i leathaoibh orm. “Beir ag dul/ abhaile ambáireach,” ar
seisean, “ná leig/ faic ort, ná bí ullamh ná aon nidh.²⁶²³” Chómh/ luath agus chuala an
méid seo ní fheadar/ cad n-a thaobh é ach buaileadh im aigne/ nách abhaile atáim ag
dul. Is ait an/ taidhreamh san ach is suaidhte an dúthaig í²⁶²⁴/ fé láthair. Seadh, má sí
seo an oidhche/ deidheanach agam i mBaile an Stáin mo/ bheannacht ag gach aon’ne
5665 ann. Sí mo/²⁶²⁵ ghuidhe gur gearid go mbeidh a/ gheataidhe sa fhálta *bhaghair*²⁶²⁶ ar
lár./

Mo chinn lae go nuige seo.^{2627/2628}

²⁶²³ *níl lánstad ar bith i ndiaidh nidh, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é*

Chómh

²⁶²⁴ *doiléir, i tréigthe agus an síneadh fada ar i stróicthe den leathanach*

²⁶²⁵ *shúil add. ach stríoctha amach*

²⁶²⁶ *gaelú ar ‘wire’*

²⁶²⁷ *níl lánstad ar bith i ndiaidh seo*

²⁶²⁸ *líne ornáideach ar an gcéad líne eile*



NUI MAYNOOTH

Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Dialann Phríosúin Sheáin a' Chóta

Imleabhar 2/2

Micheál Ó Catháin

Tráchtas don Chéim Ph. D.

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Roinn na Nua-Ghaeilge

Aibreán 2012

Ollamh na Nua-Ghaeilge: An tOll. Ruairí Ó hUiginn

Stiúrthóir: An Dr. Tadhg Ó Dúshláine

Clár

Caibidil 1:	Beatha agus Saol an Údair	1
1.1.	Óige Sheáin Óig	1
1.2.	Tréithe Fisiciúla agus Pearsanta Sheáin Óig	3
1.3.	Seán a' Chóta	4
1.4.	I mBaile Átha Cliath 1911-1914	5
1.5.	Ar Imirce sna Stáit Aontaithe	9
1.6.	An Cogadh Cathartha	10
1.7.	Baile an Stáin a Dó	12
1.8.	Ag Múineadh i mBaile Átha Cliath	15
1.9.	Marie-Louise Sjoestadt	17
1.10.	Fánaí	18
1.11.	Croidhe Cainnte Ciarraighe	21
1.12.	Na Blianta Deiridh	28
Caibidil 2:	Dialann Sheáin a' Chóta mar Cháipéis Stairiúil	30
2.1.	Réamhrá	30
2.2.	Na hIonaid Imtheorannaithe	31
2.3.	Na hÁiseanna sna hIonaid Imtheorannaithe	34
2.4.	Na Gardaí	34
2.5.	Na hImtheorannaithe	36
2.6.	An Creideamh sna hIonaid Imtheorannaithe	37
2.7.	An Stailc Ocras	38
2.8.	Tátal	40
Caibidil 3:	Dialann Sheáin a' Chóta mar Shampla de Dhialann an Phríosúnaigh Pholaitiúil	43
3.1.	Réamhrá	43
3.2.	Stair na Dialainne	43
3.2.1.	Stair na Dialainne Gaeilge Idir an Seachtú hAois Déag agus 1923	45
3.3.	An Dialann mar Shaothar Litríochta	47

3.4.	Dialann an Phríosúnaigh Pholaitiúil	48
3.4.1.	Na fáthanna a Choimeádann na Príosúnaigh Pholaitiúla a gCuid Dialann	50
3.4.2.	Príomhthéamaí na nDialann	51
3.4.3.	Tátal	53
Caibidil 4:	An Teanga i nDialann Sheáin a' Chóta	57
4.1.	Réamhrá	57
4.1.1.	Nósanna Litrithe agus Gramadaí na Gaeilge ag Tús an Fichiú hAois	57
4.1.2.	Séimhithe agus Síntí Fada	58
4.2.	An Litriú	59
4.2.1.	An Síneadh Fada	60
4.2.2.	An Uaschamóg	60
4.2.3.	'll' agus 'l'; 'nn' agus 'n'	62
4.3.	Imeacht as Gutaí agus Bá	63
4.4.	Stór Focal	65
4.5.	An Réamhfocal Simplí	66
4.5.1.	An Réamhfocal 'I' agus an tAlt	68
4.5.2.	An Réamhfocal 'As'	71
4.5.3.	An Réamhfocal 'Thar'	72
4.6.	Réimíreanna agus Forainmneacha	75
4.6.1.	An Réimír 'Sean-'	76
4.6.2.	Réimíreanna Roimh Fhocail Dar Tús 'F-'	77
4.6.3.	Na Forainmneacha Pearsanta	78
4.7.	Briathra	79
4.7.1.	Aimsir Chaite	80
4.7.2.	Aimsir Láithreach	81
4.7.3.	Aimsir Fháistineach	82
4.7.4.	Modh Coinníollach	83
4.7.5.	An tAinm Briathartha	83
4.7.6.	An Clásal Coibhneasta	85
4.7.7.	An tAinm Briathartha i gClásal Coibhneasta	87
4.8.	An Tuiseal Ginideach	88

4.8.1.	An Foirceann ‘-ean’	89
4.9.	An Béarla	90
4.10.	Cumadh Sheáin Óig	96
4.10.1.	Téarmaí ar Cuireadh Brí Nua Leo	97
4.10.2.	Aistriúcháin agus Focail Nua-Chumtha	98
4.11.	Na Focail a Bhí Dulta i Léig	106
5.	Ceangal	112
Aguisín 1:	Saothar Cruthaitheach de Chuid Sheáin Óig	118
Aguisín 2:	Dialannaithe Gaeilge	123
Aguisín 3:	Dialanna Gaeilge ar Líne	129
Aguisín 4:	Dialannaithe Choimisiún Béaloideas Éireann	132
Aguisín 5:	Cúlraí na nDialannaithe ar Príosúnaigh Pholaitiúla iad	135
I.	Innéacs na nAinmneacha	140
II.	Innéacs na Logainmneacha	221
III.	Innéacs na dTagairtí Liteartha	232
	Leabharliosta	237

Caibidil 1: Beatha agus Saol an Údair

1.1. Óige Sheáin Óig

Rugadh Seán Óg Ó Caomhánaigh i gClochar, Baile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí ar 7 Feabhra 1885. B'é an chéad leanbh a saolaíodh do Sheán Ó Caomhánaigh, Baile na Rátha, Dún Chaoin, agus do Mháire de hÓra, Clochar, Baile an Fheirtéaraigh é. Saolaíodh i gClochar seachas i mBaile na Rátha é mar bhíodh sé de nós ag na mná ag an am sin filleadh abhaile go dtí teach a muintire féin nuair a tháinig a n-ionú agus iad ag iompar a gcéad linbh. Tugadh báisteadh tuata ar Sheán Óg mar ceapadh go raibh sé chun bás a fháil (Ó Brosnacháin 15). Tháinig sé slán, ámh, agus saolaíodh ceathrar leanbh eile dá thuismitheoirí ina dhiaidh, mar atá, Liam, Muiris (Kruger), Séamus agus Peig. Tógadh clann Sheáin agus Mháire le Gaeilge amháin agus deirtear nach raibh Seán Óg in ann an Béarla a labhairt go dtí go raibh sé cúig bliana déag d'aois ('Death').

B'é díshealbhú a mhuintire nuair a bhí sé thart ar bhliain amháin nó dhá bhliain d'aois an chéad eachtra shuntasach a thit amach i rith a óige. De réir thuairisc Kruger, deartháir do Sheán Óg, b'é Comhairleoir Dhún Chaoin ar Chomhairle Tuathcheantair an Daingin a sheanathair, Dan Cíobháin, ar feadh tamaill sna 1880í. Dar leis, bhí an Cíobhánach ina Chathaoirleach ar an gComhairle sa bhliain 1887. Bhí ar na Comhairleoirí Cathaoirleach nua a thoghadh don chéad bhliain eile agus bhí beirt iarrthóir don ionad sin, Tiarna Fionntrá agus Maurice Connor, arbh é iarrthóir Chonradh na Talún é. Tháinig lá an toghcháin agus bhí na hiarrthóirí cothrom i ndiaidh do na Comhairleoirí ar fad a vótaí a chaitheamh. Bhí ar an gCathaoirleach, seanathair Sheáin Óig, a vóta réitigh a chaitheamh dá bharr sin. Bhí an seanathair ina bhall de Chraobh Bhaile an Fheirtéaraigh de Chonradh na Talún ach bhí cead tugtha ag an gConradh dó a vóta a chaitheamh ar son an Tiarna os rud é go ndíshealbhófáí é dá vótálfadh sé in aghaidh a thiarna talún. Ina ainneoin sin, chaith Dan a vóta réitigh do Maurice Connor (49-50).

Cé go bhfuil éirim an scéil seo i gceart ag Kruger, dealraíonn sé go bhfuil cúpla botún déanta aige. Bhí Dayrolles Blakeney de Moleyns (1829 – 1914), ceathrú Barún Fionntrá, ina Chathaoirleach ar Bhord Bardachta an cheantair i lár na 1880í. Vótáil lucht Chonradh na Talún ar an mBord sin ina aghaidh ansin i dtoghchán an

Chathaoirligh sa bhliain 1886 agus toghadh duine eile san ionad sin ('Dayrolles'). Is é is dóichí, mar sin, go raibh an Cíobhánach ina bhall den Bhord Bardachta sa bhliain 1886 ach nach raibh sé ina Chathaoirleach air agus gur vótáil sé in aghaidh an Bharúin i dtoghchán an Chathaoirligh an bhliain sin. De réir Kruger, b'é an freagra a thug an Cíobhánach nuair a d'iarr an Tiarna air vótáil dó roimh an toghchán: "Not by God damn your Lord [...] I took God as witness that I'd be true to the Land League and you can evict me tomorrow morning if you feel like it." (49). B'fhocail fháidhiúla iad seo mar cuireadh Dan as a theach an tseachtain dar gcionn. Chuaigh sé ar imirce go Meiriceá ansin agus d'fhan sé ann ar feadh trí bliana. Chuaigh Seán Óg agus a thuismitheoirí, a raibh cónaí orthu i dteach Dan, i dteannta a sheanmháthar, chun cónaithe i dteach a sheantuismitheoirí eile i gClochar. D'fhan siad ann ar feadh bliana go leith go dtí gur thug 'Captaen William, deartháir don *landlord*' cead dóibh an gabháltas a thógáil ar cíos arís (M. Ó Caomhánaigh 49-50).¹

Chuaigh Seán Óg go dtí Scoil Náisiúnta Dhún Chaoin ar dtús agus ina dhiaidh sin go dtí Scoil na mBráithre Críostaí sa Daingean (Ó Cíobháin 54). Bhí sé meabhrach 'ar nós na clainne go léir' agus is cosúil gur éirigh go maith leis ar scoil (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 8). B'é an chéad eachtra shuntasach eile a thit amach i saol Sheáin Óig go ndearna sé iarracht dul in Arm na Breataine nuair a bhí sé sé bliana déag d'aois. Cuireadh iallach air filleadh abhaile, ámh, nuair a chuir a athair in iúl don arm go raibh sé ró-óg ('Death'). Is cosúil go ndearna sé athchomhairle faoin arm ina dhiaidh sin mar cuireadh agallamh air chun a bheith ina mhúinteoir taistil de chuid Chonradh na Gaeilge sa Daingean thart ar an mbliain 1903. Deirtear gurbh é Fionán Mac Coluim, a raibh timireacht Chonradh na Gaeilge i gCúige Mumhan faoina chúram ag an am, a chuir Seán Óg faoi agallamh (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 8; D. Ó Súilleabháin, *Na Timirí* 37). Fuair Seán Óg an post agus tá an chuma ar an scéal go ndearna sé cúrsa ar 'mhodhanna múinte' agus 'roinnt cleachtadh múinteoireachta i Módh-scoil Inse Chaoir' ansin (Ó Brosnacháin 19). Fuair sé a chéad phost ag múineadh Gaeilge i Mainistir Fhear Maí agus d'oibrigh sé i gcuid mhaith áiteanna eile ina dhiaidh sin, ina measc Áth Treasna, Ráth Caola, Port Laoise agus Droichead na Bandan (Ó Brosnacháin 21). Dealraíonn sé gur éirigh go maith le Seán Óg mar mhúinteoir taistil mar cuireadh sé in iúl ina dhialann gur bhuaiigh sé 'i gcomórtasaibh an cheud duais go minic ar mhúinteoireacht.' (4x18x23 67).

¹ B'é deartháir Bharún Fionntrá, an Captaen De Moleyns, stíobhard na dúiche um an dtaca seo.

1.2. Tréithe Fisiciúla agus Pearsanta Sheáin Óig

Fear mór láidir ab ea Seán Óg agus, dar le Piaras Béaslaí, bhí sé an-dathúil, chomh maith. Ina theannta sin, bhí Seán Óg ‘nóalta ag imirt caide’ agus bhuaigh sé neart comórtas rothaíochta i gCiarraí agus in áiteanna éagsúla eile ar fud na Mumhan (Mac Síthigh; Ó Brosnacháin 22). Is cosúil, freisin, go raibh ardmheas ag iascairí Chorca Dhuibhne ar Sheán Óg mar ‘fhear ar dhá mhaide rámha i bhfeighil naomhóige’ (Mac Síthigh). Dhá ‘éacht mhóra farraige’ go speisialta a thuill an meas sin do Sheán Óg (Mac Síthigh). I dtús báire, bhí sé ag tabhairt an scoláire Fhrancaigh, Marie-Louise Sjoestadt, trasna Chuan Ard na Caithne go dtí Baile na nGall lá amháin nuair a rug gaoth láidir agus farraige ard orthu. Shíl na hiascairí a bhí ag féachaint orthu nach mbeadh duine ar bith in ann port a dhéanamh lá mar sin. Ina ainneoin sin, d’éirigh le Seán Óg an port a bhaint amach agus Sjoestadt a thabhairt slán i dtír. Lá amháin eile, chabhraigh Seán Óg le fear ón mBlascaod Mór, Muiris Eoghain Bháin, a naomhóg a thabhairt abhaile. Bhí an fharraige fiáin an lá sin agus ‘mheas muintir an oileáin ná raibh an ceathrar fear beo a thabharfadh naomhóg treasna an lá úd gan trácht ar bheirt.’ (Mac Síthigh).

Maidir le tréithe pearsanta Sheáin Óig, deirtear go raibh aithne aige ar uasal agus ar íseal agus nach raibh a mháistir le fáil mar fhear cuideachta (Mac Síthigh; Ó Lúing, *Seán an Chóta* 24) Is minic a thuairiscítear, chomh maith, gurbh fhear cineálta, flaithiúil é Seán Óg agus go mbíodh sé ag déanamh déirce do dhaoine bochta i gcónaí (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 26; M. Ó Súilleabháin; Mac Síthigh). Bhí creideamh daingean aige, freisin, ach choinnigh sé an ghné sin dá phearsantacht ‘go príobháideach laistigh ina chroí féin’ (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 31). Chomh maith leis sin, tá fianaise i ndialann Sheáin Óig go raibh roinnt tuairimí agus luachanna aige atá coitianta in Éirinn sa lá atá inniu ann ach nach raibh chomh coitianta sin sa tír sin sa chéad leath den fhichiú haois (Ferriter 296 agus 465).² Nochtann Seán Óg an tuairim sa dialann, mar shampla, nach peaca é lámh a chur i do bhás féin. Ina theannta sin, deir sé nach cóir smál a bheith ar chluí linbh toisc nach raibh a thuismitheoirí pósta nuair a rugadh an leanbh. Tugann sé a bharúil, freisin, nach bhfuil sé cothromach go

² Ba shochaí choimeádach í Éire, go háirithe ó thaobh na moráltachta de, san am a raibh Seán Óg ag scríobh a dhialainne (Ferriter 296).

milltear clú na ndaoine atá gaolta le gealt, le daoine a chuireann lámh ina mbás féin nó le daoine a bheireann leanbh sula bpósann siad (9x29x23 7r-7v).

I dteannta éirim aigne ‘thar an gcoitiantacht’ a bheith ag Seán Óg, bhí an-mheas agus an-ghrá aige ar an léann agus ar an bhfoghlaim (Mac Síthigh). Chuireadh sé suim, go speisialta, sa litríocht agus, dar le R. M. Smyllie, bhí sé mór le beagnach gach duine a bhí mór le rá i saol litríochta na hÉireann le fiche nó tríocha bliain sular éag sé. Maidir le litríocht chomhaimseartha na Gaeilge, bhí a lán suime ag Seán Óg inti ach is cosúil go gcuireadh sí frustrachas air. Déanann sé gearán, mar shampla, sa chéad alt leis a foilsíodh in *Sinn Féin*, ‘Dúshlán Scríbhneoirí na hÉireann’, gur ‘annamh a bhuaileann aon ní liom ach an rud ceanann céanna i gcónaí ó gach ball den dúthaigh agus ó gach peann.’ (16). Anuas air sin, déanann sé gearán ina dhialann go bhfuil mórán scríbhneoirí Gaeilge ann (é féin ina measc) nach cóir dóibh a bheith ina n-údair. De réir Sheáin Óig, b’oiriúnaí na leabhair a scríobhadh na húdair seo don fhoghlaim ná don té a raibh Gaeilge aige cheana féin. Dar leis, bhí saibhreas Gaeilge sna leabhair seo ach ní mhúinidís rud ar bith faoin saol ná faoin gcoinníoll daonna don té a raibh Gaeilge aige agus a chuir suim sa litríocht. B’é a bharúil gurbh iad droch-chás na Gaeilge agus laghad na ndaoine a raibh an teanga sin ar a dtoil acu ba bhun leis an gcúrsa sin (4x18x23 67).

Ní raibh pearsantacht Sheáin Óig gan smál, ar ndóigh. Tugann Seosamh Mac Cathmhaoil le fios ina dhialann phríosúin go raibh taghd ann (30x8x23 121r). Tuairiscíonn a chara, R. M. Smyllie, freisin, go raibh sé ceandána agus mífhoighneach agus go dtagadh an-fhearg air le daoine in amanna: ‘He was [...] wayward, [...] quick to anger, never suffering fools gladly, and occasionally capable of intense irritation.’ Is cosúil, áfach, go raibh dea-thréithe Sheáin Óig i bhfad níos iomadúla ná na drochthréithe a bhí aige agus tá cuma na fírinne ar an méid a scríobh Tomás Mac Síthigh faoi i ndiaidh a bháis gur ‘fada a fhágfaidh imtheacht an tsárfhir sin an croidhe go dubhach cráidhte ag a mhuintir dílis féin agus ag an ndream líonmhar gurbh aithnid dóibh é.’

1.3. ‘Seán a’ Chóta’

Is iomaí ainm a thugtaí ar Sheán Óg agus is iomaí ainm a thugadh sé air féin. Ar an gcéad dul síos, ainmníodh ‘Seán Óg’ as a athair féin, Seán Ó Caomhánaigh. Dómhnaill Ó Caomhánaigh ab ainm dá sheanathair agus thugtaí ‘Seáinín Dhómhnaill’

air dá bharr sin, freisin (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 8). Ina theannta sin, thug sé ‘Seán Mac Murchadha Kavanagh’ air féin nuair a bhí sé ina chosantach i gcás cúirte i gCill Airne thart ar an mbliain 1910. Foilsíodh dhá alt leis, ‘Iascaireacht Farraige na hÉireann’ agus ‘An Teanga agus an Iolscoil Nuadh’, in *Leabhar na hÉireann* ansin sna blianta 1910 agus 1911 faoi seach faoi leagan eile den ainm sin, ‘Seaghán Mac Murchadha Caomhánach’ (Ó Brosnacháin 23).³

Bhíodh sé de nós ag cuid mhaith daoine a bhí ina mbaill de Chonradh na Gaeilge ag tús an fichiú haois fillleadh beag a chaitheamh agus bhíodh ceann á chaitheamh ag Seán Óg ar feadh roinnt blianta. B’ é an rud a spreag Seán Óg agus na fir eile seo leis an bhfillleadh beag a chaitheamh gur chreid siad gurbh é balcais thraidisiúnta na nGael é (Béaslaí). Ní raibh aon taithí ag muintir Dhún Chaoin ar an mbalcais sin an chéad uair a d’fhill Seán Óg abhaile ag caitheamh an fhilidh bhig agus bhaist siad ‘Seán a’ Chóta’ (Seán an Pheireacóit) air sula i bhfad. Thugtaí ‘An Cóta’ air, freisin, agus tar éis tamaill b’fhearr aithne air mar ‘An Cóta’ ná mar ‘Seán a’ Chóta’ (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 8). Ghlac Seán Óg ‘go fonnmhar’ leis an leasainm seo ‘Seán a’ Chóta’/‘An Cóta’ agus d’iompair sé ‘go mórálach go lá a bháis’ é (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 8; Ó Sioradáin 70).

1.4. I mBaile Átha Cliath 1911-1914

Chuir Seán Óg faoi i mBaile Átha Cliath thart ar an mbliain 1911 (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 10). Tréimhse shuntasach ina shaol ab ea na chéad cheithre bliana eile mar is ag an am sin a chuir sé aithne ar chuid mhaith daoine tábhachtacha, cuid acu a bhí mór le rá i measc lucht litríochta na linne, mar shampla, James Stephens (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 2x27x23 24), Stiofán Mac Enna (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 2x27x23 24), agus Seumas O’Sullivan (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 3x7x23 29) agus an chuid eile a bhí iomráiteach i measc réabhlóidithe, Art Ó Gríofa (Ó Brosnacháin 26), Seán Mac Diarmada (Béaslaí) agus Tomás Ó Cléirigh (Ó Brosnacháin 26) ina measc. Chomh maith leis sin, thosaigh sé ag scríobh altanna go

³ Is é ‘Mac Murchadha Caomhánach’ an sloinne a thugadh muintir Uí Chaomhánaigh orthu féin go stairiúil. Tar éis tamaill thosaigh siad ag tabhairt ‘Caomhánach’ nó ‘Ó Caomhánaigh’ amháin orthu féin agus b’ é an Taoiseach amháin a thugadh ‘Mac Murchadha Caomhánach’ air féin (‘Kavanagh’). Is fiú a lua nach raibh aon bhaint ag Seán Óg le muintir Mhic Mhurchadha Chaomhánaigh. Is é ‘Ó Cíobháin’ an sloinne a bhí air le ceart. Is é ba bhun leis an míthuiscint a bhí ar Sheán Óg faoin méid seo go bhfuil sé de nós ag Cíobhánaigh Chorca Dhuibhne a sloinne a fhuaimniú mar ‘Ó Cíobháin’ agus mar ‘Ó Caomhánaigh’ araon le fada an lá (De Mordha ó bhéal).

riailta do *Sinn Féin* ag an am sin. Foilsíodh an chéad alt leis, ‘Dúshlán Scríbhneoirí na Gaeilge’, in Aibreán 1911 agus sholáthair sé thart ar chéad alt eile don nuachtán sin faoina ainm cleite, ‘Dubh Dorcha’, idir sin agus deireadh 1914 (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 10; Ó Dúshláine, Brollach *Éist* v). Cuireadh dornán altanna i gcló faoina ainm féin in *An Claidheamh Soluis*, freisin, sa tréimhse chéanna (Ó Dúshláine, Brollach *Éist* v). Dealraíonn sé gurbh í an íocaíocht a d’fhaigheadh Seán Óg as na haltanna seo a scríobh an t-aon tuarastal cinnte a bhí aige ag an am sin (Béaslaí). An t-aon phost eile a bhí aige um an dtaca sin go bhfios dúinn ná eagar a chur ar *Sailm Dháibhidh* a foilsíodh sa bhliain 1912 (Ó Héalaí 162).

I dtaca leis na haltanna a cuireadh i gcló in *Sinn Féin* agus in *An Claidheamh Soluis*, dhéanadh Seán Óg plé ar chúrsaí a bhí go mór i mbéal an phobail sna haltanna seo go príomha, ina measc: ceist na Gaeilge; cúrsaí polaitíochta; litríocht na Gaeilge; agus cúrsaí cultúrtha. Ina theannta sin, foilsíodh ceithre ghearrscéal leis, ‘Scéal Sheáinín’, ‘Scéilín’, ‘Mallacht na Fola’ agus ‘Grá Iascaire’, thar roinnt seachtainí in *Sinn Féin* i rith na tréimhse seo. Cuireadh aistriúchán a rinne sé ar an gcéad leath de *The Conscript* le Erckmann-Chatrian i gcló faoin teideal *Toghtán a 1813* in *Sinn Féin* ag an am seo, chomh maith (De Hae uimhir 12360). Bhí lámh ag Stiofán Mac Enna san aistriúchán seo, freisin, go hoifigiúil ach de réir Mháirtín Uí Chadhain dúirt Mac Enna ‘nach raibh de chuid aige féin sa saothar ach cuid daimh d’eadradh’ tar éis na chéad seachtaine .i. ní dhearna sé faic tar éis na chéad seachtaine (‘Conradh’ 56).

Tá an chuma ar an scéal go mbíodh an-chuid foghlaimeoirí Gaeilge ag gearán faoin nGaeilge chasta in altanna Sheáin Óig (Béaslaí). Ní dócha, ámh, go bhfuil an Ghaeilge iontu ródheacair don té a bhfuil Gaeilge réasúnta maith aige. Is cosúil, freisin, gur chuir roinnt daoine ina leith gur chum Seán Óg féin cuid de na focail a d’úsáid sé sna haltanna seo. Bhí Béaslaí den tuairim nach raibh aon bhunús leis an gcúiseamh seo. Dar leis: ‘Some people accused him of inventing uncommon words, but I do not think there was any ground for the charge.’ Is é fírinne an scéil gurbh in é go baileach an rud a bhíodh á dhéanamh ag Seán Óg. Ní haon drochrud é seo mar, faoi mar a dúirt Seán Óg féin in ‘Dúshlán Scríbhneoirí na Gaeilge’, is í an aidhm a bhí aige sa mhéid seo ná an teanga a chur in oiriúint don saol nua-aimseartha agus cuid de na téarmaí nua-aoiseacha a bhí de dhíth ar Ghaeilgeoirí a chur ar fáil dóibh:

Is inchaointe an scéal é agus is minic a bhím i riocht an folt a stracadh de mo cheann nó íde éigin uafásach a dhéanamh díom féin nuair a mhachtnaím ar a

laghad dul chun cinn atá déanta againn ar theanga bhríomhar aibí mar an Ghaeilge a dhéanamh beo. Is é atá ar m'uidh agam iachall a chur uirthi cloí leis na baill den tír inar fada a glór binn ina shuan agus labhairt linn ar nithe agus ar dhaoine iontu díreach agus mar a chuireann sí í féin in iúl i dtaobh na mball is iargúlta inár ndúiche [...] Feasta bead ag taisteal ar an gcarr sráide nuair a bheidh sé ar mo chumas nó b'fhéidir i ngluaisteán. Nach dóigh leat go mbeidh saol maith agam? Raghad ag féachaint ar gach iontas sa chathair iontach seo: béarfad (*sic*) cuairt ar gach aon áit is fiú a fheiscint, raghad go dtí na hamharclanna, raghad ag féachaint ar phictiúirí áille, déanfadh cuairteanna má fhaighim an cuireadh. Agus cloífeadh an teanga dá mbeadh orm díobháil a dhéanamh. Caithfidh sí labhairt feasta. Slán beo leis an dtuath anois. Is cathrach feasta mé. (16-18)

Tá an dá abairt dheireanacha sa sliocht thuas suimiúil: 'Slán beo leis an dtuath anois. Is cathrach feasta mé.' Is deacair a rá an raibh Seán Óg i ndáiríre nuair a scríobh sé an méid sin nó an é gur ciúta liteartha atá ann. Cé nach bhfuarthas tagairt ar bith eile don mheon seo a bheith ag Seán Óg, tá roinnt fianaise ann gurbh fhearr le Seán Óg Baile Átha Cliath ná áit ar bith eile. Fuair Seán Ó Lúing tuairisc ó chara de chuid Sheáin Óig, Seosamh Ó Dálaigh, mar shampla, 'go dtug Seán Óg taitneamh thar aon loc eile do Bhaile Átha Cliath [agus] go mbíodh sé i gcónaí ag trácht ar an áit agus a muintir' (*Seán an Chóta* 20). Chomh maith leis sin, deir Seán Óg féin i gceann amháin de na samplaí a thugtar faoin gceannfhocal 'Éilidheacht' san fhoclóir *Croidhe Cainte Ciarraige* go mbíonn an-éileamh aige ar Bhaile Átha Cliath agus go mbíonn sé ag smaoineamh faoin gcathair sin agus faoi chuairt a thabhairt uirthi go minic: 'Caithfeadh a admháilt go mbíonn éilidheacht mhór agam ar Áth Cliath: fonn dul ann, a bheith ann, a thuairisc do chur, go mbíonn im smaointibh go mion minic.' (bainte as Ó Brosnacháin 25).⁴

Maidir lena chuid oibre ar son na Gaeilge, dealraíonn sé go raibh Seán Óg gníomhach i gConradh na Gaeilge go fóill le linn dó a bheith ina chónaí i mBaile Átha Cliath (Béaslaí). Thosaigh Seán Óg ag cur suim scolártha sa Ghaeilge a labhraí agus

⁴ Is minic a thagraíonn Seán Óg dá shaol féin agus dá thuairimí féin sna samplaí nó sna habairtí léirithe in *Croidhe Cainte Ciarraige* 'le réimse úsáide agus céille focal áirithe a léiriú ina gcomhthéacs ceart.' (Ó Brosnacháin 13). Ar ndóigh, ní mór don scríbhneoir a bheith cúramach agus é ag baint leasa as ábhar den saghas seo mar tá seans ann i gcónaí nach bhfuil sampla a bhfuil cuma na fírinne air go hiomlán cruinn. I ngeall air sin is iondúil go bhfaightear deimhniú ar na sleachta ó *Croidhe Cainte Ciarraige* a úsáidtear sa tráchtas seo i bhfoinse iontaoifa amháin eile, ar a laghad.

a scríobhtaí i dtréimhsí eile, freisin, thart ar an am seo agus rinne sé freastal ar shraith léachtaí faoin tSean-Ghaeilge i Scoil Árd-Léighinn na Gaedhilge sa bhliain 1911 (Ó Lúing, *Kuno* 65). Eachtra shonraíoch eile a thit amach i rith na tréimhse seo gur cheangail Seán Óg le Bráithreachas Phoblacht na hÉireann. Bhí roinnt daoine a bhain clú amach dóibh féin níos deireanaí ina saol ina mbaill den chiorcal céanna le Seán Óg, mar atá, Earnán de Blaghd, an Dr. Pádraig Mac Cartúin, Seán T. Ó Ceallaigh, Seoirse Mac Niocaill, Piaras Béaslaí agus Bulmer Hobson (arbh é ceannaire an chiorcail é).

De réir Phiaraís Bhéaslaí, ní raibh Seán Óg ina bhall den chiorcal ar feadh i bhfad go dtí gur thosaigh sé ag gearán go raibh siad ag caitheamh an iomarca ama ag caint agus nach raibh faic á déanamh acu: ‘With all the enthusiasm of a new recruit, Sean Og (*sic*) began to complain that we were talking too much and doing nothing.’ Lá amháin, d’iarr sé ar cheannaire an chiorcail fiafraí de na baill eile cé acu a scaoil gunna riamh. Sheas cúigear nó seisear acu suas. D’fhan Seán Óg ina thost ina dhiaidh sin go dtí go ndearna ball áirithe gearán faoi chaighdeán na máirseála ag Cuimhneachán Wolfe Tone i mBaile Uí Bhuadáin. D’fhiafraigh sé go feargach ansin: ‘What’s the use of being able to walk if you can’t shoot?’ D’fhreagair Seoirse Mac Niocaill ar an toirt: ‘What’s the use being able to shoot if you can’t walk?’ Ní raibh aon fhreagra ag Seán Óg air sin (Béaslaí). Níl eolas ar bith eile againn faoin tréimhse a chaith Seán Óg sa Bhráithreachas ach amháin gur dífbríodh as an eagraíocht sin é, ar chúis éigin nach bhfios dúinn, am éigin roimh Mheán Fómhair 1914 (de Blaghad 80).

Cheangail Seán Óg le hÓglaigh na hÉireann, freisin, am éigin i ndiaidh bhunú na heagraíochta sin i mí na Samhna 1913. Is cosúil gur dhuine réasúnta tábhachtach i measc Óglaigh iarthar Chorca Dhuibhne é mar thug sé óráid uaidh as Gaeilge ag mustar mór de chuid na nÓglach sa Daingean ar 6 Meán Fómhair 1914, thart ar chúig seachtaine tar éis thús an Chéad Chogaidh Dhomhanda (Dwyer 39-41). Óráid bhríomhar, spreagúil ab ea í inar mhol sé dóibh siúd a bhí i láthair a míle dícheall a dhéanamh chun gunnaí a fháil. Chuir sé i gcuimhne dóibh, chomh maith, gurbh é dua Shasana deis na hÉireann agus go mbeadh náire shíoraí ar dhuine ar bith nach mbeadh sásta fuil a chroí a thabhairt ar son na hÉireann (Dwyer 40-41).

Bhí Earnán de Blaghd ina chaptaen ar Óglaigh Lios Póil ag an am sin agus thug sé óráid uaidh ag an mustar sa Daingean, freisin. Bhí sé go láidir den tuairim gur spreag an cruinniú sin a lán Ciarraíoch le cur i gcoinne Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann agus a bpolasaí gur chóir tacú le Rialtas na Breataine i rith an Chogaidh (de

Blaghd 72-79). Tháinig sé féin agus Deasún Mac Gearailt, a bhí gníomhach i measc Óglaigh Chorca Dhuibhne freisin, ar an tuairim gurbh fhiú níos mó cruinnithe a thionól i gceantar an Daingin dá bharr sin. Thugadh an bheirt acu siúd óráidí astu i mBéarla ag na cruinnithe sin agus thug siad cuireadh do Sheán Óg óráidí a thabhairt as Gaeilge ag na tionóil freisin, rud a rinne sé (de Blaghd 79). Is cosúil gur éirigh go maith leis mar tugann an Blaghdach le fios gur ‘chabhair dúinn óráidí greannmhara maslacha Sheáin’ (80).

Cé gur mhol Seán Óg buille a bhualadh ar son saoirse na hÉireann san óráid thuasluaite a thug sé ar 6 Meán Fómhair 1914 d’imigh sé ar imirce chuig na Stáit Aontaithe tamaillín roimh dheireadh na bliana sin, ar chúis éigin nach bhfios dúinn, agus níor fhill sé go dtí am éigin i ndiaidh an tsosa cogaidh i 1921 (Béaslaí).

1.5. Ar Imirce sna Stáit Aontaithe

Chuaigh Seán Óg ar imirce go dtí na Stáit Aontaithe thart ar dheireadh na bliana 1914 (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 15; Béaslaí). Chaith sé tréimhsí, ina dhiaidh sin, ag obair i muileann cruach i Chicago, mar ribhitéar i longlann i New Jersey agus ar rainse in Dakota Thuaidh (‘Death’; Ó Lúing, *Seán an Chóta* 16). Bhí an obair a rinne sé sna poist sin trom. Dar leis féin, bhíodh sé:

ag obair 12 agus 13 uaire ar reidhtheachaibh Mheirice, i muilleanaibh cruada mara raibh sé chómh té sin nár mór bonn speisialta fém bhrógaibh, i ndogaibh long 100 troig anáirde san aer agus é chómh fuar go mbíodh dhá throig leac oidhre ar an sáile. (5x6x23 80)

Bhí Seán Óg ‘ar dhuine d[á] thacaí tréana’ nuair a thug Éamon de Valera cuairt ar na Stáit Aontaithe (Meitheamh 1919 – Nollaig 1920) agus thaistil sé stáit oirthear agus stáit thiar thuaidh Mheiriceá leis ‘ag sóláthar cabhrach chun aitheantais d’fhagháil’ do Phoblacht na hÉireann (Ó Lúing, *Kruger* 12-13; Mac Síthigh). Bhíodh Seán Óg ag saothrú ar son na Gaeilge, freisin, nuair a bhí cónaí air i Meiriceá agus i dteannta rang Gaeilge a chur ar siúl i Nua-Eabhrac dealraíonn sé go raibh baint aige le bunú Dhámh na Gaeilge in Ollscoil Bhooston agus in Ollscoil Chicago (Ó Dubhdha 137; P. F. Mac Lochlainn; ‘Death’). Eachtra shuntasach eile a bhain do Sheán Óg ag

an am seo gur chuir sé tús leis an úrscéal *Fánaí* le linn dó a bheith ag obair ar an rainse in Dakota Thuaidh (Mac Síthigh).

D'fhill Seán Óg abhaile ar Éirinn am éigin tar éis an tsosa cogaidh (Béaslaí). In ainneoin na dianoibre a rinne sé sa mhuilleann cruach, sa longlann agus ar an rainse ní raibh mórán airgid ag Seán Óg ar fhágáil na Stát Aontaithe dó agus bhí air an t-árthach a oibriú abhaile (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 16). Ní féidir a rá go baileach cathain a shroich sé Éire ach is cosúil go raibh sí bainte amach aige faoi Lá Fhéile Pádraig 1922 mar scríobh sé an méid seo a leanas ina dhialann ar 17 Márta 1923:

Bliain a's lá indiugh do bhí an cnuasach seamróige a chuireas chúiche ag Cáitín Crosta ghá chaitheamh. Indiugh an bhfuil seamróg aice nó an gcuimhnigheann sí ormsa? Bliain an taca [so] budh mór é a fonn teacht go hÉirinn ar mo thuairisc; budh mhór é mo shúil lé n-a teacht. Nách mór an t-atharugh thagann i mbliain. (32)

1.6. An Cogadh Cathartha

Cheangail Seán Óg leis na hÓglaigh arís go gairid i ndiaidh dó filleadh ó na Stáit Aontaithe (Ó Luing, *Seán an Chóta* 16). Dála fhormhór na nÓglach i gCiarraí, chuir Seán Óg in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus deirtear go raibh sé ina 'chaptaen ar na hÓglaigh ar thaobh na Poblachta' i gceantar an Daingin (M. Ó Súilleabháin).

Thosaigh an Cogadh Cathartha nuair a rinne Arm an Rialtais Shealadaigh ionsaí ar na Poblachtaigh sna Ceithre Cúirteanna i mBaile Átha Cliath go luath ar maidin 28 Meitheamh 1922 (Macardle 744). Chuaigh Poblachtaigh de chuid Bhriogáidí Chiarraí a hAon agus a Dó i dtreo Lios Tuathail, an t-aon áit i gCiarraí a bhí i seilbh fhórsaí an Rialtais Shealadaigh, ar chlos an scéala sin dóibh agus is é is dealraithí go raibh Seán Óg ina measc (Hopkinson 165; Campbell, *Dialann* 2 3x6x23 51r-51v). Ghéill na trúpanna Rialtais a bhí ar stáisiún i Lios Tuathail tar éis comhraic ghearr ar 29 Iúil agus chuaigh an fórsa Poblachtach go cathair Luimnigh ansin chun tacaíocht a thabhairt do na Poblachtaigh a bhí ann cheana féin. Ní dheachaigh siad i dtreis le fórsaí an Rialtais a bhí ar ceathrú sa chathair, áfach, agus tháinig an dá thaobh chun comhréitigh sos cogaidh a chur ar siúl ann ar 7 Iúil (Hopkinson 165).

Chuir Arm an Rialtais in iúl do na Poblachtaigh go raibh an sos cogaidh thart ar 11 Iúil. Thosaigh siad ag pleancadh Bheairic an Chladaigh, a bhí i seilbh na bPoblachtach, ansin ar 19 Iúil agus thóg siad an bheairic sin de ruathar ionsaithe ar 21 Iúil (Hopkinson 149-150). Ghabh na Poblachtaigh garastúin straitéiseacha taobh amuigh de chathair Luimnigh i rith an tsosa cogaidh agus chúlaigh siad ó dheas go dtí na háiteanna sin tar éis ghabháil Bheairic an Chladaigh. Rinne siad troid dhiongbháilte, righin le fórsaí an Rialtais ann, go háirithe sa cheantar idir Brú na nDéise, Brú Rí agus Cill Mocheallóg, as sin go dtí tús mhí Lúnasa (Hopkinson 150).⁵ Is é an rud a chuir deireadh leis an gcath seo gur ghabh cúig chéad saighdiúir Rialtais Trá Lí cúpla uair i ndiaidh dóibh dul i dtír san Fhianait ar 2 Lúnasa (Hopkinson 166; Dwyer 354). D’fhill an chuid ba mhó de na hÓglaigh ó Chiarraí agus ó Chorcaigh, agus Seán Óg ina measc, abhaile ina dhiaidh sin chun cosaint a dhéanamh ar a gceantair féin. Níor fhág siad ach líon beag d’fhir ina ndiaidh agus bhí fórsaí an Rialtais ábalta an ceantar timpeall chathair Luimnigh a ghabháil gan mórán stró sula i bhfad (Hopkinson 152).

Tá an chuma ar an scéal go raibh Seán Óg i gceannas ar an Daingean agus ar na trúpanna Poblachtacha a bhí ar stáisiún ann ar feadh tamaill tar éis dó fillleadh ó Luimneach (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 17; M. Ó Súilleabháin). De réir Sheáin Uí Lúing, bhí siopadóirí an Daingin an-bhuíoch de Sheán Óg toisc nár thóg sé earra ar bith uathu gan íoc as ‘le linn a thréimhse ceannais.’ (*Seán an Chóta* 17). Ina theannta sin, deir Muiris Ó Súilleabháin go ndearna Seán Óg éacht ag an am seo ‘ina mbeidh cuimhneadh air an fhaid is beo duine i gceanntar thiar an Daingin’. Dar leis, ní raibh duine ar bith sa cheantar in ann ‘greim bídh do bhreith ó’n mbaile mór leis [...] mar do chuir an namhad stop leo le súil ‘s go dtiúbhradh na hóglaigh san gceanntar suas.’ Tugann sé le fios, ámh, gur chuir Seán Óg agus a chuid fear an ruaig ar fhórsaí an Rialtais as an Daingean lá amháin i rith na tréimhse seo. Ghabh siad bád Sasanach, ansin, a bhí lán le plúr agus a tháinig chun duga sa Daingean agus roinn siad an lasta ar na daoine ocracha áitiúla.

Cé go raibh cuid den fhírinne ag Ó Súilleabháin dealraíonn sé go ndearna sé cúpla botún mór sa scéal thuas. Ar an gcéad dul síos, ní dheachaigh na Poblachtaigh agus fórsaí an Rialtais i gcomhrac le chéile i gCorca Dhuibhne go dtí mí na Samhna 1922, an tráth a cuireadh an ruaig ar na Poblachtaigh as an Daingean (Hopkinson

⁵ Is cosúil gur chaith Seán Óg tréimhse ag troid i mBrú Rí agus i gCill Mocheallóg ag an am seo (Campbell, *Dialann* 2 3x6x23 51r-51v).

205). Ní dheachaigh an dream Poblachtach i gceannas ar an mbaile sin arís ina dhiaidh sin. Is cosúil, mar sin, nár chuir Seán Óg agus a chuid fear an ruaig ar fhórsaí an Rialtais as an Daingean, riamh. Ar an dara dul síos, níl aon fhianaise ann gur chuir Arm an Rialtais stop le hiarrachtaí na ndaoine áitiúla bia a thabhairt abhaile leo ón Daingean. Tá an chuma ar an scéal go raibh an Súilleabhánach ag smaoineamh faoin imshuí a chuir na Dúchrónaigh ar Chorca Dhuibhne i bhFeabhra 1921 d'fhonn ceannairí Bhriogáid Chiarraí a hAon a aimsiú nuair a scríobh sé an ghné seo den scéal - chuir na Dúchrónaigh an tseirbhís traenach ar ceal agus dhún siad an príomhbhóthar go dtí an leithinis i rith an imshuí agus bhí ganntanas mór bia sa cheantar dá bharr sin (Dwyer 277-278). Tá gach seans ann, áfach, gur ghabh Seán Óg agus a chuid fear bád ag an am seo agus gur roinn siad an lasta ar mhuintir an cheantair mar is minic a ghabhtaí longa trádála agus a ghoidtí a lasta um an dtaca sin ('Army's').

Dar le Seán Óg, theith sé féin agus a chomhghleacaithe ón Daingean roimh na trúpanna Saorstátacha thart ar 21 Samhain 1922 (Dialann 11x21x23 45v). Thug muintir Lios Póil tearmann do Sheán Óg ar feadh tamaill i ndiaidh a theite agus chaith sé seal i bhfolach i dteach Bhobby O'Brien ar na Dúnta i bParóiste na Minairde ina dhiaidh sin. Is sa teach sin a ghabh lucht an tSaorstáit sa deireadh é ar 27 Eanáir 1923 (Ó Brosnacháin 31; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 2x16x23 1).

1.7. Baile an Stáin a Dó

De réir thuairisc a dhearthár, Kruger, fuarthas Seán Óg ciontach as páirt a ghlacadh i roinnt luíochán agus gearradh príosúnacht deich mbliana air i ndiaidh a ghabhála (bainte as Ó Lúing, *Kruger* 13). Ní dócha, ámh, gur gearradh príosúnacht deich mbliana ar Sheán Óg mar luann sé ina dhialann i lár Lúnasa 1923 go bhfuil sé tar éis 'fuirm an ghabhainn' a fháil agus gur féidir le lucht an tSaorstáit é a choimeád sa ghéibheann go ceann sé mhí eile 'dréir Bhille na Sciúirseála' (8x18x23 nó 8x19x23 6v). Ní bheadh aon ghá leis sin dá mbeadh Seán Óg faoi phianbhreith cheana féin. Pé scéal é, coimeádadh Seán Óg sa ghéibheann i dTrá Lí go dtí mí na Feabhra. Aistríodh ansin go dtí Campa Bhaile an Stáin a Dó ar Churrach Chill Dara é, áit a raibh thart ar 1,400 fear eile á gcoimeád sa ghéibheann (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x11x23 59). Bhain sé an campa sin amach ar 16 Feabhra 1923 agus chaith sé beagnach deich mí sa ghéibheann ann go dtí gur scaoileadh saor ar 14 Nollaig é (S. Óg Ó

Caomhánaigh, Dialann 2x16x23 1; Campbell, Dialann 2 14x12x23 207r). Is le linn an ama sin a choimeád sé an dialann phríosúin a bpléitear sa tráchtas seo.

Maidir leis an saol i mBaile an Stáin a Dó, níl aon amhras ach go raibh cuid mhaith cruatain ann. I dtús báire, bhí fíor-dhrochbhail ar na bothanna ina gcoimeádtaí na himtheorannaithe. Ní hamháin nach dtéit i gceart iad ach choimeádtaí an iomarca príosúnach ar ceathrú iontu (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 8x2x23 16 agus 2x18x23 11). Anuas air sin, ní bhíodh an bia go maith agus bhíodh na príosúnaigh ‘ar chaolchuid’ de ghnáth (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x8x23 13v). Is cosúil, freisin, go mbíodh ‘ceal freap agus bidh oireamhnaig’ in ospidéal an champa agus go ndéanadh an tOifigeach Leighis Saorstátach faillí ina chúram (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 5x2x23 72; Campbell, Dialann 2 11x4x23 27r-27v).

Chun a gceart a thabhairt dóibh, is gnách nach gcuireadh na gardaí isteach ná amach ar na príosúnaigh. I dtaca leis na himtheorannaithe a bhris rialacha an champa, áfach, thugaidís íde uafásach dóibh sa phríosún míleata ar a dtugtaí ‘The Glasshouse’/‘Tig na Gloine’. I dteannta iallach a chur orthu gach rud a dhéanamh ar sodar ann, ghreasáladís go míthrócaireach iad (Campbell, Dialann 2 15x6x23 58r). Chomh maith leis sin, chuaigh na gardaí an-dian ar na príosúnaigh go léir ar feadh míosa i ndiaidh dóibh dhá thollán a aimsiú sa champa ar 24 Aibreán. Bhídís á mbualadh, á múscailt go róluath agus á dtarraingt as a gcuid leapacha an t-am ar fad i rith an ama sin (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 5x15x23 3). D’éirigh na gardaí as an méid sin nuair a rinneadh ‘síothcháin’ idir údaráis an champa agus na príosúnaigh ar 31 Bealtaine agus ní bhídís ag buaireamh na mbránna ina dhiaidh sin don chuid ba mhó (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 6x2x23 6 agus 10x28x23 3).

D’éiríodh an saol i mBaile an Stáin a Dó an-leamh ar fad, in amanna, mar ní bhíodh faic le déanamh ag formhór na gcimí i rith an lae seachas na trí bhéile a ithe. (Campbell, Dialann 2 8x7x23 72v). Ní nach ionadh, d’fhorbair na príosúnaigh éagsúla an iomad caitheamh aimsire leis an am a chiorrú, leithéidí spóirt a imirt, leabhair a léamh, filíocht a chumadh, earraí macraime a dhéanamh agus sínithe a bhailiú i leabhair átagraf. Maidir le Seán Óg, bhíodh seisean ag léamh, ag obair ar an úrscéal *Fánaí* agus ag scríobh ina dhialann chun an aimsir a mheilt. Théadh sé ar shiúlóidí timpeall an chlóis lena chara mór, Seosamh Mac Cathmhaoil go minic, freisin (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x6x23 4v, 9x10x23 8r agus 11x5x23 20r).

Mhúin Seán Óg rang Gaeilge do na himtheorannaithe eile gach lá ó 23 Márta go dtí 19 Deireadh Fómhair, an t-aonú lá den stailc ocrais (Campbell, Dialann 2

23x3x23 5v agus 19x10x23 162v). Thosaigh sé ag múineadh an ranga seo arís ar 29 Samhain agus is é is dóichí gur lean sé den mhúinteoireacht go dtí gur scaoileadh saor ar 14 Nollaig é (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x29x23 56r). Níl mórán eolais sa dialann faoina dhara tréimhse mhúinteoireachta ach dealraíonn sé gur éirigh go han-mhaith le rang Sheáin Óig an chéad uair. De réir a thuairisce féin, bhí an tóir ar a rang chomh mór sin nár mhór dó dhá rang a mhúineadh in aghaidh an lae tar éis tamaill (Dialann 9x7x23 6r). Tugann sé le fios, freisin, go ndearna os cionn 200 duine freastal ar na ranganna seo ar 3 Meán Fómhair (Dialann 9x3x23 4r). Is léir go raibh an rang seo an-tábhachtach le Seán Óg agus go mbaineadh sé an-taitneamh as a bheith ag múineadh. Go deimhin féin, dúirt sé gurbh é an ceacht laethúil Gaeilge ‘an subháilceas is mó agam istig san áit mhíóádhmharaig seo.’ (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x18x23 67).

Duine tábhachtach i saol Bhaile an Stáin a Dó ab ea Seán Óg mar b’ é an ‘camp fixer’ é (Ní Chuilleanáin 8). Is é atá i gceist leis sin go socraíodh sé le daoine áirithe (roinnt gardaí ina measc) a d’oibrigh i mBaile an Stáin a Dó litreacha agus beartáin a smuigleáil as an gcampa ar son na mbránna agus go mbíodh sé ábalta earraí a fháil ar nós toitíní agus nuachtán, a mbíodh sé deacair teacht orthu (Campbell, Dialann 2 14x10x23 158v agus 23x11x23 190v). Tá an chuma ar an scéal go raibh go leor bránna eile amhrasach, dá bharr sin, go raibh uisce faoi thalamh á dhéanamh ag Seán Óg le lucht an tSaorstáit (Dialann 2 20x9x23 137r; bainte as Ó Brosnacháin 33). Níl aon amhras ach go bhféadfaí a rá go raibh droch-chuma ar an scéal agus Seán Óg chomh mór agus a bhí sé le cuid de na gardaí. Níl fianaise ar bith ann, ámh, gur thug Seán Óg eolas ar bith d’údaráis an champa i gcúiteamh na nithe thuasluaite a dhéanamh ar a shon.

Is cosúil go mbíodh Seán Óg lagbhríoch agus go dtagadh domheanma air go minic le linn dó a bheith sa ghéibheann (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x17x23 65-66). B’iomaí rud ba bhun leis an lagar spride seo a thagadh ar Sheán Óg, ina measc: cailteanas a chuid saoirse (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 8x18x23 nó 8x19x23 6r); briseadh na bPoblachtach sa Chogadh Cathartha (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 8x15x23 3v); uaigneas/díothacht na mothúchán (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 3x30x23 80). Ina ainneoin sin, dealraíonn sé go mbíodh ócáidí grinn (mar shampla, ceolchoirmeacha neamhfhoirmiúla na bhfear, an aeraíocht agus Lá na Spórt) ann le linn do Sheán Óg a bheith sa ghéibheann agus go mbaineadh sé taitneamh as an saol i mBaile an Stáin a Dó in amanna (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 3x5x23 26-27,

4x2x23 40, 6x25x23 13). Tá an chuma ar an scéal, chomh maith, go raibh Seán Óg daingean ina intinn i rith an ama sin nach ngéillfeadh sé riamh do lucht an tSaorstáit (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x4x23 4v).

Faightear gearrfhéachaint ar smaointe agus ar thuairimí an imtheorannaí i leith mhórán ábhar a bhaineann leis an tréimhse chinniúnach seo i stair na hÉireann i ndialann Sheáin Óig, freisin. Ar an gcéad dul síos, is léir go raibh an ghráin aige ar lucht ceannais an tSaorstáit as an gConradh Angla-Éireannach a shíniú agus gur chreid sé go diongbháilte go n-éireodh le cúis na Poblachta sa deireadh (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 8x8x23 2v, 10x14x23 2r agus 11x21x23 46v). Bhí an nimh san fheoil ag Seán Óg ar fhormhór na cléire Caitlicí, freisin. Bhí dhá chúis leis seo, mar atá, an naimhdeas a bhí ag an mórchuid den chléir leis na Poblachtaigh agus lena gcúis agus an tréadlitir a d'éisigh na heaspaig Chaitliceacha ag cáineadh na bPoblachtach ar 10 Deireadh Fómhair 1922 (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann, 9x8x23 6r-6v agus 11x27x23 55r-55v).⁶ I dtaca leis an bpobal i gcoitinne, bhí Seán Óg den tuairim nach raibh suim ar bith acu i gcás na n-imtheorannaithe agus is léir go gcuireadh sé sin as go mór dó, chomh maith (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 18x9x23 nó 19x9x23 6r).

Scaoileadh Seán Óg as an ngéibheann ar 14 Nollaig 1923. De réir dealraimh, d'fhill sé abhaile ar Dhún Chaoin go gairid ina dhiaidh sin (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 19). Is cosúil nár fhan sé ann ar feadh i bhfad, áfach, agus gur chuir sé faoi i mBaile Átha Cliath arís tar éis tamaill ('Nichevo').

1.8. Ag Múineadh i mBaile Átha Cliath

Fuair Seán Óg post ag múineadh Gaeilge i gColáiste San Aindrias, scoil a bhí suite i bhFaiche Stiabhna ag an am, tamaillín i ndiaidh dó Baile Átha Cliath a bhaint amach ('Nichevo'). Bhíodh sé ag múineadh Gaeilge i Scoil na mBuachaillí Másúnacha i gCluain Scean, chomh maith, ón mbliain 1928 (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 20). De réir na litreach leis a foilsíodh in *Scéala Éireann* ar 26 Meitheamh 1944, bhíodh Seán Óg ag múineadh i scoil éigin eile, freisin, um an dtaca seo: 'I subsequently resigned lucrative teaching posts in three Dublin schools so that I might

⁶ B'iad príomhthearmaí na tréadlitreach seo: (1) nach raibh sé de cheart ag na Poblachtaigh cogadh a chur ar fhórsaí an Rialtais; (2) go gcoinnealbháfaí duine ar bith a leanfadh de chogadh a chur ar an Rialtas (Hopkinson 182).

return to the Peninsula and give my whole time to this work.’ Dar le Seán Ó Lúing, bhíodh Seán Óg ag múineadh go dtí leathuair tar éis a haon i gColáiste San Aindrias agus ó leathuair tar éis a ceathair go dtí a sé a chlog i Scoil na mBuachaillí Másúnacha, ar scoil chónaithe í (*Seán an Chóta* 21). Is é is dóichí, mar sin, go mbíodh sé ag obair sa tríú scoil am éigin idir leathuair tar éis a haon agus leathuair tar éis a ceathair.

Maidir lena mhodhanna múinte, chuireadh Seán Óg béim ar chumas comhráite seachas ar chumas sna scrúduithe agus d’fhoghlaimíodh na daltaí go nádúrtha faoin ngramadach trí mheán an chomhrá. Dealraíonn sé go raibh rath éigin air sa mhéid seo mar de réir iarscoláire dá chuidsean, ‘Sairséal’, bhíodh ‘an chainnt againne’ tar éis tamaillín i rang Sheáin Óig toisc go mbíodh ‘an Ghaedhling i gcomhnuidhe á labhairt aige’. Cuireann Sairséal in iúl, freisin, go n-éiríodh thar cionn leis na daltaí a raibh suim acu sa Ghaeilge sna scrúduithe stáit. Tugann sé le fios, ámh, nach raibh ‘fonn foghlumtha’ ar ‘bharraidheacht’ na ndaltaí agus nach n-éiríodh go rómhaith leis an gcuid ba mhó acu sna scrúduithe (Sairséal). Ina dhiaidh sin agus uile, deirtear go raibh cion thar cuimse ag a chuid daltaí ar Sheán Óg agus is minic a thugadh scoláirí agus iarscoláirí dá chuidsean cuairt air i gCorca Dhuibhne i rith na laethanta saoire (Burns 108).

Bhain duine de na daltaí ar mhúin Seán Óg i rith na tréimhse seo é, Dáithí Ó hUaithne (1915-1981), clú agus cáil amach dó féin i Léann na Gaeilge níos déanaí ina shaol. Chaith Ó hUaithne tréimhsí ina Ollamh le Gaeilge i gColáiste na Tríonóide, ina Ollamh de chuid Scoil an Léinn Cheiltigh in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath agus ina Uachtarán ar Acadamh Ríoga na hÉireann (Mac Aonghusa agus de Bhaldráithe, ‘Dáithí Ó hUaithne’). De réir Bhreandáin Uí Bhuachalla, ‘b’ é príomhscoláire Gaeilge a linne [...] [agus tá sé] ar cheann de mhórscoláirí na haoise seo, duine den bhfíorbheagán acu a raibh cáil idirnáisiúnta dáiríre air’ (‘Lugh Ildánach’ 107). Casadh Ó hUaithne agus Seán Óg ar a chéile don chéad uair i gColáiste San Aindrias thart ar an mbliain 1928, Ó hUaithne ina dhalta scoile agus Seán Óg ina mhúinteoir Gaeilge (Ó Beoláin 40). I dteannta Ó hUaithne a spreagadh chun suim a chur sa Ghaeilge is cosúil go raibh Seán Óg mar ‘athair altrama’ air (De Bhaldráithe, ‘Dáithí’ 84).⁷ Deir Proinsias Mac Cana, freisin, gur:

⁷ Bhí Ó hUaithne ina dhilleachta ó bhí sé an-óg (De Bhaldráithe, ‘Dáithí’ 84).

mhúnlaigh [Seán Óg] cuid mhaith an dearcadh a bhí [ag Dáithí Ó hUaithne] ar mhórán gné den tsaol chomh maith leis na dílseachtaí úd a bhí ina gcuid bhunaidh dá phearsantacht ariamh ina dhiaidh. (11)

Ní haon iontas, mar sin, é go ndeireadh Ó hUaithne féin go raibh Seán Óg ar dhuine den ‘bheirt is mó a chuaigh i gcionn ar a chuid oideachais’ (Mac Cana 10). B’ é Carl Marstrander, an teangeolaí cáiliúil ón Iorua, an duine eile. Is comhartha den mheas agus den chion a bhí ag Ó hUaithne ar Sheán Óg go raibh pictiúr de Sheán Óg ar crochadh ina oifig ag Ó hUaithne go dtí lá a bháis (Ó Buachalla, ‘Lugh Ildanach’ 102).

D’ éirigh Seán Óg as na trí phost múinteoireachta a bhí aige i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1937. Chuaigh sé chun cónaithe i nDún Chaoin, ansin, áit ar thug sé faoina shaothar mór foclóireachta, *Croidhe Cainnte Ciarraighe*, a thiomsú go lánaimseartha (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 26).

1.9. Marie-Louise Sjoestadt

Chaith an scoláire Marie-Louise Sjoestadt, nó Máire Fhrancach mar ab fhearr aithne uirthi, tréimhsí éagsúla ag déanamh taighde ar chanúint Chorca Dhuibhne i nDún Chaoin agus ar an mBlascaod Mór idir 1925 agus 1929. B’ é toradh na hoibre seo gur foilsíodh an saothar tábhachtach *Phonétique d’un parler irlandais de Kerry* sa bhliain 1931. Chuir sí tús le leabhar eile ina dhiaidh sin agus d’ fhill sí ar Dhún Chaoin ar feadh míosa nó mar sin i Meán Fómhair 1933 chun a chuid oibre a sheiceáil agus roinnt taighde breise a dhéanamh. Cuireadh saothar tábhachtach eile léi, *Description d’un parler irlandais de Kerry* i gcló i 1938 de thoradh na hoibre seo.

Bhíodh Seán Óg á tionlacan le linn do Mháire Fhrancach a bheith ag bailiú eolais don dá shaothar seo. I dteannta í a comhairliú faoin gceantar, chuireadh sé daoine in aithne di agus mhíníodh sé focail, fuaimeanna agus gnéithe eile den teanga di (bainte as Ó Lúing, *Seán an Chóta* 18). De réir thuairisc Sheáin Uí Lúing, thit Seán Óg i ngrá le Máire i rith an ama seo. Dar leis an Lúingach, bhí cion ag Máire dó, freisin, ach ní raibh an méid céanna geana aici air is a bhí ag Seán Óg uirthi (bainte as Ó Brosnacháin 34). Lean Seán Óg go Páras í, i ndiaidh do Mháire filleadh ar an bhFrainc, le fonn í a phósadh ach dhiúltaigh sí don cheiliúr pósta a chuir sé uirthi.

Deirtear go raibh sé chomh bristechroíoch nuair a dhiúltaigh sí dó gur chaith Seán Óg an fáinne isteach sa tSeín (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 19).

Cailleadh Máire ar chúinsí traigéideacha roinnt blianta ina dhiaidh sin. Tírghráthóir díograiseach ab ea í agus ghoill sé go mór uirthi nuair a chuir an Ghearmáin an Fhrainc faoina smacht i mí an Mheithimh 1940. Mar bharr ar an donas, bhíodh an galar dubhach uirthi, freisin, agus de réir dealraimh, thit sí in éadóchas amach is amach tar éis ionradh na nGearmánach. B'é deireadh an scéil gur chuir sí lámh ina bás féin ar 26 Nollaig 1940 (Ó Brosnacháin 36). Is cosúil nár chuala éinne in Éirinn scéala a báis go dtí 1943, an bhliain a fógraíodh sa tréimhseachán *Éigse* é (G. Murphy 306). Deir Seán Ó Lúing go raibh 'cion croí thar aon bhean eile ina shaol ag Seán ar Mháire Fhrancach' (*Seán an Chóta* 18-19). Ní foláir, mar sin, nó gur ghoill sé go mór ar Sheán Óg nuair a fuair sé scéala a báis thraigéidigh.

1.10. Fánaí

Lean Seán Óg den scríbhneoireacht i ndiaidh do na húdaráis é a scaoileadh saor ó Bhaile an Stáin a Dó agus foilsíodh aistriúchán a rinne sé ar *One Thousand and One Nights/Arabian Nights* faoin teideal *Briocht-Scéalta na hAráibe* sa bhliain 1926. Ina theannta sin, cuireadh aistriúchán a rinne sé ar 'Aesop's Fables' i gcló i dtrí chuid, *Fabhail-scéalta ó Aesop I, II agus III* an chéad bhliain eile, 1927. Níor foilsíodh ach saothar amháin le Seán Óg féin i rith na tréimhse seo go bhfios dúinn. Is é sin *Fánaí*, an t-úrscéal ar chuir Seán Óg tús leis le linn dó a bheith ina chónaí i Meiriceá (Mac Síthigh). Tá *Fánaí* suite in Dakota Thuaidh agus insítear scéal Sheáin Uí Lonargáin agus Pheig de Róiste ann. Tá feirm ag Peig agus ag a deartháir i ngar don bhaile beag Pembina agus is saothraí ar fheirm na Róisteach é Seán. Titeann Peig agus Seán i ngrá le chéile ach tá grá ag feirmeoir saibhir sa chomharsanacht, an Seansánach, do Pheig, chomh maith. Déanann cúláistín an tSeansánaigh, Pinn, ionsaí ar Sheán oíche a phósta atá chomh foréigneach sin go gceapann sé go bhfuil Seán maraithe aige. Maireann Seán ina ainneoin seo ach ní cuimhin leis cé hé féin ná céard a tharla dó. Déanann sé dearmad ar a bhean chéile, freisin, agus síleann Peig go bhfuil sé tar éis í a thréigean. Tá timpiste ag Seán cúpla bliain ina dhiaidh sin agus baineann an dochtúir a dhéanann an obráid air cnáimhín amach atá ag brú ar a inchinn. Tosáíonn na cuimhní ag filleadh chuige ansin agus, i dteannta díoltas a imirt ar Phinn agus ar an Seansánach, filleann sé ar Pheig.

Tá Seán Ó Lúing den tuairim gur ‘as a chuid eachtraíochta san Oileán Úr a scríobh [Seán Óg] *Fánaí* agus go bhfuil ‘dealramh air go bhfuil cumadóireacht ann timpeall ar imeachtaí a bhain do féin.’ (*Seán an Chóta* 15). Ar an lámh eile de, deir Alan Titley go bhfuil:

clostrácht tagtha i mo threo le fada an lá ó bhéaloideas léitheoirí na Gaeilge go bhfuil seans maith ann gur bhunaigh Seán Óg *Fánaí* ar úrscéal eachtraíochta éigin – ‘Western’ nó ‘Dime Novel’ éigin – a léigh sé nuair a bhí sé sna Stáit. (98)

Níltear in ann a rá cé acu den bheirt seo a bhfuil an ceart aige, seans maith go bhfuil cuid den fhírinne ag an mbeirt acu. Maidir leis an bpríomhcharachtar, Seán Ó Lonargáin, is léir go bhfuil sé bunaithe ar Sheán Óg féin. Ar an gcéad dul síos, tá cuid mhaith de na tréithe céanna acu, mar atá, láidreacht, cráifeacht, flaithiúlacht agus suim sa litríocht. Chomh maith leis sin, bhí an taithí chéanna oibre acu sna Stáit Aontaithe .i. chaith an bheirt acu tréimhsí ag obair i muileann cruach, i longlann agus ar rainse in Dakota Thuaidh (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 5x6x23 80; S. Óg Ó Caomhánaigh, *Fánaí* 25).

Chuir an Rialtas an comhlacht foilsitheoireachta, An Gúm, ar bun i Márta 1925 (Ó Dúshláine, ‘Scéal Úrscéil’ 112). Os rud é nach raibh mórán úrscéalta Gaeilge i gcló ag an am d’iarr feidhmeannaigh an Ghúim ar scríbhneoirí a gcuid lámhscríbhinní a chur chucu, rud a rinne Seán Óg (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 22). Bhíodh coiste scríbhneoirí ag tabhairt a mbreithiúnas ar fhiúntas na leabhar a chuirí chuig an nGúm ag an am sin agus mhol triúr coisteoir, Piaras Béaslaí, Seóirse Mac Niocaill agus Colm Ó Murchadha, *Fánaí* a fhoilsiú (Béaslaí; Ó Dúshláine, ‘Scéal Úrscéil’ 114). Cuireadh i gcló ansin i ndeireadh 1927 é (Ó Dúshláine, ‘Scéal Úrscéil’ 115). Ní raibh sé i gcló ar feadh i bhfad sular tógadh raic ina thaobh. De réir rialacháin an Ghúim san am seo, ba chóir do gach leabhar a d’fhoilsigh an comhlacht sin a bheith oiriúnach mar théacsleabhar meánscoile (Béaslaí). Rinne léirmheastóir an *Irish Independent* agus léirmheastóir an *Irish Times* araon gearán i mí Eanáir nach raibh an leabhar seo oiriúnach do dhaltaí meánscoile. Ina theannta sin, scríobh an tAthair Risteard Pléimeann, a bhí ina bhall de choiste na scríbhneoirí, chuig an Roinn Oideachais ar 16 Eanáir 1928 ag gearán faoin leabhar (Ó Dúshláine ‘Scéal Úrscéil’ 115). Dar leis, ba pheaca roinnt sleachta in *Fánaí* a thabhairt do dhaltaí meánscoile.

Dúirt sé nach raibh sé i láthair nuair a rinneadh an cinneadh *Fánaí* a fhoilsiú agus d'iarr sé ar an Aire glacadh lena thairscint éirí as an gcoiste. Fuair an Roinn litir ón *Catholic Truth Society of Ireland* ceithre lá ina dhiaidh sin ag iarraidh ar an Aire an leabhar a bhaint de chlár na scoileanna. Bhí dhá thuirisc ag tacú leis an iarratas seo, ceann ón Athair Risteard Pléimeann a bhí mórán mar an gcéanna leis an litir a sheol sé chuig an Roinn ar 16 Eanáir agus ceann ón Athair Mícheál Ó Murchadha, scrúdaitheoir deoiseach ard-dheoise Bhaile Átha Cliath, ina ndúirt sé go raibh roinnt sleachta in *Fánaí* a chuirfeadh daltaí meánscoile ar seachrán:

There are [...] grave objections to the book, it contains passages which describe strange morbid sentiment – a copying of French sex-psychology literature and as such [is] unsuitable [...] to be a text in the hands of Irish school boys and girls during the formation period of their character.

These sentimental passages will be slowly construed with the rest, imagination will be fired, and ideals proposed in other departments of Irish school life will be of necessity lessened. (bainte as Ó Dúshláine, 'Scéal Úrscéil' 116)

Ní nach ionadh, cuireadh toirmeasc ar an leabhar tar éis an méid sin. Is cosúil nár rith sé le héinne sa Ghúm dul i dteagmháil leis an údar agus an cinneadh sin a chur in iúl dó. Dar le Seán Óg féin, ní bhfuair sé amach go ndearnadh *Fánaí* a aisghairm go dtí go ndearna sé iarracht cóip de a cheannach 'de chionn ráflaí a bhí cloiste agam ar fuaid na cathrach go raibh 'Fánaí' sochta' (bainte as Ó Dúshláine, 'Scéal Úrscéal' 118). Faoi mar a mbeifí ag súil leis, chuir sé seo as go mór dó agus scríobh sé litir chuig an Roinn Oideachais ar 4 Feabhra 1928 ag gearán faoin toirmeasc a cuireadh ar an leabhar agus ag iarraidh orthu an fáth a ndearnadh an gníomh sin a mhíniú dó. Chomh maith leis sin, d'fhiafraigh sé díobh céard a bhí ar intinn acu a dhéanamh mar bhí inní air go ndéanfaí 'díobháil' dó ina shlí bheatha dá leanfaí 'den gcainnt agus táinseamh atá ar siubhall do dheascaibh an ghnímh seo i dtaobh an leabhair' (bainte as Ó Dúshláine, 'Scéal Úrscéil' 118). I ndeireadh na scríbe, chuir feidhmeannaigh an Ghúim tuairimí an Athar Uí Murchadha chuig Seán Óg agus d'iarr siad air a thuairimí féin fúthu a chur ar ais chucu.

Chuir an tAthair Ó Murchadha marc dearg le sliocht ar bith in *Fánaí* a raibh sé ag teastáil uaidh go mbainfí an sliocht sin den leabhar. Ina theannta sin, chuir sé marc

dubh le hábhar ar bith a raibh sé in amhras faoi. Ní raibh Seán Óg sásta glacadh leis na hathruithe ar fad a moladh dó agus thug ‘rialthóir Oifig an tSóláthair’, an bheirt acu, Seán Óg agus an tAthair Ó Murchadha, le chéile ar 12 Bealtaine 1928 chun plé a dhéanamh ar an gcás (Ó Dúshláine, ‘Scéal Úrscéil’ 121). I dtaca leis an dá shliocht is fiche a raibh marc dearg in aice leo, tháinig siad chun réitigh go mbainfí ocht gcinn déag acu amach as an leabhar, go n-athscríobhfaí ceann amháin acu agus go bhfágfaí trí cinn de na sleachta gan athrú ar bith a dhéanamh orthu. Ní dhearnadh athrú ar bith ar na seacht sliocht a raibh marc dubh curtha leo (Ó Dúshláine, ‘Scéal Úrscéil’ 125).

Is éard atá sna sleachta thuasluaite ná cur síos ar ‘ócáidí agus comhráite grá’ idir an dá phríomhcharachtar, Seán Ó Lonargáin agus Peig de Róiste, don chuid is mó maille le cur síos ar iarracht a dhéanann carachtar eile, an Seansánach, Peig a éigniú. Dar le Seán Ó Lúing, ‘ní raghadh ag cuardach oile [iontu] ach piúritánach.’ (*Seán an Chóta* 23). Tá Alan Titley ar aon intinn leis an Lúingach agus deir sé go mbeadh sé ‘deacair a áiteamh go ndéanfadh an t-eagrán [...] neamhchoillte [...] aon dochar d’anamacha leochaileacha.’ (103). Maíonn Titley, ámh, nach ‘*cause célèbre* d’aon tábhacht é’ go ndearnadh *Fánaí* a aisghairm go gairid i ndiaidh a fhoilsithe ‘de chionn a ghraostacht [...] [mar] b’shin mar a bhí san am maidir le moráltacht chnis is chraicinn.’ (103).

Foilsíodh an t-eagrán ‘glanta’ de *Fánaí* sa bhliain 1928. Is é Deireadh Fómhair 1927 an dáta priontála a thugtar sa chéad eagrán de *Fánaí* agus san eagrán seo araon. Dar le Seán Ó Lúing, is é an rud ba chúis leis sin go ndearnadh athchló ar na leathanaigh a raibh na sleachta conspóideacha iontu amháin nuair a rinne an Gúm *Fánaí* a aisghairm (*Seán an Chóta* 23). Cibé acu gurbh é an feachtas in aghaidh *Fánaí* ba chúis leis nó nárbh é níor díoladh ach 667 cóip den 5,000 cóip a foilsíodh idir 1928 agus mí na Bealtaine 1934 (Ó Dúshláine, ‘Scéal Úrscéil’ 127). D’athfhoilsigh an comhlacht foilsitheoireachta, An Sagart, an chéad eagrán de *Fánaí* in athuair sa bhliain 1989 faoi eagarthóireacht an Dr. Thaidhg Uí Dhúshláine agus bhí sé ar an gcúrsa Gaeilge i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad/Ollscoil na hÉireann, Má Nuad ar feadh na mblianta ina dhiaidh sin (Ó Brosnacháin 38).

1.11. Croidhe Cainnte Ciarraighe

Is éard atá in *Croidhe Cainnte Ciarraighe* ná foclóir ollmhór Gaeilge-Gaeilge a bhfuil mínú ar 60,000 focal ann agus a bhfuil thart ar 2,200,000 focal ar fad ann. Tá

an saothar seo chomh fada sin mar chomh maith le míniúchán ar gach focal a bheith ann tá an-chuid samplaí ón gcaint a chuireann ceartúsáid na bhfocal in iúl don léitheoir ann, freisin (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 25). Deirtear gurb iad Seoirse Mac Niocaill, Príomhchigire Ginearálta na Roinne Oideachais, agus Micheál Breathnach, feidhmeannach mór sa Roinn sin, a raibh seanaithne ag an mbeirt acu ar Sheán Óg agus meas mór acu ar a chumas Gaeilge, a chuir ar intinn dó an saothar seo a thiomsú. Ceaptar, freisin, gur chuir an bheirt seo ina luí air an scéal a phlé leis an Roinn Oideachais toisc gurbh fhéidir go mbeadh suim acu ann (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 25-26).

Is cosúil gur chuir Seán Óg sampla dá chuid oibre chuig feidhmeannaigh na Roinne Oideachais i ndeireadh 1934 nó ag tús 1935. Fuarthas roinnt lochtanna ar mhodhanna Sheáin Óig ach measadh go mbeadh luach sa saothar agus moladh gur chóir dó leanúint ar aghaidh leis (Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 79). Thosaigh sé ag scríobh *Croidhe Cainnte Ciarraighe* ina cheart ansin ar 17 Bealtaine 1935 (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 24). De réir théarmaí an chonartha a síníodh idir Seán Óg agus an tAire Oideachais ar 20 Bealtaine 1936, gheobhadh Seán Óg dhá phunt an míle focal (Ó Brosnacháin 41). Bhí sé de dhualgas air a chuid oibre a chur chuig an Roinn Oideachais go rialta agus níor mhór don chuid dheireanach a bheith curtha chun siúil aige faoi 31 Nollaig 1937 (Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 80).

Bhíodh Seán Óg ag déanamh formhór na hoibre sna tráthnónta i ndiaidh dó filleadh abhaile ó Scoil na mBuachaillí Másúnacha ar dtús agus ní thugadh sé ach fochuairt ar Chorca Dhuibhne. D’aithin sé tar éis tamaill nach ndéanadh sé mórán dul chun cinn dá leanfadh sé den mhúinteoireacht agus thug sé cuairt ar an Roinn Oideachais ar 27 Aibreán 1937 chun plé a dhéanamh ar an gcúrsa le Leas-Rúnaí na Roinne. Thug sé le fios don Leas-Rúnaí go raibh fonn air éirí as a phoist mhúinteoireachta, cur faoi sa Ghaeltacht agus tabhairt faoin saothar foclóireachta a thiomsú go lánaimseartha (bainte as Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 81). Dúirt sé nach bhféadfadh sé é sin a dhéanamh ach amháin sa chás go n-íocfadh an Roinn é go míósúil as gach cuid den fhoclóir a chuirfeadh sé chucu. Ghlac an Roinn leis an moladh seo agus chinn siad ar thrí cheathrú den tuarastal iomlán (dhá phunt an míle focal) a íoc leis as gach mír a chuirfeadh sé chucu. Rinne siad cinneadh cloí leis an socrú seo ar feadh sé mhí agus go bhféadfaí an tréimhse a fhadú dá mba ghá (bainte as Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 82). D’éirigh Seán Óg as an múinteoireacht ansin

ag deireadh na bliana acadúla agus chuir sé faoi i nDún Chaoin (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 26).

Bhí a mhodhanna féin ag Seán Óg le focail agus samplaí a bhailiú. Is minic, mar shampla, a bhailíodh sé ó dhaoine i dtithe tábhairne agus ar mhargaí iad. Chomh maith leis sin, thugadh sé beirt nó triúr a raibh sárGhaeilge acu le chéile uaireanta. Deireadh sé le duine acu a bhí ag míniú focail, ansin, go bhfuair sé míniú eile ar an bhfocal céanna ó dhuine eile a bhí chomh líofa leis (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 26). Chuireadh sin ag caint iad agus chloiseadh sé ‘sruth Gaeilge astu’ ansin (bainte as Ó Brosnacháin 40). Uair amháin eile rinne sé féin agus a chara Séamas Beag Ó Lúing cinneadh dul ar saoire ar feadh tamaill agus chaith siad trí nó ceithre seachtaine ag taisteal ar chairt lastoir den Daingean. D’fhaighidís lóistín agus bia ‘ar mhodh na bhfear siúil’ agus deirtear go raibh Seán Óg ag bailiú focal agus samplaí don fhoclóir an t-am ar fad (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 27). Is é is dóichí gur thaitin an obair pháirce seo go mór le Seán Óg mar bhaineadh sé an-taitneamh as a bheith ag caint le Gaeilgeoirí maithe (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 35).

Níl aon amhras ach gur oibrigh Seán Óg go crua ar an saothar seo. Chaith H. P. Dockrell dhá mhí ina chónaí leis le linn dó a bheith ag obair ar *Croidhe Cainnte Ciarraige* agus bhí sé den tuairim gur ‘oibrigh sé go rí-dhian ar an bhfoclóir sin’ i rith na tréimhse sin. Caithfear a admháil, áfach, gur mhaith le Seán Óg ‘achair scléipe’ a bheith aige in amanna ‘mar mhalairt ar obair.’ (bainte as Ó Lúing, *Seán an Chóta* 26-27). Chaith sé go leor ‘oícheanta aeracha áirneála’, mar shampla, lena chairde, Séamas Beag Ó Lúing, ‘An Cornal’ agus Joe Mooney ina theach féin i rith an ama seo (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 27). Ina theannta sin, thugadh sé cuairt ar Bhaile Átha Cliath i ndiaidh dó íocaíocht a fháil as mír den fhoclóir a sholáthar de ghnáth agus is minic a d’fhaightí sa *Palace Bar* é na tráthanna sin, áit a mbíodh lucht liteartha agus iriseoirí ag ól. Théadh sé go dtí an bhFrainc ar thrálaeir Fhrancacha ó am go chéile, freisin (Béaslaí).

Lean Seán Óg den obair ar an gcaoi seo go dtí Meitheamh 1938. Scríobh Rúnaí na Roinne Oideachais, Seosamh Ó Néill, chuige ansin ar 27 Meitheamh na bliana sin ag insint dó go raibh cuid mhaith focal agus téarmaí nár bhain le Ciarraí amháin sa saothar agus go raibh sé ‘socair ag an Roinn gan ach focail agus leaganacha cainnte atá in úsáid i gCiarraige amháin d’fhoilsiú san leabhar’ (bainte as Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 83). Ordaíodh dó, mar sin, gan ach focail agus nathanna cainte a bhain le Ciarraí amháin a chur chucu as sin amach. Níorbh fhéidir

leis an Roinn an t-athrú seo a chur i gcrích gan comhaontú nua a dhéanamh le Seán Óg agus dhiúltaigh Seán Óg glan Conradh nua a shíniú (Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 81-83). Bhuail Seán Óg le Seosamh Ó Néill ar 4 Iúil 1938 chun an cheist a phlé agus chuir sé in iúl dó go raibh sé dodhéanta an saothar a theorannú d’ábhar a bhain le Ciarraí amháin toisc nach raibh a dhóthain eolais aige ar na canúintí eile (bainte as Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 83-84). Chomh maith leis sin, thug Seán Óg le fios i litreacha a scríobh sé chuig Seosamh Ó Néill agus chuig an Aire Oideachais ar 20 Meán Fómhair 1938 gurbh í an tuiscint a bhí aige ar an gcéad chomhaontú go raibh sé de dhualgas air, oiread agus ab fhéidir, na focail ar fad a d’úsáidte i nGaeilge Chiarraí a bhailiú agus a mhíniú. Chuir sé i gcuimhne dóibh, freisin, go raibh an Roinn lánásta lena chuid oibre go dtí le déanaí (bainte as Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 85).

Cuireadh litir chuig Seán Óg ansin ar 18 Samhain 1938 ag insint dó gan aon chuid eile den saothar a chur chuig an Roinn. Chuir Seán Óg an scéal i gcomhairle a dhlíodóra, David Hughes Charles, a bhí ina shaineolaí ar chúrsaí cóipchirt agus chuir Charles litir chuig an Roinn ar son Sheáin Óig ar 2 Eanáir 1939. D’iarr sé orthu an fáth a raibh siad ag iarraidh an Conradh a athrú a mhíniú dó agus d’fhiafraigh sé díobh arbh fhógra chun críochnaithe litir 18 Samhain 1938 (bainte as Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 86-87). Dúradh sa litir a scríobhadh i bhfreagra ar Charles go raibh feidhmeannaigh na Roinne ag iarraidh an Conradh a athrú toisc go raibh an saothar i bhfad níos mó ná mar a bhí coinne acu leis. Cuireadh in iúl, freisin, nárbh fhógra chun críochnaithe litir 18 Samhain, ach go raibh fonn ar an Aire go ndéanfaí deireadh a chur leis an obair. Ina theannta sin, meabhraíodh do Charles gur aontaíodh go mbeadh deireadh curtha ag Seán Óg leis an obair faoi 31 Nollaig 1937 (bainte as Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 88). Socraíodh cruinniú idir an dá thaobh ansin agus bhuail Seán Óg agus Charles le Proinnsias Ó Dubhthaigh, Leas-Rúnaí na Roinne, agus Seán MacLellan, Oifigeach Foilseachán na Roinne, ar 2 Márta 1939. D’aontaigh siad go socrófaí Conradh nua agus go dtabharfaí le scrúdú do Charles é. Níor ghlac seisean leis an gcéad dréacht den chomhaontú seo ach tháinig siad chun réitigh sa deireadh agus shínigh Seán Óg an Conradh nua ar 4 Deireadh Fómhair 1939 (Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 89).

Ní féidir a shéanadh ach go raibh forálacha an chonartha seo an-fhábhrach do Sheáin Óg. I dtús báire, tugadh síneadh ama sách mór dó leis an obair a chríochnú. Ní raibh sé de dhualgas air an mhír dheireanach den fhoclóir a chur chun siúil go dtí 31

Márta 1942 (Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 90). Chomh maith leis sin, tugadh le fios gurbh é an rud a bhí le soláthar chuig an Roinn ag Seán Óg ná:

liosta de fhoclaibh agus de abairtibh insan teangain Ghaedhilge atá in úsáid i nGaedhealtacht Chiarraighe mar aon le míniúcháin agus samplaí insan teangain Ghaedhilge de na foclaibh agus de na habairtibh sin. (bainte as Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 89)

Is é sin, glacadh leis an tuiscint a bhí ag Seán Óg ar an gcéad chomhaontú. Cuireadh in iúl, freisin, nár mhór eagar a bheith curtha ar an bhfoclóir taobh istigh de dhá mhí dhéag ón lá a gheobhadh an Roinn Oideachais an mhír dheireanach. Anuas air sin, dearbhaíodh go rachadh an cóipcheart i seilbh an údair mura ndéanfaidh an tAire cinneadh an saothar nó cuid de a fhoilsiú taobh isitigh de dhá mhí dhéag ón lá a chuirfeadh an t-eagarthóir deireadh lena chuid oibre (bainte as Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 91-92). De réir na litreach a chuir Seosamh Ó Néill chuig oifig an Taoisigh ar 2 Iúil 1943, bhí an conradh chomh fábhraich sin do Sheán Óg toisc go raibh imní ar an Ard-Atur nae go bhféadfadh Seán Óg an dlí a chur ar an Aire dá mbrisfeadh sé conradh 1936 agus go raibh baol ann go n-ordófaí don Roinn cúiteamh mór a íoc le Seán Óg sa chás sin (bainte as Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 103).

Scríobh Seán Óg chuig an Roinn Oideachais ansin i mí Dheireadh Fómhair 1941 ag iarraidh orthu am breise a thabhairt dó leis an obair a chríochnú. Chuir sé in iúl dóibh go raibh dhá chúis leis an moill a bhí air. I dtús báire bhí sé breoite ag tús na bliana. Ina theannta sin, ní raibh go leor pairifín aige chun solas a lasadh tar éis luí na gréine de bharr an ghanntanais phairifín a bhí sa tír ag an am. D’fhág sé sin nach mbíodh sé in ann ach sé huair a chaitheamh ag obair ar an bhfoclóir gach lá agus, dar leis, níor mhór dó os cionn dhá uair déag scríbhneoireachta a dhéanamh in aghaidh an lae ‘d’fhonn is mo cheann den mhargadh do cóimhlíonadh’. Bhí sé den tuairim go raibh ‘mí oibre cailte’ aige cheana féin agus ní raibh aon amhras air ach go dteipfeadh air an saothar a chríochnú faoin spriocdháta ‘toisc giorracht na laethanta anois agus as so go deireadh Márta, 1942.’ (bainte as Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 98-99). Chuaigh an Roinn Oideachais i dteagmháil leis an Roinn Airgeadais i dtaca leis an síneadh ama agus chuir siad nóta admhála ar ais chuig Seán Óg. Bhí Seán Óg díocasach go socrófaí an cás sula i bhfad agus chuaigh sé i gcomhairle lena dhlíodóir David Charles sular tháinig freagra ón Roinn Airgeadais. Chuir Charles litir

chuíg an Roinn Oideachais ag iarraidh orthu síneadh ama sé mhí a thabhairt do Sheán Óg faoi Chlásal 4, 2B den Chonradh ar 31 Deireadh Fómhair 1941 (bainte as Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 99). Ní raibh an Roinn Oideachais sásta an oiread sin ama breise a thabhairt do Sheán Óg agus níor lorg siad ach ceithre mhí breise ón Aire Airgeadais. D’aontaigh an tAire Airgeadais leis sin agus cuireadh an síneadh ama in iúl do Sheán Óg i litir a cuireadh chuig David Charles ar 16 Eanáir 1942 (bainte as Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 100).

Chuaigh Seán Óg i dteagmháil le Seán MacLellan arís ar 30 Meitheamh 1942 agus thug sé le fios dó nach mbeadh an saothar críochnaithe aige faoi dheireadh mhí Iúil ach oiread. Dúirt sé go raibh sé cinnte go bhféadfadh sé é a chur i gcrích dá bhfaigheadh sé síneadh ama go dtí an Nollaig (bainte as Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 101). Bhí an Roinn an-mhíshásta leis seo agus bhí siad in amhras go mbeadh Seán Óg ábalta an foclóir a chur i gcrích faoi mhí na Nollag. Ina ainneoin sin, ceadaíodh an síneadh ama mar thuig feidhmeannaigh na Roinne nach mbeadh ach saothar gan chríochnú acu mura gceadófaí é (bainte as Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 103). Chuir Seán Óg críoch le *Croidhe Cainnte Ciarraige* sa deireadh ar 30 Nollaig 1942 (Ó Brosnacháin 44). Is léir ón sampla deireanach faoin bhfocal deireanach ‘Útamálaighe’ go raibh Seán Óg an-bhródúil as an éacht a bhí déanta aige: ‘Cé déarfadh gur útamálaidhe mé agus an méid seo do chur as tóin a chéile?’ (bainte as Ó Brosnacháin 44). Bhí gach ceart aige bród a bheith air mar éacht ollmhór ab ea í foclóir a bhí 2,200,000 focal ar fad a thiomsú gan chabhair ó dhuine ar bith eile taobh istigh d’ocht mbliana. Is suntasaí go fóill é seo nuair a chuirtear san áireamh nár chaith sé ach cúig bliana go leith ag obair go lánaimseartha air.

Ceapadh Fiachra Éilgeach (Risteárd Ó Foghludha) ina eagarthóir ar an saothar ansin go gairid i ndiaidh don Roinn Oideachais an mhír dheireanach den fhoclóir a fháil. Bhí sé de dhualgas air deimhin a dhéanamh de gur chloígh Seán Óg le coinníollacha an chonartha agus cibé ceartúcháin a bhí le déanamh a dhéanamh (Ó Brosnacháin 45). Mar is eol dúinn, níor mhór eagar a bheith curtha ar an saothar taobh istigh de dhá mhí dhéag ón lá a gheobhadh an Roinn Oideachais an mhír dheireanach den fhoclóir de réir chonradh 1939 (Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 92). Ní nach ionadh, ní dhearna Ó Foghludha aon mhoill léi agus chuir sé deireadh lena chuid eagarthóireachta ar 11 Bealtaine 1943 (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 25). Tasc mór ab ea é seo agus is léir go raibh an-áthas air nuair a chríochnaigh sé an obair sin mar scríobh sé an méid seo a leanas ag deireadh an imleabhair dheireanaigh:

Críoch don eagar fá m' láimh-se 11.V.1943; 9.20 p.m.

A bhuidhe le Dia – amen.

Risteárd Ó Foghludha

Scríobh sé an rann filíochta seo ina dhiaidh sin, freisin:

A chlanna Gaoidheal sin crích ar mo ghnó

Gan smúid gan fuigheall ó bhuinn go bailteas;

D'eagruigheas gach nidh bhí romham

Go fiú gach poinnc is síneadh fada! (bainte as Ó Brosnacháin 45)

Dar le Piaras Béaslaí, dúirt Fiachra Éilgeach gurbh é an rud a bhí sa saothar seo ná 'a most important contribution to Irish lexicography, and a mine of information to students.' Is ábhar suntais í an chaint sin mar théadh Ó Foghludha an-dian ar obair a chomhscoláirí (Béaslaí).

De réir Mhichíl Bhreathnaigh, Rúnaí na Roinne Oideachais ag an am, phléigh feidhmeannaigh na Roinne an cheist ansin agus rinne siad cinneadh gan *Croidhe Cainnte Ciarraighe* a fhoilsiú de bharr costais agus deacrachtaí foilsitheoireachta (bainte as Ó Lúing, *Seán an Chóta* 30). Chuaigh cóipcheart na lámhscríbhinne i seilbh Sheáin Óig ansin faoi chlásal a trí déag den chonradh (bainte as Ní Mhaonaigh, 'Croidhe Cainnte' 91). Theastaigh ó fheidhmeannaigh na Roinne Oideachais go mbeadh an cóipcheart i seilbh na Roinne, ámh. Bhí dhá chúis leis seo. Ar an gcéad dul síos, dar le Micheál Breathnach, bhí fonn orthu é a fhoilsiú am éigin sa todhchaí nuair a laghdódh costais foilsitheoireachta (bainte as Ó Lúing, *Seán an Chóta* 30). Chomh maith leis sin, bhí an tAire Oideachais den tuairim go mbeadh *Croidhe Cainnte Ciarraighe* an-úsáideach nuair a bheadh foclóir Gaeilge-Gaeilge á ullmhú ag an Roinn (bainte as Ní Mhaonaigh, 'Croidhe Cainnte' 105). Ina ainneoin sin, is cosúil go raibh sé ar intinn ag feidhmeannaigh na Roinne an cháipéis a chur ar ais chuig Seán Óg agus fanacht ar feadh bliana sula ndéanfaidís margadh leis. Is é is dóichí gur cheap siad go bhféadfaidís margadh níos fearr a fháil sa bhealach sin (Ní Mhaonaigh, 'Croidhe Cainnte' 103-104). Tháinig siad ar athchomhairle faoin lámhscríbhinn a thabhairt ar ais do Sheán Óg ina dhiaidh sin mar d'aithin siad go raibh 'conntabhairt

mhór’ ann ‘go mb’fhéidir go gcaillfí nó go scriosfaí í, ó tharla gur beag seans do bheadh ag an ughdar féin í chur d’á foillsiú.’ (bainte as Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 105).

Cé gur tugadh le fios d’fheidhmeannaigh na Roinne gurbh fhéidir £200 a ofráil do Sheán Óg as an gcóipcheart, níor thairg Proinnsias Ó Dubhthaigh ach £100 dó ar na cearta (bainte as Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 106). Dúirt David Charles sa litir a scríobh sé i bhfreagra ar Phroinnsias Ó Dubhthaigh ar 13 Márta 1945 nach raibh Seán Óg sásta glacadh leis an tairiscint sin ach go nglacfadh sé le £500 (bainte as Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 106). Aontaíodh sa deireadh, tar éis roinnt cuir is cúitimh, go n-íocfadh an Roinn £300 le Seán Óg ar ‘gach cóipcheart i gCCC’ agus shínigh Seán Óg agus an tAire Oideachais comhaontú ar 25 Iúil 1945 (bainte as Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 108). Ní bhfuair Seán Óg ach £156:19:8 den tsuim seo mar íocadh £143:0:4 leis an Ard-Chúntasóir Ioncaim le húdarás Sheáin Óig ‘chun éilimh lucht an Chánach Ioncaim air do shásamh.’ (bainte as Ní Mhaonaigh, ‘Croidhe Cainnte’ 109).

Cuireadh *Croidhe Cainnte Ciarraighe* i gcoimeád sa Leabharlann Náisiúnta ansin mar a bhfuil sé ar fáil go fóill faoin uimhir thagartha Ls G 601-29. Cé nár foilsíodh *Croidhe Cainnte Ciarraighe* riamh is saothar tábhachtach é a d’imir tionchar ar dhá cheann de na trí fhoclóir Gaeilge is mó a foilsíodh san fhichiú haois. Is éard atá i gceist leis sin gur bhain na foirne foclóireachta a thiomsaigh *Foclóir Béarla-Gaeilge* de Bhaldráithe agus *Foclóir Gaeilge-Béarla* Uí Dhónaill ‘an-tairbhe’ as agus iad i mbun oibre ar an dá shaothar sin (Ó Dónaill, Admhálacha; bainte as Ó Lúing, ‘Seán Óg’ 82). Rinne Tracey Ní Mhaonaigh athscríbhinn ar an saothar seo mar chuid dá tráchtas dochtúireachta, ‘*Croidhe Cainnte Chiarraighe*’ – *Seán Óg Ó Caomhánaigh a thiomsaigh agus Tracey Ní Mhaonaigh a chuir in eagar*, a cuireadh faoi bhráid Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, sa bhliain 2008. Tá sé i gceist ag an nGúm athscríbhinn Ní Mhaonaigh a chur amach go leictreonach anois agus meastar go mbeidh an phrofáil curtha i gcrích faoi shamhradh 2011 (Ní Mhaonaigh, ‘Re: Croidhe’).

1.12. Na Blianta Deiridh

Is cosúil go raibh Seán Óg dífhostaithe ar feadh ocht mí dhéag tar éis dó críoch a chur leis an saothar foclóireachta *Croidhe Cainnte Ciarraighe* (S. Óg Ó

Caomhánaigh, Litir). Ina ainneoin seo, tá an chuma ar an scéal go ndearna sé pleananna dul ag taisteal timpeall na hÉireann i rith na tréimhse seo. Tugtar le fios san *Irish Times* ar 4 Aibreán 1944, mar shampla, go raibh sé ar intinn ag Seán Óg Baile Átha Cliath a fhágáil sula i bhfad agus leanúint de thiomsú a fhoclóra Gaeilge i nGaeltachtaí an iarthair agus an deiscirt. An t-aon bhac a bhí le sárú aige, de réir an iriseora, nach raibh an Roinn Soláthairtí sásta ceadúnas a thabairt dó chun ábhar clóca a cheannach. Dar leis, b'é barúil Sheáin Óig go mbíonn gnáthchótaí rómhíchompordach don té atá ag máirseáil agus nár mhór dó clóca a chaitheamh dá mbeadh sé chun achar fada a thaisteal (Quidnunc). Ina theannta sin, deirtear in 'Pas Sheáin an Chóta' a foilsíodh in *Iris Bliana na gCapuisíneach 1945-1946* gur thug 'an scoláire scoth-óráideach darab comhainn Seán Mac Murchadha Caomhánach, **alias** Seán Óg **alias** Seán an Chóta' cuairt ar an údar, Torna, an lá roimhe agus gur thug sé:

a mhóid ar chóid an Bhíobla go ndéanfadh, de chois nó d'each nó de chóir éigin iomchuir, mórchuid Éireann, ag bailiú eólais [...] agus le linn a thaistil dó go scríbhfeadh tuairisc ar iomlán a chuarda[.] (290)

Ní dheachaigh Seán Óg ar an turas seo riamh, áfach.

Fuair Seán Óg post sa deireadh i 1945 ag obair mar eagarthóir cunta sealadach ar fhoclóir Béarla-Gaeilge Thomáis de Bhaldraithe sa Roinn Oideachais i Sráid Hiúm (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 30-31). D'oibrigh Nóra Ní Shúilleabháin le Seán Óg i Sráid Hiúm agus bhí sí den tuairim go raibh sé an-lag i rith na tréimhse seo. Dar léi, théadh sé an-dian air an staighre a dhreapadh, fiú (bainte as Ó Lúing, *Seán an Chóta* 31). Bhí sláinte Sheáin Óig go dona le fada an lá faoin am seo. Chomh fada siar le 1937, dúirt 'Sairséal' nach raibh 'a chuid sláinte ar fheabhas'. Ní raibh aon tsúil ag a chairde lena bhás, ámh, agus bhain sé geit astu nuair a fuarthas marbh é ina theach lóistín, an *Green House*, 98 Faiche Stiabhna, ar maidin 16 Eanáir 1947 (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 31; 'Nichevo'). Cuireadh tórramh air sa *Green House* an oíche sin agus tugadh a chorp abhaile go Ciarraí ar an traein an mhaidin dar gcionn (Ó Lúing, *Seán an Chóta* 31). Cuireadh ansin in uaigh a shinsear i reilig Bhaile na hAbhann, Dún Chaoin, é ar 18 Eanáir 1947 (Ó Brosnacháin 52).

Caibidil 2: Dialann Sheáin a' Chóta mar Cháipéis Stairiúil

2.1. Réamhrá

Is éard atá sa chaibidil seo ná anailís ar dhialann Sheáin a' Chóta mar fhoinse stairiúil. Déantar sin trína cur i gcomparáid leis na saothair is mó atá i gcló ina bpléitear an saol sna hionaid imtheorannaithe i rith an Chogaidh Chathartha. Tá dhá rud i gceist leis sin. Ar an gcéad dul síos, na leabhair staire is mó ina ndéantar plé ar an saol in ionaid imtheorannaithe Shaorstát Éireann ag an am seo. Is iad sin: *Green Against Green* (Hopkinson); *Legion of the Rearguard* (Foley); *The Irish Republic* (Macardle); *The Secret Army* (Bowyer Bell). Ar an dara dul síos, na saothair dhírbheathaisnéiseacha is tábhachtaí ina bpléitear an t-imtheorannú i rith an Chogaidh Chathartha, mar atá, *Dublin Made Me* (Andrews), *The Gates Flew Open* (O'Donnell), *The Singing Flame* (Ernie O'Malley) agus 'As I was Among the Captives': *Joseph Campbell's Prison Diary 1922-1923* (Campbell).⁸

Déantar plé ar stair na n-ionad imtheorannaithe i rith an Chogaidh Chathartha ar dtús anseo thíos chun an staidéar seo a chur ina chomhthéacs. Scrúdaítear na tuairiscí a thugtar sna saothair éagsúla ar áiseanna na n-ionad imtheorannaithe ansin. Déantar staidéar ina dhiaidh sin ar na cuntais a thugtar ar na gardaí agus ar an drochíde a thugaidís do na bránna. Déantar plé, freisin, ar an méid a deirtear faoi na saghsanna daoine a d'imtheorannaítí agus faoin gcuidreamh a bhíodh acu le chéile. Ina theannta sin, déantar anailís ar an eolas atá sna saothair seo ar chreideamh na bpríosúnach agus ar a dtuairimí faoin Eaglais Chaitliceach. I ndeireadh thiar, déantar staidéar ar na cuntais a thugtar ar an eachtra is mó a thit amach sna hionaid imtheorannaithe, mar atá, an stailc ocrais a tosaíodh ar 13 Deireadh Fómhair 1923 agus a coimeádadh ar siúl in áiteanna áirithe go dtí 23 Samhain na bliana sin.

⁸ Níor foilsíodh ach fiche faoin gcéad (35,000 focal) de dhialann Sheosaimh Mhic Cathmhaoil in 'As I was among the captives'. Tá an lámhscríbhinn bhunaidh á caomhnú i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, faoin uimhir thagartha MSS 10173/1-2. Baintear leas as an lámhscríbhinn seo in áiteanna sa chaibidil seo agus sna caibidlí eile chun léargas a thabhairt ar an ábhar atá á phlé.

2.2. Na hIonaid Imtheorannaithe

Thosaigh an Cogadh Cathartha nuair a rinne Arm an Rialtais Shealadaigh ionsaí ar an ngarastún Poblachtach a bhí ar stáisiún sna Ceithre Cúirteanna i mBaile Átha Cliath go luath ar maidin 28 Meitheamh 1922 (Macardle 744). Gabhadh na chéad imtheorannaithe i ndiaidh ghéilleadh an gharastúin sin ar 30 Meitheamh (Bowyer Bell 50). Ní raibh fonn rómhór ar an Rialtas mórán fear a choimeád sa ghéibheann ar dtús agus rinne siad cinneadh ar 10 Iúil gan ach roinnt ceannairí a choimeád i bpríosún agus na gnáthshaighdiúirí a fhuascailt gan mhoill (Hopkinson 139). Tháinig siad ar mhalairt tuairime faoi na gnáthshaighdiúirí a fhuascailt sula i bhfad, áfach (Hopkinson 139). Tháinig leathnú ar na saghsanna daoine a bhí á ngabháil ag an arm tar éis tamaill freisin. I dteannta saighdiúirí Poblachtacha a imtheorannú, tosaíodh ar dhaoine a bhí ina mball d’eagraíochtaí Poblachtacha a chur i mbraighdeanas. Imtheorannaíodh neart daoine a raibh na húdaráis in amhras fúthu freisin (Bowyer Bell 56). Is é an toradh a bhí ar na nithe seo go rabhthas tar éis 5,000 duine a imtheorannú faoi Mheán Fómhair 1922 (Hopkinson 139). Rinne an Rialtas Sealadach ionaid imtheorannaithe de Phríosún Chill Mhaighneann agus de Champa Bhaile Mhic Gormáin ag an am seo ach bhí níos mó carcaracha de dhíth go práinneach orthu fós. Phléigh an Rialtas an cás le húdaráis na Breataine agus bhí sé ar intinn acu ar feadh tamaill na Séisíel nó St. Helena a thógáil ar iasacht ón mBreatain Mhór agus cibé áit acu a thógfaidís a úsáid mar ionad imtheorannaithe (Hopkinson 139). Rinne siad machnamh ar long phríosúin a úsáid ina dhiaidh sin freisin (Bowyer Bell 40). Cuireadh níos móampaí géibhinn ar bun agus tosaíodh ar úsáid a bhaint as breis príosún leis an bhfadhb seo a réiteach sa deireadh. B’ é deireadh an scéil go raibh dhá ionad imtheorannaithe is tríocha in úsáid in áiteanna éagsúla ar fud na tíre, ina measc, Baile Átha Luain, Durlas, Port Laoise, Sligeach agus Muinseo (*Composite Ledger of Prisoners* 1). Bhí 11,316 imtheorannaí, 250 bean ina measc, á gcoimeád sna hionaid imtheorannaithe sin faoi Iúil 1923 (*Composite Ledger of Prisoners* 1; Macardle 862).

Maidir le stádas na n-imtheorannaithe, thug toscaireacht ó Choiste Idirnáisiúnta Chumann na Croise Deirge cuairt ar na príomhchampaí géibhinn i samhradh 1923 chun cás na n-imtheorannaithe a fhiosrú. Thug an toscaireacht le fios sa tuairisc a scríobh sí i ndiaidh na cuairte sin go raibh an Rialtas ag diúltú stádas an ‘phríosúnaigh chogaidh’ a thabhairt d’imtheorannaí ar bith go hoifigiúil. Tuairiscíodh

sa tuairisc sin, áfach, go raibh na húdaráis ag caitheamh leis na himtheorannaithe mar phríosúnaigh chogaidh in ainneoin nach raibh an stádas sin acu go hoifigiúil (Curran 268; Mulcahy). Cé go raibh an méid sin fíor faoin am a thug an toscaireacht sin cuairt ar na hionaid imtheorannaithe ní raibh sé fíor i rith an Chogaidh Chathartha. An rud atá i gceist leis sin gur chuir an Rialtas seacht mbrá is seachtó, ar a laghad, chun báis i rith an chogaidh, rud nach gceadaíonn an dlí idirnáisiúnta i gcás na bpríosúnach cogaidh (Hopkinson 189; Costello 315). Ní nach ionadh, bhí na gníomhartha seo an-chonspóideach agus bhí an-chuid searbhais ag mórán Poblachtach ina leith (Hopkinson 192).

D'fhógair Ceann Foirne na bPoblachtach, Frank Aiken, sos cogaidh ar 27 Aibreán 1923 agus rinne sé iarracht cúrsaí síochána a phlé leis an Rialtas. Dhiúltaigh lucht an tSaorstáit glacadh le téarmaí ar bith agus d'éiligh siad go ngéillfeadh na Poblachtaigh gan chomha dóibh (Bowyer Bell 54). Bhuail Comh-Aireacht na bPoblachtach agus Comhairle an Airm le chéile ar 13 agus 14 Bealtaine agus rinne siad cinneadh gan an cogadh a atosú ach gan a n-airm a ghéilleadh do lucht an tSaorstáit ach oiread. An toradh a bhí air seo gur ordaigh Aiken do na hÓglaigh a gcuid arm agus a gcuid armlón a chur i bhfolach ar 24 Bealtaine (Macardle 857). Bhí inní ar an Rialtas dá bharr sin go n-atheagródh na Poblachtaigh iad féin agus go gcuirfidís cogadh ar an Saorstát arís sula i bhfad (Foley 33). Níor scaoileadh saor na himtheorannaithe a bhí sa ghéibheann cheana féin agus lean fórsaí an tSaorstáit de Phoblachtaigh a ghabháil i rith an tsamhraidh i ngeall air sin (Bowyer Bell 56; Foley 37).

Cuireadh *habeas corpus* ar fionraí fad a bhí an Cogadh Cathartha ar siúl. Chuir sé seo ar chumas an Rialtais na himtheorannaithe a choimeád sa ghéibheann gan triail a chur orthu. Ghlac na cúirteanna leis go raibh an cogadh ar siúl go fóill ar feadh tamaill tar éis 24 Bealtaine toisc nach ndúirt ceannairí na bPoblachtach go hoscailte go raibh an cogadh thart. Ba léir don Rialtas nach nglacfaí leis an argóint sin tar éis tamaill agus go mbeadh orthu na himtheorannaithe ar fad a scaoileadh saor mura rithfí reacht nua. I ngeall air sin rith an Dáil an tAcht Cosanta Poiblí ar 26 Iúil agus tháinig sé i bhfeidhm ar 1 Lúnasa. Ritheadh Acht Cosanta Poiblí nua a bhí níos éifeachtaí ná an ceann eile tríd an Dáil ansin ar 3 Lúnasa (Bowyer Bell 57). Thug na dlíthe seo cumhachtaí leathana éigeandála don Rialtas agus rinneadh dlí den imtheorannú go cúlghabhálach (Foley 33-34). Tháinig na hachtanna seo i bhfeidhm go díreach in am mar bhí an Chúirt Achomhairc tar éis breith a thabhairt ar 31 Iúil gur

chóir Norah Connolly O'Brien a fhuascailt toisc go raibh sé mídhleathach í a imtheorannú gan í a thabhairt chun trialach. Ba chás samplach é seo agus níor mhór don Rialtas imtheorannaí ar bith eile a dhéanadh achomharc in aghaidh a imtheorannaithe a scaoileadh saor mura rithfí na hachtanna sin (Foley 33; Bowyer Bell 57).

Rinne cimí Mhuinseo agóid in aghaidh na hiarrachta a bhí á déanamh ag an nGobharnóir caitheamh leo mar choirpigh agus i gcoinne mhoille na bhfuascailtí trí stailc ocrais a chur ar siúl ar 13 Deireadh Fómhair 1923. D'fhógair na cimí seo nach n-éireoidís as an stailc ocrais go dtí go bhfuasclófaí gan choinníoll na bránna ar fad (Foley 37; Bowyer Bell 60). Scaip an agóid seo go dtí na hionaid imtheorannaithe eile ina dhiaidh sin agus bhí thart ar 8,000 imtheorannaí ar stailc ocrais faoi 23 Deireadh Fómhair (Hopkinson 268; Foley 38). Thosaigh na fir ag éirí as an stailc ina sluaite sula i bhfad agus ní raibh ach cúpla céad fear ag diúltú bia a ithe go fóill faoi lár mhí na Samhna (Hopkinson 269; Foley 38). D'aithin na stailceoirí ocrais seo sa deireadh nach n-éireodh leo agus chuir siad deireadh leis an stailc ocrais ar 23 Samhain (O'Malley 262). Bhí fonn ar na húdaráis na hionaid imtheorannaithe a ghlanadh amach chomh tapaidh agus ab fhéidir faoin am seo agus tháinig luas ar fhuascailt na bpríosúnach ón am sin i leith (Hopkinson 270). An rud ba chúis leis sin go raibh fadhbanna tábhachtacha eile seachas na Poblachtaigh le sárú acu. Is é sin, bhí an geilleagar scriosta tar éis cogaidh sé bliana agus ní raibh an dlí i bhfeidhm i gcuid mhaith den tír taobh amuigh de na bailte (Foley 44). Lean na húdaráis de na bránna a scaoileadh saor diaidh ar ndiaidh, áfach, mar bhí inní orthu go gceapfaí go raibh siad á bhfuascailt de bharr na stailce ocrais dá scaoilfidís saor na príosúnaigh ar fad ag an am céanna (Hopkinson 270-271). Bhí na mílte imtheorannaí sa ghéibheann go fóill um Nollag dá bharr sin. Athachtaíodh an tAcht Cosanta Poiblí ar 16 Eanáir 1924 agus cuireadh *habeas corpus* ar fionraí go dtí 31 Eanáir 1925 .i. cuireadh ar chumas an Rialtais na himtheorannaithe a bhí i bpríosún go fóill a choimeád ann go dtí an dáta sin (Bowyer Bell 62). Ina ainneoin sin, bhí líon na n-imtheorannaithe dulta i laghad go dtí 1,914 fear faoi 2 Aibreán 1924 agus ní raibh ach 209 acu sa ghéibheann go fóill faoi 1 Iúil (Bowyer Bell 64). Fuasclaíodh na himtheorannaithe deireanacha ar 17 Iúil 1924 agus níor coimeádadh Poblachtach ar bith sa ghéibheann sa Saorstát ina dhiaidh sin ach amháin iadsan a ciontaíodh as coireanna a dhéanamh (O'Malley 294; Hopkinson 271).

2.3. Na hÁiseanna sna hIonaid Imtheorannaithe

Bhíodh drochbhail ar na bothanna agus ar na cillíní ina gcoimeádaí na himtheorannaithe de ghnáth .i. bhídís mífholláin, ní théití i gceart iad, choimeádaí an iomarca imtheorannaithe ar ceathrú iontu agus mar sin de (Foley 36; Hopkinson 138; Macardle 838). Chomh maith leis sin, tá fianaise i ndialann Sheáin Óig agus i saothar Dorothy Macardle go mbíodh córais leighis na n-ionad imtheorannaithe easnamhach agus nach mbíodh go leor leighis ná trealaimh iontu go hiondúil (Macardle 838; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 5x2x23 72 agus 5x4x23 85). I dtaca leis an mbia a sholáthraítí do na himtheorannaithe, is gnách nach mbíodh sé go maith (Foley 36; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x8x23 13v; O'Malley 248). Anuas air sin, cuireann Seán Óg in iúl ina dhialann gur minic nach bhfaigheadh príosúnaigh Bhaile an Stáin a Dó go leor bia agus go mbídís 'ar ghannchuid', rud nach luaitear i bhfoinse ar bith eile atá i gcló (10x25x23 14r). Bhíodh difríochtaí idir na háiseanna a bhíodh sna hionaid imtheorannaithe éagsúla, in amanna (Andrews 317-322).⁹ Fágann sé sin nach bhfuil a fhios againn arbh ionann an cás sna hionaid imtheorannaithe ar fad nó an raibh easpa bia i mBaile an Stáin a Dó amháin. Ar deireadh, tá roinnt fianaise i ndialann Sheáin Óig go gcuireadh sé frustrachas agus fearg ar Sheán Óg go mbíodh na háiseanna sna hionaid imtheorannaithe chomh dona agus a bhídís (11x16x23 38v-39r). Is ábhar suntais é seo mar ní thagraítear don tionchar a bhíodh ag an riocht ina mbíodh áiseanna na n-ionad imtheorannaithe ar mhothúcháin na bpríosúnach i saothar ar bith eile atá i gcló.¹⁰

2.4. Na Gardaí

Cuireadh an tArm i gceannas ar na hionaid imtheorannaithe ar fad go luath sa Chogadh Cathartha i ndiaidh do 200 imtheorannaí círéib a thógáil i Muinseo (Hopkinson 138). I ngeall air sin ba shaighdiúirí in Arm an tSaorstáit iad na gardaí ar

⁹ Tuairiscíonn Andrews, mar shampla, go raibh na háiseanna i gCampa an Droichid Nua réasúnta maith ach go raibh siad níos measa in áiteanna eile:

The physical conditions in the camp were as good as one could reasonably expect [and] [t]he food was [...] of a high quality [...] Conditions in all the prisons and internment centres were not as endurable as they were in Newbridge. (317-322)

¹⁰ Tugann Seosamh Mac Cathmhaoil le fios cúpla uair ina dhialann, freisin, go gcuireadh an drochbhail a bhíodh ar na hionaid imtheorannaithe as go mór dó (26x11x23 193v). Níor foilsíodh riamh na codanna seo dá dhialann, áfach.

fad a bhíodh ar stáisiún sna hionaid imtheorannaithe éagsúla. Os rud é gur méadaíodh ar Arm an Rialtais Shealadaigh go deifreach ag tús an Chogaidh Chathartha níor traenáladh formhór na saighdiúirí i gceart agus ní raibh a lán eispéiris ag an gcuid ba mhó de na hoifigigh. Bhíodh líon mór saighdiúirí Saorstátacha, cuid mhaith gardaí ina measc, míréireach agus gan disciplín dá bhrí sin (Hopkinson 136; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 6x15x23 10 agus 9x4x23 4r; O'Malley 208). Cuireann Seán Óg agus O'Malley araon in iúl, freisin, go mbíodh cuid de na gardaí naimhdeach leis na himtheorannaithe agus go ndéanadís gníomhartha suaracha orthu uaireanta chun iad a chrá (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x11x23 57-58; O'Malley 225).¹¹ Chomh maith leis sin, is cosúil go mbíodh polasaí sna hionaid imtheorannaithe drochíde a thabhairt do phríosúnaigh aonair a bhris na rialacha. Is éard atá i gceist leis sin ná go dtugtaí bualadh millteanach dóibh nó go ndéantaí iad a chéasadh i mbealach éigin eile (Bowyer Bell 40; Campbell, *As I was* 46; O'Donnell 120-121). Ina theannta sin, bhíodh sé de nós ag na gardaí an lámh láidir a imirt ar na bránna ar fad ar feadh cúpla seachtaine chun iad a chur ó iarracht éalaithe eile a dhéanamh am ar bith a rinne roinnt príosúnach iarracht éalú ón ionad imtheorannaithe (Andrews 316; Foley 37-38; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 6x15x23 3).

Cuirtear in iúl i mórán saothar go scaoileadh gardaí na n-ionad imtheorannaithe éagsúil piléir leis na príosúnaigh go rialta chun iad a smachtú (Bowyer Bell 59; Campbell, *As I was* 28; Macardle 838). Ní dhéanann Seán Óg ach trácht amháin ina dhialann, ámh, ar gharda atá tar éis piléar a scaoileadh leis na bránna chun smacht a chur orthu (9x14x23 11r). Nuair a chuirtear san áireamh freisin nach ndéanann Seosamh Mac Cathmhaoil tagairt ar bith do ghardaí Bhaile an Stáin a Dó a bheith ag déanamh a leithéid, tá an chuma ar an scéal nach mbíodh an cleachtas sin róchoitianta sa champa sin. De réir Sheosaimh Mhic Cathmhaoil, bhí sé mar pholasaí ag Gobharnóir an Champa nach raibh cead ag na gardaí cur isteach ar na himtheorannaithe (Dialann 2 6x12x23 199r). Is é is dealraithí, mar sin, gurbh é an Gobharnóir ba mhó ba bhun le hannamhacht an chleachtais seo (.i. piléir a scaoileadh leis na bránna chun smacht a chur orthu) i mBaile an Stáin a Dó.

Bhíodh roinnt gardaí sásta garanna a dhéanamh do na cimí, mar shampla, bia breise nó toitíní a sholáthar dóibh (Foley 48; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x10x23

¹¹ Luann O'Malley, mar shampla, go dtógadh gardaí Mhuinseo callán ar feadh tamaill i rith na hoíche, in amanna, chun codladh na n-imtheorannaithe a chur amú orthu (225). Ina theannta sin, tuairiscíonn Seán Óg go gcaitheadh póilíní airm áirithe giotaí aráin ar dhíon a bhotha ionas go ndúiseodh na héin a mheallfaí ann na príosúnaigh as a gcodladh (4x11x23 57-58).

56-57; O'Malley 205). Bhíodh ar na príosúnaigh breab a íoc le cuid de na gardaí seo as an gcúnamh seo a thabhairt dóibh (Campbell, *Litir chuig Nancy Campbell* 21x10x23 5r). Maidir leis an gcuid eile acu, bhí bá acu leis na príosúnaigh (agus lena gcúis in amanna, freisin) agus ní iarraidís luach ar bith orthu as soilíos a dhéanamh dóibh (O'Donnell 168; O'Malley 260). Tháinig méadú ar líon na ngardaí seo agus ar na cineálacha garanna a raibh siad sásta déanamh do na bránna tar éis dheireadh an Chogaidh Chathartha (Campbell, *As I was* 82 agus 89; Foley 48; O'Malley 260). I gcás Sheáin Óig, mar shampla, tá an chuma ar an scéal gur thosaigh na gardaí ag tabhairt toítíní dó tamaillín i ndiaidh dó an campa a bhaint amach ach nár thosaigh siad ar nuachtáin a sholáthar dó ná ar litreacha a smuigleáil amach as an gcampa ar a shon go dtí am éigin i ndiaidh dheireadh an Chogaidh Chathartha (S. Óg Ó Caomhánaigh, *Dialann* 2x27x23 24, 6x25x23 56v agus 8x16x23 3v).

2.5. Na hImtheorannaithe

Ba chomhraiceoirí agus neamhchomhraiceoirí a raibh baint acu le gluaiseacht na Poblachta iad formhór na n-imtheorannaithe ach chuirtear coirpigh i bpríosún leo in amanna freisin (Bowyer Bell 56; S. Óg Ó Caomhánaigh, *Dialann* 2x18x23 3 agus 11x10x23 24v; O'Malley 232 agus 273). De réir rialacha na n-ionad imtheorannaithe roinneadh gach campa ina raibh príosúnaigh mhíleata á gcoimeád i línte bothanna nó i ngrúpaí bothanna ('Internment of Enemy' 1). Bhíodh ar na himtheorannaithe 'Ceann Pobail' ('Hut Leader') a roghnú do gach both agus 'Captaen Líne' ('Line Captain') agus 'Leas-Chaptaen Líne' ('Deputy Line Captain') a thoghadh do gach líne bothanna. Ina theannta sin, bhíodh ar na príosúnaigh 'Ceann Camtha' ('Camp Supervisor') a thoghadh ('Internment of Enemy' 5; S. Óg Ó Caomhánaigh, *Dialann* 6x13x23 9). Thugtaí an 'Chomhairle Camtha' ('The Camp Council') ar na fir seo i dteannta a chéile (Campbell, *Dialann* 2 17x10x23 160v; S. Óg Ó Caomhánaigh, *Dialann* 10x28x23 2r). Bhíodh sé de dhualgas ar bhaill na 'Comhairle Camtha' ordúithe an Ghobharnóra a chur i bhfeidhm agus cúnamh a thabhairt do na gardaí smacht agus disciplín a chothú i measc na n-imtheorannaithe. Bhíodh sé mar chúram orthu, freisin, fadhbanna na bhfear a chur in iúl don Ghobharnóir agus dá fhoireann ('Internment of Enemy' 5).

Tharraing teip na stailce ocras easaontas eatarthu ar feadh tamaill ach is cosúil go réitíodh na gnáthphríosúnaigh go maith le chéile don chuid ba mhó (Foley 40; S.

Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x29x23 5v; O'Donnell 230-231). Níl aon fhianaise ann faoin dearcadh a bhíodh ag bránna na n-ionad imtheorannaithe eile ar a gcuid 'Comhairlí Camtha'. I dtaca le Baile an Stáin a Dó, áfach, tugann Seán Óg agus Seosamh Mac Cathmhaoil le fios nach mbíodh mórán measa ag cimí an champa sin ar na fir seo (Campbell, *As I was* 101; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x3x23 12v). Dar leo, bhí dhá chúis leis an dímheas seo. Ar an gcéad dul síos, tuairiscíonn an bheirt acu go raibh na príosúnaigh den tuairim nach raibh na fir sin éifeachtach mar cheannairí (Campbell, *As I was* 103; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x5x23 19v). Cuireann siad in iúl, freisin, go gcuireadh sé as go mór do na bránna go mbíodh a gceannairí ag troid le chéile an t-am ar fad chun a bheith i gcumhacht (Campbell, *As I was* 71; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x11x23 27r).

2.6. An Creideamh sna hIonaid Imtheorannaithe

D'eisigh na heaspaig Chaitliceacha tréadlitir ag cáineadh na bPoblachtach ar 10 Deireadh Fómhair 1922. B'iad príomthéarmaí na tréadlitreach: (1) nach raibh sé de cheart ag na Poblachtaigh cogadh a chur ar fhórsaí an Rialtais agus nach raibh iontu dá bharr sin ach dúnmharaitheoirí; (2) go gcoinnealbháfaí duine ar bith a leanfadh de chogadh a chur ar an Rialtas (Hopkinson 182). Chloígh an chuid ba mhó de na séiplínigh go dúthrach le téarmaí na tréadlitreach ar dtús agus dhiúltaigh siad na sacraimintí a thabhairt do na himtheorannaithe ach amháin sa chás go raibh siad ar tí bás a fháil (Andrews 323; Hopkinson 182; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x24x23 71). Is cosúil, áfach, gur stad cuid de na séiplínigh, ar a laghad, den tréadlitir a chur i bhfeidhm i bhfómhar 1923 agus gur thug siad cead do na cimí glacadh leis na sacraimintí as sin amach (O'Malley 255-256). I dtaca leis an gcúram a thugadh na séiplínigh do na príosúnaigh, bhí bá ag cuid acu leis na bránna agus chaithidís go cineálta leo ach bhí droch-chroí ag mórán acu do na cimí agus dhéanaidís faille ina gcúram (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x1x23 38-39 agus 8x18x23 nó 8x19x23 6v-7r; O'Donnell 135; O'Malley 253). Bhí dhá thoradh ar an tréadlitir agus ar naimhdeas seo na séiplíneach, mar atá, gur stad an-chuid imtheorannaithe den Aifreann a éisteacht agus go raibh drochmheas ag formhór na mbránna ar an gcléir (Andrews 266-271; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x23x23 2r-2v agus 11x20x23 44v; O'Donnell 44).

De réir Sheáin Óig, chuir údaráis Bhaile an Stáin a Dó iallach ar na príosúnaigh dul ar Aifreann ar feadh tamaill (Dialann 11x18x23 42v-43r). Is dócha go ndéanfadh Andrews, O'Donnell nó O'Malley tagairt dó dá ndéanfaí an méid sin sna hionaid imtheorannaithe inar coimeádadh iadsan. Dealraíonn sé, mar sin, nár cuireadh iallach riamh ar na cimí sa Droichead Nua, i Muinseo ná i gCill Mhaighneann freastal a dhéanamh ar an Aifreann.¹² Os rud é go bhfuil an chuma ar an scéal nár cuireadh an polasaí seo i bhfeidhm sna hionaid imtheorannaithe ar fad is cosúil nárbh iad an arm, an Rialtas ná an Eaglais ba bhun leis. Is é is dóichí, mar sin, gurbh é Gobharnóir Bhaile an Stáin a Dó ba mhó a bhí ciontach le tabhairt ar imtheorannaithe an champa sin dul ar Aifreann.

2.7. An Stailc Ocráis

Chuir imtheorannaithe Mhuinseo stailc ocráis ar siúl sa phríosún sin ar 13 Deireadh Fómhair 1923. Thug siad le fios nach gcuirfí deireadh léi go dtí go scaoilfí saor gan choinníoll na himtheorannaithe ar fad. Scaip an stailc ocráis ar luas go dtí na hionaid imtheorannaithe eile agus bhí suas le 8,000 duine ag glacadh páirt inti faoi 23 Deireadh Fómhair (Hopkinson 268; O'Malley 240-253). Dar le Seán Óg, ordaíodh do bhránna Bhaile an Stáin a Dó páirt a ghlacadh san agóid seo ar 18 Deireadh Fómhair (Dialann 10x18x23 1v). Is ábhar suntais é seo mar bhí sé mar pholasaí ag ceannairí na bPoblachtach go bhfágfaí faoi na príosúnaigh aonair dul nó gan dul ar an stailc ocráis agus is cosúil gur cloíodh leis an bpolasaí sin i bhformhór na n-ionad imtheorannaithe (Andrews 322-323; Hopkinson 268-269; O'Donnell 193). Níl a fhios againn céard ba bhun leis an neamhréir seo .i. cén fáth ar tugadh rogha d'fhormhór na n-imtheorannaithe páirt a ghlacadh nó gan páirt a ghlacadh sa stailc ocráis ach nár tugadh an rogha sin do phríosúnaigh Bhaile an Stáin a Dó.

Maidir le dul chun cinn na stailce ocráis, thosaigh na fir ag éirí aisti ina sluaite sula i bhfad. I ngeall air sin ní raibh ach mionlach beag de na bránna ar an stailc ocráis go fóill tar éis cúpla seachtaine agus cuireadh deireadh leis an agóid i gcuid de na hionaid imtheorannaithe (Andrews 322; Bowyer Bell 60; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x21x23 7v agus 10x28x23 1r). I gcás Bhaile an Stáin a Dó, cuireadh críoch leis an stailc ocráis sa champa sin ar 28 Deireadh Fómhair (Campbell, *As I was*

¹² Ní hé seo le rá nár tharla a leithéid in ionad imtheorannaithe ar bith eile, ar ndóigh.

104; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x28x23 2r). Dar le Seán Óg, thionóil na hoifigigh cruinniú an lá sin agus rinne siad cinneadh ordú a thabhairt do na fir éirí as an stailc ocrais:

B'fhíor dom an méid a bhí [ag] rith im aigne. Tá buaidhte orainn! Cloisim gur tháinig oifigí na gcath lé chéile agus gur chinneadar ar dheireadh do chur leis an stailc! Chuir so an Chomhairle Camtha i mbighis. B'éigean dóibh a gcúl do thabhairt dá rún! (Dialann 10x28x23 2r)

Tuairiscíonn Seosamh Mac Cathmhaoil, ámh, gur chuir an 'Chomhairle Camtha' an cheist ar vótáil agus gur vótáil formhór na bhfear chun deireadh a chur leis an stailc ocrais (*As I was* 104). Nuair a chuirtear san áireamh an méid sin, b'fhéidir gurb é atá i gceist leis an dá abairt dheireanacha sa sliocht thuas ('Chuir so an Chomhairle Camtha i mbighis. B'éigean dóibh a gcúl do thabhairt dá rún!') go ndearna na hoifigigh cinneadh ordú a thabhairt do na cimí éirí as an stailc ocrais ar dtús agus gur chinn an 'Chomhairle Camtha' ar an gceist a chur ar vótáil dá bhrí sin ionas nach mbainfí an bonn d'údarás na Comhairle.

Cé gur cuireadh deireadh go hoifigiúil leis an stailc ocrais i mBaile an Stáin a Dó ar 28 Deireadh Fómhair dhiúltaigh roinnt bránna glacadh le torthaí na vótála agus lean siad den stailc ocrais ina dhiaidh sin (Campbell, *As I was* 108; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x31x23 8r). Chuir ceannairí phríosúnaigh Chill Mhaighneann Tomás Ó Deirg agus David Robinson chuig na hionaid imtheorannaithe eile ansin ar 23 Samhain chun an cás a phlé leis na stailceoirí ocrais deireanacha agus chuir an bheirt seo ina luí orthu uile deireadh a chur leis an stailc ocrais. Rinne an stailc ocrais cáin mhór ar na bránna. Ní hamháin go bhfuair beirt acu, Denis Barry agus Andrew O'Sullivan, bás cúpla lá sular cuireadh deireadh leis an agóid ach ghoill an stailc ocrais go mór ar choirp na stailceoirí ocrais deireanacha. Mar bharr ar an donas, i dteannta lagmhisneach a chur ar na príosúnaigh ar fad, nach mór, tharraing teip na stailce ocrais easaontas eatarthu ar feadh tamaill (Bowyer Bell 61; Foley 38-40; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x27x23 1v-2r; O'Donnell 223).

2.8. Tátal

Níl aon amhras ach go bhfuil tábhacht ag baint le dialann Sheáin a' Chóta mar cháipéis stairiúil. Chomh maith leis an gcuid is mó den eolas atá ar fáil i saothair eile faoin saol sna hionaid imtheorannaithe a chomhdhearbhú cuireann an dialann seo leis an tuiscint atá againn ar mhórán gnéithe den ábhar seo. Ar an gcéad dul síos, maidir le háiseanna na n-ionad imtheorannaithe, tagraíonn Seán Óg do ghné den saol i mBaile an Stáin a Dó nach dtagraítear di i saothar ar bith eile atá i gcló. Is é sin nach dtugadh na húdaráis go leor bia do phríosúnaigh Bhaile an Stáin a Dó (10x8x23 13v). Anuas air sin, is é Seán Óg an t-aon scríbhneoir a thugann le fios go gcuireadh an drochbhail a bhíodh ar an gcampa frustrachas agus fearg ar chuid de na príosúnaigh (11x16x23 38v-39r).¹³ Tá tábhacht ag baint leis an bhfaisnéis seo mar tugann sí tuiscint níos iomláine dúinn ar an aineascaireacht a d'fhulaingíodh cuid de na bránna agus ar na bealaí a théadh an aineascaireacht sin i bhfeidhm orthu.

Tugtar le fios i gcuid mhaith saothar gur nós coitianta ag gardaí na n-ionad imtheorannaithe éagsúil piléir a scaoileadh leis na príosúnaigh chun iad a chur faoi smacht (Bowyer Bell 59; Foley 36; Macardle 838). Tá fianaise i ndialann Sheáin Óig, áfach, gurbh fhéidir nach scaoileadh gardaí Bhaile an Stáin a Dó piléir leis na cimí ach go hannamh chun iad a smachtú (9x14x23 11r). Dar le Seosamh Mac Cathmhaoil, bhí polasaí ag Gobharnóir Bhaile an Stáin a Dó nach raibh cead ag na gardaí na himtheorannaithe a bhuaireamh (Dialann 2 6x12x23 199r). Is é is dóichí, mar sin, gurbh é an fear sin ba mhó ba bhun le teirce an chleachtais seo (.i. piléir a scaoileadh leis na príosúnaigh chun iad a smachtú) i mBaile an Stáin a Dó. Léiríonn sé daonnacht an fhir sin go bhfuil an chuma ar an scéal go ndearna sé iarracht na príosúnaigh a chosaint ar mhailís na ngardaí. Ina theannta sin, cuireann sé seo in iúl an tionchar mór a bhíodh ag pearsantacht an Ghobharnóra ar shaol na gcimí agus ar an mbealach a chaití leo.

Is ábhar suntais, chomh maith, é go dtuairiscíonn Seán Óg ina dhialann gur cuireadh iallach ar bhránna Bhaile an Stáin a Dó dul ar Aifreann ar feadh tamaill (11x18x23 42v-43r). Níl aon fhianaise ann gur tharla a leithéid in ionad imtheorannaithe ar bith eile. Dealraíonn sé, mar sin, nach raibh baint ag an Rialtas, ag

¹³ Cuireann Seosamh Mac Cathmhaoil in iúl i gcúpla áit ina dhialann go gcuireadh an riocht ina mbíodh na háiseanna isteach air freisin (26x11x23 193v). Níor foilsíodh riamh na codanna seo den dialann, ámh.

an arm ná ag an Eaglais leis an bpolasaí seo agus gurbh fhéidir gurbh é Gobharnóir Bhaile an Stáin a Dó ba mhó a bhí ciontach leis. Is fiú a lua ar dtús nach bhfuil a fhios againn arbh é an gobharnóir céanna a chuir teorainn le scaoileadh na bpiléar leis na príosúnaigh ba bhun leis an bpolasaí seo.¹⁴ Cibé duine a bhí ciontach leis, cuireann an méid seo in iúl gurbh fhéidir nach ndéanadh sé idirdhealú idir a dhualgas don stát agus a dhualgas mar Chaitliceach, feiniméan a bhí coitianta i measc Teachtaí Dála agus státseirbhíseach in Éirinn sna 1920í agus ina dhiaidh sin (Ferriter 337). Chomh maith leis sin, is léiriú eile é seo ar an tionchar mór, dá fheabhas nó dá olcas, a bhíodh ag an nGobharnóir agus ag a chuid creidiúintí ar an saol san ionad imtheorannaithe.

Is é a bhí ar intinn ag ceannairí na bPoblachtach go bhfágfaí faoi gach brá dul nó gan dul ar an stailc ocrais agus tá an chuma ar an scéal gur cloíodh leis an bpolasaí sin i bhformhór na n-ionad imtheorannaithe (Andrews 322-323; Hopkinson 268-269; O'Donnell 193). Is díol suime, mar sin, é go dtugann Seán Óg le fios gur ordaíodh do phríosúnaigh Bhaile an Stáin a Dó páirt a ghlacadh sa stailc ocrais (Dialann 10x18x23 1v). Taispeánann sé an méidín beag pleanála agus comhordaithe a rinneadh sular cuireadh an stailc ocrais ar siúl nár cuireadh polasaí na gceannairí Poblachtacha i bhfeidhm sa champa seo. Leis an bhfírinne a rá, ámh, ní dócha go raibh tionchar rómhór ag an méid seo ar líon na ndaoine a ghlac páirt sa stailc ocrais. Dar le Peadar O'Donnell, bhí coinscríobh morálta sna hionaid imtheorannaithe éagsúla a chuir iallach ar chuid mhaith bránna páirt a ghlacadh sa stailc ocrais:

It was agreed that the strike must be purely voluntary but that was just words: once a group of prisoners go on hunger-strike there is a sort of moral conscription which sweeps the others into it. The man who hangs back feels he has let down his pals, and if his pals themselves don't say he has done so some of their friends or his enemies will say it. (193)

An toradh a bhí air sin, go ndeachaigh beagnach gach cime ar an stailc ocrais, áit ar bith a cuireadh ar siúl í (Hopkinson 268). Tá an chuma ar an scéal, mar sin, go nglacadh formhór na mbránna i mBaile an Stáin a Dó (agus in ionad imtheorannaithe ar bith eile inar ordaíodh do na príosúnaigh dul ar an stailc ocrais) páirt sa stailc ocrais dá bhfágfaí fúthu é sin a dhéanamh nó gan é sin a dhéanamh.

¹⁴ An rud is cúis leis sin gur chaith níos mó ná fear amháin seal ina Ghobharnóir ar Bhaile an Stáin a Dó (Campbell, Dialann 2 9x7x23 74r).

Ní dócha, ach oiread, go raibh tionchar rómhór ag an gcinneadh a rinne ‘Comhairle Camtha’ Bhaile an Stáin a Dó ordú a thabhairt do na fir dul ar an stailc ocrais ar thoradh na hagóide sin. An fhianaise atá air sin gur tharla an méid céanna, a bheag nó a mhór, i mBaile an Stáin a Dó a tharla in ionaid imtheorannaithe eile inar fágadh faoi na príosúnaigh féin dul nó gan dul ar an stailc ocrais .i. thosaigh na príosúnaigh ag éirí as an stailc ocrais ina sluaite tar éis tamaill ghairid agus ní raibh ach líon beag acu ar an stailc ocrais go fóill tar éis cúpla seachtaine (Andrews 322; Bowyer Bell 60; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x21x23 7v agus 10x28x23 1r).

Caibidil 3: Dialann Sheáin a' Chóta mar Shampla de Dhialann an Phríosúnaigh Pholaitiúil

3.1. Réamhrá

Is éard atá sa chaibidil seo ná plé ar an seánra litríochta is mó lena mbaineann dialann Sheáin Óig, mar atá, 'Dialann an Phríosúnaigh Pholaitiúil'. Déantar cur síos ar fhorbairt na dialannaíochta i gcoitinne ar dtús chun an plé seo a chur ina chomhthéacs. Pléitear laghad na ndialann Gaeilge, ansin, agus déantar fiosrúchán ar na fáthanna intleachtúla agus praiticiúla leis an ngainne sin. Scrúdaítear an léirmheastóireacht a rinneadh ar an seánra seo (.i. Dialann an Phríosúnaigh Pholaitiúil) cheana féin ina dhiaidh sin agus déantar measúnú uirthi trí anailís a dhéanamh ar shampla ionadaíoch den seánra. Déantar mionstaidéar, freisin, ar dhialann Sheáin Óig de réir thorthaí an taighde seo agus pléitear na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir an dialann seo agus dialanna le príosúnaigh pholaitiúla i gcoitinne.

3.2. Stair na Dialainne

Is éard atá i gceist le dialann, go bunúsach, ná saothar ina dtugann an scríbhneoir tuairisc uaidh ar a smaointe, ar a chuid mothúchán agus ar a chuid gníomhaíochtaí ar bhonn rialta (Nussbaum 5). Is fiú a lua ag an bpointe seo, freisin, go ndéantar idirdhealú uaireanta idir na rudaí a dtugtar 'diary' agus 'journal' orthu as Béarla. Tugann údair áirithe le fios in amanna gur chóir an focal 'diary' a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar na saothair ina scríobhtar iontráil gach lá. Molann na daoine céanna úsáid a bhaint as an bhfocal 'journal' chun cur síos a dhéanamh ar na saothair ina scríobhtar na hiontrálacha níos annaimhe ná gach lá nó a scríobhtar ar feadh tréimhse gairide. Deir siad, freisin, gur chóir an focal 'journal' a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar na saothair is mionsaothraithe den chineál seo:

Sometimes the term 'diary' suggests a daily record. The term 'journal' may be used to describe an ongoing record that is less regular or more elaborate than a diary, or that covers a limited period of time, but which still retains a chronological arrangement. (Woolsey)

Ní féidir a shéanadh ach go bhfuil an sainmhíniú seo ábhairín éiginnte, rud a fhágann go mbíonn sé deacair an ‘diary’ agus an ‘journal’ a aithint óna chéile go minic. Is é fírinne an scéil nach bhfuil na difríochtaí idir an ‘diary’ agus an ‘journal’ róthábhachtach agus nach ndéanann mórán scoláirí idirdhealú eatarthu go praiticiúil (Blythe 7; Fothergill 14; Woolsey). Maidir leis na téarmaí Gaeilge ‘cín lae’ agus ‘dialann’, tugtar an t-aistriúchán céanna, ‘diary’, orthu araon i bhFoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill (227 agus 401). Chomh maith leis sin, tá an dá théarma seo (‘cín lae’ agus ‘dialann’) araon ar fáil mar aistriúchán ar ‘diary’ agus ar ‘journal’ i bhFoclóir Béarla-Gaeilge de Bhaldraithe (184 agus 384).¹⁵ Is fiú a lua, freisin, nach ndéantar idirdhealú idir an dá théarma seo i saothar ar bith eile ach oiread, go bhfios domsa.

Maidir le stair na dialannaíochta, mhol an Eaglais Chaitliceach do dhaoine, go traidisiúnta, iad féin a shamhlú mar bhaill den ‘*Corpus Christi*, the community of the faithful [in which] the whole was greater than the part’ (Porter 2). Thosaigh na daonnachaithe ag scríobh faoi ‘fhéinaithe’ agus ag moladh do dhaoine tuiscint a fháil orthu féin ansin i rith na hAthbheochana (Burke 19). Bhíothas ag súil le go gcabhródh an cleachtas sin le daoine a bpoitéinseal a bhaint amach (Porter 3). Ina theannta sin, cuireadh cóipeanna de bheathaisnéisí a scríobhadh sa tSean-Ghréig agus sa tSean-Róimh ar fáil go forleathan don chéad uair riamh tar éis fhionnachtain an chlóphreasa cló inaistrithe thart ar an mbliain 1450. Ceaptar gurbh fhéidir gur chuir na téacsanna sin ar intinn do dhaoine áirithe a tháinig faoi anáil na ndaonnachaithe anailís a dhéanamh orthu féin agus ar a saol i scríbhinní agus gurb as sin a d’fhás dírbheathaisnéisí agus dialanna (Burke 27; McKay; Porter 3).

¹⁵ Déanann Tomás de Bhaldraithe plé ar bhunús an dá théarma seo, ‘cín lae’ agus ‘dialann’, in alt dá chuidsean, ‘Focail atá i nGaeilge na Leabhar ar Diary’, a foilsíodh in *Éigse* sa bhliain 1958. Maidir leis an téarma ‘cín lae’, tugann de Bhaldraithe le fios go bhfuil sé ar fáil go coitianta sa teanga labhartha agus sa Nua-Ghaeilge scríofa (81). Is cosúil gur eascair an téarma seo ón bhfocal ‘cín’ (‘leabhrán’ < L. Quinio) a bhí le fáil go minic i ngluaiseanna’ agus a coinníodh i gcuimhne go háirithe toisc go raibh sé i dteideal an leabhair chluíitigh *Cín Dromma Snechta*, leabhar a luaití go minic mar údarás (de Bhaldraithe 82). I dtaca leis an bhfocal ‘dialann’, tuairiscíonn de Bhaldraithe go bhfuil an focal ‘dialón’ ar fáil mar aistriúchán ar ‘diarium’ agus ‘diurnum’ san fhoclóir Laidin-Gaeilge a chaomhnaigh Risteard Pluincéad i lár an seachtú haois déag. Is é ‘soláthar nó alúntas d’aon lá amháin’ an bhrí a luaitear leis an bhfocal seo san fhoclóir sin agus tá an chuma ar an scéal gurbh é Risteard Pluincéad féin a chum é (81). Chuir Tadhg Ó Neachtain foclóir Gaeilge-Béarla le chéile, ansin, sa bhliain 1739. De réir de Bhaldraithe: ‘Bhí nós ag an Neachtanach focail a chumadh trí dheirí a chur le bunfocail. Fuair sé *dialón* sna foclóirí roimhe agus rinne *dialann* de, ag cuimhniú ar an deireadh *-lann*’ (82). Is é is bun leis an bhfocal seo, ‘dialann’, a bheith in úsáid sa teanga sa lá atá inniu ann gur thóg an tAthair Ó Duinnín go díreach ó fhoclóir Uí Neachtain é agus gur chuir sé ina fhoclóir Gaeilge-Béarla a foilsíodh ag tús an fichiú haois é (de Bhaldraithe 82).

Cé go bhfuil an chuma ar an scéal gurbh é an t-athrú aigne thuasluaite agus tionchar na mbeathaisnéisí ársa ba bhun le forbairt an tseánra, bhí dhá chúis eile leis an bhfás mór a tháinig ar an dialannaíocht ina dhiaidh sin. Is é an Reifirméisean an chéad cheann de na cúiseanna seo. Murab ionann agus na Caitlicigh (a chreid go raibh na sagairt ina n-idirghabhálaithe idir Dia agus an duine aonair), chreid na Protastúnaigh go raibh sé de dhualgas ar gach duine deimhin a dhéanamh de go slánófaí a anam féin (Porter 3). Chomh maith leis sin, chreid siad nach slánódh Dia duine ar bith ach amháin iadsan a mbeadh creideamh fíréanta acu ann (.i. i nDia) ('The Protestant Heritage'). Mhol ceannairí na bProtastúnach dóibh, dá bharr sin, anailís a dhéanamh orthu féin chun fianaise a bpeacúlachta féin a aimsiú. Chreid siad go spreagfadh an cleachtas seo iadsan chun Dia a lorg .i. go dtreiseodh sé lena gcreideamh i nDia (bainte as Delany 35). Ina theannta sin, comhairlódh do na Protastúnaigh anailís a dhéanamh ar a saol d'fhonn fianaise de ghrásta Dé a fháil mar chuirfeadh sé sin in iúl gurbh iad na fíréin iad agus go slánódh Dia a n-anam (Delany 36 agus 64). Tháinig roinnt mhaith Protastúnach ar an tuairim go mbeadh sé ina chuidiú dóibh dialann a úsáid chun an méid seo a dhéanamh ó dheireadh an séú haois déag, ar a laghad, agus b'í an dialann spioradálta Phrotastúnach an cineál dialainne ba choitianta go dtí deireadh an ochtú haois déag (Fothergill 17 agus 31).

Is é an méadú mór a tháinig ar líon na leabhar a foilsíodh tar éis fhionnachtain an chlóphreasa cló inaistrithe an dara cúis leis an bhfás mór a tháinig ar an dialannaíocht ('Johannes Gutenberg'). Chuir sé seo ar chumas i bhfad níos mó daoine an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht a fhoghlaim agus ceaptar gur tháinig méadú mór ar líon na ndaoine a raibh léamh agus scríobh acu i rith an séú haois déag (Houston 230). Bheadh fás na dialannaíochta laghdaithe go mór mura mbeadh na scileanna riachtanacha sin ag an áirithe chéanna daoine (McKay).

3.2.1. Stair na Dialainne Gaeilge Idir an Seachtú hAois Déag agus 1923

Mar is eol dúinn, bhí trí chúis go príomha le fás na dialannaíochta san Eoraip ón séú haois déag i leith, mar atá: tionchar na hAthbheochana; tionchar an Reifirméisin; an méadú a tháinig ar líon na ndaoine a raibh léamh agus scríobh acu tar éis fhionnachtain an chlóphreasa cló inaistrithe. I gcás na hÉireann, ní dheachaigh an

Athbheochan i bhfeidhm go mór ar na Gaeil.¹⁶ Maidir leis an Reifirméisean, níor cuireadh ar siúl go héifeachtach riamh in Éirinn é. Chomh maith leis sin, chuir an Eaglais Chaitliceach misean éifeachtach ar bun sa tír sin ón séú haois déag i leith (Comerford 100). An toradh a bhí ar an méid sin, gur chloígh an chuid ba mhó de Ghaeil na hÉireann leis an gCaitliceachas agus nach raibh tionchar rómhór ag an Reifirméisean orthu (Comerford 128). Ar deireadh, ba mhionlach beag iad líon na ndaoine a raibh léamh agus scríobh na Gaeilge acu riamh. Go deimhin féin, meastar nach raibh ach fiche míle duine den mhilliún go leith Gaeilgeoir sa tír in 1806 in ann an Ghaeilge a léamh agus a scríobh (Comerford 131).¹⁷ Nuair a chuirtear an méid seo uile san áireamh, ní haon iontas é nár scríobhadh ach cúig dhialann as Gaeilge, go bhfios dúinn, roimh dheireadh an naoú haois déag.¹⁸

Cureadh tús le naoi ndialann Ghaeilge, go bhfios dúinn, idir deireadh an naoú haois déag agus deireadh na bliana 1923.¹⁹ B'fhéidir, ar ndóigh, gur scríobhadh níos mó dialann ná sin as Gaeilge i rith na tréimhse seo agus gur scríosadh cuid acu agus go bhfuil an chuid eile á caomhnú i seilbh phríobháideach nó i gcartlanna agus i leabharlanna gan clárú a bheith déanta orthu (Lejeune 187). Fiú amháin má chuirtear na dialanna seo san áireamh, is é is dealraithe nár scríobhadh neart dialann as Gaeilge ag an am seo. An príomhrud ba chúis leis sin gur tháinig meath mór ar an nGaeilge

¹⁶ Tuairiscíonn Breandán Ó Madagáin gurbh é ceann de na rudaí ba mhó ba chúis leis sin go raibh 'greim dúide' ag an 'aos ealadhan' (.i. na hollúna le filíocht, le seanchas agus le breithiúnas) 'ar scríobh na teanga' go dtí an séú haois déag agus gurbh í an aigne a bhí acu 'nach raibh sa duine ach lúb i slabhra na muintire'. Dar leis, níor thug siad aird ar bith ar lucht na hAthbheochana ná ar an dearcadh nua a bhí acu ar thábhacht an duine aonair agus an fhéinscrúdaithe, dá bharr sin (Ó Madagáin 9-10). Tháinig deireadh leis an seanchóras pátrúnachta a chothaigh an 't-aos ealadhan' sa seachtú haois déag i ngeall ar na hathruithe sóisialta, polaitíochta agus eacnamaíochta a tharla in Éirinn i rith na haoise sin (Ó Murchú, *Urlabhra agus Pobal* 25). Tá an chuma ar an scéal, ámh, go mbíodh 'an tsúil siar, an "backward look" [...] á cothú ag lucht saothraithe na litríochta' ar feadh i bhfad ina dhiaidh sin. An toradh a bhí air seo nach mbacaidís le teagaisc na hAthbheochana ach oiread (Ó Madagáin 9).

¹⁷ Bhí roinnt cúiseanna leis seo. Ar an gcéad dul síos, dhíbir an Béarla an Ghaeilge as roinnt ard-réimsí, ina measc, gnóthaí poiblí, riarachán agus tráchtáil sa seachtú haois déag (Ó Murchú, *Urlabhra agus Pobal* 25). Chomh maith leis sin, níor foilsíodh mórán leabhar as Gaeilge seachas cúpla caiticeasma agus roinnt saothar cráifeach eile roimh dheireadh an naoú haois déag (Ó Ciosáin, 'Printed Popular Literature' 50). D'fhág an méid seo go raibh gá ag go leor Béarlóirí agus Gaeilgeoirí léamh agus scríobh an Bhéarla a shealbhú ach nach raibh mórán rudaí ag spreagadh na Gaeilgeoirí léamh agus scríobh a dteanga dúchais a fhoghlaim (Ó Ciosáin, *Print and Popular Culture* 190). Thairis sin, ní raibh a lán deiseanna ag daoine léamh agus scríobh na Gaeilge a shealbhú roimh dheireadh an naoú haois déag toisc nach múintí na scoileanna sin i bhformhór na scoileanna sa tír (Logan 119; Ó Háinle 747). Déantar staidéar forleathan ar stair na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta as Béarla agus as Gaeilge in Éirinn san ochtú haois déag agus sa naoú haois déag in *Print and Popular Culture in Ireland 1750-1850* (Ó Ciosáin) agus sna haistí éagsúla in *The Origins of Popular Literacy in Ireland: Language Change and Educational Development 1700-1920* (Daly agus Dickson). Ina theannta sin, déantar plé cuimsitheach ar stair na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta as Gaeilge sa naoú haois déag in 'Ó Chaint na nDaoine go dtí an Caighdeán Oifigiúil' (Ó Háinle).

¹⁸ Liostaítear na dialanna seo in Aguisín 2.

¹⁹ Liostaítear na dialanna seo in Aguisín 2.

mar theanga labhartha ón ochtú haois déag i leith ar chúinsí cultúrtha, polaitíochta, sóisialta agus eacnamaíochta (Ó Murchú, *Urlabhra agus Pobal* 25). An toradh a bhí air sin gur mhionlach beag iad Gaeilgeoirí na hÉireann faoin am a thosaigh cúrsaí ag éirí níos fábhraí don dialannaíocht Ghaeilge ag deireadh an naoú haois déag (B. Ó Cuív, ‘Irish Language and Literature’ 389).²⁰

Cé nár scríobhadh mórán dialann as Gaeilge idir deireadh an naoú haois déag agus deireadh na bliana 1923, go bhfios dúinn, is díol suime é gur scríobhadh níos mó dialann Gaeilge le linn na tréimhse seo ná mar a scríobhadh i rith thréimhse ar bith eile roimhe sin. Is cosúil go raibh dhá fháth go príomha leis seo. Ar an gcéad dul síos, tá an chuma ar an scéal gur tháinig méadú ag tús an fichiú haois ar líon na nGaeilgeoirí a bhí tagtha faoi anáil an chultúir sin a chuir béim ar thábhacht an duine aonair agus ar an bhféinscrúdú (Briody 28-29; McMahon 215; Brody 9 agus 165; Delany 108).²¹ Ar an dara dul síos, dealraíonn sé gur tháinig méadú ag an am seo freisin ar líon na ndaoine a raibh na scileanna acu atá de dhíth chun dialann a choimeád as Gaeilge (.i. léamh agus scríobh na Gaeilge).²²

3.3. An Dialann mar Shaothar Litríochta

Caithfear a admháil, ar dtús, go bhfuil cuid mhaith léirmheastóirí den tuairim nach saothar litríochta í an dialann. Dar le Arno Schmidt, mar shampla, níl sa dialannaíocht ach ‘one of the deadends of literature.’ (bainte as Aronson 1). Deir Philippe Lejeune, freisin, go bhfuil ‘contempt [...] in French intellectual circles, for [...] the keeping of a journal [...] [as] “not art proper” (192). An rud is cúis leis an

²⁰ Ní raibh ach 680,245 duine nó 14.5% den phobal in ann an Ghaeilge a labhairt faoi 1891 agus ní raibh ach 3.5% díobh siúd a bhí níos óige ná deich mbliana d’aois an bhliain sin inniúil ar an nGaeilge a labhairt (B. Ó Cuív, ‘Irish Language and Literature’ 389).

²¹ Bhí dhá chúis leis seo. I dtús báire, spreag Athbheochan na Gaeilge a lán daoine meánaicmeacha, uasaicmeacha agus ó cheantair uirbeacha (.i. na grúpaí is mó ar a d’imir an cultúr sin tionchar go traidisiúnta) chun suim a chur sa Ghaeilge agus chun an teanga sin a fhoghlaim (Briody 28-29; McMahon 215). Ina theannta sin, is cosúil gur tháinig méadú ar an tionchar a bhí ag an gcultúr sin ar aigne mhuintir tuaithe na hÉireann, muintir na Gaeltachta ina measc, i rith an fichiú céad, de bharr: na meán; scannán agus clár teilifíse eachtrannacha; na scéalta a d’insíodh imircigh faoin saol thar lear ina gcuid litreacha agus nuair a d’fhillidís abhaile ar saoire (Brody 9, 11 agus 165; Delany 108).

²² Bhí dhá chúis leis seo, mar atá: na craobhacha de Chonradh na Gaeilge a cuireadh ar bun ar fud na tíre chun labhairt, léamh agus scríobh na Gaeilge a mhúineadh i ndiaidh bhunú na heagraíochta sin sa bhliain 1893; an feabhas a tháinig ar chás na Gaeilge sa chóras oideachais ó dheireadh an naoú haois déag i leith – ceadaíodh an Ghaeilge a mhúineadh i meánscoileanna agus i mbunscoileanna don chéad uair riamh sna blianta 1878 agus 1879 faoi seach agus bhí 25% de dhaltaí bunscoile na tíre (84% de dhaltaí bunscoile na Gaeltachta ina measc) agus 66% de dhaltaí meánscoile na tíre á foghlaim faoin mbliain 1921 (Ó hAilpín 97-98; D. Ó Súilleabháin, *Cath na Gaeilge* 1-2 agus 21-23; Hindley 24).

drochmheas seo go nglacann na léirmheastóirí seo uile le teoiricí traidisiúnta na léirmheastóireachta faoin dírbheathaisnéis atá bunaithe ar an tuiscint go mbíonn pearsantacht leanúnach le feiceáil i dtéacs tríd síos. Os rud é nach geloíonn an dialann leis an teoiric seo (is minic nach mbíonn na hiontrálacha éagsúla i ndialann de réir a chéile toisc go scríobhtar ó lá go lá seachas go haisbhreathnaitheach iad), ceapann na léirmheastóirí seo nach bhfuil fiúntas ar bith inti (Nussbaum 5). Is dóigh liomsa nach bhfuil an ceart ag na léirmheastóirí seo agus gur saothar litríochta í an dialann. Is é nádúr saothar litríochta tuiscint ar ghné nó ghnéithe den choinníoll daonna a thabhairt don léitheoir agus ní féidir a shéanadh ach go ndéanann an dialann é sin - is é atá ina hiontrálacha frithráiteacha ná léiriú ar scaipeacht, easpa iomláine, teirce agus neamhchonchlúideacht na réaltachta:

Diary and journal are representations of reality rather than failed versions of something more coherent and unified [...] [They recount] events in their incoherence, lack of integrity, scantiness, and inconclusiveness. (11)

3.4. Dialann an Phríosúnaigh Pholaitiúil

Tá an chuma ar an scéal nach ndearnadh mórán léirmheastóireachta ar ‘Dhialann an Phríosúnaigh Pholaitiúil’ mar sheánra litríochta go dtí seo. Is é ‘Prison Writings’ le Margaret Homberger an t-aon alt a bhfuil baint aige leis an seánra seo a fuarthas.²³ Déanann Homberger staidéar ar ‘scríbhneoireacht dhírbheathaisnéiseach an phríosúnaigh’ san alt seo ach is iad dialanna agus dírbheathaisnéisí le príosúnaigh pholaitiúla amháin, nach mór, a phléann sí. De réir Homberger, is ionann na príomhthréithe i bhformhór na saothar dírbheathaisnéiseach seo. Is iad na príomhfháthanna a scríobhann príosúnaigh pholaitiúla dialanna agus saothair dhírbheathaisnéiseacha eile, dar léi: (1) chun aird a tharraingt ar shaol garbh an phríosúin agus ar phionóis éagóracha; (2) chun leadrán agus uaigneas an tsaoil sa ghéibheann a shárú; (3) chun iad féin a choimeád ina gceartmheabhair; (4) chun iad féin a chumhachtú ó thaobh na mothúchán de agus ó thaobh na polaitíochta de (729). Chomh maith leis sin, tuairiscíonn Homberger go mbíonn na téamaí céanna le feiceáil

²³ Ní haon ionadh é nach ndearnadh níos mó anailíse ar dhialanna le príosúnaigh pholaitiúla mar is gann, tearc iad na staidéir léirmheastóireachta faoin dialannaíocht i gcoitinne. Tá cúiseanna praiticiúla agus teoiriciúla leis seo, mar atá: is minic gur cáipéisí neamhfhoilsithe iad dialanna; bíonn siad sách fada de ghnáth; ní chloíonn dialanna le teoiricí léirmheastóireachta traidisiúnta (Nussbaum 3).

i saothair dhírbheathaisnéiseacha le príosúnaigh go gnách. Ar an gcéad dul síos, deir sí gur téama tábhachtach sa chuid is mó acu neamhchiontacht an phríosúnaigh. Is téama coitianta iontu, chomh maith, í ‘an fhulaingt’, dar léi. Ina theannta sin, tugann Homberger le fios gur téama mór i bhformhór na saothar seo é daingne an phríosúnaigh gan géilleadh do na húdaráis (729-730).

Ar ndóigh, ní leor dialann Sheáin Óig a scrúdú de réir teoricí alt léirmheastóireachta amháin chun í a mheas mar shampla de ‘Dhialann an Phríosúnaigh Pholaitiúil’, go háirithe os rud é go ndíríonn an t-alt sin ar níos mó ná dialanna. Rinneadh cinneadh, mar sin, anailís a dhéanamh ar roinnt dialann le príosúnaigh pholaitiúla eile chun teoricí Homberger a mheá agus staidéar a dhéanamh ar dhialann Sheáin Óig de réir thorthaí an taighde seo. Níl ach príosúnach polaitiúil amháin eile a choimeád dialann Ghaeilge, go bhfios dúinn.²⁴ Is é sin Éamonn Boyce (1925-). Scríobh sé a dhialann idir 1956 agus 1962 nuair a bhí sé sa ghéibheann i bPríosún Bhéal Feirste as páirt a ghlacadh in ionsaí a rinne na hÓglaigh ar bheairic de chuid Arm Shasana san Ómaigh i nDeireadh Fómhair 1954 (Bryson 17). Tá an bhunlámhscríbhinn i seilbh Boyce go fóill, ach cuireadh aistriúchán Béarla a rinne Anna Bryson agus Kathleen Rigney ar an téacs i gcló faoin teideal *The Insider* sa bhliain 2007. Os rud é nach bhfuil ach dialann Ghaeilge amháin eile scríofa ag príosúnach polaitiúil, go bhfios dúinn, rinneadh cinneadh dialann Sheáin Óig a mheá mar shampla den seánra i gcoitinne seachas mar shampla den seánra sa Ghaeilge.²⁵ Is iad na dialanna a scríobh John Mitchel (nó Seán Mistéil mar is fearr aithne air i measc lucht na Gaeilge), Seosamh Mac Cathmhaoil, Pietro Valpreda agus Edward Kuznetsov na ceithre cinn a chuirtear i gcomparáid le dialann Sheáin Óig sa chaibidil seo. Scríobhadh dialanna Mhistéil agus Mhic Cathmhaoil as Béarla, is as Iodáilis a mbíodh Valpreda á scríobh agus bhíodh Kuznetsov ag scríobh as Rúisis. Is í dialann Mhic Cathmhaoil an t-aon téacs acu a rinneadh staidéar ar an mbunleagan di. Maidir leis na cinn eile, scrúdaíodh eagrán de théacs Mhistéil a foilsíodh sa bhliain 1921 agus a d’fhan dílis don eagrán a chuir Mistéil féin amach sa bhliain 1854 (Griffith,

²⁴ Ar ndóigh, ní hionann é seo agus a rá nach bhfuil roinnt saothar dírbheathaisnéiseach eile faoin saol sa ghéibheann le príosúnaigh pholaitiúla nó le hiarphríosúnaigh pholaitiúla ar fáil sa Ghaeilge. Is iad an dá cheann is iomráití iad *Girseacha i nGéibheann* le Áine agus Eibhlín Nic Giolla Easpaig agus *As an nGéibheann* le Máirtín Ó Cadhain.

²⁵ An rud atá i gceist leis an seánra i gcoitinne ná na dialanna ar fad le príosúnaigh pholaitiúla is cuma cén teanga inar scríobhadh iad.

Réamhrá xvi). Rinneadh anailís ar aistriúcháin Bhéarla a rinneadh ar shaothair Valpreda agus Kuznetsov.²⁶

3.4.1. Na fáthanna a Choimeádann na Príosúnaigh Pholaitiúla a gCuid Dialann

Is cosúil go gcoimeádann neart príosúnach polaitiúil dialann chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh tuairisc chruinn, fhírinneach ar fáil ar a saol sa ghéibheann .i. le cruatan a mbraighdeanais a chur in iúl don saol mór (Campbell, Dialann 2 28x3x23 15r-15v; Mitchel, *Jail Journal* 14; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x10x23 56; Valpreda 263). Chomh maith leis sin, tá fianaise i ndialann Sheáin Óig, i ndialann Mhic Cathmhaoil agus i ndialann Valpreda go bhfuil a gcuid dialann ina gcuidiú do roinnt príosúnach polaitiúil leadrán agus uaigneas an tsaoil sa ghéibheann a shárú (Campbell, Dialann 2 8x7x23 72v; Valpreda 39).²⁷ Tá go leor fianaise sna dialanna éagsúla, freisin, go gcoimeádann cuid mhaith príosúnach polaitiúil dialann toisc go gcabhraíonn sí leo iad féin a choimeád ina gceartmheabhair (Campbell, Dialann 2 12x12x23 205v; Kuznetsov 120; Mitchel, *Jail Journal* 59-60; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 6x2x23 7; Valpreda 201). Ina theannta sin, is léir go gcoimeádann neart príosúnach polaitiúil a gcuid dialann toisc go gcumhachtaíonn an gníomh seo iad ó thaobh na mothúchán de agus ó thaobh na polaitíochta de (Campbell, Dialann 1 6x8x23 95; Kuznetsov 120-121; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 5x15x23 3; Valpreda 157). Dealraíonn sé, chomh maith, go dtosaíonn an-chuid príosúnach polaitiúil ar dhialann a scríobh chun iad féin a shaoradh ó chion, gníomh a bhaineann lena gcúis a chur chun cinn (Mitchel, *Jail Journal* 15; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 12x2x23 58r; Valpreda 30-31).

Is fiú a lua go bhfuil an chuma ar an scéal gur annamh a choimeádann an dialannaí a dhialann ar aon chúis amháin. Ina ionad sin, dealraíonn sé gur iondúil go spreagann cúpla rud é lena dhialann a scríobh. Is fíor sin i gcás na bpríosúnach

²⁶ Déantar plé gairid ar na dialannaithe éagsúla seo in Aguisín 5.

²⁷ Cé nach gcuireann Seán Óg in iúl in áit ar bith go bhfuil a dhialann á coimeád aige chun leadrán an bhraighdeanais a shárú, tá fianaise ann go raibh sé sin ar cheann de na nithe a spreag eisean chun a dhialann a choimeád. Mar is eol dúinn, d'éiríodh an saol sa champa an-leadránach ar fad, in amanna, agus bhí an rang Gaeilge a mhúineadh sé do na príosúnaigh eile gach lá ar cheann de na rudaí ba mhó a chabhraíodh le Seán Óg an leadrán sin a shárú (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x18x23 67; Campbell, Dialann 2 8x7x23 72v). Is ábhar suntais, sa chomhthéacs sin, é, go scríobhann Seán Óg níos minice sa dialann agus go bhfuil na hiontrálacha níos faide ó 19 Deireadh Fómhair, an chéad lá den stailc ocrais agus an lá a cuireadh deireadh leis an rang Gaeilge sin ar ordú an Ghobharnóra (Campbell, Dialann 2 19x10x23 162v).

polaitiúil, freisin, agus is cosúil gur gnách go gcoimeádann siad a gcuid dialann ar níos mó ná ceann amháin de na cúiseanna a liostaítear thuas.²⁸

3.4.2. Príomhthéamaí na nDialann

Maidir leis na dialannaithe a choimeádtar sa ghéibheann i dteannta lena gcomhghleacaithe polaitiúla, is minic a phléann siad ardaigeantacht, crógacht agus flaitiúlacht a gcomhphríosúnach ina gcuid dialann (Campbell, Dialann 2 23x3x23 6r; Mitchel, *Jail Journal* 76). I dtaca leis na dialannaithe a choimeádtar i bpríosún le coirpigh, ámh, is gnách go ndéanann siad casaid ina gcuid dialann gur brúideanna barbartha iad na bránna eile agus go gcuireann na fir sin agus a gcuid gníomhartha déistin orthu (Kuznetsov 23; Mitchel, *Jail Journal* 175-177).²⁹ Chomh maith leis sin, déanann an chuid is mó de na bránna éagsúla seo gearán go rialta nach cóir dóibh a bheith sa ghéibheann agus séanann siad, ina gcuid dialann tríd síos, go ndearna siad coir ar bith (Mitchel, *Jail Journal* 15; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 12x2x23 58r; Valpreda 30-31).³⁰ Léiríonn na téamaí éagsúla seo (.i. ‘uaisleacht na bpríosúnach eile’, ‘barbarthacht na gcoirpeach’ agus ‘neamhchiontacht an údair’) go samhlaíonn na príosúnaigh pholaitiúla iad féin mar dhaoine uaisle, dea-bheathacha nach bhfuil baint ar bith acu le gníomhartha mímhórála. Ar ndóigh, tá níos mó i gceist leis na téamaí seo ná sin. Baineann siad leis na dialannaithe agus lena gcomhghleacaithe polaitiúla a shaoradh ó chion. An rud atá i gceist leis sin, go bhfuil na dialannaithe ag léiriú gur ghlac siad (.i. iadsan agus a gcomrádaithe) seasamh uasal in aghaidh na n-údarás agus nach ndéanfaidís rud ar bith go deo a chuirfeadh ar cheart na n-údarás iad a chur sa ghéibheann. Is féidir é seo a léamh mar iarracht cur ina luí ar an

²⁸ Bionn a bhfáthanna pearsanta féin ag príosúnaigh pholaitiúla áirithe le dialann a choimeád freisin, uaireanta. Tóg, mar shampla, Seán Mistéil, tugann seisean le fios gurbh é ceann de na fáthanna gur choimeád sé a dhialann go raibh sé ag iarraidh a chéannacht a chaomhnú (Mitchel, *Jail Journal* 59-60). Ina dhiaidh sin agus uile, is iad na cúig fháth thuasluaite na fáthanna is coitianta a choimeádann na príosúnaigh pholaitiúla a gcuid dialann.

²⁹ Tá dialann Valpreda suaithinseach mar coimeádadh sa ghéibheann le coirpigh é ach, ina ainneoin sin, déanann sé plé ar uaisleacht a chomhphríosúnach ar fud a dhialainne. Cuireann sé an uaisleacht seo i gcodarsnacht le mímhóráltacht an Rialtais agus na ndaoine eile a chuireann in aghaidh a chúise, de ghnáth, áfach (114). Is cosúil, mar sin, go bhfuil an aidhm chéanna ag Valpreda nuair a dhéanann sé comparáidí den chineál seo atá ag na bránna eile a cháineann na coirpigh atá á gcoimeád i bpríosún leo. Is é sin, tá sé ag iarraidh a mhóráltacht féin a chur in iúl agus a chúis a chur chun cinn.

³⁰ Tá cás Kuznetsov suimiúil mar admhaíonn sé cúpla uair go bhfuil sé tar éis an dlí a bhriseadh agus coir a dhéanamh. Nochtann sé an tuairim chomh minic sin, áfach, go bhfuil sé neamhchiontach ó thaobh na moráltachta de agus go bhfuil sé de cheart aige an dlí a bhriseadh de bharr na drochíde atá tugtha ag Rialtas an Aontais Shóivéadaigh dó (67).

léitheoir go bhfuil cúis na ndialannaithe fíréanta agus gur chóir go mbeadh bá aige (.i. ag an léitheoir) léi.

Faoi mar atá ráite ag Séamus Deane: ‘Autobiography is not just concerned with the self; it is also concerned with the “other”, the person or persons, events or places, that have helped to give the self definition’ (380). Is fíor sin i gcás na ndialann le príosúnaigh pholaitiúla, freisin, agus cuirtear in iúl iontu arís is arís eile go bhfuil an ‘dream eile’ (sa chás seo an Rialtas agus lucht tacaíochta an Rialtais, go háirithe údaráis an phríosúin) éagórach, mímhóralta agus tíoránta (Campbell, Dialann 2 20x10x23 163v; Kuznetsov 17 agus 100; Mitchel, *Jail Journal* 1; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x24x23 81, 5x15x23 3 agus 6x2x23 7; Valpreda 28 agus 157).³¹ Tuairiscíonn na bránna seo ina gcuid dialann tríd síos de ghnáth, chomh maith, go bhfulaingíonn siad ó thaobh an choirp de agus ó thaobh na hintinne de i ngeall ar a mbraighdeanas.³²

Léiríonn an dá théama seo (.i. ‘mímhóráltacht an dreama eile’ agus ‘an fhulaingt’) cruatan an tsaoil sa ghéibheann. Ina theannta sin, taispeánann siad éagóir agus cruálacht an ‘dreama eile’. Baineann sé seo leis na príosúnaigh a shaoradh ó chion, freisin. Is é sin, cuireann na dialannaithe seo in iúl gur daoine mí-ionraice, easonóracha, cruálacha iad an Rialtas agus lucht tacaíochta an Rialtais mar léiríonn sé sin nach bhfuil an córas cóir agus go raibh an ceart ag na dialannaithe agus ag a gcomhghleacaithe cur ina aghaidh. Chomh maith leis sin, tugann Holliday le fios go bhfuil gá ann ar a dtugann sí ‘the need to pour out one’s heart to a friend’, gá atá ag mórán daoine atá ag fulaingt cruatain (xv). B’fhéidir, mar sin, go bhfeidhmíonn an dialann mar chara nó mar dhuine báúil a éisteann lena gcuid fadhbanna i gcás príosúnach áirithe .i. b’fhéidir, go ndéanann siad plé ar a gcuid fadhbanna ina gcuid dialann toisc go dtugann sé cúnaimh dóibh (.i. do na príosúnaigh) na fadhbanna sin a fhulaingt a leithéid a dhéanamh.

³¹ Tugtar ‘an dream eile’ anseo ar an gcoincheap seo de chuid Deane, ‘the other’.

³² Maidir leis an bhfulaingt fhisiciúil, taispeánann na dialannaithe go bhfuil a lóistín .i. na cillíní i riocht uafásach (Campbell, Dialann 2 8x7x23 72r; Kuznetsov 25; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x5x23 9v-10r; Valpreda 114). Chomh maith leis sin, déanann cuid mhaith acu gearán go rialta faoin easpa raisíní a fhaigheann siad agus go mbíonn an bia a sholáthraítear dóibh ar dhroch-chaighdeán (Campbell, Dialann 2 6x4x23 21r; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x8x23 13v; Valpreda 54-55). I dtaca leis an bhfulaingt shiceolaíoch, cuireann go leor príosúnach in iúl ina ndialann go ngoilleann sé go mór orthu nach bhfuil a gcuid saoirse acu a thuilleadh agus go bhfuil siad ag fulaingt i ngeall ar dhíothacht na mothúchán .i. toisc go bhfuil siad scartha óna muintir, óna gcairde agus óna leannáin (Campbell, Dialann 2 11x4x23 26r agus 12x4x23 29r; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x2x23 40 agus 9x9x23 7v; Valpreda 120 agus 282).

Ar deireadh, deir na príosúnaigh éagsúla go rialta ina gcuid dialann go bhfanfaidh siad dílis dá gcúis agus nach dtabharfaidh siad suas dóibh go deo is cuma céard a dhéanann lucht an fhreasúra dóibh (Campbell, Dialann 2 21x10x22 163v; Kuznetsov 177; Mitchel, *Jail Journal* 9-10; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x24x23 12r; Valpreda 134). Is éard atá sa mhéid seo ná gníomh féinchumhachtaithe .i. cumhachtaíonn sé na príosúnaigh ó thaobh na mothúchán de agus ó thaobh na polaitíochta de seasamh in aghaidh na n-údarás ina gcuid dialann, go háirithe os rud é nach féidir leo é sin a dhéanamh go fisiciúil a thuilleadh. Faoi mar atá ráite ag Homberger: ‘For political prisoners, writing also becomes a form of political and emotional empowerment [...] As a replacement for physical retaliation, writing is the only way of [...] “fighting back” (729).

3.4.3. Tátal

Is léir go bhfuil an ceart ag Homberger don chuid is mó faoi phríomhthréithe an tseánra seo. Is minic, mar shampla, a scríobhann na príosúnaigh pholaitiúla dialann: (1) le haird a tharraingt ar shaol garbh an phríosúin agus ar phíonóis éagóracha; (2) chun leadrán agus uaigneas an tsaoil sa ghéibheann a shárú; (3) chun iad féin a choimeád ina gceartmheabhair; (4) chun iad féin a chumhachtú ó thaobh na mothúchán de agus ó thaobh na polaitíochta de (729). Chomh maith leis sin, is cosúil go gcoimeádann cuid de na dialannaithe seo dialann chun iad féin a shaoradh ó chion, rud nach luann Homberger. Maidir leis na téamaí is mó a bpléitear i saothair den chineál seo, tá an ceart ag Homberger don chuid is mó, freisin. Is téamaí coitianta iad ‘neamhchiontacht an údair’, ‘an fhulaingt’ agus ‘diongbháilteacht an dialannaí gan géilleadh do na húdaráis’. Tá cúpla rud in easnamh ar an ngné seo d’anailís Homberger, freisin, ámh. Ar an gcéad dul síos, is ábhar tábhachtach sa chuid is mó de na dialanna seo ‘mímhoráltacht an dreama eile’. I dtaca leis na cimí a choimeádtar i bpríosún lena gcomhghleacaithe polaitiúla, is téama mór i bhformhór a ndialann ‘uaisleacht na bpríosúnach eile’. Ina theannta sin, is minic a dhéanann na bránna a chuirtear sa ghéibheann le coirpigh plé ina gcuid dialann ar ‘bharbarthacht na bpríosúnach eile’.

Maidir le dialann Sheáin Óig, is cosúil gur choimeád Seán Óg a dhialann, go comhfhiosach nó go neamh-chomhfhiosach, ar na cúig chúis thuasluaite. Chomh maith leis sin, tá an chuid is mó de na téamaí a fhaightear go coitianta i ndialanna le

príosúnaigh pholaitiúla le fáil i ndialann Sheáin Óig, mar atá, ‘neamhchiontacht an údair’, ‘an fhulaingt’, ‘diongbháilteacht an dialannaí gan géilleadh do na húdaráis’ agus ‘mímhoráltacht an dreama eile’. Tá cúpla rud atá sonraíoch faoi dhialann Sheáin Óig, áfach.

Ar an gcéad dul síos, is é Seán Óg an t-aon duine de na dialannaithe a bhí i bpríosún lena gcomrádaithe polaitiúla a aimsíodh nach téama mór é ‘uaisleacht na bpríosúnach eile’ ar fud a dhialainne.³³ Mar is eol dúinn, tá an chuma ar an scéal go raibh cuid mhaith de na himtheorannaithe amhrasach go mbíodh uisce faoi thalamh á dhéanamh ag Seán Óg le lucht an tSaorstáit le linn dó a bheith sa ghéibheann i mBaile an Stáin a Dó (Campbell, Dialann 2 20x9x23 137r). Dealraíonn sé gur thug Seán Óg an méid sin faoi ndeara agus go gcuireadh sé as go mór dó (Campbell, Dialann 2 14x12x23 207r). D’fhéadfadh sé gurbh é an teannas seo a bhí idir Seán Óg agus cuid de na himtheorannaithe eile ba bhun leis an méidín beag tagairtí a dhéanann Seán Óg d’uaisleacht a chomhbhránna i gcoitinne. Ina ainneoin sin, ní cháineann Seán Óg na príosúnaigh i gcoitinne ina dhialann ach amháin cúpla uair i ndiaidh theip na stailce ocras (10x27x23 1-2).³⁴ Is é is dóichí gur aithin sé go ndéanfadh sé damáiste dá chúis dá ndéanfadh sé cáineadh ginearálta ar a chuid comhphríosúnach agus gur staon sé ó na cimí i gcoitinne a cháineadh sa chuid ba mhó dá dhialann dá bharr sin.³⁵ Is ábhar suntais é an cinneadh a dhéanann Seán Óg gan na himtheorannaithe i gcoitinne a cháineadh mar léiríonn sé go bhfuil cuid de na bránna, ar a laghad, sásta a gcuid tuairimí agus a gcuid mothúchán féin a smachtú d’fhonn a gcúis a chur chun cinn .i. go ndéanann siad cinneadh gan nithe áirithe a thairfeadh a dhéanfadh damáiste dá gcúis nó chun na nithe sin a chur i gceilt.

Ina theannta sin, is téama mór é ‘bráthairse na bpríosúnach agus na ngardaí’ sa dara leath de dhialann Sheáin Óig agus de dhialann Sheosaimh Mhic Cathmhaoil.³⁶ Is

³³ Ní dhéanann Seán Óg ach tagairt amháin inti d’uaisleacht a chomhphríosúnach i gcoitinne (9x10x23 8-8b).

³⁴ Eachtra choscrach ab ea teip na stailce ocras a tharraing easaontas idir na bránna. D’fhág sí na príosúnaigh in ísle brí ó thaobh na spride de, freisin (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x27x23 1v-2r). Ní haon iontas, mar sin, é gur thosaigh Seán Óg ag cáineadh na mbránna eile ina dhialann ar feadh tamaillín ina diaidh.

³⁵ Is é sin, is cosúil go bhfuil an aidhm chéanna aige sa mhéid seo atá ag na dialannaithe eile a mholann a gcomhghleacaithe polaitiúla nó a cháineann na príosúnaigh eile .i. a chúis a chur chun cinn.

³⁶ Déanann an bheirt acu an-chuid tagairtí do chomhráite cairdiúla a rinne na príosúnaigh agus na gardaí le chéile i rith na tréimhse seo (Campbell, Dialann 2 19x8x23 110r-110v; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x9x23 6v-7r). Chomh maith leis sin, is minic a thagraíonn siad do ghardaí áirithe a dhéanann garanna dóibh, ina measc: litreacha agus beartáin a smuigleáil amach as an gcampa ar a son agus nuachtáin agus toitíní a sholáthar dóibh (Campbell, Dialann 2 22x8x23 113r agus 1x9x23 125v; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 8x16x23 3v agus 10x5x23 10r).

díol suime é seo mar ní dhéanann Homberger trácht ar bith ar an téama seo agus níl sé le fáil sna dialanna eile le príosúnaigh pholaitiúla a ndéantar anailís orthu sa chaibidil seo. Dar le Seamus Deane, is minic gurb é ceann de na fáthanna a scríobhann dírbheathaisnéisithe na hÉireann a gcuid dírbheathaisnéisí go bhfuil fonn orthu an ‘dream eile’ a chomhshnaidhmeadh lena bhféiniúlacht féin:

The struggle between the sense of the ‘other’ and the wish to find a way of including the other in some unified version both of self and culture is one of the motive forces behind most of the writings included here. (382)

Cuireann an téama seo, ‘bráthairse na bpríosúnach agus na ngardaí’, in iúl gur theastaigh an rud céanna ón gCathmhaolach agus ó Sheán Óg agus go raibh fonn orthu, go comhfhiosach nó go neamh-chomhfhiosach, an ‘dream eile’ a chomhshnaidhmeadh lena bhféiniúlacht féin. Léiríonn sé, freisin, gur féidir leis na príosúnaigh pholaitiúla gnéithe áirithe den ‘dream eile’, ar a laghad, a chomhshnaidhmeadh leo féin go pointe áirithe in amanna.

Is dócha go raibh baint ag an bhfonn seo a bhí ar Sheán Óg agus ar Sheosamh Mac Cathmhaoil na gardaí a chomhshnaidhmeadh lena bhféiniúlacht féin leis an mbaint a bhí ag an dá ghrúpa sin (.i. na príosúnaigh agus na gardaí) le chéile ó thaobh an chultúir de agus ó thaobh na polaitíochta de.³⁷ Is ábhar suntais, mar sin, é go ndeir Desmond Williams, ‘there was, and has been, nothing peculiarly Irish about political, constitutional and military divisions resulting from a compromise with an old colonial power’ (bainte as Hopkinson 273). Is é is dóichí, mar sin, go bhfuil nó go raibh príosúnaigh pholaitiúla eile ar fud an domhain a bhfuil nó a raibh baint láidir acu leis an namhaid ó thaobh an chultúir de agus ó thaobh na polaitíochta de. Bheifí ag súil le go mbeadh an fonn céanna ar chuid acu, ar a laghad, agus a bhí ar Sheán Óg agus ar Sheosamh Mac Cathmhaoil an ‘dream eile’ a chomhshnaidhmeadh leo féin agus go n-éireodh le cuid acu gnéithe den ‘dream eile’ a chomhshnaidhmeadh lena bhféiniúlacht féin in amanna, freisin. Nuair a chuirtear san áireamh nach bhfuil ach an ceathrú cuid de dhialann Sheosaimh Mhic Cathmhaoil i gcló is léir go bhfuil an-

³⁷ Is éard atá i gceist leis sin gur Éireannaigh Chaitliceacha iad formhór na ndaoine ar an dá thaobh sa Chogadh Cathartha (Harte 123). Chomh maith leis sin, ba chompanaigh airm iad neart saighdiúirí Poblachtacha agus Saorstátacha go dtí go gairid roimh an gCogadh Cathartha agus bhí an rud céanna ag teastáil ó chuid mhaith acu go fóill i rith an Chogaidh Chathartha, mar atá, go mbeadh Éire ina poblacht neamhspleách lá amháin (Litton 88 agus 90; Hopkinson 36-38 agus 52).

tábhacht ag baint leis an ngné seo de dhialann Sheáin Óig. Fágann sé sin nach bhfuarthas dialann ar bith eile le príosúnach polaitiúil (seachas dialann Sheáin Óig) a bhfuil a téacs ar fad i gcló a dhéanann plé ar an téama seo a léiríonn an ghné thábhachtach seo d'eispéireas an bhraighdeanais pholaitiúil.

Caibidil 4: An Teanga i nDialann Sheáin a' Chóta

4.1. Réamhrá

Is é atá i gceist leis an gcaibidil seo ná plé gairid ar roinnt ghnéithe suntasacha teanga i ndialann Sheáin Óig. Déantar anailís ar dtús, mar sin, ar ghnéithe áirithe de chanúint Chorca Dhuibhne (ceantar dúchais Sheáin Óig) atá le feiceáil sa dialann. Ag an am céanna, féachtar ar chúpla gné de theanga na dialainne a léiríonn tréithe nach mbeifí ag súil leo i gcaint mhuintir Chorca Dhuibhne. Pléitear tionchar an Bhéarla ansin agus déantar iniúchadh, ina dhiaidh sin, ar fhrásaí a bhfuil an chuma orthu gurbh fhéidir gurbh é Seán Óg féin a chum iad. Ar deireadh, féachtar ar roinnt seantearmaí a úsáidtear sa dialann agus a bhfuil an chuma orthu nach mbídís in úsáid go coitianta sa chaint faoin am a thosaigh Seán Óg ar a dhialann.

Maidir leis an modheolaíocht a úsáidtear sa chaibidil seo, is gnách go dtugtar sleachta gearra ón dialann mar shamplaí agus go gcuirtear cló trom ar na focail atá faoi chaibidil. Cuirtear uimhir na líne/uimhreacha na línte sa dialann ina bhfaightear an sliocht idir lúibíní ag deireadh gach sleachta. Tugtar trí shampla (nuair is féidir a leithéid a dhéanamh) de ghnáth chun pointe teanga a léiriú. Tá cúpla eisceacht uaidh seo. Rinneadh cinneadh cúig shampla a thabhairt de na focail a léiríonn nósanna fuaimnithe chanúint Chorca Dhuibhne agus de na focail nach léiríonn nósanna fuaimnithe na canúna sin (féach: 4.4.). Chomh maith leis sin, ceapadh gurbh fhearr gan ach sampla amháin a thabhairt: de na foirmeacha táite éagsúla sna haimsirí agus sna modhanna éagsúla; de na téarmaí éagsúla Béarla; de na focail dhifriúla a bhfuil an chuma orthu gurbh fhéidir gur chum Seán Óg iad; de na focail éagsúla a bhí dulta i léig faoin am a scríobh Seán Óg an dialann (féach: 4.7.; 4.7.1.; 4.7.2.; 4.7.3.; 4.7.4.; 4.9.; 4.10.; 4.10.1.; 4.10.2.; 4.11.)

4.1.1. Nósanna Litrithe agus Gramadaí na Gaeilge ag Tús an Fichiú hAois

Ní raibh caighdeán oifigiúil litrithe ná gramadaí ann sa Ghaeilge ag tús an fichiú haois (.i. nuair a bhí a dhialann á coimeád ag Seán Óg).³⁸ Bhí go leor nósanna

³⁸ Cuireadh Rannóg Aistriúcháin an Oireachtais ar bun i Meán Fómhair 1922. Bhí de chúram ar an Rannóg aistriúcháin a dhéanamh go Gaeilge ar gach dlí a rithfeadh an tOireachtas i mBéarla. Bhí ar fheidhmeannaigh na Rannóige téarmaí agus focail nua Ghaeilge a sholáthar mar chuid den phróiseas

gramadaí agus litrithe i bhfeidhm sa teanga ag an am sin, áfach, a bhí bunaithe don chuid ba mhó ar an ngramadach/an litriú stairiúil a bhí in úsáid ó aimsir Sheathrúin Chéitinn (Ahlqvist 41). I dtaca le dialann Sheáin Óig, tá tionchar na nósanna sin le feiceáil ar fud an tsaothair sin (féach: 4.2.2.; 4.3.; 4.4.; 4.6.; 4.6.1.; 4.7.5.).

Rinneadh códú áirithe ar chuid de na nósanna seo in *Graiméar na Gaedhilge* agus sa chéad eagrán d'fhoclóir Uí Dhuinnín a foilsíodh i 1901 agus i 1904 faoi seach (Dinneen, Dara hEagrán ix; Ó Háinle 778). Is é fírinne an scéil, ámh, nach raibh na nósanna litrithe agus gramadaí seo ródhocht agus go raibh cuid mhaith neamhréire ann maidir le litriú agus gramadach na Gaeilge nuair a thosaigh Seán Óg ar a dhialann a scríobh. An toradh a bhí air seo go bhfuil neart samplaí sa dialann sin atá ag teacht le nósanna fuaimnithe agus gramadaí Ghaeilge Chorca Dhuibhne (.i. canúint dhúchais Sheáin Óig) seachas na nósanna traidisiúnta litrithe agus gramadaí (féach: 4.2.2.; 4.3.; 4.4.; 4.5.; 4.5.1.; 4.5.2.; 4.5.3.; 4.6.; 4.6.1.; 4.6.2.; 4.6.3.; 4.7.; 4.7.1.; 4.7.2.; 4.7.3.; 4.7.4.; 4.7.5.; 4.7.7.; 4.8.; 4.8.1.).

Ar deireadh, bhí go leor daoine den tuairim ag tús an fichiú haois gur chóir litriú na Gaeilge a leasú agus a shimplíú. Chuir beirt acu seo, Shán Ó Cuív agus Osborn Bergin, 'An Cuman um Leitriú Shimplí' ar bun sa bhliain 1910 agus leag an ghluaiseacht sin rialacha simplithe amach i leith litriú na Gaeilge tamaillín ina dhiaidh sin (Ó Connchubhair 183). Bhain cuid mhaith cainteoirí, go háirithe Gaeilgeoirí na Mumhan, úsáid as 'An Leitriú Shimplí' anuas go dtí na 1940í (Ahlqvist 46).³⁹ D'fhéadfadh sé gur imir an córas litrithe seo tionchar éigin ar Sheán Óg, freisin, agus é i mbun a dhialainne (féach: 4.2.2.).

4.1.2. Séimhithe agus Síntí Fada

Tá neart focal i ndialann Sheáin Óig a bhfuil síneadh fada nó séimhiú ar lár orthu nó a bhfuil síneadh fada nó séimhiú orthu in áit nach mbeifí ag súil leis (féach:

seo. De réir a chéile, fágadh faoi na feidhmeannaigh seo moltaí a dhéanamh maidir le 'nuachaighdeánú an litrithe agus na gramadaí' freisin (Ó Háinle 772). D'fhoilsigh an Rannóg caighdeán oifigiúil litrithe (*Litriú na Gaeilge – Lámhleabhar an Chaighdeán Oifigiúil*) sa bhliain 1945 agus caighdeán oifigiúil gramadaí (*Gramadach na Gaeilge: Caighdeán Rannóg an Aistriúcháin*) sa bhliain 1953. Rinneadh mionphlé agus roinnt leasaithe ar an gcaighdeán gramadaí ansin agus foilsíodh leagan nua de i dteannta leis an ábhar as *Litriú na Gaeilge* i 1958 faoin teideal *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil* (Ó Háinle 783-785). Is fiú a lua go moltar na rialacha in *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge* mar chaighdeán le haghaidh gnóthaí oifigiúla amháin agus nach bhfuil iontu ach 'treoir' do mhúinteoirí agus don phobal i gcoitinne (Ó Háinle 785).

³⁹ An rud ba chúis leis 'An Leitriú Shimplí' a bheith in úsáid níos minice i gCúige Mumhan ná in áit ar bith eile go raibh an córas litrithe sin bunaithe ar na foghair i gcanúint Chorcaí (Ahlqvist 46).

4.2.; 4.2.1.). Is ábhar suntais é go bhfágann Seán Óg síntí fada agus séimhithe ar lár nó go gcuireann sé isteach iad nuair nach bhfuil gá leo in *Croidhe Cainnte Ciarraige* tríd síos freisin (Ní Mhaonaigh, ‘Re: CCC’). Aithnítear go mbíodh nós ag daoine áirithe san am atá thart agus iad ag scríobh na Gaeilge gan an séimhiú a chur isteach ar na focail go dtí gur chríochnaigh siad an abairt ar fad nó roinnt abairtí. Dhéanaidís sin ar mhaithe le slachtmhaireacht .i. ionas nach smearfaidís an dúch. Tá Tracey Ní Mhaonaigh ar aon intinn liom gurbh fhéidir gurbh é nós mar seo ba bhun leis an neamhréir i leith úsáid an tsínidh fhada agus an tséimhithe sa dá shaothar seo .i. gurbh fhéidir go mbíodh sé de nós ag Seán Óg gan na séimhithe ná na síntí fada a chur isteach go dtí gur chríochnaigh sé an abairt ar fad nó cúpla abairt agus gurbh in é ba bhun le cuid mhaith de na séimhithe agus na síntí fada a fágadh ar lár ar fhocail nó a cuireadh isteach orthu in áiteanna nach mbeifí ag súil leo sa dialann agus in *Croidhe Cainnte Ciarraige* (‘Re: CCC’). Ní hionann é seo agus a rá, ar ndóigh, gurbh in é ba bhun leis an méid seo i ngach cás. Go deimhin féin, d’fhéadfadh sé go raibh bunús leis sa teanga labhartha i gcásanna áirithe (féach: 4.5.3.; 4.6.; 4.6.1.; 4.6.2.).

4.2. An Litriú

Mar is eol dúinn, ní bhíonn Seán Óg de réir a chéile i gcónaí ó thaobh úsáid an tséimhithe ina dhialann. Is iomaí uair a fhaightear focal sa saothar sin a bhfuil séimhiú ar iarraidh air nó a bhfuil séimhiú air in áit nach mbeifí ag súil leis:

Shaoileas ná sroichfimís an campa **coidhche**; dar liom go rabhamair ag siubhall tímcheall i mboighsín agus do **bí** cnáimhseáil ar na saighdiúiríbh féin. (37-38)

Ghluaiseamair agus níor bhfhada gur chualamair: “Foil! Cé tá annsan?”
“Cara”, “**Cun** cinn chun t’aitheanta”, agus i gcúpla noimint do ghabhamair tríd an ngeata. [...] Moilleadh annsan sinn ar feadh i bhfead go **bhfuairteas** an **ghéatóir**. (45-49)

[G]uth láidir fhorasta an **léighteóra**[,] **chainnt** gharbh na bhforairí, cnag na cairte, méithleach na gcaorach – do shonnuigheadar go léir im chluais as mé ghá mheabhugh dhom féin cá rabhas. (2825-2828)

4.2.1. An Síneadh Fada

Ní bhíonn Seán Óg de réir a chéile ó thaobh úsáid an tsínidh fhada, ach oiread. Tá mórán focal sa dialann a bhfuil síneadh fada ar iarraidh orthu nó a bhfuil síneadh fada sa bhreis orthu:

Roinneadh dhá phráta an duine orainn, blúirín **áráin** – prátaidhe ná tabharfá dod mhuic agus arán tirim túr stáluighthe. [...] Ochtar againn a bhí i dtortaoibh leis an mbiadh atá áirighthe agam d'iarramair **ár** ár dtreóraidhe fáth gorta an éisc agus d'fhreagair ná raibh faic n-ár dtómas. (169-174)

Agus n-a dhiadh san agus uile do sceinn sé uaithe, d'fhág sé go claidhte brúigthe ar an **dtraigh** [í] amhail as dá mb'í an bhean budh ghráine san domhan í. (1953-1955)

Cá bhfuil carthanacht na cléire? **Ca** bhfuil an daonacht budh cheart do chléireach do bheith aige? Cá bhfuil an chríostaidheacht? (2414-2415)

4.2.2. An Uaschamóg

Is gnách sa dialann go n-úsáideann Seán Óg uaschamóg nuair a ligeann sé an 'a' ar lár san fhoirm chopaille 'ba' roimh ghuta:

B'í an tseanmóin is feárr agus budh ghiorra dár chuala riamh[.] (622)

B'ait san tréis na hóráide agus na bpíopaidhe[.] (675)

Tamaillín roim aimsir cómhairimh táinig beirt nó triúr oifigeach isteach agus ainmeacha triúir aca a bhí le fuascailt ach níor tugadh aon tor ortha agus **b'éigean** dóibh imtheacht. (3282-3284)

Má fhéachtar ar na seacht sampla is daichead a fuarthas i ndialann Sheáin Óig den fhoirm chopaille 'ba' roimh fhocal dar tús 'f-' + guta feictear go gcloítear leis an

nós thuas (.i. an guta a ligean ar lár agus uaschamóg a chur isteach ina ionad) i dtrí cinn is tríocha acu:⁴⁰

Tá an tig óil ar an gclódh ceudna ar an gcúine annsúd, breacdhúine isteach samach ann, daoine tarta nó **b'fhéidir** blaisteóirí maidne, tá bean ag cur euduig ag triomugh thuas ansúd ag an dtig mór. (855-858)

Agus dhein sí faillighe do shuidhe san gcathaoir – **b'fheárr** léithe itheadh fén mbórd agus biadh amh d'fhághail. (2360-2362)

B'fhíor dom, tá ár bpobal ghá ghlanadh amach, ach amháin go dtugaim fé ndeara fothscaiste ag siléigeadh – íosfaid seo gan amhras. (3708-3709)

Maidir leis na ceithre shampla dhéag eile, ligeann Seán Óg an guta ar lár in 'ba' iontu ach ní chuireann sé uaschamóg isteach ina ionad:⁴¹

Bfheárr liom ná rud maith go bhficinn páipear go mbeadh breis thuairisce agam ar bás Liam. (882-883)

Ní taitheamhach le cuid aca me bheith mór le daoineibh áirighthe ann ar eagla go ndeunfainn maitheas dóibh – **bféidir** go bhfuil drochrud éigin ag priocadh cuid aca. (4473-4475)

An bhfeicfid go bráthach airís im bheathaidh me? **Bfhéidir** – níl air ach sin. (4740)

Ní dócha go bhfanadh Seán Óg go dtí gur chríochnaigh sé an abairt ar fad nó cúpla abairt chun na huaschamóga a chur isteach. Murab ionann agus an síneadh fada nó an séimhiú is féidir an uaschamóg a chur isteach go héasca gan do chuid scríbhneoireachta a smearadh nó gan stad a dhéanamh. B'fhéidir, mar sin, go bhfuil

⁴⁰ Féach na línte seo a leanas in Imleabhar 1 ina bhfuil samplaí den chleachtas seo le feiceáil: 325, 568, 766, 857, 1112, 1145, 1207, 1676, 2336, 2361, 2702, 2818, 2878, 3015, 3441, 3604, 3708, 3729, 3895, 3993, 4108, 4151, 4260, 4798, 4877, 5011, 5075, 5543, 5694.

⁴¹ Féach: 569, 882, 1098, 1103, 1236, 1856, 1925, 1961, 1986, 4438, 4475, 4492, 4530, 4740.

baint aige seo (.i. na huaschamóga seo a bheith ar lár sna cásanna thuasluaite) leis an neamhaird a thugtar ar an bponcaíocht i gcoitinne sa dialann tríd síos.⁴²

4.2.3. ‘l’ agus ‘l’; ‘nn’ agus ‘n’

Tá go leor focal i ndialann Sheáin Óig a litrítear le ‘l’ singil nó le ‘n’ singil in ainneoin go moltaí, de réir nósanna litrithe na linne, iad a litriú le ‘l’ dúbailte nó le ‘n’ dúbailte:

Árduighead chun **siubhal** fear a bhí imthighthe san inchinn. (539)

[T]áimid ag fitheamh le tutar anois, nó uibhe, nó **baine**, nó pé rud a thaghas. (3751-3752)

Thar chómhrádh béil is beag suim ag an nduthaig ghá chur **ionain**[.] (5232-5233)

D’fhéadfadh sé go raibh bunús leis an méid seo sa teanga bheo mar is gnách go gcloistear ‘l’ singil agus ‘n’ singil sa teanga labhartha i gCúige Mumhan san áit a chloistí ‘l’ dúbailte agus ‘n’ dúbailte faoi seach go stairiúil (Ó Sé, *An Teanga Bheo* 5; Ua Súilleabháin 488). B’fhéidir, freisin, gur spreag an ghluaiseacht ar a dtugtar ‘An Leitriú Shimplí’ an cleachtas seo mar moltar faoin gcóras litrithe sin ‘l’ singil agus ‘n’ singil a scríobh san áit a scríobhtaí ‘l’ dúbailte agus ‘n’ dúbailte go traidisiúnta (S. Ó Cuív 65).

Cibé rud ba bhun leis an gcleachtas seo ní raibh Seán Óg de réir a chéile faoi agus tá neart focal sa dialann a litrítear le ‘l’ dúbailte/‘n’ dúbailte amháin nó a litrítear le ‘l’ singil/‘n’ singil in amanna agus le ‘l’ dúbailte/‘n’ dúbailte in amanna eile:

Chaitheas cúpla uair an chluig ag **siubhall tímceall** na páirce cois ar chois lém charaid Mac Breitheamhain. (191-192)

⁴² Is éard atá i gceist leis sin ná gur minic a fhágann Seán Óg comharthaí poncaíochta eile (mar shampla, lánstadanna, comharthaí athfhriotáil agus camóga) ar lár sa dialann nó a chuireann sé isteach iad in áiteanna nach mbeifí ag súil leo.

Beurfaidh P. Mac Árgail muga **bainne** dhom i nganfios mar is gnáthach agus **tímcheall** 10.30 muga té maith agus blúirín aráin táidhte. (1427-1429)

[Dubhart] go gcaithfeam bheith díreach oscailte lé Dia i gcomhnaidhe agus ná raibh **ionainn**, olc nó maith, ach oireamhaint i láimh na Cinneamhna[.] (2715-2717)

4.3. Imeacht as Gutaí agus Bá

Is minic i nGaeilge Chorca Dhuibhne a théann guta an chéad siolla ar neamhní nuair ‘a luítear ar an dara siolla, agus é ag tosú ar *l, n, r*’ (Ua Súilleabháin 481). Tá an tréith seo le feiceáil i bhfocail áirithe i ndialann Sheáin Óig. Scríobhtar an focal ina iomláine i litriú caighdeánach an lae inniu idir lúibíní cearnógacha i ndiaidh an leagain bháite sna samplaí seo thíos:

Tá súil ag S. **dréir** [de réir] leitir do scríg an Dochtúir Mac Cartáin go dtí duine muinnteartha dho go bhfuasclófar é. (1222-1224)

Dubhairt Sighle n-a leitir indiugh go mbeadh sí ag dul go **B’l’áth Cliath** [Baile Átha Cliath]; ní feadar an dtiocfaidh sí ar mo thúairisc. (2290-2292)

Sa deireadh dhein sí **cnuigéar** [coinigéar] san ngairdín d’iarraidh polladh fén bhfalla. (2372-2373)

Ag an am céanna, tá go leor focal a ndéantar bá ar a gcéad ghuta sa chaint de ghnáth nach ndéantar bá orthu i ndialann Sheáin Óig go hiondúil (Ní Mhaonaigh, *Croidhe Cainnte Ciarraighe* 110; Ó Sé, *An Teanga Bheo* 3; Ó Sé, *Gaeilge Chorca Dhuibhne* 28-29; Ua Súilleabháin 481):

Chonnac anamchara an champa ag caint lé braighe ó chianibh. (595-596)

Bhuail sé os mo chómhair go **galánta** an t-eun mór agus cé go rábhas i ndán comhthrom do bhaint de ní dheaghas róchruaidh air. (1075-1076)

Nách annamh a bhíonn sé ar [mo] chumas a scríobh gur lá breagh **tirim** é.
(3772)

Tugann Brian Ó Cuív le fios, freisin, go mbáitear guta amháin acu nuair a thagann dhá ghuta gearra neamhaiceanta le chéile sa teanga labhartha (*The Irish of* 60). Tá neart samplaí den mhúnla seo i ndialann Sheáin Óig i gcás an chónaisc, ‘is’, agus i gcás na bhforainmneacha réamhfhoclacha, ‘ina’ agus ‘inár’:

De phreib bhí gach aon’ne **‘sa** thuairm féin aige: “Tá siad ag sárugh an aifrinn,” arsa duine aca[.] (915-916)

Tá bráigheanna ó Gaillimh tagaithe **n-ár** measc[.] (2186)

[N]íor mhochóirghe é ach ragairne mar bhí cuid aca **n-a** suidhe ar leathuair tréis a dó[.] (3275-3276)

Chomh maith leis sin, imíonn guta neamhaiceanta as sa teanga labhartha, in amanna, nuair a thagann consan roimhe. Tá cuid mhaith samplaí den mhúnla seo i ndialann Sheáin Óig, freisin, i gcás an chónaisc, ‘is’, agus i gcás na bhforainmneacha réamhfhoclacha, ‘ina’ agus ‘inár’:

Táimid **n-ár** suidhe i bhfreassholas na teineadh gach aonne sa sceul féin aige[.] (332-333)

Éireannach ag fághail seamróige tríd an bpost **‘n-a** dhúthaig féin! (454-455)

Budh dhóigh leat air **‘san** fuadar oibre bhios fé gur feár rídhílis é, agus ná cuirfeadh é féin i dtreis conntabhairte ar aon rud. (4364-4365)

Is ábhar iontais é an méid a tharlaíonn nuair a leanann an réamhfhocal ‘i’ an cónasc ‘is’ i ndialann Sheáin Óig – is iondúil go gcailltear an chéad ghuta in ‘is’ agus go gceanglaítear an ‘s’ leis an réamhfhocal ‘i’ ach in ionad an focal nua a litriú mar ‘‘s i’’, is gnách go litriúitear mar ‘sa’ é:

Do dhein sé fuaim dhiamhair i suaimhneas **sa** ndeidheanaighe na hoidhche.
(136-137)

[C]huala “míodhg”! [“]míodhg” aca díreach mar chloisinn aca agus me im rud bheag nuair bhínn ar a dtóir le clochaibh as lé líontanaibh i bhfad **sa** bhfad sar ar chuireas eólas ar an ngleus marbhtha dá bhárr go bhfuilim annso. (2321-2324)

Datach ag eirghe go mall rínn as mhúchánaibh i ngar **sa** gcéin. (4158)

4.4. Stór Focal

Tá go leor focal/nathanna i ndialann Sheáin Óig a léiríonn nósanna fuaimnithe a chanúna dúchais. Ina measc siúd, tá na leaganacha seo thíos (Ní Mhaonaigh, *Croidhe Cainnte Ciarraighe* 110 agus 173; Ó Sé, *An Teanga Bheo* 65-87):

Chuir sé féin blúirín croimbéil ar féin mar Charlie Chaplin, do ghlac sé cána hata **cruaidh** agus d’iompuig amach a bhróga ag siubhall do. (379-380)

Dóghadh an **sáipéal** – mar is clos dom – i gcampa I. (713)

[N]í labhartar focal **Gaedhlinge** san saghas Dálá atá againn. (1617-1618)

Agus n-a dhiadh san agus uile do sceinn sé uaithe, d’fhág sé go claidhte brúigte ar an **dtraigh** [í][.] (1953-1954)

Tháinig **leitir** ó Shiobhán chun S. indiugh agus is gránda salach an baine bhí innte. (2988)

Tá neart focal/nathanna eile i ndialann Sheáin Óig, ámh, nach léiríonn nósanna fuaimnithe Chorca Dhuibhne .i. leanann Seán Óg nósanna litrithe na linne i gcás na bhfocal seo. Féach, mar shampla, na leaganacha seo thíos - cuirtear leagan a léiríonn fuaimniú na canúna idir lúibíní cearnógacha i ndiaidh an fhocail atá faoi chaibidil (Ní

Mhaonaigh, *Croidhe Cainnte Ciarraige* 110 agus 173; Ó Sé, *An Teanga Bheo* 65-87; Ó Sé, *Gaeilge Chorca Dhuibhne* 471; Ua Súilleabháin 487):

Tá bróga **nuadha** [nócha] ar Ph. anois. (734)

Tá an camtha **nuadh** [nó] gabhtha anocht - bráigheanna tagtha ann as charcaraibh éigin. (1653-1654)

Saoil, cipíní, páipéir **ruadha** [ruacha] aon rud as aon tsaghas ruda a lasfadh. (1908-1909)

Ní fheadar [N'fheadar] an bhfuil sé n-a phoblachtaidhe fós? (1959-1960)

[A]iréir sar a ndeaghamair 'on leabaidh chinneamair ar fanacht **anchiúin** [ana-chiúin] fé smacht agus óighréir mar is cuibhe de shaighdiúiribh in aghaidh gach broide agus tuargana. (3269-3271)

4.5. An Réamfhocal Simplí

Is gnách le cainteoirí dúchais Chorca Dhuibhne 's' a chur i ndiaidh réamhfocail a chríochnaíonn ar ghuta roimh an alt iolra (Ó Sé, *Gaeilge Chorca Dhuibhne* 178). Dar leis an Súilleabhánach, déantar a leithéid sa teanga labhartha d'fhonn idirdhealú a dhéanamh idir réamhfocal + an t-alt iolra agus réamhfocal + an forainm sealbhach, tríú pearsa uatha (503). Leanann Seán Óg an gnás seo de ghnáth ina dhialann phríosúin .i. is iondúil go ndéanann sé idirdhealú soiléir idir réamhfocal + an t-alt iolra agus réamhfocal + an forainm sealbhach, tríú pearsa uatha:⁴³

An bhfuil an chiall imthighthe **ós** na daoineibh? (2616-2617)

Beartán ó Chait indiugh agus **ó n-a** dribhshír. (2952)

⁴³ Pléann Seán Óg le 'go dtí' mar réamhfocal simplí sa chás seo.

Músclóchadh sé truagh agus suimiugh in aon chroidhe léigheamh ar a dílse don éiglidhe agus a dícheallacht neamhchradhscallach ag briseadh adhmaid chun teine, a turuis **go dtís na** hinnealaibh lé súil go mbeadh sionach nó ainmhidhe éigin soithte ionnta[.] (4682-4685)

Caitheadh é d'iomchar thar n-ais **go dtí n-a** phobal. (3426-3427)

“Is deas an rud bheith ag feuchaint amach **trís na** fuinneóghaib ach is deise ná san beith amuigh.[’]” (1667-1668)

Agus ós rud é ná fuil scian ná gabhlán aige stiall sé **trí n-a** phroinn mar dheineadh athair Áideam sarar chuimhnig sé ar oireamhaintíbh ithte! (4063-4064)

I gcás an réamhfhocail shimplí ‘ag’, is é an gnáthnós a bhíonn sa teanga labhartha i gCorca Dhuibhne é a fhuaimniú mar ‘iq’*e*’ roimh chonsan agus é a fhuaimniú mar ‘eg’ roimh ghuta (Ó Sé, *Gaeilge Chorca Dhuibhne* 179-180). Dá bharr sin is gnách go gcuireann cainteoirí dúchais Chorca Dhuibhne ‘s’ ina dhiaidh roimh an alt iolra (Ó Sé, *Gaeilge Chorca Dhuibhne* 178). Cé go dtagaimid ar raidhse samplaí den chineál ‘ag na’ i ndialann Sheáin Óig níor aimsíodh ach sampla amháin den chineál ‘ages na’ sa saothar sin:

Agus deirtear go bhfuil báidh **ag na** daoinibh linn. (2114-2115)

Le heirghe lae coimheascar **ages na** heunlaithibh lasmuigh – táid fillte ar an gcamtha airís. (3969-3970)

[T]áim chómh deimhnightheach as táim go bhfuil[im] ghá scríobh so gur stad **ag na bréithribh** siúd agus gur mhachtuig sí orm agus go mbféidir gur shil deóir ó n-a súil. (4909-4912)

Is díol suime sa chomhthéacs seo é, b’fhéidir, go dtugann Ó Sé le fios go bhfágann beirt chainteoir dúchais ó cheantar Dhún Chaoin (Baile an Chalaigh agus Cloichear) a ndearna sé anailís orthu an ‘s’ seo ar lár ‘cuíosach minic’ idir

réamhfhocail dar críoch guta agus an t-alt iolra agus go bhfágann duine eile ón gceantar sin (Gleann Loic) a ndearna sé anailís air an ‘s’ ar lár ‘uaireanta’ sa chás sin (*Gaeilge Chorca Dhuibhne* 178).

4.5.1. An Réamhfhocail ‘I’ agus an tAlt

Is é an nós atá sa teanga labhartha i gCúige Mumhan an t-ainmfhocail a chur faoi shéimhiú nuair a úsáidtear an fhoirm réamhfhocail ‘sa’ roimh ainmfhocail uatha dar tús consan. Tá roinnt eisceachtaí ón riail seo, mar atá, ainmfhocail dar tús ‘t-’, ‘d-’ nó ‘f-’ agus na focail ‘bliain’, ‘breis’, ‘mí’ agus ‘méid’. Uraítear na hainmfhocail dar tús ‘f-’ agus na focail ‘bliain’ agus ‘breis’ sa chás seo de ghnáth agus is iondúil nach gcuirtear séimhiú ná urú ar na hainmfhocail dar tús ‘t-’ nó ‘d-’ ná ar na focail ‘mí’ agus ‘méid’ (Ó Sé, *Gaeilge Chorca Dhuibhne* 59 agus 73). Faoi mar a fheicfear sna samplaí seo thíos, leanann Seán Óg na gnásanna seo ina dhialann de ghnáth:

‘n-ár seasamh annsúd **sa bhfuacht** dúinn do thugas fé ndeara an *bhfaghar* go léir[.] (49-50)

Cé ná raibh sí tighearnamhail do bhí [sí] anchainnteach thug sí lé tuigsint dom go raibh coite (*yacht*) aice **sa deisceart**[.] (301-302)

Is mór an greann agus an subháiiceas leis a gheibhimíd as bheith ag seóladh bád beag ar an lóchán thíos **sa ghort**. (1586-1587)

Is gnách ina dhialann go gcuireann Seán Óg ‘t’ roimh ainmfhocail dar tús ‘s-’ + guta nó ‘sl-’, ‘sn-’, ‘sr-’ + guta i ndiaidh na foirme réamhfhocail ‘sa’, is cuma más ainmfhocail firinscneach nó ainmfhocail baininscneach é.⁴⁴

⁴⁴ Ar an gcuma chéanna, cuireann Seán Óg ‘t’ roimh ainmfhocail dar tús ‘s-’ + guta nó ‘sl-’, ‘sn-’, ‘sr-’ + guta i ndiaidh an fhocail ‘aon’ ina dhialann phríosúin, de ghnáth:

Táimíd gan **aon tsolas** anocht. (282)

Tréis na hiarrachta san shuaidh clagairt bualta bas an seanphobal do Sheán díreach mar chloisfeá in **aon tsearcus**! (3017-3018)

Thugas iarracht ar a staonadh. Labhras leis an gceann pobail ghá rádh má b’ é Ó Murchadha a chómhaireóchadh sinn a chur ar a shúilibh do gan **aon tsuim** do chur ann. (3986-3988)

Sé rud is déine atá ag fáscadh mo chroidhe anocht – go mbeadh sé le caitheamh **sa tsúil** orm gur sáruigheadh me ach dé beatha pé rud atá i ndán dúinn. (4499-4501)

Nuair a luadhadh m’ainm d’iompuig gach súil **sa tseómra** i dtreó an “laoich”[.] (4521-4522)

Tá ráfla ar siubhall go mbeidh míle **sa tseachtmhain** ag fágaint an Churraig, ag tosnugh ambáireach! (4992-4993)

Is iondúil, áfach, nach gcuireann Seán Óg ‘t’ roimh ainmfhocal baininscneach ná firinscneach dar tús ‘s-’ + guta nó ‘sl-’, ‘sn-’, ‘sr-’ + guta i ndiaidh na réamhfhocal simplí eile + an t-alt uatha:

[D]o thugamair fé ndeara uainn amuigh ar an ngort **tríd an slighe** idir dhá phobal sluagh mór fear a ndrom linn n-a dhá rang ar suaimhneas ‘sa n-aghaidh ar champa a haon. (609-611)

D’iarr Eudhmonn **ar an sluagh** mór (1450 fear) dul ar a nglúinibh agus dubhairt nár thráth chun óráide é[.] (895-896)

“Ná déin aon rud do chuirfeadh id choinnibh me. Fág mé i slighe a’s go dtiocfair chugham im smaointibh nuair bhead ag éisteacht [le] ceólchluiche nó nuair amharcóchad ar aon nidh is taitheamhach **leis an súil.**” (1169-1171)

Is cosúil go bhfuil bunús leis an gcleachtas seo sa teanga labhartha mar is minic i nGaeilge Chorca Dhuibhne go gcuirtear ‘t’ roimh ‘s’ san áit a shéimheofaí túschonsan eile, mar shampla, ‘sa tseomra’, agus nach gcuirtear san áit a chuirfí urú ar thúschonsan eile, mar shampla, ‘as an slí’ (Ua Súilleabháin 511).

I dteannta na foirme réamhfocail ‘san’ a úsáid roimh ainmfhocal a thosaíonn ar ghuta nó ar ‘f-’ + guta, úsáideann Seán Óg roimh ainmfhocal dar tús consan í, uaireanta. Cuireann sé urú ar an gconsan sa chás seo de ghnáth.⁴⁵

Chogras n-a chluais agus dubhart leis gearradh do chur **san bpráta**. (1826-1827)

Agus dhein sí faillighe do shuidhe **san gcathaoid** – b’fheárr léithe itheadh fén mbórd agus biadh amh d’fhághail. (2360-2362)

Sa deireadh dhein sí cnuigéar **san ngairdín** d’iarraidh polladh fén bhfalla. (2372-2373)

Bíonn an dá nós ag cainteoirí dúchais Chorca Dhuibhne ‘sna’ agus ‘sa’ a úsáid roimh ainmfhocal iolra. Is gnách go bhfágtar an t-ainmfhocal iolra lom sa chás seo (.i. i ndiaidh ‘sna’ nó ‘sa’) (Ó Sé, *Gaeilge Chorca Dhuibhne* 190). I dtaca le dialann Sheáin Óig, cé nár thángthas ar shampla ar bith de ‘sna’ sa saothar sin tá flúirse samplaí de ‘sa’ roimh ainmfhocal iolra le fáil inti. Cloíonn Seán Óg leis an nós thuasluaite de ghnáth agus is iondúil nach gcuireann sé séimhiú ná urú ar ainmfhocal iolra i ndiaidh na foirme réamhfocail ‘sa’:

⁴⁵ Is gnách go bhfágtar ainmfhocal dar tús ‘d-’ nó ‘t-’ lom i ndiaidh na foirme réamhfocail ‘san’ sa dialann (795, 893, 952, 963, 987, 1236, 1502, 1784, 1838, 1861, 1955, 2954-2955, 2972, 3139, 3758, 3849, 4090, 4359, 4666, 4667, 4784):

Ní raibh aon’ne ag cabhradh liom san leabharlann indiugh ach Longmore, buachaill fonnmar go maith – tá a chroidhe **san tionnsain**. (793-795)

“Beul Átha na Sluagh,” deir sé, “an áit is millte **san domhan**.” (1784)

Dá scríofa a lithéid **san dúthaig** seo deunfaide ionnarbadh ar an ughdar[.] (3758)

Is ainmfhocail fhirinsneacha iad na hainmfhocail ar fad dar tús ‘s-’ + guta nó ‘sl-’, ‘sn-’, ‘sr-’ + guta a fuarthas i ndiaidh na foirme réamhfocail ‘san’ i ndialann Sheáin Óig. Níl Seán Óg de réir a chéile faoin mbealach a chaitheann sé leis na hainmfhocail seo .i. ní chuireann sé ‘t’ rompu uaireanta (697, 1618, 1631, 1929-1930, 2250, 3128) ach, in amanna eile, cuireann sé ‘t’ rompu (1405, 2017, 2036, 3688):

[N]í labhartar focal Gaedhlinge san **saghas** Dálá atá againn. (1617-1618)

[D]o dheimhnig sé uirthé **san tsluagh** agus go deimhin budh neamhfeardha na bréithre a scéin uaidh. (2017-2018)

M’anam ‘on diall,” arsa Pungab trí scarta mór gáire “go bfuair an diall bocht san 28 lá **san seómra** gárda. (3127-3128)

Ní raibh aon tsoillse againn **sa caráistidhibh.** (25)

“Do bheadh breis san úir a’s níos lugha **sa príosúnaibh,**” ar seisean go searbh
[“]dá mbé mian an Riaghaltais é!” (1580-1582)

Tá an ghaoth ag séideadh an tseaneachlainn, ag séideadh n-a siolla idir na
bundalaig agus bárr an fhalla, trí scoilteannaibh san fhuinneóig agus phollaibh
sa dóirsibh. (1902-1904)

4.5.2. An Réamhfhocal ‘As’

Is iondúil i nGaeilge Chorca Dhuibhne go gcuirtear séimhiú ar ainmfhocal i
ndiaidh an réamhfhocail ‘as’ má táthar ag tagairt do rud faoi leith agus go bhfágtar an
t-ainmfhocal lom má táthar ag tagairt do rud ginearálta (Ua Súilleabháin 503).
Cloíonn Seán Óg leis an nós seo i gcónaí ina dhialann phríosúin i gcás na
n-ainmfhocal nach bhfuil ag tagairt do rud ginearálta.⁴⁶ Féach, mar shampla:

Ist oidhche De hAoine d’eulaig 70 fear **as thuar a haon** níl eólas ceart againn
ar an uimhir. (1203-1204)

[C]hómh luath agus airig na póilíní cad bhí ar siubhall thugadar cead dóibh
agus n-a theannta san thugadar calán mór té isteach chúcha **as thig na**
cócaireachta. (3278-3280)

Chonnac ceathrar saighdiúirí ag iomchar mála móir (ceann de mhalaidhibh an
phuist) lán dár gcuid bidh **as Phobal an Cheistiucháin as an Scrúduighthe**
amach tráthnóna inde. (3539-3542)

Maidir leis na hainmfhocail atá ag tagairt do rud ginearálta, ní thagann an gnás
atá ag Seán Óg le nós na teanga labhartha (.i. gan séimhiú a chur ar thúschonsan na
n-ainmfhocal seo tar éis ‘as’) - is é sin, níl Seán Óg de réir a chéile ó thaobh séimhiú

⁴⁶ Féach: 920, 1204, 1329, 1332, 3015, 3280, 3425, 3541, 3749, 5201.

a chur ar an ainmfhocal sa chomhthéacs seo. Má fhéachtar ar na seacht sampla is fiche a fuarthas sa dialann den réamhfhocal ‘as’ roimh ainmfhocal inséimhithe atá ag tagairt do rud ginearálta, feictear go bhfuil séimhiú ar an ainmfhocal i naoi gcinn déag acu:⁴⁷

An ar leithsceul go mbeadh cré nó gainimh **as mhúchanaibh** laistiar díobh é? (2666-2667)

[D]hein sé miongháire a bhainfeadh gáire **as chloich!** (5270)

Ó, seadh dhein buachaill mala balcaisí dhom **as bhairlín** agus ghréasuig sé m’ainm “Seán a Chóta, Baile an Stáin, 1923” air i snáithín cuibheasach maith leis. (5473-5475)

Níl séimhiú ar an ainmfhocal sna hocht sampla eile, ámh:⁴⁸

An cheud Dáil a bhí againn is beag scaiste aca ná tugadh iarracht ar rud éigin do rádh **as Gaedling**[.] (1615-1616)

Tá súil agam ná beidh sí ag suirighe le haonne faid bheith sí **as baile**. (2091)

Sid é mar dubhairt Voltaire leis féin tréis léighte dho - an cuireadh fuair sé chun fillte **as deóraidheacht**. (2682-2684)

4.5.3. An Réamhfhocal ‘Thar’

Is gnách le cainteoirí dúchais Chorca Dhuibhne gan séimhiú a chur ar ainmfhocal i ndiaidh an réamhfhocail ‘thar’ má táthar ag tagairt do rud ginearálta agus séimhiú a chur air má táthar ag tagairt do rud faoi leith (Ua Súilleabháin 509). Ní thagann an nós atá ag Seán Óg ina dhialann leis an gcleachtas seo - is é sin, níl Seán Óg de réir a chéile ó thaobh séimhiú a chur ar ainmfhocal atá ag tagairt do rud

⁴⁷ Féach: 468, 787, 1110, 1111, 1114, 1654, 2667, 3030, 3433, 3613, 4158, 4247-4248, 4272-4273, 4411, 4810, 5270, 5420-5421, 5473, 5480.

⁴⁸ Féach: 1616, 1762, 2091, 2430, 2683-2684, 3646, 4519, 4520.

ginearálta ná ar ainmfhocal atá ag tagairt do rud faoi leith i ndiaidh an réamhfhocail shimplí ‘thar’.⁴⁹ I dtaca leis na trí shampla dhéag a aimsíodh sa dialann den réamhfhocal ‘thar’ roimh ainmfhocal inséimhithe atá ag tagairt do rud ginearálta, níl séimhiú ar an ainmfhocal i naoi gcinn acu.⁵⁰

An lá eile chuirfeadh sé i gcumhne dhuit duine éigin go leighfeá air san seanreacht nuair bhí sé n-a shuidhe ag an ngeata ar a leabaidh mar bheadh sé ag fitheamh le déirc ó dhuine éigin a gheóbhadh **thar brághaid**. (1929-1931)

Indiugh ní fheaca caonaidhe den bhfine ag feuchaint **thar fál** orainn. (2114)

Táim **thar bárr** ar fad anocht, d’fhág triúr ar bpobal indiugh agus chuadar abhaile agus d’fhág triúr scaistí tráthnóna é ag itheadh! (3482-3483)

I gcás na gceithre shampla eile, áfach, tá séimhiú ar an ainmfhocal:⁵¹

Faid agus bhíos ag éisteacht leis an méid seo d’fheuchas uaim ar na sléibhtibh, chrapas mo shúil chugham ar an machaire im aice, agus shíneas mo radharc airís i scuabadh **thar ghortaibh glasa**[.] (2820-2823)

Feuch anois gur iomdha sceul iontuatha a ghaibheas **thar dhuine** nuair ná feiceann sé an páipéar (5135-5136)

Thug Seósaimh na Gaoithe Seumas Ó Reachtnín, Ó Ceallaig agus fear eile suas go dtín oifig d’iarraidh iad do chur i dtig na gloine mar gheall ar bheith ag cainnt **tar bhaghar** lé daoinibh i gcamtha I. (5189-5191)

⁴⁹ Níl Seán Óg de réir a chéile ach oiread ó thaobh séimhiú a chur ar an réamhfhocal féin. Úsáideann sé na leaganacha ‘thar’ agus ‘tar’ araon go rímhinic sa dialann tríd síos:

Tréis seire do bhí sé ag glaodhach ‘sag deimhniugh **tar teórainn** ar mhnáibh éigin do bhí thuas ameach na dtighthe. (647-648)

[C]é gur chuireas suime **tar meón** san da sceul fós ní feudfainn iad do léigheamh lé haon tsaghas sásaimh (3831-3832)

Bhí ráfla ar siubhall go ndubhairt Ó Maolchatha go gcoimeádfaidhe 4000 againn **thar Nodlaig!** (5018-5019)

⁵⁰ Féach: 647, 1079, 1931, 1964, 2114, 3482, 3831, 5508-5509, 5560.

⁵¹ Féach: 2822, 3887, 5135, 5191.

Ina theannta sin, thángthas ar chúig shampla den réamhfhocail ‘thar’ roimh ainmfhocail inséimhithe atá ag tagairt do rud faoi leith i ndialann Sheáin Óig. Tá séimhiú ar an ainmfhocail i gceann amháin de na samplaí seo:

Thar chómhrádh béil is beag suim ag an nduthaig ghá chur ionain[.] (5232-5233)

Níl séimhiú ar an ainmfhocail sna ceithre shampla eile, ámh:⁵²

Admhuighim gur corruigtheach an rud bheith mar phaisinséar ar luing mhóir i spéirling uathbhásaig, ach nách giorra d’eólas ceart duine thíos i mbolg na luinge ceudna ar an uain gceudna ag caitheamh guail nó i gcleiteóigín nadhbhóige ná hiomcharóchadh **tar tuna meadhachtainte** ag deunamh slighe bheatha[.] (1374-1377)

Cainnt ó Risteárd ag cruinniugh de C. na nG. agus an t-airgead go léir a measadh indé do aireachtaibh áirighthe, agus a lia rud eile ná raghaidh go deo **tar braghan an tigh**e n-ar ritheadh iad. (1850-1852)

Lé deireanaighe an tráthnóna cuireadh braigheanna Chamtha a trí amach fén eatrainn agus chonnacamair uain sall **thar Camtha a do** gasra mhór póilín búird as rudaidhe ghá iomchar aca amach as na pobalaibh[.] (3391-3393)

Is ábhar suntais, sa chomhthéacs seo, é, b’fhéidir, go dtuairiscíonn Ua Súilleabháin nach gcloítear i gcónaí leis an nós seo (.i. séimhiú a chur ar ainmfhocail i ndiaidh an réamhfhocail ‘thar’ má táthar ag tagairt do rud ginearálta agus gan séimhiú a chur air má táthar ag tagairt do rud faoi leith) ‘go háirithe le focail a úsáidtear go minic i gcomhthéacs ginearálta, m.sh. *gabháil thar doras an tí seo, thar teora na contae*’ (509).

⁵² Féach: 1377, 1852, 2822-2823, 3392.

4.6. Réimíreanna agus Forainmneacha

Maidir leis an réimír ‘an-’, is gnách i gCorca Dhuibhne go gcuirtear guta cúnta léi .i. go ndeirtear mar ‘anə’ í agus go leanann séimhiú í roimh fhocal dar tús consan (Ó Sé, *Gaeilge Chorca Dhuibhne* 470).⁵³ Ní bhfuarthas sampla ar bith den ghuta cúnta seo i ndialann Sheáin Óig:⁵⁴

Do bhí fear den ghárda **anscáinteach anghoirgeach**. (393)

Lá duibheacach ‘seadh é cé go raibh an mhaidean **anbhreágh**. (2790)

Chuala fothghlór oidhche ach rothan san bhí an mhaidean **anmharbh**. (3520-3521)

Cuireann Seán Óg séimhiú ar fhocal dar tús ‘d-’, ‘t-’ nó ‘s-’ i ndiaidh na réimíre ‘an-’ ina dhialann de ghnáth:

Smaoinigheas ar feadh tamaillín agus mhachtnuigheas ar an dtráth go bpósfainn í, mar bhíos óg agus **anshaonta**, dá bposadh sí me. (1093-1094)

Tháinig beartán agus leitrín ó Cháit, leitrín **andheas** in a dtráchtann sí ar mhórán rud fé cheilt. (2310-2311)

‘Dar fiadh b’fhéidir go bhfeudfainn gal do sholáthar ar shlighe éigin tabhair dom piúnt leanna duibh in a ionad: tá **anthart** orm.’ (5543-5544)

Is iondúil nach gcuirtear séimhiú ar fhocal dar tús ‘d-’, ‘t-’ nó ‘s-’ i ndiaidh na réimíre seo nuair a fhuaimnítear mar ‘an’ í ach go séimhítear iad nuair a fhuaimnítear mar ‘anə’ í (Ó Sé, *Gaeilge Chorca Dhuibhne* 470). Is cosúil, mar sin, go bhfuaimníodh Seán Óg an réimír seo mar ‘anə’ roimh chonsan in ainneoin go bhfuil an chuma ar an scéal go litriúnn sé mar ‘an’ ina dhialann í i gcónaí.

⁵³ Faightear an guta cúnta seo .i. ‘anə’ i nGaeilge na Mumhan amháin.

⁵⁴ Níor aimsíodh sampla ar bith d’fhleiscín idir an réimír ‘an-’ agus an focal ina dhiaidh i ndialann Sheáin Óig ach oiread. Is deacair a rá cad is bun leis seo. B’fhéidir go bhfuil baint aige leis an neamhaird a thugtar ar an bponcaíocht i gcoitinne sa dialann tríd síos (féach: 4.2.2.).

4.6.1. An Réimír ‘Sean-’

Is gnách i gcanúint Chorca Dhuibhne go gcuirtear guta cúnata leis an réimír ‘sean-’ .i. go ndeirtear mar ‘janə’ í agus go leanann séimhiú í roimh fhocal dar tús consan (Ó Sé, *Gaeilge Chorca Dhuibhne* 470).⁵⁵ Níor thángthas ar shampla ar bith den ghuta cúnata seo i ndialann Sheáin Óig:

Tá na cócairí ag feadghail sag ruacán dóibh féin ag gabhail dá gcúram, tá an **seanPhiarsach** fuascaltha ag tiargáil ar dhul abhaile go gealghárteach. (877-879)

Níl aon rud go dtráchtfaidhe air ná fuil sceul ag an **seanbhuachail** ullamh do. (1793-1794)

Budh chuma léithe siúd an iad na **seanchonnstablaidhe** nó póilíní na poblachta a thiocfadh um oidhche[.] (4414-4415)

Aimsíodh deich gcomhfhocal dar tús ‘sean-’ ina dtosaíonn an dara cuid den chomhfhocal ar ‘d-’, ‘t-’ nó ‘s-’ sa dialann. Leanann séimhiú ‘sean-’ i seacht gcinn de na comhfhocail seo:⁵⁶

Do chuir teangbháil eile rud i gcuimhne dom sceul d’innseadh **seanDhónal**, mo Sheanathair[.] (122-123)

Chuirfeadh sé an **seanshaoghal** i gcuimhne dhuit – na cróidhte. (1875)

Agus dá stracfadh tón a **seanthriubhais** thabharfadh aghaidh orm agus deurfadh “An [...]”⁵⁷ (5367-5368)

Is é an nós atá sa teanga labhartha gan séimhiú a chur ar fhocail dar tús ‘d-’, ‘t-’ nó

⁵⁵ Faightear an guta cúnata seo .i. ‘janə’ i nGaeilge na Mumhan amháin.

⁵⁶ Féach: 123, 870, 1875, 2410, 2717, 5303, 5368.

⁵⁷ Is é is cúis leis an gcuid dheireanach den abairt seo a bheith ar iarraidh go bhfuil an chéad leathanach eile ar iarraidh ón doiciméad bunaidh .i. ó bhunchóip na dialainne.

‘s-’ i ndiaidh na réimíre seo nuair a deirtear mar ‘jan’ í ach iad a shéimhiú nuair a fhuaimnítear mar ‘janə’ í (Ó Sé, *Gaeilge Chorca Dhuibhne* 470). Dealraíonn sé, mar sin, go bhfuaimníodh Seán Óg an réimír seo mar ‘janə’ sna seacht gcomhfhocal seo in ainneoin go litríonn sé mar ‘sean’ í.

I gcás na dtrí chomhfhocal eile den chineál seo (.i. focail dar tús ‘d-’, ‘t-’ nó ‘s-’ i ndiaidh na réimíre ‘sean-’) a fuarthas sa dialann, ní leanann séimhiú ‘sean-’:

Airéir do bhí ríoradh amhrán againn – ruacáin amhráin dhúthamhla, amhráin ghrínn agus aroile ach d’fhóbaire (sé sin is maith an rud nách iad an **seandrong** a bhí i gceannas) go mbeadh deireadh neamhshubháilceach lé n-ar gcuirm ceóil. (2462-2465)

Amach liom go pobal 9 in aice an **tseandúine** Sean Mac Ceochach, fear bocht iongtach. (3709-3710)

Thar mo cheann é,” arsa mise mar deir na **seandaoine** a chreideas lé piseógaibh go mbíonn a lithéid ag tásdbháil ó dhuine éigin ar an saoghal eile! (3916-3918)

B’fhéidir go bhfuil bunús leis an méid seo i gcanúint dhúchais Sheáin Óig mar deir Ó Sé nach mbíonn séimhiú ná guta cúnta i gcomhfhocail áirithe den chineál seo (.i. focail dar tús ‘d-’ i ndiaidh na réimíre ‘sean-’) i nGaeilge Chorca Dhuibhne de ghnáth agus gur iondúil go ndéantar ‘**foun** de **jan** [iontu], m.sh. **foundə’ri: seandraoi’** (*Gaeilge Chorca Dhuibhne* 468). Anuas air sin, cuireann Ó Sé in iúl go bhfuil ‘déantús eisceachtúil’ ag na focail ‘seandúine’ agus ‘seandaoine’ agus nach mbíonn séimhiú ná guta cúnta iontu sa teanga labhartha i gCorca Dhuibhne de ghnáth .i. go bhfuaimnítear mar ‘**ʃandɪn’ɪ**’ (seandúine) agus mar ‘**ʃan’di:n’ɪ**’ (seandaoine) iad go hiondúil (*Gaeilge Chorca Dhuibhne* 468).

4.6.2. Réimíreanna Roimh Fhocail Dar Tús ‘F-’

Ní bhíonn séimhiú ar fhocail dar tús ‘f-’ i ndiaidh réimíreanna áirithe nó sa dara cuid de chomhfhocail áirithe, in amanna, i ndialann Sheáin Óig. Tóg, mar shampla:

Is tarcuisneach an tagairt do dhein L McC. do Mháire Ní Ghuinn do dheimhnig sé uirthé san tsluagh agus go deimhin budh **neamhfeartha** na bréithre a scéin uaidh. (2016-2018)

Maidean chruaidh sheaca, a atharuig go eadarshuth breágh agus go lá marbh, ciúin agus a mhalartuig go tráthnóna bog **beulfliuch**. (3966-3967)

Ach iomthúsa an Loingsig: d' aithnigheas go raibh **drochfuadar** fé[.] (4084-4085)

B'fhéidir go bhfuil baint ag an múnla seo le nósanna fuaimnithe na teanga labhartha mar aithnítear go mbíonn neamhshéimhiú 'f-' sách coitianta sa teanga bheo i gCorca Dhuibhne agus in áiteanna eile i gcásanna mar seo.

4.6.3. Na Forainmneacha Pearsanta

Tá foirmeacha áinsíocha nua de na forainmneacha 'mé' agus 'tú' tar éis teacht chun cinn i nGaeilge na Mumhan, mar atá, 'me', 'mi', 'tu', 'thu'.⁵⁸ Úsáidtear na foirmeacha gairide i gcónaí sa chanúint sin ach amháin sa chás gur ainmní é an forainm atá díreach i ndiaidh briathair (seachas an chopail), mar shampla, '*bei' mé, bhuaíl sé me [...], is tu.*' (Ua Súilleabháin 501-502). Cé go bhfaightear an chuid is mó de na foirmeacha forainmneacha seo (mar atá, 'mé'/'me' agus 'tú'/'tu'/'thu') i ndialann Sheáin Óig, ní féidir patrún a dhéanamh amach sa saothar sin i dtaca lena n-úsáid. Tá go leor samplaí sa dialann, mar shampla, atá ag teacht leis an ngnás thuasluaite .i. tá síneadh fada ar an bhforainm díreach tar éis an bhriathair; tá an forainm díreach tar éis na copail gan síneadh fada a bheith air; tá an forainm ina chuspóir gan síneadh fada a bheith air:

An gcuimhnigheann **tú** ar na leitreachaibh a scrígteá chugham? Agus – á seadh – agus an léigheann **tú** na leitreacha a scríobhas cugat? (1139-1140)

⁵⁸ Is cosúil gur eascair na foirmeacha 'mi' agus 'tu' ó na foirmeacha treisithe 'mise' agus 'tusa' agus gur giorraíodh an guta fada i 'me' ar mhúnla 'tú': 'tu' (Ua Súilleabháin 501-502).

Is **me** do choirigheadh le searc í - óm chroidhe! (2192-2193)

Ar láitriugh dhom d'ionnsuig sí **me** agus i nguth bhinn dhaingean mheallta do ráidh; “Táir tréis bheith ag ól[.]” (4553-4554)

Tá cuid mhaith samplaí eile sa dialann, áfach, nach dtagann leis an nós sin ar chor ar bith .i. tá an forainm díreach tar éis an bhriathair gan síneadh fada a bheith air; tá an forainm díreach tar éis na copaille agus síneadh fada air; tá an forainm ina chuspóir agus síneadh fada air:

Bhein féin leis innte mar tá greamanna ocrais orm mara mbeadh **me** bheith ag fitheamh lé fear na fuinneóige! (3396-3398)

Is **mé** an cheud duine indiugh a fuair an cheud sceula – deireadh ghá cur lé hAire Lorgtha Córa[.] (3468-3469)

Cím airís thu mar chonnac **tú** an oidhche dheidheanach úd ar an scuain árd sar ar fhágas **tú** chun dul fén Iarthar. (1982-1984)

4.7. Briathra

Tá claonadh láidir i nGaeilge na Mumhan an fhoirm tháite den bhriathar a úsáid, más ann dá leithéid, san áit a mbeadh foirm scartha níos coitianta, b'fhéidir, sa dá mhórchanúint eile (Ua Súilleabháin 515). Is fíor sin i gcás dhialann Sheáin Óig, freisin .i. nuair atá a leithéid ann is gnách go roghnaíonn Seán Óg an fhoirm tháite den bhriathar thar an bhfoirm scartha. Féach, mar shampla:⁵⁹

⁵⁹ Ní thugtar anseo thíos ach sampla ionadaíoch amháin ó dhialann Sheáin Óig de na foirmeacha éagsúla táite a úsáidtear sa chéad réimniú agus sa dara réimniú i nGaeilge na Mumhan ach nach bhfaightear go coitianta sna canúintí eile. Tá cúpla bearna sa liosta seo toisc nár aimsíodh sampla ar bith sa dialann de chuid de na foirmeacha táite seo a chloistear sa dara réimniú i gcanúint na Mumhan.

4.7.1. Aimsir Chaite

1.P.U.

I gcaitheamh an aifrinn **bhraitheas** go dtabharfadh sé seanmóin uaidh agus níor chuir sé díombáidh orm[.] (619-621)

Do chuir sé an oiread san feirge orm gur **dhiúltuigheas** aon bhaint speisialta do bheith agam leis an gCoróin Páirtig níos mó ná í d'fhreagairt. (147-148)

2.P.U.

Cad súd a **scríobhais** id leitir dheidheanaig? (1167)

Ach a Cheann Dubh an bhfuil aithreachas indiugh [ort] nár **euluighis** liom? (574-575)

1.P.I.

Do **chuireamair** óráid an Lorcánaigh trí chéile indiugh[.]⁶⁰(1541-1542)

Do **chriathruigheamair** an toghadh coitcheann agus a thoradh, 1916, an Piarsach agus aroile. (2248-2250)

2.P.I.

Tá mo smaointe se orraibh se - dob aoibhin seal i bhfochair aon'ne agaibh – is agamsa do bhí a fhios; is agam-sa **d'fhágabhair** croidhe brúigte. (1671-1672)

⁶⁰ Úsáideann Seán Óg na foircinn ‘-(e)amar’ agus ‘-(u)igheamar’ in amanna, freisin, sa chéad phearsa iolra aimsir caite ach is minice go mór a úsáideann sé ‘-(e)amair’ agus ‘-(u)igheamair’ sa chomhthéacs sin.

3.P.I.

Gáire agus trithí dubha do **bhaineadar** as a raibh láithreach. (678-679)

[T]haidhbhsigheadar mar réilthíní míltheach oidhche mhodardha[.] (29)

4.7.2. Aimsir Láithreach

2.P.U.

Dé bheatha; agus má mhairim leis an áit seo d'fhágaint is minic a chuimhneóhad ort. Is truagh liom ná **tuigir** mo ghuidhe dhuit. (2960-2961)

Táim im luighe ann agus [...] **dlúthuighir** póg the dhil ar mo bheolaibh leathoscailte! (1978-1980)

1.P.I.

Dar liom go **mbraithimíd** go léir tímcheall mar chéile, tinneas marbh cinn.⁶¹
(3291-3292)

Ciorruighimíd an aimsir ar an slighe seo. (1814)

3.P.I.

Ní mhothuigheann an sáthach an trátach ocrach” ach mothochaidh an S.S. é seo má **leanaid** do. (3432-3433)

⁶¹ Bíonn an dá nós ag Seán Óg na foircinn ‘-míd’/‘-(u)ighimíd’ agus ‘-mid’/‘-(u)ighimid’ a úsáid sa chéad phearsa iolra aimsir láithreach. B’fhéidir go mbaineann an neamhréir seo leis an neamhréir i leith úsáid an tsínidh fhada a fheictear ar fud na dialainne go háirithe os rud é gur coitianta go mór ag Seán Óg feidhm a bhaint as ‘-míd’/‘-(u)ighimíd’ ná ‘-mid’/‘-(u)ighimid’ (féach: 4.1.2.; 4.2.1).

4.7.3. Aimsir Fháistineach

1.P.U.

Chuaidh an braon fés na féitheachaibh ag giolla Mhaitias. “**Lamhachfad** tu,” ar seisean le Maitias[.] (4436-4437)

Tá mo smaointe se orraibh se - dob aoibhin seal i bhfochair aon’ne agaibh – is agamsa do bhí a fhios; is agam-sa d’fhágabhair croidhe brúigte. Ach go bráth ní **imtheóchad** as bhúr gcuimhne. (468-570)

2.P.U.

“An **ólfair** te, a Sheáin?” ar seisean[.] (1072)

“Sciúird” arsa B. “**Imeóchair** id croiceann annso. Thíos san múchán in uimhir 18 a chaithis-se do thriubhas,” agus chlúduig Máirtín, an fear bocht a ghlúine nochta lé n-a chasóig mhóir. (1743-1745)

1.P.I.

“Togha áite,” arsa mis’, “cuirfead fios ar mo chailín agus sochróhad fúm ann. **Cuirfimíd** Cumannacht ar bun ann[.]”⁶² (939-940)

Ach go cinnte **caithfeam** rud éigin do dheunamh linn féin agus dúinn féin. (1005)

3.P.I.

A chúis na Poblachta, nách tú atá timchealltha ag an scata anchúinse? Ach ní **chlaoidhfid** tú – Sasana, an S.S. naimhde phearsanta Debh, Feis an Tuaiscirt

⁶² Baineann Seán Óg feidhm as na foircinn ‘-f(a)imíd’ agus ‘-f(a)imid’ araon sa chéad phearsa iolra aimsir fháistineach ina dhialann. B’fhéidir go bhfuil baint ag an neamhréir seo leis an neamhréir i leith úsáid an tsínidh fhada a fhaightear sa dialann sin, tríd síos, go háirithe os rud é gur minice go mór a úsáideann Seán Óg ‘-f(a)imíd’ ná ‘-f(a)imid’ (féach: 4.1.2.; 4.2.1).

agus aroile. (2021-2023)

4.7.4. Modh Coinníollach

1.P.I.

Ar mhaith leis go **ndearmhadfaimís** an Tuaisceart amach sa amach? (4889-4890)

3.P.I.

Dubhairt an buachaill lém bheul go raibh sé ceangailte aca i rith na h-aimsire go bhfaigheadh sé breis bhasctha mara mbeadh beirt phóilíní a bhagair go **gcaithfidís** díobh an seiceád mar a stadfadh an bualadh. (1274-1277)

Ní raibh aon fhonn orm dul ar fuath bidh mar bhí sé ceangailte, mar tá ráidhte im chinn lae agam dhá mhí ó shoin, ná **dlúthócaidís** fada a ndóthain lé chéile. (3734-3736)

4.7.5. An tAinm Briathartha

Is é an gnáthnós a bhíonn ag muintir Chorca Dhuibhne nuair a bhaineann siad úsáid chéasta as ainm briathartha ‘á + séimhiú’ a úsáid is cuma faoi inscne ná uimhir an ainmfhocail dá ndéantar tagairt (Ua Súilleabháin 524). Is fíor sin i gcás dhialann Sheáin Óig, freisin, nuair atáthar ag tagairt d’ainmfhocal firinscneach nó baininscneach. Má fhéachtar ar na ceithre shampla is tríocha den mhúnla seo atá ag tagairt d’ainmfhocal firinscneach a fuarthas sa dialann, mar shampla, feictear go bhfuil séimhiú ar an ainm briathartha in dhá cheann is tríocha acu:⁶³

Ar dtúis do bhí an aimsir anfhuar anchruaidh – an Márta **ghá theasbáint** féin gan dearmad. (425-426)

⁶³ Féach: 425, 460, 509, 629-630, 1311-1312, 1350, 1405, 1966, 2053-2054, 2164-2165, 2223, 2511, 2595, 2975, 3015, 3070, 3468, 3543, 3577, 3708, 3883, 4030-4031, 4066, 4119, 4248, 4306, 4776, 4969, 5164-5165, 5296, 5320, 5444, 5578-5579, 5630.

B'ait an rud do thugas fé ndeara oifigeach agus é ag teacht dár gcómhaireamh **ghá choisreagan féin!** (2053-2055)

In aice le cúine a 18. bhí cuid des na bráigheannaibh n-a suidhe nó n-a seasamh agus d'fhógair an C. ortha gluaiseacht, é ag stádar sall 'sanall mar coilleach báin a ghuna **ghá chasadh** n-a láimh aige. (2593-2596)

Thairis sin, aimsíodh aon sampla dhéag den mhúnla seo atá ag tagairt d'ainmfhocal baininscneach sa dialann agus tá séimhiú ar an ainm briathartha i naoi gcinn acu:⁶⁴

Riamh roime seo níor dalladh aon dúthaig lé feallghradhthaoíribh mar tá an dúthaig seo **ghá dhalladh**. (1642-1643)

Tá an chainnt fhiadhain neimhcheansa cheudna ar siubhall, an tagairt tharcuisneach ceudna **ghá dheunamh** dúinn. (2687-2689)

Ambáireach caithfeadh ált do scríobh d'iris atá **ghá bhunugh** sa chamtha "Is breágh í an fhoidne" ach is deacair do dhuine foidne do bheith aige ar a lithéid seo[.] (5169-5170)

Níl cúrsaí chomh soiléir i gcás na n-ainmneacha briathartha a bhfuil úsáid chéasta á baint astu agus atá ag tagairt d'ainmfhocal iolra. Thángthas ar aon sampla dhéag den mhúnla seo i ndialann Sheáin Óig ina bhfuil séimhiú ar an ainm briathartha:⁶⁵

Do cuireadh an leabharlann ar siubhall indiugh – S. O C ag scríobh ainmean na mbronntóirí mise **ghá ghlaodhach** do. (539-541)

Tá mórchuid aca ag luighe n-a leapachaibh ag deunamh neul nó ag súgradh dhóibh féin ar fuaid na bpobal – agus ní róchumaoinéach na carghail atá **ghá**

⁶⁴ Féach: 1643, 2384, 2688-2689, 3014, 3531, 3974, 4140, 4494, 4895, 5056, 5170.

⁶⁵ Féach: 541, 1294, 2516, 2737, 3020, 3326, 3395, 3434, 3701, 4160, 4460.

chaitheamh leis an gcléir[.] (2735-2737)

Tá leapacha curtha isteach doibh i bpobal 7 agus **ghá chur** isteach i bpobal a 6[.] (3701)

Fuarthas cúig shampla eile, ámh, ina bhfuil urú ar an ainm briathartha:⁶⁶

Tá S. McC agus P. S. san ósbuidéal in aice a chéile. Téidhim ar a dtuairisc agus tugaim an páipéar chúcha nuair is féidir liom é. Do chuireamair óráid an Lorcánaigh trí chéile indiugh i rith na feadha giorra a bhíos **ghá bhfiosrugh**[.] (1540-1542)

Tá pláincéadaidhe agus tochta amuigh fén spéir indiugh. *Jeyes fluid* dá chrochadh ortha ag na bráigheannaibh chun míol do chosc; cuid aca casta ionnta agus iad **ghá ngrianadh** féin. (1686-1688)

Agus iad aige bhuail chuige iad idir a dhá chois agus thionnscaim **ghá n-itheadh!!** (4350-4351)

Léiríonn an méid seo gur thuig Seán Óg an nós stairiúil (.i. urú a chur ar an ainm briathartha nuair atáthar ag tagairt d'ainmfhocal iolra) ach gur dócha gur choitianta aige nós a chanúna dúchais (.i. séimhiú a chur ar an ainm briathartha nuair atáthar ag tagairt d'ainmfhocal iolra).

4.7.6. An Clásal Coibhneasta

Is iondúil ina dhialann go mbaineann Seán Óg úsáid as foirm choibhneasta an bhriathair san aimsir láithreach agus san aimsir fháistineach:

Thugas milseán chun na beirte dochtúir, agus do scríobhas nóta ar an stán don Dr. Liam - a **chuirfeas** ag gáirí é. (599-600)

⁶⁶ Féach: 1542, 1688, 2700, 4351, 5305.

An bhfuil aon'ne san ngluaiseacht-so againne a **chidhfeas** roime choidhche?
(4709-4710)

“Lém linn se bhídís (na sagairt) sásta lé scilling nó dhó ó fheirmeóir; anois
púint, púint, a bhuachaill a **bhíos** uatha agus **ghaibheas** siad,” go searbh
neamhomósach adubhairt sé na bréithre seo. (4779-4781)

Cé go n-úsáideann cainteoirí dúchais Chonnacht agus Uladh an fhoirm choibhneasta go fóill is gnách nach n-úsáidtear i nGaeilge na Mumhan í a thuilleadh (Hughes 641; Ó hUiginn 582; Ua Súilleabháin 516). B'fhéidir, mar sin, gur bhain Seán Óg úsáid as an bhfoirm seo ina dhialann faoi thionchar scríbhneoirí Uladh agus Chonnacht. Is fiú a lua, freisin, go n-úsáideann Seán Óg an fhoirm leithleach den choibhneasta go minic san aimsir láithreach agus san aimsir fháistineach in *Croidhe Cainnte Ciarraige*, chomh maith (Ní Mhaonaigh, 'Re: CCC. '; Ó Brosnacháin 56). Tá Ó Brosnacháin den tuairim go ndearna Seán Óg sin toisc gur 'cuid de thraidisiún na foclóireachta é go mbaintear earraíocht as teanga liotúirgeach, ársa, fhoirmeálta, go háirithe sna sainmhínithe, d'fhonn cur le stádas agus údarás agus sollúntacht an tsaothair.' (56). Is é sin, síleann sé gur bhain Seán Óg úsáid as an bhfoirm choibhneasta in *Croidhe Cainnte Ciarraige* ar mhúnla an tsean-nóis seachas ar mhúnla na gcanúintí eile. D'fhéadfadh sé, mar sin, gurbh é an sean-nós a spreag Seán Óg chun an fhoirm choibhneasta a úsáid ina dhialann, freisin.

Is ábhar iontais é mar a chaitheann Seán Óg leis an bhfoirm spleách, tríú pearsa uatha aimsir láithreach, den bhriathar sa sliocht seo thíos a baineadh as an iontráil dialainne dar dáta 26 Feabhra 1923:

Airéir b'é m'argoint se gur b'é baramhail na n-easbog, ceart nó mícheart,
dlighe na heagailse go dtí **go n-aontuigheas** nó **go ndiultuigheas** an Róimh é.
B'é argóint fir eile go mbaineann sé leis an gcaonaidhe agus gur b'é a chognas féin a stiúir. (285-287)

Níor aimsíodh sampla ar bith eile den mhúnla seo i ndialann Sheáin Óig.

Nuair a chuirtear an mhír 'go' le 'go dtí' mar seo i dtús an chlásail ama fhinidigh i gCorca Dhuibhne is gnách go n-uraítear an briathar a leanann 'go' ach nach ndéantar aon athrú ar fhoirceann an bhriathair (Ó Sé, *Gaeilge Chorca Dhuibhne*

440). Nuair a chuirtear san áireamh, freisin, nach mbíonn sé de nós ag muintir Chorca Dhuibhne an fhoirm choibhneasta den bhriathar a úsáid sa teanga labhartha, b'fhéidir nach bhfuil sa dá leagan thuas (.i. 'go n-aontuigheas' agus 'go ndiultuigheas') ach forcheartú .i. b'fhéidir gur chuir Seán Óg an foirceann '-as' leo trí thimpiste faoi thionchar na foirme coibhneasta.

4.7.7. An tAinm Briathartha i gClásal Coibhneasta

Is gnách le muintir Chorca Dhuibhne 'a' seachas 'ag' a chur roimh an ainm briathartha agus an t-ainm briathartha féin a shéimhiú nuair a úsáidtear ainm briathartha i gclásal coibhneasta, mar shampla, '*sin é an gort a bhíodh Seán a chur*' (Ó Sé, *Gaeilge Chorca Dhuibhne* 365-366).⁶⁷ Úsáidtear 'ag' in ionad 'a' roimh ainm briathartha sa chás seo uaireanta i nGaeilge Chorca Dhuibhne, áfach, mar shampla, '*an rud a bhíonn an broc ag toch*' (Ó Sé, *Gaeilge Chorca Dhuibhne* 364). Aimsíodh trí shampla d'ainm briathartha i struchtúr coibhneasta den chineál seo i ndialann Sheáin Óig.⁶⁸ Is díol suime é go leanann Seán Óg an nós is lú coitianta i ngach ceann acu - is é sin, cuireann sé 'ag' seachas 'a' roimh an ainm briathartha agus fágann sé an t-ainm briathartha lom i ngach cás:

Arbhú airéir do h-órduigheadh do gach ceann pobail ceist an 135 púnt atá na Státaig **ag éileamh** do chur os cómhair na bhfear, d'fheuchaint an rabadar féitheamhanta ar a gcion den airgead cúitimh do dhíol d'fhonn as ná tuitfeadh an costas ar fad ortha so go raibh airgead aca amuigh san oifig. (1696-1699)

Leis sin ghlaoidh Punjab “Soth Chumainn na nGaedheál” air lé gleáchas.

Shaoil na póilíní gur chúcha féin bhitheas. Thángadar isteach. “Cé tá tú **ag**

⁶⁷ Is gnách 'dh' agus uaschamóg a chur roimh ainm briathartha dar tús guta nó 'f-' + guta sa chás seo, mar shampla, '*an t-uisce a bhíodar a dh'ól*' (Ó Sé, *Gaeilge Chorca Dhuibhne* 366).

⁶⁸ Is é is cúis le laghad an mhúnla seo i ndialann Sheáin Óig gur gnáthaí le Seán Óg na múnlaí 'ag + á + ainm briathartha' agus 'á + ainm briathartha + ag' a úsáid nuair a úsáideann sé ainm briathartha i struchtúr coibhneasta ina dhialann (Ua Súilleabháin 524). Féach, mar shampla:

[Th]agramair don leabhar “Na Dreatháracha Caramasóbh” atá **ghá léigheamh agam** fé láthair[.] (1543-1544)

[“]Ní fheadar cad tá **ag mo mhnáibh se anois ghá dheunamh?**” (2499)

An dóigh leat ná go raibh a fhios ag Tighearna Muigheó cad bhí **aige ghá dheunamh** nuair luig sé le lucht an tSaorstáit? (5435-5437)

amhrán?” d’fhiafruig duine aca. Níor fhreagair aonne é.⁶⁹ (2567-2469)

Sid iad an dream, dar leis bhíos **ag fonmhód fé[.]** (4069)

4.8. An Tuiseal Ginideach

Tá neamhréir le feiceáil i ndialann Sheáin Óig i dtaca le hainmfhocal cinnte a chur sa ghinideach ar lorg ainmfhocail eile. Déantar anailís anseo thíos ar na samplaí den mhúnla seo ina bhfuil an focal ‘pobal’ ar fáil. Rinneadh sin toisc go bhfuil an focal sin, ‘pobal’, ar fáil go coitianta ar fud dhialann Sheáin Óig.⁷⁰ I gcás deich gcinn de na samplaí a aimsíodh, cuirtear an chéad chuid den ainmfhocal cinnte sa ghinideach.⁷¹ Tá séimhiú ar an gcéad chuid den ainmfhocal cinnte i sampla amháin acu seo:

Chuadhas ar **chúl phobail an ionnladhtha.** (4238)

Níl séimhiú ar an gcéad chuid den ainmfhocal cinnte sna naoi sampla eile, ámh:⁷²

“Cé dubhairt é?” “Garmhac Eóin Mhic Néill, **ceann pobail a 13[.]**” (934)

D’fhágas an bheirt aca ag **beul Pobail Sheosaimh** n-a seasamh agus bhraitheas ar an noimint sin tinneas builg ar lucht mo chaoraidheacht. (1016-1018)

Im sheasamh amuigh ag **ceann pobail an ionnladhtha** dhom ag feuchaint ortha thuas ag siubhall thart tímcheall lasmuigh den oifig dheineas iongadh dhe connus mar bhraitheadar. (5618-5621)

⁶⁹ Is ábhar suntais é an focal ‘cé’ a bheith in úsáid in ionad ‘cad’ san abairt ‘Cé tá tú ag amhrán?’. D’fhéadfadh sé gur meancóg é seo agus gur scríobh Seán Óg ‘cé’ in ionad ‘cad’ trí thimpiste. B’fhéidir, freisin, go bhfuil bunús leis seo sa teanga labhartha mar faightear ‘cé’ agus an bhrí ‘céard’ leis i gcanúintí eile, uaireanta.

⁷⁰ Úsáidtear idir shamplaí a bhfuil an bhrí ‘both’ leo agus shamplaí a bhfuil an bhrí ‘daonra’ leo.

⁷¹ Féach: 934, 1017, 1691, 1773, 2245, 2811, 2912-2913, 3968-3969, 4238, 5619.

⁷² Féach: 934, 1017, 1691, 1773, 2245, 2811, 2912-2913, 3968-3969, 5619.

Chomh maith leis sin, thángthas ar dhá shampla eile den mhúnla seo ina bhfágtar an chéad chuid den ainmfhocal cinnte gan infhilleadh. Ní chuirtear séimhiú ar an gcéad chuid den ainmfhocal cinnte sna samplaí seo ach oiread:

Do bhí triúr nó ceathrar againn agus ár ndrom le **binn pobal a 13** ghá suimiugh. (2699-2700)

Do bhí póilíní ag faireadh ag **beul pobal an iththe** d'fhonn a's na h-eulóchadh aonne amach lé biadh chun aon tseachránaidhe a fhanfadh i ganfios sa leabaidh. (3088-3090)

De réir dealraimh, bhí bunús leis an neamhréir seo i nGaeilge Chorca Dhuibhne, mar, dar le hUa Súilleabháin, nuair a chuirtear ainmfhocal cinnte sa ghinideach ar lorg ainmfhocail eile sa chanúint sin is féidir an chéad chuid den ainmfhocal cinnte a fhágáil san ainmneach nó a chur sa ghinideach 'agus b'fhéidir é a shéimhiú' (492).

4.8.1. An Foirceann '-ean'

Baineann Seán Óg úsáid as an bhfoirceann '-(e)an' sa ghinideach iolra ina dhialann ar dhá ócáid, ar a laghad:⁷³

Do cuireadh an leabharlann ar siubhall indiugh – S. O C ag scríobh **ainmean na mbronntóirí** mise ghá ghlaodhach do. (539-541)

Tánthas im dhiaidh agus iarradh orm **lucht na dóirneála, an tairng téid, na**

⁷³ Níor aimsíodh ach sampla amháin den ainmfhocal 'léim' sa ghinideach iolra i ndialann Sheáin Óig. Maidir leis an ainmfhocal 'ainm', fuarthas trí shampla de sa ghinideach iolra sa dialann. Úsáidtear an leagan 'ainmean' (.i. leagan faoi leith an ghinidigh iolra) i sampla amháin acu seo agus baintear feidhm as an leagan 'ainmeacha' (.i. leagan an tuisil ainmnigh iolra) sa dá shampla eile:

Gabhadh tímcheall ag tógaint **ainmeacha** i gcómhair Cuirm Ceóil ist oidhche De Domhnaigh seo chughainn. (350-351)

Do cuireadh an leabharlann ar siubhall indiugh – S. O C ag scríobh **ainmean** na mbronntóirí mise ghá ghlaodhach do. (539-541)

Glaodh amach anoch[t] orainn chun ár **n-ainmeacha** d'fhreagairt. (3302-3303)

léimean agus na gcleaslúth go léir san bpobal so do chlárugh. (756-758)

Cé go samhlaítear an foirceann seo, ‘-(e)an’, le Gaeilge na hAlban nó le Gaeilge Uladh de ghnáth ní dócha go bhfuair Seán Óg an dá leagan thuas, ‘ainmean’ agus ‘léimean’, ó na foinsí seo (.i. ó Ghaeilge na hAlban ná ó Ghaeilge Uladh).⁷⁴ I gcás mhórán focal a chuirtear/a chuirtear san ainmneach iolra tríd an bhfoirceann ‘-(e)anna’ a chur leo, chuirtear an foirceann ‘-(e)ann’ leo go stairiúil chun iad a chur sa ghinideach iolra. Ina measc siúd bhí ‘ainm’ agus ‘léim’ (Ó Buachalla, ‘MacNeill’s Law’ 51-52). Caitheadh an fhoirm faoi leith den ghinideach iolra i leataobh de réir a chéile i mórán cásanna ach mhair iarsmaí di i gcaint na ndaoine in áiteanna éagsúla ar fud na tíre go dtí an bhfichiú haois, ar a laghad (Ó Buachalla, ‘MacNeill’s Law’ 52-53). Is é is dóichí, mar sin, go raibh an dá leagan thuasluaite, ‘ainmean’ agus ‘léimean’, le cloisteáil i nGaeilge Chorca Dhuibhne go fóill le linn ré Sheáin Óig.

B’fhéidir go litrítear an foirceann seo le ‘n’ amháin i gcás an dá ainmfhocal seo toisc go ndeirtear ‘n’ singil i nGaeilge Chorca Dhuibhne de ghnáth san áit a deirtí ‘n’ dúbailte go stairiúil (féach: 4.2.2.). D’fhéadfadh sé freisin, go bhfuil baint ag an litriú seo leis an gcóras litrithe ar a dtugtar ‘An Leitriú Shimplí’ mar bhíodh sé de nós ag lucht na ‘Leitrithe Simplí’ ‘n’ singil a scríobh san áit a scríobhthaí ‘n’ dúbailte go traidisiúnta (féach: 4.2.2.).

4.9. An Béarla

Faightear cúig théarma Béarla is tríocha i ndialann Sheáin Óig.⁷⁵ Tá dul dílis an Bhéarla ar aon cheann is fiche acu seo. Cuirtear cló trom ar an bhfocal atá faoi chaibidil sna samplaí seo thíos agus cuirtear an leagan caighdeánach Béarla idir lúibíní cearnógacha i ndiaidh an fhocail sa chás go ngiorraíonn Seán Óg é nó nach litríonn sé i gceart é:

Airighim go bhfuil leas ceann camtha aca. **Adj** [Adjutant] nuadh agus fear

⁷⁴ Cuirtear formhór na n-ainmfhocal i nGaeilge na hAlban san uimhir iolra tríd an bhfoirceann ‘-(e)an’ nó leagan de a chur leo (Ó Buachalla, ‘MacNeill’s Law’ 44). I gcás Ghaeilge Uladh, d’úsáidtear an foirceann seo in oirthear Chúige Uladh go dtí le déanaí chun cuid mhaith ainmfhocal a chur san ainmneach iolra (Ó Buachalla, ‘MacNeill’s Law’ 55).

⁷⁵ Ní chuirtear san áireamh anseo na hainmfhocail dhílse a bhfuil rian an Bhéarla orthu. Pléitear an formhór acu seo, mar atá, na hainmneacha pearsanta, na sloinntea, na logainmneacha agus na teidil leabhar sna hinnéacsanna ag deireadh an tráchtais seo.

nuadh ceathramhan. (4013-4014)

“Tá col agam leis an bhfocal drúis”

[“] Agus agamsa leis an bhfocal **bastart** [bastard][.]” (2860-2861)

Budh gheall lé scáta lábánach tímcheall dríodair sathach dighe lá deireannach rás nó maidean oidhche baineise, nó scata scoltartach ocrach cíochrach ar obhothar na mbláth (**bowrey**) [bowery] na bráigheanna airéir leis an gcontráth ag brugh sag útamáil ar a chéile tímcheall thigthe na cócaireachta[.] (3773-3776)

D’fhear gach “**compound**” Cuirm Ceóil: do bhí an lá an oireamhnach aca so gur méine leó bheith ag súgradh nó ag siubhall lasmuigh nó ná feudfadh slighe d’fhaghail ag an gCuirm Ceóil – mar bhí an áit palcuighthe. (371-374)

Cúpla lá ó shoin bhí an Bunanach ó Phortlaoighise, dritheár don té go rabhas ar lóistín aige tráth agus a dhún an doras orm oidhche, annso – anchúlhbhánta, fear daingin (**contractor** ‘seadh é). (3133-3136)

Ag léigheamh “Amhlaoibh” dom thárla ar an bhfocal “**crants**”. Sin ceann des na focalaibh do chuireas go dtín Atair Ó Duinnín bliadhanta ó shoin - ná raibh san bfcloir. (2896-2898)

Tá Liam ghá thabhairt don saoghal mór ar a dhá thaobh as ar a bholg – na feirmeoirí, na sagairt, Connradh na Gaedlinge, an uile rud; tá Seán ag léigheamh an pháipéir agus anois agus airís ag cur a cheann isteach san gcómhrádh aonair seo Liam. “**Cynics** atá ag deunamh dinn go léir” adeir Liam. (1446-1449)

D’fheuch sé orm agus ghair sé liom agus thairng sé anáirde a bhríste air agus dhein a ghnáthchasachtach “**Á,**” ar seisean go searbh “**f___** [fuck] an saoghal[.]” (2509-2510)

Tugaim fé ndeara crot “**institution**” ag teacht ar na fearaibh. Mar bheadh ar

lucht tighé bocht nó gealtlann, nó leaslann. (4632-4633)

Ar teacht laistig de gheata dos na príosunaig árdúigheadh gáir árd istig ameach na n-**internees** agus d'fhreagadar san í. (102-103)

Tá an Teadhlarach ag portaireacht, thíos in aice na teine eile tá Pádraig Ua Buachla agus beirt eile ag obair leis an "**lathe**" atá deunta aca chun fuirinn fithchille do dheunamh. (5470-5472)

Tá Teadhlar ag obair ó mhaidean go dian ar an mála **macramé** atá aige ghá dheunamh dom. (5443-5444)

Agus airéir bhí T. Ó Duinneachaigh ó Chorcaig ag taidhreamh orm go rabhas an (*sic*) áit éigin mar **museum** mara raibh dealbh Thaidhg de Barra, é siúd a lamhachadh i mBaile Ch. agus go rabhas-sa ag deimhniugh rud éigin i dtaobh an dealbha agus gur labhair an dealbh agus go ndubhairt go bhfaighimís go léir bás an turus so. (3412-3416)

Admhuighim, agus dubhart i gcómhnaidhe dá mbeadh an tír seo mar budh chóir, dá mbéadh sí **normal** (sochuibheasach) ná beadh ionam sa agus im lithéid eile ach leighteóir Gaedlinge. (1116-1118)

Cúntas i dtaobh **parade** airm in Áth Cliath mar a bhficim mórchuid ceannuraid. Budh dhóigh leat gur bh'é arm na Gearmáine é. (1848-1850)

D'áitig cuid againn na raibh an t-airgead tógta ag na S.⁷⁶ nó má bhí ná rabhadar n-a theideal agus go mbainfide díobh é i gCúirt Dlighe fós (mair a chapail a's gheobhair feur) agus [...] nuair bheadh sighinighthe leis an airgead ar an "ndíobháil" go scaipfidís mar "**propaganda**" é ar fuaid na duthaighe, gur bh'admháilt é gur dheineamair rudaidhe go rabhamair náireach as. (1700-1705)

⁷⁶ Státaigh

Síneadh suas go dtín Cathaoirleach é agus d'iarr seisean orm teacht aníos go dtín “**rostrom**” [rostrum] agus é do léigheamh don gcuideachtain, bhuaileas suas go neimhspéiseach trí cíoith bualadh bas. (4526-4528)

Tá na bráigheanna ag imirt peile agus **rounders**. (876)

Bhí leitir ar ón nDochtúir Diadha Ó Domhnaill Coghantóir an Cháirdinéil, i bhfreagra ar thurus do thug **Sir** Tomás Mac Árgaoill agus Ó Cearbhaill, Dún Dealgan air, ar son na mbráigheann[.] (4927-4930)

Do bhí ráfla ar siubhall, ach is eagal linn gur ráfla é, go mbeadh an **staf** [staff] go léir lé haistriugh. (1628-1629)

Cé ná raibh sí tighearnamhail do bhí s[í] anchainnteach thug sí lé tuigsint dom go raibh coite (**yacht**) aice sa deisceart, gur chuir sí suim i ráiseannaibh, go raibh árdghiúl aice i dtaisdeal dúithchí agus fé dheóidh do thug cuireadh dhom gluaiseacht ó dheas. (301-304).

Thángthas ar thrí cinn déag eile d'fhocail Bhéarla sa dialann a bhfuil Gaelú déanta ag Seán Óg orthu .i. litríonn sé de réir nós na Gaeilge iad. Tá cló trom ar an bhfocal atá faoi chaibidil sna samplaí seo a leanas agus cuirtear an leagan caighdeánach Béarla idir lúibíní cearnógacha i ndiaidh an fhocail:

Ó mhaidean táim d'iarraidh scríobh doifheicse do dheunamh - tá sé deunta sa deireadh agam de shughlach rise: eireóchaidh an meascadh so fé bhiotáille agus deóirín bheag **aghaideighin** [iodine]. (4428-4430)

Budh thruaighmhéileach amharc ar an ngasra i gciúnas an tráthnóna agus cuid dár mbráigheannaibh-ne ‘n-a seasamh ar an dtaobh eile den **bhaghar** [wire]. (482-484)

Do foileadh sinn os cómhair dhá gheata deunta d'adhmaid as do **bhaighear** [wire]. (47-48)

Moilleadh annsan sinn ar feadh i bhfead go bhfuairteas an ghéatóir. ‘n-ár seasamh annsúd sa bhfuacht dúinn do thugas fé ndeara an **bhfaghar** [wire] go léir[.] (48-50)

D’áitig cuid againn na raibh an t-airgead tógta ag na S.⁷⁷ nó má bhí ná rabhadar n-a theideal agus go mbainfide díobh é i gCúirt Dlighe fós (mair a chapail a’s gheobhair feur) agus gur b’amhlaidh do bhíodar d’iarraidh na mbráighe do **bhlofáil** [bluff] [.] (1700-1703)

Tá deireadh lé té no praiseach “**bocsidhe**” [boxty] anois. (1523-1524)

Thóg fear aca peictiúir de Art Ó Gríobhthá bhí agam ach thug uaidh airís é nuair loirg an **brigidiar** [brigadier] dom é[.] (69-71)

Síos suas san gcliathan thiar den eatrainn do bhíomair ag siubhall in aice leis an gcnocán créidh agus gainmhe tá pláincéad breágh de **chlóbhar** [clover] agus d’fheur ghlasghorm ann. (2611-2613)

Léigheas airéir ar pháipéar a tháinig chugham ón Oileán Úr cinn lae na mná **Eascamó** [Eskimo] a bhí ar an dtoisc go hOileán Raingil san tuaisceart. (4675-4677)

Ó bhárr mo choise ar gach aon taobh díom brúcht eudtrom seaca chómh heudtrom le **gasamar** [gossamer] chómh fada agus rithfeadh mo radharc ar thraithnín ar dhuilleóg ar adhmad[.] (4240-4242)

“Cad dubhairt sí?” d’fhiafruig duine éigin de Mhaitias, “Go ndeunfainn **níogró** [negro] maith dá mbeadh tara curtha fúm!” arsa Maitias, mo dhuine bocht saonta. (4416-4418)

Tá **sálts** [salts] anois ó scaistíbh go raibh fonn mór ithte ortha. (3912-3913)

⁷⁷ Státaigh

Sé bliana an chuid is mó thugaim don “Rialtas” agus annsan má treóruightear i gceart sinn beidh mhalairt scéil le hínnsint tréis bliana coimheascair! Poblacht **Sóibhíait** [Soviet] annsan! (4849-4852)

Agus anois tá gleódh an domhain aige tímcheall seanstáin meirgig atá ar an **stóbh** [stove] i gcomhair té, an “18 pounder” a ghairmeann sé air seo toisc a fhaid sa dheunamh. (5468-5470)

Is beag radharc dá bhfeaca riamh a ghoill orm chómh mór agus chómh doimhin ar gabháil isteach dom san **dtraghaingil** [triangle] daonna úd (Δ) idir phobal a 16 (anois an t-ósbuidéal) agus a 17 – na cliatháin – agus seanbhathalach tighe budh ósbuidéal capall tráth. (892-895)

Ina theannta sin, baineann Seán Óg úsáid as an bhfocal Béarla ‘Tans’ agus na leaganacha Gaelaithe den fhocal sin, ‘Teans’ agus ‘Teanana’, sa dialann:

Ní choimeádfadh fógairt na saighdiúirí ná faic eile í gan labhairt lé n-a mac agus an beart beag do thabhairt do. “Do throideas na **Tans**,” do scread sí airís agus airís. (17-19)

D’fheuchas de dhruim mo ghualann ar na poblaibh a tógadh lé linn na d**Teans** agus mhachtas, “Is annsan do bhí sé i mbraighdeanas lé linn dom teacht ón Oileán Úr, tréis é do phósadh léithe sé seachtmhaine roime sin” do thairngeas osnadh. (243-246)

Chuaidh sé agus bhuaile se (*sic*) beirt nó triúr. “A phaca tnútha,” ar seise[an], “cá rabhair nuair bhíosa ag troid leis na **Teananaibh**? Níor dheineabhair lá oibre riamh.” (1670-1672)

Is díol suime é go gcuireann Seán Óg comharthaí athfhriotail thart ar sheacht gcinn de na focail seo, mar atá: ‘bocsidhe’ [boxty]; ‘compound’; ‘crants’; ‘institution’; ‘lathe’; ‘propaganda’; ‘rostrom’. D’fhéadfadh sé go ndearna sé an méid sin le cur in iúl gur focail iasachta iad seo. B’fhéidir, freisin, go mbíodh cuid de na

focail Bhéarla nach bhfuil comharthaí athfhriotail thart orthu in úsáid sa teanga labhartha agus nár shamhlaigh Seán Óg mar fhocail Bhéarla *per se* iad.

Cibé acu go n-úsáidtear cuid de na focail seo i gcanúint Chorca Dhuibhne nó nach n-úsáidtear, ní lear mór iad na téarmaí éagsúla Béarla seo i gcomhthéacs na dialainne ar fad. Tá beagnach 70,000 focal ar fad sa dialann agus níl ach dhá fhocal Béarla is seachtó inti .i. baineann Seán Óg úsáid as na focail Bhéarla thuasluaite ar dhá ócáid is seachtó.⁷⁸ Tá cainníocht bheag na bhfocal Béarla suntasach ar dhá chúis. Ar an gcéad dul síos, is minic a dhéanann Seán Óg plé ar nuaíochtaí comhaimseartha ina dhialann agus is é an gnás atá sa teanga labhartha le fada an lá na focail d'earraí nua-aimsire agus do choincheapa nua-aimsire a ghlacadh ón mBéarla (Ua Súilleabháin 536). Ar an dara dul síos, bhíodh Seán Óg ag scríobh i suíomh ina mbíodh an Béarla in úsáid go príomha mar mheán cumarsáide agus is dócha gur sa Bhéarla a dhéanadh sé an chuid is mó dá ghnó laethúil. Nuair a bhíonn an Béarla á labhairt ag cainteoir dúchais Gaeilge ar feadh cuid mhaith den lá go rialta, is minic a bhaineann sé leas as 'go leor' focal Béarla nuair a úsáideann sé an Ghaeilge 'de bharr meascáin nó gan smaoineamh a dhéanamh air.' (Ó hUiginn 608).

Ní haon ionadh é nach bhfuil ach líon beag d'fhocail Bhéarla sa saothar seo mar bhí an ghráin ag Seán Óg ar na focail seo agus ba leasc leis iad a úsáid (S. Óg Ó Caomhánaigh, 'Faoin dTuath (2)' 13). Bhí dhá chúis leis seo. I dtús báire, chreid Seán Óg go diongbháilte go raibh an bás i ndán don teanga dá leanfadh muintir na Gaeltachta ar aghaidh ag baint úsáid as focail den saghas seo (S. Óg Ó Caomhánaigh, 'Faoin dTuath (2)' 13). Ina theannta sin, bhí sé den tuairim nach mbeadh an Ghaeilge oiriúnach do riachtanais na litríochta fad agus a bheadh an oiread sin téarmaíochta iasachtaí in úsáid inti (bainte as Ó Dúshláine, Brollach *Fánaí* iv).

4.10. Cumadh Sheáin Óig

Mar is eol dúinn, dealraíonn sé gurbh fhuath le Seán Óg an téarmaíocht Bhéarla a bhí ag teacht isteach sa Ghaeilge le tamall faoi thús an fichiú haois agus go ndearna sé iarracht chomhfhiosach gan na focail sin a úsáid oiread agus is féidir dá

⁷⁸ Baintear feidhm as 'bhaighear' ar dhá ócáid (48, 202), as 'brigidiar' ar dhá ócáid (70, 1239), as 'macramé' ar thrí ócáid (1910, 3444, 5486), as 'stóbh' ar sheacht n-ócáid (1308, 1309, 1523, 2625, 3990, 5469, 5487), agus as 'bhaghar' ar cheithre ócáid is fiche (61, 484, 537, 658, 664, 2145, 2245, 2259, 2262, 2302, 2825, 3019, 3039, 3194, 4242, 4249, 4724, 4794, 4818, 4920, 5191, 5233, 5491, 5665). Úsáidtear an chuid eile de na focail seo sa dialann ar ócáid amháin.

bharr sin (S. Óg Ó Caomhánaigh, ‘Faoin dTuath (2)’ 13). Is cosúil, freisin, gur spreag an méid sin Seán Óg chun cuid den téarmaíocht nua-aoiseach a bhí de dhíth ar Ghaeilgeoirí a chumadh agus a úsáid ina chuid scríbhneoireachta (Ó Brosnacháin 60 agus 334-338; S. Óg Ó Caomhánaigh, bainte as Ó Dúshláine, Brollach *Fánaí* v; S. Óg Ó Caomhánaigh, ‘Dúshlán Scríbhneoirí na Gaeilge’ 16-18).⁷⁹ Maidir le dialann phríosúin Sheáin Óig, úsáideann Seán Óg roinnt téarmaí inti nach bhfuil ar fáil i bhfoclóirí comhaimseartha, i bhfoclóirí nua-aimseartha ná i gnuasaigh fhocal canúnach.⁸⁰ D’fhéadfadh sé, mar sin, gurbh é Seán Óg féin a cheap iad. Is féidir na téarmaí seo a rangú i dtrí earnáil: (1) na focail gurbh fhéidir gur chuir Seán Óg brí nua leo; (2) na focail nó na téarmaí a bhfuil an chuma orthu gur aistríodh díreach ón mBéarla iad; (3) na téarmaí gurbh fhéidir gur chum Seán Óg féin iad (Ó Brosnacháin 332-333).

4.10.1. Téarmaí ar Cuireadh Brí Nua Leo

Tá dhá fhocal ar a laghad i ndialann Sheáin Óig gurbh fhéidir gur chuir Seán Óg brí nua leo. Is iad sin, ‘coite’ agus ‘pobal’. Is é ‘luamh’/‘yacht’ an bhrí atá le ‘coite’ sa dialann (301-304). B’fhéidir gurbh é Seán Óg a chuir an bhrí sin le ‘coite’ ar dhá chúis. Ar an gcéad dul síos, ní dhéantar tagairt ar bith don bhrí seo (.i. ‘luamh’ nó ‘yacht’) a bheith le ‘coite’ in aon cheann de na foclóirí/cnuasaigh fhocal canúnach thuasluaite ná in *Croidhe Cainte Ciarraige*.⁸¹ Anuas air sin, cuireann Seán Óg an focal Béarla ‘yacht’ idir lúibíní i ndiaidh ‘coite’ an chéad uair a bhaineann sé feidhm as an bhfocal sin sa dialann:

⁷⁹ Tá ceithre théarma, ar a laghad, le fáil san úrscéal *Fánaí*, mar shampla, a bhfuil an chuma orthu gurbh fhéidir gurbh é Seán Óg féin a chum iad, mar atá: ‘treorán gutháin’ (eolaí teileafóin); ‘bioth’ (guma); ‘cloch fhaobhair’ (cloch cholbha); ‘scunc’ (duine gránna) (bainte as Ó Dúshláine, Brollach *Fánaí* v). Chomh maith leis sin, úsáidtear neart téarmaí sna sainmhínte agus sna samplaí in *Croidhe Cainte Ciarraige* gur dócha gur cheap Seán Óg iad. Ina measc siúd tá: ‘cránacha cogaidh’ (teainceanna); ‘díon-philéir (piléardhíonach); ‘institiúil dearmaid’ (anaestéiseach); ‘ollcharbad’ (bus); ‘uairadóirí righe’ (uairadóirí láimhe) (bainte as Ó Brosnacháin 60 agus 333-338).

⁸⁰ Is iad sin: *Cnósach Focal ó Bhaile Bhúirne i gCunndae Chorcaí* (Ó Briain); *Cnuasach Focal ó Uíbh Ráthach* (Nic Phóidín); *Díolaim Dhéiseach* (Ó hAirt); *English-Irish Dictionary* (de Bhaldráithe); *Foclóir Béarla agus Gaedhilge* (McCionnaith); *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (Céad Eagrán) (Dinneen); *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (Dara hEagrán) (Dinneen); *Foclóir Gaeilge Béarla* (Ó Dónaill); *Lane’s English Irish Dictionary* (Lane); *Lane’s Larger English Irish Dictionary* (Lane); *Réilthíní Óir* (Mac Clúin).

⁸¹ Is é ‘a cot; a small boat, a shiff’ an t-aistriúchán, mar shampla, a thugann an tAthair Ó Duinnín ar an bhfocal seo sa chéad eagrán dá fhoclóir agus is é ‘saghas báid’ an míniú a thugann Seán Óg air in *Croidhe Cainte Ciarraige*.

“Cé ná raibh sí tighearnamhail do bhí [sí] anchainnteach thug sí lé tuigsint dom go raibh **coite** (*yacht*) aice sa deisceart, gur chuir sí suim i ráiseannaibh, go raibh árdghiúl aice i dtaisdeal dúithchí agus fé dheóidh do thug cuireadh dhom gluaiseacht ó dheas.” (301-304)

Is ábhar suntais é seo mar is cosúil go mbíodh sé de nós ag Seán Óg, in amanna, in *Croidhe Cainnte Ciarraighe* an leagan cuí Béarla a chur idir lúibíní i ndiaidh focal/téarmaí a chum sé féin nó ar chuir sé brí nua leo (Ní Mhaonaigh, *Croidhe Cainnte Ciarraighe* 142-143).

Dealraíonn sé gur leagan canúnach den fhocal ‘puball’ ag Seán Óg é ‘pobal’. Faoi mar a fheicfead sa sliocht seo a leanas is é ‘both’ an bhrí a bhíonn le ‘pobal’ sa dialann de ghnáth:

Is cuma san agus cé gur b’ é slighe foluightear ó radharc na ndaoine beul an bhosca d’iompódh ar an bhfalla nó mar budh cheart dom a rádh ar an ndoras atá in ionad falla (eachlanna do b’ eadh na **pobail** seo ag saighdiúiríbh Shasana). (797-800)

Os rud é nach dtagraítear don bhrí seo (.i. ‘both’ nó ‘hut’) a bheith le ‘pobal’/‘puball’ i bhfoclóir ar bith ná i gcnuasach focal canúnach ar bith, d’fhéadfadh sé gurbh é Seán Óg a chuir an bhrí sin leis.⁸²

4.10.2. Aistriúcháin agus Focail Nua-Chumtha

Thángthas ar naoi dtéarma dhéag i ndialann Sheáin Óig a bhfuil an chuma orthu gur aistríodh ón mBéarla iad agus gurbh fhéidir gurbh é Seán Óg a d’aistrigh iad. Cuirtear an leagan cuí Béarla idir lúibíní cearnógacha i ndiaidh an téarma atá faoi chaibidil sna samplaí seo thíos:

Léigheas an sreangsceul do chuir R. Ó Maolchatha indiugh go dtí Bárdas
Chorcaighe i bhfreagra ar shreangsceul uatha san i dtaobh na mbráighe. A

⁸² Aistrítear an focal ‘puball’ mar ‘tent’ am ar bith a thugtar aistriúchán air (Dinneen, *Patrick S. Dinneen’s; Ó Dónaill, Foclóir Gaeilge-Béarla* 974). I gcás *Croidhe Cainnte Ciarraighe*, níl ‘puball’ ar fáil mar cheannfhocal san fhoclóir sin agus is é ‘cruinniughadh nó cóimhthionól daoine [...] líon daoine: an phoiblidheacht’ an sainmhíniú a thugtar ar an bhfocal ‘pobal’ ann.

bhrigh: Tugaidh aire do bhur gcúram féin agus na bacaidh **Aire na Cosanta** [Minister for Defence]! (3842-3844)

Tá **Bille na Sciúrseála** [‘The Flogging Bill’ (Campbell, Dialann 2 13x7x23 78r)] gabhtha a 2 huair tríd an Seanaid. Triúr nó ceathrar ban ar an Seanaid a saoiladh a bhí daonnachtacht agus táim cinnte gur bhreágh leó a n-ainmneacha bheith ar **Chumann Cosc Cruadhál Ainmhidhe** [The Society for the Prevention of Animal Cruelty] mholadar agus d’aontuigheadar leis an mbile. (1875-1878)

Níl aon chogadh ar siubhall agus dá bhrígh sin ní gabhannaidhthe (cearta) ná **bráigheanna cogaidh** [prisoners of war] sinn, más coirptig sinn na treulfaidhe sinn? (5222-5223)

Ó thánagh on chamtha ní fheaca na braigheanna n-a suidhe lé chéile – fiú amháin in aimsir **an chlampair** [‘the trouble’ (Campbell, Dialann 2 13x7x23 78r)] – agus mar bhíodar indiugh ar a shon gach aon nidh do bhí rianán tuarsmaoinimh agam ó thúis ná deunfadh an lá lá ionchuimhnte ar fuaid an chamtha agus sin mar bhí – níor fuascladh mórchuid – triúr! (3173-3177)

Díreach agus mé ag deunamh te dhom féin tháinig teachtairí **ón gComhairle Camtha** [‘the Camp Council’ (Campbell, Dialann 2 5x5x23 46r)] ag triall orm chun na mbuidhean nGaedhilge d’athghabháil. (5014-5015)

Bhí mórán ráfla ar siubhall mar is gnáthach i moch na maidne, go ndeunfaidhe **fuascailt choitcheann** [‘a general release’ (Campbell, litir chuig Nancy Campbell 1x10x23 1)] ar na bráigheannaibh agus aroile. (4925-4927)

Annsan calán an fhuail ghá druideam suas agus anuas, gach aon’ne ag coimeád a bholtha uaidh féin – gáir: “Fualchalán uimhir I uilechóir!” ag deunamh aithris ar **an ngárda oidhche** [the night guard]. (509-511)

Lá éigin agus mé ag léigheamh san leabaidh ar **ghluaiseacht an neamhchómhoibrighthe** [The Non-Cooperation Movement] san India do bhuail ainm Das liom. (1336-1338)

Ruaigeadh síos féin dtuar sinn tímceall a 3 a chlog. Deineadh cuardach eile ar na pobalaibh. Do bhí dhá **ghuna innil** [machine gun] dírichthe orainn ón dá phost iochtar aca a dtarang aniar dar fiadh! (1520-1522)

Lé maolugh an tráthnóna do chaith an ghrian ó chúl brúchta móire scamall dubh gathaidhe fada fiairsceó anáirde i gcosamhlacht **lóchrain cuarduighde** (*sic*) [searchlight], tá duibheacha ann. (707-709)

Tá m’aigne socair agam: tá mo **pháipéir chathracha** [citizenship papers] fachta agam. Fuirm an ghabhainn. Foillsigheann san gur féidir dréir Bhille na Sciúirseála me do choimeád go ceann 6 mí (*sic*) eile. (2119-2121)

Do bhí cluichí annso indé againn agus cuireadh suim mhór ionnta [...] B’**é rás an phráta a’s na spíonóige** [‘the potato and spoon race’ (Campbell, Dialann 2 24x6x23 63v)] budh mhó greann. (1822-1825)

Is lé n-a linn i gceannas a nochtadh an dá mhúchán agus a thosnuig **ré an imeagla** [‘the Terror’ (Campbell, Dialann 2 31x7x23 91r)]. (5611-5612)

Ó mhaidean táim d’iarraidh **scríobh doifheicse** [invisible writing] do dheunamh - tá sé deunta sa deireadh agam de shughlach rise: eireóchaidh an meascadh so fé bhiotáille agus deóirín bheag *aghaideighin*. (4428-4430)

Thugas tamall maith den oidhche airéir im dhúiseacht agus chloisinn gach aon cheathramha uaire chluig an foraire ag éigheam go hárd-líonritheach cuid aca – mar seo “Post a haon uile ceárt!” “Post II. Uile ceart!” agus mar sin de, agus an buabhall dá sheinimt agus chéim thómaiste an ghárda go minic ag gabháil tar an ósbuidéil, agus lonnradh soillseach **an tSolais Cuardaig** (*sic*) [‘the Searchlight’ (Campbell, Dialann 2 8x8x23 98v)] ag follamhain os cionn an camtha agus ag glinneamhaint trís na fuinneógaibh[.] (1210-1215)

Tháinig beartán ó Chait indiugh agus **sruthpheann** [fountain pen] ó Mháire san Oileán Úr. Sceul ná duain ní bhfuaires ón gCill fós! Cad tá ortha in aochor? Tá súil le leitir ó Mháire agam leis; is lé n-a peann atáim ghá scríobh so. (4843-4845)

Dhearmhadas m'fháine i **dtig an ionnladhtha** ['the washhouse' (Campbell, Dialann 2 11x4x23 23v)] indé. (2831)

Eitigheadh ar bhraon uisce te i **dtig na cócaireachta** ['the Cookhouse' (Campbell, Dialann 2 9x4x23 23r)] me, dailtín éigin. (4725-4726)

Chomh maith leis sin, aimsíodh trí théarma is tríocha sa dialann gurbh fhéidir gurbh é Seán Óg a chum amach is amach iad. Cuirtear an leagan cuí Béarla idir lúibíní cearnógacha i ndiaidh an téarma atá faoi chaibidil sna samplaí seo thíos. Rinneadh cinneadh na leaganacha Béarla a úsáid le haghaidh an ghnó seo mar is uathu a d'eascair na téarmaí seo agus ní ó na leaganacha oifigiúla Gaeilge. Anuas air sin, níl leagan oifigiúil Gaeilge ar fáil do chuid mhaith de na téarmaí seo a bhaineann leis an saol sa champa géibhinn:

Bhíos annsan cois teine ag fitheamh leis an bhfile sag cómhraídh leis na bráigheannaibh ag trácht ar an reacht nuad so atá fonn ortha do dheunamh chun meuduighthe agus faduighthe **Acht na Sabhála** [The Public Safety Act]. (5653-5655)

Tamaillín roim **aimsir cómhairimh** ['the count' (Campbell, Dialann 2 27x4x23 39r)] táinig beirt nó triúr oifigeach isteach agus ainmeacha triúir aca a bhí le fuascailt ach níor tugadh aon tor ortha agus b'éigean dóibh imtheacht. Tréis **aimsir infhiúchta** ['the inspection' (Campbell, Dialann 2 31x7x23 91v)] chuadhas go dtín "Acadamh" agus tháinig cuid den lucht léighin. (3282-3285)

Dréir an pháipéir ní ródhaingean atá ag an nGearaltach mar **Aire Ócáidí Iasachta** [Minister for External Affairs] ná ag an Loingseach mar **Aire Iascaireachta** [Minister for Fisheries]. (5379-5381)

An cuimhin leat na cheudleitreacha mar a spriogtá mé? Mar a thugtá “do thíogar” orm? Agus an ceann áirighthe úd do thugas duit in **amharclann peictiúirí** [cinema] Leowe an oidhche úd fadó riamh anois a bheir duit feuchaint orm, agus tú ghá léigheamh ar chúl an tighe fén solas caoch, go ndubhrais “A Sheáin, a Sheáin” chómh bog úd, chómh haoibhin úd”. (1146-1151)

Is iad bud árdghlóraighe chun dulta ar fuath bidh. Scata scraistí! Scata meathtach! Cad ná raibh deunta aca i rith na troda leis [na] **Buidecrónaig** (*sic*) [The (Black and) Tans]? (3626-3628)

Annsan **calán an fhuail** [‘the latrine bucket’ (Campbell, Litir chuig Nancy Campbell 13x8x23 3)] ghá druideam suas agus anuas, gach aon’ne ag coimeád a bholtha uaidh féin – gáir: “**Fualchalán** [‘the latrine bucket’ (Campbell, Litir chuig Nancy Campbell 13x8x23 3)] uimhir I uilechóir!” ag deunamh aithris ar an ngárda oidhche. (509-511)

Ar maidin cuireadh amach sceula go mbeadh feuchadh ag an Riaghaltóir i gcómhair eudaig do riar ar na bráigheannaibh, ach níor tháinig sé chun cinn, leitir ghabhtha eile ó n-ár **gceann camtha** [‘Camp Commandant’ (Campbell, Dialann 2 5x4x23 20r)] ar an bpáipear ó lucht an tSaorstáit. (4651-4654)

[Bhí] Sean Ó Lorgáin ag deunamh aithrise ar an **gceann curcuil** [ring-master] i searcus, tubháile mar eachlas aige agus é ag baint fuama as[.] (3010-3011)

Arbhú airéir do h-órduigheadh do gach **ceann pobail** [‘the Hut Leader’ (Campbell, Fógra)] ceist an 135 púnt atá na Státaig ag éileamh do chur os cómhair na bhfear, d’fheuchaint an rabadar (*sic*) féitheamhanta ar a gcion den airgead cúitimh do dhíol d’fhonn as ná tuitfeadh an costas ar fad ortha so go raibh airgead aca amuigh san oifig. (1696-1699)

An páipear a gealladh dom fuaireas é [...] Óráid ó Thadhg do thug sé ag dáileadh onór i **gColáisde na Laimhliagh** (*sic*) [The Royal College of

Surgeons] n-a n-abrann sé go bhfeidhmfidh an Saorstát faid as bhéas “feur ag fás a’s uisce ag rith”[.] (1836-1843)

Agus déir an Creagach ná stríocfaidh sé troig talmhan den dTuaisceart ach os chionn a chuirp! Mo chuisle é! Agus nách lugha ná spriocfaidh sé aon’ne ar an **gComhairle Teóran** [The Boundary Commission]! Mo chuisle fé dhó é!! (3140-3143)

Táim ar **Chómhaltas na Spórt** [‘the Sports’ Committee’ (Campbell, Dialann 2 18x6x23 60r)] airís. (1770)

Dréir **Cúirte an Árdghíúistíse** [The High Court] níl aon cheart dligtheamhail ag an S.S. sinn do choimeád i ngéibhean. (1888-1889)

Ag feitheamh le **cúirt saighdiúirí** [court martial] bhí Frathar i dtaobh boscaidhe éisc do ghoid. (497-498)

Chonnac ar an bpáipéar indé gur bronnadh **an duais don “ógdáimh”** [‘The Young Poets Prize’ (‘Irish Poet’s Success’)] ar Phróinsias Stiobhart. (5518-5520)

Is beag chuaidh go dtín aifreann indiugh agus bhí san d’ aithreachas ar chuid aca mar bhí an **fear ceathramhan** [quartermaster] lasmuigh de dhoras ag feitheamh sag faire ar lucht droicheudaig. (4726-4728)

Nách ait an toisc í, – sinne bhí ar ghannchuid ar **fuath bidh** [hunger strike] anois agus an t-ádhbhar a cuireadh isteach ón dtaobh amuigh chughainn ghá árdach chun bóthair! (3542-3544)

Tá m’aigne socair agam: tá mo pháipéir chathrachta facha agam. **Fuirm an ghabhainn** [‘the Order for Detention’ (Order for Detention)]. Foillsigheann san gur féidir dréir Bhille na Sciúirseála me do choimeád go ceann 6 mí eile. (2119-2121)

Is uathbhásach na sceulta atá aca so tháinig ón J. ar an ndeunamh a fuairéadar ann. Fágadh dhá lá agus oidhche amuig i gclós an charcair iad ar an sille bhaoghal bháidhte agus **gluaisteáin airm** [armoured cars] ar a bhforaire sa soillse ag deallradh ortha! (3336-3339)

Leitir ghabhtha eile sa pháipéar indiugh – a bhí ag teacht ó Chamtha a 3 go dtín gcamtha so chun Seumais Uí Foghladha, **leascheann chamtha** [‘Vice Commandant of the Camp’ (Campbell, Dialann 2 5x4x23 20r)] a bhí. (4881-4883)

Cím ná fuil ag eirghe leis an iasacht chómh maith agus maoidheadh ar dtúis. Mar táid anois ghá rádh gur cheart do **lucht airgid bhig** [‘small investors’ (‘Better Than Ever’)] roinnt do ghlacadh san iasacht. (5136-5138)

Dóghadh an sáipéal – mar is clos dom – i gcampa I. Cualthas poilín airm ghá rádh so: “Tá lámh Dé ina gcoinibh; ní fheudfadh **lucht na teineadh** [the fire brigade] an teine do mhúchadh (agus gleus agus fearas maith aca)[.] (713-715)

Chuadhamair suas go dtín gcnámh gainmhe agus shuidheamair ann [...] Chuireamair mórán rud trí chéile mar atá drúis, **marbhugh féinig** [suicide], báine[.] (2843-2847)

Tháinig an Siúrtanach mná go dtín Oileán Úr ach ní leigfeadh **oifigí an imirce** [immigration officers] í féin sa mac (trí mblian) i dtalamh[.] (5253-5254)

Focal ní raibh ar an bpáipéar indiugh mar gheall orainn. Do bhí cúntas air, ámthach, go bhfuairtheas i dtoghail cuirp an cheathrair **oifigeach feasa** [‘intelligence officer’ (‘Exhumation of the Bodies’)] lé Sasana a cheileabhair ó Mhagh Chromdha os chionn fiche mí ó shoin! (5510-5513)

An páipear a gealladh dom fuairéas é [...] Freagra ó n-ar nDeasmhumhan-na ar teachta óg – Ó Dubhthaigh mar gheall ar ár gconsalaibh tar lear mar briseadh consal leó san Eadáil, fear galánta macánta a bhí eascáirdeamhail leis an Saorstát, agus a chóimhleacaidhe ná raibh macánta ach a bhí i bhfabhar an

tSaorstáit agus mórán trubhthaise eile i dtaobh consal i dtiorthaibh eile, i dtaobh **pas teorán** [passport] agus aroile. (1836-1848)

Níor dheineas aon mhoill i **bpobal an bhidh** [‘the Cookhouse’ (Campbell, Dialann 2 10x4x23 23v)] chómh luath agus fuaireas mo chantam ach filleadh ar mo phobal féin lé súil go mbeadh Seósaimh rómham. (277-279)

An ghnáthchúram cheudna indiugh, eirighe, cóiriugh leapán, nighe, agus ceudphroinn ach go raibh sé orm féin agus ar fhear eile **seómra an cheistiúcháin** [‘the interrogation hut’ (Campbell, Dialann 2 1x5x23 44v)] do ghlanadh i gcomhair aifrinn – an cheud aifreann lé 13 seachtmhaine. (112-114)

Admhuighim, agus dubhart i gcómhnaidhe dá mbeadh an tír seo mar budh chóir, dá mbéadh sí *normal* (**sochuibheasach**) ná beadh ionam sa agus im lithéid eile ach leighteoir (*sic*) Gaedlinge (*sic*).⁸³ (1116-1118)

Chuala ó phríochán dubh éigin gur scríg Seósaimh Ó Gríbhthín, – eisean a bhí i bhfarradh Énrí Ó Beoláin nuair marbhúigheadh é – go dtí Camtha a 3. ghá rádh leo go n-eigneóchadh sé féin (an laoc (*sic*)!) **troscadhtréanais** [hunger strike] ar an gcamtha so mara ndeunfadh Criostóir tosnugh. (4330-4333)

Tá na focail a úsáidtear chun beagnach gach téarma sa dá liosta thuas a dhéanamh ar fáil go haonarúil i bhfoclóirí comhaimseartha (.i. an chéad eagrán d’fhoclóir Uí Dhuinnín agus an chéad eagrán agus an dara heagrán d’fhoclóir Lane) nó i bhfoinsí eile comhaimseartha.⁸⁴ I dtaca leis na comhfhocail, cé nach bhfuil siad uile ar fáil sna foclóirí seo, tá na míreanna éagsúla a úsáidtear chun iad a dhéanamh ar

⁸³ Seo an t-aon uair sa dialann a úsáideann Seán Óg focal Gaeilge chun an bhrí atá le focal Béarla a shoiléiriú.

⁸⁴ Cé nach luaitear an t-aistriúchán ‘minister’ a bheith leis an bhfocal ‘aire’ (.i. ‘Aire na Cosanta’, ‘Aire Ócáidí Iasachta’ agus ‘Aire Iascaireachta’) ná ‘bill in parliamentary procedure’ a bheith leis an bhfocal ‘bille’ (.i. ‘Bille na Sciúrseála’) i bhfoclóir Uí Dhuinnín ná i bhfoclóirí Lane, tá an dá focal sin (.i. ‘aire’ agus ‘bille’) ar fáil i reachtaíocht a ritheadh i nDáil Éireann roimh 1923 agus na bríonna sin acu (‘Acht Chun Toghacháin Áitiúla do Chur ar Ath-Ló, 1922’). I dtaca leis an bhfocal ‘pobal’ (.i. ‘pobal an bhidh’), is cosúil gur leagan canúnach den fhocal ‘puball’ é. Ní luaitear an bhrí ‘both’/‘hut’ a bheith leis i bhfoclóir ar bith ná i gnuasach focal canúnach ar bith, rud a fhágann gurbh fhéidir gurbh é Seán Óg féin a chuir an bhrí sin leis (féach: 4.11.1.).

fáil iontu .i. ‘árd’ agus ‘giúistís’ (‘Cúirt an Árdghiúistíse’); ‘leas’ agus ‘ceann’ (‘leascheann chamtha’); ‘neamh’ agus ‘cómhoibriúghadh’ (‘Gluaiseacht an Neamhchómhoibrighthe’); ‘óg’ agus ‘dámh’ (‘an duais don ógdámh’); ‘so’ agus ‘cuibheasach’ (‘sochuibheasach’); ‘buidhe’ agus ‘crón’ (‘Buidecrónaig’).

Ní féidir a rá go cinnte arbh é Seán Óg a chum na téarmaí seo nó ar chuala sé i gcaint na ndaoine iad. Nuair a chuirtear san áireamh, áfach, go mbíodh clú ar Sheán Óg as téarmaí nua Gaeilge a chumadh agus go bhfuil an chuma ar an scéal go mbíodh an-bhua aige chuig an ngníomh sin, is é is dóichí gurbh eisean a cheap na téarmaí seo ar fad nó lear mór díobh (Mac Síthigh). Is fiú a lua, freisin, go bhfuil seacht dtéarma dhéag, ar a laghad, sna liostaí thuas gur dócha nach mbaineadh Seán Óg feidhm astu sular cuireadh sa ghéibheann é.⁸⁵ Os rud é go ndealraíonn sé gurbh é an Béarla príomh-mheán cumarsáide Bhaile an Stáin a Dó is dealraithe go fóill é nár chuala Seán Óg na téarmaí seo ó Ghaeilgeoirí eile agus gurbh é Seán Óg féin a chum iad.

4.11. Na Focail a Bhí Dulta i Léig

Bhí Seán Óg go láidir den tuairim go saibhreodh sé an Ghaeilge go mór dá mbainfeadh níos mó scríbhneoirí comhaimseartha feidhm as focail agus téarmaí liteartha ó aoiseanna eile a bhí dulta i léig ina gcuid scríbhneoireachta (S. Óg Ó Caomhánaigh, bainte as Ó Brosnacháin 329; S. Óg Ó Caomhánaigh, ‘Tionnsamh’ xiii). Is minic a fhaightear seantéarmaí fileata nach raibh coitianta sa chaint i saothair Sheáin Óig dá bharr sin (Ó Brosnacháin 329).⁸⁶ Maidir lena dhialann, baineann Seán

⁸⁵ Baineann sé cinn déag de na téarmaí seo leis an saol i mBaile an Stáin a Dó, mar atá: ‘aimsir cómhairimh’ [The Count]; ‘aimsir infhiúchta’ [The Inspection]; ‘calán an fhuail’ [the latrine bucket]; ‘ceann camtha’ [Camp Commandant]; ‘ceann pobail’ [The Hut Leader]; ‘an clampar’ [The Trouble]; ‘An Chomhairle Camtha’ [The Camp Council]; ‘Cómhaltas na Spórt’ [The Sports’ Committee]; ‘an fualchalán’ [the latrine bucket]; ‘fuirm an ghabhainn’ [The Order for Detention]; ‘leascheann camtha’ [Vice Commandant of the Camp]; ‘pobal an bhidh’ [the cookhouse]; ‘ré an imeagla’ [The Terror]; ‘seómra an cheistiúcháin’ [the interrogation hut]; ‘tig an ionnladhtha’ [the washhouse]; ‘tig na cócaireachta’ [the cookhouse]. Thairis sin, bhí Seán Óg tar éis níos mó ná cúig mhí a chaitheamh sa ghéibheann faoin am a ritheadh ‘Bille na Sciúrseála’ [The Flogging Bill] i mí Iúil 1923, rud a fhágann gur dócha nach mbíodh an téarma sin in úsáid aige sular cuireadh i bpríosún é ach oiread (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 7x29x23 15).

⁸⁶ Cuir i gcás, *Fánaí*, baineann Seán Óg earraíocht as cúig théarma ó aoiseanna eile, ar a laghad, san úrscéal sin, mar atá: ‘cíodh trácht’; ‘iomthúsa’; ‘lorc’ (dúnmharú); ‘os’ (béal); ‘rosc’ (súil) (bainte as Ó Dúshláine, Brollach *Fánaí* v). Chomh maith leis sin, úsáideann Seán Óg cuid mhaith focal liteartha sna sainmhínte agus sna samplaí in *Croidhe Cainnte Ciarraige*. Ina measc siúd tá: ‘dlaoi-fholt’ (gruaig); ‘feithim’ (fanaim); ‘flós’ (bláth); ‘níom’ (ní mé); ‘machdual’ (spúinse) (bainte as Ó Brosnacháin 56-63).

Óg úsáid as ocht gcinn de théarmaí liteartha inti, mar atá: ‘(do) ráidh’; ‘cíodh trácht’; ‘iomorra’; ‘for’; ‘iar’; ‘iomthúsa’; ‘eó’; ‘ós’.

Bhaintí feidhm as an bhfocal ‘(do) ráidh’ san fhilíocht go príomha san am atá thart. Briathar is ea é agus is éard is brí leis ná ‘abair’ (Dinneen, *Foclóir Gaedhilge agus* 873). Úsáideann Seán Óg ina dhialann é ar sheacht n-ócáid, ar a laghad:⁸⁷

Agus ós rud é ná fuil scian ná gabhlán aige stiall sé trí n-a phroinn mar dheineadh athair Áideam sarar chuimhnig sé ar oireamhaintíbh ithte! Fém fhabhraidhibh d’fhaires é. Budh gheairid idir olc as áilt aige. Dom agallam **do ráidh sé**: “Connus tá ag eirghe leat? Go maith, go maith” ghá fhreagairt féin “Tá san ceart, tá san ceart,” agus ar luighe na súl bhí sé go fíochmhar ag ionnsaighe buachalla fíormhacánta im aice [...] (4063-4068)

Is iondúil go gcaitear leis an bhfrása ‘cíodh trácht’ mar dhobhriathar agus go mbíonn na bríonna ‘áfach’ nó ‘ar chaoi ar bith’ aige (‘Trá’). Is cosúil go gciallaíonn sé ‘ar chaoi ar bith’ an t-aon am a bhaineann Seán Óg earraíocht as an bhfrása seo ina dhialann:

Do bhí sceul greanmhar ar an bpáipéar mar gheall ar ghiústís ó Shasana a gabhadh in osdlann in Áth Cliath dtaobh a fhiafraige de bheirt phóilíní cá raibh a mbarántas nuair tháingadar isteach ar lorg fir éigin. Nuair ghearraidh an Coileánach (giúistís) P3 éirice ar a chóimhleacaidhe ó Shasana d’éig an Sasanach go hiongtaiseach “P3!” “Seadh,” arsa fear a chéirde ón Saorstát “agus budh cheart duit bheith anbhuidheach gur scarais chómh saor leis!” **Cíodh trácht** bhí leitir ar an bpáipéar ag baint leis an gcúrsa. (5524-5531)

Cé gur dobhriathar é an focal ‘iomorra’, is féidir é a úsáid mar chónsac freisin. Bíonn na bríonna éagsúla seo ag an bhfocal seo: ‘thairis sin’; ‘go deimhin’; ‘anois’; ‘ansin’; ‘leis an bhfirinne a rá’; ‘freisin’; ‘ach’; ‘ámh’ (Dinneen, *Foclóir Gaedhilge agus* 606; Ó Dónaill, *Foclóir Gaeilge-Béarla* 721). Baineann Seán Óg feidhm as ‘iomorra’ aon uair amháin ina dhialann. Úsáideann sé mar dhobhriathar a bhfuil an bhrí ‘ámh’ leis an tráth sin:

⁸⁷ Féach: 918, 3120, 3907, 4066, 4103, 4554, 5416.

Ag bun mo leapan sa tá beagan againn ag diospóireacht deachtadh agus cómhacht na n-easóg i dtaobh faoisdine agus aroile. Airéir b'é m'argoint se gur b'é baramhail na n-easbog, ceart nó mícheart, dlighe na heagailse go dtí go n-aontuigheas nó go ndiultuigheas an Róimh é. B'é argóint fir eile go mbaineann sé leis an gcaonaidhe agus gur b'é a chognas féin a stiúir. Indiugh, **iomorra**, do bhí cainnt ó easbog agus ó shagart ar an bpáipéar n-ar foillsigheadh go soiléir ná raibh sé de cheart ag sagart ná duine aonair a chognas féin do leanamhaint. (283-292)

Is éard atá i 'for' ná réamhfocal a chiallaíonn 'ar' (.i. 'on' an Bhéarla). Ní chuirtear séimhiú ar an bhfocal a leanann an réamhfocal seo de ghnáth ('For').⁸⁸ Is ábhar iontais, mar sin, é go leanann séimhiú 'for' an t-aon am a úsáideann Seán Óg ina dhialann é:

Chómh luath agus oscladh an doras amach liom chun me féin d'ionnladh [...] [c]ad dhearcas? Ó bhárr mo choise ar gach aon taobh díom brúcht eudtrom seaca chómh heudtrom le *gasamar* chómh fada agus rithfeadh mo radharc ar thraithnín ar dhuilleóig ar adhmaid, ar *bhaghar* ar ceann fóirgnimh, ar bhuaic, ag drithlinig n-a súilínibh chómh glioscarnach lé sligirninibh **for** sheodaibh mná áilne (4237-4244).

I dtaca leis an réamhfocal 'iar', tugann Bergin le fios gurb é 'tar éis' an bhrí a bhíonn leis go hiondúil ach go mbíonn bríonna eile aige, in amanna, freisin, mar atá, 'le linn' nó 'ó bhí' (xviii). Baineann Seán Óg úsáid as an réamhfocal 'iar' ina dhialann ar ócáid amháin. Is é 'tar éis' is brí leis an babhta seo:

B'í an tseanmóin is féarr agus budh ghiorra dár chuala riamh í. Ar an gcuma so: [...] "Do bhí Dia na glóire **iar** n-a tharcuisniugh, a éaradh; a cheusadh, a adhlachadh ag muinntir a dhúthaighe féin. Bhí Sé san uaig aca, dar leó, agus é

⁸⁸ Cuireadh tús leis an réamhfocal 'ar' a úsáid in ionad 'for' i ré na Nua-Ghailge Clasaicí agus is iondúil go n-úsáidtear 'ar' amháin sa teanga bheo sa lá atá inniu ann ('For'; Dinneen, *Foclóir Gaedhilge agus* 478). I ngeall air sin is gnách anois go gcuireann 'ar' séimhiú ar ainmfocal atá ag tagairt do rud faoi leith ach go bhfághtar ainmfocal ginearálta lom ina dhiaidh. Tá nós an tséimhithe ag leathnú, ámh, agus cloistear séimhiú ar ainmfocail ghinearálta i ndiaidh 'ar' sa teanga labhartha in amanna anois (Ua Súilleabháin 504-505).

fromhtha aca don domhan gur breughthóir é, ach d'éirigh Sé agus d'foillsig Sé don saoghal uile gur bhé an Togha Aon É d'iomchair Sé a chros go humhal agus foidneach agus bhuaidh[.]” (622-628)

Tosaíodh ar an réamhfocal ‘ar’ a úsáid in ionad ‘iar’ de réir a chéile ó ré na Nua-Ghaeilge Clasaicí agus is é ‘ar’ amháin a úsáidtear anois de ghnáth (Bergin xviii; Dinneen, *Foclóir Gaedhilge agus* 585). Leanadh urú ‘ar’ sa chás seo ar dtús ach is minic sa teanga labhartha anois go leanann séimhiú é (Dinneen, *Foclóir Gaedhilge agus* 585; Ua Súilleabháin 505). Maidir le dialann Sheáin Óig, is gnách go gcuireann Seán Óg séimhiú ar ainm briathartha i ndiaidh ‘ar’ inti:

Ar chlos dom go rabhthas ag tógaint gréithre gach aon’ne leathas mo chulaidh ar an bpluid fém chasóig bháistighe agus d’fholuigheas é seo fúm agus peictiúir Chaitín Crosta agus Mhuirinn Ní Chealleachain. (1227-1229)

Tá sampla amháin, ar a laghad, áfach, den nós stairiúil i ndialann Sheáin Óig .i. cuireann sé urú ar ainm briathartha i ndiaidh an réamhfocail ‘ar’ uair amháin ar a laghad:

Ar bhfeicsint mo smutáin scine de Phadraig Ó hUallacháin dubhairt sé agus miongháire air: “Níl aon oighre ort ach an seanCróiníneach. (822-824)

Is éard atá san fhocal ‘iomthúsa’ ná an tuiseal ainmneach iolra den ainmfhocal ‘iomthús’. Bíonn na bríonna éagsúla seo ag ‘iomthús’: ‘treoir’; ‘cinniúint’; ‘eachtra’; ‘stair’; ‘imeacht’. Chomh maith leis sin, is féidir foirm an ainmnigh uatha nó foirm an ainmnigh iolra den ainmfhocal seo a úsáid mar réamhfocal a bhfuil an bhrí ‘maidir le’ leis. Ní mór an t-ainmfhocal a leanann é a chur sa tuiseal ginideach sa chás seo (‘Imthús’). Is é ‘maidir le’ an bhrí atá le ‘iomthúsa’ an t-aon am a bhaineann Seán Óg earraíocht as an bhfocal sin ina dhialann .i. is mar réamhfocal a úsáideann sé an tráth sin é:

An Loingseach olc ar maidin. [...] Dom agallam do ráidh sé: “Connus tá ag eirghe leat? Go maith, go maith” ghá fhreagairt féin “Tá san ceart, tá san ceart,” agus ar luighe na súl bhí sé go fíochmhar ag ionnsaighe buachalla

fíormhacánta im aice [...] Chuirfínn cuid mhaith an uair sin i gcumha é d'ionnsaighe Mhuiris Uí Chonaire go raibh lón triúir aige agus cuma shuthach air ar nós aon chránach ach b'é toil na ndéithe nár dhein [...] Ach **iomthúsa** an Loingsig: d'aithnigheas go raibh drochfuadar fé agus ó tá seanaithne agam anois ar éiglidhe na colna agus ciallmhar nó le báine gur b'é nádúir an chuirp an biadh do shíorlorg, dubhart leis muga uisce te d'fhághail agus go dtabharfainn té agus siúicre dho. Chuir so gealadhram air agus léimfeadh sé tig! (4056-4088)

Tugtar le fios i bhfoclóir Uí Dhónaill gur téarma ón litríocht é an t-ainmfhocal 'eó' agus go mbíonn na bríonna éagsúla seo aige: 'bróiste'; 'duine uasal'; 'bior'; 'iúr'; 'bradán' (496). Baineann Seán Óg feidhm as an bhfocal seo ina dhialann ar ócáid amháin. Tá an chuma ar an scéal go gciallaíonn sé 'bróiste' an babhta seo:

Bliain an taca [so] budh mór é a fonn teacht go hÉirinn ar mo thuairisc; budh mhór é mo shúil lé n-a teacht. Nách mór an t-atharugh thagann i mbliain. Ní fheadar an bhfuil **an t-eó** aice a bhronnas uirthé. Nó an bhfuilim imthighthe as a cuimhne ar fad? (460-463)

D'úsáidítí an focal 'ós' san fhilíocht go príomha san am atá thart. Is ainmfhocal é 'ós' agus is é 'béal' is brí leis ('Ós'). Úsáideann Seán Óg aon uair amháin ina dhialann é:

Um an dtaca san budh gheall le beach me amesc ban, ó phógadh béil go pógadh béil ag sughrach meala gach **ós** a teangbhuigheadh liom agus ar nós na beiche ná deineann leadrán ar an mbláth nuair bhíos an mhil aice sughraicthe do bhíos in aigne agus i ngíomh chómh fuaidreach.' (4535-4538)

Is iondúil go mbaineann Seán Óg úsáid as an bhfoirm choibhneasta san aimsir láithreach agus san aimsir fháistineach ina dhialann:

Lá éigin nuair thosnóchaidh agus nuair eireóchaidh scríobhnóirí a **bhainfeas** brigh cheart as ár dteangain nách aca bheidh an fhairsinge chun iad féin do

chur in iúil agus nách iad **bheurfas** teanga cheolmhar fhorasta don ndomhan!
(2893-2896)

Mar a pléadh thuas d'fhéadfadh sé go ndearna sé an méid sin ar mhúnla an tsean-nóis
(féach: 4.7.6.).

5. Ceangal

I dteannta eagrán dioplamáideach de dhialann Sheáin a' Chóta a chur ar fáil agus an téacs sin a chur ina chomhthéacs, is é an rud a chuir mé romham sa tráchtas seo ná anailís a dhéanamh ar an dialann seo agus í a mheas ó thaobh na staire de, ó thaobh na litríochta de agus ó thaobh na teanga de.

Dialann Sheáin a' Chóta mar Cháipéis Stairiúil

Níl aon amhras ach gur saothar tábhachtach í dialann Sheáin Óig ó thaobh na staire de. Mar aon leis na tuairiscí a thugtar ar an saol sna hionaid imtheorannaithe i saothair eile a dhearbhu don chuid is mó, déanann Seán Óg tagairt do ghnéithe de shaol an champa géibhinn nach luaitear i bhfoinse ar bith eile atá i gcló. I dtús báire, is é Seán Óg an t-aon scríbhneoir a thugann le fios nach soláthraítí a ndóthain bia d'imtheorannaithe Bhaile an Stáin a Dó (10x8x23 13v).⁸⁹ Chomh maith leis sin, cuireann sé in iúl go gcuireadh an riocht ina mbíodh na háiseanna frustrachas agus fearg air, rud nach luaitear i saothar ar bith eile atá i gcló (11x16x23 38v-39r).⁹⁰ Tá an fhaisnéis seo luachmhar mar tugann sí tuiscint níos iomláine dúinn ar an anró a d'fhulaingíodh cuid de na himtheorannaithe agus ar na bealaí a ghoilleadh an t-anró sin orthu.

Tuairiscítear i neart saothar go mbíodh gardaí na n-ionad imtheorannaithe éagsúil ag scaoileadh piléar leis na príosúnaigh an t-am ar fad chun iad a choimeád faoi smacht (Bowyer Bell 59; Foley 36; Macardle 838). Murab ionann agus na saothair seo, áfach, tá fianaise i ndialann Sheáin Óig gurbh fhéidir nach scaoileadh gardaí Bhaile an Stáin a Dó piléir ach go hannamh leis na bránna chun smacht a chur orthu (9x14x23 1r). De réir Sheosaimh Mhic Cathmhaoil, ní cheadaíodh Gobharnóir Bhaile an Stáin a Dó do na gardaí cur isteach ar na cimí (Dialann 2 6x12x23 199r). Is cosúil, mar sin, gurbh é an Gobharnóir ba bhun le neamhchoitiantacht an chleachtais seo (.i. piléir a scaoileadh leis na bránna chun iad a chur faoi smacht) i mBaile an

⁸⁹ Is cosúil go mbíodh difear idir áiseanna na n-ionad imtheorannaithe éagsúla in amanna (Andrews 317-322). Ní féidir a rá go cinnte, mar sin, an raibh cúrsaí mar an gcéanna sna hionaid imtheorannaithe eile nó an raibh an bia in easnamh ar phríosúnaigh Bhaile an Stáin a Dó amháin.

⁹⁰ Tugann Seosamh Mac Cathmhaoil le fios cúpla uair go gcuireadh an méid seo as go mór dó, freisin. Níor foilsíodh riamh na sleachta ina bpléann sé an méid seo, áfach (Campbell, Dialann 2 26x11x23 193v).

Stáin a Dó. Taispeánann an méid seo atrua an Ghobharnóra. Chomh maith leis sin, is léiriú é seo ar an tionchar mór a bhíodh ag an bhfear seo ar an saol san ionad imtheorannaithe agus ar an gcúram a thugtaí do na príosúnaigh.

Is díol suime, freisin, é go dtugann Seán Óg le fios gur tugadh ar phríosúnaigh Bhaile an Stáin a Dó an tAifreann a éisteacht ar feadh tamaill (11x18x23 42v-43r). Níl fianaise ar bith ann go ndearnadh rud ar bith mar sin in ionad imtheorannaithe ar bith eile. B'fhéidir, mar sin, gurbh é Gobharnóir Bhaile an Stáin a Dó ba mhó ba bhun leis an bpolasaí seo agus nach raibh aon bhaint ag an Rialtas, ag an arm ná ag an Eaglais Chaitliceach leis. Níl a fhios againn arbh é an gobharnóir céanna a theorannaigh scaoileadh na bpiléar leis na cimí ba bhun leis an méid seo.⁹¹ Cibé duine a bhí ciontach as tabhairt ar na príosúnaigh dul ar Aifreann léiríonn an méid seo gurbh fhéidir nach n-aithníodh an fear sin a dhualgas mar státseirbhíseach agus a dhualgas mar Chaitliceach óna chéile, feiniméan a bhí coitianta in Éirinn sa chéad leath den fhichiú haois. Cuireann an méid seo in iúl, freisin, an tionchar mór, dá fheabhas nó dá olcas, a bhíodh ag an nGobharnóir agus ag a chuid luachanna ar shaol na n-imtheorannaithe (Ferriter 337).

Bhí sé mar pholasaí ag ceannairí na bPoblachtach nach gcuirfí de dhualgas ar bhrá ar bith páirt a ghlacadh sa stailc ocrais agus is cosúil gur cuireadh an polasaí sin i bhfeidhm i bhformhór na n-ionad imtheorannaithe (Andrews 322-323; Hopkinson 268-269; O'Donnell 193; O'Malley 251). Is ábhar suntais, mar sin, é go dtuairiscíonn Seán Óg gur tugadh ordú d'imtheorannaithe Bhaile an Stáin a Dó dul ar an stailc ocrais (10x18x23 1v). Taispeánann sé an mí-ord a bhí ar an stailc ocrais agus an easpa ullmhúcháin a rinneadh roimh ré nár cloíodh le polasaí na gceannairí Poblachtacha sa champa sin. Is dócha, ámh, nach raibh tionchar mór aige seo ar an méid daoine a chuaigh ar an stailc ocrais. An rud ba bhun leis sin, go raibh 'coinscríobh morálta' sna hionaid imtheorannaithe éagsúla inar cuireadh an stailc ocrais ar siúl a thug ar neart príosúnach dul ar an stailc ocrais (O'Donnell 193). An toradh a bhí air seo gur ghlac na himtheorannaithe ar fad, nach mór, páirt sa stailc ocrais, gach áit a rinneadh an agóid sin (Hopkinson 268). Is é is dóichí, mar sin, go rachadh an chuid ba mhó de phríosúnaigh Bhaile an Stáin a Dó ar an stailc ocrais dá dtabharfaí rogha dóibh é sin a dhéanamh nó gan é sin a dhéanamh. B'fhíor sin,

⁹¹ An rud is cúis leis sin gur chaith níos mó ná fear amháin seal ina Ghobharnóir ar Bhaile an Stáin a Dó (Campbell, Dialann 2 9x7x23 74r).

freisin, i gcás ionaid imtheorannaithe ar bith eile inar tugadh ordú do na bránna páirt a ghlacadh sa stailc ocrais.

Dealraíonn sé, freisin, nach raibh tionchar ar bith ag an ordú a thug ‘Comhairle Camtha’ Bhaile an Stáin a Dó d’imtheorannaithe an champa sin páirt a ghlacadh sa stailc ocrais ar thoradh na hagóide sin. I bhfianaise air sin, thit an stailc ocrais amach i mBaile an Stáin a Dó sa bhealach ceannann céanna gur thit sí amach sna hionaid imtheorannaithe inar tugadh rogha do na cimí dul nó gan dul ar an stailc ocrais .i. thosaigh na cimí ag éirí as an stailc ocrais ina sluaite sula i bhfad agus ní raibh ach mionlach acu ar an stailc ocrais fós tar éis tamaill (Andrews 322; Bowyer Bell 60; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x21x23 7v agus 10x28x23 1r).

Dialann Sheáin a’ Chóta mar Shampla de Dhialann an Phríósúnaigh Pholaitiúil

Is iad na fáthanna is mó a choimeádann na príósúnaigh pholaitiúla dialann: chun umhail na ndaoine a tharraingt ar an saol sa ghéibheann agus ar an anró agus ar an gcruálacht atá á bhfulaingt ag na bránna; chun an ceann is fearr a fháil ar leamhas agus ar chumha an bhraighdeanais; chun iad féin a choimeád ar a gciall; chun iad féin a chumhachtú ó thaobh na mothúchán de agus ó thaobh na polaitíochta de; chun iad féin a shaoradh ó chion.⁹² Is iad na téamaí is coitianta i ndialanna den chineál seo: ‘neamhchiontacht an údair’; ‘uaisleacht na bpríosúnach eile’; ‘barbarthacht na gcoirpeach’; ‘mímhoráltacht an dreama eile’; ‘an fhulaingt’; ‘diongbháilteacht an dialannaí gan géilleadh don namhaid’.

De réir dealraimh, choimeád Seán Óg a dhialann, go comhfhiosach nó go neamh-chomhfhiosach, ar na cúig chúis thuasluaite. Chomh maith leis sin, faightear an chuid is mó de na téamaí thuasluaite sa dialann sin, mar atá: ‘neamhchiontacht an údair’; ‘mímhoráltacht an dreama eile’; ‘an fhulaingt’; ‘diongbháilteacht an dialannaí gan géilleadh don namhaid’. Tá cúpla rud atá suntasach faoi dhialann Sheáin Óig, áfach.

I dtús báire, is é Seán Óg an t-aon duine de na dialannaithe a coimeádadh sa ghéibheann lena gcomhghleacaithe polaitiúla a fuarthas nach téama mór é ‘uaisleacht na bpríosúnach eile’ ina dhialann. Is cosúil go bhfuil baint aige seo leis an straidhn a

⁹² Is cosúil nach scríobhann an príósúnach polaitiúil a dhialann ar aon fháth amháin, de ghnáth .i. tá an chuma ar an scéal gur gnách go gcoimeádann sé a dhialann ar níos mó ná ceann amháin de na cúiseanna seo.

bhí idir Seán Óg agus cuid de na bránna eile a shíl go raibh uisce faoi thalamh á dhéanamh ag Seán Óg leis an namhaid (Campbell, Dialann 2 11x4x23 137r). Is díol suime, freisin, é nach lochtaíonn Seán Óg na himtheorannaithe i gcoitinne ach amháin roinnt uaireanta tar éis chliseadh na stailce ocrais (10x27x23 1-2). Tá an chuma ar an scéal gurbh fheasach é Seán Óg go ndéanfaí dochar dá chúis dá gcáinfeadh sé na bránna i gcoitinne agus gur choinnigh sé óna leithéid a dhéanamh sa chuid ba mhó dá dhialann i ngeall air sin.⁹³ Tá sé seo suntasach mar cuireann sé in iúl go gcuireann dialannaithe áirithe ar príosúnaigh pholaitiúla iad a gcuid tuairimí agus a gcuid mothúchán i bhfolach le dea-thoil, uaireanta, chun a gcúis a chur chun cinn .i. go ndéanann siad cinneadh gan tagairt a dhéanamh d'ábhair a dhéanfadh dochar dá gcúis ina gcuid dialann.

Chomh maith leis sin, is ábhar suntais é gur téama mór é 'bráthairse na bpríosúnach agus na ngardaí' i ndialann Sheáin Óig agus i ndialann Sheosaimh Mhic Cathmhaoil mar ní bhfuarthas trácht ar bith ar an téama seo i saothar léirmheastóireachta ar bith ná i ndialann ar bith eile le príosúnach polaitiúil. Is cosúil go dtaispeánann an téama seo go raibh fonn ar Sheán Óg agus ar Sheosamh Mac Cathmhaoil 'an dream eile' a chomhshnaidhmeadh lena bhféiniúlacht féin (Deane 382). Ina theannta sin, léiríonn sé go mbíonn rath ar na príosúnaigh pholaitiúla in amanna agus go ndéanann siad codanna den 'dream eile' a chomhshnaidhmeadh lena bhféiniúlacht féin go pointe áirithe uaireanta. Is cosúil go bhfuil baint ag na bhfonn seo a bhí ar an mbeirt seo (Seán Óg agus Seosamh Mac Cathmhaoil) leis an gceangal a bhí idir na príosúnaigh agus na gardaí ó thaobh an chultúir de agus ó thaobh na polaitíochta de.⁹⁴ Tá sé suaithinseach, mar sin, go bhfuil an chuma ar an scéal nach bhfuil Cogadh Cathartha na hÉireann sainiúil agus gur tarraingíodh easaontas idir comrádaithe polaitiúla agus míleata i dtíortha eile ar fud an domhain i ndiaidh do ghluaiseacht réabhlóideach teacht chun comhghéillte leis na húdaráis choilíneacha (Williams, bainte as Hopkinson 273). Ní foláir, mar sin, nó go bhfuil nó go raibh neart príosúnach polaitiúil eile in áiteanna eile ar fud na cruinne a bhfuil nó a raibh baint mhór acu (mar a bhí ag na Poblachtaigh i rith Chogadh Cathartha na hÉireann)

⁹³ Is é sin, dealraíonn sé go bhfuil an chuspóir chéanna aige sa mhéid seo atá ag na príosúnaigh pholaitiúla eile a mhórann a gcomrádaithe agus a lochtaíonn na coirpigh atá á gcoimeád i bpríosún leo .i. a chúis a chur ar aghaidh.

⁹⁴ B'Éireannaigh Chaitliceacha iad an formhór acu agus throid cuid mhaith acu le chéile i rith Chogaidh na Saoirse (Harte 123). Thairis sin, theastaigh an rud céanna ó neart Poblachtach agus Saorstátach go fóill le linn do Sheán Óg a bheith ag scríobh .i. go mbeadh Éire ina poblacht neamhspleách lá amháin (Litton 88 agus 90; Hopkinson 36-38 agus 52).

le lucht a bhfreasúra. Is dócha go mbíonn an rud céanna ag teastáil ó chuid acu, ar a laghad, a bhí ag teastáil ó Sheán Óg agus ó Sheosamh Mac Cathmhaoil. Is é sin, an ‘dream eile’ a chomhshnaidhmeadh leo féin. Caithfidh go n-éiríonn le cuid acu é sin a dhéanamh le gnéithe den ‘dream eile’, in amanna, freisin. Tá an-tábhacht, mar sin, ag baint le dialann Sheáin Óig mar is í an t-aon dialann le príosúnach polaitiúil a fuarthas a bhfuil a téacs go léir i gcló ina bpléitear an téama seo a thaispeánann an ghné thábhachtach seo den phríosúnacht pholaitiúil.⁹⁵

An Teanga i nDialann Sheáin a’ Chóta

Tá sé fhoinsé teanga, ar a laghad, i ndialann Sheáin Óig. I dtús báire, tá lorg a chanúna dúchais le feiceáil ar fud na dialainne. Tá sin i gceist, mar shampla: leis an réamhfocal ‘sa’ a úsáid roimh ainmfhocal iolra (féach 4.5.1.); le ‘s’ a chur idir réamhfocal a chríochnaíonn ar ghuta agus an t-alt iolra (féach: 4.5.); leis an bhfoirm tháite den bhriathar a úsáid in go leor cásanna (féach: 4.7.; 4.7.1.; 4.7.2.; 4.7.3.; 4.7.4.). Chomh maith leis sin, léiríonn cuid mhaith foirmeacha sa dialann nósanna gramadaí agus litrithe na linne. Ina measc siúd tá: mórán focal a ndéantar bá ar ghuta a gcéad siolla i gCorca Dhuibhne de ghnáth ach a litrítear ina n-iomláine sa dialann (féach: 4.3.); cuid mhaith focal nach bhfuil a litriú ag teacht le nósanna fuaimnithe Chorca Dhuibhne (féach: 4.4.); roinnt ainmneacha briathartha a uraítear a bhfuil úsáid chéasta á baint astu agus atá ag tagairt d’ainmfhocal iolra (féach 4.7.5.).⁹⁶

B’fhéidir, freisin, go raibh tionchar áirithe ag an gcóras litrithe ar a dtugtar ‘An Leitriú Shimplí’ ar Sheán Óg le linn dó a bheith ag scríobh a dhialainne. An fhianaise atá air sin ná gur minic sa dialann a litríonn Seán Óg focal le ‘l’ singil nó le ‘n’ singil a litrítí le ‘l’ dúbailte nó le ‘n’ dúbailte de réir nósanna litrithe na linne. Is ábhar suntais é seo mar bhíodh sé de nós ag lucht na ‘Leitrithe Simplí’ ‘l’ agus ‘n’ a scríobh san áit a scríobhtaí ‘ll’ agus ‘nn’ go traidisiúnta (féach 4.2.3.).⁹⁷

D’fhág an Béarla a rian go díreach nó go hindíreach ar theanga na dialainne, chomh maith. Is éard atá i gceist leis sin gur dócha gur aithin Seán Óg gur fhocail iasachta iad cuid mhaith de na cúig fhocal Béarla is tríocha a úsáidtear sa dialann ach

⁹⁵ Níor foilsíodh ach an ceathrú cuid de dhialann Sheosaimh Mhic Cathmhaoil go dtí seo.

⁹⁶ Is gnách go gcuirtear séimhiú ar an ainm briathartha sa chás seo i gCorca Dhuibhne (Ua Súilleabháin 524).

⁹⁷ D’fhéadfadh sé, chomh maith, go bhfuil baint aige seo le nósanna na teanga labhartha i gCorca Dhuibhne mar is gnách go gcloistear ‘l’ singil agus ‘n’ singil sa chanúint sin san áit a chloistí ‘l’ dúbailte agus ‘n’ dúbailte faoi seach go stairiúil (féach: 4.2.2.).

gurbh fhéidir go mbaintí feidhm as cuid acu go coitianta i nGaeilge Chorca Dhuibhne agus nár shamhlaigh Seán Óg mar fhocail Bhéarla *per se* iad (féach 4.9.).

Anuas ar an méid seo, dealraíonn sé nár ‘leor le Seán Óg uaireanta caint na ndaoine mar theanga liteartha’ agus go ndeachaigh sé ag obair uirthi d’fhonn í a shaibhriú agus a chur in oiriúint do riachtanais na litríochta (Ó Brosnacháin 62). Bhí dhá thoradh air sin, i gcomhthéacs na dialainne. Ar an gcéad dul síos, faightear ceithre théarma is caoga sa saothar sin a bhfuil an chuma orthu gurbh fhéidir gurbh é Seán Óg a chum iad (féach: 4.10.1; 4.10.2.).⁹⁸ Chomh maith leis sin, baineann Seán Óg feidhm as an bhfoirm choibhneasta den bhriathar san aimsir láithreach agus san aimsir fháistineach de ghnáth agus úsáideann sé ocht dtéarma liteartha, ar a laghad, ó aoiseanna eile a bhí dulta i léig sa dialann (féach: 4.7.6.; 4.11.).

⁹⁸ Tá trí rud i gceist leis seo: na focail gurbh fhéidir gur chuir Seán Óg brí nua leo (dhá cheann acu); na téarmaí gurbh fhéidir gur aistrigh Seán Óg ón mBéarla iad (naoi gcinn déag acu); na téarmaí gurbh fhéidir gur cheap Seán Óg amach is amach iad (trí théarma is tríocha) (féach: 4.10.1. agus 4.10.2.).

Aguisín 1: Saothar Cruthaitheach de Chuid Sheáin Óig

Is éard atá san aguisín seo ná dhá leathanach scaoilte a coimeádadh i dtaisce le buncháipéis na dialainne. Deir Seán Óg san iontráil a scríobh sé ar 5 Samhain 1923 go bhfuil sé ar intinn aige tús a chur le ‘geárreachtra ar gach mnaoi des na mnáibh a bhuail liom im bheatha’ an lá dar gcionn (20r 11x5x23). Tá an chuma ar an scéal gur cuid den scéal sin iad na leathanaigh seo. Tá na leathanaigh seo 26.5 ceintiméadar ar fad agus 18.5 ceintiméadar ar leithead. Is cosúil go raibh siad bán, tráth, ach tá siad donn le haois anois. Bhí na leathanaigh seo nasctha le leabhar nótaí ar dtús ach tarraingíodh den leabhar nótaí sin iad, am éigin, agus tá barr na leathanach gioblach dá bharr sin anois. Níl uimhir ar bith scríofa ar na leathanaigh seo. Uimhrítear taobhanna na leathanach ‘1r’, ‘1v’, ‘2r’, ‘2v’ anseo thíos, mar sin, ar mhaithe le soiléireacht.

/1r/ agus fé n-a fhiacraibh d’fhiafruig sí dhí féin: -/ “Ní fheadar an bhfuil sé ionphógtha? Nó an flaith é dáiríribh? Á/ dá mbuaileadh flaith liom, flaith lé féile lé beusaibh lé feardhacht/ do beurfainn mo ghrádh dho. Raighead síos agus cidhfídh me/ cad é an saghas flatha an flaith seo go bhfuil súil leis⁹⁹,” agus d’eirig sí./ D’fheuch san scáthan airís agus í sásta lé n-a deallramh/ do bhuail sí an doras amach agus síos an staighre./

In íochtar an tighe thíos bhí beirt chailíní ó Áth Cliath agus trí/ seómraidhe aca – cisdín mhór, seómra codlata agus seómra suidhte,/ bhíodh túirleacan mórán ann – cumannaig, mionfhilí, scríobhnóirí,/ dathadóirí – fir agus mná go raibh tuairimí láidre íogaire ar gach ceist¹⁰⁰ aca, ar fhallaidhibh/ an tseómra suidhte do bhí ar crochadh¹⁰¹ peictiúirí mhairtírig na hÉireann, cuid aca/ go raibh giota filidheachta oireamhnach fé n-a mbun, agus os cionn/ an tsuidheacháin shocair ar an bhfalla do bhí dathadóireacht a/ líomhuig an plait Gearmánach agus teacht i dtír in Éirinn do arm/ ón nGearmáin agus dochtúir áirighthe móraithnid i gcúrsaidhibh Éireann/ ar each ag treórugh an airm eachtrannaig agus ar chúl cnuic ag/ feuchaint trí¹⁰² ghloine fadradhairc do bhí Eireannach eile gur mhinic a ainm luaidhte/ i bpáipéaraibh Mheirice i mbaint leis an

⁹⁹ flatha...leis *os cionn na líne agus é seo a deirid a bhéas ann add. stríoctha amach faoi*

¹⁰⁰ íogaire ar gach ceist *os cionn na líne agus caret idir láidre agus aca*

¹⁰¹ ar crochadh *os cionn na líne agus caret idir bhí agus peictiúirí*

¹⁰² feuchaint trí *os cionn na líne agus caret roimh ghloine*

bplait Gearmánach ag/ dearcadh fén bhfarraige ar lachadóir Gearmánach ar tí símgeála/ long cogaidh lé Sasana a bhí d'iarraidh an dul i dtalamh do chosc./ Budh bhlúire mhaith¹⁰³ céirde é agus mholadh gach aonne go mór/ é. Ní mór gur gábhadh¹⁰⁴ a rádh gur bh'é cogadh an domhain budh mhó a bhí/ i mbeul sa mbrághaid lucht cuarda¹⁰⁵ an loga-so. Do chreideadar/ i saoirse, do deineadar seanmóin ar dhaoirse. Budh mhian leótha/ troid ar son saoirse ach níor chreideadar go raibh na Cómhachta/ Comhair ag troid ar son duthaighe beaga gur gheallamhaintí ná¹⁰⁶ /1v/ cóimhlíonfaidhe choidhche, ná raibh san gcainnt go léir i dtaobh saoirse na farraige¹⁰⁷/ agus leithchinneamhain do thiorthaibh beaga na cruinne ach mealladh chun iad/ do thabhairt n-a scuaine ar a dtaobh mar scata mionmhadráidhe a/ eirigheas amach ag sceamhghal nuair bhíonn na¹⁰⁸ gadhairchogaidh in eachran a/ chéile agus ná faigheann cnámh na headála ná a chuid feola aimsir/ an roinnte ach iad do ruaigeadh abhaile¹⁰⁹ sa n-earbal idir a gcosaibh/ deireadh aca. Budh iomdha san argóint te teasaidhe a thárla ann ag/ Eireannaig, Pólaig, Giúdaig agus Rúiseánaig – an uile duine aca/ “*extremist*”. Do b'fheas don lucht ceannais an ghnáthóg so agus is beag/ oidhche Sathairn ná bíodh bleachtairé nó dhó leis an Riaghaltas ag faireadh/ lasmuigh ag tabhairt gach aon'ne a ghaibheadh isteach fé ndeara./

Do bhain Ceann Dubh lé trí nó ceathair de Chumannaibh/ ban; neach díobh ní raibh i bhfabhar na hÉireann, iad go léir claonta/ n-a¹¹⁰ choinne, an uile dhuine aca¹¹¹ ann – ghallda, agus do bhí aigne Ceann/ Dubh claon aca nách mór ó bheith ag éisteacht lé n-a gcómhradh. Ar ghlacadh/ cuireadh an oidhche úd do bhí a haighe leagtha ar argóintidhibh na mban so do¹¹²/ chur ar a dtásdail¹¹³ agus a fhionnadh dhí féin cad é an saghas daoine/ na “*extremists*” so aghaidh ar aghaidh agus fonn uirthe leis an flaith gur¹¹⁴ cualaidh sí an oiread n-a thaobh d'fheicsint. Ní raibh sí cinnte/ ar fhlaith é mar flaith ón Rúise nó ó Shasana nó as aon dhuthaig eile/ go raibh trácht

¹⁰³ oibre *add. ach stríoctha amach*

¹⁰⁴ os cionn na líne agus caret idir gur agus a

¹⁰⁵ n *add. ach stríoctha amach*

¹⁰⁶ d'iompaigh Seán Óg an leathanach bun os cionn ag an bpointe seo agus thosaigh sé ag scríobh ó bhun an taoibh eile

¹⁰⁷ doiléir, dúch doirte ar an dara r agus ar ge

¹⁰⁸ os cionn na líne agus caret idir bhíonn agus gadhairchogaidh

¹⁰⁹ os cionn na líne agus caret idir ruaigeadh agus sa

¹¹⁰ deireadh an fhocail doiléir, a tréigthe

¹¹¹ tosach an fhocail doiléir, an chéad a tréigthe

¹¹² doiléir, do tréigthe

¹¹³ b *add. idir d agus an dara á ach stríoctha amach*

¹¹⁴ chulaidh *add. ach stríoctha amach*

mhór orthu um an dtaca¹¹⁵ bhuardhartha san agus gur/ chualaidh sí cuid des na mnáibh cumainn ghá innsint ós íseal go/ raibh aithne mhaith aca¹¹⁶ féin ar an bhflaith so nó súd mar bhí grean/ lé n-itheadh aca n-a chuibhrean mar chuadar go dtín amharclann in/ aonfheacht leis nó go dtí ioldamhas¹¹⁷ nó mar thugadar gluaisteán a bhfear i nganfhiós/ chun turuis sicreideach¹¹⁸ do dheunamh¹¹⁹ go dtí teach bóthair éigin¹²⁰ ar/ thuath na cathrach. Budh mhinic clos na rádaireachta so aice agus/ sceulta beaga eile, scannala beaga eudtroma, teanghmhála agus /2r/ coidreamh go mbíodh na mná so anmhaoidhteach as. Níor chleacht sí aon díobh/ so agus ní raibh aon lagugh n-a dilseacht dá chéile d'aimhdeóin an deunaimh/ a thug sé dhi¹²¹ - eisean amuigh lé himirt as ragairne ise ag/ baile ag deunamh¹²² cuideachtan dá máthair, agus pé uair a theideadh/ sí amach is in a haonar é agus cé go raibh a fhios aice ná raibh/ seisean dilis di níor iompuig sí fós riamh ar chasán a dualgais/ fiú amháin tréis beartha dhi¹²³ ar a fear i bhfochair mná eile ar chan/ neimhdheas. Do mhaith sí dho an turus san ach d'imthig a grádh do lé/ gaoith agus budh shoiléir san do./

¹²⁴ Ag gabháil síos an staighre do/ Cheann Dubh do bhraith sí go raibh atharugh éigin i ndán di. Do chorruig/ smaointe neamhchoitceanna 'n-a hínntin; do bhorruig rud éigin n-a/ clí agus b'iongadh léithe an mbeadh scéilín mar gheall ar¹²⁵ cómh rád/ beag bradach suirighe lé flait¹²⁶ le hinnsinte aice féin tréis na hoidhche,/ nó an amhlaidh a bheadh mar bhí go minic roime seo díombáidh uirthé/ mar níor bh'é sin an cheud uair aice geallamhaint ar aithne do/ chur di ar fhear dhathamhail thaithneamhach. Cíodh trácht, do ling sí/ go heudtrom éascaidh anuas an staighre lándeimhnightheach go raibh/ sí i bpearsain agus i ngabháil ioniartha. Ní raibh sí gán tóirtéis/ aiste féin. Riamh roime sin níor bhraith sí¹²⁷ i sláinte níos/ feárr agus bhí sí i mláth a hóige agus a háilne. Do shroich sí doras/ an tseómra suidhte ar an uain go raibh ghasradh bheag ar tí suidhte/ agus do sheasaimh sí idir an dá lígh. Do

¹¹⁵ *deireadh an fhocail doiléir, an dara a scríofa go doiléir*

¹¹⁶ *deireadh an fhocail doiléir, an dara a scríofa go doiléir*

¹¹⁷ *nó go dtí ioldamhas os cionn na líne agus caret idir leis agus nó*

¹¹⁸ *os cionn na líne agus ós íseal stríoctha amach faoi*

¹¹⁹ *deireadh an fhocail doiléir, am scríofa go doiléir*

¹²⁰ *rud éigin add. ach stríoctha amach*

¹²¹ *síneadh fada add. os cionn i ach stríoctha amach*

¹²² *cuide add. ach stríoctha amach*

¹²³ *síneadh fada add. os cionn i ach stríoctha amach*

¹²⁴ *Ag gabháil síos an st add. ach stríoctha amach*

¹²⁵ *teangmail add. ach stríoctha amach*

¹²⁶ *lé flait os cionn na líne agus caret idir suirighe agus le*

¹²⁷ *níos add. ach stríoctha amach*

bheannuig sí do chailínibh Átha Cliath.¹²⁸/ Tháinig duine aca chúiche agus do thionnscaín í do chur in aithne don/ gcuideachtain. Thug Ceann Dubh ruaig súl ar a raibh láithreach agus/ do shill¹²⁹ a dhearc ar a fhear óg a bhí n-a sheasamh fós go n-a chasóig/ mhóir. Do léim a croidhe. Do shroich a dhearc-san í. D’amharcadar/ a chéile. Phreab a chroidhe sin. ‘N-a seasamh san doras di budh/ gheall le peictiúir i bhfráma í. Do ghaibh rínn a súl tríd go croidhe/ d’fhan sé gan cor mar bheadh sé ceangailte den úrlár, a lámh ar¹³⁰/ dhrom na cathaoireach, a amharc ar¹³¹ Ch. D.¹³² agus¹³³ /2v/ ailp n-a scórnaig, leathadh ar a radharc ag an áilne os a chómhair./ Cuireadh an chuideachta in aithne do Ch. D. Chualaidh sé¹³⁴ ainmneacha na ndaoine/ ach ar cheann aca níor rug¹³⁵ sí. Do chrith sí i ngach ball mar dubhairt sí ag/ crothadh láimhe nó ag sleachtaint, “Tá áthas orm aithne do chur ort.” Do b’é/ an té a chuir an líonruith¹³⁶ uirthé an duine domhan deidheanach¹³⁷ a cuireadh/ in¹³⁸ aithne dhi./

“Sídí bean an Phágaig,¹³⁹ an flaith¹⁴⁰”, “An flaith, a bhean an Phágaig.¹⁴¹” / Do shíneadar araon a lámha amach in aonfacht; agus a dóid gheal n-a/ ghlaic aige d’fháisc sí¹⁴² í go sármhuinnteartha. D’fhág sí an lámh aige/ agus d’amharcadar a chéile airís. Ar an nóimint sin taidhbhsigheadh/ dóibh gur bh’aithnid dóibh a chéile le cian fada. Do ghaibh miongháire/ geanamhail imeall a beól agus do scein osnadh uaithe. Maidir¹⁴³/ leis-sean¹⁴⁴ bhraith sé a dearc ag sníomh síos isteach n-a chroidhe agus in aon/ tuille¹⁴⁵ amháin do ghluais a anam fé n-a déin./

¹²⁸ *doiléir, an lánstad nasctha leis an t roimhe*

¹²⁹ *d add. ach stríoctha amach*

¹³⁰ *deireadh an fhocail doiléir, dúch doirte ar r*

¹³¹ *an nuadhtheacht add. ach stríoctha amach*

¹³² *doiléir, dúch doirte ar D.*

¹³³ *doiléir, dúch doirte ar agus; d’iompaigh Seán Óg an leathanach bun os cionn ag an bpointe seo agus thosaigh sé ag scríobh ó bhun an taoibh eile*

¹³⁴ *léigh ‘sí’ in ionad sé*

¹³⁵ *ad add. i ndiaidh g ach stríoctha amach*

¹³⁶ *rud éigin add. ach stríoctha amach*

¹³⁷ *d add. ach stríoctha amach*

¹³⁸ *rud éigin add. ach stríochta amach*

¹³⁹ *a add.*

¹⁴⁰ *an flaith os cionn na líne agus Sheáin Óig add. stríoctha amach faoi; Mhic Uí add. faoi bhun Sheáin Óig ach stríoctha amach; léigh ‘a fhlaithe’ in ionad an flaith*

¹⁴¹ *níl lánstad ar bith i ndiaidh Phágaig, cuireadh isteach ceann mar is cosúil gur tosach abairte nua é*

Do

¹⁴² *léigh ‘sé’ in ionad sí*

¹⁴³ *leis-sea add. os cionn na líne ach stríoctha amach agus leisean add. stríoctha amach faoi*

¹⁴⁴ *os cionn na líne agus caret roimh bhraith*

¹⁴⁵ *amhai add. ach stríoctha amach*

¹⁴⁶ “Tá áthas mo chroidhe orm¹⁴⁷ aithne do chur ar do shoillse, a fhlaith”/ agus do shléacht sí dho. Bhí rianán dáiríre n-a glór agus leig sí/¹⁴⁸ uirthé léithe féin gur flaith dearbh a bhí ann./

I bpáirt mhaitheasa agus grinn do labhair an flaith¹⁴⁹ le miongháire/ agus do shléacht di chómh hurrámanta a’s do shléacht flaith riamh do/ mhnaoi: - “¹⁵⁰Go raibh maith agat, a ríoghain. Is aoibhin liom/ aithne d’fhághail ort.” agus do druid sé an chaothaoir chúiche gur shuidh/ sí uirthé. D’fheuch sí n-a tímcheall go faitchíosach, líonruith uirthé de/ chionn an aire oban¹⁵¹ gan choinne do thug an flaith di a croidhe ag bualadh go/ mear tapaidh. Do thug gach aon’ne fé ndearna an teangbháil sin./ D’fhan súile Ceann Dubh ar an bhflaith. Do scaoil seisean a/ chasóg mhór de agus do shlíobh a ghruaig dubh gléasmhar lé n-a/¹⁵² dhá láimh, d’fheuch n-a thímcheall agus óir ná raibh suidheachán/ n-a ghoire d’amharc sé Ceann¹⁵³ Dubh¹⁵⁴ agus b’fhollas do ó shilleadh a¹⁵⁵/ súl gur mhian léithe é d’fhanacht n-a haice. Do shuidh sé ar/

¹⁴⁶ Connus *add. ach stríoctha amach*

¹⁴⁷ *os cionn na líne agus caret idir chroidhe agus aithne*

¹⁴⁸ i bpáirt mhaitheasa *add. ar an gcéad líne eile ach stríoctha amach, níl rud ar bith scríofa i ndiaidh mhaitheasa*

¹⁴⁹ an flaith *os cionn na líne agus rud éigin add. stríoctha amach faoi*

¹⁵⁰ Is aoibhin liom *add. ach stríoctha amach*

¹⁵¹ *os cionn na líne agus caret idir aire agus gan*

¹⁵² thim *add. ach stríoctha amach*

¹⁵³ C folínithe faoi dhó

¹⁵⁴ D folínithe faoi dhó

¹⁵⁵ *os cionn na líne agus suil add. stríoctha amach faoi*

Aguisín 2: Dialannaithe Gaeilge

Liostaítear na dialannaithe a choimeád dialann as Gaeilge, go bhfios dúinn, anseo thíos. Cláraítear de réir na mblianta ar chuir na dialannaithe tús lena ndialann iad. Cuirtear an dáta ar chuir an dialannaí tús lena dhialann agus an dáta ar chuir sé deireadh léi idir lúibíní tar éis a ainm. Ina theannta sin, cuirtear in iúl cá bhfuil bunchóip na dialainne á caomhnú agus an bhfuil an saothar ar fad nó aon chuid de i gcló. Tá tuilleadh eolais faoi na saothair ar fad a luaitear anseo thíos ar fáil sa leabharliosta.

1. Ó Cianáin, Tadhg (7 Meán Fómhair 1607-27 Samhain 1608). Tá bunchóip na dialainne seo ar fáil i mBailiúchán Lámhscríbhinní Gaeilge na bProinsiasach, Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, faoin uimhir thagartha A 21. Foilsíodh dialann Uí Chianáin don chéad uair in *Archivium Hibernicum* II-IV (1913-15). Is é an tAthair Paul Walsh a chuir eagar uirthi. Foilsíodh an t-eagrán sin faoin teideal *The Flight of the Earls* ansin sa bhliain 1916. Ina theannta sin, foilsíodh leagan den dialann seo a athscríobhadh i nGaeilge an lae inniu faoin teideal *Imeacht na nIarlaí* i 1972. Is é Pádraig de Barra a chuir eagar ar an dialann an uair seo. Rinne Tomás Ó Fiaich tráchttaireacht ar an téacs mar chuid den eagrán seo.
2. Ó Mealláin, Toirdhealbhach (Deireadh Fómhair 1641-Feabhra 1647). Tá bunchóip an tsaothair seo á coimeád i gCnuasach Uí Mhurchadha, Leabharlann Boole, Coláiste Ollscoile Chorcaí faoin uimhir thagartha Ls 3. Foilsíodh dialann Uí Mhealláin don chéad uair san *County Louth Archaeological Journal* (Imleabhar V, Uimhir 3-Imleabhar VII, Uimhir 2) idir na blianta 1923 agus 1930. Is é an tAthair Labhrás Ó Muireadhaigh a chuir eagar ar an eagrán seo. Cuireadh eagrán eile den dialann seo i gcló in *Analecta Hibernica* 3 (1931). Is é Tadhg Ó Donnchadha (Torna) a chuir eagar uirthi an uair seo.
3. Ó Neachtain, Tadhg (23 Meitheamh 1724-13 Meán Fómhair 1752). Is iad NLI Ls. G 132, NLI Ls. G 135, NLI Ls. G 138 (Leabharlann Náisiúnta na

hÉireann), T.C.D. Ls. H.4.20/Ls. 1361 (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath), Ls. 24 P 41 (Acadamh Ríoga na hÉireann) na lámhscríbhinní is mó a bhfuil iontrálacha dialannacha Uí Neachtain ar fáil iontu.

4. Ó Conchobhair, Cathal (1728-1729 agus 1736-1790). Tá dialanna na mblianta 1728, 1751-52, 1758-64, 1768-79, 1782-84, 1786-90 ar fáil i mbailiúchán Theach Cluain Malais faoi na huimhreacha tagartha 8.2.EH.016, 8.3.EH.047, 8.4.EH.216 agus 8.4.EH.218. Tá leabhar nótaí na bliana 1729 á chaomhnú in Acadamh Ríoga na hÉireann faoin uimhir thagartha Ls. B.I.1, Mír 21. Bhí dialanna na mblianta 1742-1748 i seilbh an Athar Mhichíl Uí Chathasaigh, S.P., Cliathmuine (Co. Shligigh) nuair a chuir Síle Ní Chinnéide eagar orthu sa bhliain 1954 (Ní Chinnéide, 'Dhá Leabhar' 32). Maidir le dialanna na mblianta 1736-1741, b'é 'an tAthair Séarlas Ó Conchúir, S.J.' (Ó Conchúir Donn) a thug do Shíle Ní Chinnéide iad nuair a chuir sí eagar orthu sa bhliain 1957 (Ní Chinnéide, 'Dialann' 4). Níl aon trácht ar na dialanna seo (.i. dialanna na mblianta 1736-1741) i gcatalóg pháipéir Teach Cluain Malais, áfach. Cuireadh dialanna na mblianta 1736-1741 i gcló in *Galvia* IV (1957) faoin teideal 'Dialann Í Conchúir' agus foilsíodh dialanna 1742-1748 in *Galvia* I (1954) faoin teideal 'Dhá Leabhar Nótaí'. Is í Síle Ní Chinnéide a chuir eagar ar an dá eagrán seo. Ina theannta sin, tá cuid mhaith sleachta ó dhialanna na mblianta 1728 agus 1729 ar fáil sa leabhar *Carolan: The Life Times and Music of an Irish Harper* le Donal O'Sullivan.
5. Ó Súilleabháin, Amhlaoibh (Eanáir 1827-31 Iúil 1835). Tá bunchóip na dialainne seo á caomhnú i mbailiúchán Hodges agus Smyth, Acadamh Ríoga na hÉireann faoi na huimhreacha tagartha 23.A.48, 23.L.23 agus 23.H.26. Cuireadh iontrálacha Eanáir 1827-14 Bealtaine 1827 i gcló in *Gadelica* 1 faoin teideal 'Humphrey O'Sullivan's Diary (Cinn-lae Amhlaoibh Uí Shúileabháin)' sa bhliain 1913. Is é Séamus Ó Casaide a chuir eagar ar na hiontrálacha seo. Foilsíodh an dialann ar fad maille le haistriúchán Béarla a rinneadh air i gceithre imleabhar faoin teideal *Cinnlae Amhlaoibh Uí Shúileabháin: The Diary of Humphrey O'Sullivan* mar chuid de shraith Chumann na Scríbeann nGaeilge idir na blianta 1936 agus 1937. Is é an tAthair Micheál Mac Craith a

chuir eagar ar an eagrán seo. Cuireadh rogha Thomáis de Bhaldráithe de na hiontrálacha i gcló faoin teideal *Cín Lae Amhlaoibh* sa bhliain 1970.

6. De hÍde, Dubhghlas (9 Márta 1874-5 Meán Fómhair 1912). Tá an dialann seo á caomhnú i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann faoi na huimhreacha tagartha Lss. G 1036-1048. Foilsíodh cuid mhaith sleachta Gaeilge ó dhialann de hÍde in *The Young Douglas Hyde* (D. Daly) sa bhliain 1974.
7. Ó hAnnracháin, Peadar (1901-1916). Ní fios cé leis bunchóip na dialainne seo faoi láthair. Tá cuid mhaith sleachta agus iontrálacha ó dhialann Uí Annracháin ar fáil ina dhírbheathaisnéis, *Fé Bhrat an Chonmartha*, a foilsíodh sa bhliain 1944.
8. Mac Giolla Iasachta, Éamonn (1907-c.1986). Tá bunchóip an tsaothair seo i seilbh William MacLysaght, mac Éamoinn Mhic Giolla Iasachta, a bhfuil cónaí air i Raithín, Contae an Chláir. Cuireadh neart iontrálacha ó dhialann Mhic Giolla Iasachta i gcló faoin teideal *Leathanaigh ó mo Dhialann* sa bhliain 1978.
9. Trinseach, Sadhbh (Iúil 1913-18 Feabhra 1915 agus 24 Aibreán 1916-24 Lúnasa 1916). Tá bunchóip an tsaothair seo i seilbh mhuintir Trinsigh. Rinne Hilary Pyle aistriúchán Béarla ar chuid mhaith sleachta agus iontrálacha ó dhialann Thrinsigh agus foilsíodh faoin teideal *Cesca's Diary 1913-1916: Where Art and Nationalism Meet* iad sa bhliain 2005.
10. Ó Criomhthain, Tomás (5 Nollaig 1918-1 Márta 1923). Tá bunchóip an tsaothair seo á caomhnú i mBailiúchán na Lámhscríbhinní Gaeilge sa Leabharlann Náisiúnta faoin uimhir thagartha NLI Ls. G 1022. Cuireadh sleachta ó dhialann Uí Chríomhthain i gcló faoin teideal *Allagar na hInise* sa bhliain 1928. Is é Pádraig Ó Siochfhradha, 'An Seabhaic', a chuir eagar ar an saothar seo. Chuir garmhac Uí Chríomhthain, Pádraig Ua Maoileoin, eagrán nua amach faoin teideal céanna, *Allagar na hInise*, sa bhliain 1977. Foilsíodh an buntéacs ar fad ó 5 Nollaig 1918 go dtí 30 Eanáir 1921 san eagrán seo. Ní raibh teacht ag Ua Maoileoin ar an gcuid eile den lámhscríbhinn as sin siar

agus bhunaigh sé an chuid eile dá eagrán ar leagan Uí Shiochfhradha (Ua Maoileoin). Chuir sé na hiontrálacha idir 11 Feabhra 1921 agus 1 Márta 1923 nár foilsíodh in eagrán Uí Shiochfhradha i gcló faoin teideal *Allagar II* sa bhliain 1999.

11. Mac Liammóir, Micheál (1920-c.1978). Tá bunchóip na dialainne seo á caomhnú san Dublin Gate Theatre Archive, Leabharlann McCormick, Ollscoil Northwestern. Foilsíodh an dialann a choimeád Mac Liammóir ó 3-11 Meán Fómhair 1934 faoin teideal ‘An Turas Dearg’ in *Ceo Meala Lá Seaca* sa bhliain 1952. Cuireadh an dialann a scríobh sé idir 28 Bealtaine 1950 agus 10 Meán Fómhair 1950 i gcló faoin teideal ‘Ó Chill Áirne go Berlin’ sa leabhar céanna, chomh maith. Ina theannta sin, foilsíodh an dialann a scríobh sé idir Feabhra 1956 agus 13 Bealtaine 1956 faoin teideal *Aisteoirí faoi Dhá Sholas: Dialann Mheánmhara* sa bhliain 1956.
12. Ó Gaoithín, Mícheál (1 Eanáir 1923-31 Nollaig 1923 agus Bealtaine 1924). Tá an dialann seo á caomhnú i mBailiúchán na Lámhscríbhinní Gaeilge sa Leabharlann Náisiúnta faoin uimhir thagartha NLI Ls. G 1021.
13. Ó Caomhánaigh, Seán Óg (16 Feabhra 1923-13 Nollaig 1923). Tá an dialann seo i seilbh an Dochtúra Thaidhg Uí Dhúshláine, Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.
14. Ní Shúilleabháin, Eibhlín (1 Bealtaine 1923-29 Samhain 1923). Tá bunchóip na dialainne seo á caomhnú i mBailiúchán na Lámhscríbhinní Gaeilge sa Leabharlann Náisiúnta faoin uimhir thagartha NLI Ls. G 1021. Chuir Máiréad Ní Loingsigh eagar ar dhialann Ní Shúilleabháin agus foilsíodh faoin teideal *Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin* sa bhliain 2000 í.
15. Ó Cadhain, Máirtín (Eanáir 1937-Iúil 1937). Tá an dialann seo á caomhnú i bPáipéir Uí Chadhain, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath faoin uimhir thagartha 10878/L/15C/2/1.

16. Ó Ríordáin, Seán (1 Eanáir 1940-16 Feabhra 1977). Tá an dialann seo á caomhnú in Aircív Sheáin Uí Ríordáin, Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath faoi na huimhreacha tagartha ÓR.D1-ÓR.D49.
17. Ó Conluain, Proinsias. Is cosúil go bhfuil an saothar seo i seilbh Uí Chonluain, fós. Foilsíodh dhá shliocht ó dhialann Uí Chonluain faoin teideal ‘Cín Lae Craoltóra’ in *Written on the Wind: Personal Memories of Irish Radio 1926-76* sa bhliain 1976. Scríobhadh an chéad shliocht idir 4 Samhain agus 13 Samhain 1949 agus scríobhadh an dara ceann idir 28 Meitheamh agus 8 Iúil 1956.
18. Mac Amhlaigh, Dónall (1 Eanáir 1950-26 Eanáir 1989). Tá bunchóip na dialainne seo ar fáil sa Leabharlann Náisiúnta faoin uimhir thagartha LS 32,596/1-53. Foilsíodh sleachta óna dhialann a d’athscríobh Mac Amhlaigh go healaíonta faoin teideal *Dialann Deoraí* sa bhliain 1960.
19. Boyce, Éamonn (30 Nollaig 1956-18 Meán Fómhair 1962). Tá bunchóip na dialainne seo i seilbh Boyce go fóill. Cuireadh aistriúchán Béarla a rinne Anna Bryson agus Kathleen Rigney ar dhialann Boyce i gcló faoin teideal *The Insider: The Belfast Prison Diaries of Eamonn Boyce 1956-1962* sa bhliain 2007.
20. Mac Aodha, Micheál (1 Eanáir 1984-31 Nollaig 1984). Is é is dealraithí go bhfuil bunchóip na dialainne seo i seilbh Mhic Aodha fós. Tá trasríbhinn den téacs seo maille le hanailís ar an teanga sa dialann ar fáil i dtráchtas neamhfhoilsithe Ph.D. Ghearóid Uí Chleircín, ‘Eagrán de chín lae Mhichíl Mhic Aodha maille le hanailís ar theanga an tsaothair’, atá á chaomhnú in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.
21. Kirby, Peadar (13 Eanáir 1988-8 Feabhra 1988). Is é is dealraithí go bhfuil bunchóip na dialainne seo i seilbh Kirby go fóill. Cuireadh dialann Kirby i gcló faoin teideal *Dialann ó Nicearagua* sa bhliain 1990.

22. Ó Coigligh, Ciarán (1 Eanáir 1994-31 Nollaig 1994). Is é is dealraithí go bhfuil bunchóip na dialainne seo i seilbh Uí Choigligh fós. Foilsíodh dialann Uí Choigligh faoin teideal *Cín Lae 1994* sa bhliain 1995.
23. Ó Searcaigh, Cathal (Nollaig 1997). Is cosúil go bhfuil bunchóip na dialainne seo i seilbh Uí Shearcaigh fós. Cuireadh sleachta óna dhialann a d'athscríobh Ó Searcaigh go healaíonta i gcló faoin teideal *Seal i Neipeal* sa bhliain 2004.
24. Mac Cóil, Liam (2 Eanáir 1999-18 Eanáir 2001). Dealraíonn sé go bhfuil bunchóip na dialainne seo i seilbh Mhic Cóil go fóill. Foilsíodh a rogha de na hiontrálacha faoin teideal *Nótaí ón Lár* sa bhliain 2002.
25. De Barra, Micheál (2 Meán Fómhair-7 Deireadh Fómhair 2007). Is é is dealraithí go bhfuil bunchóip na dialainne seo i seilbh de Barra fós. Cuireadh dialann de Barra i gcló faoin teideal *An Bóthar go Santiago* sa bhliain 2007.

Aguisín 3: Dialanna Gaeilge ar Líne

Liostaítear na dialannaí a bhfuil, nó a mbíodh, dialann Gaeilge á coimeád acu ar an idirlíon anseo thíos.¹⁵⁶ Cláraítear in ord aibítire iad agus cuirtear teideal an tsúimh agus a sheoladh gréasáin in iúl i ndiaidh an ainm. Ina theannta sin, cuirtear an dáta ar chuir an dialannaí tús lena dhialann agus an dáta ar chuir sé deireadh léi idir lúibíní tar éis an tseolta gréasáin. Tá tuilleadh eolais faoi na dialanna seo ar fáil sa leabharliosta.

1. Áine. *Mise Áine*. <<http://miseaine.blogs.ie>>. (17 Meán Fómhair 2007-5 Márta 2008).
2. Ciarán. *Crá Croí Cois Cuain*. <<http://cracroi.wordpress.com>>. (9 Márta 2006-an lá atá inniu ann).
3. De Bhál, Hilary. *Hilary NY*. <<http://hilaryny.blogspot.com>>. (3 Nollaig 2004-an lá atá inniu ann).
4. De Buitléir, Scott. *Dialann Scott*. <<http://dialannscott.blogspot.com>>. (26 Lúnasa 2007-an lá atá inniu ann).
5. Gearóid. *Blag Ghearóid*. <<http://gearoid.blogspot.com>>. (1 Eanáir 2006-13 Bealtaine 2008).
6. Hijmans, Alex. *Léigh ar mo T-Léine é!* <<http://naceithrechairde.travellerspoint.com>>. (17 Samhain 2006-17 Eanáir 2007).

¹⁵⁶ Níor cuireadh san áireamh anseo roinnt dialann ar líne a bhí á gcoimeád ag foghlaimeoirí Gaeilge ar feadh tamaillín le feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Is éard atá i ndialann ar líne ná dialann a choimeádtar ar an idirlíon. Murab ionann agus dialanna traidisiúnta is féidir leis an saol mór dialann ar líne a léamh. Chomh maith leis sin, bíonn cead ag daoine go hiondúil teachtaireachtaí ina nochtann siad a dtuairimí faoina bhfuil ann a fhágáil ar an suíomh gréasáin ('WeBlog'). Scríobhtar an chuid is mó den ábhar i ndialanna ar líne ach úsáidtear grianghraif, taifeadtaí agus físeáin iontu in amanna freisin ('Blog'). Is cineál de bhlag í an dialann ar líne. An rud atá i gceist le blag ná 'a website that contains dated text entries in reverse chronological order about a topic' ('WeBlog'). I dteannta dialannaíochta, is féidir blaganna a úsáid ar réimse fáthanna eile, ina measc cuspóirí gnó (mar shampla chun margaíocht, brandáil nó caidreamh poiblí a dhéanamh), mar chláir fógraí do chlub nó mar nuachtlitir chun tuairimí a nochtadh ar ábhair ar nós polaitíochta, faisín nó ceoil ('WeBlog'; Gattiker)

7. Jennifer. *Máthair Gaelachais*. <<http://misemamai.blogspot.com>>. (17 Bealtaine 2007-an lá atá inniu ann).
8. Mac Dhonnagáin, Tadhg. *Garraí Johnny Mhorgan*. <<http://garraijohnnymhorgan.blogspot.com>>. (9 Márta 2009-an lá atá inniu ann).
9. Mac Mórna, Aoidhmín. *Arm Rúnda na Gaeilge*. <<http://gaeilgefaoithalamh.blogs.ie>>. (12 Lúnasa 2005-13 Bealtaine 2008).
10. Měchura, Michal. *An Cainteoir Dóchais*. <<http://www.cainteoir.com>>. (4 Márta 2007-an lá atá inniu ann).
11. Ó hAlmhain, Aonghus. *Smaointe Fánacha Aonghusa*. <<http://aonghus.blogspot.com>>. (19 Samhain 2005-an lá atá inniu ann).
12. Ó Liatháin, Concubhar. *iGaeilge*. <<http://igaeilge.wordpress.com>>. (10 Márta 2008-an lá atá inniu ann).
13. Ó Meachair, Somhairle. *Blag Somhairle*. <http://web.me.com/somhairle/Blagann_Somhairle/Blaganna_Somhairle.html>. (17 Meán Fómhair 2007-2 Lúnasa 2008).
14. Ó Neachtain, Séamas. *An Caomhach*. <<http://caomhach.blogspot.com>>. (12 Eanáir 2005-an lá atá inniu ann).
15. Póló. *An Cnagaire*. <<http://ancnagaire.blogspot.com>>. (16 Márta 2008-an lá atá inniu ann).
16. Quinlan, Tim. *Aisling*. <<http://machnamh.blogspot.com>>. (7 Eanáir 2006-an lá atá inniu ann).
17. *Scéala na Wombait*. <<http://mhwombat.blogspot.com>>. (20 Iúil 2004-an lá atá inniu ann).

18. Schaler, Pádraig. *An Saol*. <<http://ansaol.blogspot.com>>. (1 Deireadh Fómhair 2006-3 Meitheamh 2008).
19. Seán Mór. *Iris Eoghanaigh*. <<http://seanmor.wordpress.com>>. (2 Samhain 2008-an lá atá inniu ann).

Aguisín 4: Dialannaithe Choimisiún Béaloideasa Éireann

Chuir Coimisiún Béaloideasa Éireann, a cuireadh ar bun sa bhliain 1935, iallach ar na bailitheoirí lánaimseartha ar fad agus ar chuid de na bailitheoirí páirtaimseartha dialann a choimeád (Briody 27). Bhí dhá chúis leis an éileamh seo. Ar an gcéad dul síos, bhí an Coimisiún ag iarraidh go mbeadh tuairisc aige ar an obair a bhí á déanamh ag na bailitheoirí. Ar an dara dul síos, bhí an Coimisiún ag iarraidh go gcuirfí léiriú na scéalta agus na n-amhrán ina gcomhthéacs (Briody 42). An rud atá sna dialanna seo go príomha, mar sin, ná cur síos ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag na bailitheoirí. Ina theannta sin, tá an-chuid eolais chomhthéacsúil iontu. Is éard atá i gceist leis sin ná go ndéanann na bailitheoirí cur síos fisiciúil ar an scéalaí/an amhránaí agus ar an sórt duine atá ann, ar na daoine a bhí i láthair agus é ag insint an scéil nó ag rá an amhráin, ar an atmaisféar sa teach ina raibh siad ag bailiú, ar an gcaoi a ndeachaigh an scéal/an t-amhrán i bhfeidhm orthu siúd a bhí i láthair agus mar sin de (Briody 27). Tá an chuma ar an scéal, mar sin, gur shamhlaigh formhór na mbailitheoirí na dialanna seo mar ‘ghléas oibre’ a bheadh ‘ina gcúnamh ag daoine eile a bheadh ag obair ar an ábhar ina ndiaidh’ seachas mar dhialanna traidisiúnta (Uí Ógáin 24). Tá dialanna le trí bhailitheoir is fiche á gcaomhnú i gCnuasach Bhéaloideas Éireann sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is as Gaeilge is mó a scríobhadh naoi gcinn déag acu agus is as Béarla amháin nach mór a scríobhadh na ceithre cinn eile. Liostaítear dialannaithe an Choimisiúin in ord aibítire anseo thíos. Cuirtear na blianta a chaith siad ag obair mar bhailitheoirí leis an gCoimisiún agus lena chomharba Roinn Bhéaloideas Éireann idir lúibíní i ndiaidh ainm an bhailitheora agus cláraítear na himleabhair dá gcuidsean atá marcáilte ‘Cinnlae’, ‘Cúnntas Cinnlae’, ‘Diary’, ‘Journal’ nó ‘Leabhar Cinnlae’ i gClár na mBailitheoirí ina dhiaidh sin. Is as Béarla a scríobh siadsan a n-úsáidtear leagan Béarla a n-ainm sa chlár agus is as Gaeilge a scríobh na bailitheoirí uile, nach mór, a n-úsáidtear leagan Gaeilge a n-ainm. Is é Caoimhín Ó Danachair an t-aon eisceacht uaidh seo. Is as Béarla amháin a scríobhadh sé ina dhialann.

1. Bairéad, Ciarán (1951-1975). Imleabhair 1339, 1384, 1443, 1444, 1559, 1610, 1723, 1742.

2. Breathnach, Nioclás (1935-1937). Imleabhair 205, 206, 294, 383.
3. Coleman, Simon (1949 agus 1959). Imleabhair 1615, 1674.
4. De Búrca, Proinsias (1935-1944 agus 1953-1975). Imleabhair 500, 689, 873.
5. Delaney, James G. (1954-1986). Imleabhar 1889.
6. De Noraidh, Liam (1940-1943). Imleabhair 872, 1298.
7. Mac Aonghusa, Séamus (1942-1947). Imleabhair 1295, 1296, 1297.
 Cuireadh na himleabhair seo i gcló faoin teideal '*Mise an Fear Ceoil*' Séamus Ennis – *Dialann Taistil 1942-1946* sa bhliain 2007. Foilsíodh leagan Béarla de na himleabhair seo faoin teideal *Going to the Well for Water: the Séamus Ennis field diary 1942-1946* sa bhliain 2009.
8. Mac Coisdealbha, Liam (1935-1939). Imleabhair 427, 732.
9. Mac Gilleathain, Colm (1942-1951). Imleabhair 1111, 1299, 1300, 1301, 1302.
10. Mac Lochlainn, Brian (1935-1942). Imleabhair 423, 424, 503, 504, 603, 671.
11. Mac Mathúna, Seán (1935-1947). Imleabhair 397, 426, 501, 502, 567, 568, 604, 639, 672, 697, 729, 730, 874.
12. Mac Meanman, Liam (1935-1937). Imleabhar 295.
13. Murphy, Michael J. (1941-1983). Imleabhair 1388, 1390, 1466, 1467, 1504, 1521, 1522, 1535, 1571, 1572, 1617, 1618, 1698, 1699, 1724, 1746, 1748, 1749, 1750, 1788, 1801, 1811, 1850, 1851.
14. Ó Cróinín, Seán (1938-1944 agus 1959-1965). Imleabhair 673, 724, 725, 944, 1653.

15. Ó Dálaigh, Seosamh (1936-1951). Imleabhair 362, 422, 499, 583, 636, 726, 942, 943, 1045, 1291, 1292.
16. Ó Danachair, Caoimhín (1940). Imleabhar 1303.
17. Ó Domhnaill, Aodh (1935-1937). Imleabhar 731.
18. Ó Dubhda, Seán (1952-1962). Imleabhair 1381, 1385, 1465, 1562, 1616, 1729.
19. Ó hEochaidh, Seán (1935-1983). Imleabhair 421, 584, 690, 727, 1107, 1108, 1109, 1289.
20. Ó Flannagáin, Seán (1937-1940). Imleabhair 566, 728.
21. Ó Modhráin, Pádraic (1951-1956). Imleabhair 1290, 1383, 1445.
22. Ó Murchadha, Tadhg (1935-1957). Imleabhair 228, 292, 384, 425, 522, 582, 637, 638, 719, 720, 721, 722, 723, 854, 855, 856, 857, 940, 941, 1046, 1047, 1048, 1049, 1285, 1286, 1287, 1288, 1338, 1446, 1447, 1614.
23. Ó Súilleabháin, Eoghan (1936-1937). Imleabhar 396.

Aguisín 5: Cúlraí na nDialannaithe ar Príosúnaigh Pholaitiúla iad

Seán Mistéil

Rugadh Seán Mistéil i nDún Geimhin, Co. Dhoire ar 3 Samhain 1815. Bhain sé céim amach i gColáiste na Tríonóide sa bhliain 1834 agus chuaigh sé le dlí ina dhiaidh sin (Griffith 454). Náisiúnaí a bhí ann agus chláraigh sé ina bhall de ‘Éire Óg’ thart ar an mbliain 1843 (‘Mitchel, John’ 317). Chuir Mistéil nuachtán dar teideal *The United Irishman* ar bun in Eanáir 1848. Is sa nuachtán sin, idir Feabhra agus Márta 1848, a mhol sé d’fheirmeoirí tionónta an fómhar a choinneáil, gan cíos ná rátaí a íoc, cur in aghaidh tochsail agus díshealbhaithe, diúltú dóibh siúd nach rachadh i gcomhar leo, agus iad féin a armáil. Ghabh na húdaráis an Mistéalach i mBealtaine 1848 dá bharr sin agus coisceadh *The United Irishman* (‘Mitchel, John’ 317). Fuair giúiré cóirithe ciontach é as tréas a dhéanamh agus gearradh ionnarbadh ceithre bliana déag sna Beirmiúdaí air ar 27 Bealtaine na bliana sin (‘Mitchel, John’ 317; Mitchel, Réamhrá xlvi).

Bhain Mistéil na Beirmiúdaí amach ar 20 Meitheamh 1848 agus coimeádadh i soitheach príosúnachta ann go dtí Aibreán 1849 é (Mitchel, *Jail Journal* 31 agus 138-139). Aistríodh i dteannta scata príosúnach eile go dtí Coilíneacht na Rinne é ansin ach dhiúltaigh na coilínigh cead a thabhairt do na pianseirbhithe dul i dtír ann (Mitchel, *Jail Journal* 175). Tugadh go dtí an Tasmáin iad ina dhiaidh sin, áit a scaoileadh saor ar choinníoll an Mistéalach. Is éard is brí leis sin gur scaoileadh saor é ach go raibh air gealltanais a thabhairt nach ndéanfadh sé iarracht éalú ón oileán (Mitchel, *Jail Journal* 226).

Tharraing Mistéil a pharúil siar ar 9 Meitheamh 1853 agus d’éalaigh sé go dtí Sydney ar bhruig paisinéirí tamaillín ina dhiaidh sin (Mitchel, *Jail Journal* 311 agus 337). D’imigh sé go dtí na Stáit Aontaithe ansin agus bhain sé Nua-Eabhrac amach ar 29 Samhain 1853 (Mitchel, *Jail Journal* 362-363). Choimeád an Mistéalach dialann phríosúin go neamhrialta ó 27 Bealtaine 1848, an lá a gearradh ionnarbadh ceithre bliana déag air, go dtí gur shroich sé Nua-Eabhrac. Chaith sé tamall ina iriseoir i Nua-Eabhrac agus ina fheirmeoir i Tennessee tar éis dó na Stáit Aontaithe a bhaint

amach ('Mitchel, John' 317). D'fhill sé ar Éirinn sa bhliain 1874 agus fuair sé bás ann ar 20 Márta 1875 ('Mitchel, John' 317; Griffith 458).

Seosamh Mac Cathmhaoil

Rugadh Joseph Campbell i mBéal Feirste ar 15 Iúil 1879 (Saunders agus Kelly 12). Chláraigh sé mar bhall de Chonradh na Gaeilge nuair a cuireadh an eagraíocht sin ar bun i mBéal Feirste ag deireadh na 1890í. Is ag an am sin a thosaigh sé ag tabhairt 'Seosamh Mac Cathmhaoil' air féin, freisin (Saunders agus Kelly 20). Náisiúnaí a bhí ann agus thacaigh sé le hÓglaigh na hÉireann ó cuireadh ar bun i Samhain 1913 iad (Saunders agus Kelly 65). Bhí sé gníomhach i Sinn Féin ó 1917 i leith, chomh maith (Ní Chuilleanáin 4; Saunders agus Kelly 77). Chomh maith leis sin, foilsíodh roinnt bailiúchán filíochta de chuid Mhic Cathmhaoil thart ar an am seo agus bhain sé clú amach in Éirinn mar fhile (Saunders agus Kelly 12).

Chuir Mac Cathmhaoil in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus chuaigh sé sna hÓglaigh nuair a thosaigh an Cogadh Cathartha ar 30 Meitheamh 1922 (Saunders agus Kelly 77-78). Ghlac an Cathmhaoil páirt i roinnt gníomhartha míleata i gCill Mhantáin idir 30 Meitheamh agus 7 Iúil 1922, an lá a ghabh saighdiúir de chuid an Rialtais Shealadaigh taobh amuigh de Bhré é (Saunders agus Kelly 77-78). Chaith sé tamall sa ghéibheann i mBré agus i mBeairic Wellington sular aistríodh go dtí Muinseo ag deireadh mhí Iúil é (Ní Chuilleanáin 5). Aistríodh Mac Cathmhaoil chuig Campa Bhaile an Stáin a Dó ar Churrach Chill Dara ar 20 Feabhra 1923 agus coimeádadh sa ghéibheann sa champa sin é go dtí gur fuasclaíodh ar 17 Nollaig 1923 é (Campbell, Litir chuig Nancy Campbell 25x2x23 1; Campbell, Dialann 2 16x12x23 208v). Thosaigh sé ar dhialann a choimeád ar 7 Lúnasa 1922, cúpla lá i ndiaidh do na húdaráis é a aistriú go Muinseo, agus lean sé di go dtí 16 Nollaig 1923, an lá sular scaoileadh saor é (Campbell, Dialann 1 7x8x22 6r; Campbell, Dialann 2 16x12x23 208v).

Bhog Mac Cathmhaoil go dtí na Stáit Aontaithe i Márta 1925 agus chuir sé faoi i Nua-Eabhrac (Saunders agus Kelly 98). Chuir an Cathmhaoil Scoil an Léinn Éireannaigh ar bun in Ollscoil Fordham ina dhiaidh sin agus d'oibrigh sé mar léachtóir sa roinn sin go dtí 1938 (Saunders agus Kelly 104-113). D'fhill sé ar Éirinn an chéad bhliain eile, 1939, agus chuir sé faoi sa Leacain Darach, Co. Chill Mhantáin,

áit a bhfuair sé bás ar 5 Meitheamh 1944 (Ní Chuilleanáin 11; Saunders agus Kelly 145).

Pietro Valpreda

Rugadh Pietro Valpreda i Milano ar 22 Meitheamh 1933. D'oibrigh sé mar dhamhsóir ar fhágáil na scoile dó (Foot). Ainrialaí ab ea é agus tháinig clú agus cáil air san Iodáil nuair a cúisíodh ar 16 Nollaig 1969 é as buama a phléascadh sa Banca d'Agricoltura i Milano ceithre lá roimhe sin. Maraíodh sé dhuine dhéag agus gortaíodh ocht nduine is ochtó an lá sin (Servadio 11).

Ní raibh aon bhaint ag Valpreda leis an ionsaí sin, áfach. Ba chuid de 'Straitéis an Teannais' é. An rud a bhí i gceist leis an straitéis sin ná plean a rinne roinnt airí agus feisirí de chuid an Rialtais, póilíní tábhachtacha agus baill de rúnseirbhís na hIodáile ag tús na bliana 1969. Is é a bhí d'aidhm acu ná an bonn a bhaint ón dul chun cinn a bhí déanta ag an eite chlé le cúpla bliain roimhe sin. An cúrsa a bhí i dtreis leis an straitéis ná trealamh a sholáthar do ghrúpaí nua-fhaisisteacha ionas go bhféadfaidís buamaí a phléascadh ar fud na hIodáile ar chaoi go gceapfaí gurbh í an eite chlé ba bhun leo (Servadio 9-10; 'Italy'). Chinnteodh na póilíní go gcúiseofaí grúpaí na heite clé as na hionsaithe seo ('Italy'). Meastar go ndearnadh cinneadh Valpreda a chúiseamh as buamáil an Banca d'Agricoltura sular pléascadh an buama, fiú, agus gur roghnaíodh é toisc nach raibh baint aige le haon ghrúpa cumhachtach a bheadh in ann cosaint a dhéanamh air (Servadio 12).

Coimeádadh Valpreda sa ghéibheann i bPríosún Regina Coeli sa Róimh go dtí 1972, an bhliain a ritheadh dlí speisialta, ar a dtugtar 'Dlí Valpreda', ionas go bhféadfaí é a fhuascailt go braighdeanas baile (Foot; Servadio 15). Choimeád sé dialann ó 19 Nollaig 1969, trí lá i ndiaidh a ghabhála, go dtí 23 Feabhra 1972, tamaillín sular scaoileadh saor é. D'oibrigh sé mar dhamhsóir ar feadh tamaill tar éis a fhuascailte agus d'oscail sé teach tábhairne ina dhiaidh sin. Saoradh Valpreda ar an gcúis sa deireadh sa bhliain 1985. Fuair sé bás ar 6 Iúil 2002 (Foot).

Edward Kuznetsov

Ba mhac léinn fealsúnachta in Ollscoil Mhoscó é Edward Kuznetsov (1939-) i 1961, an bhliain a ghabh an KGB é. Cuireadh ina leith gur scaip sé scríbhinní nach raibh cinsireacht déanta orthu agus gur ghlac sé páirt i léamha filíochta neamhúdaraithe i Moscó. Gearradh príosúnacht seacht mbliana air agus coimeádadh sa ghéibheann go dtí 1968 é (Schapiro 8-9). Fuair Kuznetsov agus a bhean chéile cuireadh ó Rialtas Iosraeil cur fúthu sa tír sin dhá bhliain ina dhiaidh sin i bhFeabhra 1970 ach chuir údaráis an Aontais Shóivéadaigh cosc orthu dul ar imirce ann (Kuznetsov 65). Rinne siad plean ansin éalú go dtí an tSualainn le ceithre dhuine dhéag eile (dhá Ghiúdach déag agus beirt Ghintlí) (Kuznetsov 220-223). Bhí sé ar intinn ag an ngrúpa seo eitleán a bhí ag dul ó Smolny go Murmansk a fhuadach ar 15 Meitheamh 1970. Thabharfadh duine acu a bhí ina pháilóta, Mark Dymshitz, go dtí an tSualainn iad ansin (Schapiro 7). Bhí sé de rún ag an bhformhór acu dul go dtí Iosrael i ndiaidh dóibh an tSualainn a bhaint amach (Kuznetsov 220). Fuair na húdaráis amach faoin bplean am éigin roimh ré, ámh, agus cuireadh an eitilt ar ceal. Gabhadh an grúpa ar fad idir 14 agus 15 Meitheamh 1970 (Schapiro 7).

Cuireadh cúirt ar aon duine dhéag den ghrúpa seo i Leningrad idir 15 agus 24 Nollaig 1970 (Schapiro 7). Ba chóir iad a chúiseamh as plean a dhéanamh dul thar an teorainn go neamhdhleathach. Ina ionad sin, cúisíodh deichniúr acu as tréas a dhéanamh mar bhí fonn ar na húdaráis Shóivéadacha úsáid a bhaint as an triail mar bholscaireacht chun Giúdaigh eile a chur ón rud céanna a dhéanamh. Tugadh breith an bháis ar bheirt acu, Edward Kuznetsov agus an páilóta, Mark Dymshitz, ar 24 Nollaig. Ina theannta sin, gearradh tréimhsí príosúnachta idir ocht mbliana agus cúig bliana déag i gcampaí géibhinn ar ochtar eile. D'iompaigh duine de na cosantóirí ina fhinné stáit agus gearradh príosúnacht ceithre bliana air as iarracht a dhéanamh dul thar an teorainn go neamhdhleathach. Cuireadh téarmaí príosúnachta cúig bliana déag i gcampa géibhinn ar Kuznetsov agus Dymshitz ansin ar 30 Nollaig 1970 in ionad na breithe báis (Schapiro 8).

Coimeádadh Kuznetsov sa ghéibheann i gceanncheathrú KGB Leningrad ó Mheitheamh 1970 go dtí deireadh mhí na Bealtaine 1971. Aistríodh ansin go dtí campa géibhinn i Mordovia é (Kuznetsov 145). Choimeád Kuznetsov dialann faoi rún ó 27 Deireadh Fómhair 1970 go dtí 28 Samhain 1971 (Schapiro 9). Rinne na Stáit

Aontaithe agus an tAontas Sóivéadach comhaiseag príosúnach sa bhliain 1979 agus bhí Kuznetsov ar dhuine den chúigear easaontóir a scaoil na húdaráis Shóivéadacha saor. Chuir sé faoi in Iosrael ina dhiaidh sin, áit a bhfuil sé ag obair mar iriseoir anois (Fedorov).

I. Innéacs na nAinmneacha

Leagtar an clár seo amach de réir na sloinnte ach amháin i gcás ainmneacha ar nós *Seán a' Chóta* a chláraítear de réir an chéad ainm. Is í foirm an tuisil ainmnigh amháin atá ar fáil sa liosta seo, fiú amháin nuair nach í atá sa téacs. Ní hannamh malairt leaganacha agus malairt litrithe ag Seán Óg ar ainmneacha agus ar shloinnte. Tá na foirmeacha éagsúla seo ar fad ar fáil sa liosta seo a leanas. Sa chás go bhfuil níos mó ná leagan amháin d'ainm ar fáil sa dialann liostaítear na leaganacha éagsúla idir lúibíní i ndiaidh an ainm sin.

Tugtar eolas beathaisnéiseach ar na daoine a rabhtas in ann a gcéannacht a dhéanamh amach. Cuirtear an fhaisnéis sin leis an leagan is coitianta den ainm. Sa chás nach bhfuil leagan amháin níos coitianta ná na leaganacha eile cuirtear an fhaisnéis sin leis an gcéad leagan a úsáideann Seán Óg. Tá an cló trom ar an ainm a bhfuil an t-eolas beathaisnéiseach seo ar fáil faoi sna liostaí leaganacha malartacha.

A., An. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea an A (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 6x11x23 8). 1692

AE (Russell, George William, 1867-1935). Bhíodh aithne ar George Russell go forleathan mar AE. Is óna ainm cleite *Æ* (*Æon* ar dtús) a tháinig an nós seo. Is iomaí gort a threabh an fear seo. Bhíodh clú agus cáil air mar mhisteach (*The Candle of Vision*, 1919, *Song and its Fountains*, 1932) agus mar fhile (*Homeward: Songs by the Way*, 1894, *Collected Poems*, 1913) agus ba shaineolaí ar eacnamaíocht talmhaíochta é (*The Building up of a Rural Civilisation*, 1910). Ina theannta sin, bhí sé ina dhrámadóir (*Deirdre*, 1902), ina phéintéir agus ina theoricí polaitíochta (*The National Being*, 1916, *The Avatars*, 1933). Bhí sé ar dhuine de na léirmheastóirí ba mhó agus ba thábhachtaí i rith Athbheochan Líteartha na hÉireann agus ba chomhairleoir é do mhórán scríbhneoirí óga chomh maith ('Russell, George William'; Russell, George [William] 503). 414, 791

Aicín (Aiken, Francis 'Frank', 1898-1983) (féach freisin: Áicín, P.). Throid Frank Aiken ar son na nÓglach i rith Chogadh na Saoirse agus ceapadh ina Cheannfort ar Cheathrú Rannán an Tuaiscirt é sa bhliain 1921. D'fhan sé neodrach nuair a thosaigh

an Cogadh Cathartha i Meitheamh 1922 ach chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh sa deireadh. Rinneadh ball de Choiste na bPoblachtach de ar 16 Deireadh Fómhair 1923 agus ceapadh ina Ardcheannfort ar na hÓglaigh é ar 20 Aibreán 1923. D'ordaigh sé do na trúpanna Poblachtacha a n-airm a dhumpáil ach gan géilleadh do lucht an tSaorstáit ar ordú an Rialtais Phoblachtaigh ar 24 Bealtaine 1923, rud a chuir deireadh leis an gCogadh Cathartha. Ba Theachta Dála de chuid Shinn Féin (1923-1927) agus de chuid Fhianna Fáil (1927-1973) é. Chaith sé tréimhsí ina Aire Cosanta, ina Aire Gnóthaí Eachtracha agus ina Thánaiste i rith an ama sin ('Aiken, Frank'; Hopkinson 256-258). 1606

Áicín, P. (féach freisin: **Aicín**). 2184

hAilearmars, Na. Daoine áirithe ó Bhaile Átha Cliath a raibh aithne ag Seán Óg orthu ab ea na hAilearmars (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x11x23 9v). 2541

Aire na Cosanta (féach freisin: M; Ó Maolchatha; Ó Maolchatha, R.; Ó Maolchatha, Risteárd; Ris.; **Risteárd**). 3844

Aire Ócáidí Iasachta (féach freisin: Deasmhumhan; Gearaltach, An; **McG., D.**). 5380

Árdeasbog Átha Cliath (féach freisin: **Árdeasbog Gaedhealach Átha Cliath**). 3607

Árdeasbog Gaedhealach Átha Cliath (Byrne, Edward Joseph, 1872-1940) (féach freisin: Árdeasbog Átha Cliath). Oirníodh Edward Byrne sa bhliain 1895 agus bhí sé ina Leas-Uachtarán ar Choláiste na nGael sa Róimh ó 1901-1904. D'fhill sé ar Bhaile Átha Cliath ansin agus bhí sé ina shagart cúnta ann go dtí 1920, an bhliain a rinneadh Easpag Cúnta Bhaile Átha Cliath de. Ceapadh ina Ardeaspag ar Bhaile Átha Cliath an chéad bhliain eile, 1921, é agus d'fhan sé sa phost sin go dtí gur éag sé ar 9 Feabhra 1940 (Dolan). 2969

Árdeasbog Gallda Átha Cliath (Gregg, John Allen Fitzgerald, 1873-1961). Oirníodh John Gregg i mBéal Feirste sa bhliain 1896 agus d'oibrigh sé i bparóistí éagsúla ar fud na hÉireann go dtí gur ceapadh ina Easpag ar dheoise Osraí i 1915 é.

Bhí sé ina Ardeaspag ar Bhaile Átha Cliath ó 1920 go dtí 1939 agus b' é Ardeaspag Ard Mhacha agus Príomháidh na hÉireann é ón mbliain 1939 go dtí an mbliain 1959 (H. Andrews). 2969

Athair Áideam (Ádhamh). B' é Ádhamh an chéad fhear a chruthaigh Dia de réir theagasc an Ghiúdachais, na Críostaíochta agus an Ioslamachais. Dar leis na creidimh sin, tá gach duine sa domhan dá shliocht ('Adam and Eve'). 4064

B. (féach freisin: Breiteamhan; Mac B.; Mac B., S.; Mac Bh., S.; Mac Bhreathamhain, Seosaimh; Mac Bhreitheamhan, Seosaimh; **Mac Breiteamhain**; Mc B, S.; Ó Breitheamhnaig, Seosaimh; S.; Seósaimh). 235, 527

B. (féach freisin: Blaghdach, An; **De Blaignhead**). 1613

B. Póilín airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea B (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 6x13x23 9). 1657, 1659, 1721, 1739, 1743

B. Ní féidir a rá go deimhneach cérbh é B. D'fhéadfadh sé go raibh sé ar dhuine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig é nó d'fhéadfadh sé go raibh sé ar dhuine de na gardaí a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó é (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 8x18x23 nó 8x19x23 5r). 2089

B. Póilín airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea B (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x22x23 46r). 4831

B. Póilín airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea B (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x22x23 46r). 4831

B, Captaen (féach freisin: **O B**). 5315

B agus E (féach freisin: Fear na Fuinneóige; H agus E; Mo Dhuine; **Ó F.**; tUbh, An; Uí Fh., Mac). 2542

Bairéad, Peig (féach freisin: Peig). Bean éigin a raibh cónaí uirthi i Nua-Eabhrac agus a raibh aithne ag Seán Óg uirthi ab ea Peig Bairéad. Rinne Seán Óg suirí léi ar feadh tamaill le linn dó a bheith ina chónaí sa chathair sin (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x15x23 34r-35v). 4566, 4641, 5146

Bairéadach, An (Barret, Francis ‘Frank’). Throid Frank Barret ar son na nÓglach i rith Chogadh na Saoirse agus bhí sé ina Cheannfort ar Bhriogáid Lár an Chláir ó 1918 go dtí 1921. Cumascadh an bhriogáid sin le Céad Rannán an Iarthair sa bhliain 1921 agus ceapadh Barret ina Thánaiste ar an Rannán. Chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus bhí sé ina Oifigeach Ceannais ar Chéad Rannán an Iarthair i rith an Chogaidh Chathartha (‘Barrett, Frank’ 5; ‘Barret, Frank’ 142). 1043

Baolánach, An (féach freisin: Bólánach, An; **O Baoláin**). 2443

Bárd, An (féach freisin: **O S., S.**; Ó Súileabháin (Starkie), Seumas). 410

Bárd, An (féach freisin: Cathmhaoileach, An; **File, An**; Mac C., S; Mac Cathmhaoil, Seósaimh; Mc C., S; (McC), Seósaimh; Ó C, S.; Ó Cathmhaoil, S; Ó Cathmhaoil, Seósaimh; S.; Seosaimh). 514

Barrach, An (féach freisin: **De Barra, Donnchadh**). 5139

B. B. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea B. B. (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 5x3x23 83). 1353

Bean Eascamó, An. Fuair compánach na mná seo bás agus iad ag taisteal go hOileán Wrangell in Alaska. D’éirigh léi í féin a choimeád ina beatha go dtí gur aimsíodh í, ámh. Léigh Seán Óg cuntas ar an scéal seo ar 17 Samhain 1923 i nuachtán éigin a fuair sé ó dhuine dá chairde sna Stáit Aontaithe (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x17x23 40v). 4676

Beatrice (Portinari, Bice, 1266-1290). Tugann an scríbhneoir mór Iodálach Dante ‘Beatrice’ ar an mbean is mó a ghráigh sé riamh in *La vita nuova* (1290-1294) agus in *La divina commedia* (c.1307-1321). Is éard atá in *La vita nuova* ná bailiúchán dánta

ina nochtann Dante a ghrá do ‘Beatrice’. Dán ina ndéantar cur síos ar an saol in ifreann, i bpurgadóir agus ar neamh is ea *La divina commedia*. Tá ‘Beatrice’ ina treoraí don fhile nuair a théann sé ar neamh sa saothar seo. Maidir le céannacht ‘Beatrice’, ceaptar gurbh í Bice Portinari, bean uasal ó Firenze san Iodáil, an bhean a bhí i gceist. Thit Dante i ngrá léi nuair a bhí sé an-óg ach níor chuir sé an grá sin in iúl di riamh agus phós an bheirt acu daoine eile. Ina ainneoin sin mhair a ghrá di ar feadh a shaoil agus tháinig an-domheanma air nuair a fuair sí bás sa bhliain 1290 (‘Dante Alighieri’). 4026

Bhaintighearna, An (Plunkett née Child-Villiers, Beatrice, 1880-1970). Iníon de chuid Victor Villiers, Iarla Jersey, ab ea Beatrice Plunkett. Phós sí an t-údar Edward John Moreton Drax Plunkett (‘Lord Dunsany’) sa bhliain 1904 agus rugadh an t-aon mhac amháin a bhí acu, Randal, dhá bhliain ina dhiaidh sin i 1906 (Lundy). 5414

Bíothánach, An (Behan, James). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea James Behan. B’as Mainistir Eimhín, Co. Chill Dara, dó (Campbell, Dialann 2 12x4x23 28v). 1503

Blaghdach, An (féach freisin: B.; **De Blaignead**). 3430

Bólánach, An (féach freisin: Baolánach, An; **O Baoláin**). 1603

Bónar Ládha (Bonar Law, Andrew, 1858-1923). Feisire de chuid an Pháirtí Choimeádaigh ab ea Andrew Bonar Law ón mbliain 1900 go dtí an mbliain 1923. Toghadh ina cheannaire ar an bpáirtí sin é i 1911 agus b’é Seansailéir an Stáitchiste é le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda. Bhí sé ina Phríomh-Aire ar an mBreatain Mhór ó Dheireadh Fómhair 1922 go dtí Bealtaine 1923 (‘Law, (Andrew) Bonar’). 3882

Breathnach, Liam (Walsh, Billy) (féach freisin: Liam). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Billy Walsh (Campbell, Dialann 2 24x6x23 63r). 1824, 2582, 4092, 4108, 4110

Breiteamhan (féach freisin: B.; Mac B.; Mac B., S.; Mac Bh., S.; Mac Bhreathamhain, Seosaimh; Mac Bhreitheamhan, Seosaimh; **Mac Breiteamhain**; Mc B, S.; Ó Breitheamhnaig, Seosaimh; S.; Seósaimh.). 237

Breitheamh, An (Cohalan, Daniel, 1865-1946). Ceapadh Daniel Cohalan ina Bhreitheamh ar Chúirt Uachtarach Nua-Eabhrac sa bhliain 1912. Bhí an-bhá aige le cúis na hÉireann agus bhí sé ar dhuine de cheannairí na heagraíochta Ghael-Mheiriceánaí ‘The Friends of Irish Freedom’. Bhí sé an-mhór le ceannaire Clan na Gael, John Devoy, agus ghlac sé páirt lárnach sna hullmhúcháin a rinneadh i Nua-Eabhrac le haghaidh Éirí Amach na Cásca. Thacaigh sé leis an gConradh Angla-Éireannach agus ghlac sé páirt i bhfeachtas toghcháin Chumann na nGaedheal roimh olltoghchán 1923 (‘Cohalan, Judge Daniel’). 2018, 2138, 4459

Brianach, An (O’Brien, Bobby). B’as an Min Aird i gCorca Dhuibhne do Bobby O’Brien. Ghabh fórsaí an tSaorstáit Seán Óg ina theach ar 27 Eanáir 1923 (Ó Brosnacháin 31; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 2x16x23 1). 9

Brighde, Naomh (Naomh Bríd). Cé gurb í duine d’éarlaimh na hÉireann í níl mórán faisnéise stairiúla ar fáil faoi Naomh Bríd. Ceaptar gur bhandia Cheilteach í a cuireadh isteach go luath sa Chríostaíocht. Déantar ceiliúradh ar a féile ar 1 Feabhra (Ó Riain). 3443

Briosca, An (féach freisin: Mac C.; **Mac Cárthaigh**). 5578, 5581

Buachaill óg de mhuintir Uí Bhrosnacháin (Brosnan, Thomas ‘Tom’, 1904-1923). Thóg triúr fear armáilte Tom Brosnan ó theach tábhairne a athar i Scairteach an Ghlinne, Co. Chiarraí, tráthnóna 6 Nollaig 1923. Lámhach siad seacht n-uaire é ansin i ndíoltas ar mharú an tSáirsint James Woods a maraíodh i rith foghla ar bheairic an Gharda Shibhialta i Scairteach an Ghlinne dhá lá roimhe sin (4 Nollaig 1923). Gabhadh seisear saighdiúir agus oifigeach amháin de chuid Arm an tSaorstáit i dTrá Lí ar 13 Nollaig 1923 as Brosnan a mharú. Fuarthas beirt acu, Jeremiah Gaffney agus Denis Leen, ciontach as Brosnan a dhúnmharú i mí na Feabhra 1924 agus gearradh breith an bháis orthu. Crochadh Gaffney ar 13 Márta 1924. Cuireadh breith báis Leen ar ceal, áfach, mar d’admhaigh Gaffney sular cuireadh chun báis é gur bhagair

sé go lámhachfadh sé Leen mura lámhachfadh Leen Brosnan ('Gaffney';
'Horrifying'; Mac Eoin 89-96). 5382

Bunaidhe (Lynam, 'Bunny'). Duine de na póilíní airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea 'Bunny' Lynam. Thugtaí 'Buckteeth' agus an 'Stableman' air mar leasainmneacha freisin (Campbell, Dialann 2 26x4x23 63r). 1360, 1525 (x2), 1602

Bunanach, An. Duine éigin ar an taobh amuigh a raibh aithne ag Seán Óg air ab ea an Bunanach. B'as Port Laoise dó (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x14x23 2r). 3134

C. (féach freisin: Caitlín; **Ní Sh, C.**). 2032

C. (féach freisin: **Cáit**; Ní Ch., C.; Ní Ch., Cáit; Ní Chathail, Cáit). 2312, 2952

C. Ní féidir céannacht an duine seo a dhéanamh amach. 3095

C. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea C. (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x14x23 2v). 3153

C., An. (féach freisin: **Corparal, An**; Seósaimh; Seósaimh na Gaoithe). 2594

C., An (féach freisin: Cocnaidhe, An). Duine de na póilíní airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea 'An Cocnaidhe' (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 5x15x23 3). 2909, 2914

C., An. Duine de na gardaí a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea an C (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x21x23 7v). 3407

C., An. (féach freisin: Ceallach, An; **Ó C.**). 4856

C., Naomh (féach freisin: **Colum Bánais, Naomh**; Naomh, An). 2430

Cailín de mhuintir Shiúrtain (féach freisin: Siúrtach mná, An). Sasanach ab ea an bhean seo a rinne suirí le saighdiúir Meiriceánach a bhí ar stáisiún ina ceantar dúchais tar éis an Chéad Chogaidh Dhomhanda. Rug sí leanbh an tsaighdiúra ach thréig sé í agus d'fhill sé abhaile ar na Stáit Aontaithe. Léigh Seán Óg cuntas ar an mbean seo ar 2 Nollaig 1923 i bhforlónadh páipéir a fuair sé ó dhuine dá chairde sna Stáit Aontaithe (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 12x2x23 59r-59v). 5248

Cáit (Cahill, K.) (féach freisin: C.; Ní Ch., C.; Ní Ch., Cáit; Ní Chathail, Cáit). Bhíodh Cáit ag cur litreacha agus beartán chuig Seán Óg le linn dó a bheith sa ghéibheann i mBaile an Stáin a Dó. Bhí cónaí uirthi i nDún Laoghaire agus dealraíonn sé go ndearna Seán Óg suirí léi ar feadh tamaill am éigin sular cuireadh i bpríosún é (Campbell, Dialann 2 28x8x23 118v; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x24x23 71). 1232, 2311, 2563, 2929, 2952, 3250, 3643, 3971, 4843, 4861

Cáit (féach freisin: C. C.; C. Ch.; Cáitín; **Cáitín Crosta**). 3260

Cáitín (féach freisin: C. C.; C. Ch.; Cáit; **Cáitín Crosta**). 928, 1229

Cáitín Crosta (féach freisin: C. C.; C. Ch.; Cáit; Cáitín). Bean éigin a raibh cónaí uirthi i Nua-Eabhrac agus a raibh aithne ag Seán Óg uirthi ab ea Cáitín Chrosta. Rinne Seán Óg suirí léi ar feadh tamaill nuair a bhí sé ina chónaí sa chathair sin (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x11x23 60). 459, 565, 577, 924, 2092, 3260, 3501

Caitlín (féach freisin: C; **Ní Sh, C.**). 2028

Caomhánach, An (féach freisin: Clóca, An; S.; **Seán**; Seán a Ch.; Seán a Chóta; Seán Óg). 4178

Cara don nGíofóig (féach freisin: Fh., Bean an; **Fhile, Bean an**). 4045

Cathalach, An (féach freisin: Cathallach, An; **Ó C, P**; Ó Cathaill, Pádraig; Saoiste, An). 4137

Cathallach, An (féach freisin: Cathalach, An; **Ó C, P**; Ó Cathaill, Pádraig; Saoiste, An). 2523

Cathmhaoileach, An (féach freisin: Bárd, An; **File, An**; Mac C., S; Mac Cathmhaoil, Seósaimh; Mc C., S; (McC), Seósaimh; Ó C, S.; Ó Cathmhaoil, S; Ó Cathmhaoil, Seósaimh; S.; Seosaimh). 496

Cathmhaoileach, An (féach freisin: **Mac Cathmhaoil, Tomás**). 2315, 2318

C. C. (féach freisin: C. Ch.; Cáit; Cáitín; **Cáitín Crosta**). 1589

C. Ch. (féach freisin: C. C.; Cáit; Cáitín; **Cáitín Crosta**). 1566, 1901

C. D. (féach freisin: **Ceann Dubh**; Neans; Ní Theácháin, Neans). 2029, 2034

Ceallach, An (féach freisin: C, An; **Ó C**). 4830

Ceann Camtha S.S. nuadh de mhuintir Bhroin (Byrne, William ‘Billy’) (féach freisin: Ó Broin). B’ é Gobharnóir Bhaile an Stáin a Dó é Billy Byrne ó Iúil 1923 (Byrne; Campbell, Dialann 2 9x7x23 74r; O’Donnell 97). 1918

Ceann Dubh (féach freisin: C. D.; Neans; Ní Theácháin, Neans). Bean éigin a raibh cónaí uirthi i Nua-Eabhrac agus a raibh aithne ag Seán Óg uirthi ab ea Neans Ní Theácháin. Rinne Seán Óg suirí léi ar feadh tamaill nuair a bhí sé ina chónaí sa chathair sin (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 8x8x23 18-19). 571, 574, 575, 1131 (x3), 1133, 1171, 1589, 1961, 1975, 2028 (x2), 2032, 2035 (x2), 2092, 3255, 3501, 4902, 4909

Ceud Cóngamh (féach freisin: **Seumaisín**). 1315

Ch., Bean an. Duine éigin ar an taobh amuigh a raibh aithne ag Seosamh Mac Cathmhaoil uirthi ab ea Bean an Ch. (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x10x23 57). 835

Chaplin, Charley (féach freisin: Ó Ríoghbardáin; Ó Ríoghbardáin, Seán; **Seán**).
5537

Chaplin, Charlie (Chaplin, Charles ‘Charlie’, 1889-1977). Aisteoir ó Shasana ab ea Charlie Chaplin. Thosaigh sé ag aisteoireacht i scannáin Mheiriceánacha sa bhliain 1913 agus bhí sé ar dhuine de na réaltaí scannáin ba mhó sa tír sin faoi 1915. Ghabh sé páirteanna i neart scannán cáiliúil, ina measc, *The Kid* (1921), *City Lights* (1931) agus *The Great Dictator* (1940) (‘Charlie Chaplin’). 379

Cinnéideach, An. Duine de na póilíní airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea an Cinnéideach (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x19x23 43v). 4751

Cligheopátra (Cléapatra VII, 69 R. C. - 30 R. C.) (féach freisin: Clítheoipeátra). B’í Banríon na hÉigipte í Cléapatra VII ón mbliain 51 R. C. go dtí an mbliain 30 R. C. Bhí dhá bheartas aici, mar atá, neamhspleáchas na hÉigipte a chosaint agus a cuid cumhachta a mhéadú oiread agus is féidir. D’aithin sí nach bhféadfadh sí an méid sin a dhéanamh mura mbeadh an Róimh báúil léi. Is é an toradh a bhí air seo gur mheall sí Iúl Caesar, rialtóir na Róimhe, nuair a thug sé cuairt ar an Éigipt sa bhliain 48 R. C. Ba leannáin iad ina dhiaidh sin go dtí gur maraíodh Caesar sa bhliain 44 R. C. Mheall sí Marcas Antaine, an duine ba chumhachtaí in Impireacht na Róimhe tar éis bhás Caesar, sa bhliain 42 R. C. agus phós siad sa bhliain 37 R. C. Bhuaigh fórsaí Octavian, nia Caesar, ar a fórsaí i muirchath ag Actium sa bhliain 31 R. C. Rinne sí iarracht Octavian a mhealladh nuair a thug sé cuairt uirthi an chéad bhliain eile ach theip uirthi. Thuig sí ag an bpointe sin go raibh sé ar intinn ag Octavian ise agus a leanaí a náiriú agus a chur ar taispeáint sa Róimh chun a chaithréim a cheiliúradh agus chuir sí lámh ina bás féin (‘Cleopatra’). 3906

Clítheoipeátra (féach freisin: **Cligheopátra**). 4091

Clóca, An (féach freisin: Caomhánach, An; S.; **Seán**; Seán a Ch.; Seán a Chóta; Seán Óg). 4505

Cochaláin, An Dr. (Cohalan, Daniel, 1859-1952) (féach freisin: Easbog Corcaighe; Ó Cocaláin, Easbog). Oirníodh Daniel Cohalan sa bhliain 1883 agus rinneadh Cóidiútar Chorcaí agus Rosa de sa bhliain 1914. Rinneadh Easpag Chorcaí agus Rosa de i 1916. Cháin sé an dá thaobh as an bhforéigean a bhí á dhéanamh acu ar a chéile i rith Chogadh na Saoirse. Rinne na hÓglaigh bagairt é a mharú in Iúil 1920 toisc gur fhógair sé an mhí sin go gcoinnealbháfaí éinne a mharódh duine eile i luíochán. Thacaigh sé leis an gConradh Angla-Éireannach agus lochtaíodh sé na Poblachtaigh os ard i rith an Chogaidh Chathartha ('Cohalan, Daniel'). 1579

Cocnaidhe, An (féach freisin: C, An). 1524

Coileánach, An (Collins, Justice). Ba ghiúistís sa 'Dublin Police Court' ag an am a raibh an dialann á coimeád ag Seán Óg é Collins ("Defending My Life"). 5527

Colm (Colum, Padraic) (1881-1972). File, drámadóir, úrscéalaí, gearrscéalaí agus beathaisnéisí ab ea Padraic Colum. Cuireadh os cionn seasca saothar dá chuidsean i gcló agus d'éirigh go maith le cuid mhaith acu, ina measc, *The Land* (1905), *Thomas Muskerry* (1910), *Wild Earth* (1916) agus *Ourselves Alone* (1959) (Bowen, 'Colum, Padraic'). 414

Colum Bánais, Naomh (Naomh Colmán) (c.543-615) (féach freisin: C., An; Naomh, An). Manach ó Chúige Laighean ab ea Naomh Colmán. Chuaigh sé go dtí na Vosges i dtuaisceart na Gaille thart ar an mbliain 590 agus chuir sé roinnt mainistreacha ar bun ann. D'fhág sé an ceantar sin sa bhliain 610 agus chaith sé an dá bhliain ina dhiaidh sin ag taisteal trí Nuestria (deisceart na Gaille) agus tríd an Eilvéis. Chuir sé faoi in Bobbio i dtuaisceart na hIodáile thart ar an mbliain 612. Chuir sé mainistir amháin eile ar bun sa cheantar sin agus d'fhan sé ann go dtí go bhfuair sé bás sa bhliain 615 (O'Loughlin). 2426

Connabhar (féach freisin: Connchabhar; Ó hAiniféin, Connabhar). Duine éigin a raibh aithne ag Seán Ó Rioghbhardáin (duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig) air ab ea Connabhar Ó hAiniféin. B'as Trá Lí dó (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 12x11x23 72r). 5540, 5542, 5546, 5555, 5556, 5559

Connchabhar (féach freisin: **Conncabhar**; Ó hAiniféin, Conncabhar). 5550, 5553, 5560, 5563, 5564, 5565

Corparal, An (féach freisin: C., An.; Seósaimh; Seósaimh na Gaoithe). Duine de na póilíní airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea ‘An Corporal’ (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x14x23 11r). 2591, 5598

Creagach, An (Craig, James) (1871-1940). Toghadh James Craig ina fheisire de chuid an Pháirtí Aontachtaigh sa bhliain 1906 agus bhí sé ar dhuine de na ceannairí ba thábhachtaí ar Óglaigh Uladh ó 1913. Ceapadh ina cheannaire ar an bPáirtí Aontachtach é i mí na Feabhra 1921 agus toghadh ina Phríomh-Aire ar Thuaisceart Éireann é i Meitheamh na bliana céanna. D’fhan sé ina Phríomh-Aire go dtí go bhfuair sé bás ar 24 Samhain 1940 (‘Craigavon’). 3141

Criostóir (féach freisin: **Ó Broin, C.**; Ó Broin, Criostóir). 3943, 4012, 4016, 4334

Criostóir (féach freisin: **Ó Foghladha, Criostóir**; O Foghludha, Criostóir). 5462, 5595 (x2), 5599, 5635 (x2)

Cróiníneach, An (féach freisin: **SeanChróiníneach, An**). 827, 2557

Cróiníneach, An. Oifigeach in Arm an tSaorstáit ab ea an Cróiníneach. Thug sé cuairt ar Bhaile an Stáin a Dó i bhfochair an Ghobharnóra agus oifigeach Saorstátach eile ar 14 Meán Fómhair 1923 (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x14x23 10v). 2582

D. (féach freisin: Debh; Deibh; **Taoiseach, An**). 884, 1048, 2070, 2141, 2167, 3094, 3099

D. (O’Hegarty, Diarmuid, 1892-1958). Chuaigh Diarmuid O’Hegarty i mBráithreachas Phoblacht na hÉireann timpeall na bliana 1910 agus chuaigh sé ina bhall d’Óglaigh na hÉireann thart ar an mbliain 1913. Ghlac sé páirt in Éirí Amach 1916 agus gabhadh é tar éis theip na réabhlóide sin. Scaoileadh amach é trí thimpiste i ndiaidh coicíse, áfach. Ceapadh ina bhall d’Ard-Chomhairle an Bhráithreachais é agus rinneadh ball de Choiste Gnó na nÓglach de ag an am seo. Bhí ról tábhachtach

aige ansin in atheagrú an dá eagraíochta sin. Thacaigh sé leis an gConradh Angla-Éireannach agus ba leifteanantghinearál é in Arm an tSaorstáit i rith an Chogaidh Chathartha. Chuaigh sé sa státseirbhís i mBealtaine 1923 agus b'é Rúnaí na hArd-Chomhairle é ó 1923 go dtí 1932. Ba Chomisinéir Oibreacha Poiblí é ina dhiaidh sin go dtí 1949 agus b'é Cathaoirleach Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí é ón mbliain 1949 go dtí an mbliain 1957 ('O'Hegarty, Diarmuid'; 'Pictures of Irish'). 2207

Danté (Alighieri, Dante, 1265-1321). Scríbhneoir ó Firenze san Iodáil ab ea Dante Alighieri nó Dante mar is fearr aithne air. Is é *La divina commedia* (c.1307-1314) an saothar is cáiliúla dá chuidsean ('Dante Alighieri'). 4025

Das (Das, Chitta Ranjan) (1870-1925). Polaiteoir ón Ind ab ea Chitta Ranjan Das. Bhí sé ina bhall de Pháirtí na Comhdhála agus ceapadh ina uachtarán ar an bpáirtí sin é sa bhliain 1922 ('Chitta Ranjan Das'). 1337

Deasmhumhan (féach freisin: Aire Ócáidí Iasachta; Gearaltach, An; **McG., D.**). 1843

De B., T. (féach freisin: **De Burca, Tomás**). 535

De Barra, Caoimhghin (Barry, Kevin, 1902-1920). Chuaigh Kevin Barry ina bhall d'Óglaigh na hÉireann i nDeireadh Fómhair 1917. Ghlac sé páirt i luíochán a cuireadh ar leoraí míleata ar Shráid an Teampaill i mBaile Átha Cliath ar 20 Meán Fómhair 1920. Maraíodh triúr saighdiúir le linn an luíocháin sin agus gabhadh Barry i ndiaidh an luíocháin. Chuir na húdaráis cúirt airm air agus gearradh breith an bháis air. Crochadh i Muinseo é ar 1 Samhain 1920. Thug bású an déagóra seo scannal do mhuintir na hÉireann agus tógadh gáir ina choinne ar fud na tíre ('Barry, Kevin'). 3901

De Barra, Donncadh (Barry, Denis) (féach freisin: Barrach, An). Imtheorannaí Poblachtach i gCampa an Droichid Nua ab ea Denis Barry. Ghlac sé páirt sa stailc ocrais a cuireadh ar siúl sna hionaid imtheorannaithe ar fad i nDeireadh Fómhair 1923. D'éag sé ar 20 Samhain 1923 agus b'é an chéad stailceoir ocrais a fuair bás ('End of strike'; Foley 40). 4847, 4946

De Barra, Tadhg (Barry, Tadhg). Bardasach de chuid Shinn Féin ar Bhardas Chorcaí ab ea Tadhg Barry. Chomh maith leis sin, bhí sé ina bhall de Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann agus d'Óglaigh na hÉireann. Gabhadh i dteannta ochtair eile é ag cruinniú den Bhardas ar 31 Eanáir 1921. Cuireadh i bpríosún i gCampa Bhaile Coinnleora é. Lámhach duine de na forairí é ar 15 Samhain 1921 agus é ag fágáil slán le roinnt príosúnach eile a bhí á scaoileadh amach ar pharúl. Fuair sé bás go gairid ina dhiaidh sin. Dar leis na húdaráis, maraíodh é toisc go ndeachaigh sé róghar don fhál ('Ballykinlar Camp Tragedy'; 'History: ITGWU – Tadhg Barry'). 3413

Debh (féach freisin: D.; Deibh; **Taoiseach, An**). 1763, 2029, 2549, 4518

Debh, Bean (De Valera née Ní Fhlannagáin, Sinéad) (1878-1975). Múinteoir bunscoile ab ea Sinéad de Valera. Thosaigh sí ag scríobh leabhar do leanaí sa bhliain 1932. Foilsíodh tríocha saothar dá cuidsean, ina measc, *Cluichidhe na Gaedhilge* (1935), *The Four-Leaved Shamrock* (1964) agus *The Miser's Gold* (1970). Phós sí Éamon de Valera (Uachtarán na hArd-Chomhairle 1932-1937, Taoiseach na hÉireann 1937-1948, 1951-1954, 1957-1959 agus Uachtarán na hÉireann 1959-1973) ar 8 Eanáir 1910 (Donlon). 2659

De Bhailís, Seóirse (Wallace, George). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea George Wallace (Campbell, Dialann 2 6x7x23 70v). 3994

De Bhál (Wall). Duine de na póilíní airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea de Bhál (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x2x23 11v). 3985, 3988

De Blaignhead (de Blaghd, Éarnán, 1889-1975) (féach freisin: B.; Blaghdach, An). Teachta Dála de chuid Shinn Féin (1918-1923) agus de chuid Chumann na nGaedheal (1923-1932) ab ea an Blaghdach. Chaith sé tréimhsí ina Aire Tráchtála, ina Aire Rialtais Áitiúil, ina Aire Poist agus Telegrafa, ina Aire Airgeadais agus ina Leas-Uachtarán ar an Ard-Chomhairle i rith an ama sin. Ba Sheanadóir de chuid Fhine Gael é ansin ó 1933 go dtí 1936. D'éirigh sé as cúrsaí polaitíochta sa bhliain 1936 agus ceapadh ina bhall de Bhord Amharclann na Mainistreach é. B'é stiúrthóir bainistíochta na hamharclainne sin é ó 1941 go dtí 1967 (Morash). 1609

De Búrca, Tomás (Bourke, Tom) (féach freisin: De B., T.). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Tom Bourke. B'é an 'Leascheann Camtha' (.i. Leascheannfort na bPríosúnach) é ar feadh tamaill timpeall Aibreáin 1923 (Campbell, Dialann 2 5x4x23 20r). 709, 741, 1755

De hÓrdha, Máire. Col ceathrair de chuid Sheáin Óig ab ea Máire de hÓrdha (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x24x23 49v). 4942

Deibh (féach freisin: D.; Debh; **Taoiseach, An**). 1038, 1498 (x2), 1605

De Lonndra, Pádraig (Landers, Paddy). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Paddy Landers (Campbell, Dialann 2 23x8x23 114v). 3953, 4322, 4347, 4432

Deostóiviscí (féach freisin: **Dostoieffskí**). 4702

De Ríse, Seán (Rice, John Joe) (féach freisin: Ríseach, Seán). Bhí John Joe Rice ina Cheannfort ar an gCúigiú Cathlán, Dara Briogáid Chiarraí i rith Chogadh na Saoirse. Chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus bhí sé ina Cheannfort ar Dhara Briogáid Chiarraí le linn an Chogaidh Chathartha ('Rice, J. J.' 90; 'Rice, J. J.' 191). 5385

Dóchasach, An (Hopeful). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea 'Hopeful' (Campbell, Dialann 2 21x4x23 37r). 411

Dochtúir de mhuintir Mháille (féach freisin: Ó Máille). Léigh Seán Óg alt a scríobh an fear seo faoin gcine Cheilteach i nuachtán Meiriceánach éigin ar 6 Samhain 1923 (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x6x23 20r). 4209

Dónal (féach freisin: Ó Súilleabháin, Dómhnaill; **Ó Súilleabháin, Dónal**). 3236, 5281

Dónal (Ó Caomhánaigh, Dónal). Mac de chuid Liam Uí Chaomhánaigh, deartháir do Sheán Óg, ab ea Dónal Ó Caomhánaigh (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x18x23 2r). 3253, 3869

Dostoieffskí (Dostoevsky, Fyodor Mikhailovich, 1821-1881) (féach freisin: Deostóiviscí). Úrscéalaí ón Rúis ab ea Dostoevsky. Scríobh sé neart úrscéalta iomráiteacha, ina measc, *Crime and Punishment* (1866), *The Idiot* (1868), agus *The Brothers Karamazov* (1880). ('Dostoevsky'). 3766

Dreathár E. Uí N (McNeill, James, 1869-1938). Chuaigh James McNeill ina bhall de Shinn Féin tar éis Éirí Amach na Cásca agus bhí lámh aige san 'Irish White Cross Association' agus sa 'Prisoners' Dependents Fund'. Toghadh ina chomhairleoir contae de chuid Shinn Féin é sa bhliain 1920. B'é Ard-Choimisinéir an tSaorstáit i Londain é ó 1923 go dtí 1928, an bhliain a ndearnadh Seanascal Saorstát Éireann de. D'fhan sé sa phost sin go dtí 1932 (Kennedy). 2254

Drum. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Drum (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 12x2x23 60r). 5268, 5274, 5276

Dubhánach, An. Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea an Dubhánach. B'as ceantar an Daingin dó agus bhí aithne ag Seán Óg air sular cuireadh sa ghéibheann é (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x20x23 4r). 3320

Duinníneach, An. Duine éigin a bhí gaolta le Seán Óg ab ea an Duinníneach (S. Óg Ó Caomhánaigh, 10v 9x14x23). 2584 (x2)

E. Duine de na póilíní airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea E (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x5x23 5r). 2138

E. (Eibhlín) (féach freisin: Nic N., E; Eibhlín). Bhíodh Eibhlín ag cur litreacha agus beartán chuig Seán Óg le linn dó a bheith sa ghéibheann. B'as Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh, di (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x22x23 8v agus 11x16x23 37r). 2146, 2285, 2312, 2670, 2926, 3213, 3262, 3436, 3495, 3548, 3643, 3899, 3971

E. (féach freisin: Mac N, E.; **Mac Néill, Eóin**). 2207, 2254

Easbog Corcaighe (féach freisin: **Cochaláin, An Dr.**; Ó Cocaláin, Easbog). 5138

Eibhlín (féach freisin: **E.**; Nic N., E). 1859, 2189, 2286, 3250, 4590

Eimit (Emmet, Robert, 1778-1803). Chuaigh Robert Emmet ina bhall de Chumann na nÉireannach Aontaithe nuair a bhí freastal á dhéanamh aige ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ceapadh ina cheannaire ar Éireannaigh Aontaithe na hollscoile é tar éis tamaill. Chuaigh sé go dtí an mór-roinn i samhradh na bliana 1800 agus rinne sé iarracht cur ina luí ar Napoleon cúnamh a thabhairt dó chun réabhlóid a chur ar bun in Éirinn. Níor thug Napoleon tacaíocht ar bith dó, ámh. D’fhill Emmet ar Éirinn in 1802 agus thosaigh sé ag déanamh pleananna le haghaidh réabhlóide. Phléasc ceann dá armlanna gan choinne i mBaile Átha Cliath ar 16 Iúil 1803 agus rinne Emmet cinneadh an réabhlóid a chur ar bun an chéad seachtain eile (ar 23 Iúil 1803). Theip go dona ar an réabhlóid agus gabhadh é go gairid ina dhiaidh. Cuireadh tréas ina leith agus gearradh breith an bháis air. Crochadh é ar Shráid Thomáis i mBaile Átha Cliath ar 20 Meán Fómhair 1803 (‘Emmet, Robert’). 1034

Eudhmann (féach freisin: Eudhmonn; Mach an Artaig, Eudhmann; Mac Innreachtaigh, Eumon; Ó hA., E.; **Ó hAnrachtaig, Eudmonn**). 635

Eudhmonn (féach freisin: Eudhmann; Mach an Artaig, Eudhmann; Mac Innreachtaigh, Eumon; Ó hA., E.; **Ó hAnrachtaig, Eudmonn**). 895

F., An Dr. (Ferran, Dr. Francis ??-1923) (féach freisin: Fearain, An Dr.). Teachta Dála de chuid Shinn Féin ab ea an Dr. Francis Ferran ó 1918 go dtí 1923. Chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus imtheorannaíodh i mBaile an Stáin a hAon é i rith an Chogaidh Chathartha. Bhí sé i gceannas ar ospidéal an champa sin le linn dó a bheith ann. Fuair sé bás ar 10 Meitheamh 1923 agus é fós i bpríosún (‘Mr. Francis Patrick Ferran’; O’Donnell 102). 1675

Fear an Chaca (féach freisin: Seanfhear Liath, An; **S.Fh., An**). 4358

Fearain, An Dr. (féach freisin: **F., An Dr.**). 1802

Fear de mhuintir Céilleachair (Kelleher, T.). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea T. Kelleher (Campbell, Dialann 2 8x8x23 98v.). 4093

Fear na Fuinneóige (féach freisin: B agus E; H agus E; Mo Dhuine; Ó F.; tUbh, An; Uí Fh., Mac). 3398

Fh., Bean an (féach freisin: Cara don nGíofóig; **Fhile, Bean an**). 2026

Fhile, Bean an (Campbell née Maude, Nancy, 1886-??) (féach freisin: Cara don nGíofóig; Fh., Bean an). Phós Nancy Maude an file Joseph Campbell (Seosamh Mac Cathmhaoil) i mBealtaine 1911. Bhí triúr mac leo, Gillachrist, Simon agus Flann. Chuir Joseph in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus ghabh fórsaí an tSaorstáit é in Iúil 1922. Coimeádadh i bpríosún é go dtí 17 Nollaig 1923. Bhí cuid mhaith teannais idir Joseph agus Nancy i ndiaidh do na húdaráis é a scaoileadh amach agus scair siad óna chéile thart ar Lúnasa 1924 (Saunders agus Kelly 49-51 agus 93). 4285, 4293

Fiadhaire, An (Toomey, James) (féach freisin: Fiadhaire Feádha, An; Fiadhaire Feádha Dhún Sainge; Fiadhaire Feádha Tighearna Dhún Sainge; Fiadhaire Feádha Tighearna Dúna Sonnaig; Ó Tuama; Ó Tuama, Seumas; Tuamach, An). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea James Toomey. B'é maor seilge an údair cháiliúil Edward John Moreton Drax Plunkett ('Lord Dunsany') é ó ré Chogadh na Saoirse go dtí go bhfuair sé bás ag tús na 1960í (Amory 172). 5415, 5416, 5432

Fiadhaire Feádha, An (féach freisin: **Fiadhaire, An**; Fiadhaire Feádha, An; Fiadhaire Feádha Dhún Sainge; Fiadhaire Feádha Tighearna Dhún Sainge; Fiadhaire Feádha Tighearna Dúna Sonnaig; Ó Tuama; Ó Tuama, Seumas; Tuamach, An). 5361

Fiadhaire Feádha Dhún Sainge (féach freisin: **Fiadhaire, An**; Fiadhaire Feádha, An; Fiadhaire Feádha Tighearna Dhún Sainge; Fiadhaire Feádha Tighearna Dúna Sonnaig; Ó Tuama; Ó Tuama, Seumas; Tuamach, An). 5341

Fiadhaire Feádha Tighearna Dhún Sainge (féach freisin: **Fiadhaire, An**; Fiadhaire Feádha, An; Fiadhaire Feádha Dhún Sainge; Fiadhaire Feádha Tighearna Dúna Sonnaig; Ó Tuama; Ó Tuama, Seumas; Tuamach, An). 5357

Fiadhaire Feádha Tighearna Dúna Sonnaig (féach freisin: **Fiadhaire, An**; Fiadhaire Feádha, An; Fiadhaire Feádha Dhún Sainge; Fiadhaire Feádha Tighearna Dhún Sainge; Ó Tuama; Ó Tuama, Seumas; Tuamach, An). 5400

File, An (Campbell, Joseph, 1879-1944) (féach freisin: **Bárd, An**; Cathmhaoileach, An; Mac C., S; Mac Cathmhaoil, Seósaimh; Mc C., S; (McC), Seósaimh; Ó C, S.; Ó Cathmhaoil, S; Ó Cathmhaoil, Seósaimh; S.; Seosaimh). File a raibh clú agus cáil air in Éirinn sa chéad leath den fhichiú haois ab ea Joseph Campbell. Tá aithne air faoin leagan Gaeilge dá ainm, Seosamh Mac Cathmhaoil, freisin. Is é ‘My Lagan Love’ an dán is cáiliúla dá chuidsean. Náisiúnaí a bhí ann agus thacaigh sé le hÓglaigh na hÉireann ó cuireadh ar bun i Samhain 1913 iad. Bhí sé gníomhach i Sinn Féin ó 1917 i leith, chomh maith. Chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus chuaigh sé sna hÓglaigh nuair a thosaigh an Cogadh Cathartha ar 30 Meitheamh 1922. Ghlac sé páirt i roinnt gníomhartha míleata i gCill Mhantáin idir an dáta sin agus 7 Iúil 1922, an lá a ghabh saighdiúir de chuid an Rialtais Shealadaigh taobh amuigh de Bhré é. Chaith sé tréimhsí sa ghéibheann i mBré, i mBeairic Wellington agus i Muinseo ina dhiaidh sin. Aistríodh go dtí Baile an Stáin a Dó é i bhFeabhra 1923. Is ag an am seo a chuir an Cathmhaolach aithne ar Sheán a’ Chóta agus bhí siad an-mhór le chéile go dtí gur scaoileadh amach iad i Nollaig 1923. Scair sé féin agus a bhean chéile, Nancy, óna chéile go gairid ina dhiaidh sin. Bhog sé go dtí na Stáit Aontaithe sa bhliain 1925 agus chuir sé faoi i Nua-Eabhrac. Chuir Mac Cathmhaoil Scoil an Léinn Éireannaigh ar bun in Ollscoil Fordham ina dhiaidh sin agus d’oibrigh sé mar léachtóir sa roinn sin go dtí 1938. D’fhill sé ar Éirinn an chéad bhliain eile, 1939, agus chuir sé faoi sa Leacain Darach, Co. Chill Mhantáin, áit a bhfuair sé bás ar 5 Meitheamh 1944. (Kelly agus Saunders; Ní Chuilleanáin). 2008, 2012, 2042, 2065, 2164, 2231, 2247, 2251, 2294, 2315, 2348, 2394, 2481, 2493, 2537, 2600, 2806, 2816, 2901, 3129, 3188, 3211, 3491, 3688, 3867, 3903, 3970, 4044, 4177, 4266, 4502, 4600, 4840, 4984, 4989, 5140, 5322, 5355, 5360, 5402, 5415, 5605, 5654.

Fiorpó (Firpo, Luis Angel, 1896-1960). Dornálaí ón Airgintín ab ea Luis Angel Firpo. Tá cáil air as an gcomhrac a rinne sé le Jack Dempsey, curadh domhanda sa dornálaíocht trom-mheáchain, ar 14 Meán Fómhair 1923. Bhuail seisear Dempsey amach as an gcró i rith an chéad bhabhta ach chuir Dempsey codladh púicín ar Firpo sa dara babhta. Lean Firpo ar aghaidh ag dornálaíocht go dtí an mbliain 1936 ach ní dhearna sé comhrac le haghaidh chraobh an domhain arís (Anderson 101-102; ‘Luis Firpo’). 2606

Flaith na Breathnaise (Edward VIII, 1894-1972). Córónaíodh Edward VIII ina rí ar 20 Eanáir 1936. Thug sé an choróin suas ansin ar 10 Nollaig 1936 chun bean dhealaithe ó na Stáit Aontaithe darbh ainm Wallis Simpson a phósadh. Thugtaí an teideal uaisleachta ‘Diúc Windsor’ air ina dhiaidh sin (‘Edward VIII’). 4467

France, Anatole (Thibault, Jacques-Anatole-François, 1844-1924). Úrscéalaí, gearrscéalaí agus léirmheastóir ón bhFrainc ab ea Jacques-Anatole-François Thibault. Is fearr aithne air faoina ainm cleite Anatole France. Scríobh sé neart leabhar iomráiteach, ina measc, *L’Île des pingouins* (1908), *Les Dieux ont soif* (1912), agus *La Révolte des anges* (1914) agus toghadh ina bhall de L’Académie française é sa bhliain 1896. Bronnadh Duais Nobel sa Litríocht air sa bhliain 1921 (‘Anatole France’). 2562

Frathar (Frahar). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Frahar. B’as Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh dó agus tá an chuma ar an scéal go raibh aithne ag Seán Óg air sular cuireadh sa ghéibheann é (Campbell, Dialann 2 8x7x23 72v). 495, 498, 500

G. Á. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea G. Á. (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x5x23 19r). 4181

Garmhac Eóin Mhic Néill (MacNeill, Derry). Garmhac de chuid Eoin Mhic Néill, Aire Oideachais an tSaorstáit ag an am, ab ea Derry MacNeill. Murab ionann agus a sheanathair chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus chuir sé cogadh ar fhórsaí an tSaorstáit. Gabhadh am éigin i rith an Chogaidh Chathartha é agus

cuireadh sa ghéibheann i mBaile an Stáin a Dó é (Campbell, Dialann 2 13x4x23 31r; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x13x23 61). 934

Gaynor (Gaynor, Seán). Bhí Seán Gaynor ina Cheannfort ar Chéad Bhriogáid Thiobraid Árann, Óglaigh na hÉireann nuair a thosaigh Cogadh na Saoirse. Ceapadh ina Oifigeach Ceannais ar Dhara Rannán an Deiscirt é i 1921. Chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus rinneadh Oifigeach Ceannais Tríú Rannán an Deiscirt de ar 6 Márta 1923 ('Gaynor, Seán' 37; 'Gaynor, Seán' 160). 1043

Gearaltach, An (Fitzgerald, Thomas, 1901-1923). Bhí Fitzgerald ina bhall den 'CID' (Criminal Investigation Department). Lámhachadh é agus fuair sé bás nuair a bhí sé féin agus ceathrar póilín eile ag iarraidh triúr gadaí a ghabháil i nDún Sinche, Co. Bhaile Átha Cliath ar 19 Deireadh Fómhair 1923. Saighdiúirí in Arm an tSaorstáit ab ea na gadaithe agus bhí siad díreach tar éis daichead punt a robáil ón monarcha coinnele i mBaile an Ásaigh. Gortaíodh duine acu, James MacDonald, nuair a bhí na póilíní ag iarraidh é a ghabháil agus fuair sé bás de bharr an ghortaithe sin ar 29 Deireadh Fómhair. Gearradh príosún cúig bliana ar fhear eile acu, George Cullen, agus cuireadh fíneáil céad punt air. Maidir leis an bhfear a lámhach Fitzgerald, William Downes, gearradh breith an bháis air agus crochadh i Muinseo ar 29 Samhain 1923 é ('The Dunsink Conflict'; 'Extreme Penalty'; 'Penal Servitude'; "Stick-Up"). 3985

Gearaltach, An (féach freisin: Aire Ócáidí Iasachta; Deasmhumhan; **McG, D.**). 4037, 5380

Ghunna Mac Giollabhrighde, Meadhb (féach freisin: **Ní Ghuinn, Máire**). 3599

Gogánach, An. Bhí an Gogánach ar dhuine de na himtheorannaithe a coimeádadh sa ghéibheann i mBaile an Stáin a hAon ar feadh tamaill i rith an Chogaidh Chathartha (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x2x23 40). 664

Gould, Nat (Gould, Nathaniel 'Nat', 1857-1919). Úrscéalaí Sasanach a scríobh os cionn céad úrscéal ab ea Nat Gould. Scéalta eachtraíochta a bhaineann le spóirt, go

háirithe rásaíocht chapall, is ea formhór na leabhar seo ('Nat Gould: His Life and Books'). 822

Gray, Zane (Grey, Pearl, 1872-1939). Úrscéalaí ó Ohio sna Stáit Aontaithe ab ea Pearl Grey. Foilsíodh os cionn ochtó úrscéal dá chuidsean faoina ainm cleite, Zane Grey. Tá cáil ar chuid mhaith de na leabhair seo, ina measc, *The Lone Star Ranger* (1915), *The U.P. Trail* (1918) agus *Code of the West* (1934). Is scéalta rómánsacha faoi ré na mbuachaillí bó iad formhór na leabhar seo agus deirtear gurb é an duine a chruthaigh an seánra litríochta ar a dtugtar an 'western' ('Zane Grey'). 821

Gult (féach freisin: Híbhé). Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea 'Gult' (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 5x8x23 1). 1466, 1469

H., M. (féach freisin: H., Máire; Husae, Máire; **Máire**). 3856

H., Máire (féach freisin: H., M.; Husae, Máire; **Máire**). 698, 3502

H agus E (féach freisin: B agus E; Fear na Fuinneóige; Mo Dhuine; **Ó F.**; tUbh, An; Uí Fh., Mac). 2443

Haib (féach freisin: **Seumaisín**; Seumas beag). 3254

Híbhé (féach freisin: **Gult**). 1466

hUigíneach, An (O'Higgins, Kevin, 1892-1927) (féach freisin: Ó hU., C.; Ó hUigín, C.; Ó hUiginn). Ba Theachta Dála de chuid Shinn Féin (1918-1923) agus de chuid Chumann na nGaedheal (1923-1927) é Kevin O'Higgins. Chaith sé tréimhsí ina Leas-Aire um Rialtas Áitiúil, ina Aire Airgeadais, ina Aire um Ghnothaí Dúithche, ina Aire Dlí agus Cirt agus ina Aire Gnóthaí Coigríche i rith an ama seo. Bhí an nimh san fheoil ag Poblachtaigh air mar chreid siad gurbh é ba bhun leis an gcuid ba mhó den reachtaíocht ba dhéine a rith an Dáil le linn an Chogaidh Chathartha. D'fheallmharraigh scata Óglach é dá bharr sin agus é ag dul ar Aifreann i ngar dá bhaile i mBaile Átha Cliath ar 10 Iúil 1927 ('O'Higgins, Kevin'). 3858, 5376

Husae, Máire (féach freisin: H., M.; H., Máire; **Máire**). 2650, 4023, 4642, 4893, 5148

Ibáñez (Blasco Ibáñez, Vicente, 1867-1928). Úrscéalaí ón Spáinn ab ea Vicente Blasco Ibáñez. Tá clú agus cáil ar mhórán leabhar dá chuidsean ar fud an domhain, ina measc, *Woman Triumphant* (1906), *Blood and Sand* (1909) agus *The Four Horsemen of the Apocalypse* (1916) ('Vicente Blasco Ibáñez'). 4859

Inghean do Mh. G. (Stuart née Gonne, Iseult, 1894-1954). Iníon le Maud Gonne agus leis an bpolaiteoir Francach, Lucien Millevoye, ab ea Iseult Gonne. Bhí sí an-mhór leis an bhfile cáiliúil W. B. Yeats agus d'iarr sé uirthi é a phósadh i 1916 agus arís i 1917. Dhiúltaigh sí dó, ámh, agus phós sí an scríbhneoir, Francis Stuart, in Aibreán 1920. Rugadh a mac, Ian, i nDeireadh Fómhair 1926 agus rugadh a n-iníon, Katherine i mBealtaine 1931 (Jeffares et. al. xii-xx). 982

L. (féach freisin: **O Fearn, Leó**). 1199, 1316, 1317

L. (féach freisin: Liam; Mac C.; **Mac C., L.**; Mac Coscair, An tUachtarán; Mac Coscair, Liam; Mc C., L.; tUachtarán, An). 2167, 2207, 2971

L. Duine de na póilíní airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea L (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x5x23 5r). 2313, 3368

L (féach freisin: Liam; Loingseach, An; **Ó Loingsigh, Liam**). 3341

L., An (féach freisin: **Lorcánach, An**). 1717

Laoch, An. Ní féidir céannacht an duine seo a dhéanamh amach. 3094

Ledvedge (Ledwidge, Francis, 1887-1917). Saothraí ó Bhaile Shláine, Co. na Mí ab ea Francis Ledwidge. Sheol sé roinnt dánta dá chuidsean chuig an scríbhneoir cáiliúil Edward Plunkett, 'Lord Dunsany', sa bhliain 1912 agus chabhraigh Plunkett leis a chuid filíochta a fhorbairt. Foilsíodh a chéad bhailiúchán filíochta, *Songs of the Fields*, sa bhliain 1915 agus cuireadh *The Complete Poems* i gcló sa bhliain 1919.

Bhí Ledwidge ina bhall d'Óglaigh na hÉireann agus dála mhórán Óglach eile chuaigh sé in Arm na Breataine nuair a thosaigh an Chéad Chogadh Domhanda i Meán Fómhair 1914. Maraíodh é sa Bheilg ar 13 Iúil 1917 (Meredith). 5342

Lemas (Lemass, Noel, 1897-1923). Throid Noel Lemass ar son na nÓglach i rith Chogadh na Saoirse. Chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus chuir sé cogadh ar fhórsaí an tSaorstáit. D'fhuadaigh trúpanna Saorstátacha é ar 3 Iúil 1923. Chuir siad Lemass á chéasadh agus mharaigh siad ina dhiaidh sin é. Fuarthas a chorp i Sléibhte Átha Cliath ar 12 Deireadh Fómhair 1923. Tógadh gáir i gcoinne an ghnímh seo ar fud na hÉireann ach níor cuireadh duine ar bith chun trialach as é a mharú riamh ('Lemass, Noel'; 'Lemass, Seán' 271). 3137

Liam (féach freisin: L; Loingseach, An; **Ó Loingsigh, Liam**). 870, 883, 892, 1033, 1037

Liam (féach freisin: Liam, An Dr.; **Soirtéas, Dr.**; Soirteas, Liam). 1446, 1449 (x2)

Liam (Ó Caomhánaigh, Liam). Deartháir de chuid Sheáin Óig ab ea Liam Ó Caomhánaigh (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x11x23 9v). 2534, 3252

Liam (féach freisin: L.; Mac C.; **Mac C., L.**; Mac Coscair, An tUachtarán; Mac Coscair, Liam; Mc C., L.; tUachtarán, An). 2615

Liam (féach freisin: Breathnach, Liam). 4111

Liam, An Dr. (féach freisin: Liam; **Soirtéas, Dr.**; Soirteas, Liam). 600

Loingseach, An (féach freisin: L; Liam; **Ó Loingsigh, Liam**). 906

Loingseach, An (Lynch, P.J.). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea P.J. Lynch. Bhí sé ina eagarthóir ar an 'Sunday Independent' ar feadh tamaill timpeall na bliana 1910 ('Independent' Newspapers'; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x1x23 10v). 3957, 3975, 4056, 4084, 4150, 4200, 4454

Loingseach, An (Lynch, Fionán, 1889-1966). Bhí Fionán Lynch ina bhall d'Óglaigh na hÉireann agus throid sé in Ard-Oifig an Phoist i rith Éirí Amach na Cásca. Gabhadh i ndiaidh theip na réabhlóide sin é agus coimeádadh i bpríosún é go dtí Meitheamh 1917. Throid sé ar son na nÓglach i rith Chogadh na Saoirse freisin. Thacaigh sé leis an gConradh Angla-Éireannach agus bhí sé ina bhriogáidire in Arm an tSaorstáit i rith an Chogaidh Chathartha. Ba Theachta Dála de chuid Shinn Féin (1918-1923), de chuid Chumann na nGaedheal (1923-1933) agus de chuid Fhine Gael (1933-1944) é. Chaith sé tréimhsí ina Aire Oideachais, ina Aire Iascaigh agus ina Aire Tailte agus Iascaigh i rith an ama seo. Bhí sé ina abhcóide agus ceapadh ina bhreitheamh sa Chúirt Chuarda é i ndiaidh dó éirí as an bpolaitíocht ('Lynch, Fionán'). 5380

Lonargánach, An (féach freisin: Ó L., S.; **Ó Lonargáin, Seán**; Ó Lorgáin, Sean; Seán). 5294

Longmore (Longmore, Tom) (féach freisin: Longmore, T.). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Tom Longmore (Campbell, Dialann 2 23x8x23 114r). 794

Longmore, T. (féach freisin: **Longmore**). 2107

Lorcánach, An (Larkin, James, 1876-1947) (féach freisin: L., An). Dugaire ó Léarpholl ab ea James Larkin. Bhí sé an-ghníomhach sa National Union of Dock Labourers ón mbliain 1894. Bhog sé go Baile Átha Cliath sa bhliain 1908 agus chuir sé Ceardchumann Iompair agus Ilsaothair na hÉireann ar bun ann an chéad bhliain eile, 1909. D'fheidhmigh an ceardchumann seo ar son oibrithe neamhoilte. D'éiligh baill an Dublin Federation of Employers ar a n-oibrithe éirí as an gceardchumann seo i Lúnasa 1913 agus dhún siad na geataí roimh na hoibrithe nuair a dhiúltaigh siad géilleadh don éileamh sin. Lean an frithdhúnadh ar aghaidh go dtí gur ghéill formhór na n-oibrithe do na fostóirí i mí Eanáir 1914. Chuir Larkin faoi sna Stáit Aontaithe ina dhiaidh sin. D'fhill sé ar Éirinn sa bhliain 1923 agus chuir sé 'The Workers' Union of Ireland' ar bun an chéad bhliain eile, 1924. Ba Theachta Dála neamhspleách é ar feadh cúpla mí sa bhliain 1927 agus ón mbliain 1937 go dtí 1938. Ba Theachta

Dála de chuid an Lucht Oibre é ansin ó 1943 go dtí 1944 ('Larkin, James'; 'Larkin, Jim'). 1542, 1640, 1715, 1749, 3586, 3848

Lorcánach, An. Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea an Lorcánach (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 12x3x23 60v). 5294

M (féach freisin: Aire na Cosanta; Ó Maolchatha; Ó Maolchatha, R.; Ó Maolchatha, Risteárd; Ris.; **Risteárd**). 1608

M. Duine de na póilíní airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea M. (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x14x23 2v). 3152, 3553

Mac an Bh. (féach freisin: **Mac an Bháird**; Mac an Bháird, Míceal). 361

Mac an Bháird (Ward, Michael) (féach freisin: Mac an Bh.; Mac an Bháird, Míceal). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Michael Ward. B'as an gClochán, Co. na Gaillimhe dó (Campbell, Dialann 2 26x6x23 65v). 294, 309

Mac an Bháird, Míceal (féach freisin: Mac an Bh.; **Mac an Bháird**). 542

Mac Árgail, P. Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea P. Mac Árgail. Is cosúil go raibh sé ina chúntóir dochtúra in ospidéal Bhaile an Stáin a Dó (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 5x4x23 86). 1427

Mac Árgaoill, Sir Tomás (Macardle, Sir Thomas Callan, 1856-1925). B'é úinéir agus stiúrthóir bainistíochta na grúdlainne Macardle, Moore & Co. é Thomas Macardle. Rinneadh ridire de as gráinne a sholáthar do thrúpanna na Breataine i rith an Chéad Chogaidh Dhomhanda. Náisiúnach measartha ab ea é agus thacaigh sé leis an gConradh Angla-Éireannach. Bhí bá aige leis na príosúnaigh Phoblachtacha ina ainneoin sin agus is minic a rinne sé idirghuí leis na húdaráis ar a son i rith an Chogaidh Chathartha. B'údar í a hiníon, Dorothy, agus tá clú agus cáil uirthi go fóill as an stair mór *The Irish Republic* a scríobh ('Macardles History'; Smith 5-6 agus 41). 4929

Mac B. (féach freisin: B.; Breiteamhan; Mac B., S.; Mac Bh., S.; Mac Bhreathamhain, Seosaimh; Mac Bhreitheamhan, Seosaimh; **Mac Breiteamhain**; Mc B, S.; Ó Breitheamhnaig, Seosaimh; S.; Seósaimh). 239, 246, 263, 318, 361

Mac B., S. (féach freisin: B.; Breiteamhan; Mac B.; Mac Bh., S.; Mac Bhreathamhain, Seosaimh; Mac Bhreitheamhan, Seosaimh; **Mac Breiteamhain**; Mc B, S.; Ó Breitheamhnaig, Seosaimh; S.; Seósaimh). 1897

Mac Bh., S. (féach freisin: B.; Breiteamhan; Mac B.; Mac B., S.; Mac Bhreathamhain, Seosaimh; Mac Bhreitheamhan, Seosaimh; **Mac Breiteamhain**; Mc B, S.; Ó Breitheamhnaig, Seosaimh; S.; Seósaimh). 541

Mac Bhreathamhain, Seosaimh (féach freisin: B.; Breiteamhan; Mac B.; Mac B., S.; Mac Bh., S.; **Mac Breiteamhain**; Mac Bhreitheamhan, Seosaimh; Mc B, S.; Ó Breitheamhnaig, Seosaimh; S.; Seósaimh). 1222

Mac Bhreitheamhan, Seosaimh (féach freisin: B.; Breiteamhan; Mac B.; Mac B., S.; Mac Bh., S.; Mac Bhreathamhain, Seosaimh; **Mac Breiteamhain**; Mc B, S.; Ó Breitheamhnaig, Seosaimh; S.; Seósaimh). 4296

Mac Breitheamhain (Judge, Joe) (féach freisin: B.; Breiteamhan; Mac B.; Mac B., S.; Mac Bh., S.; Mac Bhreathamhain, Seosaimh; Mac Bhreitheamhan, Seosaimh; Mc B, S.; Ó Breitheamhnaig, Seosaimh; S.; Seósaimh). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Joe Judge. B'as Philadelphia sna Stáit Aontaithe dó (Ó hUallacháin, Pádraig). 85, 155, 192, 195, 199, 257, 307

Mac C. Duine de na póilíní airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea Mac C (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 5x2x23 81). 1273, 1305, 1349

Mac C. (féach freisin: L.; Liam; **Mac C., L.**; Mac Coscair, An tUachtarán; Mac Coscair, Liam; Mc C., L.; tUachtarán, An). 1760, 1768

Mac C. (féach freisin: Briosa, An; **Mac Cárthaigh**). 1830

Mac C (Childers, Erskine Hamilton, 1905-74). Mac de chuid Robert Erskine Childers, Stiúrthóir Bolscaireachta na bPoblachtach i rith an Chogaidh Chathartha, ab ea Erskine Childers. Ba Theachta Dála de chuid Fhianna Fáil é Erskine Childers ón mbliain 1938 go dtí an mbliain 1973. Chaith sé tréimhsí ina Aire Poist agus Telegrafa, ina Aire Iascaigh agus Foraoiseachta, ina Aire Turasóireachta agus Iompair, ina Aire Sláinte agus ina Thánaiste i rith an ama sin. Toghadh Childers ina Uachtarán ansin sa bhliain 1973 ach cailleadh go tobann é an chéad bhliain eile (Dempsey agus White; ‘Youthful’). 2142

Mac C, Captaen (féach freisin: **Mac C captaen**). 2433

Mac C., L. (Cosgrave, William Thomas, 1880-1965) (féach freisin: L.; Liam; Mac C.; Mac Coscair, An tUachtarán; Mac Coscair, Liam; Mc C., L.; tUachtarán, An). Chuaigh William T. Cosgrave ina bhall de Shinn Féin timpeall na bliana 1905 agus bhí sé ina chomhairleoir de chuid an pháirtí sin ar Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath ón mbliain 1909. Chuaigh sé ina bhall d’Óglaigh na hÉireann nuair a cuireadh an eagraíocht sin ar bun sa bhliain 1913 agus ghlac sé páirt in Éirí Amach na Cásca. Gabhadh tar éis bhriseadh na réabhlóide sin é agus coimeádadh i bpríosún go dtí Eanáir 1917 é. Ba Theachta Dála de chuid Shinn Féin (1918-1923), de chuid Chumann na nGaedheal (1923-1933) agus de chuid Fhine Gael (1933-1944) é. Rinneadh Ceann Comhairle an Rialtais Shealadaigh agus Príomh-Aire na Dála de tar éis bhásanna Arthur Griffith agus Michael Collins i Lúnasa 1922. B’ é Uachtarán na hArd-Chomhairle é ansin ó Dheireadh Fómhair 1922 go dtí Feabhra 1932 (‘Cosgrave, William T.’; ‘Cosgrave, William Thomas’). 1634, 2597, 3616

Mac C., S (féach freisin: Bárd, An; Cathmhaoileach, An; **File, An**; Mac Cathmhaoil, Seósaimh; Mc C., S; (McC), Seósaimh; Ó C, S.; Ó Cathmhaoil, S; Ó Cathmhaoil, Seósaimh; S.; Seosaimh). 670, 1348, 1661, 2519, 3553

Mac Cabha, Criostoir. Duine éigin ar an taobh amuigh a raibh aithne ag Frank Daly (duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig) air ab ea Criostoir Mac Cabha. Throid siad le chéile i rith Éirí Amach 1916 (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x9x23 52). 732

Mac Cartáin, An Dochtúir (McCartan, Dr. Patrick, 1878-1963). Chuaigh Patrick McCartan ina bhall de Shinn Féin timpeall na bliana 1905 agus toghadh ina bhardasach de chuid an pháirtí sin ar Bhardas Bhaile Átha Cliath é sa bhliain 1908. B'Óglach é agus bhí sé ina bhall de Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann faoi 1916. Níor ghlac sé páirt in Éirí Amach na Cásca, ámh, i ngeall ar athordú Eoin Mhic Néill. Toghadh McCartan ina Theachta Dála de chuid Shinn Féin sa bhliain 1918 agus atoghadh é in olltoghchán 1921. Vótáil sé ar son an Chonartha Angla-Éireannaigh in Eanáir 1922. Níor atoghadh é san olltoghchán a cuireadh ar siúl i Meitheamh 1922, áfach, agus chuaigh sé ar imirce go dtí na Stáit Aontaithe ina dhiaidh sin. D'fhill sé ar Éirinn sa bhliain 1937 agus bhí sé ar dhuine de na daoine a chuir Clann na Poblachta ar bun i 1946. Bhí sé ina iarrthóir de chuid an pháirtí sin i dtrí olltoghchán (1948, 1951 agus 1957) ach níor toghadh in aon cheann acu é (M. Coleman, 'McCartan, Patrick'). 1223

Mac Cárthaigh (McCarty, 'Biscuit') (féach freisin: Briosca, An; Mac C.). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea 'Biscuit' McCarty. B'as Caisleán an Bharraigh dó (Campbell, Dialann 2 29x6x23 68v agus 8x7x23 73r). 1825, 1829, 5578

Mac Cathmhaoil, Seósaimh (féach freisin: Bárd, An; Cathmhaoileach, An; **File, An;** Mac C., S; Mc C., S; (McC), Seósaimh; Ó C, S.; Ó Cathmhaoil, S; Ó Cathmhaoil, Seósaimh; S.; Seosaimh). 405, 437, 493

Mac Cathmhaoil, Tomás (Campbell, Tommy) (féach freisin: Cathmhaoileach, An). Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea Tommy Campbell. B'as Béal Átha na Muice, Co. Mhaigh Eo dó (Campbell, Dialann 2 3x9x23 126r; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x22x23 1v). 2601, 2703, 2796

Mac C captaen (McGrath, an Captaen) (féach freisin: Mac C, Captaen). Duine de na póilíní airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó ab ea an Captaen McGrath (Campbell, Dialann 2 9x7x23 74r). 2313

Mac Ceochach, Sean (féach freisin: Mac Eochach; Mac Eochach, seanSeán; **Mhac Éochach, Sean;** Ó Ceócháin, Seán; Seán). 3710

Mac Cill Roigh, Mícheal (Kilroy, Michael) (féach freisin: Mac Giolla Ríogh, Mícheál; Micheál). B'é Ceannfort an Chéad Chathlín, Briogáid Iarthair Mhaigh Eo, é Michael Kilroy ó thús Chogadh na Saoirse go dtí 1921, an bhliain a ceapadh ina Oifigeach Ceannais ar Cheathrú Cathlán an Iarthair é. Chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus chuir sé cogadh ar fhórsaí an tSaorstáit go dtí gur gabhadh i Meán Fómhair 1922 é. Chaith sé tréimhsí sa ghéibheann sna hionaid imtheorannaithe i mBaile Átha Luain, i Muinseo agus i gCill Mhaighneann ina dhiaidh sin. Ba Theachta Dála de chuid Shinn Féin (1923-1927) agus de chuid Fhianna Fáil (1927-1937) é ('Kilroy, Michael' 53; 'Kilroy, Michael' 168; 'Mr Michael Kilroy'). 1755

Mac Cniocht. Fuair an fear seo bás agus é ag taisteal go hOileán Wrangell in Alaska. D'éirigh leis an mbean a bhí ag taisteal ina fhochair í féin a choimeád ina beatha go dtí gur aimsíodh í. Léigh Seán Óg cuntas ar an scéal seo ar 17 Samhain 1923 i bpáipéar éigin a fuair sé ó dhuine dá chairde sna Stáit Aontaithe (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x17x23 41r-41v). 4681

Mac Com Mara (MacNamara, Jack). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Jack Mac Namara. B'as an gCora Finne, Co. an Chláir dó (Campbell, Dialann 2 6x8x23 95r). 3178

Mac Consaidín (féach freisin: Mac Consaindín, Seosaimh). Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea Seosaimh Mac Consaindín (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x31x23 8v). 3896

Mac Consaindín, Seosaimh (féach freisin: **Mac Consaidín**). 4804

Mac Coscair, An tUachtarán (féach freisin: L.; Liam; Mac C.; **Mac C., L.**; Mac Coscair, Liam; Mc C., L.; tUachtarán, An). 1819

Mac Coscair, Liam (féach freisin: L.; Liam, Mac C.; **Mac C., L.**; Mac Coscair, An tUachtarán; Mc C., L.; tUachtarán, An). 2173

Mac Coscair, Pilib (Cosgrave, Philip, 1884-1923). Deartháir de chuid W. T. Cosgrave (Uachtarán na hArd-Chomhairle 1922-1932) ab ea Philip Cosgrave. Chuaigh sé sna hÓglaigh i 1914 agus ghlac sé páirt in Éirí Amach 1916. Gabhadh é tar éis theip na réabhlóide sin agus coimeádadh i bpríosún go dtí Meitheamh 1917 é. Bhí sé ina Mháistir Ceathrún ar Cheathrú Cathlán Bhaile Átha Cliath i rith Chogadh na Saoirse. Thacaigh sé leis an gConradh Angla-Éireannach agus b'é Gobharnóir Mhuinseo é ó Dheireadh Fómhair 1922 go dtí Lúnasa 1923. Chomh maith leis sin, ba Theachta Dála de chuid Shinn Féin (1921-1923) agus de chuid Chumann na nGaedheal (1923) é (Dempsey, Pauric J.). 3469

Mac Craith, Seósaimh (McGrath, Joseph, 1888-1966). Bhí Joseph McGrath ina bhall de Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann agus bhí sé ar dhuine de na daoine a chuir Óglaigh na hÉireann ar bun. Ghlac sé páirt in Éirí Amach na Cásca agus gabhadh é i ndiaidh theip na réabhlóide sin. Coimeádadh sa ghéibheann é go dtí Meitheamh 1917. Ba Theachta Dála de chuid Shinn Féin (1918-1923) agus de chuid Chumann na nGaedheal (1923-1924) é. Chaith sé tréimhsí ina Aire Saothair agus ina Aire Tionscail agus Tráchtála i rith an ama sin. Chuir sé féin, Richard Duggan agus Spencer Freeman an comhlacht Hospital Trust Ltd. ar bun sa bhliain 1930 chun scuabgheallta a eagrú ar son ospidéal na hÉireann. D'éirigh go maith leis an gcomhlacht seo agus d'éirigh McGrath an-saibhir as ('McGrath, Joseph'). 5174

Mac Cuiltéir, Seán. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Mac Cuiltéir (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x26x23 52r). 3958, 5011, 5632

Mac D. (De Valera, Vivion, 1910-1982). Mac de chuid Éamoin de Valera (Uachtarán na hArd-Chomhairle 1932-1937, Taoiseach na hÉireann 1937-1948, 1951-1954, 1957-1959 agus Uachtarán na hÉireann 1959-1973) ab ea Vivion de Valera. Ba Theachta Dála de chuid Fhianna Fáil é ó 1945 go dtí 1981 agus b'é Stiúrthóir Bainistíochta 'Scéala Éireann' é ó 1951 go dtí 1982 (Dempsey agus Boylan; 'Youthful'). 2142, 2143

Mac D., P. (McDonnell, Paddy). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Paddy McDonnell. B'as Tiobraid Árann dó (Campbell, Dialann 2 22x9x23 139r). 2695

Mac Dh. Uí Chonnaill (O'Connell, Morgan, 1804-1885). Mac de chuid Dhónail Uí Chonnaill ('An Fuascailteoir') ab ea Morgan O'Connell. Ceapadh O'Connell ina chaptaen sa Léigiún Éireannach a cuireadh ar bun sa bhliain 1819 chun troid a chur ar son neamhspleáchais Veiniséala. D'fhill sé ar Éirinn ag deireadh na bliana 1821. Chuir sé faoi san Ostair go gairid ina dhiaidh sin agus chaith sé thart ar ocht mbliana in arm na tíre sin. B'é feisire Cho. na Mí é ó 1832 go dtí 1840. Rinneadh Leaschláraitheoir na nGníomhas de sa bhliain 1840 agus b'é Cláraitheoir na nGníomhas é ó 1846 go dtí 1869 (O. MacDonagh 666-668). 1505

Mac Dónail. Duine de na póilíní airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea Mac Dónail (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 12x4x23 61v). 5317

Mac Donnchadh, Cathal. Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea Cathal Mac Donnchadh (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x29x23 5v). 5301

Mac Donnchadha, Tomás (MacDonagh, Thomas, 1878-1916). Duine de na daoine a chuir Óglaigh na hÉireann ar bun i mí na Samhna 1913 ab ea Thomas MacDonagh. Chuaigh sé ina bhall de Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann sa bhliain 1915 agus ceapadh ina bhall den Chomhairle Mhíleata a bhí ag pleanáil Éirí Amach na Cásca é in Aibreán 1916. Bhí sé ina Cheannfort ar Dhara Cathlán Bhaile Átha Cliath agus bhí sé ar stáisiún i Monarcha Jacob ar Shráid an Easpaig i rith na réabhlóide sin. Gabhadh é i ndiaidh theip na réabhlóide ar 29 Aibreán agus cuireadh chun báis é ar 3 Bealtaine 1916. Ba scríbhneoir é, freisin, agus foilsíodh cúig shaothar dá chuidsean roimh a bhás, mar atá, na trí bhailiúchán filíochta, *Through the Ivory Gate* (1902), *Songs of Myself* (1910) agus *Lyrical Poems* (1913), agus an dá dhráma, *When Dawn is Come* (1908) agus *Metempsychosis, or A Mad World* (1912). Chomh maith leis sin, cuireadh a thráchtas dochtúireachta, *Literature in Ireland*, i gcló tamaillín i ndiaidh a bháis sa bhliain 1916 (MacDonagh, Thomas). 789

Mac Éanna, Stiofán (Mac Enna, Stiofán, 1872-1934). B'iriseoir ó Léarpholl é Stiofán Mac Enna. D'oibrigh sé don *New York World* ó 1897 go dtí 1907, an bhliain a chuir sé faoi in Éirinn. Fuair sé post ag scríobh eagarfhocal don *Freeman's Journal*

an chéad bhliain eile, 1908, agus bhíodh sé ag déanamh eagarthóireachta ar *An Claidheamh Soluis* ó 1915. Tá clú agus cáil air as an aistriúchán Béarla (*The Enneads*) a rinne sé ar shaothair an fhealsúnaí Ghréigigh, Plotinus. Foilsíodh an saothar seo i gcúig imleabhar idir na blianta 1917 agus 1930 (J. M. Dillon). 335

Mac Énrí, Pádraig (Henry, Patrick, 1736-1799). Ba dhlíodóir ón Virgín é Patrick Henry. Chuir sé go mór in aghaidh rialú na Breataine i Meiriceá agus ba thoscáire ar na Comhdhála Ilchríocha é sna blianta 1774 agus 1775. Ina theannta sin, b' é Gobharnóir na Virgíne é ó 1776 go dtí 1779 agus ó 1784 go dtí 1786. Tá cáil air as an abairt seo a leanas a rá ag dara Comhdháil na Virgíne ar 23 Márta 1775 agus é ag moladh go n-ullmhófaí mílíte sa Virgín chun cath a thabhairt ar Arm na Breataine: 'I know not what course others may take, but as for me, give me liberty or give me death.' ('Patrick Henry'). 3295, 3499

Mac Eochach (féach freisin: Mac Ceochach, Sean; Mac Eochach, seanSeán; **Mhac Éochach, Sean**; Ó Ceócháin, Seán; Seán). 1782

Mac Eochach, seanSeán (féach freisin: Mac Ceochach, Sean; Mac Eochach; **Mhac Éochach, Sean**; Ó Ceócháin, Seán; Seán). 2717

Mac Fionnmacháin, Maitias (féach freisin: **Maitias**; Maitiú; Ó Fionnmhacáin, Maitias). 4574

Mac Gearailt, Tomás. Duine éigin ar an taobh amuigh a raibh aithne ag Seán Óg air ab ea Tomás Mac Gearailt (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x29x23 5v). 3812

Mac Giolla an Átha, Seumas (féach freisin: Seumas). Duine éigin a raibh Seán Óg cairdiúil leis nuair a bhí cónaí air i Nua-Eabhrac ab ea Seumas Mac Giolla an Átha (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x15x23 35v). 4545

Mac Giolla Brighde, Seán (MacBride, Seán, 1904-1988). Throid Seán MacBride ar son na nÓglach i rith Chogadh na Saoirse. Chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus throid sé ar son na bPoblachtach i rith an Chogaidh Chathartha. B' é Ceann Foirne an IRA é ón mbliain 1936 go dtí 1937. Chuir sé Clann na Poblachta ar

bun sa bhliain 1946 agus ba Theachta Dála de chuid an pháirtí sin é ó 1948 go dtí 1957. Ghlac Clann na Poblachta páirt sa chéad Chomhrialtas ón mbliain 1948 go dtí 1951. B'é an tAire Gnóthaí Eachtracha é MacBride i rith na tréimhse sin. Bhí sé ar dhuine de na daoine a chuir 'Amnesty International' ar bun sa bhliain 1961 agus b'é cathaoirleach na heagraíochta sin é go dtí 1975. Bronnadh Duais Síocháin Nobel air sa bhliain 1974 ('MacBride, Seán'; 'Seán MacBride'). 3433

Mac Giolla Ríogh, Micheál (féach freisin: **Mac Cill Roigh, Mícheal**; Micheál). 3616

Mac Giolla Riogha, Seán (Kilroy, John). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea John Kilroy. Ba Phoblachtach cáiliúil é a dheartháir Michael Kilroy a bhí ina Oifigeach Ceannais ar Cheathrú Cathlán an Iarthair i rith an Chogaidh Chathartha ('Kilroy, Michael' 168; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x20x23 4v). 3339

Mach an Artaig, Eudhmann (féach freisin: Eudhmann; Eudhmonn; Mac Innreachtaigh, Eumon; Ó hA., E.; **Ó hAnrachtaig, Eudmonn**). 438

Mac Innreachtaigh, Eumon (féach freisin: Eudhmann; Eudhmonn; Mach an Artaig, Eudhmann; Ó hA., E.; **Ó hAnrachtaig, Eudmonn**). 5607

Mac N, E. (féach freisin: E; **Mac Néill, Eóin**). 2252

Mac Néill, Eóin (Mac Néill, Eoin, 1867-1945) (féach freisin: E.; Mac N, E.). Ceapadh Eoin Mac Néill ina Cheann Foirne ar Óglaigh na hÉireann nuair a cuireadh an eagraíocht sin ar bun i mí na Samhna 1913. Ní bhfuair sé amach go dtí 20 Aibreán 1916, ámh, go raibh pleananna leagtha amach ag Bráithreachas Phoblacht na hÉireann úsáid a bhaint as na hÓglaigh chun réabhlóid a chur ar siúl ar 23 Aibreán na bliana sin. Chuir sé an ordú chun réabhlóid a chur ar bun ar ceal ansin ar 23 Aibreán. Chuir sé seo na hÓglaigh ar fad trína chéile agus níor ghlac mórán Óglach taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, páirt in Éirí Amach na Cásca nuair a cuireadh ar bun ar 24 Aibreán é. Ba Theachta Dála de chuid Shinn Féin (1918-1923) agus de chuid Chumann na nGaedheal (1923-1927) é. Chaith sé tréimhsí ina Aire Airgeadais, ina Aire Tionscail agus ina Aire Oideachais i rith an ama sin. Bhí sé ina Chathaoirleach

ar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ó 1927 go dtí 1945 agus b' é Uachtarán Acadamh Ríoga na hÉireann é ó 1940 go dtí 1943 ('MacNeill, Eoin'). 2431, 5175

Mac Niocaill, Seoirse (1881-1968). Chaith Seoirse Mac Niocaill roinnt blianta ag múineadh i Sasana i ndiaidh dó a chéim a bhaint amach. D'fhill sé ar Éirinn nuair a ceapadh ina chigire scoileanna é sa bhliain 1912. Ainmníodh Príomhchigire Ginearálta é nuair a cuireadh an Saorstát ar bun. Chomh maith leis sin, bhí sé an-ghníomhach ar son Chonradh na Gaeilge agus bhí sé ar Choiste Gnó an Chonartha ar feadh tamaill sna 1920í (Breathnach agus Ní Mhurchú, 'Mac Niocaill, Seoirse'). 1959, 2405

Mac Robáin (Robinson, David L.). Chuir David L. Robinson in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus chuir sé cogadh ar fhórsaí an tSaorstáit i gCorcaigh agus i gCiarraí go dtí gur gabhadh ar 10 Samhain 1922 é. Chaith sé tréimhsí i bpríosún i Muinseo agus i gCill Mhaighneann ina dhiaidh sin. B' é Aidiúnach an Phríosúin é le linn dó a bheith sa ghéibheann i Muinseo. Eisean agus Tomás Ó Deirg a chuaigh go dtí na hionaid imtheorannaithe eile chun an cás a phlé leis na stailceoirí ocrais eile nuair a rinne ceannairí phríosúnaigh Cill Maighneann cinneadh deireadh a chur leis an stailc ocrais ar 23 Samhain 1923 ('Derrig, Tomás.' 155; Hopkinson 269; 'Robinson, David L.' 191). 4875

Mac S., T. (MacSwiney, Terence, 1879-1920) (féach freisin: Mac Suibhne, Toirdealbhac). Bhí Terence MacSwiney ar dhuine de na daoine a chuir Óglaigh na hÉireann ar bun i gCo. Chorcaí i mí na Nollag 1913. Níor ghlac sé páirt in Éirí Amach na Cásca ach chuir sé cogadh ar fhórsaí na Breataine i rith Chogadh na Saoirse. Chomh maith leis sin, toghadh ina Theachta Dála de chuid Shinn Féin é sa bhliain 1918 agus rinneadh Méara Chorcaí de i mí an Mhárta 1920. Rinneadh sciúird mhíleata ar Halla Bhardas Corcaí ar 12 Lúnasa 1920 agus gabhadh MacSwiney agus roinnt daoine eile. Cuireadh cúirt mhíleata air ar 16 Lúnasa 1920 agus gearradh príosúnacht dhá bhliain air. D'fhógair sé ina dhiaidh sin nach n-íosfadh sé greim ar bith bia go dtí go ngiorrófaí a thréimhse phríosúnachta. Tarraingíodh aird an domhain ar a chás agus rinneadh roinnt iarrachtaí cur ina luí ar Rialtas na Breataine é a scaoileadh amach. Theip orthu uile, áfach. Fuair MacSwiney bás sa deireadh ar 24 Deireadh Fómhair 1920 tar éis ceithre lá is seachtó a chaitheamh ar stailc ocrais.

Tógadh gáir ar fud na hÉireann i gcoinne ghníomhartha an Rialtais ina dhiaidh sin (Breathnach agus Ní Mhurchú, ‘Mac Suibhne, Toirdhealbhach’; ‘MacSwiney, Terence’). 3258

Mac Searthúin. B’ é Mac Searthúin Leasghobharnóir Bhaile an Stáin a Dó ó Iúil 1923 (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x29x23 5v). 3810

Mac Searthúin. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Mac Searthúin (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x31x23 8v). 3895

Mac Seóin (Mac Eoin, Seán, 1893-1973). Chuaigh Mac Eoin ina bhall d’Óglaigh na hÉireann sa bhliain 1914 agus chuir sé cogadh ar fhórsaí na Breataine i rith Chogadh na Saoirse. Ceapadh ina Oifigeach Ceannais ar an gCéad Chathlán, Briogáid Longfoirt é i 1919. Rinneadh Leasoifigeach na Briogáide de i Meán Fómhair 1920. Thacaigh sé leis an gConradh Angla-Éireannach agus bhí sé ina Oifigeach Ceannais ar Cheannasaíocht an Iarthair le linn an Chogaidh Chathartha. Ceapadh ina Cheann Foirne ar Arm an tSaorstáit é tar éis an Chogaidh Chathartha agus d’fhan sé sa phost sin go dtí an mbliain 1929. Ba Theachta Dála de chuid Shinn Féin (1921-1923), de chuid Chumann na nGaedheal (1929-1933) agus de chuid Fhine Gael (1933-1965) é. Chaith sé tréimhsí ina Aire Dlí agus Cirt agus ina Aire Cosanta i rith an ama sin (M. Coleman, ‘Mac Eoin, Seán’). 1499

Mac Stiofáin, S. (Stephens, James, 1880 nó 1882-1950) (féach freisin: Steofánach, An; Stiofánach, An). File, gearrscéalaí agus úrscéalaí ó Bhaile Átha Cliath ab ea James Stephens. Tá meas mór ag na léirmheastóirí ar chuid mhaith saothar dá chuidsean, ina measc, *Insurrections* (1909), *Here are Ladies* (1913) agus *Deirdre* (1923) (McFate). 335

Mac Suibhne, Toirdealbhac (féach freisin: **Mac S., T.**). 3504

Mac Taidhg (McTigue, Michael ‘Mike’, 1892-1966). Dornálaí ó Cho. an Chláir ab ea Mike McTigue. Bhuaigh sé ar Louis Phal (‘Battling Siki’), curadh domhanda sa dornálaíocht trom-mheáchain éadroim, nuair a chuaigh siad i gcomhrac le chéile i mBaile Átha Cliath ar Lá Fhéile Pádraig 1923. Níor baineadh an teideal de go dtí gur

bhuaigh Paul Berlenbach air i Nua-Eabhrac sa bhliain 1925. Lean McTigue ar aghaidh ag dornálaíocht go dtí 1930 ach ní raibh sé ina churadh domhanda arís (Anderson 127-128; Prestage 80-83). 677

Maghaic (Galvin, Mike). Duine de na na póilíní airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea Mike Galvin. B'as Cathair Dónall, Co. Chiarraí dó. (Campbell, Dialann 2 19x8x23 110v). 2063

Maighistir an Rolla (O'Connor, Charles Andrew, 1854-1928). Glaodh Charles Andrew O'Connor chun an bharr sa bhliain 1878 agus rinneadh abhcóide na banríona de sa bhliain 1894. B'é Atur nae Ginearálta na hÉireann é ó 1907 go dtí 1909. Rinneadh Ard-Aighne na hÉireann de ansin agus b'é Máistir na Rollaí é ó 1912 go dtí go ndearnadh an oifig sin a dhíbhe sa bhliain 1924. Ceapadh ina Bhreitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí é ansin ach d'éirigh sé as an bpost sin in Aibreán 1925 (Marshall). 4950

Máire (féach freisin: H., M.; H., Máire; Husae, Máire). Bhíodh Máire Husae ag cur litreacha agus beartán chuig Seán Óg le linn dó a bheith sa ghéibheann. Bhí cónaí uirthi i Nua-Eabhrac agus rinne Seán Óg suirí léi ar feadh tamaill nuair a bhí sé ina chónaí sa chathair sin. Gariníon de chuid Margaret Collins-O'Driscoll (deirfiúr do Michael Collins) ab ea í (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x3x23 13r). 566, 580, 3250, 4025, 4843, 4845

Máire (féach freisin: Ní Ch., M.; Ní Chuagáin, Máire; Ní Chógáin, Maire). Bean éigin a raibh cónaí uirthi i Londain agus a raibh aithne ag Seosamh Mac Cathmhaoil uirthi ab ea Máire Ní Chuagáin. Bhíodh sí ag cur litreacha agus beartán chuig an gCathmhaoil le linn dó a bheith sa ghéibheann (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x6x23 4v). 2349, 2504

Maire (féach freisin: Muireann; Ní Ch, M.; Ní Ch., Maire; Ní Cheallacháin, Maire; Ní Cheallachain, Muireann). 3249

Máirtín (féach freisin: Ó Droighneáin, Máirtín). 1744

Maitias (féach freisin: Mac Fionnmacháin, Maitias; Maitiú; Ó Fionnmhacáin, Maitias). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Maitias Ó Fionnmhacáin (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x15x23 37r). 4409, 4411, 4412, 4414, 4417, 4418, 4433, 4435, 4437 (x2), 4438, 4439, 4440, 4441, 4442, 4578, 4579, 4581 (x2), 4582, 4583 (x2), 4584

Maitiú (féach freisin: Mac Fionnmacháin, Maitias; **Maitias**; Ó Fionnmhacáin, Maitias). 5644, 5648, 5649

Maolruanaidh. B'é Leasghobharnóir Bhaile an Stáin a Dó é Maolruanaidh go dtí Iúil 1923 (Campbell, Dialann 2 9x7x23 74r; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 5x6x23 86). 1436

Marcaibhits, An Bhanchúnt (féach freisin: Meaircibhits, Cúnt; Mearcathbhait, Banchúnt; **Mearcithbhits, An Bheanchúin**). 4801

Mc B, S. (féach freisin: B.; Breiteamhan; Mac B.; Mac B., S.; Mac Bh., S.; Mac Bhreathamhain, Seosaimh; Mac Bhreitheamhan, Seosaimh; **Mac Breiteamhain**; Ó Breitheamhnaig, Seosaimh; S.; Seósaimh). 551

Mc C., L. (féach freisin: L.; Liam; Mac C.; **Mac C., L.**; Mac Coscair, An tUachtarán; Mac Coscair, Liam; tUachtarán, An). 2016, 2137

Mc C., S (féach freisin: Bárd, An; Cathmhaoileach, An; **File, An**; Mac C., S; Mac Cathmhaoil, Seósaimh; (McC), Seósaimh; Ó C, S.; Ó Cathmhaoil, S; Ó Cathmhaoil, Seósaimh; S.; Seosaimh). 547, 635, 737, 793, 832, 879, 932, 992, 1054, 1478, 1540, 1911, 2523

(McC), Seósaimh (féach freisin: Bárd, An; Cathmhaoileach, An; **File, An**; Mac C., S; Mac Cathmhaoil, Seósaimh; Mc C., S; Ó C, S.; Ó Cathmhaoil, S; Ó Cathmhaoil, Seósaimh; S.; Seosaimh). 1058

McG., D. (Fitzgerald, Desmond, 1888-1947) (féach freisin: Aire Ócáidí Iasachta; Deasmhumhan; Gearaltach, An). Chuaigh Desmond Fitzgerald ina bhall d'Óglaigh

na hÉireann sa bhliain 1914 agus throid sé in Ard-Oifig an Phoist le linn Éirí Amach na Cásca. Gabhadh é tar éis theip na réabhlóide sin agus coimeádadh sa ghéibheann go dtí an mbliain 1918 é. Ba Theachta Dála de chuid Shinn Féin (1918-1923), de chuid Chumann na nGaedheal (1923-1933) agus de chuid Fhine Gael (1933-1937) é. Chaith sé tréimhsí ina Aire Gnóthaí Eachtracha agus ina Aire Cosanta i rith an ama sin. Ba Sheanadóir de chuid Fhine Gael é ón mbliain 1938 go dtí 1943 ('Fitzgerald, Desmond'). 2252

Meaircibhits, Cúnt (féach freisin: Marcaibhits, An Banchúnt; Mearcathbhait, Banchúnt; **Mearcithbhits, An Bheanchúin**). 335

Mearcathbhait, Banchúnt (féach freisin: Marcaibhits, An Banchúnt; Meaircibhits, Cúnt; **Mearcithbhits, An Bheanchúin**). 1839

Mearcithbhits, An Bheanchúin (Markievicz née Gore-booth, Constance) (1868-1927) (féach freisin: Marcaibhits, An Banchúnt; Meaircibhits, Cúnt; Mearcathbhait, Banchúnt). Ba thiarnaí talún iad muintir Gore-booth agus tógadh Constance ar a n-eastát, Lissadel, atá suite i gCo. Shligigh. Phós sí cunta Polannach darbh ainm Casimir Dunin-Markievicz i bPáras sa bhliain 1900 agus chuir siad fúthu i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1903. Chuaigh Constance ina ball de Shinn Féin sa bhliain 1908 agus chuir sí Fianna Éireann ar bun an chéad bhliain eile, 1909. Chuaigh sí ina ball d'Arm Cathartha na hÉireann sa bhliain 1913 agus throid sí i Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn i rith Éirí Amach na Cásca. Gabhadh í tar éis theip na réabhlóide sin agus coimeádadh i bpríosún go dtí Meitheamh 1917 í. Ba Theachta Dála de chuid Shinn Féin (1918-1922 agus 1923-1927) agus de chuid Fhianna Fáil (1927) í. B'í an tAire Saothair í ó 1919 go dtí 1922 ('Markievicz, Constance née Gore-booth'; 'Markievicz, Countess Constance née Gore-booth'). 904

Meilbhil (Melville, Herman 1819-1891). Úrscéalaí ó Nua-Eabhrac ab ea Herman Melville. Tá clú agus cáil ar chuid mhaith úrscéalta dá chuidsean ar fud an domhain, ina measc, *Typee: or a Peep at Polynesian Life* (1846), *Redburn: His First Voyage* (1849) agus *Moby Dick, or, The Whale* (1851) ('Hermann Melville'). 1945, 1951

Mhac Éochach, Sean (Keogh, Seán) (féach freisin: Mac Ceochach, Sean; Mac Eochach; Mac Eochach, seanSeán; Ó Ceócháin, Seán; Seán). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Seán Keogh. Thugtaí ‘Old Keogh’ mar leasainm air. (Campbell, Dialann 2 5x6x23 51v agus 24x6x23 63r). 1778, 1779

Micheál (féach freisin: **Mac Cill Roigh, Mícheal**; Mac Giolla Ríogh, Micheál). 3340

Mo Dhuine (féach freisin: B agus E; H agus E; Fear Na Fuinneóige; Ó F.; tUbh, An; Uí Fh., Mac). 4304, 4344, 4357, 4424, 5338

Moirtíseach, An. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea an Moirtíseach (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 12x9x23 69r). 5455, 5460

Mópasang (de Maupassant, Henry-René-Albert-Guy ‘Guy’, 1850-1893). Scríbhneoir ón bhFrainc ab ea Guy de Maupassant agus is minic a deirtear anois gurbh é an gearrscéalaí Francach ab fhearr riamh. Is saothair iomráiteacha dá chuidsean iad *La Maison Tellier* (1881), *Mademoiselle Fifi* (1883) agus *Les Soeurs Rondoli* (1884) (‘Guy de Maupassant’). 4124

Móránach, An. Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea an Móránach (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 5x27x23 4). 1577

Mórdhach, An (féach freisin: Ó Mórdha, Seóirse; **Seóirse**). 1387, 1390

Mo rúnaire (féach freisin: **Teadhlar**; Teadhlarach, An; Teaghlar, Pádraig). 5638

Muireann (féach freisin: Maire; Ní Ch, M.; Ní Ch., Maire; Ní Cheallacháin, Maire; **Ní Cheallachain, Muireann**). 565, 579

Muiris (Ó Caomhánaigh, Muiris ‘Kruger’, 1894-1971). Deartháir de chuid Sheáin Óig ab ea Muiris Ó Caomhánaigh nó Kruger mar ab fhearr aithne air. Bhog sé go dtí na Stáit Aontaithe sa bhliain 1913 agus d’oibrigh sé mar oifigeach poiblíochta le linn dó a bheith ann. D’fhill sé abhaile ar Éirinn sa bhliain 1929 agus chuir sé teach aíochta ar bun i nDún Chaoin. Thugadh scoláirí, polaiteoirí, ealaíontóirí agus

scríbhneoirí cuairt ar ‘Krugers’ agus bhí cáil ar an teach aíochta sin ar fud na tíre (Breathnach agus Ní Mhurchú, ‘Caomhánach, Muiris’). 2828, 3252

Muiris (féach freisin: **Ó Conaire, Muiris**). 4076

Muirtís (féach freisin: Ó Raghallaigh, Seumas). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Seumas Ó Raghallaigh. Thugtaí ‘Muirtís’ mar leasainm air (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 12x3x23 60v). 5295, 5296

Naomh, An (féach freisin: **Colum Bánais, Naomh; C., Naomh**). 2431

Neans (féach freisin: C. D.; **Ceann Dubh**; Ní Theácháin, Neans). 1154, 1175, 2451, 2455, 2527, 2998, 3006, 3250, 3251

Neapoilean (Bonaparte, Napoléon, 1769-1821) (féach freisin: tImpire, An). Ceapadh Napoléon Bonaparte ina oifigeach in Arm na Fraince sa bhliain 1785. Rinneadh ginearál briogáidire de sa bhliain 1793 agus ainmníodh Príomh-Chonsal é tar éis *coup d'état* sa bhliain 1799. Rinne sé ionradh ar mhórán tíortha eile san Eoraip ina dhiaidh sin agus corónaíodh ina impire sa bhliain 1804 é. D'éirigh le Comhaontas na gComhghuaillithe é a shárú in Aibreán 1814 agus chuir siad iallach air an choróin a thabhairt suas. Dhíbrigh siad go hoileán Elba é, chomh maith. D'fhill sé ar an bhFrainc i Márta 1815 agus corónaíodh ina impire arís é. Briseadh ar a arm ag cath Waterloo i Meitheamh 1815, áfach, agus tugadh air an choróin a thabhairt suas arís. Díbríodh go dtí St. Helena, oileán beag atá suite san Aigéan Atlantach Theas, é ansin agus mhair sé ann go dtí go bhfuair sé bás sa bhliain 1821 ('Napoleon I'). 3817, 4371

Neóbhá (féach freisin: **Nóghá**). 2701

Ní Ch., C. (féach freisin: C.; **Cáit**; Ní Ch., Cáit; Ní Chathail, Cáit). 700, 1567

Ní Ch., Cáit (féach freisin: C.; **Cáit**; Ní Ch., C.; Ní Chathail, Cáit). 1588, 2093, 3502

Ní Ch, M. (féach freisin: Maire; Muireann; Ní Ch., Maire; Ní Cheallacháin, Maire; **Ní Cheallachain, Muireann**). 2092

Ní Ch., M. (féach freisin: **Máire**; Ní Chuagáin, Máire; Ní Chugáin, Maire). 3130

Ní Ch., Maire (féach freisin: Maire; Muireann; Ní Ch, M.; Ní Cheallacháin, Maire;
Ní Cheallachain, Muireann). 3502

Ní Chaomhánaigh, Neil. Duine de chol ceathracha Sheáin Óig ab ea Neil Ní
Chaomhánaigh (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x18x23 15r). 2669

Ní Chathail, Cáit (féach freisin: C.; **Cáit**; Ní Ch., C.; Ní Chathail, Cáit). 1229

Ní Cheallacháin, Maire (féach freisin: Maire; Muireann; Ní Ch, M.; Ní Ch., Maire;
Ní Cheallachain, Muireann). 1507, 4452

Ní Cheallachain, Muireann (O'Callaghan, Molly) (féach freisin: Maire; Muireann;
Ní Ch, M.; Ní Ch., Maire; Ní Cheallacháin, Maire). Bhíodh Molly O'Callaghan ag
cur litreacha agus beartán chuig Seán Óg le linn dó a bheith i bpríosún. Bhí cónaí
uirthi sna Stáit Aontaithe agus rinne Seán Óg suirí léi ar feadh tamaill nuair a bhí
cónaí air ann (Campbell, *Leabhar Nótaí* 69; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 5x11x23
2). 1229, 1568, 1588

Ní Chuagáin, Máire (féach freisin: **Máire**; Ní Ch., M.; Ní Chugáin, Maire). 2501

Ní Chugáin, Maire (féach freisin: **Máire**; Ní Ch., M.; Ní Chuagáin, Máire). 2348

Nic N., E (féach freisin: **E.**; Eibhlín). 1891

Ní Dhonnchadha, Máighréad. Bean éigin ó cheantar Phort Laoise ab ea Máighréad
Ní Dhonnchadha. Chuir Seán Óg aithne uirthi fad agus a bhí sé ag obair ann mar
mhúinteoir taistil de chuid Chonradh na Gaeilge agus rinne sé suirí léi ar feadh tamaill
ag an am sin (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x18x23 66). 1090

Ní Ghuinn, Máire (féach freisin: Ghunna Mac Giollabhrighde, Meadhb) (Gonne
MacBride, Maud, 1866-1953). Bhí Maud Gonne MacBride ar dhuine de na daoine a

chuir Inghinidhe na hÉireann ar bun sa bhliain 1900. Ghlac sí páirt san fheachtas in aghaidh an choinscríofa sa bhliain 1918 agus d'oibrigh sí ar son an 'White Cross' le linn Chogadh na Saoirse. Chuir sí in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus chuir sí 'The Women's Prisoners' Defence League' ar bun i rith an Chogaidh Chathartha. Chuir an eagraíocht seo agóidí ar siúl ar son na n-imtheorannaithe Poblachtacha agus thug siad cúnamh airgid dá dteaghlaigh. Imtheorannaíodh í in Eanáir 1923 ach scaoileadh amach í tar éis chúpla seachtaine. Thacaigh sí lena mac, Seán MacBride, Clann na Poblachta a chur ar bun sa bhliain 1946 ('Gonne MacBride, Maud'; 'MacBride, Maud Gonne'). 2017

Ní R., M (féach freisin: Ní Raghallaigh, Máire). Feidhmeannach éigin de chuid Chonradh na Gaeilge ab ea Máire Ní Raghallaigh. Scríobh Seán Óg chuici le linn dó a bheith sa ghéibheann ag iarraidh uirthi leabhair a chur chuige don rang Gaeilge a bhí á mhúineadh aige. Ní bhfuair sé rud ar bith uaithi, ámh (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x7x23 6r). 2080

Ní Raghallaigh, Máire (féach freisin: **Ní R., M**). 2398

Ní Sh, C. (Sheehan, Kathleen) (féach freisin: C; Caitlín). Bean éigin a raibh aithne ag Seán Óg uirthi ab ea Kathleen Sheehan. Bhí cónaí uirthi i Nua-Eabhrac agus chuir sé aithne uirthi nuair a bhí sé ina chónaí sa chathair sin (Campbell, Litir chuig Nancy Campbell 13x8x23 1). 2027

Ní Shuibhne, Máire (MacSwiney, Mary, 1872-1942). Deirfiúr de chuid Terence MacSwiney (1879-1920), a fuair bás i bPríosún Brixton ar 24 Deireadh Fómhair 1920 tar éis ceithre lá is seachtó a chaitheamh ar stailc ocrais, ab ea Mary MacSwiney. Bhí sí ar dhuine de na daoine a chuir Inghinidhe na hÉireann ar bun sa bhliain 1900. Chomh maith leis sin, bhí sí ar dhuine de na daoine a chuir Cumann na mBan ar bun sa bhliain 1914 agus bhí sí ina leasuachtarán ar an eagraíocht sin go dtí 1933. Chuaigh sí ina ball de Shinn Féin i 1917 agus bhí ról mór aici in atheagrú an pháirtí sin. Ba Theachta Dála de chuid an pháirtí sin í ó 1920 go dtí 1927. Chuir sí in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus bhí sí ina ball de Chomh-Aireacht na bPoblachtach i rith an Chogaidh Chathartha. Ghabh fórsaí an tSaorstáit í ar 4 Samhain 1922 agus cuireadh i bpríosún i Muinseo í. Chuaigh sí ar stailc ocrais

láithreach baill agus scaoil na húdaráis amach í ar 28 Samhain. Gabhadh arís í in Aibreán 1923 agus cuireadh i bpríosún i gCill Mhaighneann í. Chuaigh sí ar stailc ocrais láithreach baill arís agus scaoileadh amach ar 2 Bealtaine í tar éis naoi lá déag a chaitheamh ar an stailc ocrais ('MacSwiney, Mary'; McCoolle 184). 1815, 4707, 4713, 5172

Ní Theácháin, Neans (féach freisin: C. D.; **Ceann Dubh**; Neans). 2566, 3256

Nóghá (Naoi) (féach freisin: Neóbhá). De réir leabhar Geinisis (céad leabhar an tSean-Tiomna) rinne Dia cinneadh an domhan a scriosadh le díle toisc go raibh an cine daonna chomh truailithe. Thug Sé rabhadh d'fhear cóir amháin darbh ainm Naoi go scaoilfí tuile ar an domhan agus gheall Sé dó go sábhálfadh Sé Naoi agus teaghlach Naoi. D'ordaigh Sé do Naoi áirc a dhéanamh agus dhá cheann de gach ainmhí sa domhan, ceann fireann agus ceann baineann, a thabhairt leis san Áirc, rud a rinne sé. Gheall Dia do Naoi tar éis na Díle nach scriosfadh Sé an domhan arís agus chuir Sé bogha báistí sa spéir mar shiombal den chúnant seo ('Noah'). 1937

Nólánach, An (Nolan, an Captaen Seán 'Cap'). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Seán Nolan. Thugtaí 'Cap' mar leasainm air. B'as ceantar an Churraigh dó (Campbell, Dialann 2 24x6x23 64v). 1797

O. Duine de na póilíní airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea O (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x5x23 5r). 2313

O B (féach freisin: B, Captaen). Duine de na póilíní airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea an Captaen B. Bhíodh sé ag smuigleáil litreacha amach as an gcampa ar son Sheáin Óig (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x30x23 56v). 5142, 5161

O B., D. (féach freisin: Ó Braon, Dónal; **Ó Bruighin, Dómhnall**). 1218

O Baoláin (Boylan) (féach freisin: Baolánach, An; Bólánach, An). B'é Boylan Gobharnóir Bhaile an Stáin a Dó go dtí Iúil 1923 (Campbell, Dialann 2 9x7x23 74r). 1721, 3862

Ó Beoláin, Énrí (Boland, Harry, 1887-1922). Bhí Harry Boland ina bhall d'Óglaigh na hÉireann agus ghlac sé páirt in Éirí Amach na Cásca. Gabhadh é tar éis theip na réabhlóide sin agus coimeádadh sa ghéibheann go dtí Eanáir 1917 é. Ceapadh ina Rúnaí ar Shinn Féin ina dhiaidh sin é. Toghadh ina Theachta Dála de chuid an pháirtí sin é i Nollaig 1918. Chaith sé an tréimhse idir Bealtaine 1919 agus Nollaig 1920 ag tacú le hÉamon de Valera sna Stáit Aontaithe. Chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus rinneadh Stiúrthóir Oibríochtaí na bPoblachtach de ag tús an Chogaidh Chathartha. Chuir sé cogadh ar fhórsaí an tSaorstáit go dtí gur gortaíodh é sna Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath ar 31 Iúil 1922. Fuair sé bás in Ospidéal Naomh Uinsinn i mBaile Átha Cliath dhá lá ina dhiaidh sin ar 2 Lúnasa 1922 ('Boland, Harry'). 4331

Ó Brádaig, Tomás (féach freisin: Ó Brádaigh, T.). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Tomás Ó Brádaig. B'as ceantar Phort Laoise dó agus bhíodh aithne ag Seán Óg ar a athair nuair a bhíodh sé ag obair ann mar mhúinteoir taistil de chuid Chonradh na Gaeilge (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x10x23 9r). 1086

Ó Brádaigh, T. (féach freisin: **Ó Brádaig, Tomás**). 2522

Ó Braon, Dónal (féach freisin: O B., D.; **Ó Bruighin, Dómhnall**). 2785

Ó Breitheamhnaig, Seosaimh (féach freisin: B.; Breiteamhan; Mac B.; Mac B., S.; Mac Bh., S.; Mac Bhreathamhain, Seosaimh; Mac Bhreitheamhan, Seosaimh; **Mac Breiteamhain**; Mc B, S.; S.; Seósaimh). 5144

Ó Briain, Pádraig (féach freisin: Pádraig). Duine éigin ar an taobh amuigh a raibh aithne ag Seán Óg air ab ea Pádraig Ó Briain. B'as an Min Aird, Co. Chiarraí dó (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x21x23 45v). 4809

Ó Broin (féach freisin: **Ceann Camtha S.S. nuadh de mhuintir Bhroin**). 1919

Ó Broin, C. (Byrne, Christy) (féach freisin: Criostóir; Ó Broin, Criostóir). Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea Christy Byrne. B'é an 'Ceann Camtha' (i.

Ceannfort na bPríosúnach) é i rith na stailce ocras (Campbell, Dialann 2 7x5x23 47v; Hopkinson 269). 1602, 1721, 5448

Ó Broin, Criostóir (féach freisin: Criostóir; **Ó Broin, C.**). 4007, 4330, 4939

Ó Bruighin, Dómhnall (Breen, Daniel ‘Dan’, 1894-1969) (féach freisin: O B., D.; Ó Braon, Dónal). Chuaigh Dan Breen in Óglaigh na hÉireann sa bhliain 1914 agus bhí sé ina Oifigeach Ceannais ar Thrú Briogáid Thiobraid Árann i rith Chogadh na Saoirse. Chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus chuir sé cogadh ar fhórsaí an tSaorstáit i rith an Chogaidh Chathartha. Ba Theachta Dála de chuid Shinn Féin (1923-1927) agus de chuid Fhianna Fáil (1932-1965) é (‘Breen, Dan’; ‘Mr Dan Breen’). 904

Ó C (Kelly) (féach freisin: C., An; Ceallach, An). Duine de na póilíní airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea Kelly (Campbell, Dialann 2 29x8x23 120r). 2182, 2885, 4828, 4831

O C, P. (Clear, Paddy). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Paddy Clear (Campbell, Dialann 2 15x6x23 58r). 1353 (x2), 1895, 2294

Ó C, P (Cahill, Patrick ‘Paddy’ ??-1946) (féach freisin: Cathalach, An; Cathallach, An; Ó Cathaill, Pádraig; Saoiste, An). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Paddy Cahill. Chuaigh sé in Óglaigh na hÉireann sa bhliain 1914 agus bhí sé ina Oifigeach Ceannais ar Chéad Bhriogáid Chiarraí ó thús Chogadh na Saoirse go dtí go luath sa bhliain 1921. Cuireadh iallach air éirí as an ionad sin ag an bpointe sin i ngeall ar ghearáin a rinneadh faoi chaighdeán a cheannaireachta. Thóg Óglaigh na Briogáide gáir i gcoinne an ghnímh seo, áfach, agus ceapadh Cahill ina Oifigeach Ceannais ar Naoú Cathlán na Briogáide chun iad a shásamh. Chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus chuir sé cogadh ar fhórsaí an tSaorstáit go dtí gur gabhadh thart ar dheireadh an Chogaidh Chathartha é. Ba Theachta Dála de chuid Shinn Féin é ó 1921 go dtí 1927 (Dwyer 307, 330 agus 374; ‘Mr Patrick J. Cahill’). 2522

Ó C, R. (O'Connor, Rory, 1883-1922). Chuaigh Rory O'Connor ina bhall d'Óglaigh na hÉireann sa bhliain 1915 agus ghlac sé páirt in Éirí Amach na Cásca. B'é Stiúrthóir Innealtóireachta na nÓglach é le linn Chogadh na Saoirse. Chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus bhí sé ar dhuine de na Poblachtaigh a ghabh na Ceithre Cúirteanna in Aibreán 1922. Ghabh fórsaí an tSaorstáit é i ndiaidh ghéilleadh an gharastúin sin ar 30 Meitheamh agus cuireadh sa ghéibheann i Muinseo é. D'fheallmharraigh roinnt Poblachtach Seán Hales, Teachta Dála a thacaigh leis an gConradh Angla-Éireannach, ar 7 Nollaig 1922. Cuireadh O'Connor, Liam Mellows, Joe McKelvey agus Richard Barret chun báis an chéad lá eile, 8 Nollaig 1922, chun na Poblachtaigh a chur ó fheallmharaithe eile a dhéanamh. Tógadh gáir ar fud na hÉireann in aghaidh an ghnímh seo (White). 684

O C, S. (féach freisin: Bárd, An; Cathmhaoileach, An; **File, An**; Mac C., S; Mac Cathmhaoil, Seósaimh; Mc C., S; (McC), Seósaimh; Ó Cathmhaoil, S; Ó Cathmhaoil, Seósaimh; S.; Seosaimh). 534, 540, 608

Ó C, S. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea S Ó C (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 3x29x23 35). 535, 550

Ó C, T. Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea T. Ó C (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 8x18x23 nó 8x19x23 5r). 2089

Ó C, T. Ní féidir a rá go deimhneach cérbh é T. Ó C. D'fhéadfadh sé gurbh é duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig é nó d'fhéadfadh sé gur dhuine éigin ar an taobh amuigh a raibh aithne ag Seán Óg air é (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 8x18x23 nó 8x19x23 5r). 2089

Ó Cathaill, Pádraig (féach freisin: Cathalach, An; Cathallach, An; **Ó C, P**; Saoiste, An). 4116

Ó Cathasaigh, Pádraig. Duine éigin ó cheantar Dhún Chaoin a raibh aithne ag Seán Óg air ab ea Pádraig Ó Cathasaigh. Bhí sé cailte le tamall faoin am a chuir Seán Óg tús lena dhialann (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x22x23 8v agus 10x26x23 20r). 3440, 3690

Ó Cathmhaoil, S (féach freisin: Bárd, An; Cathmhaoileach, An; **File, An**; Mac C., S; Mac Cathmhaoil, Seósaimh; Mc C., S; (McC), Seósaimh; Ó C, S.; Ó Cathmhaoil, Seósaimh; S.; Seosaimh). 467

Ó Cathmhaoil, Seósaimh (féach freisin: Bárd, An; Cathmhaoileach, An; **File, An**; Mac C., S; Mac Cathmhaoil, Seósaimh; Mc C., S; (McC), Seósaimh; Ó C, S.; Ó Cathmhaoil, S; S.; Seosaimh). 443

Ó Ceallaig (Kelly, Tom). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Tom Kelly (Campbell, Dialann 2 22x8x23 113v). 5189

Ó Cearbhaill (Carroll, Mr.). B'as Dún Dealgan don Uasal Carroll. Thug sé féin agus Sir Thomas Macardle cuairt ar Chóidiútar Ardeaspag Ard Mhacha, an Dr. Patrick O'Donnell, tráthnóna 22 Samhain 1923 chun plé a dhéanamh ar chás na stailceoirí ocrais. Léigh Seán Óg cóip den litir a chuir an Dr. O'Donnell chuig Sir Thomas i ndiaidh an chruinnithe sin in 'The Freeman's Journal' ar 24 Samhain ('Archbishop's Plea'). 4929

O Cearbhaill, Tomás (féach freisin: Tomás). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Tomás O Cearbhaill. Ábhar dochtúra ab ea é agus is cosúil gur oibrigh sé mar dhochtúir in ospidéal Bhaile an Stáin a Dó (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 5x3x23 82). 1313

Ó Ceócháin, Seán (féach freisin: Mac Ceochach, Sean; Mac Eochach; Mac Eochach, seanSeán; **Mhac Éochach, Sean**; Seán). 5139

Ó Cinnéide, Réamann. Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea Réamann Ó Cinnéide (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x21x23 45r-45v). 4806, 5013

Ó Cinnéide, Seán (Kennedy, Seán) (féach freisin: Seán). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Seán Kennedy. B'as Trá Lí dó (Campbell, Dialann 2 9x8x23 100r). 1746, 3236

Ó Cocaláin, Easbog (féach freisin: **Cochaláin, An Dr.**; Easbog Corcaighe). 4455

Ó Coillte, Maor (féach freisin: **Ó Cuill, Seárgaint**). 5523

Ó Conaire, Muiris (féach freisin: Muiris). Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea Muiris Ó Conaire (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x31x23 9v). 3928, 4074, 4144

Ó Connail, Seán. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Seán Ó Connail (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x20x23 4r). 3320

O Conncabhair, Daithí. Is cosúil go raibh baint éigin ag Daithí O Conncabhair leis an eagraíocht Ghael-Mheiriceánach ‘The Friends of Irish Freedom’. Dealraíonn sé gur thug sé cuairt ar Éirinn am éigin roimh olltoghchán Lúnasa 1923 agus go ndeachaigh sé i mbun feachtais ar son Chumann na nGaedheal ag an bpointe sin (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 8x13x23 2r). 2020

Ó Connchabhair, Eumonn. Duine de chairde Sheáin Óig ar an taobh amuigh ab ea Eumonn Ó Connchabhair (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x18x23 1v). 3234, 5612

Ó Conngaile, S. (Connolly, James, 1868-1916). Sóisialach agus ceardchumannach ab ea James Connolly. Chuir sé féin agus an Captaen James (Jack) White Arm Cathartha na hÉireann ar bun ar 13 Samhain 1913 chun cosaint a dhéanamh ar na hoibríthe i rith an Fhrithdhúnta Mhóir. Chuaigh sé i gceannas ar an arm sin nuair a chuir James Larkin faoi i Meiriceá i nDeireadh Fómhair 1914. Fuair sé amach in Eanáir 1916 go raibh Óglaigh na hÉireann ag déanamh pleananna réabhlóid a chur ar siúl agus gheall sé tacaíocht a thabhairt dóibh. Ceapadh ina cheannasaí ar na fórsaí Poblachtacha ansin é toisc gur chaith sé tréimhse in Arm na Breataine. Gabhadh é tar éis theip na réabhlóide ar 29 Aibreán agus chuir scud lámhaigh chun báis é i gCill Mhaighneann ar 12 Bealtaine 1916 (‘Connolly, James’; Leask). 1720

Ó Críocháin (Creighton). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Creighton (Campbell, Litir chuig Nancy Campbell 21x10x23 4r.). 4201

Ó Cuill, Seán. B'Íosánach é Seán Ó Cuill agus is cosúil go mbíodh sé gníomhach ar son chúis na Gaeilge (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 8x18x23 nó 8x19x23 5r). 2081, 2399

Ó Cuill, Seárgaint (Woods, James, 1901-1923) (féach freisin: Ó Coillte, Maor). Maraíodh an Sáirsint James Woods, arbh as Lios Dúin Bhearna, Co. an Chláir dó, i rith foghla ar bheairic an Gharda Shibhialta i Scairteach an Ghlinne, Co. Chiarraí ar 4 Nollaig 1923. Ghlac seisear fear armáilte a bhí ag caitheamh masc páirt san fhoghail sin. Lámhach roinnt saighdiúirí de chuid Arm an tSaorstáit Cornelius Horan an chéad lá eile (5 Nollaig) agus mharaigh siad Tom Brosnan dhá lá i ndiaidh na foghla (6 Nollaig) i ndíoltas ar mharú Woods. Fuarthas ceannaire an ghrúpa, an Leifteanant Jeremiah Gaffney, ciontach as Brosnan a mharú agus crochadh ar 14 Márta 1924 é ('Gaffney'; 'Lieutenant Gaffney'; Mac Eoin 89). 5384

Ó D., P. (Daly, Frank) (féach freisin: Ó Dálaigh, P.; Ó Dálaigh, Próinsias; P). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Frank Daly. Bhí a dheartháir, Paddy, ina mhaorghinearál in Arm an tSaorstáit i rith an Chogaidh Chathartha (Campbell, Dialann 2 21x4x23 37r; 'Daly, Frank'). 1222, 1353

Ó D., P (féach freisin: Ó Dálaig, Pádraig; **Ó Dálaigh, Padraig**). 2398

Ó Dálaig, Pádraig (féach freisin: Ó D., P.; **Ó Dálaigh, Padraig**). 5200

Ó Dálaigh, P. (féach freisin: **Ó D., P.**; Ó Dálaigh, Próinsias; P). 2432, 3948

Ó Dálaigh, Padraig (féach freisin: Ó D., P; Ó Dálaig, Pádraig). B'Íosánach é Padraig Ó Dálaigh agus is cosúil go mbíodh sé gníomhach ar son chúis na Gaeilge (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 8x18x23 nó 8x19x23 5r). 2081, 3557

Ó Dálaigh, Próinsias (féach freisin: **Ó D., P.**; Ó Dálaigh, P.; P). 731

Ó Déasaigh, Liam (Deasy, Liam, 1896-1974) (féach freisin: Ó Díosaig). Chuaigh Liam Deasy in Óglaigh na hÉireann tamaillín tar éis Éirí Amach 1916 agus bhí sé ina Aidiúnach ar Chathlán Dhroichead na Bandan faoi thús Chogadh na Saoirse.

Ceapadh ina Aidiúnach ar Thríú Briogáid Chorcaí é i Lúnasa 1919 agus toghadh ina oifigeach ceannais ar an mbriogáid sin é i Márta 1921. Ceapadh ina Oifigeach Ceannais ar Chéad Rannán an Deiscirt é i Márta 1922. Chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus chuir sé cogadh ar fhórsaí an tSaorstáit go dtí gur gabhadh i dTigh an Churraigh, Tiobraid Árann, é ar 18 Eanáir 1923. Gearradh breith an bháis air ach cuireadh an bhreith sin ar ceal nuair a thug sé le fios do na húdaráis go raibh fonn air iarraidh ar a chomrádaithe deireadh a chur leis an gcogadh toisc gur chreid sé go raibh sé díomhaoin cloí leis. Níor tugadh mórán airde ar a iarratas, áfach, agus cháin cuid dá iarchomrádaithe go géar é as. Cuireadh cúirt airm air i 1924 agus cuireadh as na hÓglaigh é (Kearns). 1052

Ó Deirg, Tomás (1897-1956). Chuir Tomás Ó Deirg complacht de na hÓglaigh ar bun i gColáiste Ollscoile na Gaillimhe agus é fós ina mhac léinn. Bhí sé ina Cheannfort ar Bhriogáid Chathair na Mart/Bhriogáid Mhaigh Eó Thiar i rith Chogadh na Saoirse. Chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus b' é Ardaidiúnach Cúnta Liam Lynch (Ceann Foirne na bhFórsaí Poblachtacha) é go dtí gur gabhadh in Aibreán 1923 é. Chaith sé tréimhsí sa ghéibheann i Muinseo agus i gCill Mhaighneann ina dhiaidh sin. Eisean agus David L. Robinson a chuaigh go dtí na hionaid imtheorannaithe eile chun an cás a phlé leis na stailceoirí ocras eile nuair a rinne ceannairí phríosúnaigh Cill Mhaighneann cinneadh deireadh a chur leis an stailc ocras ar 23 Samhain 1923. Ba Theachta Dála de chuid Shinn Féin (1920-1922) agus de chuid Fhianna Fáil (1927-1954) é. Chaith sé tréimhsí ina Aire Oideachais, ina Aire Poist agus Telegrafa, agus ina Aire Tailte i rith an ama sin (Breathnach agus Ní Mhurchú, 'Ó Deirg, Tomás'; 'Derrig, Tomás'; Hopkinson 269). 4875, 4934

Odhránach, An (Horan, Cornelius 'Con'). Tháinig fear armáilte go dtí teach Mrs O'Connor i Scairteach an Ghlinne, Co. Chiarraí ag a sé a chlog ar maidin 5 Nollaig 1923 agus d'ordaigh sé don chúigear fear a bhí ina gcodladh ann dul amach go dtí an ngairdín, áit a raibh fir eile ag fanacht leo. Lámhachadh duine acu, Con Horan, sa droim ansin ach d'éirigh leis an gcúigear fear éalú tríd na páirceanna ina ainneoin sin. Rinne saighdiúirí in Arm an tSaorstáit an t-ionsaí seo i ndíoltas ar mharú James Woods, Gárda Sibhialta a dúnmharaíodh i rith foghla ar Bheairic Scairteach an Ghlinne an lá roimhe sin (4 Nollaig 1923). Mharaigh an grúpa céanna fear óg darbh ainm Tom Brosnan i Scairteach an Ghlinne dhá lá i ndiaidh na foghla (6 Nollaig),

chomh maith. Gabhadh seisear saighdiúir agus oifigeach amháin de chuid Arm an tSaorstáit i dTrá Lí ar 13 Nollaig 1923 as Brosnan a mharú. Fuarthas beirt acu, Jeremiah Gaffney agus Denis Leen, ciontach as Brosnan a dhúnmharú i mí na Feabhra 1924 agus gearradh breith an bháis orthu. Crochadh Gaffney ar 13 Márta 1924. Cuireadh breith báis Leen ar ceal, áfach, mar d'admhaigh Gaffney sular cuireadh chun báis é gur bhagair sé go lámhachfadh sé Leen mura lámhachfadh Leen Brosnan ('Affray'; 'Gaffney'; 'Lieutenant Gaffney'; Mac Eoin 89-96). 5522

Ó Díomsaigh, Seán (Dempsey, William Harrison 'Jack', 1895-1983). Dornálaí ó Colorado sna Stáit Aontaithe ab ea Jack Dempsey. Bhuaigh sé ar Jess Willard, curadh domhanda sa dornálaíocht trom-mheáchain, nuair a chuaigh an bheirt acu i gcomhrac le chéile don teideal ar 4 Iúil 1919. Níor baineadh an teideal de go dtí gur bhuaigh Gene Tunney air ar phointí ar 23 Meán Fómhair 1926. Lean sé ar aghaidh ag dornálaíocht go dtí 1940 ach ní raibh sé ina churadh domhanda arís ina dhiaidh sin. Bhí an comhrac idir Dempsey agus Luis Angel Firpo a cuireadh ar siúl ar 14 Meán Fómhair 1923 ar cheann de na comhraic ba cháiliúla inar throid sé. Bhuaigh Firpo amach as an gcró sa chéad bhabhta é ach chuir Dempsey codladh púicín ar Firpo sa dara babhta ('Jack Dempsey'). 2606

Ó Díosaigh (féach freisin: **Ó Déasaigh, Liam**). 1755

Ó Domhnaill, An Dochtuir Diadha (O'Donnell, Patrick, 1856-1927). Oirníodh Patrick O'Donnell sa bhliain 1880 agus ceapadh ina Easpag ar Ráth Bhoth é in 1888. Bhí sé go láidir ar son an Rialtais Dúchais agus b'é séiplíneach neamoifigiúil Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann ar feadh na mblianta é. Rinneadh Cóidiútar Ardeaspag Ard Mhacha de i Nollaig 1921. Ainmníodh Ardeaspag Ard Mhacha é i Nollaig 1924 agus rinneadh cairdinéal de i Nollaig 1925 ('O'Donnell, Patrick.'). 4928

Ó Droighneáin, Máirtín (féach freisin: Máirtín). Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea Máirtín Ó Droighneáin (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 6x15x23 10r). 1742

Ó Dubhthaig (Duffy, George Gavan, 1882-1951). Chuaigh George Gavan Duffy ina bhall de Shinn Féin timpeall na bliana 1917 agus toghadh ina Theachta Dála de chuid

an pháirtí sin é an chéad bhliain eile, 1918. Bhí sé ar dhuine de na lánchumhachtaigh a chuir an Conradh Angla-Éireannach i gcrích le Rialtas na Breataine i Londain idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 1921. Cheap an Rialtas Sealadach ina Aire Gnóthaí Eachtracha é in Eanáir 1922. D'éirigh sé as an bpost sin in Iúil na bliana sin, áfach, mar agóid in aghaidh díbhe na gCúirteanna Dála. Cháilligh sé mar dhlíodóir sa bhliain 1907 agus chuaigh sé leis an dlí arís ó 1923. Rinneadh abhcóide sinsir de sa bhliain 1929 agus ceapadh ina Bhreitheamh de chuid na hArdchúirte é sa bhliain 1936. Rinneadh Uachtarán na hArdchúirte de i 1946 ("Consuls" Functions'; G. Hogan). 1844

Ó Duinneachaigh, T. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea T. Ó Duinneachaigh. B'as Corcaigh dó (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x21x23 8r). 3412

Ó Duinnín, An tAthair (Ó Duinnín, An tAthair Pádraig, 1860-1934). Úrscéalaí, iriseoir, eagarthóir agus foclóirí ab ea an tAthair Pádraig Ó Duinnín. Is é *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (1904) an saothar is cáiliúla agus is tábhachtaí dá chuidsean ('Dinneen, Rev. Patrick'). 1558, 2897, 3033

Ó F. (Finn, Val M.) (féach freisin: B agus E; H agus E; Fear Na Fuinneóige; Mo Dhuine; tUbh, An; Uí Fh., Mac). Duine de na póilíní airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea Val M. Finn. Thugtaí 'Ham and Eggs' mar leasainm air. Bhíodh sé ag smuigleáil litreacha agus beartán amach as an gcampa ar son Sheáin Óig (Campbell, Dialann 2 11x6x23 56v; Finn, Val M). 2922, 2966, 3813, 4044, 4828, 4834, 4856

Ó F., Tomas (féach freisin: Tomás). Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea Tomás Ó F (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x11x23 58). 862

Ó Fathaigh, Próinsias (Fahy, Francis 'Frank', 1879-1953). Chuaigh Frank Fahy ina bhall d'Óglaigh na hÉireann sa bhliain 1913 agus ghlac sé páirt in Éirí Amach 1916. Gabhadh é tar éis theip na réabhlóide sin agus coimeádadh sa ghéibheann go dtí 1918 é. Ba Theachta Dála de chuid Shinn Féin (1918-1927) agus de chuid Fhianna Fáil

(1927-1953) é. B'é Ceann Comhairle na Dála é ó 1932-1948 agus ó 1951-1953 (Ferriter agus White). 4715

Ó Fearghaill, Peadar. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Peadar Ó Fearghaill (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 12x3x23 61r). 5298

O Fearn, Leó (Ferns, Leo) (féach freisin: L.). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Leo Ferns. Cúntóir dochtúra in ospidéal Bhaile an Stáin a Dó ab ea é (Campbell, Dialann 2 9x6x23 54r). 1314

Ó Fionnmhacáin, Maitias (féach freisin: Mac Fionnmacháin, Maitias; **Maitias**; Maitiú). 4432, 4582

Ó Fógartaigh, Easbog (Fogarty, Michael, 1859-1955). Oirníodh Michael Fogarty sa bhliain 1885 agus rinneadh Easpag Chill Dalua de sa bhliain 1904. Náisiúnach ab ea é agus thacaigh sé go poiblí le Sinn Féin ó 1917 i leith. Rinne na Póilíní Cúnta iarracht é a mharú ar 3 Nollaig 1921 i ngeall air seo. Dála na n-easpag Caitliceach ar fad, thacaigh sé leis an gConradh Angla-Éireannach ('Fogarty, Michael'). 2141

Ó Foghladha, Criostóir (féach freisin: Criostóir; O Foghludha, Criostóir). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Criostóir Ó Foghladha. B'as Ráth Luirc, Co. Chorcaí, dó (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 12x9x23 69v). 5265, 5299, 5458, 5591, 5633 (x2)

Ó Foghladha, Seumas (féach freisin: Seumas). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Seumas Ó Foghludha. B'é an 'Leascheann Camtha' (.i. Leascheannfort na bPríosúnach) é i rith na stailce ocrais (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x4x23 16r). 4098, 4882

O Foghludha, Criostóir (féach freisin: Criostóir; **Ó Foghladha, Criostóir**). 3237, 5183

Ó G., S. (féach freisin: Ó Grádaigh, S.; **Ó Grádaigh, Steaindis**). 3219

Ó Gháibhtheacháin (féach freisin: t-iospán, An). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Ó Gháibhtheacháin. Thugtaí ‘an tIospán’ mar leasainm air (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 12x13x23 74v). 5634

Ó Gormfhliath, Seán (Gormley, Seán). Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea Seán Gormley. B’ é an ‘Ceann Camtha’ (.i. Ceannfort na bPríosúnach) é ar feadh tamaill i mí na Bealtaine 1923 (Campbell, Dialann 2 31x7x23 91r; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 5x15x23 3). 1536

Ó Grádaigh, S. (féach freisin: Ó G., S.; **Ó Grádaigh, Steaindis**). 3533

Ó Grádaigh, Steaindis (O’Grady, Standish James, 1846-1928) (féach freisin: Ó G., S.; Ó Grádaigh, S.). Scríbhneoir ó Cho. Chorcaí ab ea Standish James O’Grady. Tharraing sé ar stair na hÉireann agus ar mhiotaseolaíocht na tíre sin go minic ina chuid scríbhneoireachta. Bhí tionchar mór ag saothair dá chuidsean ar nós, *History of Ireland: The Heroic Period* (1878-1881), *Finn and his Companions* (1892) agus *The Bog of Stars and Other Stories* (1893), ar scríbhneoirí na hAthbheochana Liteartha (‘O’Grady, Standish James’). 791

Ó Gríbhthín, Seoirse (Griffin, G.). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Seoirse Ó Gríbhthín (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x2x23 40). 667

Ó Gribhthín, Seósaimh (Griffin, Joseph). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Joseph Griffin. Bhí sé ina bhall de Choiste na nÓglach i rith an Chogaidh Chathartha agus chuir sé cogadh ar fhórsaí an tSaorstáit go dtí gur gabhadh sna Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath é ar 31 Iúil 1922 (Campbell, Dialann 2 24x6x23 63r; ‘Griffin, Joseph’). 4114, 4331

Ó Gríobtha, Art (Griffith, Arthur, 1871-1922). Chuir Arthur Griffith an páirtí polaitiúil Sinn Féin ar bun sa bhliain 1905. An aidhm a bhí ag an bpáirtí seo go gcuirfí parlaimint ar bun i mBaile Átha Cliath faoi mhonarcacht Shasana. Thacaigh sé le hÓglaigh na hÉireann ó cuireadh ar bun iad sa bhliain 1913. Cé nár ghlac sé páirt in Éirí Amach na Cásca cuireadh sa ghéibheann é tar éis theip na reabhlóide sin. D’éirigh Griffith as Uachtaránacht Shinn Féin i nDeireadh Fómhair 1917 agus

ceapadh Éamon de Valera sa phost sin ina áit. Toghadh Griffith ina fheisire de chuid an pháirtí sin níos déanaí an bhliain chéanna agus atoghadh in olltoghchán 1918 é. Toghadh ina Leas-Uachtarán é nuair a cuireadh Dáil Éireann ar bun ar 21 Eanáir 1919. Eisean a bhí i gceannas ar an toscaireacht a thug an Conradh Angla-Éireannach i gcrích le Rialtas na Breataine i Nollaig 1922. Ghlac an Dáil leis an gConradh ar 7 Eanáir 1922 tar éis dhíospóireachta fada seirbhe. D'éirigh de Valera as an Uachtaránacht ina dhiaidh sin agus toghadh Griffith sa phost sin ina áit. Fuair Griffith bás go tobann ar 12 Lúnasa 1922 ('Griffith, Arthur'). 69, 413

Ó hA., E. (féach freisin: Eudhmann; Eudhmonn; Mach an Artaig, Eudhmann; Mac Innreachtaigh, Eumon; **Ó hAnrachtaig, Eudmonn**). 1207

Ó hAiniféin, Connabhar (féach freisin: **Connabhar**; Connchabhar). 5539

Ó hAirt (Harte) (féach freisin: Ó hArt). Duine de na póilíní airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea Harte. B'as Baile an Mhóta, Co. Shligigh dó (Campbell, Dialann 2 19x8x23 110r; Campbell, Leabhar Nótaí 10175 49). 2531, 5647, 5648

Ó hAnrachtaig, Eudmonn (Enright, Eamonn) (féach freisin: Eudhmann; Eudhmonn; Mach an Artaig, Eudhmann; Mac Innreachtaigh, Eumon; Ó hA., E.). Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea Eamonn Enright. B'é an 'Ceann Camtha' (.i. Ceannfort na bPríosúnach) é ó 8 Aibreán go dtí tús mhí na Bealtaine. Aistríodh go dtí Muinseo ag an bpointe sin é (Campbell, Dialann 2 8x4x23 22r agus 30x4x23 43v; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 12x12x23 74r). 712, 886

Ó hAodha, Leiftintint. Duine de na póilíní airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea an Leifteanant Ó hAodha (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x5x23 5r). 2313

Ó hArt (féach freisin: **Ó hAirt**). 2233

Ó hU., C. (féach freisin: **hUigíneach, An**; Ó hUigín, C.; Ó hUiginn). 1609, 1632

Ó hU, P. (Houlihan, Paddy) (féach freisin: O hUallacháin, P.; O hUallacháin, Padraig; Pádraig). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Paddy Houlihan. B'as an Daingean, Co. Chiarraí dó (Ó hUallacháin). 263, 327, 361, 786, 2219

O hUallacháin, P. (féach freisin: **Ó hU, P.**; O hUallacháin, Padraig; Pádraig). 198, 4326

O hUallacháin, Padraig (féach freisin: **Ó hU, P.**; O hUallacháin, P.; Pádraig). 823

Ó hUigín, C. (féach freisin: **hUigíneach, An**; Ó hU., C.; Ó hUiginn). 1839

Ó hUiginn (féach freisin: **hUigíneach, An**; Ó hU., C.; Ó hUigín, C.). 4884

Ó L., An t-athr. Is cosúil gurbh é an tAthair Ó L. sagart paróiste Dhún Chaoin, ceantar dúchais Sheáin Óig, ag an am a raibh a dhialann á coimeád ag Seán Óg (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x23x23 2v). 2738

Ó L., D. (Lynch, Diarmuid, 1878-1950). Chuaigh Diarmuid Lynch isteach i mBráithreachas Phoblacht na hÉireann sa bhliain 1907 agus ceapadh ina bhall d'Ard-Chomhairle an Bhráithreachais é sa bhliain 1911. Throid sé in Ard-Oifig an Phoist i rith Éirí Amach na Cásca. Gabhadh é tar éis theip na réabhlóide sin ar 29 Aibreán 1916 agus cuireadh sa ghéibheann i Sasana é. Scaoileadh amach Lynch i Meitheamh 1917 ach dhíbir na húdaráis as Éirinn go gairid ina dhiaidh sin é agus chuir sé faoi sna Stáit Aontaithe. Chuaigh sé ina bhall de 'The Friends of Irish Freedom' ansin agus b'é rúnaí náisiúnta na heagraíochta sin é ó 1918 go dtí 1932 ('Lynch, Diarmuid'). 2020

O L., P. (féach freisin: Ó Leathlabhair, Pádraig; Ó Leathlobhair; **Ó Leathlobhair, P.**; Ó Leathlobhair, Padraig). 2907

Ó L., S. (féach freisin: Lonargánach, An; **Ó Lonargáin, Seán**; Ó Lorgáin, Sean; Seán). 2518, 2522

Ó Laogóg, an Cairdinéal (Logue, Michael) (1840-1924). Oirníodh Michael Logue sa bhliain 1866 agus ceapadh ina Easpag ar Ráth Bhoth é sa bhliain 1879. Rinneadh Ardeaspag Ard Mhacha de sa bhliain 1888 agus rinneadh cairdinéal de in 1893. Thug sé tacaíocht do Shinn Féin go dtí go ndeachaigh an páirtí sin i muinín an fhornirt. Thacaigh sé leis an gConradh Angla-Éireannach agus cháin sé na Poblachtaigh go hardghlórach i rith an Chogaidh Chathartha ('Logue, Michael'). 3135, 4694

Ó Laoi, Seumas. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Seumas Ó Laoi. Chaith sé tamall ina chónaí i Nua-Eabhrac, áit a raibh sé ina bhainisteoir ar an óstán cáiliúil 'The Waldorf Astoria'. Chuir Seán Óg aithne air nuair a bhí cónaí ar Ó Laoi sa chathair sin (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x24x23 12r). 3321, 3488, 4328

Ó Leathlabhair, Pádraig (féach freisin: O L., P.; Ó Leathlobhair; **Ó Leathlobhair, P.**; Ó Leathlobhair, Padraig). 4923

Ó Leathlobhair (féach freisin: O L., P.; Ó Leathlabhair, Pádraig; **Ó Leathlobhair, P.**; Ó Leathlobhair, Padraig). 352

Ó Leathlobhair, P. (Lawler, Paddy) (féach freisin: O L., P.; Ó Leathlabhair, Pádraig; Ó Leathlobhair; Ó Leathlobhair, Padraig). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Paddy Lawler (Campbell, Dialann 2 5x7x23 69v). 2097, 3103, 3911

Ó Leathlobhair, Padraig (féach freisin: O L., P.; Ó Leathlabhair, Pádraig; Ó Leathlobhair; **Ó Leathlobhair, P.**). 3242, 4700

Ó Liain, Aero (Lyons, Timothy 'Aero', 1895-1923). Bhí Aero Lyons ina Oifigeach Ceannais ar Dhara Cathlán Chiarraí i rith Chogadh na Saoirse. Chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus chuir sé cogadh ar fhórsaí an tSaorstáit go dtí gur gabhadh i Meán Fómhair 1922 é. Cuireadh sa ghéibheann i bPríosún Luimnigh é ansin. D'éalaigh sé ón bpríosún sin go luath i 1923 agus thosaigh sé ag dul i gcomhrac le fórsaí an tSaorstáit arís go gairid ina dhiaidh sin. Theanntaigh trúpanna Saorstátacha Lyons agus seisear Poblachtach eile i bpluais i gClais Maolchon ar 16 Aibreán 1923. Rinne beirt acu iarracht éalú ón bpluais an oíche sin ach thit siad den fhaill agus bháigh siad san fharraige. Ghéill na Poblachtaigh eile gan choinníoll do

lucht an tSaorstáit sa deireadh ar 18 Aibreán. Thosaigh na saighdiúirí ag tarraingt Lyons ón bpluais ar théad ansin. Bhris an téad, nó d'fhéadfadh sé gur gearradh é, nuair a bhain Lyons barr na faille amach agus thit sé ar na carraigeacha ar bhun na faille. Lámhachadh ansin é. Gabhadh an ceathrar Poblachtach eile ina dhiaidh sin agus cuireadh chun báis iad ar 25 Aibreán (Lynch 22; Ó Snodaigh). 1219

Ó Loingsigh, Liam (Lynch, Liam, 1893-1923) (féach freisin: L; Liam; Loingseach, An). Chuaigh Liam Lynch ina bhall d'Óglaigh na hÉireann thart ar an mbliain 1913 ach níor ghlac sé páirt in Éirí Amach 1916. D'éirigh sé i bhfad níos gníomhaí ar son na nÓglach ón am sin ar aghaidh, ámh. An toradh a bhí air seo gur toghadh ina Aidiúnach ar Chathlán Mhainistir Fhear Maí é i Meán Fómhair 1917. Ceapadh ina Oifigeach Ceannais ar Dhara Briogáid Chorcaí é in Eanáir 1919 agus toghadh ina Oifigeach Ceannais ar Chéad Rannán an Deiscirt é in Aibreán 1921. Chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus rinneadh Ceann Foirne na bhFórsaí Poblachtacha de i Márta 1922. Gortaíodh i gceantar Chnoc Mhaoldomhnaigh, Co. Thiobraid Árann é ar 10 Aibreán 1923 agus ghabh trúpanna Saorstátacha tamall ina dhiaidh sin é. Fuair sé bás in Ospidéal Chluain Meala níos déanaí an lá sin (W. Murphy). 868, 880, 890, 921, 929, 960, 1032, 1677

Ó Lonargáin, Seán (Lonergan, John) (féach freisin: Lonargánach, An; Ó L., S.; Ó Lorgáin, Sean; Seán). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea John Lonergan. B'as Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann dó (Campbell, Liosta Ainmneacha). 5163, 5266, 5465

Ó Lorgáin, Sean (féach freisin: Lonargánach, An; Ó L., S.; **Ó Lonargáin, Seán;** Seán). 3010

Ó Luain. Duine de na póilíní airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheáin Óg a bheith ann ab ea Ó Luain (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x11x23 9v). 2532

Ó Luinigh. Duine éigin ar an taobh amuigh a raibh aithne ag Seán Ó Ríoghbardáin (duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig) air ab ea Ó Luinigh (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x26x23 18v). 5567, 5568

Ó M. (féach freisin: **Ó Murchadha**). 3383

Ó Máille (féach freisin: **Dochtúir de mhuintir Mháille**). 4216

Ó Máille, Earnán (O'Malley, Ernest 'Ernie', 1898-1957). Bhí Ernie O'Malley ina bhall d'Óglaigh na hÉireann faoin mbliain 1916 agus ghlac sé páirt in Éirí Amach na Cásca. Gabhadh é tar éis theip na réabhlóide sin agus coimeádadh sa ghéibheann go dtí Meitheamh 1917 é. Ceapadh ina eagraí é ansin agus thaisteal sé ar fud na tíre ag eagrú na nÓglach i gceantair éagsúla go dtí Márta 1921. Ceapadh ina Cheannfort ar Dhara Rannán an Deiscirt é ag an bpointe sin. Chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus rinneadh Leascheann Foirne na bhFórsaí Poblachtacha de i nDeireadh Fómhair 1922. Gabhadh i dteach ar Bhóthar Ailesbury i mBaile Átha Cliath é ar 4 Samhain 1922. Lámhachadh os cionn fiche uair é le linn na troda agus ceapadh nach siúlfadh sé arís ar feadh tamaill. Coimeádadh sa ghéibheann é go dtí Iúil 1924. D'fhág sé Éire ina dhiaidh sin agus chaith sé thart ar dheich mbliana ag taisteal ar fud an domhain. Tá cáil ar an dá dhírbheathaisnéis a scríobh sé faoin tréimhse 1916-1923, *On Another Man's Wound* (1936) agus *The Singing Flame* (1978) ('O'Malley, Earnán'; 'O'Malley, Ernest (Ernie)'). 3901

Ó Maolchatha (féach freisin: Aire na Cosanta; M; Ó Maolchatha, R.; Ó Maolchatha, Risteárd; Ris.; **Risteárd**). 5018

Ó Maolchatha, R. (féach freisin: Aire na Cosanta; M; Ó Maolchatha; Ó Maolchatha, Risteárd; Ris.; **Risteárd**). 3842

Ó Maolchatha, Risteárd (féach freisin: Aire na Cosanta; M; Ó Maolchatha; Ó Maolchatha, R.; Ris.; **Risteárd**). 4460, 4934

Ó Maoldhomhnaig, Padraig. Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea Padraig Ó Maoldhomhnaig. B'as Ráth Luirc, Co. Chorcaí dó (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann *10x26x23* 18v). 3637

Ó Maolmhuire, Seán. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Seán Ó Maolmhuire (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 12x2x23 60r). 5271

Ó Mórdha, Seóirse (féach freisin: Mórdhach, An; **Seóirse**). 1365, 1384

O Muirgheasaigh. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea O Muirgheasaigh. B'as Brú Rí, Co. Luimnigh dó. Chuir Seán Óg aithne air nuair a bhí sé ag troid sa dúiche sin i mí Iúil 1922 (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x20x23 4r). 3319

Ó Murchadha (Murphy, an Captaen) (féach freisin: Ó M.). Duine de na póilíní airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheáin Óg a bheith ann ab ea an Captaen Murphy (Campbell, Dialann 2 6x8x23 95r). 3523, 3987, 5393

Ó Murchadha, Amhlaóibh (Murphy, Humphrey). Chaith Humphrey Murphy tréimhsí ina Mháistir Ceathrún agus ina Cheannfort ar Dhara Briogáid Chiarraí le linn Chogadh na Saoirse. Chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus bhí sé ina Oifigeach Ceannais ar Chéad Bhriogáid Chiarraí i rith an Chogaidh Chathartha ('Murphy, Humphrey' 72; 'Murphy, Humphrey' 180). 5385, 5521

O R. (Ryan, P.J.) (féach freisin: Pádraig). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea P.J. Ryan. B'é an 'Ceann Camtha' (.i. Ceannfort na bPríosúnach) é ar feadh tamaill. (Campbell, Dialann 2 21x4x23 37r; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 12x8x23 67r). 1478

Ó Raghallaigh, Seumas (féach freisin: **Muirtís**). 5295

O Reachtín (féach freisin: Ó Reachtín, S.; Ó Reachtín, Seumas; Seumas). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Seumas Ó Reachtín (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x11x23 9v). 2540

Ó Reachtín, S. (féach freisin: **O Reachtín**; Ó Reachtín, Seumas; Seumas). 2907

Ó Reachtín, Seumas (féach freisin: **O Reachtín**; Ó Reachtín, S.; Seumas). 5189

Ó Riain, An Dr. (Ryan, an Dr. James 1891-1970). Toghadh James Ryan ina Theachta Dála de chuid Shinn Féin sa bhliain 1919 agus atoghadh in olltoghchán 1921 é. Chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus bhí sé i gceannas ar an ospidéal sealadach a chuir an garastún Poblachtach ar bun sna Ceithre Cúirteanna. Gabhadh é nuair a ghéill an garastún sin do lucht an tSaorstáit ar 30 Meitheamh 1922 agus cuireadh sa ghéibheann i Muinseo é. Aistríodh go dtí Baile an Stáin a Trí am éigin ina dhiaidh sin é. Atoghadh ina Theachta Dála de chuid Shinn Féin é in olltoghchán 1923. Chuaigh sé ina bhall d’Fhianna Fáil nuair a cuireadh an páirtí sin ar bun i 1926 agus ba Theachta Dála de chuid an pháirtí sin é ó 1927 go dtí 1965. Chaith sé tréimhsí ina Aire Talmhaíochta, ina Aire Sláinte, ina Aire Leasa Shóisialaigh agus ina Aire Airgeadais i rith an ama sin. Ba Sheanadóir é ó 1965 go dtí 1969 (‘Dr James Ryan’; ‘Ryan, Dr James’). 2199

Ó Ríoghbhardáin (féach freisin: Chaplin, Charley; Ó Ríoghbhardáin, Seán; **Seán**). 353

Ó Ríoghbhardáin, Seán (féach freisin: Chaplin, Charley; Ó Ríoghbhardáin; **Seán**). 375, 676, 5537, 5567

Ó Rónáin breitheamh (Ronan, Stephen, 1848-1925). Glaodh Stephen Ronan chun an bharr sa bhliain 1870 agus rinneadh abhcóide na banríona de in 1880. Rinneadh Ardabhcóide na hÉireann de in 1892. B’ é Tiarna na nAchomharc é ón mbliain 1915 go dtí 1924 (Long). 1892

Ó S., M. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea M. Ó S. (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x21x23 1r). 2691

O S., S. (O’Sullivan Starkey, James, 1879-1958) (féach freisin: Bárd, An; Ó Súileabháin (Starkie), Seumas). File agus eagarthóir ab ea James O’Sullivan Starkey nó Seumas O’Sullivan mar ab fhearr aithne air. Foilsíodh ceithre bhailiúchán filíochta leis, *The Twilight People* (1905), *Verses: Sacred and Profane* (1908), *The Earth-Lover and Other Verses* (1909) agus *Requiem and Other Poems* (1917) sular ceapadh ina eagarthóir ar *The Dublin Magazine* é sa bhliain 1923. Chaith sé a dhúthracht leis

an iris sin agus le nua-fhilí a chur chun cinn as sin amach agus níor cuireadh mórán dánta eile leis i gcló (Burnham). 335, 411, 2533

Ó Séaghdha, An tAthair. Is cosúil go raibh an tAthair Ó Séaghdha ina shagart paróiste ar Chill Mocheallóg, Co. Luimnigh ag an am a raibh a dhialann á coimeád ag Seán Óg (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x22x23 8v). 3436

O Searcaigh. Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea O Searcaigh (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x23x23 3r). 2773

Ó Súilleabháin (Starkie), Seumas (féach freisin: Bárd, An; **O S., S.**). 407

Ó Súilleabháin, Aindrias (O'Sullivan, Andrew, 1885-1923). Imtheorannaí Poblachtach i Muinseo ab ea Andrew O'Sullivan. Chuaigh sé féin agus formhór na bpríosúnach eile sa phríosún sin ar stailc ocrais ar 13 Deireadh Fómhair 1923. D'éiligh siad go scaoilfí amach na himtheorannaithe ar fad gan choinníoll. Scaip an stailc ocrais go dtí na hionaid imtheorannaithe eile faoi luas ina dhiaidh sin agus bhí suas le 8,000 brá uirthi ar feadh tamaill. Fuair O'Sullivan bás ar 22 Samhain 1923 tar éis daichead lá a chaitheamh ar an stailc ocrais. Cuireadh deireadh leis an stailc ocrais sna hionaid imtheorannaithe ar fad an chéad lá eile, 23 Samhain ('End of strike'; Foley 40). 4947, 4998

Ó Súilleabháin, Dómhnaill (féach freisin: Dónal; **Ó Súilleabháin, Dónal**). 665

Ó Súilleabháin, Dónal (féach freisin: Dónal; Ó Súilleabháin, Dómhnaill). Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea Dónal Ó Súilleabháin (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 12x2x23 60r). 3234, 5278, 5297

Ó Súilleabháin, Mícheál. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Mícheál Ó Súilleabháin (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x20x23 44r). 4773

Ó Súilleabháin, Seán. Duine éigin ar an taobh amuigh a raibh aithne ag Seán Óg air ab ea Seán Ó Súilleabháin (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 5x8x23 1). 1462, 2353

Ó Toráin. Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea Ó Toráin (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 12x13x23 75r). 5642

Ó Tuama (féach freisin: **Fiadhaire, An**; Fiadhaire Feádha, An; Fiadhaire Feádha Dhún Sainge; Fiadhaire Feádha Tighearna Dhún Sainge; Fiadhaire Feádha Tighearna Dúna Sonnaig; Ó Tuama, Seumas; Tuamach, An). 5402

Ó Tuama, Seumas (féach freisin: **Fiadhaire, An**; Fiadhaire Feádha, An; Fiadhaire Feádha Dhún Sainge; Fiadhaire Feádha Tighearna Dhún Sainge; Fiadhaire Feádha Tighearna Dúna Sonnaig; Ó Tuama; Tuamach, An). 5399

P (féach freisin: **Ó D., P.**; Ó Dálaigh, P.; Ó Dálaigh, Próinsias). 734

Pabduibhe. Duine éigin ar an taobh amuigh a raibh aithne ag Seosamh Mac Cathmhaoil uirthi ab ea Pabduibhe (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x14x23 1r). 3094

Pádraig (féach freisin: **Ó hU, P.**; O hUallacháin, P.; O hUallacháin, Padraig). 2232, 2233

Pádraig (Ó Máille, Pádraig, c1876-1946). Chuaigh Pádraig Ó Máille isteach i Sinn Féin timpeall na bliana 1905 agus chuaigh sé ina bhall d'Óglaigh na hÉireann thart ar an mbliain 1913. Ghlac se páirt in Éirí Amach na Cásca. Gabhadh é tar éis theip na réabhlóide sin agus coimeádadh sa ghéibheann é go dtí 1917. Toghadh ina Theachta Dála de chuid Shinn Féin é sa bhliain 1918. Rinneadh Leas-Cheann Comhairle na Dála de nuair a cuireadh Dáil Éireann ar bun in Eanáir 1919. Thacaigh sé leis an gConradh Angla-Éireannach agus bhí sé i bhfochair Seán Hales nuair a mharaigh scata Poblachtach an Teachta Dála sin ar 7 Nollaig 1922. Gortaíodh an Máilleach i rith an ionsaithe sin. Cuireadh Rory O'Connor, Liam Mellows, Dick Barret agus Joe McKelvey chun báis gan triail an chéad lá eile, 8 Nollaig, i ndíoltas ar an ionsaí seo agus chun na Poblachtaigh a chur ó fheallmharaithe eile a dhéanamh. Bhí bá aige leis na daoine a bhí páirteach i gCeannairc an Airm i 1924 agus chuir sé in aghaidh an Chomaontais i dtaobh na Teorann i 1925. Chuir sé féin agus an tOllamh William Magennis páirtí nua poblachtach, Clann Éireann, ar bun sa bhliain 1926. Níor

atoghadh in olltoghchán 1927 é, ámh. Chaith sé tréimhsí ina Sheanadóir de chuid Fhianna Fáil sna 1930í agus sna 1940í (1934-1936, 1938, 1940-1946) (Breathnach agus Ní Mhurchú, ‘Ó Máille, Pádraig’; ‘Ó Máille, Pádraig’). 4211

Pádraig (féach freisin: Ó Bríain, Padraig). 4811

Pádraig (féach freisin: **O R.**). 5372

Paighlit (Pontias Píoláit, ??-c. 36). Cheap an tImpire Tibir Pontias Píoláit ina Ghobharnóir ar Iúdáia sa bhliain 26 agus d’fhan sé sa phost sin go dtí an mbliain 36. Eisean a bhí i gceannas ar thriail Íosa Críost agus a thug an t-ordú Íosa a chéasadh. Rinne na Samáraigh gearán faoi do Vitellius, Leagáid na Siria, sa bhliain 36 i ndiaidh do Phontias Píoláit ionsaí a dhéanamh orthu ar chnoc Gerizim. Ordaíodh do Phíoláit fillleadh ar an Róimh ionas go bhféadfaí triail a chur air as cruáil agus ansmacht. Tá traidisiún ann ón gceathrú haois gur chuir sé lámh ina bhás féin ar ordú an Impire Caligula timpeall na bliana 39 ach níl a fhios ag éinne an bhfuil aon fhírinne ann (‘Pontius Pilate’). 2051

Parker. Duine éigin ar an taobh amuigh a raibh aithne ag Seán Óg agus ag Seosamh Mac Cathmhaoil air ab ea Parker (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 3x7x23 29). 413

Peárnéalach, An (Parnell, Charles Stewart, 1846-1891). Bhí Charles Stewart Parnell ar dhuine de na daoine a chuir Conradh na Talún ar bun sa bhliain 1879. Toghadh ina uachtarán ar an eagraíocht sin é an bhliain chéanna. Chuir sé tús le feachtas mór ansin chun cás na dtionóntaí a chur i bhfeabhas. Rith Parlaimint na Breataine Achtanna Talún sna blianta 1881 agus 1882 i ngeall ar an bhfeachtas seo. Toghadh Parnell ina cheannaire ar Léig an Rialtais Dúchais in 1881 agus chuir sé an Léig Náisiúnta ar bun i nDeireadh Fómhair 1882 chun feachtas a chur ar siúl ar son an Rialtais Dúchais in Éirinn. Tugadh an Chéad Bhille Rialtais Dúchais isteach i bParlaimint na Breataine in Aibreán 1886 de bharr an fheachtais seo. Níor ritheadh an Bille, áfach. Vótáil 341 feisire ina aghaidh agus níor vótáil ach 311 acu ar a shon. Ina ainneoin sin bhí Parnell fós i mbarr a réime. Tógadh raic ina aghaidh nuair a ainmníodh mar chomhfhreagróir é i gcás idirscartha sa bhliain 1890. Bhuail na feisirí de chuid Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann le chéile ar 1 Nollaig 1890 chun an cás a phlé. An toradh a bhí air seo

gur scoilteadh an Páirtí ina dhá chuid. Thacaigh seacht bhfeisire is fiche le Parnell ach d'fhág ceathrar is daichead acu agus chuir siad a bpáirtí féin ar bun faoi cheannaireacht Justin McCarthy. D'éag Parnell go tobann ar 6 Deireadh Fómhair 1891 ('Parnell, Charles Stewart'). 2274

Peig (Uí Néill née Ní Caomhánaigh, Peig). Deirfiúr de chuid Sheáin Óig ab ea Peig Uí Néill (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x18x23 2r). 698, 1520, 2828, 3252, 4427

Peig (féach freisin: **Bairéad, Peig**). 4533, 4543, 5147

Peig beag (Ní Chaomhánaigh, Peig). Iníon de chuid Liam Uí Chaomhánaigh, deartháir do Sheán Óg, ab ea Peig Ní Chaomhánaigh (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x18x23 2r). 3253, 2869

Phaoraig, Bean an (Power, Jane 'Jennie' Wyse 1858-1941). Bhí Jennie Wyse Power ar dhuine de na daoine a chuir Inghinidhe na hÉireann ar bun sa bhliain 1900 agus ceapadh ina leasuachtarán ar an eagraíocht sin sa bhliain chéanna í. Chuaigh sí ina ball de Shinn Féin sa bhliain 1908 agus toghadh ina leasuachtarán ar an eagraíocht sin í i 1911. Bhí sí ar dhuine de na daoine a chuir Cumann na mBan ar bun sa bhliain 1914 agus toghadh ina Uachtarán ar an gCumann i 1915 í. Toghadh ina bardasach de chuid Shinn Féin ar Bhardas Bhaile Átha Cliath í sa bhliain 1920. Thacaigh sí leis an gConradh Angla-Éireannach agus ceapadh ina Seanadóir í sa bhliain 1922. Chuaigh sí ina ball de Chumann na nGaedheal nuair a cuireadh ar bun é sa bhliain 1923. D'fhág sí an páirtí sin i 1925, áfach, toisc nár aontaigh sí lena pholasaithe eacnamaíochta agus sóisialta. Chuaigh sí ina ball d'Fhianna Fáil níos déanaí agus bhí sí ina Seanadóir de chuid an pháirtí sin ó 1934 go dtí 1936 (Murphy agus Ní Mhunghaile). 2436

Piarsach, An (Mac Piarais, Pádraig, 1879-1916). Bhí Pádraig Mac Piarais ar dhuine de na daoine a chuir Óglaigh na hÉireann ar bun i mí na Samhna 1913. Chuaigh sé isteach i mBráithreachas Phoblacht na hÉireann go gairid ina dhiaidh sin agus ceapadh ina bhall d'Ard-Chomhairle an Bhráithreachais é i 1915. Bhí sé ina bhall den Chomhairle Mhíleata a rinne Éirí Amach na Cásca a phleanáil. Bhí sé ina Ardcheannasaí ar Arm na Poblachta agus b'é Cathaoirleach an Rialtais Shealadaigh é

i rith na réabhlóide. Gabhadh Mac Piarais tar éis theip na réabhlóide ar 29 Aibreán agus cuireadh chun báis ar 3 Bealtaine 1916 é. Gearrscéalaí, drámadóir agus file ab ea é freisin. Eisean a scríobh *Íosagán agus sgéalta eile* (1907), *The Singer* (1915) agus *An Mháthair agus sgéalta eile* (1916) ('Pearse, Patrick Henry'; Porter). 2249

Pidí. Fear éigin ó cheantar Dhún Chaoin a raibh aithne ag Seán Óg air ab ea Pidí (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x24x23 13r). 3513

Pindí. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Pindí (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x2x23 50). 677, 2466, 3301

Plúincéad, Cúnt (Plunkett, George Noble, 1851-1948). B'iriseoir é George Noble Plunkett ar feadh roinnt blianta i ndiaidh dó an scoil a fhágáil. Rinne an Pápa Leon XIII cunta de ar 4 Aibreán 1884 i ngeall ar chabhair a thug sé d'Ord na Siúracha Gorma. Glaodh chun an bharr a é ansin sa bhliain 1886. Mac leis ab ea Joseph Mary Plunkett (1887-1916) a bhí ina bhall den Chomhairle Mhíleata a rinne Éirí Amach na Cásca a phleanáil agus a shínigh Forógra na Saoirse. Toghadh George Plunkett ina fheisire de chuid Shinn Féin i Ros Comáin Thuaidh sa bhliain 1917. Ba Theachta Dála de chuid an pháirtí sin é ó 1918 go dtí 1927. B'é an tAire Gnóthaí Eachtracha é ó Eanáir 1919 go dtí Lúnasa 1921 agus b'é an tAire Ealaíona é ó Lúnasa 1921 go dtí Eanáir 1922 (Breathnach agus Ní Mhurchú, 'Plunkett, George Noble'; 'Plunkett, George Noble Plunkett, Count'). 1755

P. R., An. Duine de na póilíní airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea an P. R. (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x30x23 7v). 3864

Próinsias (féach freisin: S., P.; Stiobhairt; **Stiobhairt, Próinsias**; Stiobhárd, Próinsias; Stiobhartach, An). 500, 792, 973, 980

Pungab (féach freisin: **Punjab**). 3085, 3118, 3127

Punjab (féach freisin: Pungab). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Punjab (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x14x23 1v). 2467

Rianach, An. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea an Rianach (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x1x23 10r). 3943

Ris. (féach freisin: Aire na Cosanta; M; Ó Maolchatha; Ó Maolchatha, R.; Ó Maolchatha, Risteárd; **Risteárd**). 2122

Ríseach, Seán (féach freisin: **De Ríse, Seán**). 5521

Rí Seóirse (George V, 1865-1936). B'é Rí na Ríochta Aontaithe é George V ó 1910 go dtí 1936 ('George V'). 1406

Risteárd (Mulcahy, Richard, 1886-1971) (féach freisin: Aire na Cosanta; M; Ó Maolchatha; Ó Maolchatha, R.; Ó Maolchatha, Risteárd; Ris.). Chuaigh Richard Mulcahy isteach in Óglaigh na hÉireann sa bhliain 1913 agus bhí sé ina bhall de Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann faoin mbliain 1916. Throid sé i gCill Dhéaglain i rith Éirí Amach na Cásca. Gabhadh i ndiaidh theip na réabhlóide sin é agus coimeádadh sa ghéibheann go dtí Meitheamh 1917 é. Ceapadh ina Cheann Foirne ar na hÓglaigh é ansin agus d'fhan sé sa phost sin go dtí deireadh Chogadh na Saoirse. Thacaigh sé leis an gConradh Angla-Éireannach agus rinneadh Ardcheannasaí Arm an Rialtais Shealadaigh de i ndiaidh mharú Michael Collins ar 22 Lúnasa 1922. Ba Theachta Dála de chuid Shinn Féin (1918-1923), de chuid Chumann na nGaedheal (1923-1933) agus de chuid Fhine Gael (1933-1937, 1938-1943, 1944-1961) é. Chaith sé tréimhsí ina Aire Cosanta, ina Aire Rialtais Áitiúil agus ina Aire Oideachais i rith an ama sin (Garvin, 'Mulcahy, Richard'; 'Mulcahy, General Richard'). 918, 1817, 1850

Rudmós Brún (Rudmose-Brown, Thomas Brown, 1878-1942). B'é Ollamh na dTeangacha Rómánsacha i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath é Thomas Brown Rudmose-Brown ó 1909 go dtí 1937. Bhí sé ina Ollamh le Francis san ollscoil chéanna ón mbliain 1937 go dtí go bhfuair sé bás i 1942 (Leventhal, A. J.). 1482

S. (féach freisin: Bárd, An; Cathmhaoileach, An; **File, An**; Mac C., S; Mac Cathmhaoil, Seósaimh; Mc C., S; (McC), Seósaimh; Ó C, S.; Ó Cathmhaoil, S; Ó Cathmhaoil, Seósaimh; Seosaimh). 679, 1015, 1681, 1684, 1894, 2533, 3094, 3097, 3865

S. (féach freisin: B.; Breiteamhan; Mac B.; Mac B., S.; Mac Bh., S.; Mac Bhreathamhain, Seosaimh; Mac Bhreitheamhan, Seosaimh; **Mac Breiteamhain**; Mc B, S.; Ó Breitheamhnaig, Seosaimh; Seósaimh). 1223

S. (féach freisin: **Sighle**). 1901, 2092, 2146, 2176, 2286, 2312, 2670, 3213, 3436, 3495, 3548, 3643, 3971, 4471, 4487, 4489

S. (féach freisin: Caomhánach, An; Clóca, An; **Seán**; Seán a Ch.; Seán a Chóta; Seán Óg). 3899

S., An (Fitzsimons). Duine de na póilíní airm a bhí ar stáisiún i mBaile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith ann ab ea Fitzsimons. (Campbell, Dialann 2 11x6x23 56v). 1666, 1721, 1745

S., P. (féach freisin: Próinsias; Stiobhairt; **Stiobhairt, Próinsias**; Stiobhárd, Próinsias; Stiobhartach, An). 534, 992, 1478, 1540, 3493

Saighcí (Phal, Louis, 1897-1925). Dornálaí ón tSeineagáil ab ea Louis Phal nó ‘Battling Siki’ mar ab fhearr aithne air. Bhuaigh sé ar Georges Carpentier, curadh domhanda sa dornálaíocht trom-mheáchain éadroim, nuair a chuaigh siad i gcomhrac le chéile don teideal i bPáras ar 24 Meán Fómhair 1922. Bhain an dornálaí Éireannach, Mike McTigue, an teideal de i mBaile Átha Cliath ar Lá Fhéile Pádraig 1923. Ní raibh ‘Battling Siki’ ina churadh domhanda arís ina dhiaidh sin (Anderson 128; Prestage 80-82). 678

Saighcí (Carragher, Harry). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Harry Carragher. Thugtaí ‘Siki’ mar leasainm air (Campbell, Litir chuig Nancy Campbell 13x8x23 4). 1873, 1926, 2006, 2012

Saoste, An (féach freisin: Cathalach, An; Cathallach, An; **Ó C, P**; Ó Cathaill, Pádraig). 4116

Seabhac, An (Ó Siochfhradha, Pádraig, 1883-1964). Scríbhneoir Gaeilge ó Chorca Dhuibhne, Co. Chiarraí ab ea Pádraig Ó Siochfhradha nó ‘An Seabhac’ mar ab fhearr aithne air. Tá cáil ar chuid mhaith saothar dá chuidsean ina measc, *An Baile Seo ‘Gainne* (1913), *Jimín Mháire Thaidhg* (1921) agus *An Seanchaidhe Muimhneach* (1932). Timire agus múinteoir de chuid Chonradh na Gaeilge ab ea é ó 1905 go dtí 1922. Ba státseirbhíseach é ón mbliain 1922 ar aghaidh (Ní Dhonnchadha, Aisling; ‘Ó Siochfhradha’). 2572

Seán (féach freisin: Chaplin, Charley; Ó Ríoghbardáin; Ó Ríoghbardáin, Seán). Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea Seán Ó Ríoghbardáin. Thugtaí ‘Charley Chaplin’ mar leasainm air (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 12x11x23 71v). 376, 678, 5302, 5552, 5568, 5577

Seán (Ó Caomhánaigh, Seán Óg, 1885-1947) (féach freisin: Caomhánach, An; Clóca, An; S.; Seán a Ch.; Seán a Chóta; Seán Óg). Chaith Seán Óg Ó Caomhánaigh tréimhsí ina mhúinteoir taistil de chuid Chonradh na Gaeilge, ina iriseoir, ina shaothraí, ina mhúinteoir meánscoile agus ina fhoclóirí. Chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus chuir sé cogadh ar fhórsaí an tSaorstáit i rith an Chogaidh Chathartha. Ghabh lucht an tSaorstáit ar an Min Aird, Co. Chiarraí é ar 27 Eanáir 1923. Cuireadh sa ghéibheann i dTrá Lí é ar dtús ach aistríodh go dtí Baile an Stáin a Dó ar an gCurrach é i mí na Feabhra. Bhain sé an campa sin amach ar 16 Feabhra 1923 agus chaith sé beagnach deich mí sa ghéibheann ann go dtí gur scaoileadh amach ar 14 Nollaig é. Is ag an am sin a choimeád sé an dialann a ndéantar anailís uirthi sa tráchtas seo (Ó Brosnacháin 15-52; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 2x16x23 1 agus 12x13x23 75v). 573, 985, 1072, 1150 (x2), 1155, 1168, 1968 (x2), 1969, 1974, 2653, 3257, 3375

Seán. Duine de chomhphríosúnagh Sheáin Óig ab ea Seán (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 5x6x23 86). 1447

Seán (féach freisin: **Ó Cinnéide, Seán**). 1746, 1747

Seán (féach freisin: Mac Ceochach, Sean; Mac Eochach; Mac Eochach, seanSeán; **Mhac Éochach, Sean; Ó Ceócháin, Seán**). 2721

Seán (féach freisin: Lonargánach, An; Ó L., S.; **Ó Lonargáin, Seán; Ó Lorgáin, Sean**). 3013, 3017, 3018

Seán. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Seán (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x14x23 2v). 3153

Seán (Ó Caomhánaigh, Seán). Mac de chuid Liam Uí Chaomhánaigh, deartháir do Sheán Óg, ab ea Seán Ó Caomhánaigh (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x18x23 2r). 3253, 3869

Seán a Ch. (féach freisin: Caomhánach, An; Clóca, An; S.; **Seán**; Seán a Chóta; Seán Óg). 2410

Seán a Chóta (féach freisin: Caomhánach, An; Clóca, An; S.; **Seán**; Seán a Ch.; Seán Óg). 5474

SeanChróiníneach, An ('Old Cronin') (féach freisin: Cróiníneach, An). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea 'Old Cronin' (Campbell, Dialann 2 7x7x23 70v). 824, 945, 2551

SeanD an Ch. Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea SeanD an Ch. (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 9x8x23 6r). 2410

SeanDhónal (Cíobháin, Dan). B'é seanathair Sheáin Óig é Dan Cíobháin (M. Ó Caomhánaigh 49). 128

Seanfhear Liath, An (féach freisin: Fear An Chaca; S.Fh., An). 3554

Seán Óg (féach freisin: Caomhánach, An; Clóca, An; S.; **Seán**; Seán a Ch.; Seán a Chóta). 579, 3257

SeanPhiarsach, An. Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea an SeanPhiarsach (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x11x23 59). 878

Séasar (Iúil Caesar, c.100 R. C.-44 R. C.). Polaiteoir agus ginearál Rómhánach ab ea Iúil Caesar. Chuir sé an Ghail faoi smacht na Róimhe idir na blianta 58 R. C. agus 50 R. C. Thrasnaigh sé an Rubicon lena thrúpanna sa bhliain 49 R. C. agus chuir sé Cogadh Cathartha na Róimhe ar siúl. Chuir Caesar an ruaig ar a naimhde as an Iodáil sa bhliain chéanna agus rinneadh Deachtóir na hImpire de sa bhliain 47 R. C. Níor éirigh leis fórsaí a bhfreasúraí a shárú go dtí an mbliain 45 R. C., áfach. Rinne scata Seanadóirí faoi cheannaireacht Gaius Cassius Longinus agus Marcus Junius Brutus feallmharú air an chéad bhliain eile, 44 R. C. ('Julius Caesar'). 3906

Seóirse (Moore, George, 1852-1933) (féach freisin: Mórdhach, An; Ó Mórdha, Seóirse). Úrscéalaí ó Bhaile Glas, Co. Mhaigh Eo, ab ea George Moore. Tá clú agus cáil ar chuid mhaith úrscéalta dá chuidsean, ina measc, *A Modern Lover* (1883), *Esther Waters* (1894), agus *Evelyn Innes* (1898) (Welch). 1366, 1369, 1372

Seoisre (Lloyd George, David, 1863-1945). Feisire de chuid an Pháirtí Liobrálaigh ab ea David Lloyd George ón mbliain 1890 go dtí an mbliain 1945. B' é Príomh-Aire na Breataine é idir na blianta 1916-1922. Bhí seisean i gceannas ar an toscaireacht a chuir an Conradh Angla-Éireannach i gcrích le lánchumhachtaigh na Dála i Londain idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 1921 ('Lloyd George, David'). 3148

Seológ. Bard Gaelach áirithe a raibh cuid dá fhilíocht léite nó cloiste ag Seán Óg ab ea Seológ (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x1x23 8v). 2904

Seósaimh (féach freisin: B.; Breiteamhan; Mac B.; Mac B., S.; Mac Bh., S.; Mac Bhreathamhain, Seosaimh; Mac Bhreitheamhan, Seosaimh; **Mac Breiteamhain**; Mc B, S.; Ó Breitheamhnaig, Seosaimh; S). 279, 325, 600, 643, 721, 745

Seosaimh (féach freisin: Bárd, An; Cathmhaoileach, An; **File, An**; Mac C., S; Mac Cathmhaoil, Seósaimh; Mc C., S; (McC), Seósaimh; Ó C, S.; Ó Cathmhaoil, S; Ó

Cathmhaoil, Seósaimh; S). 412, 444, 493, 681, 1007, 1017, 1544, 1778, 1783, 1812, 1857, 1934, 3248, 5347, 5603

Seósaimh (féach freisin: C., An.; **Corparal, An**; Seósaimh na Gaoithe). 5192

Seósaimh na Gaoithe (féach freisin: C., An.; **Corparal, An**; Seósaimh). 5189

Seumaisín (féach freisin: Ceud Cóngamh). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Seumaisín. Tugann Seán Óg ‘Ceud Cóngamh’ mar leasainm air. Is é is dealraithí go dtugadh na fir eile leagan éigin Béarla den leasainm sin air (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 5x3x23 82). 1315

Seumaisín (féach freisin: Haib; Seumas beag). Mac de chuid Liam Uí Chaomhánaigh, deartháir do Sheán Óg, ab ea Seumaisín. Thugadh Seán Óg ‘Haib’ mar leasainm air (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x18x23 2r). 3254

Seumas (Ó Caomhánaigh, Seumas). Deartháir de chuid Sheáin Óig ab ea Seumas Ó Caomhánaigh (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x18x23 2r). 2828, 3252, 3548, 3992

Seumas (féach freisin: **O Reachtín**; Ó Reachtnín, S.; Ó Reachtnín, Seumas). 2909

Seumas (féach freisin: **Ó Foghladha, Seumas**). 4106

Seumas. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Seumas (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x15x23 33v). 4504

Seumas (féach freisin: **Mac Giolla an Átha, Seumas**). 4549, 4550, 4553

Seumas beag (féach freisin: Haib, **Seumaisín**). 3689

Seumas Sheosaimh (de hÓra, Seumas Sheosaimh). Deartháir de chuid mháthair Sheáin Óig ab ea Seumas Sheosaimh de hÓra. Bhíodh sé i gceannas ar Oifig Poist Bhaile an Fheirtéaraigh ar feadh na mblianta (Ó Néill). 3235

S. Fh., An ('The Shit-house man') (féach freisin: Fear An Chaca; Seanfhear Liath, An). D'oibrigh an seanfhear seo ag tabhairt 'salachair an fhualáin' amach as Baile an Stáin a Dó le linn do Sheán Óg a bheith sa ghéibheann ann. Ina theannta sin, smuigleáladh sé litreacha amach as an gcampa ar son Sheáin Óig (Campbell, Dialann 2 19x8x23 110r; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x25x23 14v). 2136

Shakespeare (Shakespeare, William, 1564-1616). File agus drámadóir ó Shasana ab ea William Shakespeare. Eisean a scríobh *Richard II* (c.1595), *A Midsummer Night's Dream* (c.1600) agus *Hamlet* (c.1601). Is minic a deirtear anois gur bh é an t-údar ab fhearr riamh sa Bhéarla agus tá clú agus cáil ar na saothair ar fad dá chuidsean, nach mór ('William Shakespeare'). 2899, 2902

Sighle (féach freisin: S.). Bhíodh Sighle ag cur litreacha agus beartán chuig Seán Óg le linn dó a bheith sa ghéibheann agus is chuici a cuireadh dialann Sheáin Óig nuair a smuigleáladh amach as an gcampa ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 1923 í. B'as Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh di agus rinne Seán Óg suirí léi ar feadh tamaill am éigin sular cuireadh i bpríosún é (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 8x8x23 17 agus 11x10x23 24v). 1899, 1925, 2149, 2191, 2211, 2277, 2290, 2925, 3250, 3942, 4295, 4431, 4591, 4644, 4752, 4786, 5159, 5196

Siobhán. Duine éigin ar an taobh amuigh a raibh aithne ag Seosamh Mac Cathmhaoil uirthi ab ea Siobhán (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 10x6x23 10v). 2988

Siúrtach mná, An (féach freisin: **Cailín de mhuintir Shiúrtain**). 5253

Soirtéas, Dr. (Shortes, Liam) (féach freisin: Liam; Liam, An Dr.; Soirteas, Liam). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Liam Shortes. Dochtúir ab ea é agus d'oibrigh sé ag tabhairt aire do na bránna eile in ospidéal Bhaile an Stáin a Dó (Campbell, Dialann 2 12x6x23 57r; S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 3x31x23 38). 525

Soirteas, Liam (féach freisin: Liam; Liam, An Dr.; **Soirtéas, Dr.**). 1484

Stacach, An (Stack, Austin, 1879-1929) (féach freisin: Stach A.). Chuaigh Austin Stack isteach i mBráithreachas Phoblacht na hÉireann sa bhliain 1908 agus bhí sé ar

dhuine de na daoine a chuir Óglaigh na hÉireann ar bun i mí na Samhna 1913. Gabhadh tamaillín roimh Éirí Amach na Cásca é agus coimeádadh sa ghéibheann go dtí Meitheamh 1917 é. Toghadh ina Theachta Dála de chuid Shinn Féin é sa bhliain 1918 agus chaith sé tréimhsí ina Aire Airgeadais, ina Aire Gnóthaí Baile agus ina Aire Cosanta idir na blianta 1919-1922. Chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus imtheorannaíodh in Aibreán 1923 é. Níor scaoileadh amach go dtí mí Iúil 1924 é. Atoghadh ina Theachta Dála de chuid Shinn Féin é sa bhliain 1923 agus arís sa bhliain 1927 ('Stack, Austin'). 961, 1047, 3617

Stach, A. (féach freisin: **Stacach, An**). 957

Steinmeits. Léigh Seán Óg alt a scríobh an fear seo faoin gcine Slavach i nuachtán Meiriceánach éigin ar 6 Samhain 1923 (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 11x6x23 20v). 4213

Steofánach, An (féach freisin: **Mac Stiofáin, S.**; Stiofánach, An). 407

Stiobhairt (féach freisin: Próinsias; S., P.; **Stiobhairt, Próinsias**; Stiobhárd, Próinsias; Stiobhartaich, An). 548, 731, 931

Stiobhairt, Próinsias (Stuart, Francis, 1902-2000) (féach freisin: Próinsias; S., P.; Stiobhairt; Stiobhárd, Próinsias; Stiobhartaich, An). Úrscéalaí ó Éirinn ab ea Francis Stuart. Eisean a scríobh *Pigeon Irish* (1932), *Black List, Section H* (1971) agus *The High Consistory* (1981). Chuir sé in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus chuir sé cogadh ar fhórsaí an tSaorstáit i rith an Chogaidh Chathartha. Gabhadh é am éigin roimh dheireadh 1922 agus cuireadh sa ghéibheann i mBaile an Stáin a Dó ar an gCurrach é. Scaoileadh amach é ar 21 Samhain 1923. Bhí sé cairdiúil le Seosamh Mac Cathmhaoil agus le Seán Óg le linn dó a bheith i bpríosún sa champa sin (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x9x23 52; 'Stuart, Francis'). 729, 788, 1071, 3830, 5519

Stiobhárd, Próinsias (féach freisin: P.; Próinsias; S., P.; Stiobhairt; **Stiobhairt, Próinsias**; Stiobhartaich, An). 493, 4811

Stiobhartach, An (féach freisin: Próinsias; S., P.; Stiobhairt; **Stiobhairt, Próinsias**; Stiobhárd, Próinsias). 5322

Stiofánach, An (féach freisin: **Mac Stiofáin, S.**; Steofánach, An). 5347

Strindberg (Strindberg, August, 1849-1912). Drámadóir, úrscéalaí agus gearrscéalaí ón tSualainn ab ea August Strindberg. Tá cáil ar mhórán saothar dá chuidsean ar fud an domhain, ina measc, *The Father* (1887), *A Dream Play* (1902) agus *The Ghost Sonata* (1907). Is minic a deirtear anois go raibh sé ar dhuine de na scríbhneoirí ab fhéarr de bhunadh na Sualainne riamh ('August Strindberg'). 2684

Tadhg (Healy, Timothy Michael, 1855-1931). Feisire de chuid Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann ab ea Timothy Michael Healy ón mbliain 1880 go dtí an mbliain 1885 agus ó 1887 go dtí 1918. B'é Seanascal Saorstát Éireann é ó 1923 go dtí an mbliain 1928 ('After Years'; 'Healy, T. M. [Timothy]'). 1841

Taoiseach, An (De Valera, Éamon, 1882-1975) (féach freisin: D.; Debh; Deibh). Chuaigh Éamon de Valera ina bhall d'Óglaigh na hÉireann sa bhliain 1913 agus chuaigh sé isteach i mBráithreachas Phoblacht na hÉireann am éigin ina dhiaidh sin. Bhí sé ina cheannfort ar na hÓglaigh in Boland's Mills le linn Éirí Amach na Cásca. Gabhadh tar éis theip na réabhlóide sin é agus coimeádadh sa ghéibheann go dtí Meitheamh 1917 é. Toghadh ina fheisire de chuid Shinn Féin é san fhothoghchán in Oirthear an Chláir go gairid ina dhiaidh sin. Toghadh ina Uachtarán é nuair a cuireadh Dáil Éireann ar bun ar 21 Eanáir 1919. Chuaigh sé go dtí na Stáit Aontaithe i Meitheamh na bliana sin ag bailiú airgid agus ag iarraidh cur ina luí ar cheannairí polaitiúla na tíre sin Poblacht na hÉireann a aithint go hoifigiúil. Níor fhill sé ar Éirinn go dtí mí na Nollag 1920. Chuir de Valera in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus d'éirigh sé as oifig an Uachtaráin nuair a ghlac Dáil Éireann leis an gConradh ar 7 Eanáir 1922. Chuir sé cogadh ar fhórsaí an tSaorstáit i rith an Chogaidh Chathartha ach ní raibh sé ina cheannaire míleata riamh. Thogh na Teachtaí Dála a chuir in aghaidh an Chonartha de Valera ina Uachtarán ar an bPoblacht ar 25 Deireadh Fómhair 1922. Ghabh lucht an tSaorstáit é ar 15 Lúnasa 1923 agus coimeádadh i bpríosún go dtí Iúil 1924 é. Chuir sé páirtí polaitiúil nua, Fianna Fáil, ar bun i mBealtaine 1926. Bhuaigh Fianna Fáil dhá shuíochán is seachtó

in olltoghchán 1932 agus ceapadh de Valera ina Uachtarán ar an Ard-Chomhairle. D’fhan sé sa phost sin go dtí gur tháinig Bunreacht na hÉireann i bhfeidhm sa bhliain 1937. B’ é Taoiseach na hÉireann é ansin ó 1937 go dtí 1948, ó 1951 go dtí 1954 agus ó 1957 go dtí 1959. Chomh maith leis sin, b’ é Uachtarán na hÉireann é ó 1959 go dtí 1973 (‘De Valera, Éamon’; Garvin, ‘De Valera, Éamon’). 904, 1891, 2043, 2055, 2069, 2166, 2659, 4519

Taoiseach na Críostaidheachta (Íosa Críost, c. 6-4 R. C.-c. 30 I. C.). Rugadh Íosa i mBeithil timpeall 6-4 R. C. agus tógadh i Nazarat sa Ghailíl é. De réir theagasc na Críostaíochta, b’ é mac Dé é agus thosaigh sé ag seanmóireacht agus ag déanamh míorúiltí nuair a bhí sé thart ar thríocha bliain d’aois. Chuaigh sé féin agus na hAspail go hIarúsailéim i gcomhair Cáisc na nGiúdach timpeall 28-30 I. C. agus bhí an Suipéar Déanach acu. Rinne duine de na hAspail, Iúdás Isceiriót, scéala air leis na húdaráis an oíche sin agus cuireadh triail air mar ghríosóir polaitiúil. Fuarthas ciontach é agus cuireadh chun báis é. Bhí a thuama folamh nuair a thug roinnt leanúnaithe dá chuidsean cuairt air trí lá ina dhiaidh sin, ámh, agus deirtear gur aiséirigh sé ó mharbh. Deirtear, freisin, gur nocht sé é féin dá Aspail roinnt uaireanta ina dhiaidh sin agus gur fhill sé ar neamh ansin (‘Jesus Christ’). 2050

Teadhlar (féach freisin: Mo rúnaire; Teadhlarach, An; Teaghlar, Pádraig). Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Teadhlar (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 12x9x23 69r). 5443, 5638

Teadhlarach, An (féach freisin: Mo rúnaire; **Teadhlar**; Teaghlar, Pádraig). 5470

Teaghlar, Pádraig (féach freisin: Mo rúnaire; **Teadhlar**; Teadhlarach, An). 5299

Teón, Bhólf (féach freisin: **Teón, Bhulf**). 3444

Teón, Bhulf (Tone, Theobald Wolfe, 1763-1798) (féach freisin: Teón, Bhólf). Bhí Theobald Wolfe Tone ar dhuine de na daoine a chuir Cumann na nÉireannach Aontaithe ar bun sa bhliain 1791. An rud a bhí d’aidhm ag an eagraíocht sin ná poblacht neamhspleách a chur ar bun in Éirinn. D’éirigh le Tone cur ina luí ar Dhíreachtóireacht na Fraince ionradh a dhéanamh ar Éirinn go luath sa bhliain 1796.

D'fhág trí long is daichead agus 15,000 fear Brest ar 15 Nollaig 1796 ach níor éirigh leis an bhformhór acu Éire a bhaint amach i ngeall ar an drochaimsir agus cuireadh an t-ionradh ar ceal. Cuireadh réabhlóid ar siúl in Éirinn i mBealtaine 1798 agus d'áitigh Tone ar Rialtas na Fraince 3,000 fear a chur go hÉirinn. Bhain siad Loch Suailí amach ar 12 Deireadh Fómhair 1798 ach ghabh Cabhlach na Breataine iad go gairid ina dhiaidh sin. Cuireadh cúirt airm ar Tone i mBaile Átha Cliath ar 10 Samhain agus gearradh breith an bháis air. Ghearr sé a scornach féin ina chillín ina dhiaidh sin, áfach, agus fuair sé bás ar 19 Samhain 1798 ('Tone, Theobald Wolfe'). 1816

Tighearna, An (Plunkett, Edward John Moreton Drax, 1878-1957). B'é Edward John Moreton Drax Plunkett Barún Dhún Samhnaí. Gearrscéalaí, úrscéalaí agus drámadóir a bhí ann freisin. Eisean a scríobh *Time and the Gods* (1906), *The Book of Wonder* (1912) agus *The King of Elfland's Daughter* (1924) (Bowen, 'Lord Dunsany'). 5357, 5410, 5414, 5417

Tighearna Muigh Eó (Bourke, Dermot Robert Wyndham-, 1851-1927). B'é Dermot Robert Wyndham-Bourke Iarla Maigh Eo (1872-1927). Aontachtach a bhí ann agus ba bhall tábhachtach den 'Irish Unionist Alliance' é. Bhí sé ina bhall de Theach na dTiarnaí ón mbliain 1890 agus ba Sheanadóir i Seanad an tSaorstáit é ó 1922 (Maume). 5436

tImpire, An (féach freisin: **Neapoilean**). 4373

t-iospán, An (féach freisin: **Ó Gháibhtheacháin**). 5634

Tiughaighe. Uncail de chuid athair Sheáin Óig ab ea Tiughaighe (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 12x9x23 69v). 2389

Tomás (féach freisin: **Ó F., Tomas**). 864

Tomás (féach freisin: **O Cearbhaill, Tomás**). 1314

tUachtarán, An (féach freisin: L.; Liam; Mac C.; **Mac C., L.**; Mac Coscair, An tUachtarán; Mac Coscair, Liam; Mc C., L.). 3430

Tuamach, An (féach freisin: **Fiadhaire, An**; Fiadhaire Feádha, An; Fiadhaire Feádha Dhún Sainge; Fiadhaire Feádha Tighearna Dhún Sainge; Fiadhaire Feádha Tighearna Dúna Sonnaig; Ó Tuama; Ó Tuama, Seumas). 5439

tUbh, An (féach freisin: B agus E; Fear na Fuinneóige; H agus E; Mo Dhuine; **Ó F.**; Uí Fh., Mac). 2561, 2576

Twain, Mark (1835-1910). Is é ‘Mark Twain’ ainm cleite an scríbhneora Mheiriceánaigh Samuel Longhorne Clemens. Tá clú agus cáil ar chuid mhaith scéalta dá chuidsean, go háirithe, *The Adventures of Tom Sawyer* (1876), *The Prince and the Pauper* (1882) agus *The Adventures of Huckleberry Finn* (1885) (‘Mark Twain’). 760, 776

Ua Buachala, Pádraig. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Pádraig Ua Buachala (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 12x9x23 69v). 5470

Ua Tuama, Seán. Duine de chomhphríosúnaigh Sheáin Óig ab ea Seán Ua Tuama. Is cosúil go dtugadh na príosúnaigh eile leagan Gaeilge agus leagan Béarla (Twomey) a shloinne air (Campbell, Dialann 2 101r 10x8x23 agus 25x8x23 117r). 526

Uí A, Bean (féach freisin: Uí Ainmhire, Bean; **Uí h, Bean**; Uí hAinbheire, Bean). 3130

Uí Ainmhire, Bean (féach freisin: Uí A, Bean; **Uí h, Bean**; Uí hAinbheire, Bean). 2538

Uí Chealaigh, Mac. B’as ceantar Phort Laoise do Mhac Uí Chealaigh. Bhí sé pósta le hiarleannán de chuid Sheáin Óig darbh ainm Máighréad Ní Dhonnchadha (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 4x17x23 66). 1091

Uí Cléirigh, Bean Thomáis (Clarke née Daly, Kathleen, 1879-1972). Bhí Kathleen Clarke ar dhuine de na daoine a chuir Cumann na mBan ar bun in Aibreán 1914 agus bhí sí ina leasuachtarán ar an gcumann sin go dtí an mbliain 1926. Bhí a fear céile,

Thomas Clarke, ina bhall den Chomhairle Mhíleata a rinne Éirí Amach na Cásca a phleanáil. Cuireadh cúirt airm air tar éis theip na réabhlóide sin agus cuireadh chun báis é ar 1 Bealtaine 1916. Ba bhreitheamh i gCúirteanna Shinn Féin í i rith Chogadh na Saoirse. Toghadh ina Teachta Dála de chuid Shinn Féin í i 1921. Chuir sí in aghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh agus imtheorannaíodh í ar feadh tamaill i rith an Chogaidh Chathartha. Bhí sí ar dhuine de na daoine a chuir Fianna Fáil ar bun i 1927 agus ba Theachta Dála de chuid an pháirtí sin í ó Mheitheamh go Meán Fómhair 1927. Ba Sheanadóir de chuid Fhianna Fáil í ó 1928 go dtí 1936 ('Clarke, Kathleen née Daly'; MacNamara agus Mooney 75-78). 1717

Uí Dhálaigh, Ceann Urraidh (Daly, Patrick 'Paddy'). B'é Paddy Daly tánaiste scuid mharaithe Michael Collins i rith Chogadh na Saoirse. Thacaigh sé leis an gConradh Angla-Éireannach agus ba mhaorghinearál in Arm an tSaorstáit é i rith an Chogaidh Chathartha ('Daly, Paddy' 25; 'Daly, Paddy' 153). 735

Uí Dhomhnaig, Mac (Downes, William, 1899-1923). Ba shaighdiúir in Arm an tSaorstáit é William Downes. Ghoid sé féin agus beirt shaighdiúir eile, George Cullen agus James MacDonald, daichead punt ó oifig an mhonarcha coinnle i mBaile an Ásaigh, Co. Bhaile Átha Cliath ar 19 Deireadh Fómhair 1923. Tháinig cúigear póilín de chuid an 'CID' (Criminal Investigation Department) orthu i ngar do Dhún Sinche agus rinne siad iarracht iad a ghabháil. Lámhach Downes duine de na póilíní seo, Thomas Fitzgerald, agus d'éalaigh sé. Gabhadh níos déanaí an lá sin é i bPlás Liatroma. Gearradh breith an bháis ar Downes as Fitzgerald a mharú agus crochadh i Muinseo ar 29 Samhain 1923 é. Maidir leis an mbeirt ghadaí eile, gortaíodh duine acu, James MacDonald, go dona nuair a bhí na póilíní ag iarraidh é a ghabháil agus fuair sé bás dá bharr sin in Ospidéal Naomh Bricín ar 29 Deireadh Fómhair. Gearradh príosúnacht cúig bliana ar an tríú fear, George Cullen, agus cuireadh fíneáil céad punt air ('The Dunsink'; 'Extreme'; "Stick-Up"). 3984

Uí Dhrisceóil, Bean (Collins-O'Driscoll, Margaret, 1878-1945). Deirfiúr de chuid Michael Collins ab ea Margaret Collins-O'Driscoll. B'é Ardcheannasaí Arm an Rialtais Shealadaigh é Collins go dtí gur maraíodh i mBéal na Bláth, Co. Chorcaí é ar 22 Lúnasa 1922. Toghadh Collins-O'Driscoll ina Teachta Dála de chuid Chumann na nGaedheal in Olltoghchán 1923. Atoghadh í in Olltoghcháin 1927 agus 1932 ach níor

atoghadh in Olltoghchán 1933 í. Ní raibh sí ina Teachta Dála arís ina dhiaidh sin (MacNamara agus Mooney 85). 4024, 5037

Uí Éaluighthe, Mac. Duine de chomhbhránna Sheáin Óig ab ea Mac Uí Éaluighthe (S. Óg Ó Caomhánaigh, Dialann 12x3x23 61r). 5302

Uí Fh., Mac (féach freisin: B agus E; H agus E; Fear Na Fuinneóige; Mo Dhuine; Ó F.; tUbh, An). 4830

Uí h, Bean (Hanbury, Norah) (féach freisin: Uí A, Bean; Uí Ainmhire, Bean; Uí hAinbheire, Bean). Col ceathrair de chuid Nancy Campbell (bean chéile Sheosaimh Mhic Cathmhaoil) ab ea Norah Hanbury. Bhíodh sí ag cur litreacha agus beartán chuig Seosamh Mac Cathmhaoil le linn dó a bheith sa ghéibheann (Saunders agus Kelly 86-90). 2278

Uí hAinbheire, Bean (féach freisin: Uí A, Bean; Uí Ainmhire, Bean; **Uí h, Bean**). 2499

